

**SCÉALTA DHARACH UÍ DHIREÁIN: A LINGUISTIC AND
ANTHROPOLOGICAL ANALYSIS**

Volume I

MARION NÍ MHAOLÁIN

Thesis submitted for PhD

National University of Ireland, Maynooth

Department of Modern Irish and Department of Anthropology

May 2016

Head of Department of Modern Irish: Prof. Ruairí Ó hUiginn

Head of Department of Anthropology: Dr. Mark Maguire

Research Supervisors: Prof. Ruairí Ó hUiginn & Dr. Steve Coleman

Clár an Ábhair / Table of Contents

Imleabhar a I / Volume I

Achoimre / Abstract	i
Nóta Buíochais / Acknowledgements	ii
Noda / Abbreviations	iii
Caibidil a hAon / Chapter One: Réamhrá	1
1.1 Réamhrá	1
Caibidil a Dó / Chapter Two: Cúlra an Bhailiúcháin	5
2.1 Réamhrá	5
2.2 An Scéalaí: Darach Ó Direáin	5
2.3 Ábhar Béaloidis Eile ón Scéalaí	7
2.4 An Bailitheoir: Robin Flower agus a Chuart go hÁrainn	10
2.5 An tÁbhar: Bailiúchán Robin Flower/Uí Dhireáin	12
2.6 Modh Bailithe na Scéalta	14
2.7 Réimse agus Stíl na Scéalta	15
Caibidil a Trí / Chapter Three: An Modh Eagarthóireachta	17
3.1 Réamhrá	17
3.2 An Leagan Amach	17
3.3 Scéalta 47 - 51: An Dá Leagan	18
3.4 Peannaireacht na Lámhscríbhinne	18
3.5 Na hAthruithe Tosaigh	19
3.6 An Deilbhíocht	20
3.7 Focail atá in easnamh sa Lámhscríbhinn	20

3.8	Ortagrafaíocht na Lámhscríbhíne	21
3.8.1	Sínte Fada Fágtha ar lár	21
3.8.2	Sínte Fada Iomarcacha	21
3.8.3	Fleiscíní Iomarcacha agus Fleiscíní Fágtha ar lár	22
3.8.4	Noda na Lámhscríbhíne	22
3.8.5	Ceannlitreacha agus Mionlitreacha a Leasú	22
3.8.6	Sciorradh Pinn	23
3.8.7	Focail Bhéarla	23
3.8.8	Seanlitriú	23
3.9.9	Dealú na bhFocal	24
3.9	Na Consain	24
3.9.1	Consain Chaola agus Leathana	24
3.9.1.1	Consain Leathana na Lámhscríbhíne a dhéanamh Caol	24
3.9.1.2	Consain Chaola na Lámhscríbhíne a dhéanamh Leathan	25
3.9.2	Consain a fágadh ar lár, agus gan Bá a bheith i gceist, a sholáthar	25
3.9.3	Consain Iomarcacha	25
3.9.4	Consain nach bhfuaimnítear sa Chaint	26
3.10	Na Gutaí	26
3.10.1	Gutaí, nach Gutaí Báite iad, a sholáthar	26
3.10.2	Gutaí Iomarcacha	27
3.11	An Litriú Foghraíochta	27
3.11.1	Na Consain	27
3.11.1.1	Consain Bháite	27
3.11.1.2	Consain a mhalartaítear: <i>r/n</i>	28
3.11.1.3	Réalú na gConsan Tosaigh	28
3.11.1.3.1	<i>d</i> tosaigh	28
3.11.1.3.2	<i>ch</i> tosaigh	29
3.11.1.3.3	<i>fh</i> tosaigh	29
3.11.1.3.4	<i>gh</i> agus <i>gl</i> tosaigh	29
3.11.1.3.5	<i>s</i> tosaigh	30
3.11.1.3.5.1	<i>sh</i> tosaigh	30
3.11.1.3.5.2	<i>sp</i> tosaigh	30
3.11.1.3.6	<i>th</i> tosaigh	30

3.11.1.4 Réalú na gConsan Láir	30
3.11.1.4.1 <i>-aing-</i> láir	30
3.11.1.4.2 <i>bh</i> láir	31
3.11.1.4.3 <i>ch</i> láir	31
3.11.1.4.4 <i>d</i> láir	31
3.11.1.4.5 <i>dh/gh</i> láir	31
3.11.1.4.6 <i>mh</i> láir	32
3.11.1.4.7 <i>n</i> láir	32
3.11.1.4.8 <i>ng</i> láir	33
3.11.1.4.9 <i>r</i> láir	33
3.11.1.4.10 <i>s</i> láir	33
3.11.1.4.11 <i>t</i> láir	33
3.11.1.4.12 <i>th</i> láir	33
3.11.1.4.13 Díghlórú na gConsan Láir	34
3.11.1.5 Réalú na gConsan Deiridh	34
3.11.1.5.1 na deirí <i>-áil / -ail / -aíonn</i>	34
3.11.1.5.2 <i>bh</i> deiridh	34
3.11.1.5.3 <i>ch</i> deiridh	35
3.11.1.5.4 <i>dh</i> deiridh	35
3.11.1.5.5 na deirí <i>f(e)á / faí / fad / f(e)as</i>	36
3.11.1.5.6 <i>g</i> deiridh	36
3.11.1.5.7 <i>gh</i> deiridh	36
3.11.1.5.7.1 An Focal <i>amuigh</i> : Leaganacha Éagsúla	37
3.11.1.5.7.2 An Focal <i>istigh</i> : Leaganacha Éagsúla	37
3.11.1.5.8 Na Deirí <i>-ach / -aigh</i>	38
3.11.1.5.9 <i>mh</i> deiridh	38
3.11.1.5.10 <i>s</i> deiridh	38
3.11.1.5.11 <i>t</i> deiridh	39
3.11.1.5.12 <i>th / the / tí</i> deiridh	39
3.11.1.5.13 Na hAidiachtaí Briathartha: Deirí Éagsúla	39
3.11.2 Na Gutaí	40
3.11.2.1 Gutaí Báite	40
3.11.2.2 An Guta Cúnta	40

3.11.2.3 Foghraíocht na nGutaí: Cásanna faoi leith	41
3.11.3 Litriú Foghraíochta na bhForainmneacha agus na bhForainmneacha Réamhfhoclacha	45
3.11.4 Cúrsaí Béime	45
3.11.5 Meititéis	46
3.12 Foirmeacha Malartacha	46
3.12.1 Na Comhfoirmeacha	46
3.12.1.1 Cásanna faoi leith	46
3.12.2 Malairtí FGB	47
3.12.3 Litriú faoi leith	48
Caibidil a Ceathair / Chapter 4: Teanga na Scéalta	49
4.1 Réamhrá	49
4.2 An Briathar	49
4.2.1 Réimniú	49
4.2.1.1 An Chéad Réimniú → An Dara Réimniú	49
4.2.1.2 An Dara Réimniú → An Chéad Réimniú	49
4.2.1.3 An Dá Réimniú	50
4.2.2 Foirmeacha Táite agus Scartha an Bhriathair	50
4.2.2.1 An Aimsir Láithreach	50
4.2.2.1.1 An Chéad Phearsa Uatha	50
4.2.2.1.2 An Dara Pearsa Uatha	50
4.2.2.1.3 An Chéad Phearsa Iolra	51
4.2.2.2 An Aimsir Chaite	52
4.2.2.2.1 An Chéad Phearsa Uatha	52
4.2.2.2.2 An Chéad Phearsa Iolra	53
4.2.2.2.3 An Tríú Pearsa Iolra	53
4.2.2.2.3.1 An Foirceann <i>-dar</i> sa Tríú Pearsa Iolra, Aimsir Chaite	54
4.2.2.3 An Aimsir Fháistineach	54
4.2.2.3.1 An Chéad Phearsa Uatha	55

4.2.2.3.2	An Dara Pearsa Uatha	57
4.2.2.3.3	An Chéad Pearsa Iolra	57
4.2.2.4	An Modh Coinníollach	58
4.2.2.4.1	An Chéad Phearsa Uatha & An Dara Pearsa Uatha	58
4.2.2.4.2	An Chéad Phearsa Iolra & An Tríú Pearsa Iolra	58
4.2.2.5	An Modh Foshuiteach Láithreach	58
4.2.2.5.1	An Dara Pearsa Uatha	58
4.2.3	Na Briathra Rialta	59
4.2.3.1	Leaganacha Neamhchaighdeánacha	59
4.2.3.1.1	Leaganacha Caola faoi leith san Aimsir Chaite	59
4.2.3.1.2	Leaganacha Neamhchaighdeánacha Eile	59
4.2.4	Na Briathra Neamhrialta	62
4.2.4.1	Leaganacha Neamhchaighdeánacha	62
4.2.5	Déanamhas Dheireadh na mBriathra	66
4.2.5.1	An Modh Coinníollach	66
4.2.5.2	An Modh Ordaitheach	67
4.2.5.3	An Aimsir Ghnáthchaite	67
4.2.5.4	An Modh Foshuiteach Caite	67
4.2.5.5	An Modh Foshuiteach Láithreach	68
4.2.5.6	An Briathar Saor	69
4.2.6	Úsáid Neamhchaighdeánach na mBriathra	69
4.2.6.1	An Briathar <i>tabhair</i> thar ceann an Bhriathair <i>tóg</i>	69
4.2.6.2	An Briathar <i>téigh</i> thar ceann an Bhriathair <i>tar</i>	70
4.2.7	An tAinm Briathartha	70
4.2.7.1	Foirmeacha Neamhchaighdeánacha	70
4.2.7.2	Malairtí FGB	71
4.2.7.3	Malartú Foirmeacha	71
4.2.7.3.1	An Deireadh Caighdeánach agus an Deireadh Canúnach	71
4.2.7.3.2	An Deireadh <i>-(e)áil / -(e)ál</i>	72
4.2.7.3.3	An tAinm Briathartha <i>cur / cuir</i>	72
4.2.7.4	Ainmfhocal ag Feidhmiú mar Ainm Briathartha	73
4.2.7.5	Comhréir an Ainm Bhriathartha	73
4.2.7.5.1	An Réamhfhocal <i>a</i> i gClásail Choibhneasta Ainm Bhriathartha	73

4.2.7.5.2	An Briathar <i>bí</i> agus <i>ag dul a / ag dul ag</i> roimh Ainm Briathartha	74
4.2.7.5.3	An Briathar Gluaiseachta agus an Réamhfhocal <i>a</i> roimh Ainm Briathartha	74
4.2.7.5.4	An tAinm Briathartha ar lorg na hAidiachta Sealbhaí	75
4.2.8	Athruithe Tosaigh	75
4.2.8.1	Séimhiú ar an mBriathar	75
4.2.8.1.1	Na Foirmeacha Neamhspléacha	75
4.2.8.1.2	An Saorbhriathar	76
4.2.8.1.3	Séimhiú Iomarcach	76
4.2.8.2	Urú ar an mBriathar	77
4.2.8.2.1	Briathra dar Tús Guta	77
4.2.8.2.2	Urú i ndiaidh na Míre Briathartha <i>nach</i>	78
4.2.8.3	Athruithe Tosaigh Eile	79
4.2.9	Míreanna Briathartha	79
4.2.9.1	Na Míreanna Briathartha san Aimsir Chaite	79
4.2.9.2	Úsáid na Míre <i>ná</i> thar ceann <i>nach</i> : Cásanna faoi leith	80
4.2.9.3	An Mhír Chanúnach <i>sór</i>	81
4.2.9.4	An Mhír Choibhneasta Bhriathartha <i>do</i>	81
4.2.9.5	<i>a dh'</i> roimh Ainm Bhriathartha	81
4.2.10	An Fhoirm Choibhneasta	82
4.2.10.1	An Aimsir Láithreach	82
4.2.10.2	An Aimsir Fháistineach	82
4.2.10.2.1	Nóta ar Sandhi	85
4.2.11	An Chopail	85
4.2.11.1	Foirmeacha na Copaile	85
4.2.11.1.1	An Fhoirm Cheisteach Dhearfach, Aimsir Láithreach: Úsáid na bhFoirmeacha <i>an / ar</i>	85
4.2.11.1.2	An Fhoirm Dhíreach Dhearfach, Aimsir Chaite & Modh Coinníollach: Úsáid na bhFoirmeacha <i>ba / b'</i> roimh Ghuta	86
4.2.11.1.3	An Fhoirm Dhearfach Spleách, Aimsir Láithreach & Aimsir Fháistineach: Úsáid na bhFoirmeacha <i>gur</i> agus <i>gurb</i> roimh Ghuta	86

4.2.11.1.4 An Fhoirm Dhearfach Spleách, Aimsir Chaite agus Modh Coinníollach: Úsáid na bhFoirmeacha <i>gur / go mba</i>	87
4.2.11.1.5 Foirmeacha Éagsúla Eile	87
4.2.11.2 An Chopail Bháite	87
4.2.11.3 Athruithe Tosaigh i ndiaidh na Copaile	88
4.2.11.3.1 Séimhiú ar an Ainmfhocal	88
4.2.11.3.2 Séimhiú ar an Aidiacht	88
4.2.11.3.3 Séimhiú á sholáthar ar lorg na Copaile: An Litir <i>f</i>	89
4.2.12 Pointí Eile	89
4.2.12.1 An Briathar Uireasach <i>ar</i>	89
4.2.12.2 Úsáid an Fhorainm Réamhfhoclaigh i ndiaidh <i>fiarfaigh</i>	90
4.3 An tAinmfhocal	91
4.3.1 Inscne an Ainmfhocail	91
4.3.1.1 Ainmfhocail a bhfuil an Dá Inscne acu	91
4.3.1.2 Leagan na Lámhscríbhinne ag teacht le Malairt Inscne FGB	91
4.3.1.3 Inscne Ainmfhocail nach réitíonn leis an gCaighdeán Oifigiúil ná le Malairtí FGB	92
4.3.1.4 Séimhiú ar lár ar Aidiachtaí a leanann Ainmfhocail Bhaininsneacha	93
4.3.2 Malairt Leaganacha den Ainmfhocal	93
4.3.2.1 Leaganacha atá le fáil mar Mhalairt in FGB	93
4.3.2.2 Leaganacha Éagsúla nach réitíonn leis an gCaighdeán Oifigiúil ná le Malairtí FGB	94
4.3.3 Iolra an Ainmfhocail	97
4.3.3.1 Leaganacha atá le fáil mar Mhalairtí in FGB	97
4.3.3.2 Iolra an Bhéarla	98
4.3.3.3 Iolraí Neamhchaighdeánacha	98
4.3.3.3.1 An Deireadh Canúnach <i>-aí</i>	98
4.3.3.3.2 An Deireadh Canúnach <i>-ocháil/-úcháí</i>	99
4.3.3.4 Iolraí Éagsúla Eile	99
4.3.4 Na Tuisil	103
4.3.4.1 An Tuiseal Ainmneach	103

4.3.4.1.1 An Deireadh - <i>éara</i>	103
4.3.4.2 An Tuiseal Tabharthach	103
4.3.4.2.1 An Chéad Díochlaonadh / An Tuiseal Tabharthach Firinsneach	103
4.3.4.2.2 An Dara Díochlaonadh / An Tuiseal Tabharthach Baininsneach	104
4.3.4.2.3 An Cúigiú Díochlaonadh	105
4.3.4.2.4 Ainmfhocail Neamhrialta	105
4.3.4.2.5 An Tuiseal Ainmneach Uatha & an Tuiseal Tabharthach Uatha: Malartú Leaganacha	107
4.3.4.3 Tuiseal Ginideach	109
4.3.4.3.1 An Tuiseal Ainmneach Uatha thar ceann an Tuisil Ghinidigh Uatha	110
4.3.4.3.2 An Tuiseal Ginideach Uatha thar ceann an Tuiseal Ainmnigh Uatha	111
4.3.4.3.3 Infhilleadh an Tuiseal Ghindigh san Alt Amháin	111
4.3.4.3.4 Malairtí FGB	111
4.3.4.3.4.1 Malartú idir Foirmeacha an CO agus Malairtí FGB	112
4.3.4.3.5 Leaganacha Neamhchaighdeánacha sa Tuiseal Ginideach	112
4.3.4.3.6 Leagan Neamhchaighdeánach ó thaobh Inscne de	113
4.3.4.3.7 An Tuiseal Ginideach Iolra	113
4.3.4.4 An Tuiseal Gairmeach	114
4.4 An Aidiacht	115
4.4.1 Na Tuisil	115
4.4.1.1 Tuiseal Ainmneach Uatha	115
4.4.1.2 Tuiseal Ainmneach Iolra	115
4.4.1.3 Tuiseal Tabharthach Uatha	115
4.4.1.4 Tuiseal Ginideach Uatha	116
4.4.1.4.1 Tuiseal Ginideach Uatha Firinsneach	116
4.4.1.4.2 Tuiseal Ginideach Uatha Baininsneach	116
4.4.1.5 Tuiseal Ginideach Iolra	116
4.4.1.6 Tuiseal Gairmeach	117
4.4.2 Céimeanna Comparáide na hAidiachta	117

4.4.2.1	Na Míreanna Aidiachta	117
4.4.2.1.1	<i>níos / ní ba</i>	117
4.4.2.1.2	<i>is / níos</i>	117
4.4.2.2	Breischéim na hAidiachta <i>dona</i>	118
4.4.2.3	Malairtí FGB thar ceann an CO	118
4.4.3	An Aidiacht Shealbhach	118
4.4.3.1	Uatha	118
4.4.3.2	Iolra	118
4.4.3.2.1	An Chéad Phearsa Iolra: <i>a</i> thar ceann <i>ár</i>	118
4.4.3.2.2	An Dara Pearsa Iolra.: <i>a</i> thar ceann <i>bhur</i>	119
4.4.4	Foirmeacha Neamhchaighdeánacha	119
4.5	An Réamhfhocal agus an Réamhfhocal Comhshuite	121
4.5.1	An Réamhfhocal	121
4.5.1.1	An Réamhfhocal <i>ag</i>	121
4.5.1.1.1	Litriú Neamhchaighdeánach an Réamhfhocail <i>ag</i>	121
4.5.1.1.2	Úsáid Neamhchaighdeánach an Réamhfhocail <i>ag</i>	121
4.5.1.1.2.1	<i>ag / chuig</i>	121
4.5.1.1.2.2	<i>ag</i> a chiallaíonn <i>toisc</i>	122
4.5.1.1.2.3	<i>ag</i> in ionad na hAidiachta Sealbhaí <i>do</i>	122
4.5.1.1.2.4	<i>ag</i> in ionad an Réamhfhocail <i>de</i>	122
4.5.1.2	Na Réamhfhocail <i>de</i> agus <i>do</i>	122
4.5.1.2.1	<i>d'</i> roimh Ghuta nó <i>fh-</i> + Guta	122
4.5.1.3	An Réamhfhocal <i>faoi</i>	122
4.5.1.4	An Réamhfhocal <i>i</i>	123
4.5.1.5	An Réamhfhocal <i>le</i>	123
4.5.1.6	An Réamhfhocal <i>roimh</i>	124
4.5.1.7	An Réamhfhocal <i>thar</i>	124
4.5.2	An Frása Réamhfhoclach <i>go dtí</i>	124
4.5.3	An Réamhfhocal Comhshuite	124
4.5.3.1	<i>ar fud</i>	124
4.5.3.2	<i>tar éis</i>	125

4.6 An Forainm	126
4.6.1 An Forainm Pearsanta	126
4.6.1.1 An Chéad Phearsa Uatha agus an Tríú Pearsa Uatha	126
4.6.1.2 An Dara Pearsa Uatha	126
4.6.1.3 An Chéad Phearsa Iolra	126
4.6.1.4 An Forainm Pearsanta: An Dara Pearsa Iolra	126
4.6.2 Foirmeacha Treise an Fhorainm Phearsanta	127
4.6.2.1 An Fhoirm Threise	127
4.6.2.1.1 An Tríú Pearsa Uatha Firinsneach	127
4.6.2.1.2 An Forainm Treise <i>féin / péin</i>	127
4.6.3 An Forainm Éiginnte	128
4.6.3.1 <i>an té / an cé</i>	128
4.6.4 An Forainm Cheisteach <i>cá / cé</i>	128
4.6.5 An Forainm in Easnamh	128
4.6.6 An Forainm Réamhfhoclach	129
4.6.7 An Forainm / Forainm Réamhfhoclach agus Cúrsaí Inscne	129
4.6.7.1 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Baininsneach le hAinmfhocail Fhirinsneacha	129
4.6.7.2 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Firinsneach le hAinmfhocail Bhaininsneacha	130
4.6.7.3 Meascán d'Fhorainmneacha / d'Fhorainmneacha Réamhfhoclacha Baininsneacha agus Firinsneacha le hAinmfhocail Fhirinsneacha	130
4.6.7.4 Meascán d'Fhorainmneacha / d'Fhorainmneacha Réamhfhoclacha Baininsneacha agus Firinsneacha le hAinmfhocail Bhaininsneacha	132
4.6.7.5 Úsáid na bhForainmneacha / na bhForainmneacha Réamhfhoclacha le hAinmfhocail a bhfuil an Dá Inscne acu sa CO	133
4.6.7.6 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Breise	133
4.6.7.7 Úsáid Neamhghnách an Fhorainm / an Fhorainm Réamhfhoclaigh	133

4.7 Uimhreacha	134
4.7.1 Foirm an Ailt roimh na hUimhreacha	134
4.7.1.1 Foirm an Ailt roimh an mBunúimhir	134
4.7.1.2 Foirm an Ailt roimh na hUimhreacha Pearsanta	134
4.7.2 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na nUimhreacha	134
4.7.2.1 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na mBunúimhreacha	134
4.7.2.1.1 An Tuiseal Ainmneach Uatha	134
4.7.2.1.2 An Tuiseal Ginideach Uatha	135
4.7.2.2 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na nUimhreacha Pearsanta	135
4.7.2.3 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh <i>aon</i>	136
4.7.2.4 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh <i>céad</i>	136
4.7.3 An Aidiacht ar lorg na nUimhreacha	136
4.7.3.1 An Aidiacht i ndiaidh na mBunúimhreacha	136
4.7.3.2 An Aidiacht i ndiaidh na nUimhreacha Pearsanta	136
4.8 Athruithe Tosaigh	138
4.8.1 Séimhiú ar an Ainmfhocal	138
4.8.1.1 Sa Tuiseal Ainmneach Uatha	138
4.8.1.2 Sa Tuiseal Tabharthach Uatha	138
4.8.1.3 Sa Tuiseal Ginideach Uatha	138
4.8.1.3.1 Ainmfhocal Cinnte ar lorg Ainmfhocail Eile nó ar lorg Réamhfhocail Comhshuite	138
4.8.1.3.2 Ainmfhocal Éiginnte ar lorg Ainmfhocail Bhaininscnigh	139
4.8.1.3.3 Séimhiú Iomarcach	139
4.8.1.4 I ndiaidh an Réamhfhocail Shimplí	139
4.8.1.4.1 <i>ar</i>	139
4.8.1.4.1.1 <i>ar siúl</i>	140
4.8.1.4.2 <i>de / do</i>	140
4.8.1.4.3 <i>faoi</i>	141
4.8.1.4.4 <i>thar</i>	141
4.8.1.4.5 <i>trí</i>	141

4.8.1.5	I ndiaidh an Réamhfhocal <i>dar</i>	141
4.8.1.6	I ndiaidh na Réimíre <i>an-</i>	141
4.8.1.7	I ndiaidh na réimíre <i>dí</i>	142
4.8.1.8	I ndiaidh <i>chuile</i>	142
4.8.1.9	I ndiaidh <i>aon</i>	142
4.8.1.10	I ndiaidh <i>cupla</i>	142
4.8.1.11	Séimhiú ar an Ainmfhocal <i>fios</i>	143
4.8.2	Séimhiú ar <i>cois</i> sa Chiall Réamhfhoclach	143
4.8.3	Séimhiú ar an Aidiacht	144
4.8.3.1	Ar lorg Ainmfhocail Bhaininscnigh sa Tuiseal Ainmneach Uatha agus sa Tuiseal Tabharthach Uatha	144
4.8.3.2	Ar lorg Ainmfhocail Fhirinscnigh sa Tuiseal Ginideach Uatha	144
4.8.3.3	Ar lorg Ainmfhocail Bhaininscnigh sa Tuiseal Ginideach Uatha	145
4.8.3.4	Ar lorg Ainmfhocail Fhirinscnigh sa Tuiseal Gairmeach Uatha Firinscneach	145
4.8.3.5	Séimhiú Iomarcach ar an Aidiacht	145
4.8.4	Séimhiú ar an Dobhriathar	146
4.8.4.1	<i>go mór mór</i>	146
4.8.5	Urú ar an Ainmfhocal	146
4.8.5.1	Sa Tuiseal Tabharthach Uatha	146
4.8.5.2	<i>n-</i> roimh Ghuta	146
4.8.6	An Réamhlitir <i>t</i>	147
4.8.6.1	Roimh Thúsghuta an Ainmfhocail	147
4.8.6.1.1	Sa Tuiseal Ainmneach Uatha	147
4.8.6.2	Roimh <i>s-</i> Thosach an Ainmfhocail	147
4.8.6.2.1	Sa Tuiseal Ainmneach Uatha	147
4.8.6.2.2	Sa Tuiseal Tabharthach Uatha	147
4.8.6.2.3	Sa Tuiseal Ginideach Uatha	148
4.8.6.2.4	I ndiaidh <i>aon</i>	148
4.8.6.2.5	I ndiaidh <i>céad</i>	148
4.8.6.2.6	I ndiaidh na Réimíre Threise <i>an-</i>	148
4.8.7	An Réamhlitir <i>h</i>	148
4.8.7.1	Ar lorg an Réamhfhocail Shimplí <i>le</i>	149

4.8.7.2 Réamhlitir Iomarcach	149
4.8.8 Athruithe Tosaigh ar an Uimhir	149
4.8.8.1 Séimhiú ar na Bunuimhreacha	149
4.8.8.1.1 <i>dhá</i>	149
4.8.8.1.2 <i>ceithre</i>	149
4.8.8.1.3 <i>cúig</i>	149
4.8.8.2 Séimhiú ar an Ainmfhocal i ndiaidh na mBunuimhreacha	150
4.8.8.3 <i>céad</i>	150
4.8.8.4 <i>déag</i>	150
4.8.8.5 <i>beirt</i>	151
4.9 Pointí Éagsúla Eile	152
4.9.1 An Clásal Coibhneasta Díreach thar ceann an Chlásail Choibhneasta Indírigh	152
4.9.1.1 An Mhír Choibhneasta <i>a</i> in úsáid thar ceann na Míre Coibhneasta <i>ar</i>	152
4.9.1.2 Foirm Neamhspleách an Bhriathair thar ceann na Foirme Spleáiche	152
4.9.2 An tAlt Dúbailte	152
4.9.3 An Cónasc <i>nach</i> thar ceann <i>ach</i>	153
4.9.4 An Intriacht <i>muise</i>	153
4.9.4.1 Úsáid na Leaganacha <i>muis</i> agus <i>muise</i>	153
4.9.4.2 Séimhiú ar an Intriacht <i>muis(e)</i>	154
4.9.5 An Iarmhír Threise	154
Caibidil a Cúig / Chapter Five: Ábhar an Bhailiúcháin	155
5.1 Réamhrá	155
5.2 Innéacs agus Ábhar an Bhailiúcháin	155
1: An Chaoi a bhfuair Muintir Leagha an Dochtúireacht	159
2: Scéal Iníon an Mhinistéara	161

3: Scéal na nGréasaíocháí	164
4: Scéal G[h]ruagach na gCleas	167
5: [Rí na gCat]	172
6: Scéal an [...] Bhán	175
7: Scéal Chamán na Lua[tha]: Duine an-leisciúil	182
8: Scéal Sheáin na Rópaí	188
9: Scéal T[h]ráithnín an Áidh	195
10: Scéal an Tórramh	198
11: [Triúr Éireannach i Sasana]	199
12: Chomh Críonna leis an Sionnach	204
13: [An Sionnach agus na Cadhain]	206
14: Reithe Chonamara	207
15: [Cruachás an Duine Bhoicht agus Scéal faoi Sheanfhear agus Taibhsí]	208
16: [Fear Caitliceach i dTeach an Mhinistéara]	215
17: [An Phíolótaíocht]	216
18: [Bean an Charraigín]	218
19: [Gardaí ag breith ar Bhean an Phoitín]	221
20: [Bean an Ime]	222
21: [Lord Néill]	224
22: An Gadaí	227
23: [Seán na Sagart]	230
24: Na Deich nAitheanta	232
25: An Paidir Páirteach [agus scéilín gearr teagaisc]	234
26: [An tÁivé Máiria]	236
27: An Chré	237
28: [Eachtraí Bheirt Dheartháir sa Domhan Thoir]	238
29: [Tam agus an Lá Fiaigh]	244
30: [Dhá Scéal faoi Fhir Árann i gConamara]	246
31: [Fear an Liamháin]	251
32: [Seán de Bhailís]	252
33: Home Rule	253
34: [Geall na nDochtúirí]	256
35: Tomáisín na nGabhar	258

36: Rí na nÉan	259
37: [An Leasmháthair agus na hÉanachaí]	260
38: [An Caiptín agus a Iníon]	265
39: [Saol an Duine Bhoicht agus Scéilín Teagaisc]	267
40: An Táilliúr	270
41: [An Bheirt Dheartháir]	275
42: An Bacach	277
43: An Gabha Dubh	278
44: Fear na Feasóige Fada	283
45: Scéal an Bháicéara	287
46: Sclámhaí an Lampa	290
47: Seán an Amadáin	299
48: Scéal Fionn Mhac Cumhaill: Seanscéal ón tSeanaimsir	304
49: Scéal Mhac Rí Éireann	312
50: Scéal Fionn Mhac Cumhaill	323
51: An tIascaire	330

Imleabhar a II / Volume II

English Summary of Chapter 1: Réamhrá	1
Caibidil a Sé / Chapter Six: Introduction to Volume II	2
6.1 Introduction	2
Caibidil a Seacht / Chapter Seven: Constructing Place: Representations of the Aran Islands	6
7.1 Introduction	6
7.2 The Aran Islands in Context	7
7.3 Anthropology and the Other	8
7.4 Haddon and Browne's <i>Ethnography of the Aran Islands, Co. Galway</i>	9
7.5 Robert Flaherty's <i>Man of Aran</i>	13
7.6 John Messenger's <i>Inis Beag: Isle of Ireland</i>	20
7.7 Tourism and the Development of Modern Day Representations of the Aran Islands	28
7.8 Aran Tourism: Defining People and Place	29
7.9 <i>Isteach go hÁrainn</i>	30
7.10 <i>Marooned on Aran</i>	32
7.11 <i>Creig a Chéirín Theme Park</i>	34
7.12 <i>Accosted by a head</i>	36
7.13 Aran Islanders as Cultural Objects: The Art of Objectifying and Commodifying the Native	37
7.14 Capturing Natives: The Act of Photographing in Aran	39
7.15 <i>How much am I worth?</i>	39
7.16 <i>The native shoots back</i>	39
7.17 The Natives Speak Back: The Active Role of Locals in the Process of Commodification	40
7.18 The Irish Language in Aran: An Example of Active Behaviour?	42
7.19 <i>Níl uaim ach ham sandwich</i>	44

7.20 Conclusion	45
-----------------	----

Caibidil a hOcht / Chapter Eight — Constructing Locality:

<i>Cérbh é Darach Ó Direáin?</i>	47
---	----

8.1 Introduction	47
8.2 Darach Ó Direáin: An Ethnographic Investigation	48
8.2.1 Written Sources	48
8.2.2 Oral Sources	52
8.3 The Naming System in Árainn: A Pragmatic View	54
8.4 Official Names	56
8.5 Genealogical Names	59
8.6 Descriptive Local Names	62
8.7 Naming in Death	65
8.8 Naming the Landscape	66
8.9 The Fairy Cobbler	68
8.10 Storytellers and Self-Referencing	71
8.11 Máirtín Ó Direáin: Poetic Indexicals	73
8.12 Oral Accounts Revisited: The Benefits of Reflexive Research	78
8.13 Constructing a Biography: Creating an Identity	82
8.14 Conclusion: What's in a Name?	85

Caibidil a Naoi / Chapter Nine — Performing Folklore: Constructing Texts

9.1 Introduction	86
9.2 Telling Stories: Performance and the Narration Event	86
9.3 Audience Participation: Co-authorship of the Folktale	95
9.4 Preserving Tradition: Producing Texts	107
9.5 Robin Flower and the Flower/Ó Direáin Collection	108
9.6 Professionalising Folklore: From Croker to Delargy	110
9.7 Contextualising the Folk: Creating 'Authentic' Narrators for a New Cultural Nationalist Narrative	114
9.8 Bláithín: Robin Flower's Blasket Research	122

9.9 Conclusion	125
----------------	-----

Caibidil a Deich / Chapter Ten — Conclusion	126
--	-----

10.1 Introduction	126
-------------------	-----

10.2 An Overview	126
------------------	-----

10.3 The Researcher's Role: Reflexive Research Continued	128
--	-----

10.4 A Native Researcher's Experience	132
---------------------------------------	-----

10.5 Conclusion: Some Reflective Thoughts	134
---	-----

Aguisíní / Appendices	
------------------------------	--

Appendix 1 Photograph of Darach Ó Direáin	137
---	-----

Appendix 2 Photograph of Darach Ó Direáin's house	138
---	-----

Appendix 3 Sample page no. 1: F/Ó D manuscript	139
--	-----

Appendix 4 Sample page no. 2: F/Ó D manuscript	140
--	-----

Appendix 5 'Do Dharach Ó Direáin'	141
-----------------------------------	-----

Appendix 6 'Fís an Daill'	142
---------------------------	-----

Primary Sources and References	143
--------------------------------	-----

Do mo mháthair Helen Uí Mhaoláin (née O'Leary)
agus do m'athair John Sheáin Tom Ó Maoláin

Achoimre / Abstract

This thesis presents an edited and annotated edition of a collection of folklore from the largest of the Aran Islands, Co. Galway, and offers an interdisciplinary analysis of the material from both a linguistic and anthropological perspective. The material was collected in 1933 by renowned scholar Robin Flower from local Aran Island storyteller Darach Ó Direáin. The collection contains 56 components — the majority of which are stories — and is preserved in Robin Flower's *Nachlass* in the National Folklore Collection, Dublin.

Volume one of this thesis contains the edited version of the manuscript material and presents a detailed examination of the various amendments applied during the editing process. The linguistic analysis comprises a comprehensive examination of the speech of Darach Ó Direáin with a particular emphasis on phonology, morphology, semantics and syntax.

The anthropological analysis of volume two applies a processual and discourse-centered approach to the Flower/Ó Direáin material. An examination of the construction process of this collection reveals the multiple voices and socio-historical discourses that constitute a folklore text from the West of Ireland. Each of the key contributors to the collection are analysed in terms of their positioned roles and access to textual authority, amongst other factors. In this respect, the Flower/Ó Direáin folklore collection is presented as a collaborative endeavour between narrator, collector, audience and researcher along with their respective discursive histories.

Nóta Buíochais / Acknowledgements

Táim fíorbhuíoch den Ollamh Ruairí Ó hUiginn agus den Dr. Steve Coleman, ní hamháin as an tsárstiúrthóireacht, ach ar son na tacaíochta a fuair mé uathu i rith an phróisis seo. Ba mhór an phribhléid a bheith mar mhac léinn agaibh beirt.

Táim buíoch de bhail foirne Roinn na Nua-Ghaeilge, Roinn na hAntraipeolaíochta agus Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad a chabhraigh go mór liom ar bhealaí éagsúla i rith na mblianta; téann buíochas faoi leith don Dr. Brian Ó Catháin a chéadchuir ar an eolas mé faoi ábhar Flower/Uí Dhireáin agus as a chuid stiúrthóireachta.

Táim buíoch freisin d'fhoireann Chnuasach Bhéaloideas Éireann a cheadaigh dom taighde a dhéanamh ar an ábhar béaloidis seo agus mo mhórbhuíochas leis an Ollamh Ríonach uí Ógáin agus le Críostóir Mac Cárthaigh a chuir fáilte i gcónaí romham agus a roinn a gcuid ama agus a gcuid saineolais go fial liom.

Do na daoine éagsúla in Árann a labhair liom faoina gcuimhní agus a gcuid eolais ar Dharach Ó Direáin, ar chúrsaí teanga agus ar neart cúrsaí eile a bhain le hábhar mo thráchtas, mo bhuíochas libh: John Ó Maoláin, Elaine Ní Mhaoláin, Steven Ó Direáin, Mackie Ó Direáin, agus na daoine seo a leanas nach maireann: Kate Dara Uí Chonghaile, John Beag Johnny Ó Direáin, Peaitsín Sheáin Neilín Ó Cuacach, Pádraig Mhuracha de Bhailís agus Méinín Bheairtín Uí Chonghaile; go ndéana Dia grásta ar a n-anamacha.

Buíochas speisialta do mo chara Deirdre Ní Chonghaile atá fíoreolach ar chúrsaí a bhaineann le stair agus cultúr Árann agus a bhíonn i gcónaí sásta an t-eolas sin a roinnt lena comhoileánach.

A special mention goes to the following people for their invaluable friendship, support and advice throughout the years: Paul Clear, Fiona Larkan, Emma Murphy, Emma Heffernan, Fiona Murphy, Stephanie Brennan, Veerendra and Jennifer Lele, Rob Moore and my friends in Aran and Kambalda.

Thank you also to my family in Ireland, Western Australia and New Zealand: John and Tanya Mullin, Kevin Mullin, Anita and Myles McDermott, Elaine Mullin, Mary Glass, Deborah and Neil Lauritsen and Ilona and Ray Smith. Finally, a heartfelt thank you to my parents John and Helen Mullin and to my wonderful husband and children Adam, Cillian and Nóinín for all that they have sacrificed throughout this process and for their unwavering love and support.

Noda / Abbreviations

AB	ainm briathartha
AC	aimsir chaite
AF	aimsir fháistineach
AF	<i>An Arran Folktale</i> (M. Dillon)
AGC	aimsir ghnáthchaite
aid.	aidiacht
aid. sheal.	aidiacht shealbhach
AL	aimsir láithreach
b. / bain.	baininsneach
CBÉ	Cnuasach Bhéaloideas Éireann
CO	An Caighdeán Oifigiúil
ÉBS	<i>Éamon a Búrc: Scéalta</i> (P. Ó Ceannabháin)
Eisc.	eisceacht
FFG	<i>Foirisiún Focal as Gaillimh</i> (T. de Bhaldraithe)
FGB	<i>Foclóir Gaeilge-Béarla</i> (T. de Bhaldraithe)
f. / fir.	firinsneach
F/Ó D	Flower / Ó Direáin
for.	forainm
for. rfh.	forainm réamhfhoclach
GCF	<i>Gaeilge Chois Fhairrge</i> (T. de Bhaldraithe)
GGBC	<i>Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí</i> (L.A. Ó hAnluain)
ICF	<i>The Irish of Cois Fhairrge Co. Galway</i> (T. de Bhaldraithe)
IIA	<i>The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway</i> (B. Ó Curnáin)
intr.	intriacht
iol.	iolra
L1	leagan a haon
L2	leagan a dó
Ls.	lámhscríbhinn
MC	modh coinníolloch
MFC	modh foshuiteach caite
MFL	modh foshuiteach láithreach

NFC	National Folklore Collection
p.	pearsa
réamh.	réamhfhocal
RTÉ	Raidió Teilifís Éireann
1R	an chéad réimniú
2R	an dara réimniú
S	scéal
SG	<i>Stair na Gaeilge</i> (R. Ó hUiginn)
SMN	<i>Scéalta Mháirtín Neile</i> (O. Munch-Pedersen)
TTT	<i>Téarmaí Tógála agus Tís as Inis Meáin</i> (M. Ó Siadhail)
u.	uatha

Caibidil a hAon — Réamhrá

1.1 Réamhrá

Tugann anailís idirdhisciplíneach ar ábhar béaloidis as Árainn dearcadh sainiúil dúinn ar chúrsaí béaloidis, teangeolaíochta agus antraipeolaíochta. Baintear úsáid as cur chuige na teangeolaíochta agus na hantraipeolaíochta san anailís seo ar bhailiúchán Flower/Uí Dhireáin le go gcuirfear staidéar cuimsitheach ar fáil ar Ghaeilge an scéalaí agus ar chomhthéacs sóisialta agus cultúrtha an bhailiúcháin. Baineann tairbhe as cuimse le scagadh idirdhisciplíneach a dhéanamh ar a leithéid d'ábhar béaloidis agus chuige sin an iarracht a dhéantar thíos comhionannas a thabhairt d'ábhar agus do mhodh oibre an dá dhisciplín úd.

I gcás eagarthóireacht an ábhair agus na hanailíse teanga, tá sé tábhachtach go gcuirfí leagan soléite de na scéalta ar fáil a choinneos slán tréithe na canúna. Bunábhar tábhachtach neamhfhoilsithe is ea an t-ábhar seo a bhailigh Robin Flower in Árainn. Is liosta le háireamh an méid béaloidis a bailíodh in Oileáin Árainn i rith na mblianta, ach go dtí seo, níl ach bailiúchán mór scéalta amháin as Árainn féin curtha ar fáil .i. Pedersen/Munch Pedersen (1994). Scéalta iad seo ar bailíodh a bhformhór ón scéalaí Máirtín Ó Conghaile (Máirtín Neile) a mhair c. 1824 – 1904. An scéalaí atá i gceist sa bhailiúchán seo — Darach Ó Direáin — baineann sé le glúin níos óige agus le ceantar eile den oileán. Tá taighde teangeolaíochta á dhéanamh ar Ghaeilge Oileán Árainn le tamall maith anuas chomh maith. I measc na saothar a bhfuil baint faoi leith acu le Gaeilge Árainn (.i. an t-oileán mór) tá: Finck (1899), Wardlaw (1987), Ó Murchú (1991), Duran (1994, 2015¹), Pedersen/Munch Pedersen (1994) agus Ó Catháin (2001). Tá bearna áirithe ann ó thaobh eolais de ar Ghaeilge Árainn idir an chéad fhoilseachán dá bhfuil againn, .i. Finck (1899), anuas go dtí an lá atá inniu ann. Cuideoidh an t-ábhar atá á chur ar fáil anseo leis an mbearna seo a líonadh ó thaobh bhéaloideas Árainn agus cuirfidh sé ábhar nua tagartha ar fáil maidir le Gaeilge Árainn chomh maith.

Tugann scagadh antraipeolaíochta dearcadh eile dúinn ar an ábhar céanna. Dar le Richard Bauman, bíonn claonadh áirithe i ndisciplín an bhéaloidis tosaíocht a thabhairt d'ábhar an téacs ó thaobh rangú na scéalta agus anailíse teangeolaíochta. Cé go mbaineann an-tábhacht leis an gcineál seo anailíse, ní foláir aird a thabhairt chomh maith ar an gcomhthéacs cultúrtha ónar eascair an t-ábhar béaloidis, mar a dhéanann Diarmuid Ó Giolláin (2000) agus Gearóid Ó Cruaíoch (2003). Bhí an náisiúnachas cultúrtha faoi lán tseoil faoin am a bhí scéalta Uí Dhireáin á mbailiú, mar shampla, agus de thoradh na siombailí cultúrtha a samhlaíodh le hoileáin na tíre, bhí an-spéis in

¹ Foilsíodh an saothar cuimsitheach seo le déanaí; rómhall, faraor, lena úsáid san anailís teangeolaíochta thíos.

áiteanna ar nós Oileáin Árann. Tá páirt an scéalaí Árannach i gcomhthéacs an náisiúnachais chultúrtha, mar sin, tábhachtach mar chúlra leis na scéalta seo.

Is é aidhm imleabhar a 2, iniúchadh a dhéanamh ar chomhthéacs na scéalaíochta ó thaobh na dtopaicí seo a leanas: íomhánna d'Oileáin Árann; an scéalaí mar ealaíontóir béil; an suíomh inste scéil; cur i láthair na scéalaíochta in Árann; modh bailithe na scéalta agus próiseas tógála an téacs bhéaloidis. Déantar plé, chomh maith, ar an lucht éisteachta mar ghné lárnach den tionscadal agus ar ról agus tionchar an taighdeora ar an ábhar béaloidis. Baintear úsáid as uirlisí na hantraipeolaíochta teangeolaíochta chun glór na bpríomhrannpháirtithe a phlé — an scéalaí, an bailitheoir, an lucht éisteachta agus an taighdeoir ina measc. Agus mé i mbun an chineáil seo taighde ar théacs agus ar chomhthéacs an bhailiúcháin, tá mé ag glacadh le comhairle Dhiarmuda Uí Ghiolláin (2000: 183) a deir:

This seems the appropriate place to call for a closer relationship between the two ethnological traditions that have long worked in Ireland, folklore and anthropology.

Maidir le leagan amach an tráchtais, beartaíodh an taighde seo a chur ar fáil i bhfoirm dhá imleabhar. Tá téacs cóirithe na scéalta agus na bpaidreacha le fáil in imleabhar a haon, chomh maith le cur síos ar chúlra an bhailiúcháin, leagan amach an mhodha eagarthóireachta agus anailís ar theanga na scéalta. Faightear an anailís antraipeolaíochta i gcaibidlí imleabhar a dó.

Cinneadh ábhar imleabhar a haon a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus taobh na hantraipeolaíochta a scríobh i mBéarla. Níl sé le tuiscint ón gcur chuige seo, áfach, nárbh fhéidir an t-ábhar iomlán a phlé trí Ghaeilge amháin, nó go deimhin, a mhalairt. Thángthas ar chinneadh seo an dá theanga, tar éis dom cupla pointe faoi leith a chur san áireamh. Ar an gcéad dul síos, tá mé cláraithe go hoifigiúil le dhá Roinn éagsúla agus mé i mbun an taighde dochtúireachta seo: Roinn na Nua-Ghaeilge agus Roinn na hAntraipeolaíochta. Is í an Ghaeilge teanga oibre Roinn na Nua-Ghaeilge agus an Béarla atá mar theanga oibre laethúil i Roinn na hAntraipeolaíochta; tá an taighde seo á chur ar fáil i bpríomhtheanga gach aon Roinne. Cé go bhfuil saothair chuimsitheacha ann ar theangeolaíocht na Gaeilge trí mheán an Bhéarla (cf. Ó Curnáin 2007), beartaíodh an anailís teangeolaíochta seo a chur ar fáil tríd an meán céanna le bunábhar na lámhscríbhíne. Maidir le himleabhar a dó, is i mBéarla atá formhór na bhfoinsí ar an antraipeolaíocht teangeolaíochta, atá mar théama lárnach don anailís chomhthéacsúil sa dara himleabhar, agus ba mhór agam dá mbeadh an plé a dhéantar sa tráchtas seo infhaighte do lucht léite an disciplín sin.

Seo a leanas an leagan amach atá ar chaibidlí an tráchtais. I gcaibidil a dó, tugtar cuntas ar chúlra an bhailiúcháin ó thaobh an scéalaí, an bhailitheora agus an ábhair de. Déantar cur síos beathaisnéiseach ar an scéalaí Darach Ó Direáin agus luaitear liosta den ábhar eile a bailíodh uaidh, idir ábhar taifeadta agus ábhar scríofa, bíodh sé foilsithe nó neamhfoilsithe. Ina dhiaidh sin, pléitear cuairt Robin Flower ar Árann chomh maith le modh bailithe an ábhair. Ar deireadh, déantar cur síos ar an ábhar féin ó thaobh líon na míreanna, cineál na scéalta agus stíl a n-inste.

I gcaibidil a trí, léirítear an modh eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm ar bhunábhar na lámhscríbhinne. Pléitear na leasuithe úd faoi aicmí éagsúla a bhaineann le leagan amach an bhailiúcháin; peannaireacht na lámhscríbhinne; an deilbhíocht; ortagrafaíocht na lámhscríbhinne; an litriú foghraíochta; foirmeacha malartacha agus teidil nach iad.

Déantar mionanailís ar theanga an bhailiúcháin i gcaibidil a ceathair. Pléitear na ranna cainte éagsúla ó thaobh na deilbhíochta agus ó thaobh cúrsaí séimeantaice agus comhréire chomh maith. Déantar comparáid idir Gaeilge an scéalaí agus an t-eolas a thugtar sna foinsí eile atá le fáil ar Ghaeilge Árann, Chois Fharraige agus Iorras Aithneach.

Tugtar an leagan cóirithe de bhailiúchán Flower/Uí Dhireáin i gcaibidil a cúig. Leantar ord na míreanna mar atá siad le fáil sa lámhscríbhinn seachas i gcás na gcúig scéal a ndearna Robin Flower eagarthóireacht orthu; tugtar na cúig mhír sin ag deireadh na caibidle. Pléitear aon phointe suntasach, nach mbaineann leis an modh eagarthóireachta ná leis an anailís teanga, sna fonótaí i gcaibidil a cúig.

Cuireann caibidil a sé tús le himleabhar a dó agus leis an anailís antraipeolaíochta atá mar ábhar don dara cuid den tráchtas. Déantar scagadh sa chaibidil seo ar na teoiricí éagsúla a phléitear i gcaibidlí 7 - 9.

I gcaibidil a seacht, déantar plé ar Oileáin Árann ó thaobh na léirithe agus na n-íomhánna a bhí á gcur chun cinn i dtéacsanna údarásacha faoi leith san am atá caite agus an tionchar atá ag na léirithe céanna sin ar an gcaoi a samhlaítear na hOileáin sa lá atá inniu ann, ní hamháin sna cuntaisí scríofa ach i measc íomhánna na gcuariteoirí chomh maith.

I gcaibidil a hocht, filltear ar ghnéithe áirithe de phearsa an scéalaí. Pléitear na modhanna oibre a úsáidtear agus taighdeoir ag bailiú eolais ar dhuine, go mór mór duine nach maireann, agus na himpleachtaí atá ag a leithéid de thaighde ar thoradh deiridh an chuntais bheathaisnéisigh. Anuas air seo, pléitear ainm áitiúil an scéalaí, .i. Dara Neide Pheaidí, agus déantar iniúchadh ar chóras na n-aimneacha áitiúla atá in úsáid go forleathan in Árann, mar atá i nGaeltachtaí eile na tíre.

Déantar mionphlé ar bhailiúchán Flower/Uí Dhireáin i gcaibidil a naoi, ag tosnú leis an ócáid scéalaíochta mar a bhíodh in Árann sa chéad chuid den chéad seo caite. Breathnaítear, ina dhiaidh

sin, ar an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha inar bailíodh an béaloideas in Árann agus, ar deireadh, déantar plé ar ról an taighdeora ar an mbailiúchán scéalta seo.

Sna hagusíní ag deireadh an tráchtais, taispeántar grianghraf den scéalaí; grianghraf den teach inar fhás sé aníos, dhá leathanach shamplacha d'ábhar an bhailiúcháin agus dhá dhán le Máirtín Ó Direáin.

Caibidil a Dó — Cúlra an Bhailiúcháin

2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar plé ar an scéalaí Darach Ó Direáin, ar an mbailitheoir Robin Flower agus ar an mbailiúchán béaloidis ar a dtugaim Bailiúchán Flower/Uí Dhireáin anseo air. I dtosach báire, tugtar cur síos beathaisnéiseach ar an scéalaí. Cuntas é seo a d’eascair as eolas a bailíodh go háitiúil in Árann, chomh maith le heolas a fuarthas ó cháipéisí oifigiúla, foinsí béaloidis agus foinsí scríofa eile. Anuas air sin, tugtar liosta den ábhar eile, foilsithe agus neamhfoilsithe, a bailíodh ón Direánach. Déantar mionphlé ar phearsa agus ar chúlra an Direánaigh i gcaibidil a 8 agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach sracfhéachaint a thabhairt ar an eolas sa chaibidil seo. Ina dhiaidh sin, déantar plé gairid ar bhailitheoir na scéalta, Robin Flower, agus aon eolas atá ann faoina chuairt ar Árann.² Ar deireadh, déantar cur síos ar an mbailiúchán féin ó thaobh líon agus chineál na míreanna, modh bailithe an ábhair agus réimse agus stíl na scéalta.

2.2 An Scéalaí: Darach Ó Direáin (c. 1876 - 1950)

Ba as Eoghanacht, i gceann thiar an oileáin mhóir d’Oileáin Árann, do Dharach Ó Direáin, nó Dara Neide Pheaidí mar a tugadh go háitiúil air. Ba é Neid Pheaidí Ó Direáin a athair agus Barbara (née Ní Bhriain) a bhí ar a mháthair. Léiríonn daonáireamh 1911 gur rugadh naonúr gasúr do Neid agus do Bharbara ach nár mhair ach triúr faoi bhliain an daonáirimh sin. Phós Darach bean darbh ainm Cáit Mhicil Mhaitiú (née Ní Mhaoláin) as Creig a Chéirín in Árann agus, de réir eolais áitiúil, bhí seisear clainne acu: Éamonn, Kate, Nan, Bid, Baba agus Mary.³ Ní mhaireann duine ar bith dá sheisear clainne sa lá atá inniu ann ach tá roinnt de chlann Kate fós ag cur fúthu ar an oileán.

Baineann roinnt amhrais le dáta breithe an Direánaigh. In iontráil Oifig an Ard-Chláraitheora, tugtar an dáta 08/07/1876 mar dháta breithe McDarra Dirrane, arbh iad Edward agus Barbara (née Ní Bhriain) a athair agus a mháthair. Ní réitíonn an dáta seo le heolas a aimsíodh i bhfoinsí éagsúla eile agus ní féidir, dá bhrí sin, glacadh go hiomlán leis an dáta breithe oifigiúil. D’fhreastail an Direánach ar scoil Eoghanachta, mar shampla, idir na blianta 1887-1889 agus luaitear i gclárleabhar na scoile sin go raibh sé naoi mbliana d’aois sa bhliain 1887. Ag brath ar an mí a scríobhadh an iontráil, thabharfadh an t-eolas sin le fios gur sa bhliain 1877 nó 1878 a rugadh Darach. Níl na dátaí a luaitear sna daonáirimh 1901 agus 1911 ag teacht leis an dáta breithe oifigiúil ach an oiread. I ndaonáireamh 1901, luaitear go raibh Darach dhá bhliain is fiche ag an am (i.e. rugadh 1878 nó

² Déantar plé eile ar Robin Flower, i dtaobh a chuid oibre ó dheas, i gcaibidil a 9 thíos.

³ Luaitear Anne agus Barbara, aois 3 bliana agus bliain amháin faoi seach, i ndaonáireamh 1911.

1879), ach de réir thuairisceáin na bliana 1911, bhí sé 39 bliain d’aois ag an am sin (i.e. rugadh 1871 nó 1872).⁴ De réir na dtairsead paróiste i gCill Rónáin, Árainn, bhásaigh an Direánach ar an 29/01/1950 in aois a 72 bliain, rud a d’fhágfadh 1877 nó 1878 mar bhliain a bhreithe. Agus na foinsí ar fad thuas san áireamh, mar sin, is mó ciall a bhaineann leis an mbliain 1878 mar bhliain bhreithe an Direánaigh cé nach réitíonn sé leis an dáta oifigiúil a fhaightear in Oifig an Ard-Chláraitheora.

Nochtaíonn an dá dhaonáireamh, 1901 agus 1911, roinnt eolais eile faoin Direánach. I dtuairisceán na bliana 1901, luaitear go raibh sé dhá bhliain is fiche ag an am, gurbh fhear singil agus gur mhac feirmeora a bhí ann, go raibh sé in ann léamh agus scríobh agus go raibh Béarla agus Gaeilge ar a chumas. Tugtar roinnt eolais sa bhreis sa chéad daonáireamh eile. Faoin mbliain 1911, bhí Darach pósta agus bhí sé féin, a bhean agus a mbeirt ghasúr ina gcónaí sa teach céanna lena athair agus lena mháthair. Luaitear gurbh fheirmeoir agus iascaire a bhí ann agus go raibh léamh agus scríobh aige féin agus ag a bhean. I gcodarsnacht leis an eolas a tugadh in 1901, deirtear nach raibh ach Béarla amháin ag Darach ach go raibh an dá theanga ag a bhean agus ag a athair.

Le linn mo chuid taighde ar an scéalaí, chuir mé agallaimh ar roinnt daoine in Árainn a raibh cuimhne acu ar Dharach; seo a leanas toradh na gcomhráití sin. Mar ba ghnách ag an am, bhí níos mó ná ceird amháin ag an Direánach: feirmeoir, iascaire, gréasaí agus fear inste scéil a bhí ann. Dúradh liom go mbíodh sé ag iascaireacht i gcurach agus ar bharr na haille, ag marú portán, gliomachaí, ‘breams’ agus ballachaí. Bhíodh sé ag baint charraigín, ag piocadh faochain agus ag plé le ceilp agus, ó am go ham, bhíodh sé ag obair ar na bóithre ag cur síos clocha beaga. Ba nós leis ‘*dollannaí beaga*’ a dhéanamh as cipíní agus as éadach agus a bheith ag baint cainte astu. Bhí snámh aige, rud a dhearbhaíonn Máirtín Ó Direáin ina chuid cuimhní cinn ar an scéalaí (Ó hAnluain 2002: 62), agus bhí sé in ann poirt a chasadh ar an bhfeadóg. Dúirt duine amháin liom go mbíodh sé ag casadh an trumpa agus an orgán béil chomh maith. Bhí corrfhocal Béarla aige — ‘dream meabhrach a bhí iontu sin’ — agus ‘b’iontach an bhean cainte’ í a bhean chéile, Cáit. Ba teach cuartaíochta a bhí i dteach an Direánaigh agus bhíodh go leor daoine, cuairteoirí agus comharsanaí araon, ag tarraingt air. Bhí cáil air mar scéalaí agus ba mhinic leis a chuid scéalta a roinnt leis an lucht cuartaíochta. Seo mar a dúirt duine amháin ar labhair mé leis: ‘bhíodh cuimse strainséirí ag tíocht aige [agus] bhíodh sé ag inseacht scéalta dhóibh. Agus thaitheadh sé thar cionn leob.’ De réir

⁴ Is cosúil go raibh baint ag tabhairt isteach an phinsin sa bhliain 1908 leis an áibhéileacht aoise a fhaightear, ar bhonn sách coitianta, i ndaonáireamh 1911 (féach Guinnane 1996: 113).

chuirimhní a iníne, Kate, thóg sé na scéalta óna sheanmhuintir féin ach bhí ar a chumas scéalta a chumadh chomh maith.

Tugadh an leasainm *The Fairy Cobbler* ar an Direánach, ó am go ham, i measc lucht an bhéaloidis. Faoi theideal an scéil *The Voyage of Fionn Ma-Cuhil*, a luaitear faoi alt 2.3 thíos, luaitear “The Fairy Cobbler” mar fhear inste an scéil. Luaitear an t-ainm céanna san iontráil seo ó dhialann an Duileargaigh, mí Lúnasa 1932 (Almqvist 1998: 99):

on the quay at Kilmurvey met “The Fairy Cobbler” Darach Ó Direáin, who has a large no. of tales and willing to record.

Tugann an fear scannán Robert Flaherty an leasainm céanna ar Dharach, an chéad uair agus é ag scríobh chuig Adolf Mahr in Ard-Mhúsaem na hÉireann sa bhliain 1933 ina luann sé ‘our local story-teller, the Fairy Cobbler’ agus arís i litir a scríobh sé chuig an Duileargach ar 21ú Meitheamh 1933.⁵

2.3 Ábhar Béaloidis Eile ón Scéalaí

Is é an bailiúchán scéalta seo a bhailigh Robin Flower, an t-ábhar is cuimsithí a bailíodh ó Dharach Ó Direáin. Seo a leanas liosta den ábhar eile, idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe, a bailíodh uaidh. Má tá leagan de scéal a luaitear sa liosta thíos le fáil i mbailiúchán Flower, déantar tagairt dó idir lúibíní cearnógacha i ndiaidh an noid ‘F/Ó D’:

(a) Ábhar atá ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), An Coláiste Ollscoile, Baile

Átha Cliath:

(1) CBÉ 73: 226 - 243.

An Eala Bhán nó Inghean Rí Fó Thuinn.

Bailitheoir: Seosamh Ó Flannagáin.

Dáta: 12ú Eanáir 1931.

[F/Ó D: Scéal 49. *Scéal Mhac Rí Éireann.*]

(2) CBÉ 73: 254 - 260.

An Eascon Nimhe.

Bailitheoir: Seosamh Ó Flannagáin.

⁵ *Oidhche Sheanchais* Correspondence File, NFC. Buíochas le Deirdre Ní Chonghaile a chuir ar an eolas mé faoin ábhar seo agus faoi ábhar Uí Chonluain thíos.

Dáta: 5ú Feabhra 1931.

[F/Ó D: Scéal 3. *Scéal na nGréasaíochai.*]

(3) CBÉ 303: 448 - 466.

Scéal an Táilliúra.

Bailitheoir: Seosamh Ó Flannagáin.

Dáta: 29 Eanáir 1931.

[F/Ó D: Scéal 40. *An Táilliúr.*]

(4) CBÉ 1134: 1 - 56.

Seanchas: [gnásanna áitiúla a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht, an iascaireacht, na féilte srl.]

Bailitheoir: Máire Ní Néill.

Dáta: Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair 1944.

(5) CBÉ 1134: 87 - 118.

Prionsa na mBréag; Lord Néill; Seáinín ag gabháil ar traein.

Bailitheoir: ‘Cailín de Mhuinntir Fhlannagáin’.

Dáta: [gan dáta dearfach].

[F/Ó D: Scéal 21 [Lord Néill]].

Aistriúchán Béarla ar scéal de chuid an Direánaigh:

(6) CBÉ 79: 92 - 105.

The Voyage of Fionn Ma-Cuhil.

Bailitheoir: Barbara Flaherty.

Dáta: Feabhra 1933.

Aistriúchán: Pat Mullen.

[F/Ó D: Scéal 50. *Scéal Fionn Mhac Cumhaill.*]

(b) Scéalta ó Dharach Ó Direáin atá i gcló:

(7) *Béaloides* 9 (1939), 66-85.

*An Eascon Nimhe.*⁶

⁶ Leagan foilsithe den scéal a luaitear faoi (2) thuas: CBÉ 73: 254 - 260

(8) Mullen, Pat. *Irish Tales* (1938).

Luaitear i réamhrá an leabhair *Irish Tales* go raibh an Direánach ar dhuine de na scéalaithe a d'aithris scéalta don saothar ach ní luaitear cén scéal faoi leith a d'inis sé. Scéalta Béarla ar fad atá in *Irish Tales* agus is cosúil, dá bhrí sin, go ndearna Mullen aistriúchán ar an scéal a bhailigh sé ó Dharach.

(c) Ábhar taifeadta:

Tá an t-ádh ar fad linn go bhfuil cóip de chaint an Direánaigh le fáil i gCartlann RTÉ i dtairfeadadh a rinne an BBC agus RTÉ in éindí i Mí na Samhna 1949.⁷ Cé gur taifeadadh Darach ag insint scéil agus seanchais (féach tagairt Uí Chonluain thíos), níl an t-ábhar ar fad a bailíodh uaidh le fáil sa Chartlann sa lá atá inniu ann. Craoladh roinnt d'ábhar BBC/RTÉ i sraith raidió dar teideal *Ar Mo Thaisteal Dom* le hIan Lee agus is iad na téipeanna de na cláracha raidió sin atá fós le fáil i gCartlann RTÉ. Tá idir amhráin, phortaíreach, scéalta, agus dánta, a tógadh ó fhaisnéiseoirí éagsúla, ar na téipeanna agus is éard atá ann ó Dharach, cur síos ar chúrsaí díshealbhaithe mar a insíodh é don chraoltóir Proinsias Ó Conluain. Ag deireadh a chuntais ar an díshealbhú, insíonn Ó Direáin scéilín faoi fhear bocht a bhí á chaitheamh amach as a theach agus gur bheag nár thacht an fear bocht seo duine de na gardaí a bhí i láthair. Tá leagan den scéal céanna seo le fáil i mbailiúchán F/Uí D, i.e. scéal 32.

Ní féidir a thomhas a luachmhaire is atá sampla de ghlór scéalaí iomráitigh chun blas beag a fháil dá mhodh labhartha, dá stíl agus de na tréithe ar fad eile nach féidir a shamhlú ón bhfocal scríofa amháin. Rinneadh an taifeadadh áirithe seo dhá mhí sular bhásaigh an Direánach, rud a chuireann lena thábhacht agus lena luach mar áis tagartha.

Is léir go raibh cáil ar scéalaíocht Uí Dhireáin i measc bhailitheoirí an Choimisiún agus daoine nach iad. Déantar mionphlé ar an ngné seo de phearsa an scéalaí i gcaibidil a hocht thíos ach is fiú réamhbhreathnú a dhéanamh ar chúpla ceann de na tagairtí anseo chun blas beag a thabhairt ar chomhthéacs na scéalaíochta. Tugann Máire Ní Néill le fios, mar shampla, go raibh cáil ar Dharach i measc na gcúairteoirí ar shuim leo béaloideas agus go raibh urlabhairt na scéalaíochta go maith ar a chumas (CBÉ 1134: 1 - 56):

Robin Flower recorded from him. Visitors often brought to him. Speaks slowly and distinctly. Farmer and fisherman.

⁷ Féach Ní Chonghaile (2010: 131 n.)

Bhí Seosamh Ó Flannagáin, máistir scoile ar Scoil Eoghanachta, Árainn, an-ghníomhach ag bailiú agus ag seoladh an bhéaloidis áitiúil chuig an gCoimisiúin. Thug sé an t-eolas seo a leanas, maidir le modh tógtha na scéalta, ag deireadh ceann de na scéalta a bhailigh sé ó Dharach (CBÉ 73: 226 - 243):

MacDara Ó Dioráin (65) Eoghanacht a thug an scéal seo dhom Eanáir 12adh 1931. Chuala sé féin é ó shean mhnaoi de mhuintear Ó Dioráin a cailleadh tuairim deich mbliadhna ó shoin i n-aois 79 mbliadhanta. M.S. Ó Flannagáin 15/1/1931.

Anuas ar na tagairtí seo ó CBÉ, faightear roinnt eolais ar phearsa an scéalaí in áiteanna fánacha eile. Luaitear an méid seo i gcín lae Phroinsias Uí Chonluain, a foilsíodh sa leabhar *Written on the Wind: Personal Memories of Irish Radio 1026-1976*. Is ag déanamh tagartha d'ábhar BBC/RTÉ thuasluaite atá sé agus léiríonn sé a thoilteanaí is a bhí Darach a chuid scéalta a thabhairt uaidh, fiú agus é anonn go maith in aois:

I measc na ndaoine a thug muid cuairt orthu bhí Darach Ó Direáin, Eoghanacht, an t-aon seanchaí amháin den tseanghlúin atá fágtha, b'fhéidir. Níl an tsláinte go ró-mhaith ag an fhear bhocht, ach mar sin féin, thug sé dúinn go bríomhar blasta ceann dá chuid scéalta, 'An Táilliúr agus na Fathaigh', agus roinnt mhaith seanchais faoin tseantsaol: daoine a caitheadh amach as a gcuid tithe, cáin ar fhuinneoga, etc. (1976: 91).

Seo mar a dúirt an file Árainn, Máirtín Ó Direáin, i dtaobh an scéalaí: '[s]eanchaí, fear scéal agus cineál fealsamh a bhí in Darach Ó Direáin' (Ó hAnluain 2002: 62). Ar ndóigh, rinne Máirtín Ó Direáin cur síos fileata ar an scéalaí chomh maith sa dán *Do Dharach Ó Direáin*: féach caibidil a 8 agus aguisín a 5.

2.4 An Bailitheoir: Robin Flower agus a Chuaire go hÁrainn

Is mó a shamhlaítear Robin Flower le scéalta agus le seanchas an Bhlascoid Mhóir ná le Oileáin Árainn, agus is díol suntais é mar sin gur isteach go hÁrainn a chuaigh sé sa bhliain 1933 ar cheann dá chuartheanna deireanacha ar Éirinn. Tá scéal a chuairte pléite go mion ag Brian Ó Catháin ina alt faoin scannán *Oidhche Sheanchais* (Ó Catháin 2004) agus, dá bhrí sin, ní dhéanfar ach achoimre ar an scéal anseo. Is léir ó na foinsí éagsúla a bhailigh Ó Catháin go raibh Flower ar cuairt ar Robert Flaherty fad is a bhí an stiúrthóir mór le rá istigh in Árainn ag obair ar na scannáin *Man of Aran* agus *Oidhche Sheanchais*. Bhí Ó Catháin den tuairim go raibh baint ag Flower le déanamh an scannáin *Oidhche Sheanchais* mar gheall ar dhá phointe eolais faoi leith: (1) iarradh ar Flower dul go Conamara chun an scéalaí Pádraig Ó Clochartaigh a thabhairt isteach go hÁrainn, agus (2) tá

Robin Flower le feiceáil in éindí le foireann agus lucht déanta an scannáin i gceann de na grianghrafanna a glacadh i Stiúideo Ghainsborough (Ó Catháin 2004: 167). In ainneoin iarrachtaí Uí Chatháin, níor tháinig an scannán féin chun solais go dtí an bhliain 2012 nuair a rinneadh uasdátú ar chóras leabharlainne Harvard (HOLLIS). Bhí fianaise ann cheana féin gur ordaigh Ollscoil Harvard cóip den scannán sa bhliain 1934 (Ó Catháin 2004: 235, n. 146), ach má d'ordaigh féin, bhí an chosúlacht ar an scéal nach raibh fáil ar an gcóip sin a thuilleadh. Nuair a tugadh faoi uasdátú HOLLIS in 2012, tugadh faoi deara go raibh an chéad scannán a rinneadh trí mheán na Gaeilge i measc na nithe ilghnéitheacha a bhí á gcur leis an gcatálog den chéad uair (Sumner, Hillers & McKenna 2015).⁸ Luaitear Robert Flaherty, John Goldman agus Séamus Ó Duilearga i dteidil chreidiúna an scannáin (Ó h-Íde 2014: 70) ach ní hin le rá nach raibh baint neamhoifigiúil ag Robin Flower le déanamh *Oidhche Sheanchais*. Is léir ó litir a chuir Robert Flaherty chuig an Duileargach ar 21ú Bealtaine 1933 go raibh Flower ag cuidiú leis an bhFlaitheartach agus é ag iarraidh scéalaí a roghnú do phríomhpháirt an scannáin, rud a thacaíonn le fianaise Uí Chatháin thuas:

As you perhaps know, Dr. Flower is here [...]. We are beginning now to consider actively the outline for the Gaelic talkie we are to record later on in London. I have invited Judge Ford to come over from Galway; but it seems to me that the most important person to be here is yourself. [...] It is rather important to decide just who the story-teller will be. The Fairy Cobbler who told you stories when you were here, we do not think is a good enough type. [...] I think that you are the person to have the last word on this all-important point. [...] Dr. Flower, Mrs. Flaherty and myself send you all good wishes.⁹

Cibé príomhchúis a bhí le cuairt Flower ar Árainn, thapaigh sé an deis le béaloideas a bhailiú le linn a chuarite. Tá neart scríofa ar an dlúthbhaint a bhí ag Flower leis an mBlascaod agus níl sé deacair in aon chor é a shamhlú ag siúl an oileáin ó dheas nó ag suí cois tine i bhfochair Pheig Sayers nó Thomáis Uí Chriomhthain. Ba dheas pictiúir a chruthú den tréimhse ghairid a chaith sé ar an oileán thiar chomh maith agus chuige sin an dá chuntas seo thíos a léiríonn an meas agus an cion a bhí air i measc cuairteoirí agus oileánaigh araon. Seo mar a chuir Ria Mooney a cuid cuimhní i bhfriotal:

I cannot imagine a more instructive or sympathetic companion for a tramp across the island of Inishmór than Robin Flower. This big, plain, companionable Yorkshireman was a mine of information on the habits and the folklore of the islands. I often wish I'd made notes when I came back to the Kilmurvey house, but I never have been one for notes or diary-keeping. [...] It was joy for me that summer to walk through Inishmór with him. Even if I've forgotten the facts,

⁸ Taispeánadh an scannán athchóirithe den chéad uair ar an 3ú Meitheamh 2014 in Bologna, in Ollscoil Harvard i mí Feabhra 2015, agus in Árainn agus i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2015.

⁹ *Oidhche Sheanchais* Correspondence File, NFC.

I can live again the peace and relaxation I knew in that land of stones and wild flowers, while I listened to stories of the ancient ones who sojourned there, who loved and fought on that rocky ground (B & R Ó hEithir 1999: 241).

Agus ar deireadh, is tráthúil ar fad go bhfuil an cur síos seo a leanas againn ó pheann Mháirtín Uí Dhireáin agus é ag cuimhniú ar a ndúirt Darach Ó Direáin leis i dtaobh Robin Flower.

Lá amháin bhí [Darach] thoir ag inseacht scéalta do Robin Flower [...] i gceann de na hÍostáin, na ‘cottagacha’ mar a deireadh muide i gCill Mhuirbhí, [...]. Ach bhí Darach ag inseacht an scéil seo [...].

“Fear breá” [Robin Flower], a deir sé, “fear breá laethúil”, a deir sé, “agus fial fairsing. Thug sé isteach”, a deir sé, “bairille pórtair agus bhí stopallán sa mbairille”, is é sin a bhí á choinneáil, “agus bhí sé ag iarraidh é a bhearnú”, is é sin, tharraing sé amach an rud seo as, an dtuigeann tú, é a bhriseadh, mar a dearfá, nó é a oscailt. “Ach”, a deir sé, “Leá na bhFiann”, a deir sé, “ní chuirfeadh arais é. Agus ní raibh sé in ann”, a deir sé, “é a stop ar chor ar bith. Bhí an pórtair ag tíocht ach ní raibh sé in ann é a stopadh, agus bhí sé ag fáil aníos air.” Níorbh aon handyman Doctor Robin Flower ach an oiread liom fhéin. “‘Bhuel, céard a dhéanfas mé leis seo,’ a deir sé [Robin Flower], ‘a dhuine chóir’. [...] ‘Ó, imigh leat ar do ghnó féin, a dhuine uasail’, a deirimse, ‘tabharfaidh mise aire dhó sin. Bhuel’ a deir sé, “bhí báisín agam. Bhí mé ag ól, bhí mé ag ól,” a deir sé, — má b’fhíor dhó fhéin! — “Nuair a d’imigh mé siar abhaile, go dtí teach an mháistir seo thuas, an teach sin a mbíonn an máistir ina chónaí ann, chonaic mé dhá theach”, a deir sé, “ceann ar chaon taobh an bhóthair agus chonaic mé trí scoil thuas ar an aird! Chuaigh mé ar an leaba. Níor éirigh mé ar chor ar bith an lá ina dhiaidh sin”! (Ó hAnluain 2002: 63).

2.5 An tÁbhar: Bailiúchán Flower/Uí Dhireáin

Tá an t-ábhar a bhailigh Robin Flower ó Dharach Ó Direáin ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann i measc *Nachlass* Robin Flower. Is é Bo Almqvist a chéad thug le fios, i bhfoirm scríofa, go raibh an t-ábhar seo le fáil sa Chnuasach agus luann sé a thábhachtaí is atá sé go bhfoilseofaí an t-ábhar céanna (Almqvist 1998: 98-99). Tá an t-ábhar a bhaineann le hÁrainn le fáil i bhfillteán a cúig agus i bhfillteán a hocht i measc pháipéirí Flower. Tá sé mhír is caoga i mbailiúchán Árainn, scéalta a bhformhór cé is moite de cheithre cinn de phaidreacha. Scríobhadh formhór an ábhair i ndúch ach baineadh úsáid as peann luaidhe i gcás cupla scéal chomh maith. Is éard atá i bhfillteán a cúig, cóipleabhar amháin ina bhfuil dhá scéal is ceathracha agus na ceithre phaidir ann. Anuas air seo, tá scéal amháin scríofa ar thrí bhileog ar leith san fhilleán. Tá cóipleabhar agus roinnt bileogaí le fáil i bhfillteán a hocht. Tá cúig scéal úra sna bileogaí agus is éard atá sa chóipleabhar, cúig cinn de scéalta an bhailiúcháin (trí cinn as fillteán a cúig agus péire as fillteán a hocht) agus iad scríofa amach arís le roinnt eagarthóireachta déanta orthu; tugaim leagan a dó (L2) ar na scéalta seo. Ní fios an raibh sé i gceist ag Robin Flower iomlán na scéalta a scríobh amach arís, agus

eagarthóireacht dá chuid féin a dhéanamh orthu uilig. Cibé bealach, níl ach cúig scéal ann a ndearnadh an réamhobair seo orthu.

Dar le hAlmqvist, níor thug Flower aon eolas maidir le cé uaidh ar bailíodh an t-ábhar nó cén dáta ar bailíodh é ach tagann Almqvist ar an tuairim, tar éis dó fianaise áirithe a chur san áireamh, gur sa bhliain 1932 a chuaigh Flower go hÁrainn agus gurbh é Darach Ó Direáin a d'aithris formhór, nó b'fhéidir iomlán, scéalta an bhailiúcháin dó. Ina alt thuasluaite, luann Ó Catháin (2004: 164-166) roinnt tagairtí a thaispeánann gur sa bhliain 1933 a bhí Flower in Árainn.

Go tráthúil, tá leideanna sa bhailiúchán féin a chuidíonn linn réiteach a fháil ar cheist an scéalaí agus an dátú. Seo mar atá scríofa ar chlúdaigh na bhfillteán agus na gcóipleabhar sa bhailiúchán.

Fillteán 5:

1: Clúdach fhillteán a 5:

‘Ms Collection made by R.F. in Kilmurvey, Aranmore, Co. Galway. 1932 or 1933. I was there at the time. S. Ó. D. Largely illegible.’¹⁰

2: Clúdach an chóipleabhair i bhfillteán a 5:

‘These tales recorded by R. F. in Aranmore, Co. Galway. 1932 or 1933. S. Ó. D.’

Fillteán 8:

3: Clúdach a bhfuil an cóipleabhar a luaitear thíos istigh ann:

‘Folklore from Aran Islands 1933. Mss. Unpubl.’

4: Clúdach an chóipleabhair a bhfuil L2 de na scéalta ann:

‘Scéalta as Árainn, Dara Ó Direáin 1933.’

Is i bpeannaireacht Shéamuis Uí Dhuilearga a scríobhadh nótaí 1 agus 2 thuas agus is é Robin Flower féin a scríobh an t-eolas ar an dá chlúdach a luaitear faoi uimhir a 3 agus a 4 thuas. Maidir le dátú an bhailiúcháin, is léir go bhfuil éiginnteacht áirithe ann i dtaobh cén bhliain ar bailíodh na scéalta. Luann Ó Duilearga na blianta 1932 nó 1933 agus deir sé go raibh sé féin in Árainn ag an

¹⁰ Luann Almqvist é féin an tagairt seo (1998: 99). Maidir le breithiúnas an Duileargaigh i dtaobh doiléireacht an ábhair, aontaím le measúnú Almqvist a deir go bhfuil an breithiúnas seo ródhian. Is cinnte go mbaineann deacrachtaí áirithe le peannaireacht na lámhscríbhíne, agus bhí focail áirithe go hiomlán doléite don eagarthóir seo ach b'éasca, mar sin féin, dul i gcleachtadh ar pheannaireacht Flower agus formhór an ábhair a dhéanamh amach.

am. Scríobhann Flower an dáta 1933 faoi dhó sa bhailiúchán: an chéad uair ar chlúdach an chóipleabhair i bhfillteán a 8 agus tá an dáta ‘24/5/33’ scríofa taobh le teideal an scéil *Seán an Amadáin* (L2) chomh maith. An t-aon fhadhb a bhaineann leis an dá dháta seo a scríobh Flower ná go bhfaightear an péire acu sa leabhar nótaí ina bhfuil leagan a dó de na scéalta ann, agus ar ndóigh, tá dhá fhéidearthacht ann maidir le hathscríobh na scéalta: gur scríobhadh amach arís iad, gan mórán moille, agus Flower fós in Árann nó gur thug sé faoin athscríobh agus faoin eagarthóireacht ag am éigin eile, an bhliain dar gcionn fiú, agus é ar ais ar an mórthír nó ar ais i Sasana. Fiú más é an dara ceann den dá fhéidearthacht is fíor, is dóigh gur féidir glacadh leis go gcuirfeadh Flower bliain an bhailithe, agus ní bliain an athscríofa, leis an mbailiúchán.¹¹ Agus an t-eolas ar fad thuas san áireamh, mar sin, is cosúil gur sa bhliain 1933 a bailíodh scéalta an bhailiúcháin seo.

Maidir le ceist fear inste na scéalta, tá neart fianaise ann gur bhailigh Flower ábhar ó Dharach Ó Direáin agus é istigh in Árann; féach tagairtí thuasluaite Uí Néill agus Uí Dhuilearga a luaitear in Almqvist (1998: 99) agus tagairt Mháirtín Uí Dhireáin a luann, go sonrach, go raibh Darach ‘thoir ag inseacht scéalta do Robin Flower’ (Ó hAnluain 2002: 63). Sa bhailiúchán scéalta féin, ní luaitear ach ainm scéalaí amháin, .i. Dara(ch) Ó Direáin. Is é Flower a luaigh den chéad uair é mar a pléadh thuas. Anuas air seo, tugann an scéalaí a ainm féin, agus a áit chónaithe, mar chuid de líne dheiridh an scéil *Scéal Mhac Rí Éireann* (féach lch. 322 thíos):

Tháinig sí go dtí é, agus rug sí ar lámh air agus phosadar, agus bhí Darach Ó Direáin, ar an mbainis, as Eoghanacht.

Tar éis dom scéalta ar fad Uí Dhireáin a chur san áireamh, agus mionléamh agus eagarthóireacht déanta agam ar ábhar Flower/Uí Dhireáin, is cosúil ó thaobh stíle, comhréire agus cúrsaí séimeantaice gur ó bhéalaithe scéalaí amháin a tógadh iomlán scéalta an bhailiúcháin seo, is é sin an scéalaí Darach Ó Direáin.

2.6 Modh Bailithe na Scéalta

De réir mar a scríobh Bo Almqvist san alt *Bláithín agus an Béaloideas*, taifeadh ar an éideafón an t-ábhar seo a bhailigh Flower ón Direánach (Almqvist 1998: 98). Theip orm, áfach, a theacht ar aon fhianaise a chruthaíonn go ndearnadh taifeadtaí den ábhar a bhailigh Flower in Árann. Ar ndóigh, tá a fhios againn gur bhain Flower úsáid as an éideafón ón mbliain 1929 i leith agus é ag bailiú béaloidis ó dheas (Almqvist 1998: 102) agus, tar éis bhás Flower, go bhfuair Coimisiún Béaloideas

¹¹ B’in an nós a bhí ag bailitheoirí an choimisiúin bhéaloidis, ach go háirithe: ‘The collector should give his own name and address, as well as the date of recording the tale.’ (Ó Súilleabháin 1942: 555).

Éireann, mar a tugadh air ag an am, seilbh ar na taifeadtaí a bhain le Peig Sayers ach go háirithe (Almqvist & Ó Héalaí 2009: 20). Go bhfios domsa, níl taifeadadh ar bith a bhaineann le hÁrainn i measc ábhar Flower atá ar coimeád i gCBÉ.¹²

Níl aon fhianaise san ábhar féin, ach an oiread, gur trasríobhadh scéalta Uí Dhireáin ó fhormáid taifeadta. Go deimhin, ag féachaint ar a dhoiléire is atá roinnt de pheannaireacht na lámhscríbhíne, shílfeá go raibh ganntanas ama i gceist, rud a shamhlaítear le breacadh síos ábhair ó bhéalaithris scéalaí. Anuas air sin, má bhí leagan fuaimne den ábhar ag Flower, ní dóigh liom gur bhain sé úsáid as agus é ag déanamh athscríobh ar an gcúig scéal a bhfuil dhá leagan díobh ann. Tá roinnt samplaí i leagan a 2 de na scéalta ina bhfuil focal nó abairt scriosta amach agus é scríofa san áit cheart níos faide ar aghaidh sa scéal. Fianaise iad na samplaí seo, dar liom, gur bhog na súile cupla líne rófhada ar aghaidh agus Flower ag léamh an bhunleagain agus go ndeachaigh sé siar lena bhotúin a cheartú nuair a thug sé an dearmad faoi deara. Shílfeá nach dtarlódh a leithéid agus duine i mbun obair trasríofa ó ábhar taifeadta.

Chaithfí mionscrúdú a dhéanamh ar roinnt ábhair eile a bhailigh Flower ó dheas chun an cheist seo a chíoradh níos fearr. Níor mhór, mar shampla, comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir ábhar a bhreac Flower síos fad is a bhí scéalaí ag aithris dó agus ábhar a scríobh sé ó thaifeadtaí éideafóin. In eagmais taighde den chineál sin, agus ag cur cuimhní Jean Mitchell agus mo chuidse taighde ar an ábhar san áireamh, ní dóigh liom gur féidir a rá go cinnte gur taifeadadh scéalta Uí Dhireáin ar an éideafón.

2.7 Réimse agus Stíl na Scéalta

Tá idir scéalta gaisce, scéalta fiannaíochta, scéalta grinn agus scéalta cráifeachta i measc ábhair an bhailiúcháin seo. Tá roinnt bheag seanchais ann faoi shaol na ndaoine bochta — faoin díshealbhú, faoina gcineál beatha agus a leithéid — agus tá líon beag paidreacha sa chnuasach freisin. Tá scéalta faoi dhaoine saolta, faoi na daoine maithe agus faoi ainmhithe ann. Insítear faoi eachtraí draíochtúla agus faoi eachtraí tragóideacha. Dar le Bo Almqvist, scéalta iad seo atá ‘inste go sármhaith’ (Almqvist 1998: 99).

Is féidir roinnt de na scéalta a rangú faoi innéacs Aarne-Thompson, mar shampla: *Scéal G[h]ruagach na gCleas* (AT 325); *Chomh Críonna leis an Sionnach* (AT 33); *Rí na nÉan* (AT 221); *An Táilliúr* (AT 1544); Scéal 37 (AT 451) agus *Sclámhaí an Lampa* (AT 561). Faightear roinnt

¹² Tá dhá phointe eolais le cur leis seo: (1) Ní raibh Bo Almqvist in ann a rá liom cá bhfuair sé an t-eolas seo gur taifeadadh ábhar Uí Dhireáin ar éideafón ná cá mbeadh fáil ar aon thaifeadadh as Árainn. Níor éirigh linn ariamh, áfach, comhrá cuimsitheach a bheith againn ar an ábhar.

(2) De réir chuimhní Jean Mitchell, ní raibh Flower a bhí in éindí leis ar a thuras go hÁrainn, ní raibh deis taifeadta ag a hathair ar an oileán. Mo bhuíochas do Bhrian Ó Catháin as an eolas seo a roinnt liom.

mhaith móitífeanna idirnáisiúnta san ábhar chomh maith, mar shampla: D610 *Repeated Transformations* in *Scéal G[h]ruagach na gCleas*; E341 *The Grateful Dead* agus D1811.1.1 *Thumb of Knowledge* in *Scéal Fionn Mhac Cumhaill* srl.

Baintear leas as teicnící traidisiúnta na scéalaíochta go forleathan sna scéalta seo ar mhaithe le cúrsaí stíle, nó go deimhin, ar son na cuimhneolaíochta. Seo roinnt de na teicnící atá i gceist sa chnuasach: sleachta foirmleacha (S5, S6), comharthaí catha (S49), an t-athrá (S44), an réamhathris ar eachtraí a tharlós amach anseo sa scéal (S6, S49) agus úsáid na huimhreach trí (S6). Seasann an Direánach taobh amuigh dá ról mar scéalaí anseo is ansiúd nuair a thugann sé a chuid tuairimí féin ar ráitéas nó nuair a thugann sé breis eolais faoi ní nó eachtra sa scéal.¹³ Tá cúpla sampla ann de dhán nó d'amhrán á aithris ag carachta(i)r sa scéal, féach *Scéal T[h]ráithnín an Áidh*, *Scéal 40* agus *An tIascaire*. Tarlaíonn athrú aimsire, ón Aimsir Chaite go dtí an Aimsir Láithreach,¹⁴ i lár scéil scaití agus i gcás an scéil *Fear na Féasóige Fada*, athraíonn pearsa an phríomhcharachtair ón gcéad phearsa uatha go dtí an tríú pearsa uatha firinscneach tuairim is leath bealaigh tríd an scéal. Tá neart teicnící agus cleasanna eile i scéalaíocht an Direánaigh a chuireann le héifeacht agus le bríomhaireacht an scéil agus a léiríonn a ard-chumas i gceird na scéalaíochta.¹⁵

Déantar leagan cóirithe den bhailiúchán iomlán a sholáthar i gcaibidil a cúig. Sula dtiocfar air sin, áfach, níor mhór an modh eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm ar an mbunábhar a léiriú agus sin atá mar ábhar ag caibidil a trí thíos.

¹³ Féach deireadh S51 agus na samplaí a luaitear faoi alt 3.2 thíos.

¹⁴ Is nós coitianta é seo sa scéalaíocht, féach Ó Ceannabháin (2000: 19).

¹⁵ Déantar plé ar an scéalaí mar ealaíontóir cruthaitheach, agus ar an gcaidreamh idir é féin agus an lucht éisteachta, san anailís i gcaibidil a 8 thíos.

Caibidil a 3 — An Modh Eagarthóireachta

3.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléitear an cóiriú a rinneadh ar bhuntéacs na lámhscríbhinne. Cuireadh leasuithe áirithe i bhfeidhm ar an mbunábhar sa chaoi is go bhféadfaí téacs a chur ar fáil a bheadh soléite don ghnáthléitheoir Gaeilge. Ag an am céanna, táthar ag iarraidh a bheith dílis do chaint agus do chanúint an scéalaí agus gan leasuithe iomarcacha a dhéanamh ar an téacs. Tugtar foirm na lámhscríbhinne ar thaobh na láimhe clé de na saigheada thíos agus an leagan atá á chur ar fáil anseo ar thaobh na láimhe deise. Seo a leanas príomhphointí an mhodha eagarthóireachta:

3.2 An Leagan Amach

Fágadh ord na scéalta mar atá sé le fáil sa lámhscríbhinn, seachas i gcás na gcúig scéal a bhfuil an dá leagan díobh sa bhailiúchán; measadh gur fearr na cúig scéal sin a phlé in éindí ag deireadh an bhailiúcháin, féach alt 3.3.

Níor cuireadh teideal ar scéal mura raibh sé le fáil sa bhunleagan ach tugtar eolas breise faoi mhír ar bith atá gan teideal in innéacs na scéalta ag tús chaibidil a 5. Ba ghá leasú beag a dhéanamh ar uimhriú na míreanna toisc dhá leagan a bheith ag roinnt de na scéalta ach tugtar bunuimhriú na lámhscríbhinne mar fhonótaí ar na scéalta.

Ní dhearnadh ach cupla leasú ar leagan amach na bparagraf le nach gcuirfí isteach ar shruth nádúrtha na scéalaíochta.

Cuireadh isteach poncaíocht nuair ba ghá, m.sh. lánstaid, camóga agus comharthaí ceiste, agus i gcás na cainte díri, tosaíodh líne nua gach uair a raibh cainteoir difriúil i gceist.

Nuair a síleadh go raibh an scéalaí ag caint go sonrach le Robin Flower, agus nach cuid den scéal an píosa cainte, cuireadh an chaint sin idir lúibíní: *Bhí sé ag tóigeál marc ar an bpota chomh maith agus 'b fhéidir leis. (Bhí na simléir insa[n] am sin níos fairsinge ná atá siad anois.)* (258); *é sin a thriomú leis an ngrian, é a chardáil leis an gcarla (ach níl na carlaí sin ar chor ar bith anois ann), agus déanfaidh tú trí gheansaí dhe sin le cur orainn ...* (262); *treabhsar breá ceanneasna — (an chéad chuide den bhréidín) — a choinneos uaim an fuacht ...* (277).

Eisceacht: sa phaidir ‘An Chré’ soláthraíodh caint an scéalaí san fhonóta seachas i dtéacs an scéil: *An Chré* (fn. = Ls.: *An Chré ~~ansin~~ na dhia sin*) (237).

3.3 Scéalta 47 - 51: An Dá Leagan

Luaitear i gcaibidil a 2 go bhfuil cúig cinn de scéalta an bhailiúcháin a bhfuil dhá leagan díobh ann; tugtar L1 agus L2 ar an dá leagan éagsúla anseo. Tá an leagan atá á chur ar fáil sa tráchtas seo bunaithe ar L1 na lámhscríbhíne, i.e. an leagan nach ndearna Robin Flower aon eagarthóireacht air. Tá cupla cás ann, áfach, inar bhain níos mó céille le L2; sna cásanna sin, baineadh úsáid as L2 sa téacs agus tugadh an dá leagan san fhonóta ag míniú gur fearr a d'fheil L2 don chomhthéacs sa chás áirithe sin. Réitíonn an cur chuige seo leis na samplaí a phléitear thíos faoi alt 3.8.6 'Sciarradh Pinn'.

Léirítear aon mhórleasú a rinne Flower i bhfonótaí na scéalta ach bheadh sé iomarcach, dar liom, gach aon leasú a chur ar fáil, go mór mór i gcás na leasuithe bunúsacha. Ní thugtar, dá bhrí sin, samplaí den chineál seo sna fonótaí: L1: *mor* → L2: *mór*; L1: *anis* → L2: *anois* srl. Tugtar gach leasú a bhaineann le cúrsaí foghraíochta, deilbhíochta agus séimeantaice agus pléitear na samplaí sin faoi na teidil ábhartha sa chaibidil seo agus sa phlé ar an teanga i gcaibidil a 4.

3.4 Peannaireacht na Lámhscríbhíne

Baineann doiléireacht áirithe le peannaireacht na lámhscríbhíne, rud a chiallaíonn go bhféadfadh níos mó ná míniúchán amháin a bheith i gceist ar shamplaí áirithe. Ba dheacair, mar shampla, idirdhealú a dhéanamh idir na litreacha *bh* agus *th*; *c* agus *e*; *l* agus *t*; *n(n)* agus *m*; *n* agus *s*; *r* agus *s*; agus *n* agus *r*.¹⁶ I gcás fhormhór na samplaí, níor fheil ach ceann de na litreacha ó thaobh céille de, agus i gcásanna eile, roghnaíodh an focal ab fharr a d'fheil ó thaobh an chomhthéacs de, m.sh.: *leathar* → *leabhar*; *ciscán* → *ciseán*; *ceillín* → *cei[r]tlín*; *go fáilliúil* → *go fáiltiúil*; *foluinn* → *foghlaim*; *má fhéadain* → *má fhéadaim* srl.

Is minic a bhaintear úsáid as eireaball ag deireadh focal sa lámhscríbhinn ionas nárbh fhéidir na litreacha a dhéanamh amach in aon chor. I gcás a bhformhór, tagann an focal céanna aníos níos luaithe nó níos faide ar aghaidh sa scéal, agus ba léir ón gcomhthéacs cén focal a bhí i gceist, m.sh.: *C~~~a* → *Conamara*; *d~~* → *dinnéar*; *ger~~* → *gearrán*; *Sha~a* → *Shasana*; *thai~~* → *tháinig*; srl.

Tagann roinnt mhaith focal doiléir aníos go han-mhínic sa bhunleagan agus rinneadh na leasuithe seo a leanas orthu: *ais / ai~* → *anois*; *a~* → *am*, *agam* nó *ann*; *aria~* → *ariamh*; *~se* → *a deir sé*; *d~e / du~~ / d~~* → *duine*; *go ce~* → *go ceann*; *nu~* → *nuair* srl.

I gcás líon beag samplaí, bíonn líne nó línte in áit an fhocail. Nuair ba léir céard ba cheart a bheith ann ó thaobh comhthéacs na habairte, cuireadh na focail isteach idir lúibíní cearnógacha: m.sh. *sin é scéal [na ngréasaíochai]*. Nuair nár léir cén focal ba cheart a bheith ann, baineadh úsáid

¹⁶ Pléitear na samplaí a bhaineann le *n* agus *r* in alt 3.11.1.2 thíos.

as an nod ‘...’ idir na lúibíní cearnógacha agus scríobhadh fonóta ag míniú go mbaineann doiléireacht leis an bhfocal úd: m.sh. *ní raibh [...] ar bith sa domhan aige* + fonóta (Ls.: Focal doiléir: *c~*) (256).

Nuair a bhain doiléireacht le litreacha faoi leith san fhocal, soláthraíodh an bunleagan mar fhonóta agus cuireadh dath liath ar na litreacha doiléire: *trí shaghas tuibín* (fn. = Ls.: *trí shaghas tubin*) (199); *a chladhaire* (Ls.: *a chladhuire*) (226); *ag faeiléireacht* (Ls.: *farilírach*) (186) srl.

Uaireanta sa lámhscríbhinn, tugtar eolas breise idir lúibíní nó mar fhorscript os cionn focail. Is cosúil go ndéantar é seo: (a) nuair a fágadh focal ar lár; (b) nuair atáthar ag iarraidh cúrsaí foghraíochta a léiriú nó (c) nuair atá míniú á thabhairt ar fhocal nó ar fhrása áirithe. Seo a leanas mar a dhéantar eagarthóireacht ar na samplaí éagsúla sna haicmí thuas:

(a) Soláthraíodh na focail a fágadh ar lár, m.sh.: *Choinic mé mart dhá ithe uileag, ’un a aobha* (Ls.: *dhá í ^{^nuiliug} i n-aobha*) (265); *D’imigh-, away leo, ag tíocht go Gaillimh* (Ls.: *D’imi ^{^away} lob*) (210).

(b) Cuireadh na samplaí foghraíochta san áireamh san anailís ar an teanga agus leanadh an cur chuige a leagtar amach sa chaibidil sin, m.sh.: *mar is dóigh* (Ls.: *mar is doiche ^{^dói}*) (228) (féach alt 3.11.1.5.7); *Níor ghlaodar aon ainm ariamh ar a chéile nach ‘a dheartháir’* (Ls.: *ach ^{^nach}*) (239) (féach alt 4.9.3).

(c) Nuair a tugadh míniúchán ar fhocal idir lúibíní nó mar fhorscript, soláthraíodh an t-eolas breise sin sna fonótaí, m.sh.: *nach mór an lear é sin atá insithe agam duit anois* (Ls.: *nach mór an lear ^{^lán} é sin*) (243); *ag storrán Pholl na bPéiste* (Ls. L1: *ag storán* pholl na bpéiste *(carraig)*) (330); *crúsca de bhuilín* (Ls. L1: *cnúsca* go bhuillín *(crust)*) (332).

Nuair nár léir cé acu míniú ar bhrí focail nó cuid den scéal a bhí san fhorscript, cuireadh na focail bhreise isteach mar chuid den scéal, m.sh.: *tá siad an-laethúil — suáilceach — cainteoirí breá iad* (Ls.: *tá siad an laeúil ^{^suáilceach}*) (270); *bhí na sciatháin a bhí ar na héanachaí leagthaí suas — crochta suas — ar an mballa* (Ls.: *leacaí suas ^{^crochta suas} ar an mala ^{^mballa}*) (262); *Thosadarsan — siadsan — ag gáirí.* (Ls.: *Thosa dar son ^{^siad son} ag gáirí*) (202).

3.5 Na hAthrúithe Tosaigh

I gcásanna áirithe, soláthraíodh athrúithe tosaigh a bhí in easnamh i mbunábhar na lámhscríbhinne. Cuireadh na leasuithe cuí i bhfeidhm nuair ba léir gur sciarradh pinn a bhí i gceist. Nuair a bhí fianaise ann go bhfuil, nó go raibh, a leithéid de thréith le fáil sa chanúint, ní dhearnadh aon leasú ar an bhfocal ach amháin sa chás go raibh dhá leagan éagsúla le fáil sa lámhscríbhinn, ceann leis an athrú tosaigh i bhfeidhm agus ceann eile gan an t-athrú. Sa chás sin, beartaíodh an leasú cuí a

sholáthar ar mhaithe le leanúnachas, m.sh. séimhiú ar an litir *f* sna samplaí *an-fhiáin* agus *an-f[h]iáin* srl. Baineadh leas as lúibíní cearnógacha do na hathruithe tosaigh. Seo a leanas achoimre ar na leasuithe tosaigh a soláthraíodh sa leagan seo; déantar mionphlé orthu sna hailt 4.2.8 agus 4.8.

Cuireadh séimhiú isteach sna cásanna seo a leanas: ar an ainmfhocal a leanann uimhir, réamhfhocal nó aidiacht shealbhach; i ndiaidh na bhfocal *aon* agus *chuile* agus ar an uimhir *dhá*; m.sh.: *chúig d[h]abhach; ar b[h]ád; mo c[h]laimhe; aon f[h]oras; chuile t[h]ráthnóna; d[h]á uair* srl. Cuireadh an séimhiú isteach i gcás an tuisil ghinidigh sna samplaí a phléitear in ailt 4.8.1.3.1 agus 4.8.1.3.2, m.sh.: *Scéal G[h]ruagach na gCleas; fear an f[h]uisce; scairt g[h]áirí* srl.

Soláthraíodh séimhiú ar an aidiacht ar lorg an ainmfhocail, na copaile agus na réimire treise *an-*: *léim b[h]eag b[h]ídeach; culaith b[h]reá éadaigh; níorbh f[h]ada; an-b[h]inn; an-f[h]ada* srl.

Soláthraíodh séimhiú ar an mbriathar nuair a fágadh ar lár é: *a c[h]eannaigh; b[h]einn; a d[h]éanfadh* srl. Níor cuireadh isteach an séimhiú i gcás an tsaorbhriathair mar gheall go bhfuil bunús stairiúil leis an ngnás áirithe sin.

Soláthraíodh an t-urú ar an ainmfhocal i gcás na samplaí seo: *ag an [g]cloigeann; faoin [g]cleas*, agus ar an mbriathar sna cásanna seo a leanas: *go [n-]imeodh; a [n-]íosfaidh; nach [bh]fuil*.

Níor soláthraíodh na réamhlitreacha *t* ná *h* mura raibh siad le fáil sa bhunleagan.

3.6 An Deilbhíocht

Áit ar bith a ndearnadh leasú ar an deilbhíocht, cuireadh an leasú idir lúibíní cearnógacha lena léiriú nach raibh sé le fáil sa bhunleagan, m.sh.: *leagfaidh muid uirthi a[r] láimh; insa[n] áit; Cén chaoi a[r] chuir tú síos iad; 'Ní iarrfaidh mé tada,' a déarf[faidh] tusa*, srl.

Ní dhearnadh leasú ar thuiséal ginideach an ainmfhocail cé is moite de na hathruithe tosaigh a soláthraíodh idir lúibíní cearnógacha agus i gcás na samplaí seo a leanas: *tháinig mac an duine uasa[i]l; Bíodh agat cei[r]tlín sná[tha], cuir i bhfostú ceann an tsná[tha] ina cóta; scéal Chamán na Lua[tha]; ar Chamán na Luath[a]*. Pléitear na leaganacha seo in alt 4.3.4.3.

Níor leasaíodh deireadh an ainmfhocail, i gcás sampla ar bith eile, fiú nuair a d'fhéadfadh bá a bheith i gceist: *an méad dochtúireacht a bhí aige; cluas éisteacht air; go ceann seachtain 'na dhiaidh sin; mac an mháistreás a chuaigh* srl.

3.7 Focail atá in easnamh sa Lámhscríbhinn

Ba ghá, i gcásanna áirithe, focal a chur isteach sa téacs chun go bhféadfaí ciall a bhaint as an abairt; soláthraíodh na focail bhreise idir lúibíní cearnógacha. Níor cuireadh isteach forainm atá in easnamh i ndiaidh an bhriathair agus pléitear an nós canúna sin in alt 4.6.5.

Seo a leanas roinnt de na samplaí atá i gceist: *agus tá rud éicineacht eile insa loch nach bhfuil ceart agus ní ligfeadh an faitíos d’aonduine a dhul ann, agus feiceamuid [a] cosúlacht corrlá, agus tá muid ag ceapadh gur eascann nimhe atá ann; tá siad an-lag agus [cé] go bhfuil siad chomh luath leis an sionnach, mar tá an bia éadrom, níl an bhri ann leis an spreacadh a chur iontu; D’éirigh agus bhreathnaigh siad air agus dúirt siad gur liamhán [é]; “Céard [é] an chaoi a chuirfidh mé ’un báis iad?” a deir sí; “Téirigh amach agus ceannaigh [roinnt] de na tithe sin amuigh agus mise i mbannaí nach dtiúrfaidh an Dónall dubh uait aon cheann díobh sin.” srl.*

3.8 Ortagrafaíocht na Lámhscríbhíne

San alt seo, pléitear na bunleasuithe a rinneadh ar litriú na lámhscríbhíne; déantar plé ar na leasuithe a bhaineann leis an litriú foghraíochta in alt 3.11 thíos. Eiseamláir de shamplaí na lámhscríbhíne atá i gceist i gcás fhormhór na liostaí samplaí sa chaibidil seo. I gcás roinnt mhaith de na samplaí, faightear leagan an chaighdeáin sa lámhscríbhinn anuas ar na leaganacha a phléitear thíos.

3.8.1 Sínte Fada Fágtha ar lár

Soláthraíodh sínte fada a fágadh ar lár:

A [intr.] → Á; a [FGB á¹] → á; ait → áit; ar [FGB ár³] → ár; areir → aréir; arist → aríst; ata → atá; beagan → beagán; bhí → bhí; cacai → cácaí; ce → cé; clai → clai; clumhach → clúmhach; da [FGB dá^{2,3,4}] → dá; De Sathairn → Dé Sathairn; go ndeanfai → go ndéanfai; dha [FGB dá^{2,3,5}] → dhá; duirt → dúirt; e [for., 3.p.u., fir.] → é; ean → éan; eisteacht → éisteacht; fado → fadó; fail → fáil; fhein → fhéin; i [for., 3.p.u., bain.] → í; la → lá; lei → léi; lionta → líonta; me [for., 1.p.u.] → mé; moran → mórán; na [FGB ná^{1,3,4,7}] → ná; naisiun → náisiún; ni → ní; o [FGB ó^{4,5,6}] → ó; ol → ól; pe → pé; se [for., 3.p.u., fir.] → sé; seasúr / séasur → séasúr; shil → shíl; si [for., 3.p.u., bain.] → sí; siúrailte → siúráilte; thainig → tháinig; triobloid → trioblóid; triu / triú → tríú; tu [for., 2.p.u.] → tú; a dtugaidis → a dtugaidís.

3.8.2 Sínte Fada Iomarcacha

Baineadh amach na sínte fada iomarcacha a fhaightear sa bhunleagan. Sa chás go mbaineann síneadh fada breise le foghraíocht na canúna, áfach, pléitear na samplaí sin faoi alt 3.11 thíos.

ágam → agam; bá [an chopail] → ba; beó → beo; cáilín → cailín; a chúr → a chur; craiceann → craiceann; cuinneóg → cuinneog; deó → deo; deóir → deoir; dhuit → dhuit; fán → fan; feola → feola; fliúch → fliuch; glán → glan; gleó → gleo; inniú → inniu; lé [réamh.] → le; leaíd → leaid;

liamhán → *liamhán*; *nách* → *nach*; *náprun* → *naprún*; *órd* → *ord*; *poínte* → *poilnte*; *saochán céille* → *saochan céille*; *seá* → *sea*; *seómra* → *seomra*; *sheól* → *sheol*; *siúl* → *siúl*; *siúráilté* → *siúráilte*; *táda* → *tada*; *té* → *te*; *tharla* → *tharla*; *trioblóid* → *trioblóid*; *úrlár* → *urlár*.

3.8.3 Fleiscíní Iomarcacha agus Fleiscíní Fágtha ar lár

Díbríodh fleiscíní iomarcacha agus soláthraíadh fleiscíní a fágadh ar lár:

go hanchuthail → *go han-chúthail*; *an fhaitios* → *an-fhaitíos*; *anláidir* → *an-láidir*; *an t-seanbhean* → *an tseanbhean*; *droch-aimsear* → *drochaimsir*.

3.8.4 Noda na Lámhscríbhinne

Scaoileadh noda na lámhscríbhinne tríd síos; ba léir ón gcomhthéacs céard iad na leagain scaoilte a bhí i gceist i ngach cás. Má bhí ceist faoi dheilbhíocht na foirme scaoilte, cuireadh isteach an leagan ba choitianta sa lámhscríbhinn agus tugtar an bunleagan i bhfonóta sa téacs féin, m.sh.: *a Sh.* → *a Sheáin* (+ fn. = *a Sh.*). Uaireanta faightear ponc i ndiaidh an noid sa bhunleagan:

abhl → *abhaile*; *ad.* → *a deir*; *d f. na f. f.* → *a deir fear na féasóige fada*; *agha* → *aghaidh*; *aif / aifr* → *aifreann*; *an b.* → *an bhean*; *an b. / buch.* → *an buachaill*; *an challch / chilech* → *an chailleach*; *an d. u.* → *an duine uasal*; *an t o h* → *an taobh ó thuaidh*; *an sf.* → *an seanfhear*; *a Sh.* → *a Sheáin*; *c* → *caiptín*; *ch / cho* → *chomh*; *comhle* → *comhairle*; *D. / Domhn* → *Domhnach*; *D / Dom* → *Domhnaigh*; *d.* → *dúirt*; *E* → *Éireann*; *faige* → *farraige*; *f an ts* → *fear an tsiopa*; *an f. b.* → *an fear bocht*; *fe. na c.* → *fear na caoireola*; *fer* → *fearr*; *f no t* → *feoil nó troid*; *fh* → *fhéin*; *grin* → *gasúirín*; *go c. t.* → *go ceann tamaill*; *H. R.* → *Home Rule*; *go hlf.* → *go hlfreann*; *l* → *leaba*; *ls / les / lis* → *leis*; *m* → *mo*; *nr / nur* → *nuair*; *ob.* → *obair*; *s / sag* → *sagart*; *sg* → *scoil*; *sg* → *scoláire*; *t / taillr* → *táilliúr*; *thing / tháng* → *tháinig*.

Baintear úsáid as túslitreacha, go minic, i gcás ainmneacha baiste agus sloinnteach agus i gcás ainmneacha carachtar go ginearálta, m.sh.: *Al.* → *Aladdin*; *D. M.* → *Diarmuid Mór*; *an E B* → *an Eala Bhán*; *an tE* → *an tÉireannach*; *an f m* → *an fear mór*; *f. na f. f.* → *fear na féasóige fada*; *F* → *Fionn*; *F. M. C.* → *Fionn Mac Cumhaill*; *an G d* → *an Gabha Dubh*; *grin gg* → *Gasúirín Gearr Glas*; *G / gr.* → *Gruagach*; *L. N.* → *Lord Néill*; *M.* → *Micilín*; *PM* → *Paits Mór*; *S.* → *Seán*; *S. O. L.* → *Séamas Ó Leagha*; *sfg* → *seanfhear glic*.

3.8.5 Ceannlitreacha agus Mionlitreacha a leasú

Leasaíodh na ceannlitreacha agus na mionlitreacha nuair ba ghá:

I mBaile ath an Rí → *i mBaile Átha an Rí*; *ar bhar na hAille* → *ar bharr na haille*; *Rí* → *rí*.

3.8.6 Sciorradh Pinn

Nuair a measadh gur sciorradh pinn ba chúis le samplaí áirithe, rinneadh an leasú cuí orthu sa téacs agus soláthraíodh an bunleagan mar fhonóta: *gur éirigh na gasúir suas láidir ina bhfir* (Ls.: *gasúr*); *b'éigin do na créatúir imeacht ar siúl* (Ls.: *créatúr*); *rug an deirfiúr bhocht ar na sciatháin* (Ls.: *sgiathán*); *is í an t-eallach a bhí aige, capaill* (Ls.: *capall*); *insa gCeathrúin Rua* (Ls.: *insa gCearún Rua*); *go gcasfaidh tú an ceann díobh* (Ls.: *díot*) srl.

3.8.7 Focail Bhéarla

Cuireadh cló iodálach ar fhocail Bhéarla na lámhscríbhíne:

actáil; Africa; ball; aon bhar; batháil; bell; a bhít moille; blaze; boiler; counter; coverálfaidh; diamond; drilleáil; fashion; found; gimme my money; hello; Home Rule; jar; job; jug; jumpáil; lesson; Lord; an mhíneáil; mug; panic; poorhouse; power; pull; ragannaí; scarf; setáilte; stirabout; tincan; trifle; tryáilfidh; tumbler; turn; well.

Cuireadh litriú Béarla ar na samplaí Gaelaithe seo a leanas: *bhairs / waits* → *watch; waitseannaí* → *watcheannaí*. Fágadh litriú na lámhscríbhíne ar na samplaí seo: *muigin; stróca* ('stroke' an Bhéarla). Cuireadh litriú Gaeilge ar na focail seo a leanas toisc an dá leagan, ceann an Bhéarla agus ceann na Gaeilge, a bheith sna scéalta: *lad* [2^x] → *leaid* [6^x]; *sprea* [3^x] → *spraoid* [3^x].

3.8.8 Seanlitriú

Leasaíodh an seanlitriú go dtí litriú an lae inniu:

acht → *ach*; *andear* → *aneas*; *athmháil* → *aiféal*; *annró* → *anró*; *annseo* → *anseo*; *oscailí* → *ascaillí*; *go mbeanui* → *go mbeannaí*; *a bheidheas* → *a bheas*; ¹⁷ *beithidheach* → *beithíoch*; *ceal beothais* → *ceal beodhais*; *breagh* → *breá*; *claidhe* → *clá*; *cnuic* → *cnoic*; *comhnuí / cónuí* → *cónaí*; *condae* → *contae*; *corruí* → *corraí*; *cubhar* → *cúr*; *diabhallta* → *diabhalta*; *dubhán* → *duán*; *ealadhan* → *ealáin*; *feadh* → *feá*; *fiadháin* → *fiáin*; *i bhfalach* → *i bhfolach*; *i bhfastú* → *i bhfostú*; *furusta* → *furasta*; *gaduí* → *gadaí*; *iasg* → *iasc*; *eidir* → *idir*; *indiu* → *inniu*; *insan*¹⁸ *mbád* → *insa mbád*; *un trust* → *iontrust*; *laghach* → *lách*; *luighead* → *laghad*; *léumh* → *léamh*; *leigean* → *ligean*; *leitir* → *litir*; *luaigheacht* → *luaíocht*; *luathas* → *luas*; *luigh / luighe* → *luí*; *mairtfheoil* → *mairteoil*; *Marcus* → *Marcas*; *meabhruíocht* → *meabhraíocht*; *puirt* → *poirt*; *praidhinn* → *práinn*; *reilig* → *reilic*; *sáthach* → *sách*; *scufánta* → *scafánta*; *sgéal / sceul* → *scéal*; *sclábhuí* →

¹⁷ *bheas* [20^x +]; *bheidheas* [2^x]. Tugtar an bhunfhoirm san fhonóta i gcás an dá shampla den leagan *bheidheas*.

¹⁸ Ní dhearnadh aon leasú ar an leagan seo roimh ghuta nó roimh *fh* + guta.

sclábhaí; ní shuidheadh → ní shuífeadh; soillse → soilse; solus → solas; spaisdéarach → spaisteoireacht; taidhbhse → taibhse; teasbainiú → taispeánadh; ní théighean → ní théann; tháinic → tháinig; shíos → thíos; shuir → thoir; uathfás → uafás.

3.8.9 Dealú na bhFocal

Rinneadh leasuithe ar dhealú na bhfocal nuair ba ghá:

acab son → acusan; agai-se → agaibhse; im agha → i m'aghaidh; i n-áit → in áit; i n-an → in ann; an sin → ansin; aonbhlas → aon bhlas;¹⁹ aonmhac → aon mhac; ar bea → arb ea; ca'fhad → cá fhad; cé an → cén; ch uile → chuile; chún's / chún (i)s → chúns; adeir → a deir; faoi 'n / faoi an → faoin; faoi ndomhan → faoin domhan; sé → is é; sérd → is éard; faoi na → faoina; gur bé → gurb é; gur b'ea → gurb ea; gur bhfear → gurbh fhearr; i naon → in aon; i n-éindí → in éindí; i n-Éirinn → in Éirinn; lá'n na mháireach / lárnamháireach / lar na mharach → lá arna mháireach; lem ais → le m'ais; le n'ais → lena ais; lem athair → le m'athair; le na → lena; má sé / máse → más é; másea / maisea → más ea; nib fhearr → ní b'fhearr; ódheas → ó dheas; ó an → ón; o n-a → óna; orab son → orthusan; (s)iad son → (s)iadsan.

3.9 Na Consain

3.9.1 Consain Chaola agus Leathana

Rinneadh na consain a scríobh caol nó leathan de réir litriú an chaighdeáin ach amháin sa chás gur foirm aitheanta canúna atá i gceist: *amáireach, láimh, cois, ordóig, tóigeál, feiceál* srl.; pléitear na leaganacha seo sna hailt 3.12.1.1 agus 4.3.4.2.5.

3.9.1.1 Consain Leathana na Lámhscríbhíne a dhéanamh Caol

amhan → amháin; athar [TT u.] → athair; a bhathis → a bhaithis; bhrath → bhraith; bualadh [SB AC] → buaileadh; caideas → caidéis; Catailiceach → Caitiliceach; cathan → caitheann; ceangal [br. MO] → ceangail; anchruinnéal → an-chruinneáil; chumil → chuimil; chur [br. AC] → chuir;²⁰ Dé Luan → Dé Luain; domhan ['deep'] → domhain; dúirt → dúirt; énacht → éineacht; feachant → féachaint; fhén → fhéin; fiacal [TA u.] → fiacail; fuar [br. AC] → fuair; labhar →

¹⁹ Ní scartar na leaganacha *aonduine* ná *chaonduine*. Féach alt 3.11.1.3.1.

²⁰ Ní dhéantar plé ar litriú na mbriathra (AC) *cuir, dúirt, fuair, shiúil* agus *labhair* faoi chúrsaí foghraíochta thíos toisc nach bhfuil aon bhaint ag *sandhi* le litriú na ndeirí leathana. Féach, mar shampla, *chur sí/sé* [12^x]; *chuir sí/sé* [50^x +]; *chuir tú* [1^x]; *dúirt sí/sé* [15^x]; *dúirt sí/sé* [50^x +]; *dúirt tú* [1^x]; *fuair sí/sé* [6^x]; *fuair sí/sé* [30^x +]; *shiúil sí/sé* [8^x]; *labhar sí/sé* [4^x]; *labhair sí/sé* [15^x]; *labhair tusa* [1^x].

labhair; *láthrach* → *láithreach*; *lom* → *liom*; *luath* → *luaith*; *marnelach* → *mairnéalach*; *mastir* → *máistir*; *math* → *maith*; *matha* [aid., iol.] → *maithe*; *máthar* [TA u. / TT u.] → *máthair*; *ar mhunéal* → *ar mhuinéal*; *nuar* → *nuair*; *páste* → *páiste*; *rabh* → *raibh*; *romhe* → *roimhe*; *ruane* → *ruainne*; *sgart* → *scairt*; *insa tseanamsir* → *insa tseanaimsir*; *siúl* [br. MO] → *siúil*; *shiúl* [br. AC] → *shiúil*; *ag steipearach* → *ag steipéireacht*; *go dtáing* → *go dtáinig*; *thanig* → *tháinig*; *tomálann* → *tiomáileann*; *tuarisc* → *tuirisc*; *turseach* → *tuirseach*; *uam* → *uaim*; *uasle* → *uaisle*; *uar* → *uair*.

3.9.1.2 Consain Chaola na Lámhscríbhíne a dhéanamh Leathan

air [réamh. simplí] → *ar*; *anis* / *anís* → *aníos*; *bainrion* → *banríon*;²¹ *fairge* → *farraige*; *liamhin* [TA u.] → *liamhán*; *meachain* [TA u.] → *meáchan*; *sóirt* → *sórt*.

3.9.2 Consain a fágadh ar lár, agus gan Bá a bheith i gceist, a sholáthar

Fágadh consain ar lár i gcás roinnt samplaí. Consain dhúbáilte atá i gceist i gcás samplaí áirithe, m.sh. *ll*; *nn*; *rr*, agus ní dhearnadh ach an consan a fágadh ar lár a chur isteach sna cásanna sin, féach aicme (a) thíos. Más consan eile, nach ceann de chonsain dhúbáilte atá i gceist, soláthraíodh an consan sin idir lúbíní cearnógacha mar a léirítear in aicme (b):

(a) *ail* / *áil* → *aill*; *an* → *ann*; *baine* → *bainne*; *buachalí* → *buachaillí*; *buile* → *buille*; *caraig* → *carraig*; *cean* → *ceann*; *cin* → *cinn*; *cíon* → *cionn*; *faraige* → *farraige*; *foileach* → *fóilleach*; *gear* → *gearr*; *roint* → *roinnt*; *tamal* → *tamall*.

(b) *beit* → *bei[r]t*; *cead* → *céa[r]d*; *ceitlín* → *cei[r]tlín*; *ina chatin* → *ina chai[p]tín*; *an-cneasta* → *an-ch[n]easta*; *cuait* → *cuai[r]t*; *dhoiteadar* → *dhoi[r]teadar*; *dút* / *dúit* → *dú[ir]t*, *dú[i]r]t*; *dhuite* → *dhuit[s]e*; *an sgoilair* i *fearr* → *an scoláire i[s] fearr*; *labhadar* → *labh[r]adar*; *laga* → *laga[r]*; *lasachai* / *lásachai* → *las[r]achai*; *ma* → *ma[r]*; *aonmheabha* → *aon mheabha[ir]*; *ó sheachin* → *ó sheach[t]ain*; *tintiúchai* → *tint[r]iúchai*.

3.9.3 Consain Iomarcacha

Ruaigeadh consain iomarcacha:

braithliní → *braillíní*; *buillín* → *builín*; *Connamara* → *Conamara*; *d'innis* → *d'inis*; *i ndán* → *in ann*; *thobair* → *hobair*; *mille* → *míle*; *muicfeola* → *muiceola*; *snúdar* → *snúda*; *shiunbra* (L1); *seombra* (L2) → *seomra*;²² *soithigh* [t.a. iol.] → *soithí*; *teastnian* → *teastaíonn*; *tréinne* → *tréine*.

²¹ Níl ach dhá shampla den fhocal seo sna scéalta, ceann acu leathan (*leis an mbanríon*) agus an ceann caol thuas (*an bhainríon*). Cloíodh leis an leagan ab fhearr a réitíonn leis an CO anseo.

²² Cé gur ón bhfocal Fraincise ‘chambre’ a tháinig an focal ‘seomra’, níl aon fhianaise sna foinsí thuasluaite go mbionn an fuaimniú *seombra* ar an bhfocal sa Ghaeilge.

3.9.4 Consain nach bhfuaimnítear sa Chaint

Soláthraíodh consain nach bhfuaimnítear sa chaint:

ar an mala → *ar an mballa*; *bhuil* → *an bhfuil*; *a chola* → *a chodladh*; *d'an* → *d'fhan*; *héin* → *fhéin*; *go dí* → *go dtí*; *i n-án* → *i ndán*; *go ma* → *go mba*; *tharaint* → *tharraingt*; *hímpeal* → *thimpeall*.

3.10 Na Gutaí

3.10.1 Gutaí, nach Gutaí Báite iad, a sholáthar

Cinneadh na gutaí sna samplaí seo a leanas (a) a sholáthar, (b) a réaladh leis an gcomhartha ' idir dhá chonsan, nó (c) a sholáthar idir lúibíní cearnógacha, nuair is siolla deireanach an ainmfhocail atá i gceist:

(a) *achir* [TG] → *achair*; *Amén* → *Aiméan*; *athin* → *aithin*; *ar* → *aer*; *aimhres* [TA] → *aimhreas*; *anis* / *anís* → *anois*; *athir* → *athair*; *bairle* → *bairille*; *bhin* → *bhain*; *a bhith* → *a bheith*; *bhuil* → *bhuail*; *buchas* / *buíchas* → *buíochas*; *caineachán* → *caoineachán*; *cathir* / *cathair* ['chair'] → *cathaoir*; *cérd* → *céard*; *chinic* → *choinic*; *chirce* → *choirce*; *chir* → *chuir*; *cinn* → *cionn*; *Conmara* → *Conamara*; *dir* → *deir*; *deirneach* → *deireanach*; *dothin* → *dóthain*; *dreilin* → *dreoilín*; *faitís* → *faitíos*; *farge* / *farrge* / *farige* → *farraige*; *fhin* → *fhéin*; *fhis* → *fhios*; *fianníocht* → *fiannaíocht*; *gabhir* [TA iol.] → *gabhair*; *ger* → *géar*; *érd* → *éard*; *imarca* → *iomarca*; *intach* → *iontach*; *gur ithdar* → *gur itheadar*; *labhir* → *labhair*; *leabhrín* → *leabhairín*; *leighes* [TA] → *leigheas*; *máthir* → *máthair*; *mín* → *mian*; *minsteara* [TA u.] → *ministéara*; *níchan* → *níochán*; *nuir* → *nuair*; *páiper* → *páipéar*; *rimhe* → *roimhe*; *sís* → *síos*; *spri* → *spraoi*; *sus* → *suas*; *te* / *té* → *tae*; *tháing* / *thinic* → *tháinig*; *tuairm* → *tuairim*; *uaignes* [TA] → *uaigneas*; *usal* → *usal*.

(b) *agus bhí* → *agus 'bhí*; *tuairm s bliain* → *tuairim 's bliain*; *cean acab na seasa* → *ceann acu 'na seasamh*; *ceard tá* → *céard 'tá*; *cho math agus bhí sé ariamh* → *chomh maith agus 'bhí sé ariamh*; *mar deir sí* → *mar 'deir sí*.

(c) *ar mhath lé* → *ar mhaith[e] léi*; *gur math mar tharl gur a* → *gur maith mar 'tharl[a] gur ag*; *faoi dheas thusa* → *faoi gheas[a] thusa*; *roimh seo* → *roimh[e] seo*; *trí raith díom* → *trí ráith[e] díom*.

3.10.2 Gutaí Iomarcacha

Ruaigeadh gutaí iomarcacha:

drauíocht → *draíocht*; *geairid* → *gairid*; *istiugh insan* → *istigh insan*; *leaidhce* → *leidhce*; *plaice as* → *plaic as*; *ruibe* → *ribe*; *teaichín* → *teachín*.

3.11 An Litriú Foghraíochta

Tugann litriú foghraíochta na lámhscríbhíne léiriú áirithe dúinn ar fhóineolaíocht na canúna. Cuireadh litriú an chaighdeáin ar fhormhór na samplaí a phléitear thíos ach amháin sa chás go mbeifí ag imeacht rófhada ó bhunfhoirm na canúna; sna cásanna sin, rinneadh iarracht litriú a sholáthar a léireodh an bunleagan, féach alt 3.12.3 thíos.

3.11.1 Na Consain

3.11.1.1 Consain Bháite

Soláthraíodh na consain a bháitear sa chanúint. Más focal iomlán atá báite, cé is moite de *an* nó *ag*, scríobhadh an focal úd idir lúibíní cearnógacha, féach aicme (b) thíos. I gcás na samplaí eile, ní bhaintear úsáid as lúibíní:

(a) *abhaile na tí aige* → *abhaile 'un an tí aige*; *ag bleá na ngabhar* → *ag bleán na ngabhar*; *a bhfuil* → *an bhfuil*; *a bhliain* → *an bhliain*;²³ *a t-oifigeach* → *an t-oifigeach*; *radhairc* → *an raibh adhairc*; *ar an aprún* → *ar an naprún*;²⁴ *ar a tsraid* → *ar an tsráid*; *ar chnámh a droma* → *ar chnámh an droma*; *ab* → *arb*; *bhí sé cint* → *bhí sé ag cinnt*; *caus* → *cá bhfios*; *cáil* → *cá bhfuil*; *cé a chaoi* → *cén chaoi*; *cé neart* → *cén neart*; *chor a bith* → *chor ar bith*; *iot* → *dhíot*; *uit* → *dhuit*; *féachaint is sroicheadh sí* → *féachaint an sroichfeadh sí*; *goile* → *gabh i leith*; *gub / gob é* → *gurb é*; *le sin* → *leis sin*; *neachasúil* → *neamhchosúil*; *sea 'suas* → *seas suas*; *tao mu* → *taobh amuigh*; *tao thiar* → *taobh thiar*; *tao thuas* → *taobh thuas*.

(b) *ceathair nó cúig [d']uireanta*; *ná chor a bith* → *ná [ar] chor ar bith*; *fear maith thú* → *[is] fear maith thú*; *feasach mé* → *[Is] feasach mé*.

²³ Nuair a d'fhéadfadh ceachtar den aidiacht shealbhach nó an t-alt a bheith i gceist sa sampla, m.sh. *a bhliain*, *ar a leaba* srl., rinneadh an leasú *a* → *an*, ar mhaithe le leanúnachas.

²⁴ Táthar ag glacadh leis gur bá atá anseo seachas úsáid an leagain *aprun* atá bisiúil go leor i nGaeilge Árann an lae inniu. Tugtar an bunleagan mar fhonóta sa chás seo. Féach gur 'naprún' atá i ngach sampla eile sa ls.: *naprún* [10^x]: *mo naprún*; *dhá naprún*; *an naprún* srl.

3.11.1.2 Consain a mhalartaítear: *r/n*

I gcuid mhaith cásanna, is deacair idirdhealú a dhéanamh idir na litreacha *r* agus *n* sa lámhscríbhinn. Fágann sé sin nach féidir aon mhórphlé cuiditheach a dhéanamh anseo ar an tréith chanúna a chuireann *r* in áit *n* i nGaeilge Chonamara, féach mar shampla ICF 107; IIA 193 agus SG 561. Féach, chomh maith, an plé a dhéanann Séamas Ó Murchú (1991) agus Brian Ó Catháin (1993) ar an tréith áirithe seo i nGaeilge Árann. Luann Séamas Ó Murchú (1991: 97-98) gurb í an litir *n* a chloistear sa ghrúpa tosaigh *cn-* i nGaeilge Árann, cé is moite d'aon sampla amháin, i.e. bíonn /*r*/ le cloisteáil san fhocal *cníotáil*.

In ainneoin na débhríochta a bhaineann leis an dá litir *r* agus *n* sna scéalta seo is féidir, dar liom, idirdhealú a dhéanamh idir na grúpaí consan *cn-* agus *cr-* i bpeannaireacht na lámhscríbhinne. Seo mar a léimse na focail seo a leanas:

-n-: *gnó; cnaptha; ag cnapadh; suaimneach; mná; sná[tha]; gníomh; cnámh; cnámhaire; cnoc; cuimhnigh.*

-r-: *ag criteáil; an chriteáil; crúdáin*

Cinneadh ar an litir *-n-* a sholáthar i ngach cás thuas cé is moite den fhocal *criteáil* atá luaite in FGB. Luaitear an bhunfhoirm mar fhonóta i gcás an tsampla *cnúdáin*.

Tá roinnt samplaí sa lámhscríbhinn ina léimse an litir *n* áit a mbeifí ag súil leis an litir *r*. D'fhéadfadh sé go bhfuilimse ag déanamh míléimh ar an litriú; gur sciorradh pinn atá ann; nó gur fhorcheartú atá i gceist. Leasaíodh gach sampla go dtí litriú an chaighdeáin sa leagan seo: *croíúil* (Ls.: *cnuíúil*); *ramhródh* (Ls.: *ramhnóch*); *'un cainte* (Ls. L1 & L2: *ar cainte*); *'un suaimhnis* (Ls. L1: *ar suamhnis*; L2: *ar suaimhnis*); *do chrága* (Ls. L1: *do chnaga*; L2: *do chnága*); *ar maidin* (Ls. L1 & L2: *an maidin*) srl.

3.11.1.3 Réalú na gConsan Tosaigh

3.11.1.3.1 *d* tosaigh

Soláthraíodh an litir *d* sna leaganacha canúnacha seo a leanas:

aonnuine → *aonduine*; *chaon nuine* → *chaonduine*;²⁵ *á* [FGB *á*³] → [*d*]*á*;²⁶ *ar gcionn* → [*d*]*ár*
gcionn; *a réir* → [*d*]*e réir*.²⁷

²⁵ Fágтар na samplaí *aonduine* agus *chaonduine* mar chomhfhocail chun an comhshamhlú a chaomhnú.

²⁶ Samplaí: [*d*]*á mbeadh*; [*d*]*á bhfaca* srl.

²⁷ Fágadh an leagan canúnach *úirt* (AC den bhr. 'abair') mar atá sé sa ls. Féach alt 4.2.8.3

Cuireadh an litriú caighdeánach ar na samplaí seo a thosaíonn le /g/ sa bhunleagan: *go(n)* → *de(n)*; *go(n)* → *do(n)*; *grúis* → *drúis*; *gol* → *dul*.

Leasaíodh *dr-* go dtí *d-* sa dá fhocal seo: *dreadair* → *deartháir*; *dreaur* → *deirfiúr*.

3.11.1.3.2 *ch* tosaigh

Faightear an *ch* tosaigh ar fhormhór na samplaí sa bhunleagan:

ch- > /x/: *chaoi*; *chuala*; *chuaigh*; *chuir* srl.

ch- > /h/: *hana* → *cheana*; *hugam* → *chugam*; *hua* [1^x] → *chuaigh*.

ch- > Ø: *'un* → *'un* (CO *chun*).

3.11.1.3.3 *fh* tosaigh

fh- > /p/: *péin* (CO *fhéin*).

Ní dhearnadh aon leasú ar an bhfoirm áirithe seo toisc go luaitear in FGB í. Pléitear an fhoirm *péin* in alt 4.6.2.1.2 thíos.

3.11.1.3.4 *gh* agus *gl* tosaigh

gh- > *dh-*:

Leasaíodh an litriú ar an bhfocal *gheasa* tríd síos:

faoi dheasa → *faoi gheasa*.

ghl- > *l-*:

Cás suntasach is ea an briathar *ghlaoigh*: *ghlaoigh* [8^x]; *ghlaodar* [2^x]. Faightear an litriú foghraíochta *ghlo* / *ghlu* ar shé cinn de shamplaí. I gcás na gceithre shampla eile, is mar *l-* a fhuaimnítear na consain tosaigh *ghl-*:

ghlaoigh siad (Ls.: *luda* *lu siad*); *ghlaoigh an draíodóir* (Ls.: *luigh*); *ghlaoigh sé* (Ls.: *luí* *ghlao sé*); *ghlaodar* (Ls.: *Lua* *Ghlodar*).²⁸

Cé go nglactar leis an leagan briathair *níonn* mar mhalairt in FGB, is fiú é a lua san alt seo toisc an bunús atá lena litriú, .i. *ghn-* > *n-*: *do-ghní* → *níonn* (féach IIA 161).

gl- > *bl-*:

Faightear sampla amháin den leagan *blaoigh* (CO *glaoigh*) sa bhailiúchán.

glaoigh [19^x] (sna haimsirí éagsúla): *nuair a ghlaoigh sé*; *go nglaoifadh an coileach*; *ag glaoch*; *glaoigh uirthi* srl.

²⁸ Tharla an litriú foghraíochta *luda* / *luí* / *lua* a bheith scriosta amach sa bhunleagan, i gcás trí cinn den cheithre shampla thuas, ní fios an é an scéalaí nó Robin Flower a rinne an leasú ar an leagan canúna úd.

blaigh [1^x] (MO): *má fheiceann sibh ag tíoht inniu í, blaogáí uirthi.*

Tugtar an leagan *blaigh* in FGB agus déantar plé air in IIA 254 chomh maith.

3.11.1.3.5 *s* tosaigh

3.11.1.3.5.1 *sh* tosaigh

Is é an litriú caighdeánach *sh-* a fhaightear ar fhormhór na samplaí san aicme seo, m.sh.: *sheol*; *ó shin*; *shín*; *shiúladar*; *shíl* srl. Faightear na heisceachtaí seo a leanas:

sh- > /x/: *ó choin* [4^x] → *ó shin*; *Shil*^(Ch) *sé* [1^x] → *Shíl*. Tá os cionn scór sampla den bhriathar seo sa lámhscríbhinn ach seo an t-aon sampla a dtugtar an litriú foghraíochta idir lúibíní ann;

sh- > Ø: *élucht* → *a shliocht*; *shluig* (Ls. L1: ~~lu~~ *s^hluig*; L2: *shluig*). Cé gur scriosadh amach an *lu* tosaigh sa sampla seo, níor mhór é a lua toisc an nós a bheith sa chanúint *l* a dhéanamh den ghrúpa consain *shl-*. Féach IIA: 187.

3.11.1.3.5.2 *sp* tosaigh

Is gnách an *sp* tosaigh a léiriú i mbunleagan na scéalta, m.sh.: *spraoi*; *spóirt*; *an Spidéal*; *spáin* srl.

Eisceacht: *go 'bainhe* [1^x] → *go spáinfîdh*. Tá dhá rud i gceist sa sampla seo: an *s* tosaigh á chailliúint agus malairt consaine *p* → *b*.

3.11.1.3.6 *th* tosaigh

Ní i gcónaí a fhuaimnítear an *th* ag tús an bhriathair *togair*, (cf. FFG 160). Tá an dá leagan le fáil sna scéalta seo:

t-: *má thograíonn tú* (Ls.: *thogruíon*).

t- > Ø: *a ogrós tú* → *a thogrós tú*; *a n-ógródh* → *a n-ogródh* (+ fn. = Ls.: *a n-ógródh* (CO *togair*)).

3.11.1.4 Réalú na gConsan Láir

3.11.1.4.1 *-aing-* láir

Déantar *-n-* den ghrúpa consain *-aing-* i gcás an bhriathair *tarraing*:²⁹

má thairrnion → *má tharraingíonn*; *thairneadar* → *tharraingeadar* srl.

²⁹ Pléitear AC an bhriathair ‘tarraing’ in alt 3.11.1.5.6

3.11.1.4.2 *bh* láir

Soláthraíodh an *bh* láir i ndiaidh guta gearr in áit défhoghair na lámhscríbhíne: *clouta* → *clabhta*; *diaul* → *diabhal*; *gaur* → *gabhar*; *rounáihte* → *rabhnáihte*.

Soláthraíodh an *bh* san aidiacht bhriathartha áirithe seo: *goite* → *gaibhte*.

Leasaíodh an litriú *-th-* go dtí *-bh-* sna samplaí seo a leanas: *dhá ngathá* → *dhá ngabhfa*; *dá ngathain sé* → *dá ngabhfainnse*; *go rathas* [[2^x] foirm mhacallach] → *go rabhas*.

Faightear dhá shampla, cé go mbaineann doiléireacht le ceann acu, den ghnás canúna a chailleann an *bh* láir agus a chuireann fadú ar an nguta ina dhiaidh: *arúr* → *arbhar*; *mearúl* → *mearbhall*.

Is mar *tiúr* a scríobhtar fréamh an bhriathair *tabhair* san AF agus sa MC agus ní dhearnadh leasú ar an litriú caol don leagan seo de na scéalta. Is é an litriú *tóir* atá ar an bhfréamh sa MO agus san AB agus leasaíodh é go dtí an litriú caighdeánach *tabhair(t)*. Féach alt 4.2.4.1.

Fágadh an *-r-* ar lár sa trí eisceacht seo a leanas: *tuit* [1^x], *toit* [1^x], *tóit* [1^x] → *tabhairt*.

3.11.1.4.3 *ch* láir

Bíonn nós coitianta i nGaeilge Árann, mar a bhíonn i nGaeilge Chonamara, an *ch* láir a chailleadh agus guta fada a dhéanamh den ghuta gearr a thagann roimhe, cf. ICF 102-3 agus SG 557. Leasaíodh an litriú foghraíochta a léiríonn an gnás seo: *dithiol* / *díthall* → *dícheall*; *dréd* → *droichead*; *fí* / *fí* → *fiche*; *fid* / *fíd* → *fichid*; *fied* → *fichead*; *uí* / *í* → *oíche*; *sech* / *séch* → *soitheach*.

3.11.1.4.4 *d* láir

Soláthraíodh an *d* láir sna samplaí seo a leanas: *céata* → *céadta*; *colata* → *codlata*; *goití* → *goidtí*; *main(n)eachan* → *maidneachan*; *séití* → *séidtí*.

Cuireadh an litir *d* in áit *t* na lámhscríbhíne i gcás an bhriathair *cuardaigh*: *chuarta* → *chuardaigh*; *cuartaimid* → *cuardaimid*; *ag quartú* → *ag cuardú*.

3.11.1.4.5 *dh* / *gh* láir

Soláthraíodh *dh* nó *gh* láir nuair a fágadh ar lár iad agus leasaíodh na gutaí de réir litriú an chaighdeáin: *ai* / *aí* → *aghaidh*,³⁰ *folaim* → *foghlaim*; *ma^uim* → *maidhm*; *saidiúr* → *saighdiúir*; *snaim* → *snaidhm*; *stairí* → *staighrí*.³¹

³⁰ Pléann Séamas Ó Murchú (1991) foghraíocht an fhocail seo in Árann. Deir sé gur mar /l'ai/ (e.g. *cé le haghaidh é seo*) nó mar /l'e:/ (e.g. *le haghaidh na Nollag*) a deirtear é. Is mar seo atá i scéalta Uí Dhireáin freisin ach go bhfaightear leagan le guta gearr chomh maith iontu: *lé* / *le* → *le haghaidh*; *len* → *le haghaidh an*.

³¹ Sa chás seo, is coitianta litriú an chaighdeáin: *staighre* [3^x]; *staighrí* [3^x]; *stairí* [1^x].

3.11.1.4.6 *mh* láir

Soláthraíodh an *mh* láir sna samplaí seo a leanas:

-*mh*- > Ø: *coluadar* / *cu(a)lódar* → *comhluadar*; *Donach* → *Domhnach*; *nisceul* → *neamhscéal*; *slachtar* → *slachtmhar*; *go sníofadh* → *go sníomhfadh*; *a theangódh* → *a theangmhódh*; *tus* → *tomhas*.

-*mh*- > Ø + guta fada: *ceadúch* → *céadmhach*.

-*mh*- > /h/: *cuihniú* → *cuimhniú*.

-*mh*- > /f/: *claiife* → *claimhe* (CO *claiómh*).

-*mh*- > /nn/ nó /m/ san fhocal *clamhsán*: *clannsan* / *clamsán* → *clamhsán*.

Is in aon abairt amháin a fhaightear an dá litriú éagsúla den fhocal *clamhsán*. Go bhfios dom, ní thugtar an chéad leagan díobh in aon cheann de na foinsí ar an gcanúint. Maidir leis an dara sampla, is sampla é seo den ghnás canúna a dhéanann /m/ de /w/ nó /v/ i bhfocail ar nós *damsa* agus *samra* (féach IIA 154 agus SG 552). Tá sampla amháin den fhocal *damhsa* sa bhailiúchán seo ach, ar an drochuair, ní léir an é an litriú *damhsa* nó *damsa* atá sa bhunleagan.

Cás faoi leith is ea an focal *comhra* (CO *cófra*) a thagann aníos chúig uaire sna scéalta. Seo a leanas na samplaí:

1. Ls.: *sa gcórtha* → *sa gcomhra*;

2. Ls.: *seanchonra* → *seanchomhra*;

Faightear na trí cinn seo a leanas sna scéalta a bhfuil an dá leagan díobh ann, L1 agus L2.

3. Ls.: L1. *sa gcorha*, L2. *sa gcomh~~h~~na*, → *sa gcomhra*;

4. Ls.: L1. *an cónra*, L2. *an comhra*, → *an comhra*;

5. Ls.: L1. *sa gcomhra*, L2. *sa gcomh~~h~~ⁿra*, → *sa gcomhra*.

Is léir ón gcomhthéacs gurb é an focal *cómhra* = *cófra* atá i gceist sna samplaí ar fad, (féach FGB: *comhra*, 1 = *cófra*; 2 = *cónra*). Is ait, mar sin, go bhfuil an litriú *conra* / *cónra* ar roinnt de na samplaí thuas. An é go raibh forcheartú á dhéanamh anseo toisc an dá mhíniú éagsúla a bheith ar an bhfocal *comhra*? Tá an fhéidearthacht ann freisin, ar ndóigh, go bhfuilimse ag déanamh léamh contráilte ar *n/r* na lámhscríbhinne.

3.11.1.4.7 *n* láir

Soláthraíodh an *n* láir sa sampla seo sa mhodh foshuiteach láithreach: *go gcrióchaí* → *go gcríochnaí*.³²

³² Níl aon sampla eile den bhriathar seo sa lámhscríbhinn.

3.11.1.4.8 *ng* láir

Cuireadh an *ng* láir isteach sa chás seo: *pín* → *pingin*.

3.11.1.4.9 *r* láir

Leasaíodh an *r* caol go dtí *r* leathan an CO sna samplaí seo: *caoire* (TA u.) → *caora*; *gadaí caoireach* → *gadaí caorach*; agus an sampla doiléir *treud ceoireach* → *tréad caorach*.

GCF & IIA: *caora* /ki:rə/; *caorach* /ki:rəx/.

Féach, chomh maith, na samplaí a phléitear ag deireadh ailt 3.11.1.4.2: *tuit* [1^x], *toit* [1^x], *tóit* [1^x] → *tabhairt*.

3.11.1.4.10 *s* láir

Faightear *s* leathan seachas *s* caol i bhformhór na samplaí den fhorainm treise, 3 p.u. fir.: *seisean* [10^x], *sosan* [20^x +], *susan* [2^x]; *esan* [1^x]. Scríobhadh na leaganacha le *s* leathan mar seo a leanas: *sosan*; *easan*. Pléitear na leaganacha éagsúla i gcaibidil a 4, alt 4.6.2.1.1.

3.11.1.4.11 *t* láir

Cuireadh an *th* láir ar ais sa dá bhriathar seo, cé gur *-t-* amháin atá sa CO:

feicear dhom → *feicthear dhom*; *dhá dtuga* → *dhá dtugthá*.

3.11.1.4.12 *th* láir

Cailltear an *th* láir idir dhá ghuta agus, i gcásanna éagsúla, déantar guta fada nó défhoghar de na gutaí a thagann roimhe i nGaeilge Árann, mar a dhéantar i nGaeilge Chois Fharraige, féach ICF 104 agus SG 557-8. Faightear líon mór samplaí den nós seo sna scéalta:

ainíon → *aithníonn*; *ás* → *áthas*; *bei* → *beithigh*;³³ *beiach* / *beíach* → *beithíoch*; *a bhais* → *a bhaitis*; *breanú* → *breathnú*; *breauns* / *breaunas* → *breithiúnas*; *cearú* → *ceathrú*; *cheire* → *cheithre*; *chualas* → *chualathas*; *cúch* → *cuthach*; *cruinneacht* → *cruithneacht*; *deáir* / *dréair* → *deartháir*; *dóin* → *dóthain*; *go bhfacas* → *go bhfacthas*; *fuínn* → *faoithin*; *fach* → *fathach*; *í* → *ithe*; *laeannaí* → *laethannaí*; *laeúil* / *laoúil* → *laethúil*; *larach* → *láithreach*; *léide* → *leithide*; *máir*

³³ An fhoirm *beithigh* is coitianta san uimhir iolra: Ls.: *bei* [1^x]; *beithigh* [4^x]. Seo mar atá san uatha: *beiach* [5^x]; *beíach* [1^x]; *beich* [1^x] agus *baittech* [L1] → *beithidheach* [L2] [1^x].

→ *máthair*; *ríach* → *ritheach* (CO *rith* (*a. br.*)); *saorú* → *saothrú*; *snáid* → *snáthaid*; *solár* → *soláthar*; *tráinín* → *tráithnín*; *tróna* → *tráthnóna*³⁴; *dtre* → *dtroithe*.

-th- > /x/: *iche* → *ithe*.³⁵

-th- > /w/: *breamhnas* → *breithiúnas*.

3.11.1.4.13 Díghlórú na gConsan Láir

Is minic a dhéantar díghlórú ar na consain *b*, *d* agus *g* i mbriathra den chéad réimniú san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach. Pléitear an nós seo i gcaibidil a 4, ailt 4.2.5.4 agus 4.2.5.5.

Leasaíodh an litriú i gcás na samplaí a ndéantar an díghlórú seo orthu, m.sh.:

chreiteá → *chreidfeá*; *ní fhácad sé* → *ní fhágfadh sé*; *go bhféatan* → *go bhféadfainn*; *nach bhféata* → *nach bhféadfá*; *a ghoinnse* → *a ghoidfinnse*; *liceadh* → *ligfeadh*; *ní leacad* → *ní leagfad*; *lice* → *ligfidh*; *sluice* → *sloigfidh*; *tairice* → *tairgidh*.

3.11.1.5 Réalú na gConsan Deiridh

3.11.1.5.1 Na Deirí *-áil* / *-aíl* / *-aíonn*

Pléitear na hainmneacha briathartha a chríochnaíonn ar *-áil* / *-ál* in alt 3.12.1.1 thíos, ach amháin an t-ainm briathartha *gabháil*: Seo mar a dhéantar leasú ar ‘gabháil’: *goil* / *góil* → *gabháil*.

Cuireadh an litriú *-aíl* ar na hainmneacha briathartha seo a leanas: *feadaoil* → *feadaíl*; *grágaíol* → *grágáil*; *plubuail* → *plobaíl*; *sianaoil* → *sianaíl*.

Réitíonn foirceann an bhriathair sa 3 p.u. AL, *-aíonn*, le litriú an chaighdeáin cuid mhaith, m.sh. *má chorraíonn*; *teastaíonn*. Tá sampla amháin nach réitíonn leis an litriú seo, áfach, agus déantar an leasú seo air: *má oscluín* → *má osclaíonn*. Seo an t-aon sampla den bhriathar áirithe seo san aimsir láithreach.

3.11.1.5.2 *bh* deiridh

Leasaíodh na samplaí seo dar gcríoch *bh*:

-bh > Ø (samplaí aonsiollacha): *du* → *dubh*; *u* → *ubh*.

-bh > /u:/ tar éis an ghuta chúnta i samplaí déshiollacha: *garú* → *garbh*; *tarú* → *tarbh*.

-ibh > Ø: *ro* / *ró* → *raibh*.

³⁴ Is cosúil gur litriú foghraíochta atá á léiriú i scríobh crochta an tsampla seo a leanas: ‘go tráthúil’ (Ls. L1: *tráthamhail trauúil*; L2: *tráthúil*).

³⁵ Is coitianta an leagan *í* thar *iche* sna scéalta: *í* [20^x +]; *iche* [5^x].

Eisceacht: *-ibh > /v/*: *ní ro bhfis aige* → *ní raibh a f[h]ios aige*.

Díbríodh an *bh* iomarcach ag deireadh na copail sa sampla seo: *níorbh fhuiste mhiste liom* → *níor mhiste liom*.

3.11.1.5.3 *ch* deiridh

Leasaíodh an sampla seo a leanas:

-ch > Ø: *deidh / deith* → *deich*.

3.11.1.5.4 *dh* deiridh

Soláthraíodh an *dh* deiridh i samplaí den chineál seo:

-(i)dh > Ø: *á* → *ád*; *a bhé* → *a bheidh*; *ar creath* → *ar creathadh*; *ar fea* → *ar feadh*; *ré* → *réidh*.

-a(i)dh > /ə/: *amhla* → *amhlaidh*; *bala* → *boladh*; *caoine* → *caoineadh*; *ceapa* → *ceapadh*; *cleachta* → *cleachtadh*; *coca* → *cocadh*; *a chola* → *a chodladh*; *deabha* → *deabhadh*; *deire* → *deireadh*; *dhoirte* → *dhoirteadh*; *i ndia* → *i ndiaidh*; *fasca* → *foscadh*; *gímhre / gimhrea* → *gimhreadh*; *iarra* → *iarraidh*; *maistre* → *maistreadh*; *múna* → *múnadh*; *samhra* → *samhradh*; *síne* → *síneadh*; *srana* → *srannadh*; *tapa* → *tapaidh*; *thua* → *thuaidh*; *tille* → *tuilleadh*.

-dh > /j/ roimh ghuta: *bu dh'e fhein* → *badh é fhéin*; *ba dh'in é* → *badh in é*; *bu dh'in iad* → *badh in iad*. Tagann litriú seo na lámhscríbhíne lena bhfuil le fáil in GCF 163: /bəj in' e:/ *badh in é*.

-(e)adh > /i)u:/: *béiciú* → *béiceadh*; *bhiú* → *bhíothadh* (CO *bhíothas*); *bruú / bruihiú* → *bruiteadh*; *buailiú / buailí* → *buaileadh*; *cailliú* → *cailleadh*; *cathú* → *caitheadh*; *casú* → *casadh*; *dóú* → *dódh*; *rugú* → *rugadh*.³⁶

Eisceachtaí: *gur buailiú*³⁷ *an doras* → *gur buaileadh an doras*; *a ruguí é* → *a rugadh é*.

-f(a)idh > /ə/: *catha* → *caithfidh*; *déana / dina* → *déanfaidh*; *féata* → *féadfaidh*; *feice* → *feicfidh*; *gabha* → *gabhfaidh*; *goite* → *goidfidh*; *leighse / leigheasa* → *leigheasfaidh*; *múna* → *múnfaidh*; *tiúra / tiubhra* → *tiúrfaidh*; *tiuca* → *tiocfaidh*; *rithe* → *rithfidh*.

Eisceachtaí: *bainfe mé* → *bainfidh mé*; *siúlfa muid* → *siúlfaidh muid*; *siúlfa tú* → *siúlfaidh tú*; *tiucfa mé* → *tiocfaidh mé*. Gach seans gur giorrúcháin, agus nach litriú foghraíochta, atá i gceist leis an *-fa / -fe* sna samplaí seo.

-f(a)idh > Ø: *gabh* → *gabhfaidh*; *rith* → *rithfidh*; *suí* → *suífidh*.

³⁶ D'fhéadfadh sampla amháin d'ainmfhocal a bheith san aicme seo chomh maith ach (a) tá an pheannaireacht doiléir ag tús an fhocail agus (b) bheadh orainn glacadh leis go raibh an síneadh fada ar lár sa sampla úd: Ls. *cois na tiniú* → *cois na tineadh*

³⁷ Níl aon fhianaise sa bhailiúchán scéalta seo ná sna faoinsí éagsúla ar an gcanúint go mbíonn an briathra *buail* sa dara réimniú. Is dóigh, mar sin, gur síneadh fada iomarcach atá i gceist leis an *i* fada sa chás seo.

-óidh / -eoidh > /o:/: ceannó → ceannóidh; breannó → breathnóidh; imeo → imeoidh; teasto → teastóidh.

-fóidh > /o:/: fiaró → fiarfóidh.

-íodh > /i:u:/: máriu → maraíodh; tosúú → tosaíodh.

> /iv/, /iav/ nó /i:v/: a himriv → a himríodh; cruiniamh → cruinníodh; maruíamh → maraíodh; fiarímh → fiarfaíodh.

-adh / -odh (MC agus AGC) > /x/: d'aithneoch → d'aithneodh; go ndioleach → go ndíolfadh; go n-inseoch → go n-inseodh; thaioch → théadh.

-adh / -odh (MC, MO agus AGC) > /d/ roimh fhorainm dar tús s:³⁸ bhead sé → bheadh sé; go mbruid se → go mbruithfeadh sé; go gcoineod sé → go gcoinneodh sé; cuiread sí → cuireadh sí; teidhead sí → téadh sí; íd sí → itheadh sí; bhíd / bhíod sé → bhíodh sé; nach mbreanuiod sé → nach mbreathnaíodh sé; chathad sé → chaitheadh sé.

-ghidh > Ø, /i:/ nó /ə/: a bhfai; a bhfuí; go bhfuighe → a / go bhfaighidh.

3.11.1.5.5 Na deirí f(e)á / faí / fad / f(e)as

-fá > /a:/: ní aineoá → ní aithneofá; bhei(dh)á → bheifeá; nach ndeaná → nach ndéanfá; dhá bhfuíá → dhá bhfaighfeá; go n-imrea → go n-imreafá.

-faí > /ai:/: fiaraí → fiarfaí.

-fad > /əd/: a thiúrad → a thiúrfad.

-f(e)as > /əs/: a chuireas → a chuirfeas; a dhéanas → a dhéanfas; a thiucas → a thiocfas.

3.11.1.5.6 g deiridh

Soláthraíodh an g ag deireadh na bhfocal seo:

g > Ø: Thaini sé → Tháinig sé.

ng > /n/: fairsin / farsin → fairsing; thar(a)in / tharann → tharraing.

3.11.1.5.7 gh deiridh

Soláthraíodh an gh ag deireadh samplaí den chineál seo:

-igh > Ø: fá → faigh; ar ndó → ar ndóigh; léi → léigh; lu → luigh; mheá → mheáigh; nith → nigh.

-igh > /v/: guibh orainn → guigh orainn.

³⁸ Pléitear an gnás canúna seo i gcaibidil a 4, alt 4.2.5

-(a)igh → /ə/: *bhreana* → *bhreachnaigh*; *chainti* → *chaintigh*; *cheistne* → *cheistnigh*; *chorra* → *chorraigh*; *chua* → *chuaigh*; *d'eiri* / *d'iri* → *d'éirigh*; *d'ada* → *d'fhadaigh*; *d'iarra*³⁹ / *d'fhiara* → *d'fhiarfaigh*; *imi* → *imigh*; *d'iunsa* → *d'ionsaigh*; *d'iúnnta* → *d'iontaigh*; *d'ourda* / *d'órda* → *d'ordaigh*; *go shearra* → *de shearraigh*; *socra* → *socraigh*; *téiri* → *téirigh*; *thaithe* / *thaini* → *thaitnigh*; *thosa* → *thosaigh*.

Eisceachtaí -(a)igh → /əg/: *bhreachn(u)ig sé* [2^x (L1 & L2)] → *bhreachnaigh sé*;⁴⁰ *thosuig sé* [1^x] → *thosaigh sé*.⁴¹

-(a)igh → /i(a)i:/: *bli* → *bligh*; *cheistní* → *cheistnigh*; *cuartaí* → *cuardaigh*; *is dói* → *is dóigh*; *éiri* → *éirigh*; *d'éiri* → *d'éirigh*; *d'imí* → *d'imigh*.

Eisceacht: *cho sé* → *chuaigh sé*. Is iondúil gurb é an focal ‘chomh’ a bhíonn i gceist leis an ngiarruchán seo: *cho* → *chomh* [20^x +]; *cho* → *chuaigh* [2^x].

3.11.1.5.7.1 An Focal *amuigh*: Leaganacha Éagsúla

Leasaíodh litriú na samplaí thíos go dtí *amuigh*.

-igh > Ø: *amu* [20^x +]: *amu insa*; *amu as an*; *amu nuair*; *amu ná istigh* srl.

-igh > /h/: *amuth*⁴² [1^x (L2)]: Faightear sampla amháin den leagan canúnach *amuth* sa lámhscríbhinn ach is i leagan a dó, .i. an leagan a ndearna Flower eagarthóireacht air, a fhaightear an deireadh úd: Ls. L1: *amu insa*; L2: *amuth insa*.

-igh > /x/: *amuich* [2^x]: *ar an oileán amuich bhí tirim faoi n mbád*; *tao 'amuich agus*.

-igh > /i:/: *amuí* [1^x]: *amuí ar an mála* [.i. *mballa*].

3.11.1.5.7.2 An Focal *istigh*: Leaganacha Éagsúla

Is é an leagan *istigh* an leagan is coitianta sa lámhscríbhinn: *istigh* [20^x +]: *istigh anseo*; *istigh ann*; *istigh sa mbád* srl. Faightear na leaganacha seo a leanas chomh maith; leasaíodh an litriú go dtí *istigh* sa trí chás:

-igh > -iugh [1^x]: *istiugh insan aill*.

-igh > -ig [2^x]: *istig ansin*; *stig nuair a*.

³⁹ Faightear trí shampla de *d'iar(r)* = *d'fhiarfaigh* chomh maith ach tá cúrsaí bá i gceist leo: *dh'iar an mh. di* / *d'iar an mháthir di* → *d'fhiarfaigh an mháthair di*; *d'iarr an táiliúr go bhean an tí* → *d'fhiarfaigh an táilliúr de bhean an tí*.

⁴⁰ Ls. L1: *bhreachnig sé*; L2: *bhreachnuig sé*

⁴¹ Ls. L1: *thosuig sé*; L2: *thosa sé*

⁴² Féach Ó Murchú 1998: 10: “Bíonn /h/ ag deireadh *amuigh*, *istigh* roimh ghuta: *amuigh ann* (*amuth ann*). Bíonn /x'/ sa dá fhocal sin uaireanta (go mór mór i gCarna): *amuich*, *istich* a deirtear.”

3.11.1.5.8 Na Deirí *-ach* / *-aigh*

Bíonn nós ann sa chanúint ainmfhocal a chríochoíonn ar *-(e)ach* san uatha a fhuaimniú mar *-(a)i* san uimhir iolra, féach GCF 45 & IIA 794. Faightear an nós céanna i scéalta Uí Dhireáin agus seo mar a rinneadh leasú ar na samplaí: áit ar bith a bhfuil an deireadh /ai:/ sa bhunleagan, fágtar mar *-aí* é. Nuair is guta neodrach atá ag deireadh an fhocail, déantar an litriú *-(a)igh* de. Tá eisceacht amháin ina bhfaightear an litriú *-aigh* sa bhunleagan, seachas an schwa nó *-(a)i*, agus déantar *-aí* den litriú sa sampla sin agus an bhunfhoirm san fhonóta leis: *triúr Éireannaigh* → *triúr Éireannaí* + fn. (199). TA iol. / TT iol.: /-ai:/: *Éireanaí* / *Eireanaí* → *Éireannaí*; *marnealaí* → *mairnéalaí*; *Sasanaí* → *Sasanaí*; *stócaí* → *stócaí* [1^x].

/-ə/: *caoire* → *caoirigh*; *floga* → *flogaigh*; *stóca* → *stócaigh* [1^x].

TG u.: /-ə/: *báca* → *bacaigh*; *beala* → *bealaigh*; *éada* / *eada* → *éadaigh*; *mhula* → *mhullaigh*; *tosa* → *tosaigh*.

/-ai:/: *deis marcaí* → *deis marcaí*; *a chuid éadaí* [1^x] → *a chuid éadaí*.⁴³

TGa u.: /-ə/: *a bhiúna* → *a bhithiúnaigh*.⁴⁴

3.11.1.5.9 *mh* deiridh

Leasaíodh an /ə/ nó /u:/ a fhaightear in áit an *mh* deiridh sna samplaí seo a leanas:

-mh > Ø (focal aonsiollach): *cho* → *chomh*.

-mh > /ə/ (focal iolsiollach): *b'anna* → *b'annamh*; *catha* → *caitheamh*; *dha gcomhaire* → *dhá gcomhaireamh*; *creide* → *creideamh*; *a dhéana* → *a dhéanamh*; *fala* → *folamh*; *Gaille* → *Gaillimh*; *tala* → *talamh*; *tóra* → *tórramh*.

> /u:/: *i gcathú* → *i gcaitheamh*.

Tá sampla eile le lua anseo cé nach bhfuil sé iomlán soiléir cén deireadh atá i gceist: Ls.: *dhá shníamh*^{ú?} → *dhá shníomh*. Is cosúil go raibh Robin Flower ag ceistniú cé acu fuaimniú *-amh* nó *-ú* a dúirt an scéalaí? Is é an deireadh /w/ a fhaightear in GCF agus in IIA, i.e. /ɲ'ɪ:w/, agus tugtar an sampla /da: hn'ɪ:m a:n/ in IIA 154.

3.11.1.5.10 *s* deiridh

Leasaíodh an litriú foghraíochta sa sampla seo: *muish* → *muis*.

⁴³ Eisceacht is ea an litriú *-aí* ar ‘éadaigh’: *culaith bhreá éadaigh* [2^x] (ls. *éada*); *a / mo chuid éadaigh* [5^x] (ls. *éada* / *eada*).

⁴⁴ Faightear an sampla doiléir seo chomh maith: *a ruifinigh bacaigh* (Ls.: *a rulfine báca*).

3.11.1.5.11 *t* deiridh

Cuirtear an *t* deireanach idir lúibíní cearnógacha sna samplaí thíos toisc an malartú a dhéantar sa chanúint, go mór mór sna hainmneacha briathartha, idir *-cht* agus *-ch*, féach IIA 137. Cinneadh leanúint den chur chuige seo fiú má tá an leagan dar chríoch *-ch* le fáil mar mhalairt in FGB, m.sh. *éisteach*.

Na samplaí: *cosúlach[t] ar bith; sclábhaíoch[t] an duine; ag éisteach[t] leo; éisteach[t] leis; ar fhanach[t] uileag; ag marcaíoch[t] ag triall*.

3.11.1.5.12 *th / the / tí* deiridh

-(i)th > Ø: ar bi → ar bith; bhe → bheith; fá → fáth; ru → rith.

-aith > /ə/: cola → culaith.

-ithe > Ø: aon ghra → aon ghraithe; ré / re → reithe.

> /i:/: cruí → cruithe (CO crúite); tí → tithe.

> /hə/: rátha → ráithe.⁴⁵

> /a/: raith → ráithe.

3.11.1.5.13 Na hAidiachtaí Briathartha: Deirí Éagsúla

Bíonn foirmeacha faoi leith ag na haidiachtaí briathartha i nGaeilge Árann mar a bhíonn i nGaeilge Chonamara. Ó tharla go bhfuil difríocht sách mór idir na leaganacha canúnacha agus leaganacha an CO, beartaíodh litriú a chur ar na samplaí seo a léireodh níos fearr na bunfhoirmeacha canúnacha. Faightear na bunleaganacha ar thaobh na láimhe clé agus na deirí a úsáidtear sa leagan seo ar thaobh na láimhe deise de na saigheada thíos. Taispeántar leagan an CO idir lúibíní. Sa chás go bhfaightear an dá fhoirm sa téacs — leagan canúna agus leagan an chaighdeáin — caomhnaítear an dá leagan agus taispeántar líon na samplaí anseo thíos:

/(u)i:/ nó /(a)i:/ → -(a)ithe: básaí → básaithe; beannuí → beannaithe; ceangluí → ceanglaithe (CO ceangailte); cóirí → cóirithe; cuimlí → cuimlithe (CO cuimilte); deisí → deisithe; fuaduí → fuadaithe; fásuí → fásaithe [1^x] (CO fásta [1^x]); imí → imithe; insí → insithe (CO inste); iúnsaí → ionsaithe; maraí → maraithe; oscluí → osclaithe [1^x] (CO oscailte [1^x]).

Eisceacht: *diúlta → diúltaithe (+ fn. = leagan na ls.).*

/ə/ → -tha: sgara → scartha.

/ə/ → -the: comhaire → comhairthe.

⁴⁵ Faightear an t-ainmfhocail *ráithe* [15^x] sna scéalta. Seo mar a scríobhtar na bunleaganacha: Ls.: *rátha* [9^x]; *rátthe* [1^x]; *ratha* [1^x]; *raith* [3^x]; *ráth* [1^x]. Tugtar /ra:/ agus /ra:x'ə/ in ICF agus tugann IIA an fhoirm /ra:h ə/.

/ (a) i: / → -th(a) í: ceapáí → ceapthaí (CO ceaptha); facaí → fágthaí (CO fágtha); iocáí → iocthaí (CO íoctha); leacáí → leagthaí (CO leagtha); scuapáí → scuabthaí (CO scuabtha); tóicí → tóigthí (CO tógtha); tucaí → tugthaí (CO tugtha) tairrnní → tarraingthí (CO tarraingthe) taraicí → tairgthí (CO tairgthe) licí → lighthí (CO ligthe); stróicí → stróicthí (CO stróicthe).

Eisceacht: scriopaithe → scríobthaí (+ fn. = leagan na ls.)

-t(a) í → -t(a) í: goití → goidtí (CO goidte); scrútaí → scrúdtáí (CO scrúdta); séití → séidtí (CO séidthe); tití / tuití → tití (CO tite).

-ta → -tha: cromta → cromtha; curta → curtha.

-te → -ta: dúnte / dúinte → dúnta.

3.11.2 Na Gutaí

3.11.2.1 Gutaí Báite

Soláthraíodh na gutaí a bháitear go nádúrtha sa chanúint:

a chath fhanacht → *a chaith a fhanacht*; *Sheáin* → *A Sheáin*; *ágams iníon rí* → *agamsa iníon rí*; *ar bheagán spreac í* → *ar bheagán spreacadh í*; *bhain se searr as fhéin* → *bhain sé searradh as fhéin*; *bhí 'lár an urláir* → *bhí i lár an urláir*; *bhíodh sí na suí* → *bhíodh sí ina suí*; *cén chaoi mbeadh* → *cén chaoi a mbeadh*; *chuir sí crúcán* → *chuir sí crúca ann*; *cola seacht mblian ora* → *codladh seacht mbliana uirthi*; *dhá pian aríst* → *dhá pianadh aríst*; *é bhuala* → *é a bhualadh*; *Éireó tusa 'mach* → *Éireoidh tusa amach*; *gur iarr an bhean* → *gur fhiarfaigh an bhean*; *iad fháil* → *iad a fháil*; *im 'anis* → *imigh anois*; *leithid / léid ann* → *leithide ann*;⁴⁶ *len ais* → *lena ais*; *Maró tú mé 'nis 'athair* → *Maróidh tú mé anois, a athair*; *nach bhfuil i(o)s aige* → *nach bhfuil a fhios aige*; *nách mbear an ghaoth Mhártan ora* → *nach mbéarfaidh an ghaoth Mhártan uirthi*;⁴⁷ *ní rous / ní raus / ní rath 'is / ní rabhs / ní rabhas* → *ní raibh a fhios*; *nigh sé 'éadan* → *nigh sé a éadan*; *tá's* → *tá a fhios*; *tháinig sise steach* → *tháinig sise isteach*; *tor ortsa* → *toradh ortsa*.

3.11.2.2 An Guta Cúnta

Díbríodh na gutaí cúnta, agus gutaí eile ar aon dul leo, agus scríobhadh an focal de réir nóis an lae inniu:

⁴⁶ Táthar ag glacadh leis gur bá atá anseo seachas úsáid an leagain *leithid*. Féach gurb é an mhalairt *leithide* is coitianta sna scéalta. *leithide* [10^x +]: (Ls.: *léide seo / de* [10^x +]; *leide seo* [2^x]; *léide ann* [1^x]; *léide ar* [1^x]; *leithide ar* [1^x]); *leithid* → *leithide* [2^x]: (Ls.: *leithid ann* [1^x]; *léid ann* [1^x]).

⁴⁷ Ls. L1: *nách mbear an ghaoth Mhártan ora*; L2: *nách mbeara an ghaoth Mhártan ora*

an mháistireás → *an mháistreás*; *aragóinteacht* → *argóinteacht*; *bearabáir* → *bearbóir*; *deifreach* → *deifreach*; *feilimeára* [TA u., TG u.] → *feilméara*; *goirifean* / *guirifean* → *gairfean*; *gimileud* → *gimléad*; *máistirí* → *máistrí*; *seinim* → *seinm*; *similéir* [TA iol., TG u., TT u.] → *simléir*; *sór a bhí* → *sór bhí*;⁴⁸ *tuairigin* / *turigin* → *tuairgín*; *orachur* / *orachar* → *urchar*.⁴⁹

3.11.2.3 Foghraíocht na nGutaí: Cásanna faoi leith

Pléadh ag tús na caibidle seo (ailt 3.8.1 agus 3.8.2) go raibh claonadh ag Robin Flower sínte fada a fhágáil ar lár agus sínte fada iomarcacha a sholáthar. Dá bhrí sin, is deacair iniúchadh cruinn a dhéanamh ar an ngnás canúnach a dhéanann guta fada nó défhoghar de ghuta gearr roimh chonsain shrónacha nó chonsain leachtacha, i nGaeilge Chonamara ach go háirithe, féach m.sh. SG 551. De réir fhianaise Shéamas Uí Mhurchú (Ó Murchú 1991) agus James Duran (Duran 1995), coinnítear an guta gearr i gcás roinnt mhaith samplaí i nGaeilge Árann, m.sh. *am*, *aill*, *chaill*, *geall* (in *is geall le*) agus *beann* (Ó Murchú 1991: 96) agus *cam*, *mam* agus *slam* (Duran 1995: 82). Tagann cheithre cinn de na focail seo aníos i scéalta Uí Dhireáin:

am [20^x +]: Ls. *am* [20^x +]; *ám* [0^x].⁵⁰

aill [15^x]: Ls. *ail* / *aill* [4^x]; *al'* [1^x]; *áil* [10^x].

geall: an chopail + an t-ainmfhocal *geall* [1^x]: Ls. *go mba geall*. Faightear neart samplaí den bhriathar *geall* sna haimsirí éagsúla, m.sh. *gheall*; *geallúint* srl., agus is guta gearr atá i gceist sna samplaí ar fad.

caill: Mar an gcéanna leis an mbriathar *caill*, faightear *cailleadh*; *caillte* srl. agus is guta gearr atá sna bunleaganacha ar fad.

slam: Faightear sampla amháin den fhocal *slam* sa lámhscríbhinn agus is í an fhoirm dhíspeagtha atá ann: Ls.: *slaimín*. Luaitear an leagan le guta gearr mar mhalairt in FGB agus sin is cúis lena fhágáil gearr sa leagan seo chomh maith, .i. *slaimín*.

⁴⁸ Féach caibidil a 4, alt 4.2.9.3

⁴⁹ Ní dhearnadh aon leasú ar an bhfocal *naipicín* toisc é a bheith mar mhalairt in FGB.

⁵⁰ Spéisiúil go leor, faightear an guta fada sa leagan giorraithe den fhorainm réamhfhoclach *agam*: Ls. *am* [20^x +]; *ám* [20^x +] (CO *agam*). Glacaim leis gur samplaí iad seo den síneadh fada iomarcach á sholáthar mar a phléitear in alt 3.8.2, féach m.sh. *agat*: Ls. *ad* [20^x +] / *ád* [20^x +].

Tá samplaí fánacha eile den fhadú seo sa lámhscríbhinn ach ní fios an raibh Robin Flower ag iarraidh pointe foghraíochta a léiriú nó an é gur cuireadh síneadh fada iomarcach ar na gutaí úd. Seo na samplaí atá i gceist: *ard*: Ls. *ard* [5^x]; *árd* [1^x],⁵¹ *ann*: Ls. *ann* [20^x +]; *án* [2^x].⁵²

Seo a leanas na hathruithe éagsúla eile a thagann ar na gutaí agus a thugann léargas dúinn ar chúrsaí foghraíochta na canúna. Cuireadh litriú an chaighdeáin nó litriú malairte FGB ar fhormhór na samplaí thíos. Sa chás nach réitíonn an fuaimniú le ceachtar den dá litriú sin, áfach, cuireadh litriú faoi leith ar an bhfocal, féach an liosta focal in alt 3.12.3 thíos.

a > Ø: *rán* → [a]rán.⁵³

> /u/: *cut* → *cat*;⁵⁴ *fuide* → *faide*; *ag tafuna* → *ag tafanna*.

> /o/: *goirifean* → *gairfean*; *gofach* → *gafach*; *-son* [iarmhír threise].

> /o:/ roimh *-mh-*: *órán* → *amhrán*.

> /ea/: *brean* → *bran*;⁵⁵ *tearra* → *tarra*.

ae > /e:/: *pré* → *prae*.

ai > /a:/: *fá*⁵⁶ → *faigh*; *sglámhe* → *sclaimhe*.

> /ui:/: *a bhfuí* → *a bhfaighidh*.

> /ea/: *teaspáint*, *teasbainiú* → *taispedaint*, *taispedánadh*.

> /i:/ roimh *-mh-*: *suímhnis* → *suaimhnis*.

aí > /u:/: *iomú* (CO *iomaí*, cf. alt. 3.12.3)

aíó > /ai/: *claipe* → *claimhe* (CO *claiomh*, cf. alt. 3.12.3).

ao(i) > /(u)i:/: *cuíneachan* → *caoineachán*; *faríor* → *faraoir*; *suíchan* → *saochan*.⁵⁷

> /o/ nó /u/: *glo* / *glu* → *glaoigh*.

abh > /o/: *go* → *gabh*; *an ngoch sé* → *an ngabhfadh sé*; *goil* → *gabháil*.

⁵¹ Is i L2 den scéal *Seán an Amadáin* a fhaightear an sampla aonarach seo.

⁵² Is dócha gur féidir glacadh leis gur sínte fada iomarcacha atá sna samplaí seo a leanas: *in ann*: Ls. *i n-án* [20^x +], féach alt 3.12.1 (n.).

⁵³ Faightear sampla aonarach den *a* tosaigh ar an ainmfhocal seo, .i. *ruainne aráin*. Seo a leanas líon na samplaí den leagan [a]rán [10^x]: *baintear [a]rán*; *aon chiseán amháin [a]rán*; *ruainne [a]rán srl.*; [a]ráin [3^x]: *mála [a]ráin*; *ruainne beag [a]ráin*; *ruainín beag [a]ráin*.

⁵⁴ Luaitear in IIA: 1848 gur ghnách an *a* a choinneáil san fhocal *cat* nuair a bhíonn frásaí buana nó seanfhocail i gceist, i gcás *Rí na gCat* mar shampla. Is mar seo atá sa bhailiúchán scéalta seo chomh maith, féach leaganacha na ls. sna samplaí seo a leanas: *cat* [2^x]: (Ls. *cut*; *ca^{tt}*); *cait* [4^x]: (Ls. *cuit* [4^x]); *Rí na gCat* [5^x]: (Ls. *gCat* [5^x]).

⁵⁵ Faightear sampla amháin den litriú *brán* chomh maith.

⁵⁶ Féach, chomh maith, na samplaí seo a leanas a luaitear faoi alt 4.2.4.1 (faigh): *má fhaigheann*: (Ls. L1 & L2: *má fhághan*); *mara bhfaigheadh sé* (Ls.: *mara bhfághad sé*); *dá bhfaigheadh an rí amach* (Ls.: *gá bhfághadh an*).

⁵⁷ (Ls.: *suíchan* ^{^saochán} *céille*).

> /o:/: *ghó* → *ghabh*; *góil* → *gabháil*; *tóir(t)* → *tabhair(t)*.

e > /i:/: *béilí* (cf. alt 4.3.2.2).

ea > /a/: *darna* → *dearna*; *craga* → *creaga*;⁵⁸ *cranach* / *crannach* → *creathnach*.

> /e/: *píler* → *pílear*.

> /e:a/: *cuigéal* → *coigeal*.

> /i/: *deirineach* → *deireanach*; *éigin* → *éigean*.

> /io/ nó /ia/: *meigiol*, *meigiall* → *meigeall*.

eag > /ug/: *elug* → *uileag*.

> /iug/: *uiliug* → *uileag*.

é > /ai/: *taidhean*, *taidhin* → *téann*.

éa > /il/: *dina* → *déanamh*.

> /i:/: *físóg* → *féasóg*; *dín* → *déan*.

ei > *eai* roimh *r*: *ceaird* → *ceird*.

> /e/: *dá mbense* → *dá mbeinnse*.

> /il/: *dimhin* → *deimhin*; *d'fhiceadh* → *d'fheicfeadh*.⁵⁹

> /i:/: *gímhre* → *geimhreadh*.

éi > /ei/: *eicint* / *eicint* → *éicint*.

> /iu/: *siumra* → *seomra*.

> /ea/: *gheabha*⁶⁰ → *gheobhaidh*.

eoir > /eu:r/: *an-chainteúr* → *an-chainteoir*.

eoirí > /eri:/ nó /eari:/: *cainteairí* → *cainteoirí*; *múinteráí* → *muinteoirí*.

i > /a/: *aniu* → *inniu*.⁶¹

i > /i:/: *eicint* → *éicint*

> /i:/ roimh *nn* nó *m* deiridh: *bínn* → *binn*; *cínn* (*t. gin. de 'ceann'*) → *cinn*; *chínn* [*br. a.c.*] → *chinn*; *Fíonn* → *Fionn*; *ím* → *im*; *tínn* → *tinn*; *hímpeal* → *thimpeall*; *os cíonn* → *os cionn*; *íntinn* → *intinn*.

> /i:/ roimh *ll*: *míllteach* → *millteach*.

⁵⁸ Féach Ó Murchú (1991: 99) a deir: “tugtar *na craga* ar na réimsí móra creige atá ar thaobh ó dheas den oileán”.

⁵⁹ Is coitianta an litriú *feic* ar an mbriathar seo sna haimsirí éagsúla: *feic* [20^x +]; *fic* [3^x].

⁶⁰ Déantar plé ar an leagan seo in alt 4.2.4.1

⁶¹ Is coitianta na leaganacha *inníú* (alt 3.8.2) agus *indiu* (alt 3.8.8).

> /ea/: maidean → maidin.

> /u/ nó /ui/: ruth / ruith → rith.

> /ui:/: tuití → tite.

io > /a/: ní hanann → ionann.

> /i/: pinta → pionta.

> /iu:/: is iúndála → iondúla; d'íunta → d'iontaigh.

> /i:/: iontach → iontach; íontas → iontas.

íó > /ia/: tiacht → tíocht (CO teacht); criana → críonna; gniamh → gníomh.

> /i:/: inín⁶² → iníon.

o > /a/: as → os (a chionn); bala → boladh; fala → folamh.

a / o / u > /au/ nó /ou/ roimh r: aurlár → urlár; baurd → bord; cabhair → corr; ourdóig → ordóig; ourda → ordaigh; tournáil → tornáil.

o > /ou/ roimh gh: fouleracht / foulaereacht → foghlaeireacht.

> /o:/: órdóg / órdóig → ordóig; órda → ordaigh.

> /u/: unoir → onóir; sgiub → sciob; iumarca → iomarca.

> /u:/: roimh n / nn láir: brúntanas → bronntanas;⁶³ cúntráil → contráil; cúntráilte → contráilte.

> /u:/: roimh nn deiridh: anún → anonn; fún → fonn.

o + -mh- > /o:/: nó /u:/: cóirle → comhairle; cúrsa → comharsa; Dúna / Dóna → Domhnaigh.

> /o/ nó /u(a)/: coluadar / culódar / cualódar → comhluadar.

ó > /a:/: paráiste → paróiste; bearabáir → bearbóir.

> /u/: go bhfuire → go bhfóire; fursa → fórsa; numeud → nóiméad.

oi > /ou/ roimh r: courneál → coirnéal.

> /i/: ileán → oileán.

> /i:/: roimh m: druím → droim.

> /u:/: cainteúr → cainteoir.

ói > /u/ nó /a/ roimh r: seolturacht / seoltareacht → seoltóireacht.

u > /u:/: úncaíl → uncaíl; únsa → unsa.

uá > /ua/: tuaile → tuáille.

⁶² Sa TA amháin a fhaightear an litriú seo, an litriú *iníon* atá sa TT.

⁶³ Níl ach sampla amháin den leagan seo sa ls.: *bron(n)tanás* [8^x]; *brúntanas* [1^x].

uí > /o/: *lodar* → *luíodar*.⁶⁴

ui > /e/: *elug* → *uileag*.

> /uí/: *chuímhne* → *chuimhnigh*.

uó > /ua/: *ruag* → *ruóg*.

3.11.3 Litriú Foghraíochta na bhForainmneacha agus na bhForainmneacha Réamhfhoclacha

Is mar seo a leanas a scríobhtar na forainmneacha agus na forainmneacha réamhfhoclacha sa lámhscríbhinn. Leasaíodh na samplaí ar fad go dtí litriú an chaighdeáin.

acab → *acu*; *agí* / *agai* → *agaibh*; *am* / *ám* → *agam*; *ainn* → *againn*; *ad* / *ád* / *agad* → *agat*; *atsa* → *agatsa*; *aice* → *aici*; *aiste* → *aisti*; *asad* → *asat*; *astab* → *astu*; *hugam* → *chugam*; *t'* [aid. sheal. 3 p. u.] → *d'*; *dí* → *di*;⁶⁵ *díb* / *díbh* → *daoibh*; *dhíb* → *dhaoibh*; *'iot* → *dhíot*; *om* → *dhom*;⁶⁶ *'uit* → *dhuit*; *díb* / *díob* / *díbh* → *díobh*; *ó* → *dhó*; *dób* / *dóib* → *dóibh*; *adraí* → *eadraibh*; *atrob* / *atrot* → *eatarthu*; *fúb* → *fúthu*; *in(n)te* → *inti*; *in(n)tob* / *in(n)tob* → *iontu*; *lé* / *leithe* → *léi*; *lób* / *leób* / *leothab* / *leóthab* → *leo*; *oraí* → *oraibh*; *orab*⁶⁷ → *orthu*; *rive* / *rumhe* → *roimhe*; *rúmpi* / *rumpa* / *roimpe* / *ruimpe* → *roimpi*; *rúm* → *romham*; *rút* / *rót* → *romhat*; *rumpab* / *rúmpob* / *rumpob* / *rúmpu* / *rumpot* → *rompu*; *sib* → *sibh*; *ú* → *thú*; *bhó* / *wó* → *uaithe*; *bhób* / *wób* / *uathob* → *uathu*; *ora* / *ortha* → *uirthe*.

3.11.4 Cúrsaí Béime

Faightear roinnt samplaí sa bhailiúchán a thugann léargas dúinn ar chúrsaí béime na canúna. Sa dá shampla dhéshiollacha seo, cailtear an chéad siolla agus cuirtear an bhéim ar an siolla atá fágtha: *rán* (CO *arán*); *spáin* (CO *taispeáin*).

Cuirtear an bhéim ar fhocail éagsúla sna leaganacha canúnacha seo a leanas:

béim ar an réamhfhocal: *i ngonas* → *i ngan fhios*.⁶⁸

béim ar an litir *g* sa réamhfhocal *ag*: (*ag*) *gairdeall* → *ag airdeall*; *a gúrachán* → *ag úrachán*.

béim ar an bhforainm ceisteach: *caus* → *cá bhfios*; *cáil* → *cá bhfuil*.

⁶⁴ Seo an t-aon sampla d'fhoirm an bhriathair seo agus is mar fhorscript a fhaightear í taobh leis an litriú *luíodar*: Ls.: *luídar* ^{*lodar*} *siar*

⁶⁵ Guta *nó* consan a leanann an leagan *d(h)í*, m.sh. Ls.: *an oiread dí ar*; *gheall sí dí agus*; *d'innis sé dhí go ro*; *d'fhiarfa se dhí cé an meid srl*.

⁶⁶ Sa leagan *toram* → *tabhair dhom*.

⁶⁷ Faightear an sampla aonarach seo chomh maith sa ls.: *or*^{*th*}*ab*

⁶⁸ Mar eolas, is mar seo a leanas a scríobhtar na samplaí éagsúla de '(d)ar ndóigh' [5^x]: Ls.: *ar ndó* [2^x]; *ar ndo* [2^x]; *dar nó* [1^x].

béim ar an mbriathar: *goile* → *gabh i leith*.

béim ar an aidiacht shealbhach: *bhí éluich*⁶⁹ *orthu* → *bhí a shliocht orthu*.

3.11.5 Meititéis

Tá líon beag samplaí den mheititéis sa bhailiúchán. Sa chás go bhfaightear leagan na lámhscríbhíne in FGB nó in FFG, fágtar an leagan canúnach sa téacs. Sa chás nach bhfaightear sna foinsí sin iad, tugtar leagan an CO sa téacs agus an bunleagan i bhfonóta:

coisméig = FGB (CO *coiscéim*); *dredir* → *deartháir*; *dreaur* → *deirfiúr*; *garla* → FGB *galra* (CO *galar*); *muilinne* = FFG (CO *muinchille*); *Spri Naomh* → *Spiora[d] Naomh*.

Pléitear na samplaí seo thuas in ICF 115-6 agus in ÉBS 308.

3.12 Foirmeacha Malartacha

3.12.1 Na Comhfoirmeacha

Tá líon mór samplaí de chomhfoirmeacha sa bhunleagan. Nuair a síleadh nach raibh i gceist ach malartú ó thaobh an litrithe de, cloíodh leis an leagan ab fhearr a réitíonn leis an CO:

go hÁran / *go hÁrain* / *go hArann* / *i nArainn* / *i n-Aran* → *go Árainn* / *in Árainn*; *a bhais* / *a bhathis* → *a bhaithis*; *chún's* / *chún (i)s* → *chúns*; *go bhfuighe* / *a bhfuí* / *a bhfai* → *a bhfaighidh*; *goile* / *go i leith* / *ga^obh i leith* → *gabh i leith*; *i n-án* / *i n-an* / *i ndán* → *in ann*;⁷⁰ *i n-án* / *i n-an* → *i ndán*;⁷¹ *lá'n na mháireach* / *lárnámháireach* / *lá an mháireach* / *lar na mharach* → *lá arna mháireach*;⁷² *larach* / *láthrach* → *láithreach*; *ó choin* / *ó shoin* / *ó shin* → *ó shin* srl.

3.12.1.1 Cásanna faoi leith

Nuair a bhí fianaise an dá nós sa chanúint, leanadh léamh na lámhscríbhíne tríd síos, m.sh.: *méad* agus *méid* nuair is cainníocht atá i gceist; *riamh* agus *ariamh*; *dún* agus *dúin*; *d'fhan* agus *d'fhain*; *d'ól* agus *d'óil*; (br. AC); *cur* agus *cuir* (AB) agus na hainmneacha briathartha dar gcríoch *-eáil* / *-eál*: *tóigeáil* agus *tóigeál*; *feiceáil* agus *feiceál* srl.

Nuair nach raibh fianaise sheachtrach ar cheann amháin de na malairtí, scríobhadh an fhoirm ab fhearr a réitíonn leis an gcanúint. Ionas nach gceillfí aon eolas ar an léitheoir, áfach, tugtar tagairtí

⁶⁹ Luaitear an leagan seo in IIA: 1130 chomh maith.

⁷⁰ Eolas breise maidir le ‘in ann’: Ls.: *i n-an* [7x] / *i n-án* [20x+] / *i ndán* [4x]. Níl ‘in ann’ féin le fáil sa ls.

⁷¹ Na foirmeacha éagsúla de ‘i ndán’: *i n-an* [1x] / *i n-án* [1x] / *i ndán* [1x]

⁷² Féach an plé ar *amárach* / *amáireach* faoi 3.12.1.1 thíos.

don leagan eile ar na samplaí *amárach*, *aimsear* agus *chonaic* sa phlé thíos. Tagraíonn uimhreacha na leathanach thíos do leathanaigh an tráchtais seo, tagraíonn an chéad uimhir idir lúibíní d'uimhir an leathanaigh agus an dara huimhir don líne.

amárach / *mhárach* [14^x]; *amáireach* / *mháireach* [46^x]: De bhrí nach bhfuil fianaise ag an bpointe seo go bhfuil an fhoirm chaighdeánach in úsáid sa chanúint, scríobhtar an leagan ‘amáireach’ i ngach cás. Féach go ndearna Robin Flower é féin na leasuithe: *amárach* → *amáireach* agus *amarach* → *amairach* sa scéal ‘Scéal Mhac Rí Éireann’. Deirtear an méid seo i dtaobh an fhocail ‘amáireach’ i mbrollach an leabhair *Scéalta Mháirtín Neile*: ‘Deir sé [Pedersen] san aguisín i leabhar Fhinc go bhfuil an r caol i gcónaí san fhocal seo’ (1994: 1).

Is mar *mharach* / *máarach* a scríobhadh na samplaí seo sa téacs thíos: (165: 12); (205: 3); (208: 23); (212: 7); (217: 8); (217: 9); (222: 8); (244: 1); (249: 17); (263: 17); (265:9); (279: 1) agus (279: 15).

aimsir [8^x] / *aimsear* [12^x]: Go bhfios dom, ní raibh an leagan ‘aimsear’ bisiúil sa chanúint taobh amuigh den tuiseal tabharthach nó má bhí cúrsaí sandhi i gceist. Tá an dá fhoirm den fhocal le fáil sa tuiseal tabharthach i leagan na lámhscríbhinne agus is léir nach cúrsaí sandhi is cúis le húsáid foirm amháin thar fhoirm eile: *leis an / don aimsear* [3^x], *insa / ón tseanaimsir* [3^x]. Leasaíodh na samplaí ar fad go dtí ‘aimsir’ sa leagan seo.

Seo a leanas tagairtí do na leathanaigh ina raibh an leagan *aimsear* sa bhunfhoirm: (164: 8); (164: 9); (164: 11); (164: 12); (164: 17); (272: 6); (316: 22); (317: 5); (317: 10) agus (331: 2).

chonaic [11^x] / *choinic* [50^x +]. Níl aon fhianaise ann go mbaintear úsáid as an bhfoirm ‘chonaic’ sa chanúint agus déantar ‘choinic’ de gach sampla dá bharr.

Tagairtí ina raibh an leagan *chonaic* sa lámhscríbhinn: (159: 5); (182: 17); (197: 13); (283: 5); (307: 18); (323: 2); (326: 6) agus (328: 7).

3.12.2 Malairtí FGB

Baintear úsáid as malairtí FGB sa leagan seo, m.sh.: *amáireach*; *beodhas*; *choinic*; *éicin(t)*; *éicineach(t)*; *ag gáirí*; *piolóití*; *póillíos*; *táillíuir*; *úlla*; *uileag* srl. Níor baineadh úsáid as na malairtí, áfach, sna cásanna seo a leanas: (a) malairtí an tseanlitrithe;⁷³ (b) nuair a d’fhéadfadh bá nó

⁷³ Ach amháin i gcás cupla eisceacht nuair a chuireann an seanlitriú tréith eile canúna in iúl: m.sh. an chopail *badh* seachas *ba* roimh na forainmneacha dar dtús guta; *páighe* mar go gcuireann sé foghraíocht an fhocail in iúl, srl.

comhshamlú a bheith mar chúis don mhalairt leagain, m.sh. *éisteach[t] leis* (c) nuair a síleadh go gcuirfeadh a leithéid de leagan mearbhall ar an léitheoir. Sa chás sin baintear úsáid as an leagan caighdeánach agus tugtar leagan na lámhscríbhíne san fhonóta, m.sh.: *an té* (Ls.: *an cé*).

Ceadaítear, chomh maith, na focail sin nach bhfuil luaite go sonrathach mar mhalairt in FGB ach atá luaite taobh leis an gcomhartha ‘=’, m.sh.: *blaoigh = glaoigh; ceard = ceird; chaon = gach aon; chuile = gach uile; chúns = chomh fada is; coisméig = coiscéim; mada = madra; mara = mura; sea = is ea; spáin = taispeáin; tiomáilt = tiomáint; théis / tréis = tar éis; treasna = trasna; tuige = cad chuige*.

3.12.3 Litriú faoi leith

I gcás roinnt bheag samplaí sna scéalta, ní fheileann litriú an chaighdeáin ná litriú na malairtí do leagan na lámhscríbhíne. Sna cásanna úd, rinneadh iarracht litriú a sholáthar a bheadh dílis d’fhuaimniú an bhunleagain ach, ag an am céanna, a bheadh soléite don léitheoir, m.sh.: *atruaíocht* (CO *atruach*); *an bheiciúch agus a bhladhriúch* → *an bhéiciúch agus an bladhrúch*; *a bhíú* → *a bhíothadh* (CO *bhíothas*); *chaoin* → *choíchín* (CO *choíche*);⁷⁴ *claipe* → *claimhe* (CO *claiómh*); *claiifí / claidhfí* → *claimhí* (CO *claimhte*); *cruí* → *cruithe* (CO *crúite*); *iomú* (CO *iomai*); *ar leabai* (CO *leaba*); *paighe* → *páighe* (CO *pá*); *ríach* → *ritheach* (CO *rith* (a. br.)); *spiar / spír* → *spiar* (CO *spéara*); *tíocht* (CO *teacht*); *truaighe* → *truaí* (CO *trua*); *uinge* → *inge* (CO *ingne*). Féach, chomh maith, na haidiachtaí briathartha a luaitear in alt 3.11.1.5.13.

⁷⁴ Tugtar an t-eolas seo i dtaobh an fhuaimnithe i gcás ceann de shamplaí an fhocail seo: Ls. L1: *chaoin*; L2: *chaoin* (*choidhchin*). Faightear an litriú *choíchín* i SMN: Lii

Caibidil a 4 — Teanga na Scéalta

4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar mionanailís ar theanga na lámhscríbhinne ó thaobh na ranna cainte nó na n-aicmí seo a leanas: an briathar; an t-ainmfhocal; an aidiacht; an réamhfhocal; an forainm; an forainm réamhfhoclach; an uimhir; na hathruithe tosaigh agus pointí éagsúla eile. Pléitear na samplaí suntasacha a bhaineann le teanga an scéalaí agus déantar comparáid idir teanga an ábhair seo agus foinsí éagsúla eile a bhaineann le Gaeilge Árann agus Gaeilge Chonamara. Tugtar samplaí ón lámhscríbhinn nuair a bhain suntas faoi leith leis an mbunleagan; tagraíonn na huimhreacha idir lúibíní i ndiaidh na samplaí úd d'uimhriú an tráchtais seo.

4.2 An Briathar

4.2.1 Réimniú

Ní i gcónaí a réitíonn réimniú an bhriathair leis an gcaighdeán oifigiúil. Sna samplaí thíos, pléitear: (a) na briathra atá sa chéad réimniú sa CO ach sa dara réimniú sna scéalta; (b) sa dara réimniú sa chaighdeán ach sa chéad réimniú sna scéalta; agus (c) an dá réimniú ag aon bhriathar amháin.

4.2.1.1 An Chéad Réimniú → An Dara Réimniú

buaigh: *nach mbuóidh tú air* (315, 318) (Ls.: *mbuó*; *mbúó*).

cinn (FGB *cinn*²): *gur c[h]inníodar* (298) (Ls.: *ciníodar*).

4.2.1.2 An Dara Réimniú → An Chéad Réimniú

aithin: *nuair a d'aithneadar ar Fionn* (306); ardaigh: *d'ardadar* (307 [2^x], 308); ceangail: *cheangladar*⁷⁵ *í* (328); ceannaigh: *cheannfá* (215); cónaigh: *chónadar*⁷⁶ (178, 263); cuardaigh: *chuardadar* (174); fiarfaigh: *(d')fhiarfadar* (246 [3^x], 256, 304); folmhaigh: *D'f[h]olmhamar an jar* (283) (Ls.: *D'falamuir*); imir: *go n-imreafá* (323) (Ls. L1: *go n-imrea*; L2: *go n-imreá*); inis: *is iomú duine a n-insfeá* (267) (Ls.: *a n-innseá*); ionsaigh: *D'ionsadar fhéin a chéile* (241); iontaigh: *shiúladar agus d'iontadar anuas* (325); labhair: *labh[r]adar* (288); maraigh: *go marfá iad* (185); mharadar (174, 207, 251, 275); réitigh: *réiteadar* (199 [4^x]); scanraigh: *scanradar* (198).

⁷⁵ Is foirm sheanbhunaithe í seo, c.f.: *do cheangladar rátha gréine & éasca orra féin* (*eDil*: Foras Feasa ar Éirinn).

⁷⁶ Féach an plé ar na leaganacha dar gcríoch *-dar* in alt 4.2.2.2.3.1

4.2.1.3 An Dá Réimniú

cúimhnigh: 1R: *Ní chuimhnfidh tú* (319) (Ls.: *chuímhne*); *mara gcuimhnfidh tusa uirthi, cuimhnfidh mise uirthi* (319) (Ls.: *mara gcuimhne [...] cuimhne mise*); *go gcuimhnfeá* (287) (Ls.: *go gcuinhná*).

2R: *go gcuimhneofá* (297) (Ls.: *go gcuinhneothá*); *ní chuimhníodar* (297).

tarraing: 1R: *a tharraingeas* (195) (Ls.: *a thairneas*); *an dtarraingfeá í* (254) (Ls.: *a dtairrneá*); *tharraingeadar* (288).

2R: *a tharraingeos* (253) (Ls.: *a thairrneós*).

4.2.2 Foirmeacha Táite agus Scartha an Bhriathair

Faightear foirmeacha éagsúla den bhriathar i scéalta Uí Dhireáin. Déantar plé ar roinnt cásanna suntasacha anseo.

4.2.2.1 An Aimsir Láithreach

4.2.2.1.1 An Chéad Phearsa Uatha

Foirmeacha scartha [50^x +]:

abair [1^x]: *a deir mé* (283); bí [50^x +]: *(a)tá mé* (161, 168 srl.); *a / go bhfuil mé* (240, 270 srl.); *níl mé* (170, 259) srl.

Foirmeacha táite [50^x +]:

abair [11^x]: *deirim* (212, 254, 267); *deirimse* (209, 254 srl.); aithin [4^x]: *aithním* (277, 306, 308); *ní aithním* (174); bí [11^x]: *táim* (168, 332 srl.); *bím* (219); *nach bhfuilim* (201); *nílím* (188, 219); codail [1^x]: *ní chodlaím* (271); creid [2^x]: *creidimse* (237); cuimhin [1^x]: *cuimhním* (174); cuir [5^x]: *cuirim* (324); *cuirimse* (177, 178 srl.); déan [1^x]: *go ndéanaim* (227); feic [4^x]: *feicim* (296); *má fheicim* (213); *ní fheicim* (249, 270); fág [1^x]: *fágaim* (277); fan [2^x]: *fanaim* (240, 333); faigh [1^x]: *faighim* (313); féad [8^x]: *má / ní fhéadaim* (164, 189 srl.); gair [1^x]: *gairim* (191); tar (tig) [2^x]: *tigim* (240, 333); téigh [4^x]: *téim nó ná téim* (324); *má théim* (204, 244); síl [12^x]: *sílím* (186, 191 srl.); *sílímse* (184, 331); sín [1^x]: *má shínim* (204).

4.2.2.1.2 An Dara Pearsa Uatha

Níl ach sampla amháin den fhoirm tháite, 2 p.u. san aimsir láithreach agus tá doiléireacht áirithe ag baint leis an sampla céanna. Féach an léamh eile i ndiaidh fhoirm na lámhscríbhíne thíos.

an méad meabhair a fhéadfas s[é] a bhaint as an saol (268) (Ls.: *fhéudais a bhaint* [Léamh eile = *a fhéadair*]).

Is cosúil gurb é an foirceann *-ais* atá sa bhunleagan anseo. In éagmais aon fhianaise go bhfaightear an leagan *fhéudais* mar fhoirm tháite san AL, beartaíodh é a leasú go dtí an leagan seo a leanas: *a fhéadfas [s]é*. Sa léamh seo, glactar leis go bhfuil comhshlamhlú agus bá consaine i gceist agus sin is cúis le leasú an fhoircinn chaoil *-ais* go dtí an foirceann leathan *-fas*.

Is éasca an litir *s* a léamh ar an litir *r* i bpeannaireacht Flower, áfach, agus is fiú, mar sin, an deireadh *-air* a thabhairt mar fhéidearthacht eile. Luaitear an deireadh seo in ICF: ‘Is múch an solas is cuir thart é, má fhéadair’ (ICF 73), agus in IIA mar fhoirm mhacallach sa 2 p.u., AL, féach *-ir* (IIA 983).

4.2.2.1.3 An Chéad Phearsa Iolra

Foirmeacha scartha [12^x]:

bí [11^x]: *tá muid* [6^x] (164, 258 srl.); *atá muid* (170); *níl muid* (170); *a bhfuil muid* (273); *nach bhfuil muid* [1^x] (219)⁷⁷; feic [1^x]: *nach bhfeiceann muid* (251).

Foirmeacha táite [4^x]:

(a) foirm dar críoch *-imid* [2^x]:

síl [1^x]: “*Sílimid*,” *a deir sé*, “*gurb ea istigh torann fathach atá ag gearradh crainnte*. (Ls. L1: *Sílimid*; L2: *Síle muid*) (309);

téigh [1^x]: *Téimid isteach*,” *a deir sé le Bóirne agus le Goll*. (Ls. L1: *Teidmid*; L2: *Teidh muid*) (309).

Faightear an dá abairt seo in aon alt amháin. Luaitear in alt 3.3 go bhfuiltear ag glacadh le L1 mar bhunleagan na lámhscríbhíne agus gurbh é Robin Flower a rinne na leasuithe a fhaightear ar L2. Ina dhiaidh sin féin, is fiú suntas a thabhairt do leagan a dó na lámhscríbhíne sna samplaí thuas mar go réitíonn siad leis an bhfoirm chanúna a luaitear faoi (b) thíos, .i. *-amuid*. Léamh eile atá ar na foirmeacha *sílimid* agus *téimid*, mar sin, ná: *síleamuid* agus *téamuid*.

(b) foirm dar chríoch *-amuid* [2^x]:

Is foirmeacha táite faoi leith atá i gceist sna samplaí seo thíos. Foirm is ea í a luaitear in SG leis na samplaí ‘bádhfamuid í sin’ agus ‘atámuid’ (SG 580) agus tá sí le fáil chomh maith in *An Aran Folktale* a d’aithris Joe Mháirtín as Inis Oírr: ‘Támuid faoi thart [...] & támuid faoi ocras’ (AF 9).

⁷⁷ Féach an sampla canúnach *nach bhfuileamuid* faoi (b) thíos.

Ar mhaithe leis an gcomhthéacs, tugaim roinnt mhaith den abairt iomlán, chomh maith le leagan na lámhscríbhíne idir lúibíní, sna samplaí thíos.

bí [1^x]: “... *tiúrfaidh tú scéala againne cén fáth nach bhfuileamuid ag sábháilt airgid.*” (164) (Ls.: *nach bhfuilimuid*);

feic [1^x]: “... *agus tá rud éicineacht eile insa loch nach bhfuil ceart agus ní ligfeadh an faitíos d’aonduine a dhul ann, agus feiceamuid [a] cosúlacht corrlá, agus tá muid ag ceapadh gur eascann nimhe atá ann.*” (165) (Ls.: *feicea muid*);

téigh [1^x]: “*Téamuid síos go beo,*” a deir Diarmuid Mór, “*féachaint an bhféadfadh muid é a shábháilt.*” (247) (Ls.: *Teidh muid [Léamh eile: téadh muid].*)

4.2.2.2 An Aimsir Chaite

4.2.2.2.1 An Chéad Phearsa Uatha

Foirmeacha scartha is mó a fhaightear sa 1 p.u., aimsir chaite [30^x +]: *bhí mé; d’éirigh mé; fuair mé; choinic mé; tháinig mé* srl. Seo a leanas na foirmeacha táite a fhaightear sa bhailiúchán:

Foirmeacha macallacha:

bí [3^x]: “*Sea, an raibh tú in Éirinn?*” “*Bhíos*” (226);

Tá dhá shampla den fhoirm *rabhas* sa chomhrá thíos:

“*Cén áit é sin?*”

“*I nGaillimh.*”

“*Ó, tá bád beag agatsa, go deimhin, a [...]*⁷⁸ *i nGaillimh.*”

“*M’anam péin go rabhas, muis.*”

“*Ar ndóigh, dhá ngabhfa go Gaillimh, nach dtóigfeadh sé seachtain thú?*”

“*Nach deirim leat go rabhas.*” (211-2).

Is léir nach gcreideann an té atá ag cur na ceiste go raibh carachtar an scéil i nGaillimh mar a deir sé. Is cosúil, mar sin, gur freagra í an fhoirm mhacallach ‘go rabhas’ ar ráiteas neamhráite a chiallaíonn ‘Ní raibh tú i nGaillimh ar chor ar bith.’

éirigh [1^x]: “*A Tam, ar éirigh tú fós?*” “*Níor éiríos ...*” (245);

faigh [3^x]: “*an bhfuair tú aon bhlas faoi?*” “*Fuairéas,*” [2^x] (300); “*Is cosúil,*” a deir sé, “*nár bhfuair tusa le n-ithe aon bhlas den mhart ach na haobha.*” “*Níor bhfuairéas,*” a deir sí (266);

feic [4^x]: “*An bhfaca tú?*” “*Choiniceas.*” (226, 299, 301);

íoc [1^x]: “*Sea, ar íoc tú an báicéara?*” “*D’íocas.*” (202).

⁷⁸ Focal doléite go maith. Ls.: *thich*

Foirmeacha eile:

faigh [1^x]: “*Ní raibh aon ghráinne tobac agam agus d’iarr mé uair agus dhá uair é agus níor bhfuair eas.*” (209).

4.2.2.2.2 An Chéad Phearsa Iolra

Foirmeacha scartha [14^x]:

bí [1^x]: *ná raibh muid* (254); cuir [2^x]: *chuir muid* (254, 255); déan [1^x]: *a rinne muid* (197); féach [1^x]: *d’fhéach muid* (193); feic [1^x]: *ní fhaca muid* (204); ith [2^x]: *níor ith muid* (213); *a d’ith muid* (331); síl [1^x]: *shíl muid* (196); tar [3^x]: *tháinig muid* (328); *go dtáinig muid* (193, 284); tarraing [1^x]: *tharraing muid* (255).

Foirmeacha táite [5^x]:

bí [3^x]: *a bhíomar* (197, 255, 302); déan [1^x]: *mar ’ rinneamar* (179); folmhaigh [1^x]: *D’f[h]olmhamar* (283) (Ls.: *D’falamuir*).

Luaitear in SG 580 agus in alt William Mahon (1993: 84-85) gur sna hamhráin, san fhilíocht agus sa bhéaloideas is mó a fhaightear an fhoirm tháite seo *-mar* san AC. Luaitear sa dá alt seo go bhfuil an fhoirm *-(e)amar* le fáil san ábhar a bhailigh F. N. Finck in Árainn ag deireadh na naoiú haoise déag ón scéalaí Joe Mháirtín Ó Conghaile. Luann Mahon freisin go bhfaightear líon mór samplaí den fhoirm *-(e)amar* sa chaint bheo mar a luaitear in ábhar T.S. Ó Máille *Liosta Focal as Ros Muc* (1974).

Tugann na samplaí ón ábhar béaloidis seo le fios go raibh an fhoirm tháite fós bisiúil i scéalaíocht an chéid seo caite ach gur choitianta an fhoirm scartha sa bhailiúchán scéalta seo.

4.2.2.2.3 An Tríú Pearsa Iolra

Is mó i bhfad foirmeacha táite an bhriathair san AC, 3 p.iol.: foirmeacha scartha [60^x +]; foirmeacha táite [300^x +]. Ní thugtar sa liosta thíos ach na briathra sin a bhfuil an dá fhoirm — scartha agus táite — acu:

abair: *dúradar* [3^x] (180, 238, 275); *dúirt siad* [1^x] (251); ardaigh: *d’ardadar* [3^x] (307 [2^x], 308); *d’ardaigh siad* (326); bí: *bhíodar* [20^x +] (166, 172 srl.); *a / go / ná / ní rabhadar* [13^x] (184, 197, 248 srl.); *bhí siad* [1^x] (293); *a / cá / go / ná raibh siad* [6^x] (209, 291, 329 srl.); déan: *rinneadar* [7^x] (169, 186 srl.); *rinne siad* [1^x] (169); feic: *choiniceadar* [3^x] (305, 307, 329); *choinic siad* [5^x] (199, 265 srl.); éirigh: *D’éiríodar* [9^x] (208, 218 srl.), (Ls.: *d’éiríodar / d’eiríodar*); *d’éirigh siad* [1^x] (218); imigh: *D’imíodar* [17^x] (179, 188, 194 srl.); *D’imigh siad* [2^x] (241, 297); ionsaigh:

d'ionsadar [1^x] (241); *d'ionsaigh siad* [2^x] (242, 318); iontaigh: *d'iontadar* [1^x] (325); *d'iontaigh siad* [1^x] (250); suigh: *Shuíodar* [10^x] (202, 271, 283 srl.); *shuigh siad* [0^x]; tarraing: *tharraingeadar* [1^x] (288); *tharraing siad* [1^x] (195); téigh: *chuadar* [20^x +] (161, 178, 185 srl.); *chuaigh siad* [1^x] (307); tosaigh: *thosadar* [17^x] (170, 201, 204 srl.); *thosaigh siad* [3^x] (231, 274, 332).

Tá an dá fhoirm, foirm tháite agus foirm scartha an bhriathair sa 3 p.iol. AC, le cloisteáil i nGaeilge Árann an lae inniu.

4.2.2.2.3.1 An Foirceann *-dar* sa Tríú Pearsa Iolra, Aimsir Chaite

Is é an foirceann *-(a)dar* an deireadh is coitianta sna briathra táite, 3 p.iol. AC, fiú i mbriathra den dara réimniú.

1R *-(a)dar* [50^x +]: *chuireadar*; *thóigeadar*; *bhaineadar* srl.

Eisceacht: *c[h]inníodar*.

2R *-iodar* [26^x]: *d'imíodar* [16^x] (Ls.: *d'imíodar* [15^x], *d'imíodair* [1^x]); *d'éiríodar* [8^x] (Ls.: *d'eiríodar* / *d'éiríodar* [6^x], *d'eiríodar* [1^x], *d'eríodar* [1^x]); *ní chuimhníodar* [1^x] (Ls.: *chuimníodar*).⁷⁹

2R *-adar* [43^x]: *d'ardadar*; *chónadar*; *chuardadar*; *d'fhiarfadar*; *d'ionsadar*; *d'iontadar*; *mharadar*; *réiteadar*; *scanradar*; *thosadar*.

Pléitear an foras a tháinig ar an bhfoirceann *-dar* i mbriathra an dara réimniú in IIA 1236 agus in SG 584. Mar atá luaite sna foinsí sin, agus mar a léirítear in GCF 106-8, breathnaítear ar *-dar* mar fhorainm ann féin ionas go gcloistear leithéidí *tádar*, *níleadar* agus *[go] bhfuileadar* (GCF 107) agus *buailthidh dur* srl. (IIA 1236).

I scéalta an Direánaigh, is san aimsir chaite amháin a fhaightear an foirceann *-dar* ach ní hin le rá nach bhféadfaí an léamh *d'ardaigh dar*, *chónaigh dar*, *d'fhiarfaigh dar* srl. a dhéanamh ar na briathra a chríochnaíonn ar *-(a)igh* faoi alt 4.2.1.2. Féach leagan na lámhscríbhíne sa sampla seo a leanas ina bhfuil an briathar agus an *dar* scartha amach óna chéile: *Thosadarsan — siadsan — ag gáirí* (202) (Ls.: *Thosa dar son* ^{^siad son}).

4.2.2.3 An Aimsir Fháistineach

Ag teacht leis an gcaighdeán oifigiúil, is coitianta na foirmeacha scartha san aimsir fháistineach sna pearsana seo a leanas: 1 p.u.; 2 p.u.; 3 p.u.; 2 p.iol.; 3 p.iol., m.sh. *tiúrfaidh mé* (161); *gheobhaidh tú* (167); *fiarfóidh sé* (167); *nach bhféadfaidh sibh* (197); *caithfidh siad* (171) srl.

⁷⁹ Is léir ó litriú na ls. sna samplaí seo go bhféadfaí an deireadh *-iodar* a léamh mar *-adar* an chéad réimniú, tharla gur guta gearr atá i bhformhór na samplaí. Táimse á léamh mar *-iodar* toisc (a) nach bhfaightear aon sampla den litriú *-adar* i gcás na mbriathra *imigh* agus *éirigh* agus (b) go mbíonn an nós ann sa ls. na sínte fada a fhágáil ar lár.

Is coitianta na foirmeacha scartha sa 1 p.iol. chomh maith ach ó tharla gur táite atá siad sa CO, pléitear na samplaí úd ar leithligh thíos. Anuas ar na gnáthshamplaí scartha, faightear neart cásanna den fhoirm choibhneasta sna scéalta. Seo a leanas roinnt de na briathra coibhneasta san AF [102^x]: *a déarfás Gruagach* (170); *a thiúrfas ann* (324, 325); *a íosfas tú* (190); *a ghabhfás mise* (244); *a chuirfeas muid* (256); *a dhéanfás sibh* (274); *a bheas acu* (287); *a mharós an chéad bhreac* (191) srl. Féach alt 4.2.10 le haghaidh plé ar na foirmeacha coibhneasta.

Maidir leis na foirmeacha táite eile, faightear foirmeacha faoi leith sna scéalta nach bhfaightear sa CO ach atá le fáil sa chanúint. Foirmeacha macallacha cuid mhaith acu seo a fhreagraíonn don bhriathar san abairt roimhe nó a fheidhmíonn mar athrá ar an mbriathar sin. Féach an rangú a thugtar in SG 581-2. Leagtar amach samplaí an Direánaigh thíos de réir pearsan agus de réir réimnithe.

4.2.2.3.1 An Chéad Phearsa Uatha

Foirmeacha scartha [20^x +]:

tiurfaidh mé (163, 175 srl.); *a ghabhfás mise* (244); *a thiocfás mé* (266) srl.

Foirmeacha táite [17^x +]:

An foirceann *-f(e)ad* [13^x]:

déan [1^x]: *As sin go ceann tamaill, dúirt sé leis go gcuirfeadh sé trioblóid b[h]eag air, agus más é a thoil é, an ndéanfadh sé é.*

“Go deimhin, déanfadh, agus fáilte.” (288);

gabh [2^x]: *“Téirigh a chodladh anois ar do leaba, tá tú tuirseach.”*

“Ní ghabhfadh, faigh dhom béile éicineacht, má fhéadann tú é.” (211);

“Cá fhad aríst go ngabhfaidh tú ann?” a deir siad.

“Go deimhin, ní ghabhfadh chúns ’mhairfeas mé ...” (215);

goid [1^x]: *“Is tú a ghoid watch inné uaim.”*

“Ní mé, muis,” a deir sé, “níor ghoid mise aon bhlás ariamh agus ní ghoidfeadh ná go deo ach tá sé ansin amuigh anois, an fear a ghoid uait í.” (228);

leag [1^x]: *“Leag isteach sa seanchomhra sin é,” a deir an bhean.*

“Ní leagfadh, ach an bhfuil a fhios agat cá gcuirfidh mé é?” (188);

tabhair (tiúr) [4^x]: *“An bhféadfadh tú a thabhairt dom níos mó?” a deir sise.*

“Ní thiúrfadh,” a deir sé. (176);

“Tiurfaidh mé trí mhíle punt duit air sin,” a deir an duine uasal.

Thit Seán i laige le áthas.

“M’anam go dtiúrfad,” a deir sé, nuair a fuair sé biseach (192);

Theann siad leis agus d’iarradar gail.

“Go deimhin muipe, ní thiúrfad...” (211);

“Tabhair dom anois beagán tae agus siúcra.”

“Go deimhin, ní thiúrfad muis!...” (218);

tar [3^x]: “An dtiocfaidh tusa ann?” a deir Mac Rí Éireann le fear an tí.

“Tiocfad,” a deir fear an tí (321);

“... An dtiocfá liom ag seoltóireacht píosa de bhliain agus tiúrfaidh mé duit do pháighe go hanchneasta?”

“Tiocfad, agus fáilte, ach níl a fhios agam le aon bhlas a dhéanamh in do shoitheach” (183);

“Tharla gurb ea, tiocfaidh tú suas linn go n-ólfaidh tú deoch liom.”

“Tiocfad, agus fáilte” (288);

tóig [1^x]: “An dtóigfeá máirnéalach maith, a Fionn Mhac Cumhaill?”

“Tóigfead agus fáilte” (326).

Sampla eisceachtúil: “Well, tiúrfaidh mé dhuit an céad seo mar sin.”

“Tabhair dom anois beagán tae agus siúcra.”

“Go deimhin, ní thiúrfad muis, mé, níos mó dhuit go n-íocfaidh tú ar dtús mé. Tá fear anois thuas atá ag díol tae agus siúcra, b’fhéidir go dtiúrfadh sé dhuit é” (219).

Faightear an fhoirm tháite agus forainm na foirme scartha sa sampla eisceachtúil seo. Is cosúil gurb éard atá ann ná athsmaoineadh ar chomhréir na habairte, i.e. ‘Go deimhin, ní thiúrfad muis atá le fáil ar an leathanach roimhe agus réamhsmaoineadh ar an abairt ‘Ní thiúrfaidh mé dhuit níos mó’ atá le fáil níos faide ar aghaidh sa scéal. Mise is cúis leis na camógaí a chur isteach roimh agus i ndiaidh an fhorainm mé.

An foirceann -ód [3^x]:

éirigh [1^x]: “A Tam, ar éirigh tú fós?”

“Níor éiríos,” a deir Tam, “agus ní éireod, ná i mbliana (245);

maraigh [2^x]: “Maróidh tú mé anois, a athair,” a deir sé.

“Ní mharód inniu, (312);

“Maróidh tú inniu go cinnte mé,” a dúirt sé leis an athair, nuair a tháinig sé ag an doras.

“Ní mharód inniu, ach déan do dhícheall amáireach (312).

4.2.2.3.2 An Dara Pearsa Uatha

Foirmeacha scartha [20^x +]:

gheobhaidh tú; a dhéanfas tú; a bheas tú srl.

Foirmeacha táite [4^x]:

An foirceann *-(f)air* [3^x]:

déan [1^x]: “*Go brách, ní dhéanfaidh mé é sin,*” *a deir an fear bocht.*

“*Well, caithfidh tú é a dhéanamh, nó mara ndéanfair, ní dhéanfaidh muid aon mhaith*” (179).

faigh [1^x]: *Chuaigh sé anuas den chapall agus chuaigh sé isteach sa teach: d’iarr sé lóistín na hoíche.*

“*Gheobhair,*” *a deir an rí a bhí insa teach, “agus fáilte”* (176)

tabhair (tiúr) [1^x]: “*Well, tiúrfaidh mé liom an tarbh mór liom, ag imeacht dom.*”

“*Ní thiúrfair,*” *a deir Fionn, “nó go gcinnfidh sé ormsa”* (306).

An foirceann *-óir* [1^x]:

maraigh: “*Caith urchar léi,*” *a deir sé.*

“*Agus nach maróinn ansin í?*”

“*Ní mharóir, ach ná cuir ann nach an púdar*” (275).

An foirceann eisceachtúil *-(e)ad* [1^x]:

Leagan é seo nach réitíonn leis an CO ná leis an gcanúint. Foirm is ea í a fhaightear sa 1 p.u., féach na samplaí faoi 1 p.u. thuas: *tiocfad* [3^x].

Seo mar atá sa sampla seo sa 2 p.u.:

“*Tá sé curtha sa ngarraí agam péin agus ag mo mháthair.*”

“*Tiocfad, agus spáin dom é,*” *a deir na pilears* (301) (Ls.: *Tiucad*).

4.2.2.3.3 An Chéad Phearsa Iolra

Foirmeacha scartha [50^x +]:

imeoidh muid (172); *tiúrfaidh muid* (188 srl.); *a dhéanfas muid* (217, 301 srl.); *a chuirfeas muid* (256); *caithfidh muid* (268) srl.

Foirmeacha táite [3^x]:

déan: *déanfaimid* (179); gabh: *go ngabhfaimid* (307); faigh: *go bhfaighimid* (160).

4.2.2.4 An Modh Coinníollach

4.2.2.4.1 An Chéad Phearsa Uatha & An Dara Pearsa Uatha

Is í an fhoirm tháite amháin den bhriathar a fhaightear sa 1 p.u. agus sa 2 p.u., MC:

1 p.u. [20^x +]: *dhéanfainn* (189, 253 srl.); *go ngabhfainn* (209, 273 srl.); *ghoidfinnse* (229); *d'inseoinn* (229, 241) srl.

2 p.u. [20^x +]: *an mbeifeá* (175, 190 srl.); *go bhféadfása* (191); *an dtiúrfá* (163, 278 srl.) srl.

4.2.2.4.2 An Chéad Phearsa Iolra & An Tríú Pearsa Iolra

Is í an fhoirm scartha amháin a fhaightear sa 1 p.iol. agus sa 3 p.iol., MC:

1 p.iol. [10^x +]: *a gcuirfeadh muid* (275); *go n-íosfadh muid* (327); *thiocfadh muid* (262) srl.

3 p.iol. [1^x]: *nó go n-imeodh siad* (326).

4.2.2.5 An Modh Foshuiteach Láithreach

4.2.2.5.1 An Dara Pearsa Uatha

Foirmeacha scartha [9^x]:

Go mbeannaí Dia dhuit [3^x] (174, 247, 277); *go gcríochnaí mise.*” (223); *go dtige do ríocht* (234); *mara dteaga tú* (293) (Ls.: *dteaga*); *go dté tú* (294); *go mbeire mé* (294); *nó go mbeire tú* (294).

Foirm tháite [2^x]:

tabhair: “*Ní thiúrfaidh mise dhuit an praghas atá tú a iarraidh orthu seo,*” a deir an cnámhaire.

“*Mara dtugair,*” a deir fear an tsiopa, “*nach bhféadfaidh tú iad a fhágáil in do dhiaidh?*” (227)

téigh: “*Caithfidh tú a dhul ann,*” a deir sé, “*nó mara dtéir, ní bheidh mise beo seachtain.*” (297).

Suíomh macallach atá i gceist sa dá shampla seo. Faightear foirmeacha táite sa MFL in IIA 975: ‘nár ólair’ (foirm mhacallach); ‘nár théir’ (ní thugtar comhthéacs). Luaitear in IIA 1880 go n-úsáidtear foirmeacha macallacha taobh amuigh den ghnáthshuíomh macallach i gcás an ard-réimse, m.sh.: ‘As do chodla’ go dtugair do shláinte’ srl.

4.2.3 Na Briathra Rialta

4.2.3.1 Leaganacha Neamhchaighdeánacha

Ní dhéantar aon mhórleasú ar leaganacha neamhchaighdeánacha na mbriathra nuair is foirm stairiúil nó foirm aitheanta chanúnach atá i gceist. Is iondúil, dá bhrí sin, go mbeidh dhá leagan éagsúla de bhriathar sa téacs.

4.2.3.1.1 Leaganacha Caola faoi leith san Aimsir Chaite

dún

dhún [6^x]: *dhún mé* (254); *dhún sé* (164); *dhún an gleann* (293) srl.

dhúin [1^x]: *dhúin an t-aer* (249).

ICF 35: ‘dhúin’; IIA 891: ‘dhúin an scoilteach’; SMN 125: ‘dhúin sé’.⁸⁰

fan

d’fhan [14^x]: *d’fhan sé* (159); *d’fhan mé* (231); *d’fhan an iníon* (265) srl.

d’fhain [1^x]: *d’fhain sé* (187).

SMN 138: ‘d’fhain sé’.

ól

d’ól [3^x]: *d’ól sí* (173); *a d’ól muigín* (208); *d’ól mé* (283).

d’óil [1^x]: *d’óil sé* (173).

SMN 8 & 146: ‘níor óil sé’; ‘d’óil sé’. SMN 113 ‘níor ól sé’.

4.2.3.1.2 Leaganacha Neamhchaighdeánacha Eile

blais

AC: *bhlas* [1^x]: *is í an cailín an chéad duine a bhlas de* (238) (Ls.: *bhlás*).

Tá an leagan seo le fáil in IIA chomh maith: ‘níor bhlas’ (IIA 1166). Anuas ar an sampla neamhchaighdeánach seo, tá dhá shampla den tamhan ‘blais’ sa bhailiúchán, an péire acu san AF: *a bhlaisfeas* [2^x] (173, 329).

caith

⁸⁰ Deir Munch-Pedersen an méid seo i dtaobh na mbriathra *d’óil*, *d’fhain*, *ghlain* srl.: ‘Is fiú tabhairt faoi deara nach mar gheall ar *sandhi* a deineadh consan deiridh na mbriathra a chaolú sna samplaí seo’ (1994: Lii).

AC: *chaith* [20^x +]; *níor chaith mise* (210); *chaith sé* (162) srl.;
chatha [2^x] → *chaith* + fn. = foirm na ls.: *Níor chaith sé* (206 + fn. = Ls.: *chatha*); *chaith mé* (289 + fn. = Ls.: *chatha*).

cuardaigh

Cuardaimid an teampall anois agus b'fhéidir go mbeadh sé ag éisteacht linn aríst (174 + fn. = Ls.: *Cuartaimid*).

Ní féidir a bheith cinnte cén modh nó cén aimsir atá i gceist anseo. Ó thaobh litrithe de, bheadh an AL ceart ach d'fhéadfadh sé freisin gurb é an MO atá ann, fch. GCF 71: MO, 3 p.iol. = ‘-amuid’.

fág

AC: *d'fhág* [5^x]: *Sin a d'fhág leasmháthair ar an triúr clainne* (260); *d'fhág sé aici cuide de na héanlaith* (262) srl.;

d'fhága [16^x]: *d'fhága sin an duine bocht go dona* (208); *agus d'fhága sé ansin í* (221) srl.

Déantar plé ar an bhfoirm ‘d'fhága (< d'fhágaibh)’ in GCF 75 (n. 5); IIA 1168 agus SG 578. Faightear an fhoirm seo in SMN 178 chomh maith.

féad

Tá neart samplaí den bhriathar ‘féad’ a réitíonn leis an gcaighdeán: *ní fhéadaim; ní fhéadfadh* srl. Tá sampla amháin nach bhfuil le fáil sa CO ná sna foinsí éagsúla eile ar an gcanúint. Rinneadh é a leasú mar seo thíos agus an bhunfhoirm a thabhairt san fhonóta:

“*Ní raibh a fhios agamsa ná raibh an ceart aige.*”

“*B'fhéidir gur amhlaidh é,*” *a deirimse* (253 + fn. = Ls.: *D'fheid*). [Léamh eile: ‘D'fhéad’].

Meascán é seo, b'fhéidir, idir an dá fhoirm ‘D'fhéadfadh sé’ + ‘B'fhéidir’.

inis

AC: *d'inis* [20^x +]; *d'insigh* [1^x]: *agus d'insigh sí dhó* (297).

Faightear an dá leagan ‘d'inis’ agus ‘d'insigh’ in GCF agus in IIA.

iontaigh

Tugtar an leagan seo ‘iontaigh’ in FGB ach le treoir go dtí an leagan caighdeánach ‘tiontaigh’. An leagan ‘iontaigh’ amháin atá sna scéalta seo, agus sna foinsí GCF agus IIA chomh maith.

lean

MO: *leana* [1^x]: *ach lean an chuid eile* (217 + fn. = Ls.: *leana*).

meas

meas tú [15^x]

Is fiú sampla amháin den chúig shampla dhéag a phlé anseo toisc gur *a meas tú* a fhaightear i leagan na lámhscríbhíne i gcás an tsampla úd.

dhá bhfaighfeá trí chéad punt eile, meas tú an mbeifeá in ann muid a íoc (277 + fn. = Ls.: *a meas tú*).

múin

Bíonn tamhan an bhriathair seo leathan i mbunleagan na scéalta:

AF: *Múnfaidh mise* (227).

Féach, chomh maith, *ag múnadh* in alt 4.2.7.1. Caol atá an briathar seo in GCF agus in IIA ach amháin i gcás an ainm bhriathartha, féach GCF 74 agus IIA 1080: ‘múnadh’.

Seas

Seasa: *D'imigh sí ansin uaidh agus sheas sé, ag spaisteoireacht insa bpáirc* (317) (Ls. L1 & L2: *sheasa sé ag spaisdeárait* + fn. [léamh eile: ‘sheasa → thosa → thosaigh?’]).

Sloig

Ní fhaightear ach an tamhan caol amháin den bhriathar seo sa bhailiúchán. Féach na samplaí seo a leanas: *sloigfidh sé thú* (313); *shloig sí iad* (173); *s[h]loigfeadh sé* (183).

FGB: *sloig* = *slog*; IIA 1596 (innéacs) *sloig, sluig, sluicid*.

taispeán

Is mar *spáin* a deirtear an briathar seo sna scéalta cé is moite de thrí shampla:

spáin- [12^x]: *spáin* (231, 291 srl.); *spáinfidh* (199, 272 srl.); *spáinfinn* (293); *spáineadh* (238); *le spáint* (293) srl.

taisp-: *taispeánadh* (176) (Ls.: *teasbainiú*); *ag taispeáint an airgid* (292) (Ls.: *teaspáint*);

Thaispeáin sí áit chodlata (271) (Ls.: *Thaspáin*).

‘spáin’ go coitianta agus ‘taspáin’ go hannamh atá in IIA (IIA 1173).

tóg

Is iondúil gurb í an fhoirm chaolaithe den bhriathar a fhaightear sna scéalta:

tóig [20^x +]: *tóig* (216); *thóig* (162, 217 srl.); *thóigeadar* (174, 216 srl.); *ní thóigfidh* (330); *nach dtóigfeadh* (212); *tóigeál* (254); *tóigthí* (169, 251 srl.) srl.

Fréamh leathan atá sna samplaí seo a leanas:

thóg (169, 284, 301); *thógadar* (231).

4.2.4 Na Briathra Neamhrialta

4.2.4.1 Leaganacha Neamhchaighdeánacha

abair

AL (3 p.u.): *a deir* [20^x +].

deireann [1^x]: “*Muise, níl aonduine a bhreathnódh ort a thóigfeadh thú ar cheann rópa,*” *a deirimse*.

“*Well anois,*” *a deireann sé*, “*tuig thú fhéin go han-mhaith agus cuimhnigh ort fhéin...*” (254) (Ls.: *a deirean sé*).

Luaitear in GCF 110 agus in SG 590 gur san aimsir ghnáthláithreach a úsáidtear an leagan seo ‘deireann’. Is cosúil gur san aimsir láithreach atá sé sa sampla seo thuas ach ó tharla nach bhfuil ach aon sampla amháin den leagan seo sna scéalta, d’fhéadfadh sé gur faoi thionchar *a deirimse* san abairt roimhe a dúradh é.

déan

AL: *déan* [2^x]: *déanann sé* (183); *go ndéanaim obair* (227).

níonn [6^x]: *má níonn tú* (167, 185, 262); *a níonns* (209); *ní níonn Seán* (247); *ní níonn sí* (263).

Luaitear ‘níonn’ in FGB mar mhalairt leagain ar ‘déan’ san AL. Tá an leagan le fáil chomh maith in GCF 111; IIA 161; SG 591 agus in SMN 136.

faigh

Faightear foirmeacha faoi leith den bhriathar seo san AF agus sa MC; féach leaganacha na lámhscríbhinne i ngach cás thíos. Rinneadh caighdeánú ar na foirmeacha éagsúla.

AF: *gheobhaidh* [10^x]: (12, 23, 75 srl.) (Ls.: *gheabha* [7^x]; *gheo* [1^x]; *gheó* [1^x]; *gheobha* [1^x]).

g[h]eobhaidh [1^x]: “*Well, má leigheasann tú í sin,*” a deir an rí, “*g[h]eobhaidh tú í le pósadh.*” (173 + fn. = ls.: *geabha*).

/a gheobhas [6^x]: (210, 265 srl.) (Ls.: *gheabhas*).

gheobhair [1^x]: (176) (Ls.: *gheabhair*).

Tá dhá phointe teanga le lua anseo: (1) Is cosúil go dtugann litriú na lámhscríbhinne le fios go bhfuil an dá fhuaimniú ag tús an bhriathair ‘faigh’ san AF: /jo:/ (*gheo*; *gheó*; *gheobha*) agus /jau/ (*gheabha*; *gheabhas*; *gheabhair*); (2) Réitíonn úsáid an leagain *geabha* thuas leis an bhfianaise go mbíonn leagan neamhshéimhithe den bhriathar ‘faigh’ i nGaeilge Inis Oírr agus i nGaeilge Árann. De réir fhianaise LASID 1, 86, faightear an fhoirm /g’əu/ in Inis Oírr (SG 591 agus Ó Catháin 2001: 245). Luaitear leagan eile neamhshéimhithe in SG, féach an méid seo a deir Ó hUiginn (1994: 592):

Díshéimhiú ar *gheobhaidh* is bun leis an bhfoirm *geobhaidh* atá le cloisteáil thall is abhus i dtuaisceart Chonamara, in Árann, in oirthear na Gaillimhe (m.sh. *Geobhaidh tú togha na láí STíre* 65), agus i Maigh Eo.

Cibé cén fuaimniú atá ar fhoirm na lámhscríbhinne *geabha* (/g’au/?), fianaise is ea í go raibh leagan gan séimhiú i nGaeilge an Direánaigh.

AL: *má fhaigheann* [1^x]: (313) (Ls. L1 & L2: *má fhághan*).

MC: *a gheobhainn* [1^x]: (210) (Ls.: *a gheabhainn*).

a gheobhainnse [1^x]: (229) (Ls.: *a gheabhain se*).

gheobhadh sé [3^x]: (257, 268, 297) (Ls.: *gheabhad sé* [2^x], *gheabhfadh sé*).

mara bhfaigheadh sé (290) (Ls.: *mara bhfághad sé*).

dá bhfaigheadh an rí amach (297) (Ls.: *gá bhfághadh*) (*bhfuíodh* nó *bhfuí(ghi)d* de ghnáth sa ls.)

Tugtar an sampla ‘faghadh (< faghbhadh) /fa:x/’ (MO) in IIA 2478 ach tugtar le fios san innéacs, féach IIA 2478, go mbaineann éiginnteacht leis an bhfoirm sa saothar sin.

gabh

Tá an fhoirm *g(h)eabha-*, i measc leaganacha eile, le fáil i gcás an bhriathair *gabh* chomh maith.

AF: *gabhfaidh* [30^x +]: (167, 175 srl.) (Ls.: *gabha* [30^x +]; *geabha* [1^x]; *gatha* [1^x]).

go ngabhfaimid [1^x]: (307) (Ls. L1: *go ngeabhamid*; L2: *go ngeabha muid*).

/a ghabhfás [6^x]: (201, 244 srl.) (Ls.: *ghabhas* [4^x] + sampalí sandhi, cf. alt 4.2.10.2).

MC: *dá ngabhfainnse* [1^x]: (333) (Ls.: *dá ngathain sé*).

a / dhá ngabhfá [2^x]: (212, 215) (Ls.: *ngabhá, ngathá*).

ghabhfadh [5^x]: (228, 216 srl.) (Ls.: *a ghabhadh* [2^x]; *a ghabhad sé* [1^x]; *gheabhadh* [2^x]).

a(n) / dá / go ngabhfadh [9^x]: (215, 313 srl.) (Ls.: *dá ngeach* [1^x]; *an ngoch* [1^x]; *ngabhadh* [3^x]; *go ngathad* [3^x], *ngabhfad* [1^x]).

Féach an t-eolas seo a thugtar in Ó Catháin (2001: 245 n.) i dtaobh na mbriathra ‘faigh’ agus ‘gabh’ i nGaeilge Inis Oírr:

malartaíonn fáistineach / coinníollach an bhriathair ‘faigh’ agus fáistineach / coinníollach an bhriathair ‘gabh’ le chéile i nGaeilge Inis Oírr

Ag féachaint ar shamplaí an bhailiúcháin seo, m.sh. an leagan *geabh-*, is cosúil go mbíonn an tréith chéanna i gceist i nGaeilge Árann chomh maith.

tabhair

Tugann litriú foghraíochta na lámhscríbhíne eolas breise dúinn ar fhuaimniú an bhriathair seo sna haimsirí éagsúla. Ag brath ar an aimsir nó ar an modh, is mar *tiúr*, *tóir* nó *tug* a scríobhtar fréamh an bhriathair sna scéalta. Faightear *tiúr-* san AF agus sa MC, mar shampla, agus *tóir-* sa MO agus san AB. Rinneadh iarracht an difríocht fuaimne idir *tiúr* agus *tóir* a léiriú sa leagan atá á chur ar fáil anseo. Tugtar eiseamláir de na samplaí sna haimsirí éagsúla thíos agus sa chás go dtugann leagan na lámhscríbhíne eolas breise dúinn ar fhuaimniú an bhriathair, tugtar an leagan sin idir lúibíní.

AL: *tugann*

AC: *thug*; *a / dhá / go dtug*; *thugadar*; *tugadh* srl.

AF: *tiúrfaidh* (Ls.: *tiura*; *tiúra*; *tiubhra*)⁸¹; *a thiúrfas*; *ní thiúrfair*

MC: *thiúrfainn* (Ls.: *thiúrain*; *thiurain*); *an dtiúrfá* (Ls.: *a dtiúra*); *an / go dtiúrfadh* (Ls.: *dtiúrad(h)*; *dtiurad(h)*); *ní thiúrfadh* (Ls.: *thiubhradh*); *go dtiúrfaidís* (Ls.: *go dtiuradís*); *tiúrfái* (Ls.: *tiúrfái*; *tiurfái*)

Eisc.: *an dtabharfá* [1^x] (Ls.: *a dtúra*).⁸²

MO: *tabhair* (Ls.: *tóir*; *toir*); *tugadh sé*; *tugaí*; *tuga muid*.⁸³

⁸¹ Móide an sampla eisceachtúil seo ón ls. *go dtuira*. Is dóigh gur sciorradh pinn atá sa litriú seo.

⁸² Tá ceithre shampla den leagan *an dtiúrfá* (Ls.: *a dtiúra*) sa bhailiúchán, péire acu sin sa scéal céanna leis an leagan eisceachtúil seo *an dtabharfá*.

⁸³ *Tuga muid go hÁrainn é* (57). Faightear an leagan canúnach seo sa MO in IIA chomh maith, féach IIA: 1152.

Faightear seacht sampla den leagan canúnach *toram* a leasaíodh go dtí *tabhair dhom* tríd síos.

AGC: *thugadh sé; a thugaidís*

MFL: *mara dtugair* (cf. alt 4.2.2.5.1 le haghaidh chomhthéacs na habairte seo).

MFC: *dá dtugainnse; dhá dtugthá; á dtugthása; a / dá / go dtugad sí*

A. Br.: *tabhairt* (Ls.: *tóirt*).

Sampla faoi leith:

Tabharfaidh tú leat (158) (Ls.: *Tóir tu leat*).

Is léir ón eolas thuas gurb é an leagan *tiúra / tiura* a bhíonn ag an Direánach san AF. Is ait, mar sin, go mbeadh an leagan leathan anseo aige, agus an AF i gceist. Féach freisin nach bhfuil an deireadh *-a* — a sheasann do *-faidh* an chaighdeáin — le fáil ach oiread. An t-aon fhéidearthacht eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist, dar liom, go raibh an scéalaí idir dhá chomhairle idir an abairt a bheith san AF nó sa MO, .i. *tabharfaidh tú leat* nó *tabhair leat*, agus gur meascán idir an dá leagan a dúirt sé. Mhíníodh sé seo an leagan leathan *tóir* (MO) agus an forainm *tú* (AF) ag teacht le chéile san abairt.

tar

Is mar 'tig' a deirtear fréamh an bhriathair seo san AL, AGC agus sa MFC agus faightear 'tig' nó 'teag' sa MO agus san MFL. Ní fhaightear an tamhan 'tag-' in aon chor sna scéalta.

AL: *tigim* (240, 333); *má thigeann tú* (165, 266, 270).

AGC: *a thiginn* (253); *thigeadh* (208, 270); *a / ní thigeadh* (253, 270, 298).

MO: *ná teagai in éindí* (186); *agus tigidís anuas* (274).

MFL: *go dtige do ríocht* (234); *mara dteaga tú* (293) (Ls.: *dtega*).

téana

Tá roinnt samplaí den bhriathar seo sna scéalta a réitíonn leis an CO, m.sh.: *téanam isteach* (185); *téanam uait* (199, 297); *téanam liom* (200); *téanam in éindí linne* (284).

Anuas ar na samplaí seo, faightear an leagan neamhchaighdeánach seo a leanas: *Éirí suas agus téanamai uaibh* (218).

Is dócha gurb éard atá sa leagan seo ná an bhunfhoirm 'téanam' + an deireadh canúnach '-(a)í' a fhaightear sa MO, 2 p.iol. (féach alt 4.2.5.2 thíos).

téigh

MO: Is é an 2 p.u. atá i gceist i gcás fhormhór na samplaí sa MO agus is mar *téirigh* a deirtear iad ar fad: *téirigh* [18^x]: *ná téirigh* (176); *téirigh a chodladh* (211 srl.); *téirigh thusa* (222) srl.

Seo mar atá sa 3 p.u., sa 1 p.iol. agus sa 2 p.iol.: *téadh sí* (202); *téadh muid* (217); *téigi* (66 + fn. = Ls.: *taigí*).

4.2.5 Déanamhas Dheireadh na mBriathra

4.2.5.1 An Modh Coinníollach

Sa chás go leanann ceann de na forainmneacha *sé*, *sí*, *sibh* nó *siad* an briathar scartha sa MC, MO, MFC nó san AGC, is minic go ndéantar cumasc idir consan deiridh an bhriathair agus *s* tosaigh an fhorainm mar a luaitear in GCF 70 - 72, 84 & 85. Ní i gcónaí a leantar an nós seo sa lámhscríbhinn, áfach, agus fágann sin go bhfuil meascán de shamplaí le fáil sa bhunleagan. Leasaíodh na samplaí ar fad go dtí an deireadh caighdeánach sa leagan seo. Seo a leanas eiseamláir de na samplaí a fhaightear roimh fhorainm dar tús *s*:

(a) An deireadh *-(e)adh / ódh / eodh / -ch* sa bhunleagan [20^x +]:

dá / go mbeadh sé (229, 331) (Ls.: *da / go mbeadh sé*); *go bhfaigheadh sé* (225) (Ls.: *go bhfuíodh sé*); *go bhféadfadh sé* (230) (Ls.: *go bhféatach sé*); *dhá bhfeicfeadh sibh* (196) (Ls.: *dha bhfeiceadh sibh*); *a ghabhfadh sí* (228) (Ls.: *a ghabhadh sí*); *dhá ngabhfadh sé* (215) (Ls.: *dhá ngabhadh sé*); *an ngabhfadh sé* (224) (Ls.: *an ngoch sé (órán = ‘amhrán’)*); *go n-imeodh sé* (230) (Ls.: *go n-imeoch se*); *an suífeadh sibh* (194) (Ls.: *a suíodh sib*); *an dtiúrfadh sé* (279) (Ls.: *a dtiuradh sé*); *a n-ogródh sé* (320) (Ls.: *a n-ógródh sé*) srl.

(b) Cumasc sa bhunleagan [20^x +]:

an mbainfeadh sé (256, 329) (Ls.: *a mbaineadh sé*); *go mbeadh sé* (159, 174 srl.) (Ls.: *go mbeadh sé*); *go gcuirfeadh sé* (221, 267 srl.) (Ls.: *go gcuireadh sé*); *cá / dá / go bhfaigheadh sé/i* (184, 218 srl.) (Ls.: *go bhfuí(ghi)d sí*); *go bhfeicfeadh sé* (224, 238 srl.) (Ls.: *go bhfeiceadh se*)⁸⁴ srl.

Sampla suntasach is ea *bhásfadh sí é* (308) (Ls. L1: *bhasafadh sí*; L2: *bhasafadh sí*). Is cosúil nach raibh an cumasc i gceist sa bhunleagan agus gurbh é Robin Flower féin a chuir an litriú *-fad* ar an mbriathar i leagan a 2.

⁸⁴ Seo a leanas tuilleadh samplaí leis an gcumasc i bhfeidhm ar leagan na Ls.: *(a) ghabhad sé*; *go bpósadh sí*; *go dtéighead se*; *go dteidhead sé*; *go dtiúrad sé*; *chathadh sé*; *d’fhácadh sé*; *go dtiucadh sé* srl.

4.2.5.2 An Modh Ordaitheach

Sa 3 p.u., bíonn cumasc idir *-dh* deiridh an bhriathair agus forainmneacha a thosaíonn ar *s*. Is mar seo atá sa lámhscríbhinn [2^x]: *tugadh sé aici é agus itheadh sí é* (238) (Ls.: *tugad sé aice é agus íd sí é*); *téadh sí ... agus cuireadh sí* (202) (Ls.: *teidhead sí ... agus cuiread sí*).

2 p.iol.

Is é an leagan caighdeánach a bhíonn i gceist i gcás fhorfhóir na samplaí sa MO, 2 p.iol. [17^x]: m.sh.: *caithigí* (216); *dúisigí* (274); *bígí* (218) srl.

Tá roinnt samplaí sa bhailiúchán den deireadh canúnach *-í*. Ní dhearnadh aon leasú ar fhoirceann na samplaí sin [6^x]: *ná himí* (170 [2^x]); *ná tugaí* (305); *tugaí* (186); *beirí* (216); *éirí suas* (218).

Faightear an dá leagan i gcás na mbriathra ‘beir’ agus ‘imigh’:

beir: *-igí* [1^x]: *agus beirigí ar an bhfear sin agus cuirigí isteach insa bpríosún é*, (234), *-í* [1^x]: *Beirí air agus caithigí sall sa bpoll sin é* (216);

imigh: *-igí* [2^x]: *Ná himigí anois* (180); *Imigí libh* (234), *-í* [2^x]: “*Ná himí,*” *a deir fear an tí,* “*go dtiúrfaidh mé bronntanas beag daoibh.*” (170); *Ná himí go dtiúrfaidh mé bronntanas beag daoibh* (170).

4.2.5.3 An Aimsir Ghnáthchaite

Faightear an cumasc idir deireadh an bhriathair agus *s-* tosaigh an fhorainm i gcás fhorfhóir na samplaí san aimsir ghnáthchaite chomh maith.

1R: *ghabhadh sé* (208) (Ls.: *ghabhad sé*); *ní fheiceadh sé* (213) (Ls.: *ní fheicead se*); *thugadh sé* (209, 258) (Ls.: *thugad se*); *go dtugadh sé* (258) (Ls.: *go dtugad sé*); *chaitheadh sé* (258) (Ls.: *chathad sé*); *d’fhágadh sé* (263) (Ls.: *d’fhagad sé*); *d’itheadh sé* (267) (Ls.: *d’ithead sé*); *a thigeadh sí* (298) (Ls.: *thigid sí*).

2R: *a chodlaíodh sé* (182) (Ls.: *a choluiod sé*); *nach mbreathnaíodh sé* (190) (Ls.: *nach mbreanuiod sé*); *a mharáíodh siad* (209) (Ls.: *a mharuíod siad*); *go n-imíodh sí* (298) (Ls.: *go n-imíd sí*).

Eisceachtaí: *théadh sé* (175) (Ls.: *thaioch sé*); *d’imíodh sé* (208) (Ls.: *d’imíodh sé*).

4.2.5.4 An Modh Foshuiteach Caite

Ní féidir a rá go cinnte an é an modh coinníollach nó an modh foshuiteach caite a bhíonn i gceist i gcás cuid mhaith briathra sa bhailiúchán scéalta seo. Ní chuidíonn litriú na lámhscríbhinne i gcás fhorfhóir na samplaí, ó tharla nach ionduíl go ndéantar idirdhealú idir *-f(e)adh* an mhodha choinníollaigh agus *-(e)adh* an mhodha foshuitigh chaite sa chaint. Ní mar seo atá i gcás na

mbriathra a ndéantar díghlórú orthu sa MC, áfach, mar gheall go léirítear an díghlórú seo (i gcás roinnt mhaith samplaí) i litriú foghraíochta na lámhscríbhíne, m.sh.: *ní fhágfadh sé* (Ls.: *ní fhácad sé*); *go bhféadfadh sé* (Ls.: *go bhféatach sé*); *ní lúbfadh sé* (Ls.: *ní lúpad sé*); *s[h]loigfeadh sé* (Ls.: *sluicead sé*); *nach dtóigfeadh sé* (Ls.: *nach dtóicead sé*) srl.

Eisceachtaí: *Ní thóigfinn* (Ls.: *ní thóigin*); *d'fhágadh sé* (Ls.: *d'fhágad sé*).

Glactar leis, mar sin, gurb é an MFC atá i gceist sna cásanna seo a leanas: (a) mura bhfuil díghlórú an mhodha choinníollaigh i bhfeidhm ar bhriathra a ndéantar díghlórú orthu sa chanúint, m.sh.: *d(h)á bhféadadh* [6^x] (249, 250 srl.) (Ls.: *d(h)á / gá bhféadach / bhféadad(h)*) srl.; (b) sa chás go mbíonn leagan faoi leith ag an MFC, m.sh.: corraigh: *mara gcorraíodh*⁸⁵ (180); ith: *go n-itheadh sé fhéin* (296) (Ls.: *go n-ithad sé*); tabhair: *go dtugadar isteach i* (328); *á dtugthása dhomsa* (177 + fn. = Ls.: *á dtugása*); *dhá dtugthá* (178 + fn. = Ls.: *dhá dtuga*); *dá dtugainnse* (277) (Ls.: *dá dtugainse*); *[d]á / go dtugadh sí* (296) (Ls.: *dtugad sí / sé*); teangmhaigh: *[d]á dteangmhaíodh* (294) (Ls.: *a dteanguíodh*); téigh: *go dtéadh sé* (159) (Ls.: *go dtéighead sé; go dteidhead sé*); *dá dtéiteá* (293) (Ls.: *gá dteidhthá*).⁸⁶

Cuirtear litriú an MC ar gach sampla eile.

4.2.5.5 An Modh Foshuiteach Láithreach

Tá ganntanas sa bhailiúchán scéalta ar bhriathra sa mhodh foshuiteach láithreach. Baineann debhríocht le roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith sa MFL nó san AF, mórán mar an gcéanna leis an éiginnteacht a bhaineann leis an MFC thuas. Níorbh fhéidir a rá go cinnte, mar shampla, an é an AF nó an MFL atá i gceist i samplaí ar nós *fán go mbaine tú; go bhfeice tú; go gcuire tú* srl. toisc an fuaimniú céanna a bheith ar an mbriathar, cibé cé acu den dá mhodh / aimsir a a bheadh i gceist. Mura bhfuil sé iomlán soiléir gurb é an MFL atá i gceist mar sin, cuireadh litriú na haimsire fáistíní ar an mbriathar.

Cloítear le litriú an MFL sna cásanna seo a leanas: (a) más beannacht nó mallacht atá á chur in iúl agus (b) sa chás go bhfuil litriú soiléir an MFL i gceist:⁸⁷

Go mbeannaí Dia dhuit [3^x] (174, 247, 277); “*Foighid anois,*” *a deir an fear,* “*go gcríochnaí mise é sin.*” (223); *mara dtugair* (227); *go dtige do ríocht* (234); *mara dteaga tú* (293) (Ls.: *dteaga*); *go dté tú* (294); *go mbeire mé* (294); *nó go mbeire tú* (294); *mara dtéir* (297).

⁸⁵ Baineann doiléireacht le deireadh an fhocail seo: Ls.: *mara gcorruí od* [nó] *mara gcorruí och*

⁸⁶ Tugann GCF: 73 an leagan *dhá dtéighfeá* le hais *dhá dtiocfá* an MC.

⁸⁷ Níl aon sampla sa bhailiúchán den easpa díghlórú a théann leis an MFL, m.sh. *go bhféada tú* vs. *go bhféata tú; go dtóige / dtóga tú* vs. *go dtóice / dtóca tú* srl.

4.2.5.6 An Briathar Saor

Tugtar liosta anseo thíos de na briathra saora canúna a fhaightear sa bhailiúchán. Rinneadh iarracht gan aon mhórleasú a dhéanamh ar na foirmeacha seo.

AC: bí: *a bhíothadh* (198, 205) (Ls.: *bhíú*); déan: *dearnadh* (foirm neamhspleách): *Dearnadh sin léi agus bhí sí ag breathnú ceart go leor ansin* (198) (Ls.: *dearnú*); *rinneadh* (231, 245) (Ls.: *rinniú*); faigh: *frítheadh* (191, 205) (Ls.: *fríú*); imir: *a himríodh* (324) (Ls. L1: *a himrív/r*; L2: *a himrív/r*); raiceáil: *raiceáileadh* (246) (Ls.: *raiceáiliú*).

AL: *feicthear* [9^x] (162, 176 srl.) (Ls.: *feicear* [8^x]; *feiciar*).

4.2.6 Úsáid Neamhchaighdeánach na mBriathra

Tá cásanna faoi leith sna scéalta ina mbaintear úsáid as briathar amháin áit a mbeifí ag súil le briathar eile. Seo a leanas na briathra atá i gceist: (a) ‘tabhair’ thar ceann an bhriathair ‘tó(i)g’, agus (b) ‘téigh’ thar ceann an bhriathair ‘tar’. Ó tharla go bhfuil níos mó ná sampla amháin i gceist i gcás na malairtí seo, is cosúil nach sciorradh pinn nó botúin atá iontu agus ní dhearnadh aon leasú ar na samplaí dá bharr.

4.2.6.1 An Briathar ‘tabhair’ thar ceann an Bhriathair ‘tóg’

Den chuid is mó, níl aon rud neamhghnách faoi úsáid an bhriathair ‘tó(i)g’ sna scéalta. Féach na samplaí seo a leanas:

Thóig mé cuide de chuile iasc, idir ronnach agus gliomach ... (331); *ach thóig sé builín i ngan fhios don bháicéara* (201); *thum sí síos an pláta agus thóig sí aníos an chuid deireanach de* (222) srl.

Tá cúig shampla sa bhailiúchán a mbeifí ag súil leis an mbriathar ‘tó(i)g’ iontu ach go bhfaightear an briathar ‘tabhair’ ina n-áit. Seo a leanas na samplaí atá i gceist:

thug sí uaidh chúig g[h]alún bainne géar (182); *thug sí amach rud as a bhí thrí lasadh* (192); *is tú a thug mo chuid airgid uaim* (193); *Dheamhan pingin dhár tugadh ariamh uaim* (193); *thug an chailleach an dá leiceann as den chéad iarraidh* (241).

4.2.6.2 An Briathar ‘téigh’ thar ceann an Bhriathair ‘tar’

Is iad na briathra ‘téigh’ nó ‘tar’ a thagann roimh na dobhriathra treo sna scéalta. Uaireanta, agus an ghluaiseacht a bheith i dtreo an chainteora, baintear úsáid as ‘tháinig’, ach i gcásanna eile, is é an briathar ‘téigh’ a bhíonn in úsáid ag an scéalaí.

tar: *tháinig an cailín aniar* (176); *tháinig sé anuas* (210); *tháinig sí aniar* (160, 248, 272); *a thíocht anuas* (210).

téigh: *chuaigh an fear bocht anuas di* (168); *ag dul anuas* (289, 307, 318); *chuaigh sé aniar* (320); *chuaigh sé anuas* (176); *chuaigh sé anuas* (den chapall) (176, 240);⁸⁸ *ag dul aniar* (216 [2^x]); *chuaigh sí anuas ag an tine* (240); *chuaigh sí aniar* (248, 273); *chuaigh an fear óg aniar* (271).

Luaitear in IIA go mbaintear úsáid as ‘goil’ in amanna agus ‘come’ an Bhéarla i gceist. Tugtar na samplaí seo a leanas: ‘bí ag goil anuas’; ‘bhíodar ag goil aniar’ (IIA 1167). Tá sampla den chineál céanna ag Máirtín Neile: ‘Ní fada go bhfaca mé feairín beag dubh ag goil anuas’ (SMN 127).

4.2.7 An tAinm Briathartha

4.2.7.1 Foirmeacha Neamhchaighdeánacha

Tá na leaganacha canúnacha thíos éagsúil ó na leaganacha caighdeánacha; ní fhaightear ach na leaganacha thíos i gcás na mbriathra úd. Caomhnaítear na leaganacha canúnacha don leagan atá á chur ar fáil anseo:

creid: *creistiúint* [1^x]: *ní raibh sé dhá chreistiúint* (275); cuardaigh: *cuardú* [20^x +]: *ag cuardú an fháinne* (170); *ag cuardú foscadh* (172) srl.; dligh: *dliomh* [2^x]: *go gcaithfí dliomh ar an scéal* (257 + fn. = Ls.: *dligheamh*); *Bhíodar ag dliomh ón lá sin* (257 + fn. = Ls.: *dlicheamh*); spáráil: *spáráilt* [1^x]: *ag spáráilt na bhfataí* (208); tar: *tíocht* [20^x +]: *ag tíocht* (165, 170 srl.); tosaigh: *tosaí* [7^x]: *agus tosaí go sásta* (189); *(ag) tosaí ag gáirí* (199, 205 srl.); *ag dul ag tosaí* (271); *agus tosaí ag caoineadh* (295); úraigh: *úrachán* [1^x]: *ag úrachán* (248).

múnadh [4^x]: *ag múnadh* (292, 316, 319 [2^x]) (Ls.: *ag mína / muna / múnu*); *a mhúnadh* (159, 290) (Ls.: *a mhúna*).

Is é an leagan leathan ‘múnadh’ a fhaightear in GCF 74 agus ‘múnadh’ (uaireanta ‘múnú’) in IIA 1080, 1096.

⁸⁸ Faightear an leagan *ag gabháil anuas* (327) freisin.

4.2.7.2 Malairtí FGB

cuimhnigh: *cuimhniú* [12^x] (164, 189 srl.) (Ls.: *cuimhniú* [6^x]; *cuímhniú* [2^x]; *cuimhni*; *cuinhniú*; *cuihniú*; *cunhn~~inn~~^ú*).⁸⁹ Ní fhaightear an leagan ‘cuimhneamh’ in aon chor.

inis: *insint* [1^x]; *insin* [1^x]: *Thosaigh an tseanbhean ag insint dó* (292); *a thíocht agus a scéal a insin dóibh* (298).

4.2.7.3 Malartú Foirmeacha

4.2.7.3.1 An Deireadh Caighdeánach agus an Deireadh Canúnach

Bíonn malartú uaireanta idir an fhoirm chaighdeánach agus an fhoirm chanúnach den ainm briathartha. Is cosúil nach bhfuil baint ag comhshamhlú ná aon fheidhm theangeolaíochta eile le húsáid na bhfoirmeacha éagsúla (seachas i gcás na heisceachta *éisteach[t]*). Tugaim comhthéacs na habairte faoi na samplaí thíos chun a thaispeáint nach bhfuil tionchar ag an litir ina ndiaidh ar úsáid na leaganacha éagsúla: *ligean* / *ligint*; *cruinniú* / *cruinneáil* agus *rith* / *ritheach*. I gcás na bhfoirmeacha *smaoineamh* / *smaoiniú*, is fiú a lua go leanann consan an leagan caighdeánach *smaoineamh* agus leanann guta na trí shampla den fhoirm chanúnach *smaoiniú*. Caomhnaítear an dá fhoirm de na hainmneacha briathartha a luaitear thíos seachas i gcás an tsampla *éisteacht*:

faigh: *fáil* [20^x +]: *ag fáil faoi réir* (182); *le fáil dhuit* (211); *le fáil aige* (245) srl.

fáilt [9^x]: *ag fáilt dinnéar* (190); *ag fáilt corr ‘found’* (202); *ag fáilt tuairisc* (208); *ag fáilt faoi réir* [6^x] (170, 183 srl.).

fiarfaigh: *fiarfaí* [2^x]: *ag fiarfaí céard* (231) (Ls.: *a fiarai*); *A[n] miste dhom fiarfaí, a Fionn* (324 + Ls. L1: *fiarfai*; L2: *fiarraí*).

fiarfadh [1^x]: *ag fiarfadh de* (197) (Ls.: *a fiara*).

lig: *ligean* [7^x]: *í a ligean ag Aifreann* (161); *mé a ligean ann* (161); *a ligean chomh fada leat* (167); *ag ligean dó* (221) srl. (Ls.: *ligean* [6^x]; *leigean*).

ligint [1^x]: *ag ligint air fhéin* (204) (Ls.: *ligint*).

rith: *rith* [3^x]: *ag iarraidh rith i gcónaí* (167); *ní fhéadfá rith ar leathchois* (308); *shil sé rith as uileag* (293) (Ls.: *rith* [2^x]; *ruith*).

ritheach [1^x]: *ag ritheach go beo* (247) (Ls.: *riach*).

smaoinigh: *smaoineamh* [1^x]: *thosaigh sé ag smaoineamh. Nuair a ...* (287) (Ls.: *smaoineamh*).

⁸⁹ Faightear sampla aonarach den leagan neamhchaighdeánach *a chuimhneacht* chomh maith: “Shílfeá go gcuimhnfeá,” a deir an bhean, “ar phlean a chuimhneacht” (150).

smaoiniú [3^x]: *thosaigh sé ag smaoiniú. Ochón ...* (330); *ag smaoiniú agus ag cuimhniú* (164); *thosaigh sé ag smaoiniú. As sin go ...* (230) (Ls.: *smaoiniú; smaoinú; smaoiniu*).

éisteach / éisteach[t]

éist: *éisteacht* [9^x]: *ag éisteacht leo* (170, 250); *ag éisteacht linn* (174); *ag éisteacht leis* (190 srl.) srl. (Ls.: *éisteacht* [2^x], *eisteacht* [7^x]).

éisteach[t] [2^x]: *ag éisteacht[t] leo* (170); *ag éisteach[t] leis fhéin* (213) (Ls.: *éisteach; eisteach*).

Pléitear an comhshamhlú agus pointí eile a bhaineann leis an ainm briathartha seo in alt 3.11.1.5.11 agus alt 3.12.2.

4.2.7.3.2 An Deireadh *-(e)áil / -(e)ál*

Bíonn malartú sa lámhscríbhinn, uaireanta, idir an deireadh leathan *-ál* agus an deireadh caol *-éail*. I gcás na mbriathra ‘clois’ agus ‘tóg’, ní fhaightear ach an deireadh *-eál* amháin. Leantar léamh an bhunleagain tríd síos:

clois: *a chloisteál* [1^x]: (166) (Ls.: *a chloisteál*).

coinnigh: *coinneáil* [3^x] (184, 209, 318) / *choinneál* [5^x]: (165, 186 srl.) (Ls.: *cuineail; coináil; coineal; coinnéal; cuineál* [2^x]; *coineál* [2^x]).

fág: *fágáil* [5^x] (227, 263 srl.) / *fágál* [1^x]: (312) (Ls.: *fágáil* [4^x]; *fágail; fágál*).

feic: *feiceáil* [1^x] (251) / *feiceál* [7^x]: (213, 291 srl.) (Ls.: *feiceáil; feiceál* [7^x]).

tóg: *tóigeál* [6^x]: (219, 247 srl.) (Ls.: *tóigeál* [3^x]; *thóigeál* [1^x]; *thóigeal* [2^x]).

Bíonn malartú idir an leagan caighdeánach agus leagan dar críoch *-al / -ailt / -eál* sna samplaí seo thíos:

ceangail: *ceangal* [1^x]: *le ceangal agus* (268).

ceangailt [2^x]: *a cheangailt díobh* (198); *a cheangailt de* (198).

cruinnigh: *cruinniú* [1^x]: *ag cruinniú cipíní* (293) (Ls.: *cruinniú*).

cruinneál [3^x]: *ag cruinneál suas an bhainne* (164); *ag cruinneál íseal agus uasal* (321); *ag cruinneál an im* (222) (Ls.: *cruinneál* [2^x]; *cruinneál*).

4.2.7.3.3 An tAinm Briathartha ‘*cur*’ / ‘*cuir*’

cur [20^x +]: *ag / le cur* (231, 262 srl.); *a chur* (275, 290 srl.); *dá chur* (318).

cuir [50^x +]: *ag / le cuir* (331, 332 srl.); *a chuir* (227, 238 srl.); *á / d(h)á gcuir* (227, 252 srl.).

Luaitear in GCF 74 go bhfuil an dá leagan den ainm briathartha ag an mbriathar ‘cuir’. Déantar idirdhealú in IIA idir an dá mhíniú atá ag an ainm briathartha, .i. ‘putting’ agus ‘sowing’ an Bhéarla, féach IIA 1091. Níl ach dhá shampla a chiallaíonn ‘sowing’ sna scéalta seo: *ag cuir leis an spáid* (209); *ag cuir fataí* (331);⁹⁰ *Ag cur / cuir* a chiallaíonn ‘putting’ atá i gceist sna samplaí ar fad eile a luaitear thuas. Cloítear le leagan na lámhscríbhíne tríd síos.

4.2.7.4 Ainmfhocal ag Feidhmiú mar Ainm Briathartha

Tá roinnt cásanna ina mbaintear leas as ainmfhocal in áit ainm briathartha, ar lorg an réamhfhocal *ag* nó *a*:

ag amhrán [1^x]: *thosaigh an fear istigh insan aill ag amhrán é fhéin* (283). Tá an fhoirm seo ‘ag amhrán’ le fáil in FGB chomh maith. Ní hí is coitianta i scéalta an Direánaigh; féach na samplaí seo a leanas: *ag gabháil amhrán* (196, 197); *ag gabháil amhráin* (268, 283).

ag caoineachán [8^x]: *thosaigh sé ag caoineachán* (197); *í ag caoineachán go hárd* (201); *bhíodar ag caoineachán leis an ocras* (218) srl. Faightear an leagan *ag caoineadh* faoi dhó sa lámhscríbhinn: *ag caoineadh an dearthára* (292); *tosáí ag caoineadh* (295).

ag cuideachta [1^x]; *a* chuideachta [3^x]: *D’fhan an iníon ag cuideachta don chauptín* (265); *Gabhfaidh mise a chuideachta dhuit* (276 [2^x]); *ag dul soir agus siar a chuideachta dhá chéile* (276). Féach alt 4.2.7.5.3 le haghaidh plé ar an séimhiú sna samplaí seo.

á díolachán [1^x]: *mar bhíodar á díolachán* (249). Seo an t-aon sampla den leagan seo sna scéalta; is coitianta an ghnáthfhoirm *díol*, féach, m.sh. *ag / le díol* [10^x] (169, 199 srl.).

ag siúlóid [3^x]: *bhí an scoláire tráth ... ag siúlóid* (172); *caithfidh mé an capall is fearr a fháil inniu dá bhfuil agam, go ngabhfaidh mé ag siúlóid* (176); *a dhul ag siúlóid in do rogha áit* (266).

Tugtar an míniú ‘turas beag marcaíocht’ ar an leagan ‘ag goil amach ag siúlóid’ in FFG 200. Is léir ó shamplaí an bhailiúcháin go bhfuil an míniú céanna, chomh maith leis an míniú ‘ag siúl de chois’, ag an Direánach.⁹¹

4.2.7.5 Comhréir an Ainm Bhriathartha

4.2.7.5.1 An Réamhfhocal ‘a’ i gClásail Choibhneasta Ainm Bhriathartha

De réir rialacha an chaighdeáin, ‘[is é a]n réamhfhocal *a* a úsáidtear [...] nuair atá an cuspóir ina réamhtheachtaí don chlásal ina bhfuil a ainm briathartha’ (GGBC 253). Luaitear in SG 607 go

⁹⁰ Tabhair faoi deara an easpa séimhithe sa sampla seo.

⁹¹ Samplaí eile: *ag foghlaeireacht* (323, 328); *ag breithiúnas* (259).

mbíonn claonadh i nGaeilge Chonnacht an lae inniu ‘ag’ a úsáid in áit ‘a’ in abairtí den chineál sin. Seo mar atá ag an Direánach:⁹²

abair: *a rá* [6^x]: *céard a bhí Tam a rá* (244); [*d*]e réir mar *tá tú a rá* (270) srl.

baint: *a bhaint* [1^x]: *atá siad a bhaint as an talamh* (267).

caith: *a chaitheamh* [2^x]: *an t-éadach atá siad a chaitheamh* (208); *is iad na bróga a bhíodar a chaitheamh iad* (246).

cuardaigh [1^x]: *Céard atá tú a chuardú mar sin?* (328).

déan: *a dhéanamh* [7^x]: *Céard atá tú ag dul a dhéanamh?* (159); *faoin gcleas a bhíomar a dhéanamh ar an muic* (255); *an srannadh a bhí sé a dhéanamh* (273) srl.

iarr: *a iarraidh* [6^x]: *cén praghas tá tú a iarraidh* (168); *céard a bheas tú a iarraidh* (168); *atá muid a iarraidh* (170); *an praghas atá tú a iarraidh orthu* (227); *Rud ar bith atá tú a iarraidh* (296); *rud ar bith a bhí sí a iarraidh* (297).

Faightear an tréith chéanna in SMN 3: ‘Siod bronntanas beag,’ a deir sé, ‘atá mé a thabhairt duit’.

4.2.7.5.2 An Briathar ‘bí’ agus ‘ag dul a’ / ‘ag dul ag’ roimh Ainm Briathartha

Is é an múnla ‘ag dul ag’ + AB seachas ‘ag dul a’ + AB a fhaightear sna scéalta.

ag dul ag [10^x]: *blich: ag dul ag bleán na ngabhar* (299); *clis: ag dul ag clis anois orm* (293); *cur: ag dul ag cur cogadh orainne* (306); *buail: ag dul ag bualadh an chrainn* (309); *iarr: agus amach leis [...] ag dul ag iarraidh na gcrainne* (247); *iascaigh: ag dul ag iascach* (214); *tabhair: Ag dul ag tabhairt tine agus pota* (159); *tá mé ag dul ag tabhairt cliabh* (230); *tá muid ag dul ag tabhairt iníon rí* (284); *tarraing: nuair a bhí sé ag dul ag tarraingt an iarraidh* (309); *tosaigh: anois atá mé ag dul ag tosaí* (271).

4.2.7.5.3 An Briathar Gluaiseachta agus an Réamhfocal ‘a’ roimh Ainm Briathartha

Bíonn séimhiú ar an ainm briathartha a leanann briathar gluaiseachta (ar nós *téigh, gabh* srl.) agus an réamhfocal ‘a’ (< do):

bruith: nó go dtéadh sé a bhruith fataí (159); *cuideachta: Gabhfaidh mise a chuideachta dhuit* (276 [2^x]); *bhíodar fhéin ag dul soir agus siar a chuideachta dhá chéile* (276); *cúnamh: chuaigh Seán a chúnamh dhóibh* (301); *agus gabhfaidh mise a chúnamh dhuit* (255); *ag iarraidh é a chur a chúnamh dhó* (290); *mara dteaga tú fhéin a chúnamh liom* (293).

⁹² Baineann débhríocht, ar ndóigh, leis na briathra ‘abair’ agus ‘iarr’ toisc guta a bheith mar thúsleitir acu.

4.2.7.5.4 An tAinm Briathartha ar lorg na hAidiachta Sealbhaí

Go hiondúil, réitíonn deilbhíocht an ainm bhriathartha le hinscne an ainmfhocail [20^x +], m.sh.: *d'airigh sé bell mór á bhualadh* (165); *thosaigh Rí na gCat á inseacht* [scéal] (174); *thosaigh sí á phógadh* (295) srl.

Tá eisceacht amháin sa bhailiúchán: *Bhí úsáid mhaith á dhéanamh in Árinn de chraicne na mbeithíoch* (246).

Ní dhearnadh aon leasú ar an sampla eisceachtúil seo ó tharla gur tréith chanúnach atá ann i nGaeilge Chonnacht. Féach an méid seo atá le rá ag de Bhaldraithe sa chnuasach scéalta *Seanchas Thomáis Laighléis*: ‘Is minic séimhiú ar an a. br. i ndiaidh (*dh*)á, ainneoin gur ag tagairt d’ainmfhocal iolra nó d’ainm baininscneach atá (*dh*)á ...’ (1977: 272, n. 29).

4.2.8 Athruithe Tosaigh

4.2.8.1 Séimhiú ar an mBriathar

4.2.8.1.1 Na Foirmeacha Neamhspleácha

Go hiondúil sa bhailiúchán, séimhítear foirmeacha neamhspleácha an bhriathair san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníoloch, seachas ar ndóigh, i gcás na mbriathra *abair* agus *faigh*, m.sh.: *bhreachnaigh siad*; *shiuil sé*; *bhínnse*; *chloisinn*; *bheinn*; *shiuilfainn* srl.

Eisceachtaí:

AC: *is maith a c[h]eannaigh mé fhéin iad* (162); *deartháir den fhathach sin a m[h]araigh tú* (319); *a d’f[h]ulaing an pháis* (237); *d’f[h]olmhamar an jar den iarraidh sin* (283); *a d’f[h]ógair sí* (285); *gur c[h]inníodar* (298).

AF ní *c[h]odlóidh mé* (307) (fn. = Ls. L1: *ní coloi mé*; L2: *ní c^holó mé*).

AGC: *Dar ndóigh, c[h]loisinnse* (253).

MC: *s[h]loigfeadh sé* (183); *b[h]einn an-bhuíoch díot* (288).

Séimhítear an briathar neamhspleách i ndiaidh na míre coibhneasta ‘a’ chomh maith, m.sh.: *a thioctas*, *a fhanfas* srl. Faightear eisceacht amháin sa mhodh coinníoloch: *Cén phlean a d[h]éanfadh muid* (244); faightear *a dhéanfadh* [9^x] sa lámhscríbhinn.

Faightear sampla amháin eile den séimhiú a bheith in easnamh ar an mbriathar. An briathar *faigh* san AF atá i gceist: *g[h]eobhaidh tú í le pósadh* (173) (Ls.: *geabha*)⁹³.

⁹³ Féach alt 4.2.4.1

Soláthraítear an séimhiú ar na samplaí seo ar fad.

4.2.8.1.2 An Saorbhriathar

Is minic a fhágtar an saorbhriathar, in aimsirí seachas an AC, gan séimhiú i ndiaidh na míre coibhneasta ‘a’ agus i gcupla cás eile chomh maith. Réitíonn sé seo leis an eolas a thugtar in SG 606, .i. gur coitianta túschonsan an tsaorbhriathair a fhágáil lom. Ós rud é go bhfuil bunús stairiúil leis an nós canúna seo, socraíodh gan an séimhiú a chur isteach sa leagan seo de na scéalta.

Móide séimhiú [2^x]: *ní fheicfear* (284); *a bhuaifear* (287).

Séimhiú ar lár [8^x]: *a casfaí* (164); *a casfar* (172); *má maraítear* (329); *caillfí* (226); *(a) déanfar* (232, 279); *a tiúrfaí* [2^x] (257, 263).

4.2.8.1.3 Séimhiú Iomarcach

Tá séimhiú iomarcach le fáil ar roinnt cásanna faoi leith sa bhailiúchán. Is féidir na samplaí a rangú ina dhá roinn: (a) iad siúd a réitíonn leis an gcanúint agus (b) samplaí faoi leith eile nach réitíonn leis an gcanúint ná leis an gcaighdeán. Fágadh na samplaí i roinn (a) mar atá agus leasaíodh na cinn i roinn (b) go dtí leagan an chaighdeáin agus tugtar bunfhoirm na lámhscríbhíne san fhonóta.

(a) Séimhiú iomarcach ar an ainm briathartha.

Faightear séimhiú ar an ainm briathartha ar lorg an réamhfhocail *le* i gcás roinnt samplaí:

Gan séimhiú [9^x]: *le déanamh* [5^x] (228, 293 srl.); *le tabhairt* [4^x] (188, 191 srl.).

Móide séimhiú [15^x]: *le dhéanamh* [1^x]: *i ngioll leis an ngníomh a bhí sé le dhéanamh* (244); *le thíocht* [2^x]: *le ais mar ’bhí le thíocht.* (319); *chuadar insa mbaile a raibh an bád le thíocht* (197); *le dhul* [12^x]: *bhí míle bealaigh le dhul aige* (213); *agus thug mise capall dó le dhul ansin* (241); *Bhí tuilleadh le dhul ann freisin* (244) srl.

Faightear na leaganacha seo a leanas in SMN: ‘agus b’fhéidir go bhfaigheadh muid siopa le cheannacht ann’ (132); ‘Tháinig siad anuas as an áit [a] raibh sé le chrochadh’ (138); “‘Imigh thusa romhamsa,’ [...] ‘agus inis di go bhfuil mise le thíocht go n-imeoidh sí liom.’” (201).

Mar seo atá ag an scéalai Áránnach sa scannán *Oidhche Sheanchais*: ‘tháinigeadar i dtír san áit a bhí acu le theacht i dtír’ (Sumner, Hillers & McKenna 2015: 11).

Ní luaitear an nós seo in aon chor in GCF. Ní luaitear ach aon sampla séimhithe amháin in IIA, i.e. ‘le fháil’ (IIA: 1765), agus deirtear go bhfaightear an leagan ‘le fáil’ san abairt chéanna go gairid ina dhiaidh.

Sa chéad sampla eile, faightear séimhiú ar an ainm briathartha i ndiaidh ‘ina’ (3 p. iol.):

choinic sé beirt pílears ’na sheasamh ag an spéice (299).

Eisceacht is ea an sampla seo, is cosúil. Féach na samplaí seo a leanas ón mbailiúchán sa 3 p.iol.: *thiteadar ina gcodladh* (171); *fuair sosan ina gcodladh iad* (171); *do mhuintir-sa ina suí* (275); *[muid] ’na gcónaí ann* (199).

Luaitear in IIA 1267 go mbíonn claonadh i measc cainteoirí óga an cheantair sin séimhiú an 3 p.u. fir. a úsáid in áit consan lom nó urú na bpearsana eile.

(b) Samplaí éagsúla eile:

Leasaíodh na samplaí seo thíos agus tugadh an bhunfhoirm mar fhonóta sa téacs.

AL: “*Is maith an páiste é seo agat,*” a deir sé, “*tá sé in ann é seo a chogaint* (304) (Ls. L1: *Tha*; L2: *tá*).

Cé nach bhfuil litriú an bhunleagain an-soiléir sa chás seo, is fiú an sampla a lua mar sin féin. Má tá an focal léite i gceart agam, agus séimhiú ar leagan a haon den bhunleagan, d’fhéadfadh an sampla seo cur leis an eolas atá ann ar an bhfoirm shéimhithe sa chanúint.

De réir fhianaise Uí Chatháin (2011: 31), faightear an leagan *thá* mar fhoirm fhreagra in Inis Oírr agus déantar tagairt san alt céanna don leagan *thá* mar ‘fhocal réamhrá’ i scéalta Mháirtín Neile: “‘Cén áit é sin?’” a deir sé. “‘Thá, páirc atá agam...’” (SMN 70). Faightear sampla amháin den leagan séimhithe — bíodh gur ó ghlúin óg an cheantair é — in IIA chomh maith: ‘thá mise ag iarraidh iad’ (IIA 1278).

AF: *Buailfidh muid suas* (284) (Ls.: *Bhuaile*)

Seo an t-aon sampla de shéimhiú iomarcach san AF.

Aidiacht Bhriathartha: *tá sé chomh ceangailte in mo bhrollach nach bhféadfaidh mé é a scaoileadh* (294) (fn. = Ls.: *cho cheangailte*. [Léamh eile ‘comhcheangailte’?])

4.2.8.2 Urú ar an mBriathar

4.2.8.2.1 Briathra dar Tús Guta

Déantar urú ar an mbriathar de réir ghnáthrialacha an chaighdeáin. Leantar an nós céanna cuid mhaith i gcás na mbriathra a thosaíonn le guta, m.sh.: *go n-éirí*; *nach n-aithníonn*; *dá n-éistfeadh*; *mara n-éireodh*; *a n-insfeá* srl. Eisceachtaí is ea na samplaí seo thíos.

MC: *dúirt sé go [n-]imeodh sé* (241).

Faightear *go n-imeodh* (.i. móide an t-urú) faoi dhó sa bhailiúchán chomh maith.

AB: *le imeacht* (313).

Urú seachas an réamhlitir *h* a thógann an t-ainm briathartha dar tús guta, i ndiaidh an réamhfhocail ‘le’, cf. GCF 293 agus IIA 1815.

Samplaí na lámhscríbhíne: *le n-ithe* [10^x +] (159, 218 srl.); *le n-ól* (175); *le n-íoc* (268).

Eisceacht: *le imeacht*.

De réir na bhfoinsí éagsúla ar Ghaeilge Chonamara, eisceacht is ea sampla ar bith gan an t-urú agus luaitear an sampla a fhaightear sa bhailiúchán seo sa dá fhoinsé: ‘corruair fágtar ar lár [an t-urú], ‘e.g. indiu bhí sé le imtheacht.’ (GCF 293). Luaitear an sampla ‘le imeacht’ mar eisceacht in IIA 1815 chomh maith.⁹⁴ Ní dhéantar aon leasú ar an leagan *le imeacht* anseo toisc é a bheith mar ghnátheisceacht sa chanúint.

4.2.8.2.2 Urú i nDiaidh na Míre Briathartha ‘nach’

Is gnách a chuirtear urú ar an mbriathar a leanann an mhír bhriathartha ‘nach’: *nach mbeidh*; *nach bhfuil*; *nach ndéanfaidh*; *nach dtiúrfadh* srl.

Faightear eisceacht amháin i ndiaidh an bhriathair ‘bí’ san aimsir láithreach:

nach bhfuil [20^x +] (165, 185 srl.).

Eisceacht: *nach [bh]fuil* [1^x]: *nach [bh]fuil aon fhear* (318) (Ls.: L1. *nach fuil*, L2. *nach bhfuil*).

Tharla nach bhfuil an nós *nach + fuil* le fáil i gceann ar bith de na canúintí, feicim dhá fhéidearthacht a d’fhéadfadh a bheith mar chúis ar an leagan eisceachtúil seo: (a) go ndeachaigh an focal ‘fuil’ san abairt roimhe i bhfeidhm ar an mbriathar ‘bí’: “... agus déarfaidh tú nach ea ach mac rí a bhfuil fuil ann chomh maith léi fhéin. Tiúrfaidh mise claimhe solais duit nach [bh]fuil aon fhear choíchin a ngabhfaidh tú ag troid leis nach mbuóidh tú air...” nó (b) gur ‘ná’ in ionad ‘nach’ a dúradh, i.e. ‘ná fuil’ mar atá le fáil i sampla amháin eile sa bhailiúchán, féach alt 4.2.9.2 thíos. Cloítear leis an leagan ‘nach [bh]fuil’ anseo agus tugaim an dara léamh mar fhonóta sa scéal.

⁹⁴ Féach freisin an sampla seo agus an fonóta a théann leis: “*Cé leis a n-íosfaidh mé anois é?*” a deir sé. (182) (Ls.: *ar íosa* + fonóta = Táimse ag glacadh leis gur cheart an litir *n* a léamh ar an litir *r* sa chás seo.)

4.2.8.3 Athruithe Tosaigh Eile

- úirt

Is gnách consan tosaigh an bhriathair ‘dúirt’ a chailliúint sa chanúint ag fágáil ‘úirt’ mar bhunfhoirm an bhriathair. Ag teacht leis na briathra eile dar tús guta, m.sh. ‘ól’, ‘íth’ srl., tuigtear sa chanúint, gurb é ‘d’úirt’ (.i. *d* < *do* + *úirt*) atá i gceist leis an mbriathar ‘abair’ san aimsir chaite. Ar an gcaoi chéanna leis na briathra eile a thosaíonn le guta, seo mar a deirtear an briathar seo i ndiaidh foirmeacha na copail ‘ar’, ‘gur’, ‘nár’ agus ‘níor’: ‘ar úirt’, ‘gur úirt’ srl. Féach GCF 284; IIA 1801 agus SG 590 le haghaidh cur síos cuimsitheach ar an nós seo.

Tá an tréith chanúna seo ag an Direánach chomh maith; seo a leanas na samplaí ón mbailiúchán: *gur úirt* [4^x] (189, 267, 269, 292); *nár úirt* [2^x] (274, 303); *níor úirt* [3^x] (161 [2^x], 320). Ní dhéantar aon leasú ar shamplaí an bhailiúcháin don leagan seo.

- [d]’fhiarfaigh

Chuaigh sé fhéin agus a chriú aici agus [d]’fhiarfaigh sé den chaipín an raibh sé ag teastáil (217) (Ls.: *agus d’iarra*).

Tugaim an abairt iomlán anseo chun a thaispeáint nach bhféadfadh an aimsir fháistineach den bhriathar ‘iarr’ a bheith i gceist (.i. ‘iarrfaidh’). Is ait, mar sin, go mbeadh *d* na haimsire caite scriosta amach sa bhunleagan.

4.2.9 Míreanna Briathartha

4.2.9.1 Na Míreanna Briathartha san Aimsir Chaite

Is iad na míreanna briathartha a chríochnaíonn ar *-r* na míreanna is coitianta san aimsir chaite. Ní dhearnadh leasú ar bith ar na míreanna sa leagan seo. Sa liosta thíos, tugtar an fhoirm chaighdeánach i dtosach agus an fhoirm chanúnach ina dhiaidh; tugtar líon na samplaí sa dá chás. Is iad na míreanna *ní / níor*; *nach / ná(r)*; *go / gur*; *cá / cár* atá i gceist.

- ní / níor

abair: *níor úirt* [3^x] (161 [2^x], 320).

cuimhnigh: *ní chuimhníodar* [1^x] (297).

faigh: *ní bhfuair* [1^x] (310); *níor bhfuair* [7^x] (162, 214 srl.); *níor bhfuair* [2^x] (209, 266);

níor bhfuair [1^x] (174).

- nach / ná(r)

abair: *nár úirt* [2^x] (274, 303).

bí: *ná raibh* [20^x +] (189, 205).

déan: *nach ndearna* [0^x]; *nach rinne* [1^x] (257); *ná rinne* [2^x] (257, 328).

faigh: *nach bhfuair* [1^x] (254); *nár bhfuair* [2^x] (178, 266).

- go / gur

abair: *gur úirt* [4^x] (189, 267, 269, 292).

déan: *go rinne* [1^x] (248)⁹⁵

faigh: *go bhfuair* [5^x] (178, 249 srl.); *gur bhfuair* [1^x] (255).

tabhair: *gur thug* [3^x] (169, 244, 298); *go dtug* [3^x] (179, 193, 296); *go dtugadar* [2^x] (243, 328).

tar: *go dtáinig* [20^x +] (225, 242, 271 srl.).

- cá / cár

faigh: *cá bhfuair tú* [1^x] (263); *cár bhfuair tú* [1^x] (212).

4.2.9.2 Úsáid na Míre ‘ná’ thar ceann ‘nach’: Cásanna faoi leith

- bí:

AL: *nach bhfuil* [20^x +]; *ná fuil* [1^x]: “Well, anois,” a deir sí, “ná fuil cosúlacht mhaith orm ..” (222).⁹⁶

- tar:

MC: *ná tiocfadh* [1^x]: *bhí an mháthair ag ceapadh an fhaid agus ’bhí sé amuigh ná tiocfadh sé choíche* (295).

Is gnás canúna é seo a shamhlaítear le Gaeilge na Mumhan agus is ait, mar sin, go bhfuil an dá shampla seo le fáil sa bhailiúchán. Pléitear an ceangal atá idir Gaeilge Inis Oírr agus Gaeilge an Chláir in Ó Catháin (2011: 30) ach is le Gaeilge Chonnacht (Gaeilge Chois Fharraige, ach go háirithe) is mó a théann caint trí oileán Árann agus níl aon fhianaise go bhfuil ceangal ar bith idir Gaeilge Árann nó Gaeilge Inis Meáin le Contae an Chláir (cf. SG 543, Ó Murchú 1998: 70).

An samplaí iad seo thuas de Ghaeilge na Mumhan Robin Flower ag dul i bhfeidhm ar chaint an scéalaí nó ar an trascriobh?

⁹⁵ Mar seo atá sa lámhscríbhinn, cé gur dheacair idirdhealú a dhéanamh idir *go rinne* agus *gur rinne* sa chaint.

⁹⁶ Féach alt 4.2.8.2.2 thuas.

4.2.9.3 An Mhír Chanúnach ‘sór’

Ní fhaightear an mhír bhriathartha ‘sula(r)’, ná aon cheann de na leaganacha canúnacha ar nós ‘sul’, ‘s(h)ul má’ srl., in aon cheann de na scéalta. Is éard a fhaightear ina n-áit ná an leagan canúnach ‘sór’. Tá an leagan seo le fáil in SMN agus luaitear sa phlé a dhéantar ina thaobh (1994: Liii) go bhfuil sé bisiúil i nGaeilge an lae inniu sa cheann thoir den oileán mór. Is léir ó na samplaí thíos go raibh sé le fáil i gceann thiar an oileáin chomh maith:

sór bhí sé tite (305); *sór bhí sé tite* (305);⁹⁷ *sór imeos tú* (199); *sór ghabhfas muid* (201); *sór mharofaí é* (213); *sór d’fheicfeadh aonduine* (230).

4.2.9.4 An Mhír Choibhneasta Bhriathartha ‘do’

Is coitianta i bhfad an mhír choibhneasta ‘a’ roimh an mbriathar in abairtí ar nós *céard a dhéanfas tú*; *céard a bheadh ann* srl. Faightear an mhír ‘do’ roimh an mbriathar i gcorrchás chomh maith ach baineann amhras leis na samplaí céanna toisc an focal ‘céard’, a chríochnaíonn ar *-d*, a bheith roimh gach cás acu:

céard a [20^x +]: *céard a bheadh* (172, 216 srl.); *céard a bhí* (162, 206 srl.); *céard a chas* (273); *céard a dhéanfas* (189, 217 srl.) srl.

céard do [6^x]: *céard do dhéanfas mé leis* (313); *céard do chuir ansin thú* (316); *céard do chas anseo thú* (166, 309); *céard do bheadh ag spaisteoireacht thíos roimhe ach beirt shagart* (230); *céard do bhí an ministéara a thabhairt uaidh* (215).

Luaitear an nós seo in IIA 1897.

4.2.9.5 *a dh’* roimh Ainm Briathartha

Is iomaí sampla sa lámhscríbhinn den ainm briathartha ag leanúint na míreanna ‘ag’ agus ‘a’.

Faightear aon sampla amháin den mhír *dh’* roimh an ainm briathartha:

agus tá tú a dh’iarraidh a thíocht (289) (Ls.: *tá tú dh’iarra thiacht*).

ag iarraidh [20^x +] (Ls.: *ag iara / ag iarra*);

a iarraidh [4^x] (Ls.: *iara / iarra*). Tá an mhír ‘a’ le tuiscint sa cheithre shampla seo ó tharla í a bheith báite i ndiaidh an fhorainm. Féach alt 4.2.7.5.1 le haghaidh na samplaí iomlána.

Luaitear samplaí den chineál céanna in ICF agus in IIA: ‘mar bhíodar d’iarraidh é a chuir ’un báis’ (ICF 73); ‘tá sé d’iarraidh tuilleadh’ (IIA 1542).

⁹⁷ *sor a bhí* atá sa bhunleagan anseo. Táthar ag glacadh leis gur guta cúnta idir *-r* agus *bh-* atá i gceist leis an *a* sa chás áirithe seo, féach alt 3.11.2.2.

4.2.10 An Fhoirm Choibhneasta

Faightear roinnt samplaí d'fhoirm choibhneasta an bhriathair san AL agus san AF. Is í an fhoirm choibhneasta amháin a fhaightear in abairtí coibhneasta na haimsire láithrí. San aimsir fháistineach, faightear an fhoirm choibhneasta agus an fhoirm neamhchoibhneasta sna habairtí coibhneasta. I samplaí áirithe, is dóigh gur cúrsaí sandhi is cúis leis an litriú neamhchoibhneasta agus leasaíodh an litriú dá bharr; féach 'nóta ar sandhi' ag deireadh an ailt.⁹⁸

4.2.10.1 An Aimsir Láithreach

Is í an fhoirm choibhneasta a chríochnaíonn ar *-nns* a fhaightear san aimsir láithreach agus ní fhaightear ach an fhoirm choibhneasta (i.e. seachas na gnáthfhoirmeacha láithreacha) i ndiaidh na míre coibhneasta 'a'. Ní fhaightear, mar shampla, 'a bhaineann'; 'a bhíonn' srl.

bain: *a bhaineanns de* (190); bí: *a bhíonnns ag* (183, 219); déan: *a níonnns an* (209); feic: *a fheiceannns tú* (291, 293); maith: *a mhaitheannns muide* (234).

4.2.10.2 An Aimsir Fháistineach

Is coitianta na foirmeacha coibhneasta san aimsir fháistineach. I gcás roinnt de na samplaí sa bhailiúchán, áfach, ní féidir a bheith iomlán cinnte ón gcomhthéacs cé acu an fhoirm choibhneasta láithreach nó an fhoirm choibhneasta fháistineach atá i gceist. Baineann an débhríocht seo le samplaí an chéad réimniú agus le cupla ceann de na briathra neamhrialta chomh maith, toisc nach bhfuil de dhifríocht idir litriú an dá cheann acu ach an litir *-f-* san fhoirceann agus, ar ndóigh, ní fhuaimnítear an *-f-* seo sa chaint. Féach litriú na lámhscríbhinne sna samplaí seo a leanas: Ls.: *bhuaileas; chuireas; chloises; dhéanas; fheiceas* srl.

Beartaíodh litriú na haimsire fáistíní a chur ar shamplaí an chéad réimniú agus ar na briathra 'clois', 'déan' agus 'feic', ar thrí chúis: (a) toisc gur léir ón gcomhthéacs i *bhformhór* na samplaí gurb í an aimsir fháistineach atá i gceist; (b) gurb í an fhoirm choibhneasta láithreach *-nns*, agus ní *-(e)as* atá in úsáid ag an scéalaí san AL in áiteanna eile sa bhailiúchán, na briathra 'déan' agus 'feic' san áireamh, agus (c) nach bhfuil aon débhríocht i dtaobh na mbriathra sa dara réimniú ná na briathra neamhrialta (seachas 'clois', 'déan' agus 'feic') de bharr litriú na mbriathra úd a bheith éagsúil san AL choibhneasta agus san AF choibhneasta. Féach, m.sh.: Ls.: *choineos / chuineós* → *choinneos* (vs. AL: *choinníos*); Ls.: *oibreós* → *oibreos* (vs. AL: *oibríos*); Ls.: *bhéars / bhéaras* →

⁹⁸ Tá sampla neamhrialta sa bhailiúchán ina mbaintear leas as an bhfoirm choibhneasta, i.e. *sór a bhí* (féach alt 3.11.2.2).

bhéarfás (vs. AL: *bheireas*); Ls.: *thiúras* → *thiúrfás* (vs. AL: *thugas*); Ls.: *íosas* → *íosfás* (vs. AL: *itheas*) srl.

An Chéad Réimniú:

buail: *a bhuailfidh* [0^x]; *a bhuailfeas* [1^x]:

a bhuailfeas an fear eile (287) (Ls.: *bhuaileas*).

blais: *a bhlaisfidh* [0^x]; *a bhlaifeas* [2^x]:

a bhlaifeas de aon deoir (173) (Ls.: *bhlaiseas*); *a bhlaifeas de* (329) (Ls. L1: *a bhlaifhes*; L2: *a bhlaifeas* *bhlaiseas*).

caith: *a chaithfidh* [0^x]; *a chaithfeas* [2^x]:

a chaithfeas a fhanacht (195); *cupla gail a chaithfeas mé fhéin* (209) (Ls.: *chathas* [2^x]).

cuir: *a chuirfidh* [1^x]; *a chuirfeas* [4^x]:

a chuirfidh mé (260) (Ls.: *chuire*); *a chuirfeas tú* (172, 316) (Ls.: *a chuireas*); *a chuirfeas mé* (212) (Ls.: *chuireas*); *a chuirfeas muid* (256) (Ls.: *chuireas*).

fan: *a fhanfaidh* [0^x]; *a fhanfas* [3^x]:

a fhanfas mise (332) (Ls.: *ghanas*); *cé againn a fhanfas* (195 [2^x]) (Ls.: *ghanas* [2^x]).

féad: *a fhéadfaidh* [0^x]; *a fhéadfas* [3^x]:

a fhéadfas mé (83) (Ls.: *fhíatas*);⁹⁹ *agus a fhéadfas tú* (294) (Ls.: *fhéatas*); (Ls.: *an méad meabhair a fhéadfas s[é] a bhaint as an saol* (268) (Ls.: *fhéudais* [Léamh eile: *a fhéadair*]).¹⁰⁰

gabh: ' *ghabhfaidh tú* [1^x]; *a / ' ghabhfas* [4^x] (+ 2^x sandhi):

agus ' ghabhfaidh tú (184) (Ls.: *ghabha*); *sór ghabhfas muid* (201); *a ghabhfas mise* (244); *a ghabhfas ann* (268); *a ghabhfas tú* (323) (Ls.: *ghabhas* [4^x]); *a ghabhfa[s] sé* [2^x] (196, 247) (Ls.: *ghabha, ghatha*).

leigheas: *a leigheasfaidh* [0^x]; *a leigheasfas* [1^x]:

a leigheasfas é (280) (Ls.: *leigheasus*).

(2R → 1R) tarraing: *a tharraingfidh* [0^x]; *a tharraingeas* [1^x]:

a tharraingeas againn (195) (Ls.: *thairneas*).

An Dara Réimniú:

coinnigh: *a choinneoidh* [0^x]; *a choinneos* [2^x]:

⁹⁹ Faightear an sampla seo chomh maith sa ls.: *agus goid watch má fhéadfas tú í* (228) (Ls.: *má fhéadas*). Tharla go m'fhéidir gur *n* agus nach *s* atá sa litir dheireanach, beartaíodh an leagan *má fhéadann* a chur sa téacs agus an bunfhoirm san fhonóta.

¹⁰⁰ Féach alt 4.2.2.1.2 le haghaidh plé ar an bhfoirm tháite sa léamh eile seo.

a choinneos an bád (191) (Ls.: *choineos*); *a choinneos uaim* (277) (Ls.: *chuineós*).

éirigh: *a éireoidh* [0^x]; *a éireos* [1^x]:

a éireos duit (262) (Ls.: *eirós*).

imigh: *a imeoidh* [0^x]; *sór imeos* [1^x]:

sór imeos mé (199) (Ls.: *imeos*).

maraigh: *a mharóidh* [0^x]; *a mharós* [1^x]:

a mharós an chéad bhreac (191) (Ls.: *mharós*).

oibrigh: *a oibreoidh* [0^x]; *a oibreos* [1^x]:

a oibreos fear aonraic (268) (Ls.: *oibreós*).

tarraing: *a tharraingeoidh* [0^x]; *a tharraingeos* [1^x]:

a tharraingeos an taobh eile (253) (Ls.: *thairrneós*).

togair: *a thogróidh* [0^x]; *a thogrós* [1^x]:

a thogrós tú (248) (Ls.: *ogrós*).

Na Briathra Neamhrialta:

abair: *a déarfaidh* [0^x]; *a / 'déarfás* [2^x]:

nuair 'déarfás fear an tí (270) (Ls.: *dearas*); *a déarfás Gruagach* (170) (Ls.: *adéaras*).

beir: *a bhéarfaidh* [0^x]; *a bhéarfás* [2^x]:

nuair a bhéarfás muid (186) (Ls.: *a bhéars*); *a bhéarfás ar* (315) (Ls.: *a bhéaras*).

bí: *a bheidh* [1^x]; *a / 'bheas* [33^x] (+ 6^x samplaí sandhi):

a bheidh mé (162) (Ls.: *bhé*); *a bheas mé* (161, 179, 330); *céard / nuair a bheas tú* (168, 294 srl.);

céard a bheas ann (272) srl. (Ls.: *bheas* [30^x], *bheidheas* [2^x]); *ach a bheas ag éisteach[t]* (170)

(Ls.: *bheis* [1^x]); *a bheas seacht mbliana* (315) (Ls. L1 & L2: *bheas*);¹⁰¹

a bhe[as] sé (200, 219, 245) (Ls.: *bhe*); *a bhe[as] siad* (170, 179) (Ls.: *bhe*; *bhaí*); *a bhe[as] seacht*

mbliana (315) (Ls. L1: *bhe*; L2: *bheas*).

clois: *a chloisfidh* [0^x]; *a chloisfeas* [1^x]:

a chloisfeas tú (272) (Ls.: *chloises*).

déan: *a dhéanfaidh* [0^x]; *a / do dhéanfas* [18^x] (+ 2^x sandhi):

a dhéanfas sibh (274) (Ls.: *a dheúnas*); *a dhéanfas saibhir* (293) (Ls.: *dhéanas*); *a dhéanfas mé /*

tú / muid / an chlann srl.; (190, 261, 288, 275 srl.) (Ls.: *dhéanas* [5^x], *dhineas* [6^x], *dhíneas* [3^x],

dhéunas [1^x], *dheúnas* [1^x]);

a dhéanfa[s] sibh [2^x] (202, 260) (Ls.: *a dhéana*; *a dhina*).

¹⁰¹ Seo an t-aon dá shampla den litir *s-* i ndiaidh na foirme coibhneasta *bheas*. Féach ‘Nóta ar Sandhi’ thíos.

faigh: *a gheobhaidh* [0^x]; *a / 'gheobhas* [6^x]:

a gheobhas mé (162, 248); *a gheobhas tusa* (315); *a gheobhas tú* (210, 220); *mar 'gheobhas mé* (265) (Ls.: *gheabhas* [4^x]; *gheobhas* [2^x]).

feic: *a / 'fheicfidh* [0^x]; *a / 'fheicfeas* [4^x] (+ 3^x sandhi):

agus 'fheicfeas tú (313); *chuile rud 'fheicfeas tú* (183); *a fheicfeas aonduine* (186) (Ls.: *fheiceas* [3^x]); *aon rud 'fheicfeas tusa* (272) (Ls.: *fheices*);

nuair a fheicf[eas] siad (179); *nuair a fheicf[eas] sé* (196, 267) (Ls.: *fheice* [3^x]).

ith: *a íosfas* [1^x]; *a íosfas tú* (190) (Ls.: *íosas*).

tar: *a thiocfaidh* [0^x]; *a / 'thiocfas* [12^x]¹⁰² (+ 3^x samplaí sandhi):

nuair a thiocfas an lá garbh (331); *nuair 'thiocfas mise* (262); *an chéad duine a thiocfas acu* (287) srl. (Ls.: *thiucas*);

nuair a thiocfa[s] sé (196) (Ls.: *thiuca*); *nuair a thiocfa[s] siad* (179, 186) (Ls.: *thiuca, thiuce*).

tabhair: *a thiúrfaidh* [0^x]; *a thiúrfas* [3^x]:

a thiúrfas ann (324, 325); *a thiúrfas aniar* (212) (Ls.: *thiúras* [3^x]).

4.2.10.2.1 Nóta ar Sandhi

Mar is léir ón liosta thuas, faightear samplaí den ghnáthfhoirm AF chomh maith i ndiaidh na míre coibhneasta ‘a’. I bhformhór na gcásanna, leanann forainm dar tús *s-* an briathar agus, dá bharr sin, táthar ag glacadh leis go raibh cúrsaí sandhi i gceist sna samplaí úd, .i. an *-s* ag deireadh na foirme coibhneasta agus an *s-* ag tús an fhorainm á fhuaimniú mar *-s* caol amháin (féach GCF 70, n. 1). Ionas nach gceillfí an bhunfhoirm ar an léitheoir, tugtar an deireadh coibhneasa idir lúbíní cearnógacha sna samplaí a bhféadfadh ceachtar den dá dheireadh a bheith i gceist iontu.

4.2.11 An Chopail

4.2.11.1 Foirmeacha na Copaile

4.2.11.1.1 An Fhoirm Cheisteach Dhearfach, Aimsir Láithreach: Úsáid na bhFoirmeacha ‘an’ / ‘ar’

Ní i gcónaí a bhaintear úsáid as an bhfoirm cheisteach dhearfach ‘an’ san aimsir láithreach; faightear foirm na haimsire caite ‘ar’ sa chanúint chomh maith. Féach GCF 93 agus IIA 1190-1 ina dtugtar na foirmeacha ‘a’, ‘an’ agus ‘ar’ mar fhoirmeacha na copaile a mbaintear úsáid astu san

¹⁰² Guta, nó consan nach *s-*, a leanann gach ceann de na samplaí seo.

aimsir láithreach, cheisteach dhearfach. Luaitear in GCF 93 gurb í an fhoirm ‘ar’ is coitianta san aimsir seo i nGaeilge Chois Fharraige.

Níl mórán samplaí den fhoirm cheisteach dhearfach, aimsir láithreach sa bhailiúchan seo; agus leanann forainm formhór na samplaí atá le fáil: *an tú / tusa* [3^x] (174, 272, 300); *an é seo / sin* [2^x] (219, 220); *an feamainn é* (267).

Tá dhá shampla sa bhailiúchán nach féidir a bheith cinnte cén fhoirm den chopail atá i gceist; féach foirm na lámhscríbhíne sa dá shampla: (1) *A[n] leat na gabhair seo uileag?* (226) (Ls.: *A leat*); (2) *A[n] miste dhom fiarfai, a Fionn, cá bhfuil do thriall ag dul?* (324) (Ls. L1: *A miste*; L2: *An mhiste*). Sa dá shampla, beartaíodh *-n* na foirme caighdeánaí a chur isteach idir lúibíní cearnacha agus an fhoirm ‘ar’ a thabhairt mar léamh eile san fhonóta. In IIA 1191, tugtar an sampla ‘Ar miste’ mar shampla d’úsáid na foirme ‘ar’ san aimsir láithreach, cheisteach dhearfach.

4.2.11.1.2 An Fhoirm Dhíreach Dhearfach, Aimsir Chaite agus Modh Coinníollach: Úsáid na bhFoirmeacha ‘ba’ / b’ roimh Ghuta

Den chuid is mó, tagann úsáid na foirme ‘ba’ / b’ le húsáid an chaighdeáin. Is í an fhoirm *b’* a fhaightear roimh ghuta nó roimh *fh* + guta, agus ainmfhocal nó aidiacht i gceist, m.sh.: *b’fhéidir*; *b’fhearr*; *b’airde*; *b’iontach* srl.

Eisceachtaí:

Ba f[h]ada leis an scológ go raibh Fionn ag déanamh aon mhaith (327), (Ls.: *Ba bhfada*); agus *ba f[h]íor dhó* (203), (Ls.: agus *ba bhfíor* ’ó).¹⁰³

Is í an fhoirm *badh* (Ls.: *badh, budh*) a fhaightear go rialta roimh na forainmneacha *é, í, éard* agus *in* agus cloítear leis an leagan sin anseo thíos: (*go m*)*badh é* [6^x] (193, 225, 250 srl.); *badh í* [4^x] (212, 270, 273); *badh éard* [2^x] (292, 298); *badh in* [3^x] (197, 263, 326). An litriú *ba* (Ls.: *ba, bu, bá*) a fhaightear i ngach sampla eile seachas i gcás eisceacht amháin a leasaíodh go dtí ‘go mba’ anseo (193) (Ls.: *go mbudh geall*).

4.2.11.1.3 An Fhoirm Dhearfach Spleách, Aimsir Láithreach agus Aimsir Fháistineach: Úsáid na bhFoirmeacha ‘gur’ agus ‘gurb’ roimh Ghuta

San aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach, is iondúil go réitíonn úsáid na bhfoirmeacha ‘gur’ agus ‘gurb’ leis an CO, m.sh.: *gur iníon rí í* (239); *gur Éireannach é* (288); *gur acu* (253, 260); *gurb iad* (196, 269); *gurb éard* (214, 224, 295) srl.

Tá dhá eisceacht ann i gcás na n-aidiachtaí: *gur aisteach an bhean thú* (162); *gur amhlaidh é* (253).

¹⁰³ Déantar plé ar na heisceachtaí seo arís in alt 4.2.11.3.3.

4.2.11.1.4 An Fhoirm Dhearfach Spleách, Aimsir Chaite agus Modh Coinníollach: Úsáid na bhFoirmeacha ‘gur’ / ‘go mba’

Sa CO, is féidir na foirmeacha ‘gur’ / ‘gurbh’ agus ‘go mba’ / ‘go mb’ a úsáid san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach. I scéalta an bhailiúcháin, baintear úsáid as an dá fhoirm ‘gur(bh)’ agus ‘go mb(a / ’)’ go hinmhalartaithe, cuma an aidiacht, ainmfhocal nó forainm a leanann é:¹⁰⁴

gur [10^x]: *gur píosa diamond a bhí ann* (192); *gur deas a bhí luach* (201); *gur grásta ó Dhia a bhí ann* (208); *gur mar ’bhí an chuid eile den aimsir* (272) srl.

gurbh [5^x]: *shíl mé, go deimhin, gurbh ar an spéice* (319); *gurbh fhearr dhó / dó / [d]ó* (197, 248, 328); *gurbh fhearr dhuit* (240).

go mba [16^x]: *go mba ceart* (198); *go mba deacair* (254); *go mba máistir* (267); *dá mbadh í bean an tí* (273) srl.

go mb’ [3^x]: *go mb’éigin dó* (224); *go m’fhéidir go* (292, 296, 329).

4.2.11.1.5 Foirmeacha Éagsúla Eile

mura: *Dheamhan aithne a bhí air mara[r]bh é an fear ba láidre a bhí in Éirinn* (255) (Ls.: *mar dh’é*).

4.2.11.2 An Chopail Bháite.

Is iondúil go bhfuaimnítear an chopail sna scéalta seo. Tá roinnt eisceachtaí ann a luaitear thíos; is í an fhoirm ‘is’ den chopail atá i gceist sna heisceachtaí ar fad.

Tá cuntas ar an gcopail bháite in IIA 1223 agus luaitear ann gur tréith chanúna an-choitianta í ag tús abairtí áirithe agus roimh an aidiacht. Tús na habairte, nó tús clásail, atá i gceist i bhformhór na samplaí ón mbailiúchán freisin.

(a) ‘Is’ roimh ainmfhocal [6^x]: *chomh maith agus is féidir leat* (165); *Is féidir leat* (329); *Is fear maith thú* (284) srl.

‘Is’ báite roimh ainmfhocal [2^x]: *[Is] fear maith thú* (190); *[Is] bean mhaith í sin* (238).

(b) ‘Is’ roimh aidiacht [20^x +]: *Is gearr a bhí siúlta aici* (168); *Is ceart go mbeadh* (174); *Is cuma dhuit* (184); *Is maith an fear thú* (186) srl.

‘Is’ báite roimh aidiacht [2^x]: *[Is] feasach mé go raibh siad ag tarraingt ualaí troma lá* (209); *nuair a thioctas an lá garbh, [is] lag seans atá agam air* (331).

¹⁰⁴ Pléitear easpa an tséimhithe ar roinnt de na samplaí thíos in alt 4.2.11.3.1.

(c) ‘Is’ roimh fhorainm [10^x +]: *le breathnú ort, is tú an capall is dona agam* (176); *Is maith thú* (321);¹⁰⁵ *Is mise iníon Rí Laighean* (185); *Is tusa an dreoilín* (259) srl.

‘Is’ / ‘An’ báite roimh fhorainm [2^x]: *nó [an] tú Mac Rí Éireann* (322); *[Is] muide an bheirt ghasúr sin* (231).

(d) ‘Is’ tar éis an chónaisc agus [20^x +]: *D’imigh sé amach agus is gearr go bhfaca sé bean an bhúistéara ag tíocht* (200); *agus is beannaithe thú thar na mná* (236) srl.

‘Is’ báite i ndiaidh agus [1^x]: *chomh deas agus [is] féidir leat* (179).

4.2.11.3 Athruithe Tosaigh i ndiaidh na Copaile

4.2.11.3.1 Séimhiú ar an Ainmfhocal

Faightear samplaí d’ainmfhocal ar lorg na bhfoirmeacha seo a leanas den chopail: *ba*; *gur*; *go mba*. Ní shéimhítear aon cheann de na hainmfhocail; féach na samplaí seo a leanas, iad ar fad san AC:

ba: *ba teach* (332); *ba fear spraoi* (244).

gur: *gur pliosa* (192); *gur mada* (205); *gur cnámhaire* (273); *gur grásta* (208).

go mba: *go mba máistir* (267); *go mba deartháir* (292).

4.2.11.3.2 Séimhiú ar an Aidiacht

Bíonn an dá nós ag an Direánach i dtaobh séimhiú ar an aidiacht ar lorg na copaile. Ní gá go bhfuil baint ag túschonsan na haidiachta leis an toradh, i gcás na samplaí seo a leanas ach go háirithe: *ba bheag* agus *ba beag*; *ba cheart* agus *ba ceart*; *ba chóir* agus *ba cóir*.

Séimhiú ar an aidiacht:

ba: *ba bheag* [3^x] (218, 221, 330); *ba bhreá* (170); *ba cheart* (160); *ba chóir* (208); *ba chóra* (317); *ba mhaith* [2^x] (164, 297); *ba mheasa* (332); *ba mhian* (273).

gur (AC): *gur mhaith* (283).

go mba: *go mba mhó* (254); *go mba mhaith* (267); *go mba mhór* (284).

níor: *níor mhaith* [2^x] (166, 331); *níor mhiste* [4^x] (209, 250, 333).

nár: *nár bhaol* (326); *nár mhór* (199).

¹⁰⁵ Tugtar an frása ‘Maith thú’ in IIA 1224 chomh maith agus luaitear ina thaobh gur go híorónta is mó a chloistear an chopail roimh an bhfrása áirithe seo, .i. ‘Is maith thú’. Níl ach sampla amháin den fhrása ag an Direánach anseo agus is léir go bhfuil dul na scéalaíochta ar an bpíosa cainte úd: “*Is maith thú,*” *a deir sí,* “*agus is an-mhaith thú, agus más maith fhéin, choinic mise gaiscíoch chomh maith leat.*” (321).

Séimhiú in easnamh ar an aidiacht:

ba: *ba beag* (249); *ba ceart* (165, 275); *ba cóir* (251); *ba cosúil* (238); *ba críonna* (257); *ba deas* (199); *ba gearr* (290); *ba trom* (208).

gur (AC): *gur deas* (201).

go mba: *go mba ceart* (198); *go mba daor* (250); *go mba deacair* (254); *go mba geall* (193).

4.2.11.3.3 Séimhiú á sholáthar ar lorg na Copaile: An Litir *f*

Tá séimhiú á sholáthar, idir lúibíní cearnacha, ar na samplaí seo thíos toisc nach ionann na samplaí seo agus na cinn a luaitear faoi alt 4.2.11.3.1 agus 4.2.11.3.2:

ba: *b'f[h]éidir* [2^x]: (219, 265) (Ls.: *bféidir*). Is í an fhoirm shéimhithe is coitianta sna scéalta, *b'fhéidir* [10^x +];

Ba f[h]ada leis an scológ go raibh Fionn ag déanamh aon mhaith (327) (Ls.: *Ba bhfada*); agus *ba f[h]íor dhó* (203) (Ls.: agus ba *bh fíor* 'ó).

Táthar ag glacadh leis gurb é an fuaimniú /bəv'/ (féach GCF 90-1) atá á chur in iúl le litriú na lámhscríbhinne i gcás an dá shampla dheireanacha thuas. Ó tharla gurb ionann áit dhéanta an dá chonsan /v/ agus /f'/, bheadh an séimhiú intuigthe ar aidiacht dar tús *f* atá ar lorg foirm chopaille dar críoch *-bh*. Sin is cúis leis an séimhiú a sholáthar sna cásanna eisceachtúla thíos chomh maith.

níorbh: *níorbh fhéidir* [4^x]; *níorbh fhearr* [2^x]; *gurbh fhearr* [4^x].

Eisceachtaí: *níorbh f[h]iú dhuit* (210) (Ls.: *níorbh fiú*); *níorbh f[h]iú iad a dhúiseacht* (218) (Ls.: *níorbh fiú*); *níorbh f[h]ada* (293) (Ls.: *Níor bhfada*).

4.2.12 Pointí Eile

4.2.12.1 An Briathar Uireasach 'ar'

De réir an chaighdeáin, ní bhaintear úsáid as an mbriathar uireasach 'ar' ach amháin roimh na forainmneacha treise, 3 p. uatha agus iolra, .i. 'ar seisean'; 'ar sise'; 'ar siadsan'. Féach, mar shampla, FGB faoi 'ar'³ agus GGBC 192. Is mar seo atá in GCF chomh maith (féach lch. 115-6). Tá a mhacasamhail de shamplaí le fáil in IIA freisin ach go bhfaightear an sampla 'ar sé' sa chanúint sin chomh maith, (féach IIA 1179).

Baineann Ó Direáin feidhm as an bhfoirm 'ar' roimh na forainmneacha treise, 3. p.u., bain. agus fir. agus i gcásanna eile nach iad.

Forainmneacha treise: *ar sise* (218, 249); *ar sosan / seisean* (228, 240, 294).

Forainmneacha simplí: *ar sí* (185).

Ainmfhocail: *ar Fionn* (307); *ar an tÉireannach* (228).

4.2.12.2 Úsáid an Fhorainm Réamhfhoclaigh i ndiaidh ‘fiarfaigh’

Is é ‘fiarfaigh + de’ an nós is coitianta sna scéalta [22^x]: *d’fhiarfaigh sí de céard a bhí insa mboiler* (162); *D’fhiarfaigh sé de cá raibh sé ag dul* (241); *d’fhiarfaigh sé dhíomsa* (253); srl.

Faightear *fiarfaigh + do* [2^x]:¹⁰⁶ *Fiarfaíodh dó* (215); *D’fhiarfaigh an mháthair dhó céard a bhí air* (297).

Faightear sé shampla den 3ú p.u. bain. *d(h)i* chomh maith.

¹⁰⁶ Léiriú é seo den mhalartú a dhéantar sa chanúint idir na réamhfhocail ‘de’ agus ‘do’, féach alt 3.11.1.3.1 (Ls.: *go(n)* → *de(n)*, *do(n)*). Tá ‘fiarfaigh’ + ‘gon’ le fáil faoi dhó sa bhailiúchán agus leasaíodh an dá shampla go dtí ‘den’: *d’fhiarfaigh sí den mháistreás* (224); *D’fhiarfaigh an draíodóir den stócach ansin* (291).

4.3 An tAinmfhocal

4.3.1 Inscne an Ainmfhocail

4.3.1.1 Ainmfhocail a bhfuil an Dá Inscne acu

- clúmhach: *an chlúmhach* (303); *an clúmhach* (180).

(FGB f., GCF f., IIA f. / b.)

- iascach: *sílim go dtiúrfaidh mé suas an t-iascach* (331); *is daor an iascach orainn é* (332).

(FGB f., FFG f. / b., GCF f., IIA f. / b.)

Maidir leis an dara sampla thuas, feicimid ón eolas breise a thugtar san fhonóta i gcaibidil a 5 (331) (fn. = L1: *an iascach* → L2: *an t-iascach*) go bhfuil dhá leagan den scéal seo sa bhailiúchán agus go ndearna Flower leasú ar an ainmfhocal i leagan a dó den scéal.

- snaidhm: *ar an snaidhm* (190); *scaoil sé an tsnaidhm agus [.....] chuir sé an snaidhm aríst ar an gcuid eile den airgead* (190); *gur oscail sé amach an tsnaidhm* (193).

(FGB b., GCF b., IIA f. / b.)

Tá na ceithre shampla thuas le fáil in aon scéal amháin, agus péire díobh le fáil in aon abairt amháin.

4.3.1.2 Leagan na Lámhscríbhíne ag teacht le Malairt Inscne FGB

- gaineamh: *thosaigh an ghaineamh* (310).

(FGB f. (malairt b.), FFG f., GCF f., IIA f.)

- leabhar

(FGB f. (malairt b.), FFG b. (f. sa ghin.), GCF f. / b., IIA f. / b.)

Toisc an litir *l* a bheith ag tús an fhocail seo, is deacair inscne an ainmfhocail a aimsiú. Seo a leanas an t-eolas a thugann an forainm agus an aidiacht dúinn ar inscne an fhocail:

for. / for. réamh. fir. [12^x]: *gan breathnú air ná é a oscailt* (159); *ní bheidh aon mhaith leis* (159); *chuir sé isteach sa gcomhra é* (159); *ó fuair sé é* (160); *agus níor bhreathnaigh sé riamh ó shin air* (160); *é a thabhairt linn agus breathnú air go bhfeicfeá céard 'ta ann* (160); *d'oscail sí fhéin é* (160); *shín sí ag an bhfear ' tháinig isteach é* (160); *cion ráithe dhe* (160).

for. / for. réamh. bain. [2^x]: *leabhar a mbeadh chuile rud uirthi* (254); *í sin a fháil* (254).

aid. fhir. (foirm dhíspeagtha) [1^x]: *leabhairín beag* (253).

aid. bhain. [1^x]: *ar an leabhar bheag* (254).

- taobh: *Fianna na taoibhe ó thuaidh* (304) (Ls.: L1: *taoba*; L2: *taoibhe*); (306) (Ls. L1: *taoibh*; L2: *taoibhe*).

(FGB f. TG. *taoibh*, (malairt: b. TG. *taoibhe*), IIA f. TG. *taoibh* ach roinnt samplaí den TT b. *taoibh*; IIA *leataobh*).

4.3.1.3 Inscne Ainmfhocail nach réitíonn leis an gCaighdeán Oifigiúil ná le Malairtí FGB

- each: *an each* [6^x] (178, 185 srl.).

(FGB f., IIA b.).

Réitíonn na forainmneacha agus na forainmneacha réamhfhoclacha don inscne bhaininscneach chomh maith: for. / for. réamh. bain. [10^x +].

- geall: *Chuireadar an gheall le chéile*¹⁰⁷ (256).

(FFG f., FGB f., IIA f.).

- greim: *An ghreim láimhe a bhí aige* (247); *an ghreim sin a scaoileadh* (252).

(FGB f., FFG f., GCF f., IIA f.).

- ímní: *agus is é an t-ímní is ciontach liom* (331).

(FGB b. (malairt *imneadh*. f.), FFG b., GCF b., IIA b.)

- íocaíocht: *An é sin an t-íocaíocht* (220); *Is é an t-íocaíocht* (220).

(FGB b., FFG b.).

- plean: *an phlean* [7^x] (191, 244 srl.).

(FGB f., GCF *pleain* b., IIA *pleain* b.).

Chomh maith leis na samplaí ar fad thuas den ainmfhocal *plean*, tá dhá shampla eile sa bhailiúchán a léiríonn gur ainmfhocal bain. é seo ag an Direánach: *an phlean cheart* (201); *leis an bplean mhallaithe* (245).

Féach 4.6.7.4 thíos maidir le húsáid na bhforainmneacha leis an bhfocal *plean*.

¹⁰⁷ Mar eolas, tá an sampla seo le fáil sa bhailiúchán chomh maith: *Rinne sí an gealladh*

4.3.1.4 Séimhiú ar lár ar Aidiachtaí a leanann Ainmfhocail Bhaininsneacha

I gcás fhormhór na samplaí thíos, níl aon eolas eile sa bhailiúchán i dtaobh inscne an fhocail. Sa chás go bhfaightear samplaí ábhartha eile den fhocal, tugtar an t-eolas sin thíos. Pléitear na samplaí seo arís in alt 4.8.3.1.

thrí choill f[h]iáin (313), *an choill* [2^x].

culaith b[h]reá éadaigh (174), *culaith bhreá éadaigh* [1^x].

trioblóid b[h]eag (288), *trioblóid bheag* [1^x].

osna t[h]rom t[h]uirseach (177).

scíth b[h]eag (308).

truai m[h]ór [2^x] (221, 225).

léim b[h]eag b[h]ideach (259).

4.3.2 Malairt Leaganacha den Ainmfhocal

4.3.2.1 Leaganacha atá le fáil mar Mhalairt in FGB

- ceird

ceird [20^x +]; ceard [1^x].

ceird: *is é an sórt ceird a bhí aige* (188); *cén sórt ceird is mó a bhíodh air sin* (208) srl.

ceard: *Is é an sórt ceard a cuireadh ansin uirthi* (162).

FGB: ‘ceard = ceird’. Luaitear in IIA 625 go bhfuil an fhoirm ‘ceárdaí’ imithe i léig.

- cuid

cuid [22^x]; cuide [18^x].

cuid: ‘cuid’ + ainmfh. [15^x] (187, 204 srl.); *cuid mhaith* [3^x] (208, 215, 252); réamh. + an t-alt + *cuid eile* [3^x] (160, 190, 306); *cuid ná maoin* (233).

cuide: *cuide acu* [5^x] (198, 208 srl.); *cuide de* [6^x] (164, 262 srl.); *cuide den* [4^x] (164, 266 srl.); *cuide dhe* [1^x] (267); *cuide eile* [2^x] (209, 332).¹⁰⁸

FGB: Malairt ‘cuide’. Faightear an leagan ‘cuide’ in FFG, GCF agus in IIA chomh maith.

- píolóta

píolóití [8^x (= TA u.)].

¹⁰⁸ Bheifí ag súil le bá gutaí, ar ndóigh, i gcás na samplaí *cuide acu* agus *cuide eile*.

(an) *piolóití* (216 [6^x], 217 [2^x]).

Féach alt 4.3.3.4 thíos le haghaidh tuilleadh eolais ar iolra an fhocail seo.

FGB: Malairtí ‘piolóit’, ‘piolóití’.

- rachta

rachta [0^x]; rata [1^x].

an rata atá ar a teach a ghoid sí (166).

FGB: ‘rata²’ = ‘rachta’; GCF 247; IIA 170.

- simléar

simléar [0^x]; simléir [3^x (1^x = TA u.; 2^x = TT)]. Tá dhá shampla sa TG u. chomh maith ach ní bhaineann siad siúd le hábhar.

simléir: *leag sé amach an simléir* (183); *ar chaon taobh den tsimléir* (183); *gabhfaidh mé suas sa simléir* (281).

FGB: Malairt ‘simléir’. Níl foirm chaol na lámhscríbhíne le fáil in GCF, FFG ná in IIA, ach amháin sa TG.

- táilliúir

táilliúir [2^x]; táilliúr [20^x +].

táilliúir: *Bhí táilliúir ’na chónaí* (290); *Mustapha an Táilliúir* (291 [2^x]).

táilliúr: *Bhí táilliúr ann fadó* (270); *a deir an táilliúr* (270 srl.); *leis an táilliúr* (271) srl.

FGB: Malairt ‘táilliúr’. Tá an fhoirm ‘táilliúr’ le fáil in FFG; GCF agus in IIA chomh maith.

- úll

úll [0^x]; úlla [5^x].

úlla: (260 [4^x], 261).

FGB: Malairt ‘úlla’, IIA: ‘úlla’ (seachas i gcásanna áirithe).

4.3.2.2 Leaganacha Éagsúla nach réitíonn leis an gCaighdeán Oifigiúil ná le Malairtí FGB

- béiceach [0^x]; béiciúch [1^x].

an bhéiciúch agus an bladhrúch (288).

Faightear an fhoirm seo ‘béiciúch’ mar ainm briathartha nó mar ainmfhocal in IIA 684, SG 586 agus in SMN 147.

- béile [8^x]; béilí [2^x].

béile: *faigh dhom béile éicineacht* (211); *nuair a bhí mo bhéile ite* (254) srl.

béilí: *d'ith sé a bhéilí ann* (241); *ag a bhéilí* (274)

Leanann guta gach ceann de na deich samplaí a luaitear thuas. Tá dhá shampla d'iolra an fhocail sa bhailiúchán chomh maith agus is í an fhoirm chaighdeánach 'béilí' atá sa phéire acu sin.

Seo mar a luaitear an t-ainmfhocal sna foinsí éagsúla:

FGB: 'béile' (gin. u. 'béile', iol. 'béilí'); FFG: 'béile' (u.) ach amháin i bhfrasaí áirithe; GCF: 'béilí' (u. agus iol.) agus luaitear 'béilíocháí' mar iol. chomh maith; ICF: 'béile' (u.), ní luaitear iol.; IIA: 'béilí' mar uatha, cé is moite de shamplaí aonaracha de na leaganacha 'béile' agus 'béilé', fch. lch. 1886. Tugtar trí cinn déag d'iolraí den fhocal in IIA agus níl an fhoirm chaighdeánach ina measc; SMN: 'béilí' (u.), 'béile' (t.gin. u. agus iol.); TTT: 'béilí' (u.), 'béilíocháí' (iol.).

- b'éigin¹⁰⁹ [6^x]; b'éigint [3^x].

b'éigin: *b'éigin dhom inseacht* (231); *B'éigin do dhuine a thíocht* (252) srl.

b'éigint: *b'éigint dó* (189); *b'éigint don fhear* (245); *b'éigint dom péin* (254).

A mhacasamhail d'fhorainmneacha a leanann an dá leagan *b'éigin* / *b'éigint*, ionas gur cosúil nach bhfuil tionchar ag túslitir an fhorainm ar an *-t* ag deireadh an ainmfhocail. Níl 'b'éigint' le fáil mar mhalairt i gceann ar bith de na foinsí.

- breácha [2^x] (CO breáthacht).

d'athraigh an aimsir i mbreácha (164); *d'athraigh an aimsir lena linn le breácha agus deiseacht* (164).

FFG: 'breácha'

Faightear an leagan *breácha* mar bhreischéim sna scéalta chomh maith, féach alt 4.4.2.3.

- c(h)ois [5^x]; cos [1^x] a chiallaíonn 'beside'.

Féach alt 4.3.4.2.5 thíos le haghaidh plé ar an leagan 'cois' a chiallaíonn 'foot / leg'.

c(h)ois: *chois na tine* (248, 272) srl. Déantar plé ar úsáid an tséimhithe sna samplaí seo in alt 4.8.2.

cos: *cos na tine* (275).

An fhoirm 'cois' amháin, i gcás 'foot / leg' an Bhéarla, atá le fáil in GCF. Faightear 'cos' agus 'cois', don dá mhíniúchán Béarla, in IIA 521 & 1439.

¹⁰⁹ Féach alt 3.11.2.3: *e > /i/*: *éigin* (CO *éigean*)

- drioball (CO *eireaball*).

Mar seo a leanas atá sa ls.: L1: *ag an trubal*; L2: *ag an t-ruball*

Beartaíodh an leagan *ag an drioball* (310) (+ fn. = ls.) a chur isteach sa téacs.

FGB: ‘drioball = eireaball’; FFG: ‘drioball’; GCF: ‘drioball’; IIA: ‘drioball’ (i measc leaganacha eile).

- i gcónaí [16^x]: Seo a leanas gnáthlitriú an fhocail seo sa ls.: *i gcomhnuí*; *i gconuí*; *i gcónuí*; *i gcónui*; *i gconnuí*; *i gconní*. Leasaíodh gach ceann de na samplaí seo go dtí litriú an chaighdeáin, *i gcónaí*.

Tá sampla amháin sa bhunábhar nach réitíonn le litriú na samplaí eile seo: *gur aonduine amháin i gcónaí é* (289), (ls.: *i gcumhniú*). Tugaim dhá chúis a d’fhéadfadh a bheith leis an mbunlitriú seo: (a) scrioradh pinn ag deireadh an fhocail áit ar meascadh an dá litir dheireanacha, .i. *-uí* nó (b) sampla é seo den fhadú a dhéantar ar dheireadh focal áirithe nuair a thagann guta ina ndiaidh, m.sh. ‘ag déanú air’, ‘Fiannú Éireann’ srl. Féach IIA 468 - 472 agus SG 554.

- leac [0^x]; leic [1^x].

leic: go dtugann siad ‘An Leic Dhearg’ air (307).

Féach alt 4.3.4.2.2 le haghaidh plé ar an bhfocal *leic* sa tabharthach.

- leith

dhá leath [0^x]; *dhá leith* [4^x].

dhá leith: (183, 184, 260, 308).

Níl cás ar bith d’aon uimhir eile + *leath* / *leith* sa lámhscríbhinn.

Tá na foirmeacha ‘dhá leith’, ‘trí leith’ srl. le fáil in GCF agus in IIA.

- loisc [0^x]; loisce [1^x].

loisce: má bhíonn ball dó ná loisce air, caillfidh tú an ceann (329).

Níl leagan na lámhscríbhinne le fáil i gceann ar bith de na foinsí a luaim sa chaibidil seo.

- an nóiméad [1^x]; an t-óiméad [1^x].

nóiméad: ar an nóiméad (173) (Ls.: *ar an numeud*).

óiméad: agus an t-óiméad (331) (Ls. L1: *agus an t-úmeud*; L2: *agus an t-úméud*).

Ní féidir a bheith cinnte, ar ndóigh, nach raibh an fhoirm chánúnach /u:m'e:d/ ag an scéalaí i gcás an tsampla *ar an nóiméad* chomh maith, agus nach raibh sí le cloisteál go soiléir mar gheall ar an mbá chonsaine, .i. *ar an umeud*.

Faightear an leagan '(an t-)úiméad' in FFG; GCF, ICF agus in SMN.

- Pionsa Píolóid (CO *Pointias Píoláit*).

a bhás faoi Phions[a] Píolóid (237) (Ls.: faoi phian Spialoit).

Faightear an leagan canúnach seo 'Pionsa Píolóid' in IIA 2082.

- stríoc [0^x]; stríoca [2^x].

stríoca: Ls.: *harraing sé stríoca thríd an teallach [...]* an dara stríoca (273).

Mar atá léirithe agam leis an gcló liath, níl an chéad sampla róshoiléir ach is cosúil go bhfuil an deireadh *-ca* sa dá shampla thuas. Anuas air seo, is léir ón gcomhthéacs gur uimhir uatha atá i gceist sa dá shampla.

Níl ach an fhoirm chaighdeánach in IIA agus níl an focal le fáil in aon chor in FFG ná in GCF.

4.3.3 Iolra an Ainmfhocail

4.3.3.1 Leaganacha atá le fáil mar Mhalairtí in FGB

- aenna [0^x]; aobha [3^x]

aobha: *ola ina gcuid aobha (209); Choinic mé mart dhá ithe uileag, 'un a aobha (265 + fn. = Ls.: dhá í ^{~uiliug} i n-aobha); aon bhlas den mhart ach na haobha (266).*

FGB: iol. 'aenna' (malairt iol. 'aebha', 'aobha'); GCF: 'aobha?'; FFG: 'aobhaí, aobha?'; IIA: 6 cinn d'iolraí le fáil, sampla na lámhscríbhinne san áireamh.

Luaitear sna foinsí éagsúla go bhfuil an focal 'aobha' ar cheann de na focail nach bhfuil le fáil san uatha in aon chor. Féach GCF 7 agus FFG 9. Luaitear in IIA 706 nach bhfuil mórán idir uatha agus iolra an fhocail, .i. 'aobh' agus 'aobha'. Is léir ó shampla 2 agus 3 na lámhscríbhinne gurb í an fhoirm iolra atá ag an Direánach chomh maith.

- comhlain [1^x]; comhlaí [0^x]

ar chúla na comhlain (297)

FGB: Malairt iol. 'comhlacha, comhlain'; IIA: 'comhlaí, cúlthannaí, comhlainneachaí' srl.

- cúl [1^x]; cúla [7^x].

cúl: *ar chúl gruaige* (285).

cúla: *ar chúla mo phutógáí* (179); *ar chúla na tine* (243, 285); *ar chúla mullán* (243); *ar a chúla* (278, 279); *ar chúla na comhlain* (297).

FGB: ‘cúl’, iol. ‘cúil’ ach i gcásanna áirithe ‘cúla’; malairt iol. ‘cúla’. Faightear ‘ar chúla’ in GCF agus in IIA chomh maith.

- focail [0^x]; focla [2^x].

na focla (293, 295).

FGB: Malairt iol. ‘focla’; GCF: ‘focla’; IIA: ‘focala, focla, foclaí, focail’.

- géanna [0^x]; géabha [1^x].

géabha: de ghéabha agus de lachain (204)

FGB: Malairt iol. ‘géabha’; GCF: ‘géabha’; IIA: ‘géadha, géabha, géabhaí’; SMN: géabha.

- leabhair [0^x]; leabhra [4^x].

mo chuid leabhra (172); *a chuid leabhra* (172); *aon leabhra* (174); *leabhra a léamh* (254).

FGB: Malairt iol. ‘leabhra’; GCF: ‘leabhra, leabhartha’; IIA: ‘leabhra, leabhartha’ agus tréaniolraí eile.

4.3.3.2 Iolra an Bhéarla

- píilir / píléir [0^x]; pílears [8^x].

pílears: *na pílears* (299, 302 srl.); *beirt pílears* (299); *oifigeach na bpílears* (300).

FGB: ‘pílear’, iol. ‘píilir’ (malairt iol. ‘píléir’); IIA ‘peelers’.

4.3.3.3 Iolraí Neamhchaighdeánacha

4.3.3.3.1 An Deireadh Canúnach -*ai*

Tá mórchuid samplaí den chineál seo sa bhailiúchán. I gcás cuid de na samplaí, níl ann ach gur cuireadh an -*í* leis na deirí caighdeánacha -(e)*anna* nó -(e)*acha*, m.sh.:

amannaí (268, 272 srl.), *cúinnaí* (240, 241 srl.), *sráideannaí* (290 srl.), *pingneachaí* (164, 287), *cathaoireachaí* (202) srl.

I roinnt cásanna eile, bíonn na deirí *-(e)annaí / -(e)achaí* (a) éagsúil ar fad ó fhoirceann an chaighdeáin, nó (b) le fáil mar mhalairt in FGB (lúide an *-í* deireadh), m.sh.: *laethannaí* (184, 199, 252);¹¹⁰ *tíreannaí* (268); *áiteachaí* (208, 267); *éanachaí* (167, 180 srl.); *stócaachaí* (248); *tinneasachaí* (259) srl.

4.3.3.3.2 An Deireadh Canúnach *-ocháí / -úcháí*

- *ingniúcháí* [3^x] (225, 285, 308).

FGB: iol. ‘ingne’, malairt iol. ‘ingneacha’; GCF: ‘ingne, iongaí, iongaíocháí’; IIA: naoi gcinn déag d’iolraí luaite agus ‘ingniúcháí’ na lámhscríbhíne ina measc; SMN: ‘iongnacha’.

- *geansaíocháí* [1^x] (285).

FGB: iol. ‘geansaithe’; GCF: ‘geainsaíos’; IIA: ‘geansócháí’ (i measc iolraí eile); TTT: ‘geainsaíocháí’.

- *gloiniúcháí* [1^x] (285).

FGB: iol. ‘gloiní’; GCF: ‘gloiniócháí, gloiniúcháí’. Luaitear naoi gcinn d’iolraí in IIA, an péire a luaitear in GCF san áireamh.

- *gréasaíocháí* [2^x]: (164) (Ls.: *gréasuiachaí; greusaíachaí*).

gréasaíúcháí [2^x]: (166). (Ls.: *greasaiúcháí; gresuiúcháí*).

FGB: ‘gréasaithe’; GCF: ‘gréasaíos, gréasaíocháí’; IIA: ‘gréasaithe, gréasocha, gréasaechaí, gréasócháí, gréasachaí, gréasaíos’.

- *tint[r]iúcháí* [1^x] (318).

FGB: ‘tintreacha’. Níl iolra an fhocail le fáil in aon chor sna foinsí éagsúla eile.

4.3.3.4 Iolraí Éagsúla Eile

Tugtar foirm na lámhscríbhíne sa téacs atá á chur ar fáil anseo ach amháin i gcás an tsampla ‘Fiannaibh’ thíos. Ó tharla go mbaineann débhríocht leis an litriú, leasaíodh an sampla sin go dtí ‘Fianna’ sa téacs agus tugtar an bhunfhoirm mar fhonóta.

- *ailleachaí* [1^x].

¹¹⁰ Faightear sampla amháin den leagan *laethanta* sna scéalta.

na hailleachai (293).

FGB: ‘aillte’; GCF: ‘alltrachai’; IIA: ‘alltrachai, álltrachai, alltacha(i), ailltreachai’.

- aturnachai [2^x].

(na) haturnachai (257).

FGB: ‘aturnaetha’; IIA: ‘atournaí(the)’.

- boichte [5^x].

ag na boichte (164); *leis na boichte* (166); *de na boichte* (166); *beannacht na mboichte* (164).

FGB: ‘boicht’, malairt iol. ‘bochta’.

Níl ‘bochta’ le fáil sa lámhscríbhinn ach amháin mar aidiacht agus ní fhaightear leagan na lámhscríbhinne i gceachtar de na foinsí.

- crainnte [3^x].

ar na crainnte (193); *cuirfidh muid crainnte síos* (195); *ag gearradh crainnte* (309).

FGB: ‘crainn’; GCF: ‘croinnte’; IIA: ‘croinnte’ (i measc iolraí eile).

- cruithes [1^x].

Cuirfidh tú cruithes uirthi seo go beo dhom (279) (Ls.: *cruí*).

FGB: ‘crúite’; GCF: ‘crúití, cruí, cruife’; IIA: ‘crúithes, craoithes, cruife’ srl.; SMN: ‘cruí’.

- éanlacha [2^x].

éanlacha an aer (259 + fn. = Ls.: *eunlach*); *ar na héanlacha uileag* (259 + fn. = Ls.: *ar na heinlách uiliug*).

Níl an leagan seo le fáil in FGB ná sna foinsí éagsúla seachas in SMN: 276 áit a bhfaightear ‘éanlacha an aeir’.

Faightear an cnuasainm caighdeánach ‘éanlaith’ i scéalta Uí Dhireáin chomh maith:

éanlaith [5^x]: *ag aithris ar na héanlaith* (256); *cuide de na héanlaith* (262, 263 [2^x]); *ag marú an oiread éanlaith* (263).

FGB: ‘éanlaith’ (cnuasainm): ‘éanlaith an aeir’; GCF: ‘éanlaithe’ /e:NLə/; IIA: ‘éanlaith’ /e:NLə/, ‘éanlaithe’ /e:nləhə/.

Ní fios an bhfuil an focal seo in úsáid mar chnuasainm nó mar ghnáthiolra ag an Direánach. Cf. GCF: 7, fn. 3: ‘Is foirm iol. é seo anois, e.g. .. na h-éanlaithe’. D’fhéadfadh sé gur mar seo atá sna

scéalta chomh maith agus go bhfuil bá i gceist i gceithre cinn de na cúig shampla thuas (.i. seachas sampla lch. 256). Ina dhiaidh sin féin, féach freisin go bhfaightear ‘éanacháí’ [9^x] mar ghnáthiolra sa bhailiúchán (féach alt 4.3.3.3.1 thuas).

- Fiannaibh [1^x].

ar na Fianna Éireann (323), (Ls. L1: *ar na Fiana^{bh} Éireann*; L2: *ar na Fiannaibh Éireann*).

Is cosúil go bhfuil an *-bh* scriosta amach i L1 den scéal cé nach féidir a bheith iomlán cinnte an scriosadh amach atá ann nó eireaball ar an litir *h*. Seo an t-aon sampla sa bhailiúchán a bhfuil an t-ainmfhocal ‘Éireann’ le fáil go lom díreach i ndiaidh ‘na Fianna(ibh)’. Cé go mbaineann débhríocht leis an sampla, is fiú é a lua anseo toisc go réitíonn sé leis an eolas a fhaightear in GCF 53 (n.); IIA 698 agus SG 554.

- giolcasacháí [1^x].

a chuid giolcasacháí (183) (Ls.: *giulcasacháí*).

FGB: ‘giolcaisí’. Ní fhaightear an focal i gceachtar de na foinsí GCF ná IIA.

- gnótha [4^x].

déanfaidh sé na gnó[tha] céanna [2^x] (189, 200) (Ls.: *na gnó, na gno*); “*déanfaidh tú inniu na gnó[tha],*” *a deir ...* (280) (Ls.: *na gno*); *seans againn gnótha a dhéanamh* (293) (Ls.: *gnotha*).

FGB: ‘gnóthaí’; GCF: ‘gnaithí’; IIA: ‘gnotha, gnothaí’ srl.

An fhoirm ‘gnó’ atá mar uatha ag an bhfocal seo sa bhailiúchán, *gnó* (u.) [15^x]: *nach ndéanfaidh sin gnó dhuit* (186); *go ndéanfá gnó maith* (189); *níl aon ghnó agamsa dhe* (282) srl. Is í an fhoirm uatha a úsáidtear san iolra i gcás trí cinn den cheithre shampla thuas agus soláthraíodh an deireadh *-tha* idir lúibíní cearnacha sna samplaí sin. Luaitear in IIA 720 go mbaintear úsáid as an bhfoirm ‘gnotha’ san uatha agus san iolra.

- píolóití [1^x]

Choinic na píolóití (216).

FGB: ‘píolótaí’ (malairt ‘píolóit, píolóití’); IIA: ‘píolóití’ (mar uatha agus mar iolra).

Is léir ó shamplaí eile na lámhscríbhinne gurb í an fhoirm *píoloití* amháin atá ag an Direánach, cuma cén tuiseal nó uimhir atá i gceist: (*an*) *píolóití* [8^x = TA u. (216, 217)]; *a píolóití* [1^x = TGa. u. (216)]; *ag cuardú píolóití* [1^x = TG u. (217)].

- réatha [3^x]¹¹¹

bhí réatha in éindí leo (207) (Ls.: *réatha*); *tuilleadh réatha as Conamara* (207) (Ls.: *reatha*); *na réatha a bhí ar dtús aige* (207) (Ls.: *réatha*).

FGB: ‘reithí’; IIA: /rohi:/, /rohu:/, /rohæxi:/ srl. Ní fhaightear an leagan ‘réatha’ i measc iolraí IIA.

Ní féidir neamhiontas a dhéanamh den doiléireacht a bhaineann le peannaireacht na lámhscríbhíne i gcás na litreacha *th* agus *bh* (féach alt 3.4). Tá an leagan ‘réabha’ /re:wə/ le cloisteáil i nGaeilge Árann an lae inniu, mar shampla, agus ní féidir a bheith iomlán cinnte nach hé an leagan seo atá i gceist sna samplaí thuas chomh maith.

- rítí [3^x]

pictiúir cloigne rítí (299) (Ls. L1: *righté*; L2: *rútfí*); *clann rítí* (297 [2^x]) (Ls.: *rití*, *rítí*).

FGB: ‘ríthe’, GCF: ‘rítí’; IIA: ‘ríthí, rítí’ srl.; SMN: ‘rítí’.

- seanchinn [2^x]; seanchinne [1^x]

seanchinn: ar na seanchinn — agus (179); *na seanchinn ceart* (179).

seanchinne: leis na seanchinne agus (179).

FGB: ‘cinn; ceanna’. Tá an dá leagan caighdeánacha ‘cinn’ agus ‘ceanna’ le fáil in IIA agus in GCF.

Níl an fhoirm ‘cinne’ le fáil i gceachtar de na foinsí sin.

- strainséaraí

strainséaraí [3^x]: (197, 248, 253).

Tá an litriú *strainséiri* (2^x) agus *stranséirí* (1^x) ar an bhfocal seo sa lámhscríbhinn. Ó tharla go bhfuil an litriú *strainséara* air san uatha (féach alt 4.3.4.1.1 thíos), socraíodh ar an litriú *strainséaraí* a chur san iolra sa trí chás thuas.

FGB: ‘strainséirí’; IIA: ‘strainséaraí’.

- táilliúraí

táilliúraí [6^x]: (196, 197, 270, 272).

Ls.: *tailliurí*, *tailliúri*, *táilliurí*, *taliuri*, *taliúrí*.

IIA: ‘táilliúirí’. Féach uatha an fhocail in alt 4.3.2.1 thuas: *táilliúir* [2^x]; *táilliúr* [20^x +].

¹¹¹ [Mar eolas, seo leaganacha an uatha [3^x] mar atá siad le fáil sa ls.: *Reithe*^{Ré}, *ré*; *re*. Leasaíodh na trí cinn go dtí *reithe* sa leagan seo.]

4.3.4 Na Tuisil

4.3.4.1 An Tuiseal Ainmneach

4.3.4.1.1 An Deireadh -éara

Is gnách sa chanúint foirm an ghinidigh a úsáid in ionad an tuisil ainmnigh / thabharthaigh i bhfocail a chuireann tréith nó ceird duine in iúl (féach SG 563). Is mar seo atá sa bhailiúchán i gcás na bhfocal seo a leanas; tugtar eolas ar an TT agus ar an TG chomh maith mar go mbaineann siad le hábhar:

báicéara: [$14^x = \text{TA}$ (201, 287 srl.); $5^x = \text{TT}$ (199, 328 srl.), $2^x = \text{TG}$ (287, 289)].

búistéara: [$2^x = \text{TA}$ (200); $3^x = \text{TT}$ (199, 327); $2^x = \text{TG}$ (200, 201)].

strainséara: [$0^x = \text{TA}$; $2^x = \text{TT}$ (241, 271); $1^x = \text{TG}$ (224)].

Ní fhaightear na leaganacha caighdeánacha ‘báicéir’, ‘búistéir’ ná ‘strainséir’ in aon chor sa bhailiúchán. Maidir leis na foinsí eile, tá na leaganacha ‘báicéara’ agus ‘búistéara’ le fáil in GCF agus in IIA agus faightear an leagan ‘strainséara’ in IIA.¹¹²

4.3.4.2 An Tuiseal Tabharthach

4.3.4.2.1 An Chéad Díochlaonadh / An Tuiseal Tabharthach Firinscneach

• brat [0^x]; brata [1^x].

brata: *thriomaigh sé le brataibh síoda agus óir é* (314 + fn. Ls.: *brata*)

Faightear ‘le brata míne síoda geala’ in SMN 13 agus tá na samplaí seo a leanas ag DÓD sa scéal ‘An Eala Bhán’ (CBÉ 73: 230 & 231): ‘thriomuigh sé le brataibh míne síoda is sróil é’ [2^x].

• i ngeall [0^x]; i ngioll [5^x].

i ngioll: (175, 224, 244, 245, 255).

Litriú na ls.: *i ngíol*; *i ngíall*; *i ngíall*; *i ngioll* [2^x].

FFG: ‘i ngioll’; GCF: ‘i ngeall air’, ‘i ngioll air’. Luaitear ‘ghioll > mar ghiall ort’ in IIA 1857 agus nóta leis á rá gur ‘mar gheall ort’ amháin atá in úsáid sa lá atá inniu ann. Tá tagairt san áit chéanna do shampla GCF thuas.

¹¹² Féach an plé a dhéanann Gearóid Mac Eoin (1974) ar úsáid an ghinidigh mar ainmneach.

4.3.4.2.2 An Dara Díochlaonadh / An Tuiseal Tabharthach Baininsneach¹¹³

- cloch [3^x]; cloich [1^x].

cloch: *ar an gcloch agat* (218); *ar an gcloch. Is gearr* (283); *ar chloch orthu* (219).

cloich: *sa gcloich agus* (294).

Seo an t-aon sampla den leagan *cloich* sna scéalta.

GCF: ‘cloch / cloich’ sa TA, ‘cloich’ sa TT; IIA: ‘cloch / cloich’ sa TA, ‘cloch / cloich’ sa TT.

- eascann [0^x]; eascainn [3^x].

eascainn: *leis an eascainn* (169); *ar an eascainn* (169); *ag an eascainnín* (169). Níorbh fhéidir a bheith cinnte, ar ndóigh, ar chóir don tríú sampla thuas a bheith sa liosta. D’fhéadfadh an caolú a bheith i gceist mar gheall gur fhoirm dhíspeagtha atá ann.

FFG: ‘eascainn’ sa TA agus sa TT.; GCF: ‘eascann’ sa TA agus sa TT;¹¹⁴ IIA: ‘eascann’ is coitianta ach luaitear an dá leagan ‘leis an eascainn’ agus ‘leis an eascann?’ [i. an comhartha ceiste ag Ó Curnáin.] Féach freisin alt 4.3.4.2.5 thíos.

- fearg [3^x]; (feirg [1^x ?] = ‘léamh eile ar fhoirm na ls.*)

fearg: *faoi fhearg* (169); *le fearg* (311); *i bhfearg leis* (198) (Ls.: *i bhfe~g* [Léamh eile: *i bhfeirg*]*).

FGB: ‘bheith i bhfeirg le duine’; GCF: Dar le de Bhaldraithe (1977: 26), ‘[u]sáidtear *ubh* agus *uibh*, *fearg*, *feirg* san ainmneach, ach is coitianta *ubh* agus *fearg*, san ainmneach agus sa tabharthach.’

Luaitear in IIA 522 gur ‘fearg’ an fhoirm is coitianta sa TT ach go bhfuil an fhoirm ‘faoi fheirg mhóir’ bisiúil chomh maith.

- glac [0^x]; glaic [1^x].

glaic: *istigh ina ghlaic* (227 + fn. = Ls.: *istigh na ghla²ic*).

FFG: ‘i do ghloic’; IIA: ‘ina ghlaic / nglaic; ina ngloic; ó ghloic go g(h)loic’. Féach go bhfuil ‘glaic’ mar ainmneach ag duine d’fhaisnéiseoirí Uí Churnáin chomh maith: ‘cupla glaic mhaith’ (IIA 522).

- leac [0^x]; leic [3^x].

leic: *faoi leic* (315, 327); *ag an Leic Dhearg* (307).

¹¹³ Féach an plé a dhéantar in Ó Catháin 2001: 249-250 ar úsáid an tabharthaigh in Árainn i gcás na n-ainmfhocal baininsneach.

¹¹⁴ Is aisteach nach dtagann dhá chuntas de Bhaldraithe (FFG & GCF) le chéile i dtaobh an fhocail seo.

GCF 26: ‘Úsáidtear [*leac* agus *leic*] chomh minic le chéile, san ainmneach.’ Is cosúil ó chuntas seo de Bhaldraithe nach foirm bheo í foirm an tabharthaigh ‘leic’.

IIA: Faightear samplaí de ‘leic’ sa TT; i gcás logainmneacha; agus sa sampla ‘leic oighre’.

- leataobh [1^x]; leataoibh [2^x].

leataobh: *i leataobh do Sheán na Rópaí* (191).

leataoibh: *i leataoibh an bhóthair* (213, 214).

Litriú na ls.: *leataobh; leataoibh; leathaibh*.

GCF: ‘leat-taobh’; IIA: ‘leataobh’ /L’æ’ti:v/.

Féach alt 4.3.1.2 thuas: *Fianna na taoibhe ó thuaidh* (i. focal baininsneach).

-each → -igh

- báisteach [1^x]; báistigh [3^x].

báisteach: *ón mbáisteach* (268).

báistigh: *ina bháistigh mhór* (162); *ina bháistigh mhóir* (172); *má tá sé ag báistigh* (265).

GCF: ‘i n-a bháistigh; ag báisteach’; Luaitear in IIA 524 gur annamh a úsáidtear an fhoirm thabharthaigh *-igh* ach amháin i gcás frásaí áirithe, ina measc: ‘sa mbáistigh; ina bháistigh; ag báistigh’ (an sampla deireanach seo sa chiall ‘because of rain’). In SG 564, luaitear go bhfuil an leagan ‘ina bháistigh mhór’ fós bisiúil i nGaeilge na Gaillimhe.

4.3.4.2.3 An Cúigiú Díochlaonadh

- ceathrú [0^x]; ceathrúin [1^x].

ceathrúin: *insa gCeathrúin Rua* (246 + fn. = Ls.: *insa gCearún Rua*).

FGB: ‘ceathrú’ (TT ‘ceathrúin’ i bhfrásaí áirithe); GCF 41: ‘Cloistear *ceathrúin*, chomh maith le *ceathrú* san ainmneach agus sa tabharthach sa logainm [...] *An Cheathrú(in) Ruadh*.’; IIA: ‘An Cheathrú Rua; Na Ceathrún Rua(í); Na Ceathrú Ruai’.

4.3.4.2.4 Ainmfhocail Neamhrialta

- Éire [0^x]; Éirinn [1^x = TA, 18^x = TT]

Éirinn (TA): *go bhfuil Éirinn ag iarraidh ‘Home Rule’* (253).

(TT): *in Éirinn* (159 srl.), *as Éirinn mé* (185) srl.

Sa TT amháin a fhaightear an fhoirm ‘Éirinn’ in FGB agus in FFG. In GCF 41, fn. 2, tugtar an t-eolas seo: ‘Úsáidtear *Éirinn* mar ainmneach, freisin, ach ní go coitianta é.’ Luaitear in SG 564 go

bhfaightear an fhoirm thabharthach ‘Éirinn’ mar ainmneach chomh maith. Tugtar an sampla seo a leanas in IIA 2252: ‘Ní fhágthaidh sé Éirinn’.

Faightear sampla amháin den fhoirm ‘Éirinn’ sa TG u. chomh maith agus pléitear é seo faoi alt 4.3.4.3.5 thíos.

• lá: *ló* [4^x (TT)].

lá: *insa lá* (167, 205);

ló: *de ló* (331); *le do ló* (233); *insa ló* (252); *sa ló* (270).

• teach [20^x +]

thimpeall ar mo theach (319); *thimpeall ar a theach* (230); *insa teach* (169 srl.); *isteach sa teach* (200 srl.) srl.

Is fiú aird a tharraingt ar an sampla *thimpeall ar a theach* (ls.: *ar a theach*) (230), fiú mura bhfuil litriú na lámhscríbhíne go hiomlán soiléir. Is cosúil go bhfuil an *-ach* deiridh scriosta amach sa bhunleagan agus tá cupla léamh air seo, dar liom: (1) go bhfuil an seantuiséal tabharthach in úsáid, mar a bhíonn in Árann i samplaí ar nós ‘t(o)igh Chreig’ /t’i:/ (nó) /tə xreg’/; (2) gurb é an tuiséal ginideach atá i bhfeidhm tar éis ‘timpeall’ seachas an tuiséal tabharthach tar éis an réamhfhocal ‘ar’ (.i. ‘thimpeall ar a thí’ ach an síneadh fada a bheith ar lár ar an ‘i’); (3) léamh níos simplí fós, trioball (mar is gnách i bpeannaireacht na lámhscríbhíne) seachas scriosadh amach atá sa líne ag an deireadh agus gur scríobh Flower na litreacha *-ach* amach os cionn na líne seo chun debhriochas a sheachaint.

Luaitear an leagan in alt Uí Mhurchú ar Ghaeilge Árann (1991: 100), áit a scríobhann sé: ‘*tigh* /tə/: i bhfrásaí dobhriathartha ar nós *tigh Sheáin* (‘to/at Seán’s house), /t’i:/ i gConamara. (Is dócha go dtagann /tə/ ón sean-Tabharthach *toigh*.)’

Déantar tagairt freisin in alt Uí Mhurchú do thaighde Wagner (1982: 104) ina ndeirtear an méid seo a leanas: ‘Tá an leagan caol den sean-Tabharthach le fáil in Árann sa bhfrása *i dtigh an diabhail* /ə d’i: d’aul’/.’

Tugann an méid seo le fios, dar le Ó Murchú, nach raibh an leagan leathan den fhocal ‘teach’ cloiste ag Wagner, in Árann ná in áit ar bith eile i gConnacht. Fiú agus an t-eolas seo ar fad san áireamh, níor mhór a thabhairt faoi deara go bhfuil béim an ghutha cailte ag an bhfocal ‘tigh’ i samplaí Uí Mhurchú, rud nach fíor i gcás sampla na lámhscríbhíne.

4.3.4.2.5 An Tuiseal Ainmneach Uatha agus an Tuiseal Tabharthach Uatha: Malartú Leaganacha

- adharc / adhairc

TA: adharc [0^x]; adhairc [1^x].

An raibh adhairc ar do mháistir (301).

TT: adharc [3^x]; adhairc [1^x].

adharc: ar a hadharc (162); ar adharc air (306); ar adharc eile (306).

adhairc: ar adhairc ar an ngabhar (301).

- cluas / cluais

TA: cluas [4^x]; cluais [1^x].

cluas: cluas éisteachta (309); cluas éisteacht (272); bhí cluas ar Mhicilín (197); bhí cluas ag Micilín (197).

cluais: bhí cluais mhaith (272).

TT: cluas [3^x]; cluais [2^x].

cluas: i gcluas an chapail (180); den chluas deas (239 [2^x]).

cluais: in mo chluais deas (180); den chluais deas (239).

FFG: ‘cluais’ sa TA agus sa TT; GCF: ‘cluais’ sa dá thuisseal.; IIA: ‘cluais’ is coitianta ach faightear an fhoirm ‘cluas’ sa TA, TT agus TG agus i ndiaidh na huimhreach ‘dhá’.

- cnámh / cnáimh

TA: cnámh [0^x]; cnáimh [2^x].

cnáimh: aon chnáimh as (305); bhris sí cnáimh a droma (242).

TT: cnámh [2^x]; cnáimh [7^x].

cnámh: ag dul go cnámh (169); ar chnámh an droma (277).

cnáimh: ar chnáimh an droma (277); amach ón gcnáimh (286); orlach i gcnáimh (307, 308 [2^x]); as an gcnáimh (308 [2^x]).

FFG: ‘cnáimh’ sa TA agus TT; GCF: ‘cnáimh’ sa dá thuisil; IIA: ‘cráimh’ is coitianta, cé go bhfuil samplaí luaite freisin den fhoirm *crámh* sa TA agus samplaí eile arís ina bhfuil *crámh* sa TA agus *cráimh* sa TT.

- cos / cois a chiallaíonn ‘leg’

cos [2^x]; cois [16^x].

cos: *a chos ar an urlár* (253); *a chos ar an bhfear óg* (271).

cois: *dhá chois*, (i.e. an uimhir *dhá*): (204, 300 srl.); *a cois* (169, 254 srl.); *an chois* (169); *ar chois* (263); *chuir sé cois* (190); *mo chois* (245, 313).

- eascann / eascainn

TA: eascann [5^x]; eascainn [1^x].

eascann: *gur eascann nimhe atá ann* (165); *rinne sé eascann de fhéin* (169) srl.

eascainn: *as chuile eascainn* (169).

FFG: ‘eascainn’ sa TA agus sa TT.

Féach an t-eolas a thugtar in alt 4.3.4.2.2 thuas.

- lámh / láimh

TA: lámh [6^x]; láimh [15^x].

lámh: *a lámh* (202, 223, 291); *an lámh* (162, 223 [2^x]).

láimh: *a láimh* (162, 225, srl.); *an láimh* (277); *a[r] láimh* (284); *dhá* (i.e. uimhir) *láimh* (323 [2^x]); *do láimh* (179); *láimh ina phóca* (202).

TT: lámh [2^x]; láimh [12^x].

lámh: *ina leathlámh* (195); *i leathlámh* (213).

láimh: *ar láimh* (285, 322); *ar a láimh* (289); *as láimh* (290); *sa láimh* (213); *as a láimh* (213); *ina láimh* (227, 309 srl.); *ón láimh* (305); *insa láimh dheas* (329).

FFG agus GCF: ‘láimh’ sa dá thuisil; IIA: samplaí den dá fhoirm ‘lámh’ agus ‘láimh’ sa TA agus sa TT.

- méar / méir

TA: méar [3^x].

Cuir méar ina bhéal (304); *Leag méar anois* (199); *ar a mhéar* (295 + fn. = Ls.: *mhér*).

TT: méar [1^x]; méir [4^x].

méar: *ar mo mhéar* (184).

méir: *ar a méir* (169); *ar mhéir d’iníne* (170); *ar mhéir d’iníon* (170); *ar a mhéir* (294).

FFG: ‘méir’ sa TA agus sa TT agus luaitear in GCF 26 go bhfuil an leagan ‘méar’ ‘le fáil i leaganacha seargtha’. Faightear an dá cheann, ‘méar’ agus ‘méir’, sa TA agus sa TT in IIA 522.

- muc / muic

TA: muc [2^x]; muic [0^x].

muc: *aon mhuc amháin* (197); *bhí muc 'na luí* (254).

TT: muc [0^x]; muic [3^x].

muic: *ar an muic* (254, 255); *den mhuic* (255).

FFG: ‘muc’ mar cheanteideal ach is í an fhoirm ‘muic’ a luaitear sna samplaí sa TA agus sa TT.

- ordóg / ordóig

TA: ordóg [1^x]; ordóig [7^x].

ordóg: *ach a ordóg* (329).

ordóig: *ceanglaithe dhá ordóig* (244); *a ordóig* (329); *an ordóig* (245, 305 srl.).

TT: ordóg [0^x]; ordóig [1^x].

ordóig: *ar m'ordóig* (244).

FFG: ‘ordóig’.

4.3.4.3 An Tuiseal Ginideach

Tá neart samplaí d’infhillleadh an tuisil ghinidigh sa lámhscríbhinn [50^x +], m.sh.:

ag díol an chapail (167 srl.); *ag déanamh iontais* (169); *ar bhruach na haibhne* (178); *cluas éisteachta air fhéin* (309); *ag déanamh an tsinseáil* (200); *bean an bhúistéara* (200); *i lár an bhóthair* (214); *fear an tsiopa* (190, 227 srl.); *théis a dhinnéir* (251) srl.

Níl sé soiléir an raibh an TG i bhfeidhm ar na samplaí seo a leanas agus sin is cúis le deireadh an ghinidigh a sholáthar idir lúibíní cearnógacha:

sná[tha] [2^x]: *Bíodh agat cei[r]tlín sná[tha], cuir i bhfostú ceann an tsná[tha] ina cóta* (261) (Ls.: *sná; tsná*).

lua[tha] [1^x]; luath[a] [1^x]; *Scéal Chamán na Lua[tha] – duine an-leisciúil* (182) (*lua*); *Sin é an críoch a bhí ar Chamán na Luath[a]* (187) (Ls.: *Luath*).

uasa[i]l [3^x]: *mac an duine uasa[i]l* (262 [2^x], 263) (Ls.: *mac an d. u.*). Tá an t-ainmní seo — ‘mac an duine uasail’ — i gceist trí huair ar fad sa bhailiúchán. Is in aon scéal amháin atá na trí shampla agus is giorrúcháin atá i gceist iontu uilig (i. *mac an d.u.*). Dá bhrí sin, ní féidir a bheith cinnte an raibh an tuiseal ginideach i bhfeidhm ag an scéalaí nó nach raibh. In éagmais an eolais seo, socraíodh ar an gcomhréiteach seo thuas.

Tá sampla amháin eile a mbaineann débhríochas leis sa chaoi is nach bhfuil sé iomlán soiléir ar cheart é a bheith faoi shamplaí an TT thuas nó anseo sa phlé ar an TG:

aonaigh: *chuaigh an gearrán bán ar; 'un aonaigh* (168) (+ fn. = Ls.: *ar an aonaigh*)

Tá an sampla seo spéisiúil mar gur *ar an aonaigh* atá sa bhunfhoirm. Ó tharla nach bhfuil ach aon sampla amháin den fhoirm *aonaigh* san ábhar agus toisc nach bhfuil aon sampla de TT an fhocail seo le fáil sna foinsí éagsúla, shocraigh mé ar an sampla thuas a leasú go dtí *ar; 'un aonaigh* móide fonóta a thaispeánann bunleagan na lámhscríbhíne.

Eolas eile ón ls.: aonach [7^x]

aonach: *ar an aonach* (12, 13, 47 srl.); *thrid an aonach* (13); *ar aonach* (46)

GCF: 'lá an aonaigh'; IIA: 'un aonaigh; un an aonaigh'.

4.3.4.3.1 An Tuiseal Ainmneach Uatha thar ceann an Tuisil Ghinidigh Uatha

Faightear roinnt mhaith samplaí nach bhfuil infhillleadh an ghinidigh orthu. Déantar na samplaí seo a rangú faoi ainmfhocail chinnte agus ainmfhocail éiginnte thíos. Cé gur eiseamláirí atá i gceist thíos, luaitear roinnt mhaith samplaí lena léiriú go mbíonn an dá nós ag an scéalaí. Níl cúrsaí bá i gceist i gcás ceann ar bith de na habairtí thíos:

Ainmfhocail Chinnte: *i leaba an bhean* (161); *ag cartadh an áit* (301, 302); *ar mhéir d'iníon* (170);¹¹⁵ *ar mhullach an aer* (323); *i bpóca a threabhsar* (323); *ag caitheamh an mullán mór* (305); *tréis a trioblóid* (180); *ag robáil an teach seo* (186); *ar fuid Árainn* (204); *de bharr an phiolóiteacht* (217); *ar mhias an scilléad* (222); *ag cruinneál an im* (222); *i mullach an mhias* (223); *de mhac an mháistreás* (239); *ag tabhairt an bia* (260); *ag déanamh an chriteáil* (263); *ar lorg mac an mháistreás* (241); *'un a bhealach* (252); *éanlacha an aer* (259); *ag cuardú an áit seo* (261); *i láthair an táilliúr* (270).

Ainmfhocail Éiginnte: *ag cuardú áit foscadh* (162); *ag fáil foras* (163); *ag cuardú tuairisc* (164); *sórt smál* (164); *ag cuardú bean* (302);¹¹⁶ *trí bheairtín fraoch* (165); *as mo chuid bainne cíoch* (313); *ina chai[p]tín draíocht* (167); *ag foghlaim scoil draíocht* (167); *ag múnadh draíocht dó* (317, 319 [2^x]); *ag cur cogadh orainne* (306); *ag iarraidh feoil* (327); *deis c[h]osaint* (176); *torann fathach* (309); *ag gearradh crann* (309 [2^x]); *trá mhaith ghaineamh* (310); *ag fáilt dinnéar* (190); *ag cuir tuairisc céard 'd'éirigh dóibh* (205); *oiread misneach* (212); *'un bóthar* (213); *lá iascach*

¹¹⁵ Faightear *ar mhéir d'iníne* chomh maith ar an lch. céanna.

¹¹⁶ Féach go bhfaightear an leagan caighdeánach *ag cuardú mná* ar an lch. céanna.

(214); *Diabhal páipéar* (216); *ar chleith iascach* (212); *ag cuardú obair* (230); *fána droichead* (247); *go ceann tamall* (262, 265, 270);¹¹⁷ *'un bealach* (260, 263); *slaitín dhraíocht* (261); *ag déanamh iontas* (288); *staighre íochtar* (294).¹¹⁸

4.3.4.3.2 An Tuiseal Ginideach Uatha thar ceann an Tuisil Ainmnigh Uatha (TG Iomarcach)

Tá roinnt samplaí sa lámhscríbhinn ina bhfuil infhilleadh an TG i gceist in áit TA an CO: *doras tí mo dhearthára* (314); *d'uisce Thalún na Bua* (179); *ag cuir tuairisce Lord Néill* (225) (Ls.: *tuarisge*).

I gcás an tsampla *d'uisce Thalún na Bua*, féach go bhfaightear an fhoirm chaighdeánach den sampla sa scéal céanna: *d'uisce Thalamh na Bua* (179). I gcás *ag cu(i)r tuairisce*, ní féidir a rá go mbreathnaítear air mar fhrása ar ghnách infhilleadh an ghinidigh a dhéanamh air agus gurbh in an chúis leis an infhilleadh sa chás úd. Féach, mar shampla, na samplaí seo ón ls.: *ag cuir tuairisc céard 'd'éirigh dóibh* (205); *ag cuir tuairisc an raibh* (225).

Ní dhearnadh aon leasú ar cheann ar bith de na samplaí seo thuas.

4.3.4.3.3 Infhilleadh an Tuisil Ghinidigh san Alt Amháin.

Faightear samplaí den alt agus d'athruithe tosaigh an ghinidigh ar an ainmfhocal ach fágtar an t-ainmfhocal féin sa TA.: *ag iarraidh na hiníon le pósadh* (161); *in áit an oifigeach* (301); *ag cuardú an oifigeach* (301); *iníon an fhathach* (313); *ag cur orthu an éadach* (315); *ag fáil an éadach* (315); *a mhac an péisteánach* (317); *clabhtai an aer* (320); *ar mhullach an aer* (323); *ar nós na gaoth* (177); *iascach an seanfhear* (214).

Is mar seo a leanas atá na hainmfhocail chéanna sa TA: *an iníon* [20^x +]; *an t-oifigeach* [20^x +]; *an fathach* [20^x +]; *an t-éadach* [20^x +]; *an t-aer* [2^x]; *an seanfhear* [20^x +].¹¹⁹ Níl aon sampla den ainmfhocal 'péisteánach' sa TA.

4.3.4.3.4 Malairtí FGB

córach

d'imigh léi le stuaim córach ag triall ar an domhan soir (326).

FGB: 'cóir' (TG u. 'córa', TG (malairt) 'córach').

¹¹⁷ Is coitianta an leagan *go ceann tamaill* [20^x +].

¹¹⁸ Faightear *staighre íochtar* san abairt chéanna: *gabh síos go dtí an staighre íochtar agus nuair a bheas tú ag an staighre íochtar* (294).

¹¹⁹ Tá samplaí an tabharthaigh san áireamh anseo chomh maith, i gcás na n-ainmfhocal *an iníon* agus *an seanfhear*: *ag an iníon*; *leis an iníon* [3^x] (Ls.: *iníon/iníon*); *ag an seanfhear* srl.

4.3.4.3.4.1 Malartú idir Foirmeacha an CO agus Malairtí FGB

- athar / athara

athar [1^x]: *in ainm an Athar* (272).

athara [1^x]: *áit athara* (292).

FGB: ‘athair’ (TG u. ‘athar’, TG (malairt) ‘athara’).

- dearthár / dearthára

dearthár [1^x]: *beirt dearthár* (290).¹²⁰

dearthára [5^x]: *doras tí mo dhearthára* (314); *triúr dearthára* (261, 263); *beirt dhearthára* (275); *ag caoineadh an dearthára* (292).

FGB: ‘deartháir’ (TG u. ‘dearthár’, TG u. (malairt) ‘dearthára’, TG iol. (malairt) ‘dearthár’).

- deirféar / deirfíre

deirféar [1^x]: *a mhac mo dheirféar é* (314), (Ls. L1: *dhrefir*; L2: *mo dhrefire*).¹²¹

deirfíre [2^x]: *mac deirfíre* (314), (Ls. L1: *dreifiara*; L2: *drefire*); *mac deirfíre* (314), (Ls. L1: *dreifire*; L2: *drefíre*).

FGB: ‘deirfiúr’ (TG ‘deirféar’, TG (malairt) ‘deirfíre’).

- ceárta / ceártan

ceárta [2^x]: *iasacht na ceárta dhom* (278); *iasacht na ceárta dó* (279).

ceártan [1^x]: *iasacht na ceártan sin* (279).

FGB: ‘ceárta’ (TG ‘ceárta’, TG (malairt) ‘ceártan’).

4.3.4.3.5 Leaganacha Neamhchaighdeánacha sa Tuiseal Ginideach

Éirinn

Éireann [20^x]: *ar fud na hÉireann* [1^x]; *Mac Rí Éireann* [13^x]; *Fianna Éireann* [1^x]; *Fianna na hÉireann* [4^x]. Is fiú aird a tharraingt chomh maith ar an sampla a d’athraigh Flower i L2 de scéal 49: *ó luaith Éireann* (317), (Ls. L1: *ó luaith Éireann*, L2: *ó luaith Éirinn*).

Éirinn [1^x]: *Chuardaigh mé bunáite Éirinn* (225).

¹²⁰ Ls.: *bhí beirt dreáthar an* [.i. d’fhéadfadh bá a bheith i gceist sa sampla seo. Féach na samplaí eile in alt 4.7.2.2 thíos, *dearthára* [4^x]].

¹²¹ Ós rud é go bhfuil an deireadh caol *-fir* ar L1 na ls. agus ó tharla guta a bheith i ndiaidh an ainmfhocail, gach seans gur cheart *deirfíre* a léamh sa sampla seo. Thiocfadh sé seo freisin leis an leasú a rinne Flower i L2.

Is léir, mar sin, gurb í an fhoirm ‘Éireann’ an leagan is coitianta sa TG u. agus is eisceacht é an sampla aonarach thuas den fhoirm ‘Éirinn’ sa TG. Mar a pléadh in alt 4.3.4.2.4, níl ach sampla amháin den ainmfhocal sa TA agus is é an leagan ‘Éirinn’ atá ann: *go bhfuil Éirinn ag iarraidh ‘Home Rule’*. D’fhéadfadh sé, mar sin, gurb éard atá sa sampla *Chuardaigh mé bunáite Éirinn* ná foirm an tabharthaigh á húsáid mar ainmneach mar atá san abairt *go bhfuil Éirinn ag iarraidh Home Rule* agus nach bhfuil infhilladh an ghinidigh i bhfeidhm air sa chás seo; é sin, nó tá sampla amháin sna scéalta den leagan ‘Éirinn’ sa TG u.

talúna

poll talúna [5^x] (260 [3^x], 261 [2^x]); *‘un na talúna* (320).

FGB: ‘talamh’ (TG fir. ‘talaimh’; TG bain. ‘talún’).

Faightear an leagan ‘talmhana’ /ta:LU:nə/ in GCF 13 agus an abairt ‘tháinig sé un talúna /ta`lhu:nə/’ in IIA 1418.

4.3.4.3.6 Leagan Neamhchaighdeánach ó thaobh Inscne de

feoil

TA [9^x]: *an fheoil* (191, 200 srl.).

TG [5^x]: *do chuid feola* (324); *ceathrú feola* (190 [2^x]); *oiread seo feola* (199); *luach a cuid feola* (201).

Eisc.: *os cionn an fheola é* (191).

Mar is léir ó na samplaí ar fad thuas, baininscneach a bhíonn an t-ainmfhocal seo de ghnáth sa TA agus sa TG. Baininscneach atá an focal sna foinsí éagsúla chomh maith. Is dócha nach bhfuil san eisceacht seo, mar sin, ach meascán idir foirm an ainmnigh (*an fheoil*) agus foirm an ghinidigh (*feola*).

4.3.4.3.7 An Tuiseal Ginideach Iolra

Níl an oiread sin cásanna den TG iol. sa lámhscríbhinn. Seo a leanas na samplaí atá le fáil:

Tréaniolra: *mo chuid leabhra* (172); *a chuid leabhra* (172); *ag gearradh crainnte* (309); *le haghaidh na gearca* (188); *ag breathnú i ndiaidh na ndaoine bochta sin* (208); *craicne beithíoch* (246 [2^x]); *de chraicne na mbeithíoch* (246); *ag iarraidh na gcrainne* (247); *power na ndaoine maithe* (283); *ag déanamh na ngeansaíocháí* (263).

Lagiolra: *seomra na séad* (316, 317); *go barra na gcrann* (326); *de theach na n-amhas* (327); *péire muc* (196); *péire eile muc* (196); *i mullach na muc* (196); *neart gabhar* (258); *ag bleán na ngabhar* (258, 299); *[de] bhainne gabhar* (225).

Iolra an Bhéarla: *oifigeach na bpílears* (300).

Iolra an ainmnigh in ionad iolra an ghinidigh: *Seán Fada na gCosa Cama* [2^x] (307, 308); *ag déanamh carnáin bheaga dhe* (206); *ag cartadh na gcarnáin bheaga* (206); *ag tarraingt na gcléibh* (268); *ag bleán na mbeithigh* (273); *ag séideadh na mboilg* [5^x] (278 - 280).

4.3.4.4 An Tuiseal Gairmeach

Is iondúil an TGa u. á réalú sna scéalta: *a mhic* [4^x] (313 - 315); *a Mhic an Rí* (316 [3^x]); *a Sheáin* [20^x +] (188, 230 srl.); *a chapáill* (241, 242); *a bhithiúnaigh de mhurdaróir* (245); *a bhithiúnaigh cnámhaire* (273); *A bhithiúnaigh, [de] ruifíneach* (289) srl.

Seo mar atá ag na hainmfhocail bhaininsneacha, nó ag na hainmfhocail fhirinsneacha nach ndéantar infhilleadh orthu sa TGa u.: *a mháthair* (239, 313); *a mháistreás* (202); *a chú* (241, 243).

Samplaí gan infhilleadh an ghairmigh orthu: *a mhac* (299, 314); *a mhac mo dheirféar* (314); *a mhac an phéisteánach, a mhac an éisteanach* (317); *a mhac rudaire mhic Rí in Éirinn* (317); *a Fionn* [9^x] (306, 325 srl.); *a Fionn Mhac Cumhaill* [4^x] (323, 326 srl.); *a fhear Árainn* (247), *a Gholl* (308).

Tá an méid seo le rá in GCF i dtaobh an fhocail ‘fear’ sa TGa. u.: ‘Níl *a ghasúir*, ná *a fhir*, le cloisteáil mar ghairmeach uatha ..’ (GCF 18). Faightear an dá leagan ‘a mhac’ agus ‘a mhic’ in GCF 18 agus déantar idirdhealú idir úsáid mheafrech an leagain ‘a mhac’ agus úsáid litriúil an leagain ‘a mhic’ in IIA 513. Is cosúil nach ndéantar an t-idirdhealú céanna sna scéalta seo:

“*Caithfidh tú anois, a mhac,*” *a deir sí, “imeacht ag cuardú mná.”* (299) (i.e. bean ag caint lena mac); “*Inseoidh mé dhuit anois, a mhic, céard atá le d’aghaidh anois. Caithfidh tú imeacht i ndiaidh do chinn romhat ag soláthar do bheatha.*” (313) (i.e. fear ag caint lena mhac féin).

I dtaobh an ainm ‘Fionn’, féach an plé a dhéantar ar an easpa séimhithe ar an litir *f* in alt 4.8.1.6 thíos.

4.4 An Aidiacht

4.4.1 Na Tuisil

4.4.1.1 Tuiseal Ainmneach Uatha

Den chuid is mó, leantar nós an chaighdeáin maidir le séimhiú ar ainmfhocal bain. sa TA u.

Féach alt 4.8.3.1 áit a luaitear na samplaí nach dtagann le rialacha an chaighdeáin.

4.4.1.2 Tuiseal Ainmneach Iolra

Is iondúil sa lámhscríbhinn go leanann iolra na haidiachta, foirm iolra an ainmfhocail. Faightear foirm uatha na haidiachta in áit an iolra i gcás roinnt samplaí chomh maith.

(1) Ls.: *bráithre bán ar ghar(a)í an iascaire* → *bráithre bána ar gharraí an iascaire* (330); Ls.: *braonachai math óil* → *braonachai maithe óil* (198); Ls.: *fiacha mór aige* → *fiacha móra aige* (234).

Glactar leis gur bá atá i gceist sna samplaí seo agus, dá bhrí sin, leasaíodh an aidiacht de réir an nóis atá leagtha amach sa Mhodh Eagarthóireachta, alt 3.11.2.1.

(2) *ar leacachai beaga míne garbh ná a dhul* (317); *ar leacacha míne garbh nuair a bheas ..* (317); *agus fiacla maith. Chuadar ...* (305); *cainteoirí breá iad* (270); *ceathrar múinteoirí móra saibhir ar an mbaile seo* (287).

Is léir nach bhfuil bá i gceist sna cásanna seo agus ní dhéantar aon leasú orthu dá bharr sin.¹²²

4.4.1.3 Tuiseal Tabharthach Uatha

Leantar nós an chaighdeáin i gcás an TT u., fir. agus bain., ionas go séimhítear an aidiacht a leanann ainmfhocal bain. agus fágтар an aidiacht a leanann ainmfhocal fir. gan séimhiú:

Fir.: *ag an bhfear bocht* (168 srl.); *ag an gcapall bán* (178); *faoin mbaile mór* (185) srl.

Eisc.: *ag an bpáiste bhocht* (263).

Bain.: *ag an Leic Dhearg* (307); *ar an bhfarraige mhór* (184); *den bhean mhór dhubh* (279) srl.

Anuas ar na samplaí seo, faightear sampla aonarach d'fhoirm chaolaithe na haidiachta sa TT u. bain.: *tháinig an lá ina bháistigh mhóir* (172). Ní hé go bhfaightear an fhoirm chaolaithe *móir* i ndiaidh gach cás den fhoirm thabharthach *báistigh*; féach bunfhoirm na haidiachta san abairt seo a leanas: *tháinig sé ina bháistigh mhór* (162).

¹²² I dtaobh an tsampla *cainteoirí breá iad*, d'fhéadfadh bá a bheith i gceist anseo freisin ó tharla gur ghnách an *-th-* idir dhá ghuta a chailliúint i gcanúint Árann, i.e. *breá[a] iad*, féach alt 3.11.1.4.12 thuas. Luaitear an fhoirm *breá* mar iolra in IIA 551 agus dá bhrí sin, ní dhéantar aon leasú ar leagan na lámhscríbhinne anseo.

Mar seo atá in GCF 118: ‘tá sé i n-a bháistigh mhór’, agus luaitear foirmeacha caolaithe na haidiachta sa TT u. bain. in IIA 546 chomh maith.

4.4.1.4 Tuiseal Ginideach Uatha

4.4.1.4.1 Tuiseal Ginideach Uatha Firinsneach

Roinntear na samplaí seo a leanas ina gceithre aicme:

(1) samplaí a bhfuil infhilleadh an ghinidigh ar an ainmfhocal agus ar an aidiacht; (2) samplaí le hinfhilleadh an ghinidigh ar an ainmfhocal amháin; (3) samplaí le hinfhilleadh ar an aidiacht amháin agus (4) samplaí nach ndéantar infhilleadh ar cheachtar an t-ainmfhocal ná an aidiacht:

(1) *muintir an bhaile mhóir* (297); *ar b[h]ád Mharcais Bhig* (195); *anró agus sclábhaíoch[t] an duine bhoicht* (268).

(2) *ar intinn an sclábhaí bocht* (267); *croí an Ghabha Dubh* (281); *scéal an Ghabha Dubh* (282); *sráideannaí an bhaile mhór* (297).

(3) *as sin go ceann tamall mhaith* (265).

(4) *boladh an Éireannach bradach bréagach* (313).

4.4.1.4.2. Tuiseal Ginideach Uatha Baininsneach

Leantar an córás céanna anseo a leagadh amach thuas faoi TG u. fir.:

(1) *ar thóin na farraige móire* (192); *(d')fhear an fhiacail fhada* (283, 284).

(4) *ladhaircín mo chois dheas* (313); *faoi mhuineál an Eala Bhán* (314); *in ucht bean óg* (169); *draíocht an Eala Bhán* (319, 320); *cró snáthaid mhór* (324); *faoi bhroinn an lacha fhiáin* (324).

Tá sampla faoi leith sa bhailiúchán nach réitíonn le ceann ar bith de na haicmí thuas agus rinneadh an leasú seo a leanas air: *ar bharr na haille móire* (58 + fn. = ls. *móra*).

4.4.1.5 Tuiseal Ginideach Iolra

Is léir ó líon na samplaí a thugtar in alt 4.3.4.3.7 gur mó samplaí atá sa bhailiúchán de thréaniolraí na n-ainmfhocal sa TG iol. agus dá réir sin, is coitianta foirm iolra na haidiachta chomh maith:

ag déanamh carnáin bheaga dhe (206); *ag cartadh na gcarnáin bheaga* (206); *ag déanamh fir mhóra díobh fhéin* (254) srl.

Is fiú plé faoi leith a dhéanamh ar an gcéad sampla eile:

bhidís ag spáráilt na bhfataí slána agus ag iarraidh a bheith ag ithe na bhfataí dubh. Is beag an baol ... (208).

Ní féidir a bheith cinnte cén fuaimniú a bhí ar an aidiacht *dubh* san abairt seo agus ní fios, dá bhrí sin, cé acu uatha nó iolra na haidiachta a dúradh. An bhfuiltear chun glacadh leis gurb ionann *du* na lámhscríbhinne agus *dú* .i. iolra na haidiachta, a fhaightear sa chanúint (féach IIA 549). Feicimid go bhfágtar sínte fada ar lár ar bhonn sách rialta sa lámhscríbhinn, rud a mhíneodh easpa an ghuta fhada sa chás seo. Leantar de litriú an uatha sa leagan seo agus tugtar an bhunlitriú mar fhonóta.

4.4.1.6 Tuiseal Gairmeach

Déantar infhilleadh ar an aidiacht a leanann an t-ainmfhocal i roinnt mhaith cásanna chomh maith: *a dhuine chóir* (168, 183); *a dhuine uasail* (170, 325); *a dhuine bhoicht* (212); *a bhean chóir* (277); *a ruifínigh bacaigh* (277).

Eisc.: *a Ghabha Dubh* (280).

4.4.2 Céimeanna Comparáide na hAidiachta

4.4.2.1 Na Míreanna Aidiachta

4.4.2.1.1 ‘níos’ / ‘ní ba’

Is coitianta i bhfad an fhoirm ‘níos’ sa lámhscríbhinn ach tá samplaí den fhoirm ‘ní ba’ le fáil chomh maith.

níos [20^x +] (AL, AF, AC, MO, MC): *níos fearr* (159, 280 srl.); *níos mó* (166, 176 srl.); *níos faide* (201, 221 srl.) srl.

ní ba [6^x] (AC amháin): *ní ba mhó* (274, 303); *ní b’fhearr* (221, 252, 306); *ní ba dorcha* (214).

4.4.2.1.2 ‘is’ / ‘níos’

Is gnách an struchtúr ‘níos’ + breischéim na haidiachta + ‘ná’ a úsáid sa bhailiúchán, m.sh.: *níos fearr ná aon dochtúir* (159); *níos troime ná a intinn fhéin* (267); *ruainne beag níos fearr ná sin* (268); *níos daoire ná an fear sin* (296) srl.

Faightear dhá shampla den chopail lom ‘is’ thar ceann ‘níos’ sa struchtúr seo: *Sílim nach bhfuil crann ar bith is bréine ná do mhúineál* (318); *Bhí fiacha is mó ná sin agamsa air fhéin* (234).

Luaitear in IIA 553 go bhfuil an nós seo ag dul i léig in Iorras Aithneach.

4.4.2.2 Breischéim na hAidiachta ‘dona’

is dona [5^x]; níos dona [1^x]; is / níos measa [0^x].

is dona: *Is tú an capall is dona agam* (176); *an rud is dona ar bith* (222); *is dona a bheas mé* (330); *is dona ná sin atá déanta anois agat* (247); *Mar, go deimhin fhéin, is dona thú* (252).

níos dona: *níos dona go mór* (208)

Faightear an dá leagan, ‘dona’ agus ‘measa’, in GCF 130, IIA 561 agus in SG 577.

4.4.2.3 Malairtí FGB thar ceann an CO

breá: FGB: (breischéim) ‘breátha’, (malairt bhreischéime) ‘breácha’.

níos / ní ba / is breátha [0^x]

níos / ní ba / is breácha [2^x]: *níos breácha* (199); *is breácha* (239).

4.4.3 An Aidiacht Shealbhach

4.4.3.1 Uatha

I gcás an 2 p.u., faightear an fhoirm chanúnach *t’* in áit *d’* an chaighdeáin tríd síos sa bhailiúchán, m.sh.: *t’athair*; *t’ais* srl. Leasaíodh iad siúd go dtí *d’athair*; *d’ais* srl. mar a luaitear sa Mhodh Eagarthóireachta, alt 3.11.3.

4.4.3.2 Iolra

4.4.3.2.1 An Chéad Phearsa Iolra: ‘a’ thar ceann ‘ár’

Ag teacht le tréithe na canúna, faightear foirm an 3 p.iol. ‘a’ in áit fhoirm an 1 p.iol. ‘ár’ i roinnt mhaith samplaí:

ár [9^x] / a [8^x]:

ár: I gcás leagan an chaighdeáin, is féidir na samplaí a roinnt mar seo a leanas:

(a) Na samplaí a fhaightear sna paidreacha [3^x]: *ár nAthair* (234); *ár mbáis* (236); *ár dTiarna* (237).

Dar le Ó Curnáin (2007: 1286), is minic a fhaightear foirm an CO san ard-réimse. Is dóigh liom gur cheart glacadh le ríomh na bpaidreacha i suíomh leathfhoirmeálta na scéalaíochta mar ard-réimse sa chás seo chomh maith.

(b) *ár dTiarna* [2^x]: Tá *ár dTiarna* (162) i gceist faoi dhó lasmuigh de na paidreacha ach tá doiléireacht áirithe ag baint leis na samplaí céanna seo, féach na fonótaí ar lch. 162.

(c) Anuas ar na samplaí seo, tá dhá shampla eile den leagan ‘ár’, nach mbaineann le (a) ná le (b): *tá ár ndóthain againn* (299); *agus í ár dtabhairt go Meiriceá* (250) (Ls.: *ar* [sa dá chás]).

a: I gcás an leagain chanúnaigh, tá 10 gcinn de shamplaí sna scéalta — péire acu sna paidreacha. Socraíodh ar na foirmeacha seo a scríobh mar *a[r]* sa leagan seo. Taispeánann sé seo go raibh *a* mar bhunleagan ag an scéalaí agus gurb í an t-eagarthóir seo a rinne an leasú air ar son na soiléireachta. Seo a leanas na samplaí atá i gceist:

ar a[r] son (328); *a[r]* scíth (327); *a[r]* ndóthain (187, 193 [2^x], 331); *a[r]* láimh (284).

Na Paidreacha: *a[r]* bhfiacha (234); *a[r]* bpeacáí (237).

Anuas orthu seo, faightear an nós céanna canúnach i gcás réamhfhocal + aid. sheal. 1 p.iol.: inár [0^x] / ina[r] [3^x]:

ina[r]: *ina[r]* ndiaidh sinne (305); *ina[r]* bpeacáí (236); *'na[r]* n-aghaidh sinne (286).

4.4.3.2 An Dara Pearsa Iolra: ‘a’ thar ceann ‘bhur’

Ní thagann leagan an CO ‘bhur’ aníos ar chor ar bith sna scéalta agus níl ach dhá shampla den leagan canúnach ‘a’ a bheith in úsáid thar ceann an leagain chaighdeánaigh. Sin iad:

Níl meabhair ar bith ina gceann (196); *Coinnigí istigh a gcuid cearca anocht* (204).

4.4.4 Foirmeacha Neamhchaighdeánacha

• (An) Domhan Thoir [10^x] / (An) Domhan Soir [9^x]

domhan thoir: *insa domhan thoir* (177, 239); *as an domhan thoir* (180 [2^x]); *as an ndomhan thoir* (284);¹²³ *do theach rí an domhain thoir* (178).

domhan soir: *don domhan soir* (177, 284 srl.); *ag triall ar an domhan soir* (241, 284 srl.).

Mínítear in IIA 1620-1 gur minic go measctar na leaganacha seo sna scéalta agus tá an dá fhoirm le fáil in SMN chomh maith, féach SMN: Lv. Ní dhearnadh aon leasú ar na foirmeacha sa bhailiúchán seo toisc an dá cheann a bheith in úsáid chomh minic lena chéile.

• fuiltiúch [1^x]

a éadan fuiltiúch go maith (186) (CO ‘fuilteach’).

¹²³ cf. ‘Athruithe Tosaigh’ alt 4.8.5.1.

- géar [7^x]; géir [1^x]

géar: *bainne géar* (182, 183); *faraoir géar* (331); *chomh géar* (217); *chomh crua géar* (267).

géir: *go han-ghéar* (216 + fn. = Ls.: *go hanghéir*). Socraíodh ar an sampla seo a leasú ar an mbealach seo agus an bunleagan a lua san fhonóta toisc gur léir gur eisceacht atá ann.

4.5 An Réamhfhocal agus an Réamhfhocal Comhshuite

4.5.1 An Réamhfhocal

4.5.1.1 An Réamhfhocal ‘ag’

4.5.1.1.1 Litríú Neamhchaighdeánach an Réamhfhocail ‘ag’

ag [20^x +]; aig [2^x]

aig: *ag na gabhair* (299) (Ls.: *aig na gabhir*); *ag a mháthair* (324) (Ls.: *aig a mháthair*).

Ó tharla nach bhfuil ach dhá shampla den leagan caol sa lámhscríbhinn, ní féidir rangú cruinn a dhéanamh ar fhoirmeacha an réamhfhocail ‘ag’, mar a phléitear in GCF 224 agus in SG 598. De réir fhianaise GCF, mar shampla, is mar /eg/ a deirtear an réamhfhocal ‘ag’ nuair is roimh ainmfhocal, seachas ainm briathartha, a thagann sé.

Samplaí na lámhscríbhinne: *ag* [10^x +]: *ag an mbean*; *ag an bhfear*; *ag an tine*; *ag an siopa srl.*;

aig [2^x]: Leasaíodh an dá shampla de *aig* go dtí *ag* + fn. sa leagan seo.

Pleitear i SG 598 go bhfaightear leagan d’fhoirm Shean-Ghaeilge an réamhfhocail, .i. *a* < *oc* nuair a thagann ainm briathartha dar tús guta ina dhiaidh. Déantar caolú ar dheireadh an réamhfhocail roimh na gutaí caola, m.sh.: ‘ag ithe /g’ihə/’ agus ní dhéantar roimh na gutaí leathana, m.sh.: ‘ag ól /ə go:L/’. Ní dhéantar an t-idirdhealú seo i samplaí na lámhscríbhinne. Is mar ‘ag’ a scríobhtar an réamhfhocal roimh ainm briathartha cé is moite de na heisceachtaí a luaitear thíos:

ag: *ag ól*; *ag ithe*; *ag imeacht srl.*

Eisceachtaí (AB nó AF a fheidhmíonn mar AB): *ag úrachán* (Ls.: *a gúrachán*); *Bhí sí ag airdeall* (Ls.: *sí gaireall*). Féach ‘Cúrsaí Béime’, alt 3.11.4

Báitear g deireadh an réamhfhocail, roimh AB dar tús consan, i gcás roinnt de shamplaí na lámhscríbhinne agus ní bháitear i gcás samplaí eile: *a déana* + *ag déana*; *a cu(i)r* + *ag cu(i)r*; *a buala srl.*

4.5.1.1.2 Úsáid Neamhchaighdeánach an Réamhfhocail ‘ag’

4.5.1.1.2.1 ‘ag’ / ‘chuig’

Ní fhaightear an réamhfhocal ‘chuig’ leis féin in aon chor sa lámhscríbhinn ach faightear an nós canúna áit a n-úsáidtear an réamhfhocal ‘ag’ thar ceann ‘chuig’, m.sh.: *ag an duine uasal* (224); *ag an dug* (230); *ag an máistreás* (238) srl.

4.5.1.1.2.2 ‘ag’ a chiallaíonn ‘toisc’

Bhí sé ag ceapadh i gcónaí gur chuir, ag í a bheith tití (275).

Seo an t-aon sampla den chineál seo úsáide sa bhailiúchán. Féach an chiall chéanna in FFG 2: ‘ag /eg’/ réamh. ‘1. Toisc. Níorbh fhéidir é a cheannacht, ag chomh daor is bhí sé [.....]’ agus in IIA 524 ‘ag báistigh [=] because of rain’.

4.5.1.1.2.3 ‘ag’ in ionad an Réamhfhocail ‘do’

[1^x]: *Tá m’athair ag tíocht ag do dhúiseacht (317).*

4.5.1.1.2.4 ‘ag’ in ionad an Réamhfhocail ‘de’

[1^x]: *ag oíche agus de ló (331).*

4.5.1.2 Na Réamhfhocail ‘de’ agus ‘do’

Is mar ‘go’ a deirtear na réamhfhocail seo i gcuid mhaith comhthéacsanna sa chanúint agus is mar ‘go’ a litrítear an dá réamhfhocal sa lámhscríbhinn chomh maith.¹²⁴ Ag brath ar an gcomhthéacs, leasaíodh *go(n)* → *do(n)* [20^x +] nó *go(n)* → *de(n)* [20^x +] sa bhailiúchán: *do na gasúir (212)*; *trí cinn de chapail (175)* srl.

4.5.1.2.1 *d’* roimh Ghuta nó *fh-* + Guta

Déantar *d’* de na réamhfhocail ‘de’ agus ‘do’ roimh ghuta nó roimh *fh-* agus guta [20^x +]: *d’athair*; *d’aon*; *d’fhear an tí* srl.

Eisceacht: *de aon deoir (173)* (Ls.: *go aon deoir*). Ní dhearnadh aon leasú breise ar an leagan seo.

4.5.1.3 An Réamhfhocal ‘faoi’

faoi / *faoin* [20^x +]; *fén* [1^x].

fén: *thug sé faoin uisce é (247 + fn. = Ls.: féin).*

Luaitear leagan na lámhscríbhinne in IIA 1846 chomh maith.

¹²⁴ Tá eisceachtaí ann, m.sh.: i gcás *de fhéin*.

4.5.1.4 An Réamhfhocal *i*

Faightear na leaganacha seo a leanas den réamhfhocal *i* sa bhailiúchán: *i*; *in*; *is*. Seo na leaganacha a fhaightear agus an t-alt in éindí leis: *sa*; *insa*; *san*; *insan*; *sna*; *isna*. Pléitear na samplaí ar fad thíos, ceann ar cheann.

- *i* [20^x +]: Tagann *i* roimh chonsan: *i dteach* (165); *i bpoll* (162) srl.
- *in* [20^x +]: *in* a thagann roimh ghuta: *in aon áit* (184); *in Árainn* (205) srl.

Faightear *in* freisin, (a) roimh an aid. sheal. 1 agus 2 p.u., [20^x]: *in mo dhiaidh* (326); *in do chodladh* (272) srl. Ní fhaightear na leaganacha caighdeánacha *i mo*, *i do* in aon chor sa bhailiúchán; (b) roimh *chuile áit* [2^x]: *in chuile áit* (225, 269). Ní thagann *i chuile* aníos ar chor ar bith.

Tagann (a) agus (b) thuas cuid mhaith leis an eolas a thugtar in GCF 226 agus cf. freisin IIA 1389.

- *is* [2^x]: Faightear *is* roimh an bhfrása ‘chuile áit’: *is chuile áit* (192, 269).
- *sa* [60^x +] / *insa* [200^x +]: *sa mbád* (159 srl.); *sa tsráid* (292); *insa mbád* (191 srl.), *insa tsráid* (227) srl..

Cé go bhfaightear neart samplaí den leagan caighdeánach sa lámhscríbhinn, is coitianta i bhfad an fhoirm chanúnach. Is léir ó na samplaí a tugadh thuas go bhfuil an dá leagan inmhalartaithe ar a chéile. Mar a bheifí ag súil, is í an fhoirm uatha den ainmfhocal a leanann na réamhfhocail seo, cé is moite den eisceacht amháin seo a leanas: *isna sráideannaí* (290) (Ls.: *insa*).

- *san* [13^x] / *insan* [43^x]: Tagann ceachtar den dá leagan seo roimh ghuta: *san oíche* (166 srl.); *san aill* (290 srl.) srl.; *insan oíche* (174 srl.) *insan aill* (283 srl.) srl. Tá dhá eisceacht ón riail seo: *san mbliain* (208); *san mbaile mór* (292). Leasaíodh an dá shampla seo go dtí *sa mbliain* + fn. agus *sa mbaile mór* + fn.
- *sna* [1^x] / *isna* [8^x]: *sna sráideanna* (290); *isna súile* (223); *isna sráideannaí* (297) srl.

4.5.1.5 An Réamhfhocal *le*

le [100^x +]; *lé* [70^x +]

Is cosúil nach bhfuil baint ag sandhi leis an nguta fada seo a bheith ar an réamhfhocal sa chaoi is go bhfaightear *lé imeacht* (313) agus *le áthas* (43); *lé chéile* (27) agus *le chéile* (104) srl. i mbunleagan na lámhscríbhinne. Dibríodh an síneadh fada i ngach cás sa leagan seo.

Leis a thagann roimh uatha agus iolra an ailt, cé is moite de shampla amháin: *leis an* [100^x +]; *leis na* [18^x]. Eisc. *le na daoine* (310).

Cf. GCF 227 agus Ó hUiginn (SG 600) a deir go bhfuil ‘le na’ chomh coitianta céanna le ‘leis na’ san iolra. I nGaeilge Iorras Aithneach, is cosúil gur thréith chanúnach is ea ‘le na’ a bhíonn in úsáid ag na daoine óga agus gurb é an leagan caighdeánach a fhaightear i measc na seanghlúine, féach IIA 1398.

4.5.1.6 An Réamhfhocail ‘roimh’

‘roimh’ + ainmfhocail [0^x]; ‘roimhe’ + ainmfhocail [6^x].

roimhe: *roimhe an bhfear eile* (228); *roimhe Sheáinín* (331) srl.

Tá an litriú *rumhe*, a leasaíodh go dtí *roimhe*, le fáil faoi dhó freisin, féach alt 3.11.3: Is dóigh gurb é an fuaimniú /rivə/ atá ar an sampla seo chomh maith ach is fiú a lua go dtugtar an leagan /rim ’ə/ i measc leaganacha IIA 1405.

4.5.1.7 An Réamhfhocail ‘thar’

Pléitear samplaí spéisiúla faoi leith in alt 4.8.1.4.4 maidir le séimhiú agus an réamhfhocail *thar*.

Tá sampla sa bhailiúchán nach mbaineann le séimhiú agus ar fiú a lua anseo, .i. an forainm réamhfhocail 3 p.u. *thairis* á úsáid *thar* ceann an réamhfhocail ‘thar’ [1^x]: *thairis an bóthar* (267).

4.5.2 An Frása Réamhfhocail ‘go dtí’

go dtí a [0^x]; go dtína [7^x].

Tá an leagan canúnach ‘go dtína’, a luaitear in IIA 1814-5, bisiúil sna scéalta mar is léir ó na samplaí seo a leanas: *go dtína bhásta* (318); *go dtína thriopall* (306); *go dtína mháthair* (241, 291, 295); *go dtína mhuineál* (247, 318).

4.5.3 An Réamhfhocail Comhshuite

4.5.3.1 ‘ar fud’

ar fud [4^x]; ar fuid [4^x].

ar fud: *ar fud na hÉireann* (208); *ar fud an domhain* (265); *ar fud an úrláir* (258); *ar fud na sráide* (332).

ar fuid: *ar fuid an tí* (176); *ar fuid an urláir* (186); *ar fuid Árainn* (204); *ar fuid an oileáin* (205).

Luaitear leagan canúnach a chríochnaíonn ar *d* caol, .i. ‘ar f(h)uaid’, in FFG 105; GCF 229 agus in IIA 1440.

4.5.3.2 ‘tar éis’

thréis [7^x]; thréise [2^x]; tréis [1^x].

thréis: *thréis sin* (161); *thréis an t-achar a chaith sé* (216) srl.

thréise: *thréise sin* (208 [2^x]).

tréis: *tréis a trioblóid* (180).

Luaitear in IIA 1455 agus in GCF 232, fn. 1, gurb é an fuaimniú /*he:s*/ is coitianta sa chanúint. Tá an leagan seo cloiste go han-mhinic agam féin in Árann ach feicimid ó líon na samplaí thuas nach bhfuil sé le fáil in aon chor i scéalta Uí Dhireáin.

4.6 An Forainm

4.6.1 An Forainm Pearsanta

4.6.1.1 An Chéad Phearsa Uatha agus an Tríú Pearsa Uatha

I gcás an 1 p.u. agus an 3 p.u., faightear na leaganacha seo a leanas sa bhunleagan:

mé / me; sé / se; sí / si.

Ó tharla go raibh nós ag Flower an síneadh fada a fhágáil ar lár i bhfocail eile chomh maith, ní féidir a bheith cinnte cén fheidhm a bhí le litriú na bhforainmneacha thuas. Ní mór a lua go bhfaightear na foirmeacha /m'e:/ agus /m'e/; /s'e:/ agus /s'e/ i gcanúint Árann mar a fhaightear i nGaeilge Chois Fharraige agus i nGaeilge Iorras Aithneach araon, cf. GCF 140-1; IIA 1270-2.

4.6.1.2 An Dara Pearsa Uatha

Maidir leis an 2 p.u., faightear na leaganacha seo a leanas sa lámhscríbhinn: *tú; tu; thú; thu; ú*

Ag teacht le nós eagarthóireacht an leagain seo, soláthraíodh síneadh fada ar an mbunleagan nuair ba ghá; ní dhearnadh aon leasú ar an séimhiú; agus leasaíodh an fhoirm *ú* go dtí *thú*.

4.6.1.3 An Chéad Phearsa Iolra

Sa 1 p.iol., is í an fhoirm chaighdeánach *muid* an fhoirm is coitianta sa lámhscríbhinn. Tá sampla aonarach, ach é roinnt doiléir áfach, den fhoirm chanúnach *muinn* le fáil chomh maith: *Téadh muid san áit chéanna,*” a deir sé, “*a d’fhág muinn — faoi theach an tsolais — go maidin (217), (Ls.: a d’fhagmuin).*

Déantar tagairt don tréith chanúnach seo i nGaeilge Árann in Duran (1995: 82) agus Ó Murchú (1998: 71).

4.6.1.4 An Forainm Pearsanta: An Dara Pearsa Iolra

Sa 2 p.u., is í an fhoirm *sib* a fhaightear tríd síos sa bhailiúchán .i. [20^x +] cé is moite de shampla doiléir amháin den leagan *sibh*. Leasaíodh an leagan *sib* go dtí *sibh* i ngach cás.

Ls.: *sib: agus tiocfaidh sibh anuas (178); dhá bhfeicfeadh sibh muid (196) srl.*

Ls.: *sibh: Éirigh amach go bhfeicfidh sibh an rud seo (251).*

4.6.2 Foirmeacha Treise an Fhorainm Phearsanta

Seo a leanas na foirmeacha treise a fhaightear:

mise [20^x +]
tusa [20^x +], *thusa* [13^x]
seisean [10^x]¹²⁵, *sosan* [20^x +], *easan* [1^x]
sise [20^x +], *ise* [5^x]
muide [8^x], *sinne* [2^x]
sibse [3^x]
siadsan [3^x], *iadsan* [1^x]

4.6.2.1 An Fhoirm Threise

4.6.2.1.1 An Tríú Pearsa Uatha Firinsneach

Luaitear in alt Uí Mhurchú (1991: 100) go mbíonn /s/ le cloisteáil in ionad /s'/ san fhorainm treise i nGaeilge Árann: *seisean* /s'esəN/ (agus *leis-sean* /l'esəN/).

Déanann James Duran (1995: 82) plé ar an bhfoirm chanúnach in Árann freisin agus deir sé gur in oirthear an oileáin (chomh maith le i nGaeilge Inis Oírr agus Inis Meáin) a bhaintear úsáid as an bhfoirm threise *sosan*. In iarthar an oileáin mhóir, dar le Duran, deirtear meascán de na foirmeacha ‘seisean’ agus ‘sosan’, .i. ‘siosan’. Feicimid ó shamplaí na lámhscríbhinne, áfach, gur bisiúla i bhfad an fhoirm ‘sosan’ i nGaeilge an Direánaigh, arbh as iarthar an oileáin dó:

seisean [10^x] (Ls.: *seisean*, *sesean*, *sesen*); *sosan* [20^x +] (Ls.: *sosan*, *susan*); *easan* [1^x] (Ls.: *esan*).

4.6.2.1.2 An Forainm Treise ‘féin’ / ‘péin’

Déantar ‘péin’ den fhorainm treise ‘f(h)éin’ i roinnt cásanna sa chanúint, féach m.sh. GCF 157 agus IIA 1305-8.

Faightear an fhoirm chanúnach ‘péin’ sna cásanna seo a leanas sa bhailiúchán:

(a) ar lorg forainm réamhfhoclach 1 p.u. a chríochnaíonn ar *-m*: *liom péin* (191, 250); *agam péin* [8^x] (211, 278 srl.); *dom péin* (254); *orm péin* (294).

Eisceachtaí: *díom fhéin* (168); *agam fhéin* (229, 309); *liom fhéin* (255).

(b) ar lorg briathar táite sa 1 p.u.: *a deirim péin* (254).

Eisceacht: *má táim fhéin* (332).

(c) ar lorg an ainmfhocail ‘anam’: *m’anam péin* (211).

¹²⁵ Is in aon scéal amháin atá na samplaí seo ar fad de ‘seisean’: scéal 46 ‘Sclámhaí an Lampa’.

4.6.3 An Forainm Éiginnte

4.6.3.1 ‘an té’ / ‘an cé’

an té [2^x]; an cé [2^x].

Socraíodh ar an leagan canúnach a leasú go dtí leagan an CO ionas gurb í an fhoirm *an té* a fhaightear tríd síos sa leagan a bhfuil eagarthóireacht déanta air. Tugtar an bunleagan *té* i bhfonóta sa dá shampla a leasaíodh.

Ls.: an té: *ar an té a ghabhfas ann* (268); *an té go bhfuil a dhóthain aige fhéin* (269).

Ls.: an cé: *níor thuill an té a bhí ar dtús uirthi [...] ach thuill an té a bhí go deireanach uirthi* (264).

4.6.4 An Forainm Ceisteach ‘cá’ / ‘cé’

Is é an forainm ceisteach ‘cá’ is mó a fhaightear roimh na briathra, cé is moite de na samplaí seo thíos den fhorainm ceisteach ‘cé’:

bí: cé raibh [5^x]: *cé raibh sé ag dul* (165 [2^x]); *cé raibh sé an chuid eile den lá* (215); *cé raibh an fear a bhí ag gabháil an amhrán* (224); *cé raibh an fear is óige* (270).

téigh: cé ndeachaigh [1^x]: *cé ndeachaigh sé* (191).

Faightear *cá ndeachaigh* [3^x] agus *cá raibh* [12^x] sa bhailiúchán, agus sa chomhthéacs céanna le *cé ndeachaigh / raibh* thuas, m.sh.: *cá ndeachaigh an chuid eile* (195).

Tugtar an t-eolas seo in GCF 193 (n.): ‘Ní húsáitear *cá* go coitianta, ach amháin le *bhfuil*.’

Faightear an leagan ‘cé ndeachaigh’ sa phlé céanna (GCF 194). De réir fhianaise IIA, is coitianta an leagan ‘cé’ in Iorras Aithneach chomh maith, féach ‘cé raibh / mbeidh / ndeachaigh / tú?’ (IIA 1499).

4.6.5 An Forainm in Easnamh

Fágtar an forainm ar lár i ndiaidh an bhriathair i samplaí áirithe. Is iondúil nach bhfaightear an forainm i ndiaidh ‘níor stop’: ‘níor stop’ + forainm [2^x] *níor stop sé; níor stopadar; níor stop gan forainm* ina dhiaidh [6^x]. Déantar rangú ar na samplaí de réir pearsan thíos.

2 p.u.: “*Tuilleadh den mhí-ádh agat,*” *a deir an bhean,* “*nuair a bhí sé agat nár ith do dhóthain de.*” (272).

3 p.u. fir.: *bhreathnaigh sé faoina bhun agus fuair leacachaí beaga óir faoi b[h]un na spéice* (299); *D’imigh Fionn ar ais agus níor stop go dtáinig sé ag binn an teampaill* (329); *D’imigh leis an bhfear bocht agus shiúil sé go maith agus níor stop go dtáinig sé insa gcéibh i gCill Rónáin* (210); *D’imigh leis ansin agus chuaigh ar aghaidh agus a chapall aige agus a phéire cúnnaí. Níor stop go*

dtáinig insan áit chéanna seo a dtáinig an chéad fhear (242); agus tháinig sé agus chuaigh insa gcurach aríst (250);¹²⁶ Tháinig abhaile ansin gur chuir sé beagán éadach tirim air (268); Níor stop ariamh go dtáinig sé insan áit a raibh a chuid jarannaí (285).

3 p.u. bain.: *agus chuir sí amach trí ribe an chait agus bhí chomh maith agus 'bhí sí ariamh (173); D'imigh sí i ndiaidh an chei[r]tlin ag cuardú an áit seo agus, a mhaisce, níor stop ariamh go dtáinig sí isteach agus iad ag ithe a mbéilí (261).*

3 p.iol.: *D'imigh leo agus níor stop go dtáinig siad ar bhruach na haibhne a bhí insa domhan thoir (178). Pléitear an tréith chanúna seo in IIA 891.*

4.6.6 An Forainm Réamhfhoclach

Tá roinnt forainmneacha réamhfhoclacha sa lámhscríbhinn a bhfuil an leagan canúnach le fáil thar ceann leagan an chaighdeáin. Leaganacha iad seo atá le fáil sna foinsí éagsúla a bhaineann le Gaeilge Chonamara chomh maith (féach GCF 141-144 agus IIA, Caibidil 7). Os rud é go bhfuil cuntais chuimsitheacha le fáil ar an ábhar seo, bheadh sé iomarcach plé mór a dhéanamh ar an scéal anseo. Tugtar liosta de na bunleaganacha canúnacha a ndearnadh leasú orthu sa Mhodh Eagarthóireachta, alt 3.11.3, m.sh.: *acab* → *acu*; *ag(a)i* → *agaibh*; *am / ám* → *agam* srl.

4.6.7 An Forainm / Forainm Réamhfhoclach agus Cúrsaí Inscne

Pléadh inscne an ainmfhocail in alt 4.3.1 thuas. Anseo thíos, déantar plé ar na forainmneacha nó na forainmneacha réamhfhoclacha nach réitíonn le hinscne an ainmfhocail.

4.6.7.1 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Baininscneach le hAinmfhocail Fhirinscneacha

- anlann

for. / for. réamh. fir. [0^x].

for. / for. réamh. bain. [1^x]: *sin í an t-anlann is fearr (211).*

Is léir gur focal fir. é seo sna scéalta, féach m.sh.: *an t-anlann* [3^x] (211, 331 [2^x]).

- eallach

for. / for. réamh. fir. [0^x].

for. / for. réamh. bain. [1^x]: *is í an t-eallach a bhí aige, capa[i]ll (175).*

Seo an t-aon sampla den ainmfhocail seo san ábhar agus feicimid go bhfuil réamhlitir *t* an ainmnigh fhirinscneach air.

¹²⁶ Ls.: *chua sé insa gcorach*

4.6.7.2 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Firinsneach le hAinmfhocail Bhaininsneacha

- áit

for. / for. réamh. bain [0^x].

for. / for. réamh. fir. [1^x]: *cén sórt áit é* (308).

- carraig

for. / for. réamh. bain [0^x].

for. / for. réamh. fir. [1^x]: *ar charraig a dtugaidís ‘An Ghrióir’ air* (212).¹²⁷

- iascach

for. / for. réamh. bain. [1^x ?]: *is é an sórt iascach é* (329), (Ls.: L1: *sí an sort iascach e*; L2: *sé an sóirt iascach é*). Taispeánann an dath liath ar an gcéad fhorainm i L1 go bhfuil doiléireacht ag baint leis an nguta. Cé gur bheartaigh mé an forainm fir. a chur isteach sa leagan seo, is fiú, mar sin féin, an sampla a lua anseo.

for. / for. réamh. fir. [2^x]: *sin é anois iascach an tseanfhear* (214); *is daor an iascach orainn é* (332).

Pléadh insnce an fhocail seo in alt 4.3.1.1, áit ar luadh an sampla seo thuas chomh maith leis an sampla seo a leanas: *sílim go dtiúrfaidh mé suas an t-iascach* (331). Cuireann an for. fir. thuas leis an eolas sin.

4.6.7.3 Meascán d’Fhorainmneacha / d’Fhorainmneacha Réamhfhoclacha Baininsneacha agus Firinsneacha le hAinmfhocail Fhirinsneacha

- capall

for. / for. réamh. fir. [4^x]: *agus an t-athair ag marcaíocht air* (168); *agus é ar creathadh leis an bhfuacht* (176); *gheobhaidh sé stábla* (176); *bhuail sé cic ar an gcailleach* (242).

for. / for. réamh. bain. [40^x]: *Is gearr go raibh Gruagach roimpi agus rug sé ar adhastar uirthi* (168); *ar siúl léi go dtáinig sí* (168); *bhí sí ina seasamh arist* (175); *agus í ar creathadh leis an bhfuacht* (175) srl.

Maidir leis na hainmfhocail ‘capall’ agus ‘gearrán’, faightear *an capall (bán)* [30^x] agus (*an gearrán bán* [4^x] sna scéalta, rud a léiríonn gur ainmfhocail fhirinsneacha iad go bunúsach. Is focail fhirinsneacha iad in GCF agus in IIA chomh maith. I dtaobh na bhforainmneacha a théann leo, luaitear in GCF 134 gur forainm baininsneach a úsáidtear leis an bhfocal ‘capall’ agus forainm

¹²⁷ Féach go bhfuil an logainm fir. *An Grióir* le fáil sa leabhar ‘Stones of Aran: Pilgrimage’ (1986: 290).

firinsneach a théann leis an bhfocal ‘garrán’. Mar seo atá in IIA 1264-5 chomh maith ach go luaitear eisceachtaí ón riail chéanna.

Maidir le scéalta Uí Dhireáin, ní féidir ráiteas deifnídeach a dhéanamh i dtaobh na ceiste seo de bhrí go n-úsáidtear an dá fhocal, capall agus garrán, go himhálartaithe in áiteanna, m.sh.: *Déanfaidh mise anois garrán bán díom amáireach [....]. Ní bheidh aon chapall ann chomh breá liom* (167) [forainmneacha bain. a leanann sa chás áirithe seo]. Is féidir an dá inscne a fháil in aon abairt amháin chomh maith, m.sh.: *bhí sí chois an chrainn arist agus é ar creathadh leis an bhfuacht* (176). I gcás scéal 28, is capall atá i gceist tríd síos, (.i. ní dhéantar tagairt ar bith do ghearrán), agus sa scéal seo faightear samplaí den fhor. bain. agus den fhor. fir.: *Bhí cineál draíocht ag an gcapall agus thug sí ag an teach é* (240); *D’éirigh a chapall agus bhuail sé cic ar an gcailleach* (242).

I gcás fhianaise GCF agus IIA a dhearbhaíonn gur for. fir. a théann leis an ainmfhocal ‘garrán’, níl ach sampla amháin sa bhailiúchán a thaispeánann go soiléir go bhfuil an for. fir. ag tagairt siar don ainmfhocal seo: *chuaigh an garrán bán ar, ’un aonaigh agus an t-athair ag marcaíocht air* (168). [Ach féach gur ‘capall’ a deirtear sa chéad abairt eile ina dhiaidh.] *“An bhfuil tú ag díol an chapail sin inniu?”* (14).

Ní féidir ach a rá mar sin gur coitianta i bhfad an for. bain. agus tagairt á dhéanamh do na hainmfhocail ‘capall’ agus ‘garrán’ sa bhailiúchán scéalta seo.

- ceann

for. / for. réamh. fir. [10^x +]: *leag sé ar an gcolainn é agus ní ghreamódh sé* (280); *thóig sé aníos é agus leag sé ar an gcolainn é agus níor ghreamaigh an ceann* (281) srl.

for. / for. réamh. bain. [1^x]: *Thóigeadar aníos ansin í agus leagadar ar an gcolainn é* (280).¹²⁸

Mar a mhínim san fhonóta sa scéal féin, is dóigh liom gur réamhsmaoineamh, seachas eisceacht, atá i gceist sa sampla seo. Ar fhaitíos nach mar sin atá, áfach, is fiú é a lua sa chaibidil seo chomh maith.

- dorú

for. / for. réamh. fir. [2^x]: *rug sé air* (244); *ach níor bhfuair sé é* (245).

for. / for. réamh. bain. [2^x]: *an chuid eile di* (244 [2^x]).

Tugtar tuilleadh eolais ar inscne fhir. an fhocail sna samplaí seo a leanas chomh maith:

¹²⁸ [+ fn. = Réamhsmaoineamh, b’fhéidir, ar an bhfocal baininsneach ‘blaosc’ atá le fáil níos faide ar aghaidh sa scéal.]

ag cuir an dorú (212); *dorú fada* (244); *ag cuardú an dorú* (245). Níor ghá, áfach, go bhfuil infhilleadh an ghinidigh á dhéanamh ar shamplaí 1 agus 3, agus mura bhfuil, ní chuireann na samplaí sin le heolas ar an inscne in aon chor.

- scéal

for. / for. réamh. fir. [20^x +]: *agus sin é an scéal ceart* (235); *badh é an scéal céanna é* (250) srl.

for. / for. réamh. bain. [1^x]: *Sin í an scéal a bhí ag bean an charraigín* (220).

Luaitear in IIA 501 gur ainmfhocal fir. é ‘scéal’ i gcanúint Iorras Aithneach cé is moite d’eisceacht amháin, .i. ‘ach le deireadh na scéil.’ De bhrí gur fir. atá formhór na bhfor. / na bhfor. réamh. a théann leis an bhfocal ‘scéal’ i mbailiúchán Uí Dhireáin, is cosúil nach bhfuil sa sampla bain. thuas ach eisceacht nó sciorradh pinn.

4.6.7.4 Meascán d’Fhorainmneacha / d’Fhorainmneacha Réamhfhoclacha Baininsneacha agus Firinsneacha le hAinmfhocail Bhaininsneacha

- ceird

for. / for. réamh. bain. [6^x]: *gurb í an cheird is fearr é* (191); *is dona í do cheird* (227); *badh í a cheird í* (270) srl.

for. / for. réamh. fir. [4^x]: *is é an sórt ceard* (162); *is é an sórt ceird* (188); *gurb í an cheird is fearr é* (191); *is é an sórt ceirde* (270).

Is léir ó na samplaí seo a leanas gur bain. a bhíonn an t-ainmfhocal seo sa chanúint: *ceird mhaith* (219); *an cheird chéanna* (227); *an cheird* [8^x] (227, 228 srl.). D’fhéadfadh sé nach bhfuil i gceist sna samplaí den fhorainm fir. thuas ach an tabhairt chun tosaigh a phléitear in IIA 1260-1, i.e. go mbíonn an for. fir. le fáil go coitianta i ndiaidh na copaile ‘is é’ srl. agus i ndiaidh na haidiachta taispeántaí ‘seo é, sin é’ srl.

- plean¹²⁹

for. / for. réamh. bain. [2^x]: *is iontach an phlean í sin* (192); *nach iontach an phlean í sin* (244).

for. / for. réamh. fir. [4^x]: *Is iontach an phlean é* (195); *cén sórt plean a bhféadfaidís beatha a fháil as* (287); *Inis dom é* (287); *Is iontach an phlean é sin* (287).

¹²⁹ Cé gur focal fir. é seo sa CO, luadh thuas in alt 4.3.1.3 gur bain. atá sé sa bhailiúchán, féach *an phlean* [7^x]; *an phlean cheart*; *leis an bplean mhallaithe*. Focal bain. is ea é in GCF agus in IIA chomh maith.

4.6.7.5 Úsáid na bhForainmneacha / na bhForainmneacha Réamhfhoclacha le hAinmfhocail a bhFuil an Dá Inscne acu sa CO.

- cú

an cú [2^x]: (241, 243).

for. / for. réamh. fir. [0^x].

for. / for. réamh. bain. [1^x]: *tharraing sí* (243).

FGB: f. (malairt b.), GCF b., IIA f. / b.

- loch

ar bhruach na locha (206).

for. / for. réamh. fir. [0^x].

for. / for. réamh. bain. [3^x]: *tá sí thart timpeall an tí* (165); *ar loch a mbíodh cadhain ag tíocht uirthi* (206); *ní raibh aon chadhain uirthi* (206).

FGB: f. (malairt b.), GCF: b., IIA f. / b.

4.6.7.6 Forainm / Forainm Réamhfhoclach Breise

Ní bheifí ag súil leis an bhforainm pearsanta, 3 p.u. bain., a bheith ag deireadh na habairte seo a leanas, go mór mór agus an forainm taispeántach *sin* a bheith ann cheana féin i lár na habairte: *níorbh f[h]ada go rabhadar ag an áit sin a raibh sé ag iarraidh a dhul go dtí í* (293).

Faightear an forainm réamhfhoclach ‘air’ faoi dhó san abairt choibhneasta indíreach seo a leanas: *agus duine ar bith air a mbéarfaidh sí air* (202). Is cosúil gur meascán é seo idir an dá abairt: ‘duine ar bith air a mbéarfaidh sí’ + ‘duine ar bith a mbéarfaidh sí air’.

Níl a dhóthain abairtí den chineál seo sa bhailiúchán le iniúchadh a dhéanamh ar cén struchtúr is coitianta ag an scéalaí, .i. an forainm réamhfhoclach roimh an mbriathar nó i ndiaidh an bhriathair.

4.6.7.7 Úsáid Neamhghnách an Fhorainm / an Fhorainm Réamhfhoclaigh

Tugtar an leagan neamhghnách faoi na heisceachtaí thíos:

Rug + ar [20^x +]: *Rug an bádóir air* (204); *rug sé ar an bhfáinne* (294); *rug sé air* (214) srl.

Eisceacht: *Rug + é* [1^x]: *Rug seisean é agus bhuail sé de c[h]labhta é* (293).

a chúnamh + dom [3^x]: *chuaigh Seán a chúnamh dhóibh* (301); *agus gabhfaidh mise a chúnamh dhuit* (255); *ag iarraidh é a chur a chúnamh dhó* (290).

Eisceacht: *a chúnamh + liom* [1^x]: “*Mara dteaga tú fhéin a chúnamh liom,*” *a deir sé.* (293).

4.7 Uimhreacha

4.7.1 Foirm an Ailt roimh na hUimhreacha

4.7.1.1 Foirm an Ailt roimh an mBunuimhir

Is í an uimhir uatha den alt a thagann roimh an bhunuimhir ‘dá’ sna scéalta.

an dá [20^x +]: *an dá shoitheach* (216); *an dá ghasúr* (231); *an dá bhean* (278) srl.

Is í an uimhir iolra den alt a thagann roimh na bunuimhreacha 3, 4, 5 agus 8:

na trí [16^x]: *na trí bhraon fola* (176, 177); *na trí chloigeann* (187); *na trí bheithíoch* (246) srl.

na cheithre [2^x]: *na cheithre cosa* (279 [2^x]).

na chúig [2^x]: *na chúig dhabhach* (183); *na chúig céad* (281).

na hocht [1^x]: *ar na hocht gcinn eile* (297).

4.7.1.2 Foirm an Ailt roimh na hUimhreacha Pearsanta

Is í an uimhir uatha den alt is mó a thagann roimh na huimhreacha pearsanta ach féach go dtógann ‘triúr’ an uatha agus an iolra.

an bheirt [10^x]: *an bheirt* (178, 199 srl.); *an bheirt ghasúr* (231 [2^x]) srl.

an triúr [11^x]: *an triúr* (187, 201, 247); *leis an triúr* (329); *ar an triúr* (202); *an triúr Fianna* (307); *an triúr fear* (189); *an triúr Éireannai* (203); *ar an triúr clainne* (260); *an triúr dearthára* (261).

na triúr [4^x]: *na triúr clainne* (312); *as na triúr Fianna* (308); *na triúr fear* (193); *na triúr dochtúirí* (257).

an ceathrar [1^x]: *tháinig an ceathrar isteach* (326)

4.7.2 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na nUimhreacha

4.7.2.1 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na mBunuimhreacha

4.7.2.1.1 An Tuiseal Ainmneach Uatha

Go hiondúil, is í an uimhir uatha den ainmfhocal a leanann na huimhreacha sa TA u. [20^x +]: *na trí bhraon fola* (176); *na trí mhíle* (192); *cheithre lucht* (175); *cheithre unsa tobac* (210, 212); *na chúig dhabhach* (183); *na chúig g[h]alún bainne géar* (182 [2^x]) srl.

Eisc.: *na trí buidéal* (180); *trí clocha* (218 [2^x]); *na cheithre cosa* (279 [2^x]); *chúig orlaí déag* (307, 308 [2^x], 310 [2^x]).¹³⁰

Mar aon le rialacha an chaighdeáin, is é an t-íolra, nó íolra faoi leith, a leanann na huimhreacha agus ainmfhocail áirithe i gceist, m.sh.: *trí bliana* (167); *trí cinn* [8^x] (179, 313 srl.); *trí pingine* (210, 218); *trí huaire* (289); *trí fichid* [5^x] (213, 253 srl.); *deich dtroithe fichead* (311 + Ls. L1: *deich dtre fied*; L2: *deich dtroigh fichead*) srl.

Eisc.: *na trí chloigeann* (187); *trí cheann* (246).

I gcás an tsampla *trí cheann*, tá dealramh air go raibh tionchar ag an bhfoirm *aon cheann* san abairt roimhe ar an úsáid neamhghnách seo:

“Agus an **bhfuair** sibh aon cheann?”, “Fuair, go deimhin, agus trí cheann.” (246)

4.7.2.1.2 An Tuiseal Ginideach Uatha

Níl ach trí shampla san aicme seo agus níl ceachtar de na samplaí ag teacht le nós an chaighdeáin. Ní dhearnadh aon leasú ar na samplaí úd sa leagan seo.

soitheach mhaith trí gcrainn (325 + fn. = Ls.: L1 & L2: **mha**); *luaith na chúig mbliana déag i[s] fiche* (183); *luach na cheithre unsa* (210).

4.7.2.2 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh na nUimhreacha Pearsanta

Is é an TG íol. den ainmfhocal a leanann na huimhreacha pearsanta i bhformhór na samplaí ach faightear an TG u. agus an TA u. i roinnt cásanna chomh maith.

- beirt

TG íol.: *ar bheirt fhear* (216); *beirt shagart* (230, 231, 232)]; *an bheirt ghasúr* (231 [2^x]); *an bheirt ghasúr bheaga* (238); *beirt stócatchaí* (248); *beirt dochtúirí* (256); *beirt dhochtúirí* (280).

TG u. / TG íol. (malairt): *beirt dearthár* (290).¹³¹

TG u. (malairt): *beirt dhearthára* (275).

TG u. / TA íol.: *beirt mhná* (218, 278).

TA íol. / íol. an Bhéarla: *beirt pílears* (299).

- triúr

¹³⁰ Faightear an leagan *chúig orlaí* sna foinsí ar Ghaeilge Chonamara chomh maith, féach GCF 289 (fn. 1) agus IIA 696.

¹³¹ Féach alt 4.3.4.3.4.1

TG iol.: *triúr fear* [7^x] (188, 248 srl.); *triúr mac* (312, 329); ‘*na dtriúr gasúr bheaga* (195); *triúr táilliúraí* (196); *triúr dochtúirí* (200, 257); *triúr Éireannaí* (199, 203).

TG u. / TG u. (malairt): *triúr clainne* (260, 312); *triúr dearthára* (261, 263).

TA iol / (nó tréaniolra?): *triúr Fianna* (307, 308).

• cúigear

TG u. / TA iol.: *cúigear mná* (246).

4.7.2.3 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh ‘aon’

Is í an uimhir uatha den ainmfhocal a leanann ‘aon’ de ghnáth [20^x +]: *aonduine* (165, 186 srl.); *aon fhear* (185, 213 sr.); *aon lá* (162, 229 srl.) srl.

Eisc. [4^x]: *aon bhronntanais* (170); *aon leabhra* (174); *aon chadhain* (206); *aon f[h]ír mhóra* (254).

4.7.2.4 Foirm an Ainmfhocail i ndiaidh ‘céad’

De ghnáth, is í an uimhir uatha a leanann an orduimhir ‘céad’ [20^x +]: *an chéad duine* (172, 186 srl.); *an chéad bhreac* (191 [2^x]); *an chéad lá* (205, 263) srl.¹³²

Is mar sin atá agus na bunuimhreacha i gceist chomh maith [9^x], seachas aon eisceacht amháin: *an dá chéad punt* (280); *trí chéad min choirce* (182); *t(h)rí chéad punt* (188, 190, 193); *trí chéad poll* (226); *chúig céad scoláire* (167); *chúig céad punt* (280); *na chúig céad* (281).

Eisc.: *chúig céad scoláirí* (170).

4.7.3 An Aidiacht ar lorg na nUimhreacha

Níl mórán samplaí sa lámhscríbhinn den aidiacht i ndiaidh na huimhreach. Ag féachaint ar na samplaí atá le fáil, is léir nach mbíonn úsáid na haidiachta de réir a chéile.

4.7.3.1 An Aidiacht i ndiaidh na mBunuimhreacha

Tá dhá shampla den aidiacht ar lorg na bunuimhreach sna scéalta agus is í an fhoirm uatha den aidiacht atá sa dá shampla. Táthar ag glacadh leis go bhfuil cúrsaí bá i gceist agus sin is cúis leis na leasuithe thíos: *dhá ghreimín bheaga a bhí ite* (271) (Ls.: *bheag*); *trí leabhairín bheaga agam* (253) (Ls.: *bheag*).

¹³² Anuas ar na samplaí seo, tá cúig shampla den ainmfhocal *céad* sa ls. atá ar aonbhri le FGB: ‘*céad*¹⁽⁴⁾’: *céad cruithneacht* (170 [2^x]); *céad mine* (218); *céad plúir* (218 [2^x]).

4.7.3.2 An Aidiacht i ndiaidh na nUimhreacha Pearsanta

beirt (aid. iol.): *an bheirt ghasúr bheaga* (238).

triúr (aid. u.): *triúr fear óg* (270); (aid. iol. + séimhiú): *agus iad 'na dtriúr gasúr bheaga* (195)

ceathrar (aid. u. + aid. iol.): *ceathrar múinteoirí móra saibhir* (287) (Ls.: *ceathir*).

De réir na bhfoinsí éagsúla ar an gcanúint, níl de dhifríocht fuaimnithe idir ‘ceathair’ agus ‘ceathrar’ ach an *r* caol / leathan ag deireadh an fhocail, féach ‘ceathair /k'æ:r'/; ceathrar /k'æ:r/' (GCF 166-168) agus ‘ceathair /k'ahər'/; ceathrar /k'ahər/' (IIA 570 & 580). Féach freisin an t-aon sampla eile ó scéalta an bhailiúcháin seo: *tháinig an ceathrar isteach* (326) (Ls. L1: *ceathár*; L2: *ceathair*^{ceathrar}).

4.8 Athruithe Tosaigh

4.8.1 Séimhiú ar an Ainmfhocal

4.8.1.1 Sa Tuiseal Ainmneach Uatha

Is iondúil go gcloítear le rialacha an chaighdeáin sa TA uatha agus iolra. Is é sin le rá go leanann séimhiú an t-alt agus ainm. bain. i gceist agus nach leanann i gcás an ainm. fhir. Féach na heisceachtaí a bhaineann le hinscne an fhocail in alt 4.3.1.

4.8.1.2 Sa Tuiseal Tabharthach Uatha

Mar is gnách sa chanúint, urú a leanann an t-alt i ndiaidh an réamhfhocail sa TT u. bain. agus fir. Tá dhá eisceacht ón riail seo sa lámhscríbhinn: *bhí iontas mór ag an mháthair* (263); *bhí sé le dhul ag an bhó* (268).

Is cosúil gurb é an rud céanna atá i gceist sa dá eisceacht seo, .i. séimhiú an ainmnigh bhaininsnigh á chur i bhfeidhm thar ceann claochlú an tabharthaigh. Féach IIA 1766.

4.8.1.3 Sa Tuiseal Ginideach Uatha

Maidir le séimhiú an ghinidigh, ní bhíonn an nós céanna i bhfeidhm tríd síos.

4.8.1.3.1 Ainmfhocal Cinnte ar lorg Ainmfhocail Eile nó ar lorg Réamhfhocail Chomhshuite

I gcás na n-ainmfhocal cinnte a mbíonn an t-alt (nó an aid. sheal.) rompu, is iondúil go bhfaightear séimhiú ar an dara hainmfhocal: *ar an ngaoth Mhártan* (315); *an ghaoth Mhártan* (315);¹³³ *fear an phoitín* (286); *bean an bhúistéara* (200, 201); *lán an bhosca* (228); *théis a dhinnéir* (251); *Scéal an Ghabha Dubh* (282) srl.

Eisc. [2^x]: *fear an f[h]uisce* (199), ach féach go bhfuil an leagan séimhithe — *fear an fhuisce* (199) — le fáil díreach roimhe ar an leathanach céanna; *Síos le haghaidh an b[h]ád* (251) (Ls.: *len bad*).

Níl an nós chomh de réir a chéile nuair nach mbíonn an t-alt i gceist, .i. faightear na leaganacha séimhithe chomh minic céanna leis na leaganacha gan séimhiú. Soláthraíodh an séimhiú idir lúbíní sna samplaí faoi aicme (b) thíos:

(a) Móide séimhiú: *Scéal Chamán na Lua[tha]* (182); *fear Chonamara* (204); *Scéal Sheán na Sagart* (232) srl.

¹³³ Luaitear in IIA gur minic nach séimhítear ainmneacha naomh i gcás frásaí den chineál seo thuas ach bíonn séimhiú ag cainteoirí áirithe i gcás an ainm ‘Mártan’. Féach an dá nós: ‘chomh luath leis an ngaoth Márta’ ach ‘an ghaoth Mhártan’ (IIA 1760).

(b) Séimhiú in easnamh: *Scéal G[h]ruagach na gCleas* (167, 171); *fear C[h]onamara* (204); *Scéal S[h]eán na Sagart* (230) srl.

4.8.1.3.2 Ainmfhocal Éiginnte ar lorg Ainmfhocail Bhaininscigh

Is deacair mórán plé a dhéanamh ar an ní áirithe seo tharla nach bhfuil mórán samplaí de sa bhailiúchán. Soláthraíodh an séimhiú ar an dara hainmfhocal sa dá shampla seo a leanas toisc go bhfuil fianaise sa lámhscríbhinn, nó i gceann de na foinsí ar an gcanúint, go mbíonn séimhiú le fáil orthu: *deis c[h]osaint* (176); *scairt g[h]áirí* (280).

Faightear ‘deis choisint’ in GCF 264 agus tá an fhoirm shéimhithe *scairt gháirí* le fáil trí huaire sna scéalta (31, 44, 145).

Ní dhearnadh leasú ar bith, áfach, ar an sampla *splanc céille* (213), fiú agus an leagan ‘splanc chéille’ le fáil i SMN 109. Luaitear leagan na lámhscríbhinne in IIA 1719, agus de réir na foinsé sin, tá tionchar ag áit déanta an chonsain *c* ar easpa an tséimhithe sa sampla úd, .i. tagann an consan cogusach céanna ag deireadh an chéad ainmfhocail agus ag tús an dara ainmfhocal.

4.8.1.3.3 Séimhiú Iomarcach

Tá roinnt cásanna de shéimhiú ar an ainmfhocal sa TG u. áit nach mbeifí ag súil leis de réir rialacha an chaighdeáin:

(a) ar an ainmfhocal sa chás seo: *ag* + AB + ainmfhocal + aidiacht: *ag cuardú bhuachaill maith* (316).

(b) ar an ainmfhocal éiginnte dar tús *d*, *t*, *s* i ndiaidh na litreacha *d*, *n*, *t*, *l*, *s*: *intinn dhuine* (249); *slaitín dhraíocht* (261).

Ní dhearnadh leasú ar cheann ar bith de na samplaí seo.

4.8.1.4 I ndiaidh an Réamhfhocail Shimplí

Gnáthrialacha an chaighdeáin a leanann an réamhfhocal simplí, cé is moite de na heisceachtaí a luaitear thíos.

4.8.1.4.1 ‘ar’

De ghnáth, leanann séimhiú an réamh. ‘ar’ sa ls. [20^x +]: *ar bharr* (178); *ar cheann* (206); *ar bhealach* (253) srl. Ar aon dul le gnátheisceachtaí an chaighdeáin, ní bhíonn séimhiú ar a leithéidí de shamplaí: *ar marcaíocht* (168); *ar creathadh* (175, 176); *ar fad* (311); *ar cladach* (267) srl.

Anuas ar na samplaí seo, tá roinnt cásanna sa bhailiúchán a thógann séimhiú de réir rialacha an chaighdeáin agus na canúna, ach a bhfuil an séimhiú fágtha ar lár orthu. Sna cásanna sin, soláthraíodh an séimhiú idir lúibíní cearnacha: *ar b[h]ean nó fear* (178); *ar b[h]ád Mharcais Bhig* (195); *ar b[h]ácús* (222); *ar b[h]eagán* (331) srl.

Ní dhearnadh leasú ar an sampla *ar Fionn* [5^x] mar gur ghnách é a bheith ar lár sa chanúint, féach IIA 1707.

Faightear an sampla *ar duine* i leagan a 2 de scéal 48 chomh maith, ach taispeántar san fhonóta gurbh é RF a rinne an leasú seo air: (307) (Ls. L1: *ar d*; L2: *ar duine*). Leasaigh mise an nod seo go dtí *ar dhuine* (gan lúibíní cearnacha) sa leagan atá á chur ar fáil anseo toisc (a) nach bhfuil a fhios cé acu leagan a dúirt an scéaláí féin agus (b) go dtagann an leagan séimhithe le samplaí eile na lámhscríbhíne: *ar dhuine* [10^x]; *ar d^huine* [1^x]; *ar duine* [0^x].

4.8.1.4.1.1 ‘ar siúl’

Faightear an leagan ‘ar siúl’ sa bhailiúchán ach ní sa chiall chaighdeánach a thugtar in FGB faoin ainmfhocal ‘siúl⁵’. Faightear leagan an bhailiúcháin in FFG 200 agus in IIA 1629-30 & 1862, agus an míniú ‘de leataobh, chun bealaigh’ (FFG 200) air. Ó tharla go bhfuil míniú faoi leith ag an leagan gan séimhiú sa chanúint, ní dhearnadh aon leasú air sa bhailiúchán seo: *ar siúl léi* (168); *gur imigh sé ar siúl* (263) srl.

4.8.1.4.2 ‘de’ / ‘do’

Leanann séimhiú na réamhfhocail ‘do’ agus ‘de’ [20^x +]: *do chuile dhuine* (164 srl.); *do Sheán* (191 srl.); *de Ghruagach* (167); *de bhean an tí* (270) srl.

Eisc: *i ngan fhios do Fionn* (328); *de Fianna na hÉireann* (304); *do M[h]icilín* (197); *de c[h]labhta* (293).

Go hiondúil, déantar *d’* de na réamhfhocail ‘de’ agus ‘do’ roimh ghuta nó roimh *fh* + guta. Seo a leanas na samplaí a thosaíonn leis an litir *f* sa ls. [8^x]: *d’fhathach* (317); *d’fhoighid* (332); *d’fhear* (189 srl.). Eisceachtaí is ea an dá shampla a luaitear thuas: *do Fionn*; *de Fianna*. Beartaíodh gan leasú a dhéanamh ar na samplaí seo ar dhá chúis: (a) go bhfuil éiginnteacht ann ó thaobh an chaighdeáin i dtaobh na rialach seo, féach GGBC 285-6:

Is gnách, cé nach riachtanach, *d’* a chur in ionad *de* agus *do*, roimh ghuta nó roimh *fh* a bhfuil guta ar a lorg: *lán d’ór* (*de ór*); *tabhair d’Fheargal* (*do Fheargal*) é.

agus (b) gur ghnách an séimhiú a bheith ar lár ar an ainmfhocal ‘Fionn’ sa chanúint, féach IIA 1707.

4.8.1.4.3 ‘faoi’

Leanann séimhiú an réamhfhocail ‘faoi’ de ghnáth, m.sh.: *faoi phian agus faoi phionós* (169); *faoi sheol* (183); *faoi bhollán* (196) srl.

Eisc.: *faoi b[h]un na spéice* (299), (Ls. L1: *faoi bun*; L2: *faoi bhun*).

4.8.1.4.4 ‘thar’

Is iondúil go leanann séimhiú an réamhfhocail ‘thar’ sa lámhscríbhinn (seachas i gcás na ngnátheisceachtaí: *thar cionn* srl.): *thar theach mór* (169), *thar chlaí* (213); *thar mhóta* (269).

Eisc: *thar p[h]áirc* (179).

Faightear sampla aonarach den bhuanseimhiú a bheith ar lár, agus an for. réamh. 3 p.u. ‘thairis’ i gceist chomh maith: *faoi agus t[h]airis* (176).

4.8.1.4.5 ‘trí’

Faightear séimhiú ar an ainmfhocail a leanann an réamhfhocail ‘trí’ [6^x]:

thrí pholl an ghlais (176, 254); *thrí thalamh* (177) srl.

Bíonn séimhiú ar an réamhfhocail féin i ngach cás chomh maith:

trí (.i. gan séimhiú) [0^x]; thrí (.i. séimhithe) [16^x] (175, 244 srl.).

4.8.1.5 I ndiaidh an Réamhfhocail ‘dar’

Bíonn an dá nós ann maidir le séimhiú ar an ainmfhocail a leanann ‘dar’.

Móide séimhiú [2^x]: *Ó, a Dhia agus dar Chríosta* (228); *A Dhia agus dar Chríosta é* (332).

Gan séimhiú [2^x]: *A Dhia agus dar Críosta* (189); *Dar brí an leabhair* (192).

4.8.1.6 I ndiaidh na Réimíre ‘an-’

De ghnáth sa lámhscríbhinn, leantar gnáthrialacha an chaighdeáin tar éis na réimíre ‘an-’, i.e. séimhítear an aidiacht nó an t-ainmfhocail a leanann í ach amháin i gcás na litreacha *d, n, t, l, s*

[50^x +]. Áit ar fágadh an séimhiú ar lár [8^x], rinneadh é a sholáthar idir lúibíní cearnacha:

an-b[h]inn (299); *an-f[h]áiltiúil* (234); *an-f[h]onn* (323); *an-c[h]almanach* (309); *an-f[h]iáin* (308 + fn. = Ls.: L1: *án fiáin*; L2: *ánfhiáin*); *an-f[h]ada* (225 + fn. = Ls.: *gruaig anfh anfada*); *an-g[h]lic* (270); *an-b[h]rónach* (273).

Socraíodh ar an séimhiú a sholáthar ar an litir *f* cé go dtuigtear nach séimhítear an litir i gcónaí sa chanúint, cf. GCF 257-8 agus IIA 1706-7. Ach ó tharla go bhfuil an dá rud le fáil sa lámhscríbhinn

— samplaí séimhithe agus samplaí gan séimhiú ar *f* i ndiaidh ‘an-’— meastar gur fearr a bheith de réir a chéile agus an séimhiú a sholáthar idir lúibíní cearnacha nuair ba ghá. Seo a leanas na samplaí atá i gceist:

(a) séimhiú ar an mbunleagan: *an-fhiáin* (225); *an-fhairsing* (249); *an-fhaitíos* (283).

(b) séimhiú ar lár ar an mbunleagan: *an-f[h]áiltiúil*; *an-f[h]onn*; *an-f[h]iáin*; *an-f[h]ada* chomh maith leis an sampla míshoiléir *an, fairsing go maith* (208) (Ls.: *go bhfuil sé anis an fairsin go math*). Léamh eile, mar sin, is ea gur athsmaoineadh atá ann ar ‘an-f[h]airsing’ agus ‘fairsing go maith’, .i. ‘go bhfuil sé anois an-, fairsing go maith.’

4.8.1.7 I ndiaidh na Réimíre ‘dí’

Tá dhá shampla den réimír *dí* sa bhailiúchán agus is í an aidiacht ‘dícéillí’ atá sa dá cheann acu:

bhí an mac chomh dícéillí agus nuair a shíl sé ... (290) (Ls.: *dícéillí*); *chomh dícéillí [i]s ’ bhí Aladdin ...* (292) (Ls.: *diceille*).

Fágtar gan séimhiú an dá shampla seo toisc go bhfuil fianaise ann go mar seo atá sa chanúint, féach IIA 594. Faightear an séimhiú, afách, ar shampla GCF 256 ‘dí-chéillí’.

4.8.1.8 I ndiaidh ‘chuile’

Leanann séimhiú ‘chuile’ sa bhailiúchán cé is moite de shampla amháin.

‘chuile’ + séimhiú [20^x +]: *chuile thráthnóna* (163); *chuile fhear* (168); *chuile bhraon* (169); *chuile dhuine* (164, 170 srl.) srl.

‘chuile’ gan séimhiú [1^x]: Leasaíodh an sampla seo go dtí *chuile t[h]ráthnóna* (162).

4.8.1.9 I ndiaidh ‘aon’

Is iondúil go mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ‘aon’, seachas ar ndóigh, ar na litreacha *d* (féach *aon dochtúir*, *aonduine* srl.) agus *s* (féach alt 4.8.6.2.4). Maidir le *f*, tá aon sampla dhéag san iomlán d’*aon* + *f*. Tá séimhiú ar naoi gcinn acu agus fágtar an péire eile gan séimhiú: *aon fhiannaí* (321); *aon fhear* [6^x] (185, 315 srl.); *aon fhocal* (262); *aon fhaitíos* (294). Leasaíodh an dá shampla gan séimhiú: *aon f[h]oras* (162); *aon f[h]ir mhóra* (254).

4.8.1.10 I ndiaidh ‘cupla’

De ghnáth, ní leanann séimhiú an t-ainmfhocal ‘cupla’ [6^x]: *cupla fata* (211, 252); *cupla bord* (268) srl.

Eisc.: *cupla ghail*. Leasaíodh é seo go dtí *cupla gail* (209) agus tugtar an bunleagan i bhfonóta.

4.8.1.11 Séimhiú ar an Ainmfhocal ‘fios’

Ag brath ar chomhthéacs na habairte, ní fhaightear séimhiú ach ar roinnt de shamplaí an ainmfhocail seo. Seo a leanas rangú na samplaí áirithe.

1: Faightear séimhiú ar ‘fios’ sna cásanna seo a leanas:

- (a) an br. ‘bí’ + an aid. sheal. ‘a’ + ‘fios’ [80^x +]: *má bhí a fhios fhéin* (164); *bhí a fhios aige* (169 srl.) srl.
- (b) sa fhrása *i ngan fhios* [9^x]: (198, 231 srl.).

2: Ní fhaightear séimhiú ar ‘fios’ sna cásanna seo a leanas:

- (a) nuair is eolas atá i gceist, mar aon le FGB ‘fios⁽¹⁾’, ach nach bhfaightear an aid. sheal. ‘a’ roimhe mar a fhaightear sna samplaí in 1(a) thuas [5^x]: *bhí fios aici nach tada a raibh caite le ais mar ’bhí le thíocht* (319); *tá fios agamsa go bhfuil* (184); *ma[r] ní raibh an fios aige* (184); *ag cuardú fios orthusan céard ba cóir dhó a dhéanamh* (251); *agus fios a bheith agat go bhfuil a leithide ann* (293).

Eisc.: *ní raibh fhios a leithide ann* (205).

- (b) nuair is fios osnádúrtha atá i gceist [2^x]: *beidh fios aige* (329); *bhí fios ansin uaidh sin amach ag Fionn go brách* (329).
- (c) sa fhrása *dheamhan fios*¹³⁴ [1^x]: (206).
- (d) i ndiaidh an réamhfhocail ‘gan’ (seachas i gcás *i ngan fhios* a luadh thuas) [2^x]: *agus gan fios aige* (325); *gan fios a bheith agat* (178).
- (e) nuair a thagann an aidiacht ‘maith’ go díreach ina dhiaidh [6^x]: *agus fios maith acu ná raibh a leithide ann* (214); *bhí fios maith ag an iníon* (249) srl.

4.8.2 Séimhiú ar ‘chois’ sa Chiall Réamhfhoclach

chois [4^x]: *ina seasamh aríst chois an chrainn chéanna* (175); *bhí sí chois an chrainn* (176); *’na shuí chois na tine* (248); *siar aríst chois na tine* (272).

chois [1^x]: *ag suí chois na tineadh* (268 + fn. = Ls.: *chois na tiniu*).

Go stairiúil, is é an réamhfhocal ‘a’ a chuireann séimhiú ar ‘chois’ .i. ‘(a) chois’ (IIA 1439). Beartaíodh gan an réamhfhocal ‘a’ a sholáthar sa leagan atá á chur ar fáil anseo ó tharla nach bhfuil bá i gceist i ngach cás den fhoirm shéimhithe.

¹³⁴ Cf. FFG 76: *Dhiúnas* < *Dheamhan a fhios*

4.8.3 Séimhiú ar an Aidiacht

4.8.3.1 Ar lorg Ainmfhocail Bhaininsnigh sa Tuiseal Ainmneach Uatha agus sa Tuiseal Tabharthach Uatha

Go hiondúil, bíonn séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininsneach sa dá thuiseal seo: *i bpáirc bhreá* (178); *tríoblóid bheag* (306); *ar an bhfarraige mhór* (184); *culaith bhreá éadaigh* (185); *bean mhór dhubh* (279); *aill mhór dhorcha* (283) srl.

Sna heisceachtaí a leanas, rinneadh an séimhiú a sholáthar idir lúibíní cearnacha:

*thrí choill f[h]iáin*¹³⁵ (313); *culaith b[h]reá éadaigh* (174); *osna t[h]rom t[h]uirseach* (177); *scíth b[h]eag* (308); *truai m[h]ór* (221, 225); *léim b[h]eag b[h]ideach* (259); *tríoblóid b[h]eag* (288).

Ní dhearnadh aon leasú ar an aidiacht a leanann an t-ainmfhocal ‘each’. Is léir ó na samplaí a luaitear in alt 4.3.1.3 thuas go bhfuil tréithe baininsneacha ag an bhfocal, .i. ó thaobh easpa na réamhlitreach *t-* agus ó thaobh na bhforainmneacha a théann leis. Bheifí ag súil le séimhiú, mar sin, ar an aidiacht a leanann é sa TA u. agus TT u., ach ní mar sin atá i bhformhór na samplaí: *an each donn* [4^x] (285, 315, 316 [2^x]); *ar an / den each bán* [4^x] (178 - 181).

Tá sampla aonarach d’aidiacht shéimhithe i ndiaidh an ainmfhocail ‘each’: *tháinig an each chaol donn* (320) (Ls. L1: *eachaoil*; L2: *eachaol*). Faightear an sampla céanna seo in IIA 1718 ina luaitear gur faoi thionchar an *-l* ag deireadh na haidiachta ‘chaol’ go mbíonn an aidiacht ‘donn’ gan séimhiú. Is díol spéise freisin go bhfaightear séimhiú ar leagan na lámhscríbhíne sa sampla seo in SMN 76: ‘Chonaic sé an each caol bán a bhí aige sin agus an each caol dearg ag ithe féir ...’ (fn. = ls. “bhán”).

Ní dhearnadh aon athrú ar na samplaí thuas toisc an focal a bheith fir. sa CO agus tréithe bain. aige sa chanúint.

4.8.3.2 Ar lorg Ainmfhocail Fhirinsnigh sa Tuiseal Ginideach Uatha

Bíonn séimhiú ar an aidiacht nuair a bhíonn infhilleadh an ghinidigh uirthi: *chois an chrainn chéanna* (175); *ar b[h]ád Mharcais Bhig* (195); *anró agus sclábhaíoch[t] an duine bhoicht* (268); *muintir an bhaile mhóir* (297) srl.

Is iondúil go mbíonn an séimhiú ar lár nuair nach mbíonn an t-infhilleadh le fáil: *boladh an Éireannach bradach bréagach* (313); *ar intinn an sclábhaí bocht* (267); *croí an Ghabha Dubh* (281); *scéal an Ghabha Dubh* (282).

Eisc.: *sráideannaí an bhaile mhóir* (297).

¹³⁵ Féach an plé thuas ar easpa an tséimhithe ar an litir *f*.

4.8.3.3 Ar lorg Ainmfhocail Bhaininsnigh sa Tuiseal Ginideach Uatha

Nuair a bhíonn foirm an ghinidigh ar an ainmfhocal agus ar an aidiacht araon, leantar nós an chaighdeáin agus ní fhaightear séimhiú ar cheachtar an t-ainmfhocal ná an aidiacht: *ar thóin na farraige móire* (192).

Is coitianta na samplaí ina mbíonn foirm an ainmnigh á úsáid thar ceann foirm an ghinidigh, áfach, agus ar aon dul leis an TA u. bain., faightear séimhiú ar an aidiacht sna cásanna úd: *faoi mhúineál an Eala Bhán* (314); *draíocht an Eala Bhán* (319, 320); *cró snáthaid mhór* (324); *faoi bhroinn an lacha fhiáin* (324); *ar bharr an chruach mhóna* (264); *d'fhear an fhiacail fhada* (283).

4.8.3.4 Ar lorg Ainmfhocail Fhirinsnigh sa Tuiseal Gairmeach Uatha Firinsneach

Is mar seo a leanas atá na haidiachtaí (dar tús consan) ar lorg an TGa u. fir. Ní fhaightear an séimhiú i gcás gach ceann acu.

1: Séimhiú ar an ainmfhocal agus ar an aidiacht: *a dhuine chóir* (168, 183); *a dhuine bhoicht* (212); *a bhean chóir* (277).

2: Séimhiú na haidiachta ar lár (a) i ndiaidh ainmfhocail shéimhithe: *a Ghabha Dubh* (280);¹³⁶ (b) i ndiaidh ainmfhocail dar tús litir nach séimhítear: *a ruifnigh bacaigh* (277).

4.8.3.5 Séimhiú Iomarcach ar an Aidiacht

TA u. fir.: Tá sampla amháin d'aidiacht shéimhithe sa TA u. fir.: *go raibh sé ina lá gheal* (276).

Faightear neart samplaí den aidiacht neamhshéimhithe i ndiaidh an fhocail 'lá' sa bhailiúchán: *lá dorcha den lá geal* (183); *lá maith* (195) srl.

TT u. fir.: Ag teacht le nós na canúna, ní bhíonn séimhiú ar an aidiacht sa TT u. fir., m.sh.: *ag an bhfear mór* (184); *as an mbád beag* (185); *ag an teach céanna* (228) srl.

Tá aon eisceacht amháin ann: *isteach insa mbaile mhór* (295) (Ls.: *insa mbaile m^hór*). Faightear *as an / faoin / i / sa mbaile mór* ocht n-uaire ar fad sna scéalta.

¹³⁶ Is cosúil nach bhfuil baint ag díochlaonadh an ainmfhocail leis an séimhiú a bheith ar lár sa sampla seo, .i. ní dhéantar infhilleadh ar cheachtar ainmfhocal *duine* ná *gabha* toisc iad a bheith sa cheathrú díochlaonadh ach feicimid go bhfaightear séimhiú agus infhilleadh an ghinidigh ar an aidiacht a leanann *duine* thuas agus nach bhfaightear ceachtar infhilleadh ná séimhiú ar an aidiacht a leanann *gabha*.

4.8.4 Séimhiú ar an Dobhriathar

4.8.4.1 ‘go mór mór’

Bíonn malartú sa chanúint ar úsáid an tséimhithe san fhrása dobhriathartha seo. Féach IIA 1643 ‘go mór mór, go mór mhór, go mhór mór, go mhór-mhór’ agus GCF 207 ‘go mór-mhór’.

Is mar seo atá ag an Direánach: *go mór mór* [4^x] (164, 209, 271); *go mhór mhór* [1^x] (289).

4.8.5 Urú ar an Ainmfhocal

4.8.5.1 Sa Tuiseal Tabharthach Uatha

Ar ndóigh, is í gnáthriail na canúna go leanann urú an t-alt sa TT u. seachas i ndiaidh *d* agus *t*. Mar seo atá sa bhailiúchán freisin, cuid mhaith: *as an domhan thoir* (180); *faoin mbád* (159); *as an talamh* (165 srl.); *ag an mbord* (274); *ar an gcolainn* (280 srl.); *as an tír* (291) srl.

Eisc.: *ag an cloigeann* a leasaíodh go dtí *ag an [g]cloigeann* (310); *faoin cleas* a leasaíodh go dtí *faoin [g]cleas* (245); *as an dtaobh ó thuaidh* (306); *as an ndomhan thoir* (284).¹³⁷ Féach chomh maith an sampla dóiléir *ag séideadh faoin mboiler* (162) (Ls.: *fain bhoilr*). Tá féidearthacht ann gur séimhiú atá ar an ainmfhocal seo sa lámhscríbhinn. Os rud é nach bhfuil an sampla seo iomlán soiléir socraíodh ar urú a chur isteach sa chás seo chomh maith.

4.8.5.2 *n*- roimh Ghuta

Uaireanta sa chanúint, baintear úsáid as an litir *n*- mar cheangal idir ghutaí. Féach GCF 292-3 agus IIA 489-91 srl. Tá trí shampla den nós seo sa bhailiúchán: *Nuair a bhí sé ina n-oíche* (302, 328); *Bhí sé ina n-oíche dhubh* (240). Mar eolas, ní fhaightear ‘ina oíche’ in aon chor sa ls. Féach, áfach, go bhfuil an dá leagan le fáil in GCF 293.

¹³⁷ Ní luaitear eisceachtaí den chineál seo in GCF. Tugtar an sampla aonarach ‘ag an dtíoránach’ in IIA 1809 agus tá ‘leagtha ag an ndoras’ ag Máirtín Neile i SMN 6.

4.8.6 An Réamhlitir *t*

4.8.6.1 Roimh Thúsghuta an Ainmfhocail

4.8.6.1.1 Sa Tuiseal Ainmneach Uatha

De ghnáth sa lámhscríbhinn, faightear *t*- roimh thúsghuta an ainmfhocail fhir. sa TA u., m. sh.: *an tAifreann* (161 srl.); *an t-iascaire* (191 srl.); *an t-éadach* (208 srl.) *an t-uisce* (166 srl.) srl. Tá cupla cás faoi leith ar fiú plé breise a dhéanamh anseo orthu.

- (1) *an t-iascach*; *an iascach*: Mar a pléadh roimhe seo in alt 4.3.1.1, tá an dá inscne ag an bhfocal seo in FFG agus in IIA. Ní haon ionadh mór, mar sin, go bhfuil an *t*- i bhfeidhm ar cheann de na samplaí sa bhailiúchán — *sílim go dtiúrfaidh mé suas an t-iascach* (331) — ach sa sampla eile, feicimid go bhfuil sé fágtha ar lár i mbunleagan an scéil agus gurbh é Flower féin a chuir isteach é sa dara leagan: *is daor an iascach orainn é* (332) (Ls. L1: *an iascach*; L2: *an t-iascach*).
- (2) *an t-óiméad* (331): Cé go ndearnadh plé air seo thuas in alt 4.3.2.2, is fiú é a lua anseo arís mar gheall go bhfuil an *t*- i gceist roimh thúsghuta an fhocail, rud a thaispeánann gur firinsneach atá an focal sa chanúint.
- (3) *an t-íocaíocht* (220 [2^x]); *an t-ímní* (331). Mar a luadh in 4.3.1.3 thuas, thugadh an *t*- le fios gur ainmfhocail fhir. iad seo ag an Direánach.

4.8.6.2 Roimh *s*- Thosach an Ainmfhocail

4.8.6.2.1 Sa Tuiseal Ainmneach Uatha

Réalaítear an réamhlitir *t* roimh *s* thosach an ainmfhocail bhain. [20^x +]: *an tsnaidhm* (190, 193); *an tslat* (195 srl.); *an tslí* (330); *an tsúil* (263) srl.

Eisc.: *an súil* (303); *an snaidhm* (190).

4.8.6.2.2 Sa Tuiseal Tabharthach Uatha

Mar a bheifí ag súil, faightear an *t* roimh an ainmfhocal bain. sa TT u. ar bhunús sách rialta: *don tseanbhean* (198); *insa tseanaimsir* (208 srl.); *ar an tsráid* (165 srl.); *don tsleá* (251) srl.

Eisc.: *insa seanaimsir* (208); *ar an snaidhm* (190).

Maidir leis an TT u. fir., bíonn gnáthrialacha na canúna i bhfeidhm ionas go bhfaightear an réamhlitir *t* roimh *s* thosach an ainmfhocail fhir. i samplaí áirithe [7^x]: *den tsimléir* (183); *den tsaol* (188, 239, 252); *don / den tseomra* (188, 248, 254).

Faightear neart samplaí den leagan caighdeánach chomh maith [20^x +]: *den saol* (193); *insa soitheach* (183 srl.); *insa seomra* (243 srl.); *leis an saol* (268); *sa simléir* (281) srl.

4.8.6.2.3 Sa Tuiseal Ginideach Uatha

Faightear *t* roimh an ainmfhocal fir. sa bhailiúchán, (fíú i gcásanna nach ndéantar infhilleadh an ghnidigh ar an ainmfhocal) [20^x +]: *ag gabháil an tsoitheach* (308); *fear an tsiopa* (190 srl.); *iascach an tseanfhear* (214); *teach an tsolais* (216); *i gcaitheamh an tsaoil* (243) srl.

Níl sampla ar bith den *t* fágtha ar lár sa TG u. fir.

4.8.6.2.4 I ndiaidh ‘aon’

Faightear an réamhlitir *t* i ndiaidh ‘aon’ sa ls. ar bhunús rialta go maith [10^x]: *aon tsolas* (176, 213, 249); *aon tseol* (307); *aon tsástaíocht* (184); *aon tsionnach* (204 [3^x], 205 [2^x]).

Eisc.: *aon solas* (310); *aon sórt* (209).

4.8.6.2.5 I ndiaidh ‘céad’

Níl ach sampla amháin den fhocal ‘céad’ ag teacht roimh ainmfhocal dar tús litir *s*, agus feicimid go bhfaightear an réamhlitir *t* leis: *an chéad tseachtú bliain* (175).

4.8.6.2.6 I ndiaidh na Réimire Treise ‘an-’

Is mó samplaí nach mbeifí ag súil leis an réamhlitir *h* rompu atá le fáil sa ls., m.sh.: *an-spraiúil* (245, 246); *an-stró* (263); *an-spraoi* (195). Seo mar atá i gcás *s* + guta: *go han-siúrálte* (226); *an-tsaibhreas* (298).

4.8.7 An Réamhlitir *h*

Faightear an réamhlitir *h* roimh thúsghuta an ainmfhocail i gcás ghnáthchásanna an chaighdeáin:

TA iol. agus sa TT iol.: *na héanachai* (262 srl.); *ag na hÉireannaí* (253) srl.;

TG u. bain.: *ag siúl na háite* (164); *ar feadh na hoíche* (273) srl.;

i ndiaidh na haid. seal. bain. *ina haghaidh* (216); *lena hathair* (224) srl.;

i ndiaidh na míre dobhriathartha ‘go’: *go hard* (201 srl.); *go han-lag* (230) srl.;

i ndiaidh an réamhfocail shimplí ‘go’: *go hÁrainn* (204 srl.); *go hÉirinn* (224 srl.) srl.;

i ndiaidh ‘chomh’: *chomh hard* (259 srl.); *chomh hosclaithe* (327) srl.;

roimh fhorainm ar lorg ‘cé’: *cé hé* (253);

roimh ainmfhocal ar lorg orduimhreach: *trí huaire* (289). Eisceacht: *chúig orlaí* [5x].

4.8.7.1 Tar éis an Réamhfhocail Shimplí ‘le’

I gcás an réamhfhocail shimplí ‘le’, is iondúil nach bhfaightear an réamhlitir *h* ar thúsghuta an ainmfhocail a leanann í:

An réamhlitir *h* ar lár [20^x +]: *le aon bhlas* (183); *le áthas* (192 srl.); *le ais* (175 srl.); *le im glan* (222); *le Aladdin* (293 srl.) srl.

Eisc.: *le haghaidh* [4^x] (188, 206 srl.).

4.8.7.2 Réamhlitir Iomarcach

Tá dhá shampla de *h* iomarcach sa lámhscríbhinn; díbríodh iad i dtéacs an leagain seo ach luaitear iad mar fhonótaí.

agus chuir sé culaith éadaigh air chomh breá is ’ bhí ar aonduine (292) (fn. = Ls.: *col e. col héid col héada*).

ag triall go hÉirinn (328) (fn. = Ls. L1: *ar hÉirinn*; L2: *go hÉirinn*).

4.8.8 Athruithe Tosaigh ar an Uimhir

4.8.8.1 Séimhiú ar na Bunuimhreacha

4.8.8.1.1 ‘dhá’

Faightear na leaganacha ‘dá’ agus ‘dhá’ sa ls. Ar aon dul le rialacha an chaighdeáin, is í an fhoirm gan séimhiú a fhaightear i ndiaidh an ailt.

dá [20^x +]: *dhá chois* (204, 300 srl.); *dhá ghloine poitín* (212); *dhá shoitheach* (216) srl.

Eisc.: *agus dá uair*. Leasaíodh é seo go dtí *agus d[h]á uair* (280).

an dá [20^x +]: *an dá ghasúr* (231); *an dá sheanbhean* (278 [2^x]) srl.

4.8.8.1.2 ‘ceithre’

Tá séimhiú le fáil ar gach sampla den bhunuimhir seo sa lámhscríbhinn.

cheithre [7^x]: *na cheithre cosa* (279 [2^x]); *cheithre bhuidéal cárt* (283) srl.

4.8.8.1.3 ‘cúig’

Faightear séimhiú chomh maith ar an uimhir ‘cúig’ sa lámhscríbhinn:

chúig [10^x +]: *chúig bliana déag* (182); *chúig céad punt* (280) srl.

Ní fhaightear séimhithe í, áfach, nuair is maoluimhir atá i gceist: *ceathair nó cúig de phunta* (228); *ceathair nó cúig [d']juaireanta* (268).

4.8.8.2 Séimhiú ar an Ainmfhocal i ndiaidh na mBunuihmreacha

Is iondúil go mbíonn séimhiú ar an ainmfhocal a leanann na huimhreacha 2-4 sa TA u.: *dhá mhála* (196); *na trí bheithíoch* (246); *na trí mhíle* (192); *cheithre bhuidéal cárt* (283) srl.

Eisceacht is ea an uimhir ‘cúig’:

‘cúig’ móide séimhiú ar an ainmfhocal [1^x]: *na chúig dhabhach* (183).

‘cúig’ gan séimhiú ar an ainmfhocal [7^x]: *chúig d[h]abhach stairabout* (182); *chúig g[h]alún bainne géar* (182 [2^x]); *chúig céad* [4^x] (féach alt 4.8.8.3 thíos).

Go bhfios dom, níl aon fhianaise go bhfágtar an séimhiú ar lár sa chanúint i ndiaidh na huimhreach ‘cúig’, seachas i gcás an ainmfhocail ‘céad’, (féach thíos), agus sin is cúis leis an séimhiú a sholáthar ar na samplaí thuas. Luaitear ‘chúig ghalún’ in IIA 1777 agus ‘chúig ghalún’ in GCF 268. D’fhéadfadh áit dhéanta na gconsan -g agus g- a bheith mar chúis ar easpa an tséimhithe sa sampla ‘chúig galún’ sa chaoi chéanna a bhfuil tionchar ag áit dhéanta -g agus c- ar fhuaimniú ‘chúig céad’, féach IIA 1720.

Ní féidir plé a dhéanamh ar na huimhreacha os cionn ‘cúig’ os rud é nach bhfuil sampla díobh le fáil sa bhailiúchán.

4.8.8.3 ‘céad’

Faightear séimhiú ar ‘céad’ i ndiaidh an ailt [20^x +]: *an chéad fhear* (234 srl.); *an chéad chapall eile* (279) srl.

Faightear an séimhiú chomh maith i ndiaidh na mbunuihmreacha ‘dá’ agus ‘trí’ [6^x]: *an dá chéad punt* (280); *trí chéad min choirce* (182) srl.

Ní mar seo atá agus an bhunuihmhir ‘cúig’ i gceist: *chúig céad* [4^x]: *chúig céad scoláire* (167); *chúig céad scoláirí* (170); *na chúig céad* (281); *chúig céad punt* (280).

Réitíonn sé seo lena bhfuil sa chanúint. Tá an dá leagan ‘chúig céad’ agus ‘chúig chéad’ le fáil in IIA 1720.

4.8.8.4 ‘déag’

I gcás an fhocail ‘déag’, cloítear le rialacha an chaighdeáin sa chaoi is nach bhfaightear séimhiú ar ‘déag’ ach amháin nuair a chríochnaíonn an t-ainmfhocal uatha a thagann roimhe ar ghuta: *dhá bhean déag* (314); *dhá fhear déag* (283) srl.; *naoi míle dhéag* (209).

Bíonn gnátheisceacht an chaighdeáin i bhfeidhm chomh maith ionas nach bhfaightear séimhiú ar ‘déag’ agus an uimhir iolra den ainmfhocal roimhe: .i. *chúig bliana déag* (182); *chúig orlaí déag* (307, 308 [2x], 310 [2x]).

4.8.8.5 ‘beirt’

Leanann séimhiú an uimhir phearsanta ‘beirt’ i bhformhór na samplaí [10^x]: *beirt mhná* (218, 278); *an bheirt ghasúr* (231 [2^x]); *beirt shagart* (231 srl.) srl.

Bíonn neamhréiteach ann nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal ar an litir *d*: *beirt dochtúirí* (256); *beirt dhochtúirí* (280); *beirt dearthára* (290); *beirt dhearthára* (275). Tá ‘beirt dreathár / dreithiúr’ ag IIA 1718.

Ní thógann iolra an Bhéarla an séimhiú sa sampla seo: *beirt pílears* (299).

4.9 Pointí Éagsúla Eile

4.9.1 An Clásal Coibhneasta Díreach thar ceann an Chlásail Choibhneasta Indírigh

Tá roinnt mhaith samplaí den chlásal coibhneasta díreach agus den chlásal coibhneasta indíreach sa bhailiúchán. Anuas ar úsáid chaighdeánach an chlásail choibhneasta, faightear roinnt samplaí den chlásal coibhneasta díreach a bheith in úsáid thar ceann an chlásail choibhneasta indírigh. Roinntear na samplaí neamhchaighdeánacha i ndá aicme thíos: (a) alt 4.9.1.1: samplaí ina bhfuil an mhír choibhneasta ‘a’ in úsáid thar ceann ‘ar’ agus (b) alt 4.9.1.2: foirm spleách an bhriathair á úsáid in áit na foirme neamhspleáiche ar lorg míreanna éagsúla ar nós ‘an / cén fáth’; ‘an / cén chaoi’ srl.

4.9.1.1 An Mhír Choibhneasta ‘a’ in úsáid thar ceann na Míre Coibhneasta ‘ar’

an chaoi a[r] cheap sé (302); cén chaoi a[r] chuir tú síos iad? (184); is é an chaoi a[r] scanraigh sé (202); is é an chaoi [ar] chuir sé (225); sin é an chaoi a[r] phós mac Lord Néill (226); ní hin é an áit a[r] dúradh leat (271); Chuaigh an bhean siar insa seomra seo a[r] chuir sí é (274); an fáth [ar] bhuail sé (293).

Cinneadh *r* na míre ‘ar’ a sholáthar, idir lúibíní cearnacha, sna samplaí thuas. Cuireadh an ‘ar’ iomlán idir lúibíní nuair a bhí bá i gceist. Baineadh úsáid as na lúibíní fiú má thosaíonn an chéad fhocal eile ar *-r* toisc nach féidir a bheith cinnte cé acu bá nó úsáid na míre ‘a’ a bhí i gceist: *insa[n] áit seo a[r] rugadh iad (231); as an áit a[r] raiceáileadh soitheach (246).*

4.9.1.2 Foirm Neamhspleách an Bhriathair thar ceann na Foirme Spleáiche

mar is é sin an fáth a bhí mise ag fáil foras (163); san áit chéanna a bhí an píolóití (216); ach rud ar bith a gheobhadh sé greim air go mbrisfeadh sé é (257); san áit chéanna a d’fhág muinn (217); an chaoi a chuirfidh mé (260); chuile rud dár choinic sí (262).

Ní dhearnadh aon leasú ar na samplaí san aicme seo.

4.9.2 An tAlt Dúbailte

Tá dhá shampla den alt dúbailte sna scéalta. Déantar plé ar an tréith áirithe seo in IIA ina luaitear samplaí ón gcaint agus ón mbéaloideas. Dar le Ó Curnáin (IIA 1341), bíonn stop sa chaint roimh an dara alt i gcás abairtí den chineál seo agus léirítear an stop seo i samplaí CBÉ le camóg nó le lúibíní. Cuirimse an nod ‘-’ + camóg isteach sna samplaí thíos chun an stop a léiriú:

gabhfaidh tú síos agus goidfidh tú na héadaí-, an Eala Bhán, agus gabhfaidh tú isteach faoi leic (315 + fn. = Ls. L1 & L2: na héadaí an Eala Bhán [Léamh eile: ‘ón Eala Bhán’]); “Má tá tusa,” a

deir na Fianna-, an taobh ó thuaidh, “ag cur páiste trí ráithe ina[r] ndiaidh sinne ...” (305 + fn. = Ls. L1: *adeir na F an t. o h*; L2: *adeir na Fiana an taobh ó thua* [Léamh eile: ‘ón taobh ó thuaidh’]).

4.9.3 An Cónasc ‘nach’ thar ceann ‘ach’

Tá an-chuid samplaí den chónasc ‘ach’ sa bhailiúchán scéalta [.i. 20^x +]: *céard a bheadh aige ann ach gabhar* (162); *ní raibh aige ach aon mhac amháin* (290); *ach an oiread* (201); *nuair ná raibh insa siopa ach é fhéin* (228-9); *Nár thug mé aon ainm ariamh air ach ‘mo dheartháir* (241) srl.

Tá cúig shampla den chónasc canúnach ‘nach’ ag an Direánach chomh maith:

i ndiaidh guta: *níl inti nach neamhscéal* (229); *níor ghlaodar aon ainm ariamh ar a chéile nach ‘a dheartháir’* (Ls.: *ach* ^{^nach}) (239); *níl tada anseo nach rud beag* (254).¹³⁸

i ndiaidh an litir *n*: *ní raibh aon bhlas ann nach an luaith* (330); *ná cuir ann nach an púdar* (275).

Ní féidir aon chonclúid a bhaint as an bhfóras go dtagann guta nó an litir *n* roimh gach ceann den chúig shampla de ‘nach’ sa liosta thuas. Tagann guta roimh roinnt de na samplaí de ‘ach’ agus tagann consan, an litir *n* nó consan eile nach é, roimh na samplaí eile den chónasc caighdeánach.

4.9.4 An Intriacht ‘muise’

4.9.4.1 Úsáid na Leaganacha ‘muis’ agus ‘muise’

Tá mórchuid samplaí den intriacht ‘muis(e)’ i gcaint an scéalaí: *muise* [26^x +]; *muis* [16^x]. Is é an gnáthleagan ‘muise’ is coitianta sna scéalta agus is ag tús abairte a fhaightear formhór na samplaí de. Luaitear in IIA 117 go bhfaightear an leagan ‘muis’ roimh stad sa chaint. Faightear an dá leagan ‘muis’ agus ‘muise’ roimh stad i scéalta an bhailiúcháin seo:

‘Muise’ ag tús abairte [19^x]:

“*Muise, céard iad sin agat?*” (163); “*Muise, b’fhéarr dhuit iad a bhaint asam mar sin ..*” (174);

“*Muise, go deimhin, níl a fhios,*” *a deir sé.* (177) srl.

‘Muise’ i lár nó ag deireadh abairte [7^x]:

“*... ní ligfidh mé, muise.*” (161); “*... tiúrfaidh mé, muise,*” *a deir sí* (163); “*Déanfaidh mé, muise,*

agus fáilte,” (164); “*... is mé muise,*” *a deir an scoláire bocht* (174); “*Tá, muise,*” *a deir sé* (305);

“*Go deimhin, muise, ní thiúrfad...*” (211); “*níl mise sách, muise,*” *a deir an táilliúir* (271).

‘Muis’ i lár nó ag deireadh abairte [16^x]:

¹³⁸ Tá sampla amháin eile sna scéalta inar scríosadh amach *n* tosaigh an chónaisc *nach*: *Ní fhéadfaidh sé breith ar Aladdin mar chaithfeadh sé é a fhágáil istigh san aill i leaba an lampa, ach dúirt sé: “Sin agam an lampa,”* (294) (Ls.: *i leaba an lampa, #ach dúirt se...*)

“*Tiúrfaidh mé, muis, agus fáilte,*” a deir sé. (165); “*Tusa an píolóití, muis,*” a deir an mairnéalach, “*a bhfuil an-chuma ort.*” (216); “*Tá, muis,*” a deir sé, “*agus neart.*” (216); “*Go deimhin, ní thiúrfad, muis!*” (218) srl.

4.9.4.2 Séimhiú ar an Intriacht ‘muis(e)’

Ní bhíonn séimhiú ar fhorghór na samplaí de ‘muis’ / ‘muise’.

Eisceachtaí [2^x]: “*Mhuise, an dtabharfá dhomsa iad sin?*” (162) “*Ní thiúrfaidh mé, mhuisse,*” a deir sí (162).

4.9.5 An Iarmhír Threise

Is iomaí sampla den iarmhír threise sna scéalta, agus faightear roinnt leaganacha canúnacha ina measc:

An iarmhír threise ar lorg an fhorainm phearsanta: *muide*; *sosan* (féach alt 4.6.2 thuas);

ar lorg an fhorainm réamhfhoclaigh: *aigesan* (176, 213, 320); *desan* (181); *d(h)uitse* (179, 267 srl.);

ar lorg na haidiachta sealbhaí: *mo chomhairle-sa* (167, 177); *in do dhiaidh-sa* (229); *le ais do cheird-sa* (228); *do mhuintir-sa* (275);

ar lorg an ainmfhocail: *a Aonmhacsan* (237);

ar lorg an bhriathair: *Thosadarsan* — *siadsan* — *ag gáirí* (202) (Ls.: *Thosa dar son* ^{^siad son}).

Caibidil a 5 — Ábhar an Bhailiúcháin

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, faightear an leagan cóirithe de scéalta agus de phaidreacha an bhailiúcháin. Pléitear aon eolas breise, nach bhfuil pléite cheana féin i gcaibidlí a trí agus a ceathair, i bhfonótaí na caibidle seo. Sa chás go gcuidíonn ábhar eile an Direánaigh — é sin atá ar coimeád i gCBÉ agus atá luaite i gcaibidil a 2, alt 2.3 thuas — le samplaí doiléire an ábhair seo, tugtar an t-eolas sin sna fonótaí chomh maith.

5.2 Innéacs agus Ábhar an Bhailiúcháin

Anseo thíos, déantar innéacs d'ábhar an bhailiúcháin. Má bhí teideal le fáil sa lámhscríbhinn, tugtar an teideal sin thíos. Sa chás nach raibh teideal le fáil sa bhunábhar, tugtar eolas faoi ábhar na míre idir lúibíní cearnógacha. I ndiaidh an teidéal nó an eolais idir lúibíní, tugtar sonraí breise a thaispeánann cén áit sa lámhscríbhinn a bhfaightear gach mír. Mar a míníodh in alt 2.5 thuas, tá an t-ábhar seo le fáil i bhfillteán a cúig (F5) agus i bhfillteán a hocht (F8) de *Nachlass* Robin Flower agus tá idir bhileogaí agus leabhair nótaí sa dá fhillteán. Faightear formhór d'ábhar fhillteán a cúig i leabhar nótaí ar a dtugaim LN1 agus tá scéal amháin scríofa ar thrí bhileog leo féin (Bil. 1-3). Tá leabhar nótaí eile i bhfillteán a hocht agus tugaim LN2 ar an gceann seo; is anseo atá leagan a 2 (L2) den chúig scéal a ndearna Flower roinnt eagarthóireachta orthu. Tá ábhar eile fhillteán a hocht scríofa ar aon cheann is fiche de ghnáthbhileogaí (Bil. 1-21) chomh maith le ceithre cinn de bhileogaí móra (Bil. 1-4). Tá aon scéal amháin sa bhailiúchán a bhí fágtha gan críoch sa lámhscríbhinn, is é sin scéal 46 'Sclámhaí an Lampa'.

- 1: An Chaoi a bhfuair Muintir Leagha an Dochtúireacht
[F5 (Bil. 1-3)]
- 2: Scéal Iníon an Mhinistéara
[F5 (LN1): 24-27]
- 3: Scéal na nGréasaíocháí
[F5 (LN1): 28-32]
- 4: Scéal G[h]ruagach na gCleas
[F5 (LN1): 33-39]
- 5: [Rí na gCat]
[F5 (LN1): 39-42]

- 6: Scéal an [...] Bhán
[F5 (LN1): 43-52]
- 7: Scéal Chamán na Lua[tha]: Duine an-leisciúil
[F5 (LN1): 53-60]
- 8: Scéal Sheáin na Rópaí
[F5 (LN1): 61-70]
- 9: Scéal T[h]ráithnín an Áidh
[F5 (LN1):70-75]
- 10: Scéal an Tórramh
[F5 (LN1): 75-76]
- 11: [Triúr Éireannach i Sasana]
[F5 (LN1): 77-81]
- 12: Chomh Críonna leis an Sionnach
[F5 (LN1): 82-84]
- 13: [An Sionnach agus na Cadhain]
[F5 (LN1): 84-85]
- 14: Reithe Chonamara
[F5 (LN1): 85-86]
- 15: [Cruachás an Duine Bhoicht agus Scéal faoi Sheanfhear agus Taibhsí]
[F5 (LN1): 87-96]
- 16: [Scéal faoi Fhear Caitliceach i dTeach an Mhinistéara]
[F5 (LN1): 97-98]
- 17: [Scéal faoi Phíolótaíocht]
[F5 (LN1): 98-100]
- 18: [Bean an Charraigín]
[F5 (LN1): 100-103]
- 19: [Gardaí ag breith ar Bhean an Phoitín]
[F5 (LN1): 103-104]
- 20: [Bean an Ime]
[F5 (LN1): 105-107]]
- 21: [Lord Néill]
[F5 (LN1): 107-111]

- 22: An Gadaí
[F5 (LN1): 111-114]
- 23: [Seán na Sagart]
[F5 (LN1): 114-117]
- 24: Na Deich nAitheanta
[F5 (LN1): 117]
- 25: An Paidir Páirteach [agus scéilín gearr teagaisc ina dhiaidh]
[F5 (LN1): 118-119]
- 26: [An tÁivé Máiria]
[F5 (LN1): 119]
- 27: An Chré
[F5 (LN1): 119-120]
- 28: [Eachtraí Bheirt Dheartháir sa Domhan Thoir]
[F5 (LN1): 125-133]
- 29: [Tam agus an Lá Fiaigh]
[F5 (LN1): 133-135]
- 30: [Dhá Scéal faoi Fhir Árann i gConamara]
[F5 (LN1): 136-143]
- 31: [Fear an Liamháin]
[F5 (LN1): 143-144]
- 32: [Seán de Bhailís]
[F5 (LN1): 144-145]
- 33: Home Rule
[F5 (LN1): 146-149]
- 34: [Geall na nDochtúirí]
[F5 (LN1): 150-152]
- 35: Tomáisín na nGabhar
[F5 (LN1): 152-153]
- 36: Rí na nÉan
[F5 (LN1): 154]
- 37: [An Leasmháthair agus na hÉanachaí]
[F5 (LN1): 155-161]

- 38: [An Caiphtín agus a Iníon]
[F5 (LN1):162-163]
- 39: [Saol an Duine Bhoicht agus Scéilín Teagaisc]
[F5 (LN1): 164-168]
- 40: An Táilliúr
[F5 (LN1): 169-175]
- 41: [An Bheirt Dheartháir]
[F5 (LN1): 175-178]
- 42: An Bacach
[F5 (LN1): 179]
- 43: An Gabha Dubh
[F5 (LN1): 180-186]
- 44: Fear na Feasóige Fada
[F 8 (Bil. 1-21): 1a - 4a]
- 45: Scéal an Bháicéara
[F 8 (Bil. 1-21): 5 - 8]
- 46: Sclámhaí an Lampa
[F 8 (Bil. 1-21): 1 - 14]
- 47: Seán an Amadáin
[L1: F8 (Bil. 1-21): 4b-8b; L2: F8 (LN2): 1a-5b]
- 48: Scéal Fionn Mhac Cumhaill: Seanscéal ón tSeanaimsir
[L1: F8 (Bil. 1-4): 1a-4a; L2: F8 (LN2): 6a-12b]
- 49: Scéal Mhac Rí Éireann
[L1: F5 (LN 1): 1-14; L2. F 8 (LN2): 13a-23b]
- 50: Scéal Fionn Mhac Cumhaill
[L1: F5 (LN1): 15-23; L2: F8 (LN2): 24a-31b]
- 51: An tIascaire
[L1: F5 (LN1): 121-124; L2: F8 (LN2): 31b-34b]

1. An Chaoi a bhfuair Muintir Leagha an Dochtúireacht

Bhí fear ann fadó go raibh Séamas Ó Leagha air agus is é an áit a raibh sé ina chónaí, trí mhíle taobh thiar den Spidéal, agus chuaigh sé lá amach i bpúcáinín ag iascach cnúdáin¹³⁹ agus fear eile in éindí leis. Níor airigh sé riamh gur thriomaigh an¹⁴⁰ talamh agus an báidín ina mhullach nuair ' d'éirigh sé aníos as an bhfarraige idir an Ceann Thiar d'Árainn agus Ceann Gólaím i gConamara. Nuair a choinic sé¹⁴¹ go raibh an bád tirim ansin, thug sé leis pota agus tine a bhí sa mbád aige nó go dtéadh sé a bhruith fataí ar an oileán amuigh¹⁴² ' bhí tirim faoin mbád. Nuair a bhí sé ag dul amach go dtéadh sé amach as an mbád ansin, tháinig seanfhear go dtí é agus dúirt sé leis:

“Céard atá tú ag dul a dhéanamh?”

“Ag dul ag tabhairt tine agus pota amach ar an talamh seo,” a dúirt sé, “le díbirt a chur orainne ar fad as an áit seo,” a deir sé.

“Fan istigh in do bhád,” a deir an seanfhear, “agus fadaigh an tine in do bhád,” a deir sé, “agus tiúrfaidh mise leabhar dhuit,” a deir sé, “a bheas¹⁴³ in ann dochtúireacht a mhúnadh dhuit níos fearr ná aon dochtúir in Éirinn.”

Chuaigh Mac Uí Leagha agus d’fhan sé istigh sa mbád ansin agus d’fhadaigh sé an tine dhó fhéin sa mbád. Nuair a rinne sé é sin, tháinig an seanfhear go dtí é agus leabhar aige. Thug sé dhó an leabhar agus dúirt sé leis gan breathnú air ná é a oscailt go mbeadh sé lá agus bliain aige.

“Má osclaíonn,” a deir sé, “ní bheidh aon mhaith leis.”

Is garr ansin, nuair a bhí an rud bruite aige le n-ithe dhó fhéin, níor airigh sé go raibh an bád ar snámh aríst, agus nuair a bhí, sheol sé abhaile agus thug sé an leabhar abhaile 'un an tí¹⁴⁴ aige agus chuir sé isteach sa gcomhra é agus dúirt sé leis an mbean gan baint leis an leabhar.

Bhí an leabhar ag déanamh inní don bhean i gcónaí agus ní raibh aon bhlas foghlaim ag an mbean. Ach faoi cheann ráithe ón lá a bhfuair Séamas Ó Leagha an leabhar, tháinig fear muintearach don bhean isteach agus dúirt sí leis:

¹³⁹ Ls.: *crúdáin*

¹⁴⁰ Ls.: *gur thrioma as*

¹⁴¹ Ls.: *sí*

¹⁴² Ls.: *amuich*

¹⁴³ Ls.: *bheidheas*

¹⁴⁴ Ls.: *abhaile na tí aige*

“Tá leabhar anseo,” a deir sí, “a fuair Séamas, tá sé os cionn ráithe anois ó fuair sé é,” a deir sí, “agus níor bhreathnaigh sé riamh ó shin air,” a deir sí. “Ba cheart dúinn é a thabhairt linn¹⁴⁵ agus breathnú air go bhfeicfeá céard ’tá ann,” a deir sí.

Thug an bhean aniar an leabhar aige as an seomra agus d’oscail sí fhéin é nuair a tháinig sí aniar agus shín sí ag an bhfear ’ tháinig isteach é. Níorbh fhéidir aon bhlas den leabhar a léamh ach cion ráithe dhe agus ní raibh aon bhlas le baint as an gcuid eile. As an ráithe a bhí caite, bhain sé an méad dochtúireacht a bhí aige. Ach dhá bhfanfadh sé go mbeadh an bhliain thuas, ní bheadh aon dochtúir faoin domhan a bheadh chomh maith leis. Bhí sé ina dhochtúir maith go leor agus gan aige ach cion am ráithe den leabhar. Sin é an chaoi¹⁴⁶ a bhfuair Muintir Leagha an dochtúireacht.

¹⁴⁵ Ls.: *ln*

¹⁴⁶ Ls.: *Si eard haoi* [Tá an focal deiridh doiléir sa bhunleagan ach is cosúil gur *haoi* nó *tosai* atá ann. Mise is cúis le ‘an chaoi’ a dhéanamh de.]

2. Scéal Iníon an Mhinistéara

Bhí iníon mhinistéara fadó ann. D’iarr sí ar a máthair í a ligean ag Aifreann Caitliceach. Dúirt an mháthair nach ligfeadh, agus dúirt sí go ndéanfadh sí obair bei[r]te¹⁴⁷ ach í geallúint di go ligfeadh. Bhí sí ag obair agus gheall sí di, agus nuair a tháinig an Domhnach, chuaigh sí ann, agus nuair a bhí an tAifreann thart, tháinig sí abhaile.

“Sea, céard ’ deir an sagart inniu leat?”

“Níor úirt sé tada liom ach tá sé ag iarraidh ort gealladh dhom go ligfidh tú an chéad Domhnach eile ann mé.”

“Ní ligfidh mé, muise.”

“Well, déanfaidh mé obair na bei[r]te¹⁴⁸ aríst, má gheallann tú dhom é.”

Shantaigh¹⁴⁹ sí an obair agus rinne sí an gealladh. Nuair a tháinig an Domhnach, chuaigh sí ag an Aifreann. Nuair a bhí an tAifreann thart, tháinig sí abhaile.

“Sea, céa[r]d ’ deir an sagart inniu leat?”

“Bhí sé ag breathnú orm ach tá mé ag iarraidh ort mé a ligean ann an tríú Domhnach.”

Gheall sí di go ligfeadh agus chuaigh sí ann, agus níor léigh an sagart Aifreann ar bith an lá sin. Tháinig sí ar ais agus d’fhiarfaigh an mháthair di céard ’ deir an sagart inniu léi.

“Níor úirt sé tada liom ach ní raibh Aifreann ar bith an lá sin aige.”

Is gearr a bhí sí¹⁵⁰ istigh nuair a tháinig an sagart ag iarraidh na hiníon le pósadh. Fuair sé sin ón máthair. Chaitheadar bainis agus cruinníodh daoine agus thréis sin, chuadar agus phósadar. Nuair a tháinig an oíche go raibh sé in am codlata, d’éirigh bean an tsagairt agus chuaigh sí ag cóiriú leaba.

“Féadfaidh tú a dhul a chodladh anois,” a deir sí.

Chuaigh an sagart siar agus chuaigh sé a chodladh. Tháinig sise aníos agus rópa mór fada aici.

“Seo duit anois ceann an rópa seo,” a deir sí, “agus gabhfaidh mise amach go fóilleach agus tiúrfaidh mé liom an ceann eile dhe, agus más fada leat a bheas mé amuigh, tarraingeoidh tú isteach mé.”

D’imigh sí amach agus nuair ab fhada leis an sagart a bhí sí amuigh, tharraing sé isteach an rópa agus meáchan maith air, agus is éard a bhí ann, staic de ghabhar mór i leaba an bhean. Bhí an seomra dorcha — ní raibh an solas lasta.

¹⁴⁷ Ls.: *beile* [Glacaim leis gurb í an litir *t* gan trasnán atá i gceist anseo, féach caibidil a 3, alt 3.4.]

¹⁴⁸ Ls.: *obair na beile*

¹⁴⁹ Ls.: *Theannta*

¹⁵⁰ Ls.: *sí sí*

“Feicthear dhom,” a deir sé, “gur aisteach an bhean thú.”

Chuir sé a lámh uaidh amach agus leag sé uirthi an lámh agus céard a bheadh aige ann ach gabhar. Dhíbir sé amach í agus chaith sé an rópa ar a hadharc agus d’imigh sí. D’imigh an bhean i ndiaidh a cinn roimpi agus ní raibh a fhios aici cá raibh sí ag dul. Casadh isteach i dteampall í agus tháinig sé ina bháistigh mhór. Bhí sí ag cuardú áit foscadh. Chuaigh sí síos i bpoll mór a bhí ann agus fuair sí staighrí síos ansin agus bhí sí ag dul síos ó staighre go staighre go ndeachaigh sí go hifreann. Is é an sórt ceard a cuireadh ansin uirthi, ag séideadh faoin *mboiler*¹⁵¹ a bhí ag fiuchadh. Chaith sí blianta fada ansin. Bhí fear ag dul thairi[s]ti¹⁵² lá agus chuir sé caint uirthi. Labhair sí leis agus d’fhiarfaigh sí de céard a bhí insa *mboiler*.¹⁵³

“Inseoidh mise dhuit céard ’tá ann,” a deir an fear. “Tá d’athair ann,” a deir sé, “agus tá an sagart ann agus tá do mháthair ann.”

“Muise, cén t-achar eile a bheidh mé ag séideadh faoi,” a deir sí, “nuair a gheobhas mé iad?”

“A leithide seo d’am,” a deir sé.

Níor bhfuair sí aon f[h]oras aon lá, aon oíche, dá ndeachaigh sí ann ach chuile t[h]ráthnóna Dé Domhnaigh. Ach nuair a bhí an t-am thuas, tháinig an fear seo go dtí í agus dúirt sé léi go bhfaigheadh sí anois iad. Bhain sé an clár de agus thóig sé aníos na trí anam as an *mboiler* agus leag sé ar an naprún¹⁵⁴ iad. D’imigh léi ansin agus í áthasach go maith. Is gearr a bhí siúlta aici nuair a casadh ár dTiarna¹⁵⁵ di.

“Céard iad sin agat?” a deir sé.

“M’athair,” a deir sí, “agus mo mháthair agus an sagart a thug mé as ifreann.”

“Mhuise, an dtabharfá¹⁵⁶ dhomsa iad sin?” a deir sosan.

“Cé thú fhéin?” a deir sise.

“An Tiarna,”¹⁵⁷ a deir sé.

“Ní thiúrfaidh mé, mhuisse,” a deir sí, “is maith a c[h]eannaigh mé fhéin iad.”

¹⁵¹ Ls.: *fain bhoilr*

¹⁵² Ls.: *thairte*

¹⁵³ Ls.: *insa mbuilir*

¹⁵⁴ Ls.: *ar an aprún*

¹⁵⁵ Ls.: *an dTiarna* [Is ait go bhfuil an t-alt agus an t-urú i gceist le chéile anseo (agus arís thíos, féach fonóta 157). Os rud é gur beag idir ‘n’ agus ‘r’ na lámhscríbhíne, measaim gur fearr a fheileann an aidiacht shealbhadh iolra don chomhthéacs agus don chanúint.]

¹⁵⁶ Ls.: *a dtúra*

¹⁵⁷ Ls.: *An dT* [Ó tharla nach léir an bhfuil *d* i gceist roimh an ainmní, socraíodh ar an leasú thuas a dhéanamh ar an sampla seo. Féidearthacht eile: *Ár dTiarna* agus gur ag déanamh tagartha don Tiarna óna pheirspictíocht féin atá an scéalai.]

D'imigh léi agus is gearr a bhí siúlta aici aríst nuair a casadh di an Mhaighdean.

“Muise,” a deir sí, “céard ’tá in do naprún?”

“M’athair agus mo mháthair agus an sagart a thug mé as ifreann.”

“An dtiúrfá dhomsa iad sin?”

“Cé thú fhéin?”

“An Mhaighdean Bheannaithe.”

“Ní thiúrfaidh mé,” a deir sí.

“Is maith a cheannaigh mé fhéin iad.”

D'imigh léi agus is gearr a bhí sí aríst nuair a casadh di Rí an Domhnaigh.

“Muise, céard iad sin agat?” a deir Rí an Domhnaigh.

“Tá, m’athair,” a deir sí, “agus mo mháthair agus an sagart ’ thug mé as ifreann.”

“An dtiúrfá dhomsa iad sin?”

“Cé thú fhéin?” a deir sí.

“Rí an Domhnaigh,” a deir sé.

“Tiúrfaidh mé, muise,” a deir sí, “agus mo bheannacht, mar is é sin an fáth a bhí mise ag fáil foras chuile thráthnóna Dé Domhnaigh nuair a bhí mé ag séideadh fúthu seo.”

Leag sí na trí anam uaithe agus thug sé isteach go na flaitheas iad. Sin é an scéal anois ‘iníon an mhinistéara’.

3. Scéal na nGréasaíocháí

Bhí feilméara fadó ann agus ní raibh aige ach aon mhac amháin. Bhí beithígh go leor aige agus bainne. Bhí sé ag cruinneál suas an bhainne agus ag déanamh neart ime agus dá dhíol le daoine bochta. Bhí an bhean a bhí aige ag cuir neart uisce thríd an mbainne agus dá dhíol leis na daoine bochta. Bhí a fhios acu go raibh cuide den uisce thríd, agus má bhí a fhios fhéin, ba mhaith leo é a fháilt mar sin fhéin. Bhíodh an fear amuigh rompu ag an ngeata agus cuide de na pingneachaí tugthaí aige uaithi agus é ag tabhairt corrrhingín dóibh i leaba a chéile, mar bhí a fhios aige go maith go raibh sí ag déanamh an iomarca ar an mbainne. Bhí sé an-mholta uileag ag na boichte agus iad ag tabhairt a mbeannacht dó. Bhí mar sin nó gur cailleadh é insa ngeimhreadh agus drochaimsir ann. Chomh luath agus ' cailleadh é, d'athraigh an aimsir i mbreácha. Cuireadh i dtalamh é buíoch beannachtach agus go mór mór beannacht na mboichte. Faoi cheann tamaill aríst, cailleadh an mháthair insa samhradh agus aimsir an-bhreá, agus chomh luath agus ' shéalaigh¹⁵⁸ sí, d'athraigh an aimsir chomh mór le neart gairfean agus báisteach agus nach bhfuil ann ach gur féadadh í a chuir. Nuair a chuaigh an mac abhaile insan oíche, thosaigh sé ag smaoiniú agus ag cuimhniú:

“Níl a fhios agam anois,” a deir sé, “cén t-údar a bhí le m’athair agus le mo mháthair. Cailleadh m’athair insa ngeimhreadh agus d’athraigh an aimsir lena linn le breácha agus deiseacht. Cuireadh é i dtalamh buíoch beannachtach agus go mór mór beannacht na mboichte aige. Cailleadh mo mháthair insa samhradh agus d’athraigh an aimsir lena linn le gairfean agus báisteach agus ní raibh beannacht duine ar bith aici. Caithfidh mé imeacht i ndiaidh mo chinn romham go bhfaighidh mé tuairisc cén t-údar é sin.”

Chuaigh sé a chodladh an oíche sin agus ar maidin nuair a d’éirigh sé, dhún sé an doras agus d’imigh leis. Bhí sé ag siúl na háite ag cuardú tuairisc. D’inis sé an scéal do chuile dhuine a casfaí dhó. Tháinig sé isteach i dteach, oíche, agus bhí sin ann, gréasaíocháí. D’inis sé an scéal dóibh.

“Anois, má fhilleann tú go deo, tiúrfaidh tú scéala againne cén lá¹⁵⁹ nach bhfuileamuid¹⁶⁰ ag sábháilt airgid. Tá muid dhá dhéanamh — neart, le¹⁶¹ — agus tá sé ag imeacht uainn in áit éicineacht, pé ar bith sórt smál atá orainn.”

“Déanfaidh mé, muise, agus fáilte,” a deir sé, “má fhéadaim.”

¹⁵⁸ Ls.: *shéaltha*

¹⁵⁹ Ls.: *cé an lá* [Léamh eile: ‘cén fáth’.]

¹⁶⁰ Ls.: *nach bhfuilimuid*

¹⁶¹ Ls.: *neart lé le* [Léamh eile: ‘neart de’.]

Ar a shiúl ionsaithe, tháinig sé isteach i dteach baintrí. D’inis sé an scéal di agus cé raibh sé ag dul.

“Má fhilleann tú go deo,” a deir sí, “tiúrfaidh tú scéala¹⁶² agam cén fáth nach bhféadam an bháisteach anuas a choinneál amach.”

“Tiúrfaidh mé, muis, agus fáilte,” a deir sé.

Ní i bhfad ’na dhiaidh sin ’ casadh isteach i dteach eile é agus bhí sin acu, páistín básaithe i gcliabhán ag an tine, duine acu ar chaon taobh de agus iad á bhogadh. Chaith sé an oíche sin in éindí leo sin agus d’inis sé a scéal fhéin — cé raibh sé ag dul.

“Má thigeann tú ar d’ais,” a deir an bhean, “tiúrfaidh tú scéala agam cén sórt bealach atá leis an bpáistín.”¹⁶³

“Tiúrfaidh mé, muis,” a deir sé, “agus fáilte.”

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, chuaigh sé amach ar an tsráid agus d’airigh sé *bell* mór á bhualadh¹⁶⁴ i dteach a bhí ar ard mór taobh thuas. Muise, chuaigh sé isteach agus d’fhiarfaigh sé an mbíonn¹⁶⁵ aon Aifreann anseo dhá léamh.

“Bhíodh, muis, a stór,” a deir an bhean, “go dtí le gairid.”

“A leithide seo de bhliain,” a deir sí, “d’éirigh loch uisce as an talamh agus tá sí thart timpeall an tí, agus ní fhaca aonduine aon Aifreann ó shin ach go bhfuil cosáinín beag bídeach suas ann, agus tá rud éicineacht eile insa loch nach bhfuil ceart agus ní ligfeadh an faitíos d’aonduine a dhul ann, agus feiceamuid¹⁶⁶ [a] cosúlacht corrlá, agus tá muid ag ceapadh gur eascann nimhe atá ann.”

“*Well*, sin é anois an áit chéanna is cóir domsa a dhul,” a deir sosan, “má fhéadam é.”

“*Well*, anois,” a deir sise, “má théann tú ansin, bainfidh¹⁶⁷ tú trí bheirtín fraoch agus ceanglóidh tú go han-chrua chuile bheirtín acu agus rithfidh tú an cosán chomh maith agus is féidir leat. Agus má fheiceann tú tada ag tíocht ort, aniar nó anoir, caithfidh tú beairtín thart amach insa loch agus beidh sí á changailt sin. Agus beidh píosa maith rite agat an t-achar sin agus breathnóidh tú in do dhiaidh aríst agus má fheiceann tú cosúlach[t] ar bith ag tíocht go dtí thú, déan mar an gcéanna leis an tríú beairtín agus ba ceart go dtiúrfadh sin slán thú.”

¹⁶² Ls.: *sgeul ám*

¹⁶³ Ls.: *bhastín*

¹⁶⁴ Ls.: *bilē mór á bhualān* [CBÉ 73: 258 ‘bhí clog an aifrinn dhá bhualadh an t’am céadna’.]

¹⁶⁵ Ls.: *a mbían*

¹⁶⁶ Ls.: *feicea muid*

¹⁶⁷ Ls.: *bainfe*

Rinne sé mar 'deir sí — chuile rud, agus is amhlaidh a thit an scéal amach nó go ndeachaigh sé i dtír ar an oileán ard. Bhí sé slán ansin. Chuaigh sé thart timpeall an tí agus chuaigh sé isteach insa doras agus bhí an tAifreann dá rá ag an sagart. Tháini[g] sé isteach agus chuaigh sé ar a ghlúine, agus nuair a bhí an tAifreann thart, chuaigh an sagart siar agus d'fhan an cléireach thuas.

“Céard do chas anseo thú?” a deir an cléireach.

“Ag cuardú tuairisc a tháinig mé,” a deir sé, “féachaint cén sórt bealach atá le m' athair agus le mo mháthair.”

“Inseoidh mise sin duit anois,” a deir an cléireach. “Siúd é d'athair a bhí ag léamh an aifrinn inniu mar bhí sé naofa. Bhí sé go maith leis na boichte agus níor mhaith leis aon éagóir¹⁶⁸ a dhéanamh orthu. Sin í do mháthair atá insa loch ina heascann nimhe, mar bhí sí tití trom i bpeaca. Bhí sí ag baint de na boichte an iomarca airgid agus gan aon bhlas acu ar a shon ach an t-uisce agus sin é an breithiúnas a cuireadh uirthi a bheith ansin. Agus cén mhaith di anois a raibh riamh aici? Inseoidh tú anois don bhean agus don fhear a raibh tú anois 'na dteach gur mise an páistín a bhí insa gliabhán, agus inseoidh tú don bhaintreach, an rata¹⁶⁹ atá ar a teach a ghoid sí, é a chuir ar ais agus ní bheidh aon bháisteach anuas ansin aici níos mó. Inseoidh tú do na gréasaíúcháí gan a bheith ag obair san oíche Dé Sathairn go deireanach ná go moch ar maidin Dé Luain mar níl sé ceadmhach a bheith ag obair Dé Sathairn go deireanach ná Dé Luain go mbeidh saoire an Domhnach thart.”

Tháinig sé ar ais agus é áthasach faoi chuile scéal dhá raibh uaidh é a chloisteál. D'inis sé don bhean a raibh an páistín seo aici cá raibh sé. D'inis sé don bhaintreach an rud a bhí ag teastáil a dhéanamh. D'inis sé do na gréasaíúcháí an scéal a bhí ag baint dhóibh fhéin. Bhíodar an-áthasach agus bhí a shliocht orthu. Bhíodar ag sábháil airgid uaidh sin amach agus chuaigh sé abhaile ansin agus bhí sé áthasach. Sin é scéal [na ngréasaíocháí].¹⁷⁰

¹⁶⁸ Ls.: *éagáin*

¹⁶⁹ Ls.: *rába* [CBÉ 73: 260, 'rata'. 'Abair leis an mbaintreabhaigh sin an rata a ghoid sí ó na comharsain chur ar ais agus go stopfhaidh an bháisteach anuas 'na teach'.]

¹⁷⁰ Ls.: *Sin é sgeul ~ ~ ~*

4. Scéal G[h]ruagach na gCleas

Bhí Gruagach fadó ina chai[p]tín¹⁷¹ draíocht. Bhí chúig céad scoláire aige ag foghlaim scoil draíocht. Bhí fear ar an mbaile ann agus dúirt sé go gcuirfeadh sé a mhac ar scoil aige. Bhí sé trí bliana ar an scoil aige. Nuair a bhí na trí bliana thuas, chuaigh sé dá iarraidh. Labhair sé le Gruagach, dúirt sé go raibh sé ag iarraidh an mac abhaile.

“Má aithníonn tú do mhac,” a deir an Gruagach, “gheobhaidh tú do mhac.”

D’ordaigh sé amach na scoláirí insa bpáirc agus rinne sé éanacháí díobh. Bhíodar ag dul anonn agus anall ansin agus is garr go dtáinig ceann¹⁷² acu agus bhuail sé a sciathán ar a ch[o]is. D’imigh sé ansin agus tháinig sé aríst faoi cheann tamaill agus rinne sé an cleas céanna.

“Tá seans,” a deir an fear bocht ina intinn fhéin, “gur tú mo mhac.”

D’fhiarfaigh an Gruagach de:

“An aithníonn tú do mhac feasta?”

“Sin é anois é,” a deir sé.

“Beannacht duit,” a deir an Gruagach, “agus mallacht do bhéal do mhúinte. Dá mbeinnse gan do mhac a ligean chomh fada leat, ní aithneofá do mhac.”

D’imigh sé fhéin ansin agus a mhac abhaile.

“Is maith a d’oibrigh tú,” a deir an mac, “agus, ach tá faitíos orm go gcinnfidh an Gruagach ar ball ort. Bainfidh tú airgead go leor anois de Ghruagach má níonn tú mo chomhairle-sa. Mise an scoláire i[s] fearr a bhí ag Gruagach anois. Tá mé suas anuas le bheith chomh maith leis fhéin.”

“Déanfaidh mise anois gearrán bán díom amáireach agus gabhfaidh mé ar an aonach. Ní bheidh aon chapall ann chomh breá liom agus beidh tusa ag marcaíocht orm. Beidh mé ag iarraidh rith i gcónaí — ní bheidh fear ar an aonach nach mbeidh ag iarraidh mé a cheannacht. Tíocfaidh Gruagach go dtí thú an-luath insa lá agus fiarfóidh sé an bhfuil tú ag díol an chapail. Déarfaidh tusa go bhfuil. Tairgfídh sé leathchéad punt duit agus tabhair dó an capall. Gabhfaidh tú anuas díomsa agus tarraing an tsrian amach de mo chloigeann agus cuir in do phóca í, agus déarfaidh Gruagach, ‘fág uirthi an tsrian’ agus déarfaidh tusa má dhíol tú an capall nár dhíol tú an tsrian, agus gabhfaidh Gruagach agamsa, ag marcaíocht ormsa, agus rithfidh mé thríd an aonach agus leagfaidh mé Gruagach agus fágfaidh mé ansin é, agus tíocfaidh mé chomh fada leatsa aríst. Coinnigh in do chloigeann anois go maith an méid atá ráite agam agus déanfaidh muid¹⁷³ gnó.”

¹⁷¹ Ls.: *chatin*

¹⁷² Baineann doiléireacht leis an bhfocal seo.

¹⁷³ Ls.: *deanfaimuid*

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, thug sé an capall bán ar an aonach. Bhí chuile fhear ag rá, nach breá¹⁷⁴ í. Is gearr go raibh Gruagach roimpi agus rug sé ar adhastar uirthi.

“An bhfuil tú ag díol an chapail seo, a dhuine chóir?”

“Táim, is le díol atá sí.”

“Cén praghas ’tá tú a iarraidh?”

“Leathchéad punt.”

“Gheobhaidh tú sin, agus fáilte.”

Shín sé aige an t-airgead. Chuaigh an fear bocht anuas di. Chaith¹⁷⁵ sé an tsrian dá cloigeann; chuir sé ina phóca í.

“Ó, fág uirthi an tsrian,” a deir Gruagach.

“Ó, má dhíol mé an capall, níor dhíol mé an tsrian,” a deir an fear bocht.

Bhuail an Gruagach ar marcaíocht uirthi agus tiomáileann sé leis í. Is gearr a bhí siúlta aici nuair a d’ardaigh sí a deireadh agus leag sí Gruagach. Ar siúl léi go dtáinig sí ag an bhfear bocht arís — a hathair.

“Tá sásamh maith agat air inniu,” a deir an mac.

“Déanfaidh mé amáireach¹⁷⁶ arís an gearráin¹⁷⁷ bán díom fhéin agus déanfaidh tú an cleas céanna ach tá mé ag cuir comhairle mhaith ort gan an tsrian a ligean leis.”

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, chuaigh an gearrán bán ar, ’un aonaigh¹⁷⁸ agus an t-athair ag marcaíocht¹⁷⁹ air. Casadh Gruagach dóibh agus é ina sheanfhear cromtha liath agus é ag féachaint [le] dallach dubh a chuir orthu.

“An bhfuil tú ag díol an chapail sin inniu?”

“Táim, go siúráilte.”

“Céard a bheas tú a iarraidh uirthi anois?”

“Leathchéad punt.”

Thosaigh Gruagach dá cuimilt agus dá slíocadh. Tharraing sé amach naipicín póca agus chaith sé ar a cois é, agus nuair a d’airigh sí casta ar a cois é, thóg sí an chois suas den talamh.

“Tá do chapall bacach,” a deir Gruagach.

¹⁷⁴ Ls.: *br?á*

¹⁷⁵ Ls.: *Chath se*

¹⁷⁶ Ls.: Focal doiléir go maith é seo.

¹⁷⁷ Ls.: *gearnín*

¹⁷⁸ Ls.: *ar an aonaigh*

¹⁷⁹ Ls.: *marcucht*

“Níl mo chapall bacach,” a deir an fear bocht.

“Nach sáraí thú,¹⁸⁰ nach bhfuil a cois tóigthí den talamh?”

Anuas leis an bhfear bocht go léir di agus suas le Gruagach ag marcaíocht, agus bhí an capall agus an tsrian anois aige. Thug sé abhaile í agus rinne sé fear di. Bhain sé de a chuid éadaigh agus bhí sé ina chraiceann. Chuir sé siar i seomra é faoi shileadh na rí-choinne¹⁸¹ agus chuile bhraon ag dul go cnámh. Bhí sé faoi phian agus faoi phionós. D’imigh Gruagach lá amach ansin, é fhéin agus a chuid scoláirí, agus bhí cailín insa teach agus bhí sí ag dul thar¹⁸² an fear seo agus d’iarr sé, in onóir Dé, deoch uisce uirthi. Nuair a shín sí aige cupán uisce, rinne sé eascann de fhéin agus síos leis insa gcupán. Scaoil sise uaithi an cupán nuair a choinic sí an gníomh. Bhí an eascann ag *jumpáil* ar an urlár agus ag déanamh ar an doras. Bhí an abhainn taobh amuigh agus síos leis an eascainn insa[n] abhainn. Bhí a fhios ag Gruagach go raibh an *job* seo déanta. Tháinig sé faoi chuthach agus faoi fhearg agus d’fhiarfaigh sé cé a fuair ann fhéin cupán uisce a thabhairt dó seo, agus dúirt an cailín gur thug sí deoch dó, ar son Dé.

“Beidh mise ag caint leatsa ar ball, ach tá orm teitheadh¹⁸³ anois.”

Chruinnigh sé a chuid scoláirí agus amach leo san abhainn agus rinneadar madraí uisce díobh fhéin. Bhíodar ag cuardú chuile bhreac agus ag baint sclaimhe¹⁸⁴ as chuile eascainn ar fhaitíos a ndéanfaidís dearmad ar an eascainn seo. Bhí a fhios ag an eascainnín go dtiocfaidís suas léi, agus faoi cheann tamaill, d’éirigh sí i mbarr uisce agus rinne sí éan seabhac¹⁸⁵ di fhéin agus d’imigh sí insan aer. Rinne siad seabhcannaí díobh fhéin agus d’imigh leo ina dhiaidh. Bhíodar ag tíocht suas leis agus bhí a fhios aige go dtiocfadh.

Tráthnóna deireanach, bhí sé ag dul thar theach mór agus rinne sé fáinne de fhéin os cionn an tsimléir, agus chaith sé é fhéin síos ann agus thit sé in ucht bean óg a bhí ag an tine. Rug sí ar an bhfáinne agus thosaigh sí ag déanamh iontais de. Chuir sí ar a méir é agus níor fhéad¹⁸⁶ sí é a bhaint anuas. Nuair a tháinig an oíche, chuaigh sí a chodladh agus rinne sé fear de fhéin. Bhí eagla mór millteach uirthi.

“Ná bíodh faitíos ort, a bhean mhaith,” a deir sé.

¹⁸⁰ Ls.: *Nách saruí ú* [Tá an méid seo a leanas scríofa ar imeall an laethanaigh: *Nách saruí an* [+ focal doléite] *í.*]

¹⁸¹ Ls.: *faoi shile na rae-choinle*

¹⁸² Ls.: *thars*

¹⁸³ Ls.: *deatha*

¹⁸⁴ Ls.: *sglámhe*

¹⁸⁵ Ls.: *aon seabhac*

¹⁸⁶ Ls.: *níor fhiud*

D'inis sé dhi cén bealach a bhí leis.

“Beidh Gruagach na gCleas ag tíocht anseo ar maidin go moch amáireach agus chúig céad scoláirí in éindí leis. Níor tháinig aon áilleacht¹⁸⁷ ariamh ach a bheas¹⁸⁸ ag éisteach[t] leo ag ceoltóireacht. Caithfidh siad an oíche uileag agat agus ar maidin amáireach nuair a bhe[as] siad ag imeacht, beidh d’athair an-bhuíoch díobh agus déarfaidh sé leo:

‘Ná himí go dtiúrfaidh mé bronntanas beag daoibh.’

‘Níl muid ag iarraidh aon bhronntanais ort, a dhuine uasail, ach bronntanas beag atá ag d’iníon.’

Déarfaidh d’athair, bronntanas beag ar bith atá aici go gcaithfidh siad é a fháil.

‘An fáinne atá ar mhéir d’iníne atá muid a iarraidh,’ a déarfais Gruagach.

Tiocfadh d’athair go dtí thú agus iarraidh sé an fáinne ort, agus déarfadh tusa nach bhfaighidh. Buailfidh sé leidhce beag ansin ort, agus béarfadh tusa ar an bhfáinne agus caithfidh tú síos ina tine é, agus éireoidh tú ansin agus tabhair leat céad cruithneacht agus dóirt amuigh ar an tsráid é. Fág idir mise agus iad fhéin an uair sin é.”

Tháinig na píobairí lá arna mháireach go moch. Ghabhadar pardún ag an duine uasal. Thosadar ag seinm poirt. Ba bhreá deas an rud a bheith ag éisteacht leo. Nuair a bhí an tráthnóna ag tíocht, bhíodar ag cnapadh suas ag dul abhaile.

“Ná himí,” a deir fear an tí, “go dtiúrfaidh mé bronntanas beag daoibh.”

“Níl mé ag iarraidh aon bhlas,” a deir Gruagach, “ach fáinne atá ar mhéir d’iníon.”

“Caithfidh tú sin a fháil.”

Chuaigh an t-athair go dtí an iníon agus d’iarr sé an fáinne uirthi. Dúirt an iníon nach dtiúrfadh. Bhuail sé leidhce beag uirthi. Rug sí ar an bhfáinne agus chaith sí síos sa tine é. Chomh luath agus ’ bhí sin déanta, chuaigh sí agus dhóirt sí céad cruithneacht amuigh ar an tsráid. Briseadh an [...] ¹⁸⁹ den chéad iarraidh le ord, ag cuardú an fháinne. Bhíodar ag piocadh na smeachóideacha dóite a bhí ann. D’éalaigh sosan amach leis an bhfórsa agus leis an gcartadh a bhí acu. Chuaigh sé ar thóin an charnán cruithneacht, ’na ghráinne é fhéin. Amach le Gruagach agus a chuid scoláirí agus rinneadar colúir de chuile dhuine acu agus thosadar ag ithe an chruithneacht. Bhí a fhios aige nach n-íosfaidís uileag é, agus nuair a bhíodar maraithe ag ithe, luíodar siar agus thiteadar ina gcodladh. Nuair a fuair sosan ina gcodladh iad, d’éirigh sé fhéin agus rinne sé fear de fhéin, agus bhí sé ag breith ar

¹⁸⁷ Ls.: *an ailleacht* [Féidearthacht eile: ‘un áilleacht[a].’]

¹⁸⁸ Ls.: *bheis*

¹⁸⁹ Is cosúil gur *st-* nó *sh-* atá sa chéad dá litir anseo ach tá deireadh an fhocail doiléir. An é an focal Béarla ‘stove’ atá i gceist?

mhuineál ar chuile cheann díobh agus ag cuir cor ann gur mharaigh sé chuile dhuine amháin acu. Chuaigh sé isteach ansin go dtí an duine uasal agus d'inis sé an scéal dó.

“Dá mbeadh a fhios agamsa,” a deir an duine uasal, “arb é sin an bealach a bhí leat, ní ligfinn isteach [ar] chor ar bith iad, ach tar anois in éindí liomsa uileag agus pós thú fhéin agus an iníon insa teach seo.”

Sin é anois Scéal G[h]ruagach na gCleas anuas de lota na gcearc.

Bhí an scoláire liath [...] ¹⁹¹ ag siúlóid. Casadh dhó ceannaí.

“Cé is fearr, an bhréag ná an fhírinne?” a deir an ceannaí.

“Is fearr an fhírinne,” a deir an scoláire bocht. ¹⁹²

“Cuirfidh mé mo mhála leat is mo chuid *ragannaí* gur fearr an bhréag.”

“Cuirfidh mise leat mo chuid leabhra,” a deir an scoláire bocht, “gur fearr an fhírinne.”

D’imíodar ¹⁹³ in éindí agus an chéad duine a casadh dóibh, chuireadar an cheist air.

“Baintear [a]rán maith as an mbréag fhéin,” a deir an fear sin.

B’éigin dó a chuid leabhra a thabhairt don cheannaí don iarraidh sin.

“Céard a chuirfeas tú air?” a deir an ceannaí.

“Níl aon bhlas agam le cuir,” a deir an scoláire bocht, “ach an dá shúil atá in mo cheann, gur fearr an fhírinne.”

“Imeoidh muid linn anois,” a deir an ceannaí, “faoi bhreithiúnas ¹⁹⁴ an chéad duine eile a casfar dhúinn.”

Ní i bhfad a bhíodar nuair a casadh fear eile dhóibh.

“Cé is fearr, an fhírinne,” a deir an ceannaí, “ná an bhréag?”

“Baintear [a]rán maith [as] ¹⁹⁵ an mbréag fhéin,” a deir an fear sin.

Bhí an scoláire bocht buailte aríst. Bhain an ceannaí an dá shúil as agus bhí an fear bocht go dona ansin. Bhí sé ag siúl go dtáinig sé isteach i dteampall. Tháinig an lá ina bháistigh mhóir agus bhí sé ag cuardú foscadh. Bhí seanbhairille istigh insa teampall le fada agus casadh leis é agus chuaigh sé isteach faoin mbairille.

Tháinig an oíche, d’airigh sé torann ag tíocht isteach agus céard a bheadh ann ach cait. Faoi cheann píosa den oíche, thosadar ag caint:

¹⁹⁰ Ls.: 6

¹⁹¹ Focal an-doiléir.

¹⁹² Ls.: *an sg. b.* [Is léir ón gcomhthéacs agus ó na samplaí eile thíos gur ‘scoláire’ atá sa chéad fhocal anseo. Níl an focal ‘bocht’ litrithe amach i gceann ar bith de na samplaí sa scéal seo ach táthar ag glacadh leis gurb éard atá ann toisc an giorrúchán ‘an f b’ = ‘an fear bocht’ a bheith in úsáid in áit eile sa bhailiúchán, féach alt 3.8.4. Déantar ‘bocht’ den nod *b* sna samplaí ar fad sa scéal seo.]

¹⁹³ Ls.: *D’imiodair*

¹⁹⁴ Ls.: *faoi bheamhas*

¹⁹⁵ Ls.: 7 [i. comhartha don fhocal ‘agus’ atá sa ls.]

“Inis scéal, a Robha.”¹⁹⁶

“Ní inseoidh Méabh é go n-inseoidh Sabha é, ní inseoidh Sabha é go n-inseoidh Robha é, ní inseoidh¹⁹⁷ Robha é go n-inseoidh Rí na gCat é.”¹⁹⁸

Agus d’inis Rí na gCat é.

“Tá iníon rí ar an mbaile seo,” a deir Rí na¹⁹⁹ gCat, “agus tá sí i ngar a²⁰⁰ bheith básaithe, agus is é an fáth a bhfuil, bhí sí ag níochán soithí an lá deireanach agus chuir mise mo cheann síos i gceann díobh agus d’fhága mé trí ribe thíos ann, agus d’ól sí bainne as an gcupán sin agus shloig sí iad agus tá sí go dona ó shin, agus beidh. Ach tá tobar anseo amuigh insa mbuaile agus tá leigheas ann agus aonduine a bhlaifeas de aon deoir [d]á bhfuil ann, beidh sé go maith. Ach sin rud nach mbeidh a fhios ag duine ar bith eile.”

Nuair a bhí sé ina lá, d’imigh na cait amach, agus as sin go ceann tamaill mhaith, chuaigh an scoláire bocht amach ón mbaile.²⁰¹ Bhí sé ag-, iarracht,²⁰² anonn ’s anall insa mbuaile ag cuardú an tobair. Faoi cheann tamaill, fuair sé poll agus chuir sé a láimh síos ann agus bhí sin ann, an t-uisce. D’óil sé braon beag de agus bhí amharc aríst aige chomh maith agus ’ bhí ariamh. D’imigh leis ar a luas agus chuaigh sé agus fuair sé buidéal, agus líon sé é agus thug sé leis ina phóca é, agus chuaigh sé ag iníon an rí a bhí tinn, go deifreach.

“Leigheasfaidh mise d’iníon,” a deir sé leis an rí.

“Tá sí sin cinnte ar na dochtúirí,” a deir an rí.

“Leigheasfaidh mise anois í ar an nóiméad,” a deir sosan.

“Well, má leigheasann tú í sin,” a deir an rí, “g[h]eobhaidh²⁰³ tú í le pósadh.”²⁰⁴

Chuaigh sé siar go dtí í agus thug sé di braon as an mbuidéal agus chuir sí amach trí ribe an chait agus bhí chomh maith agus ’ bhí sí ariamh.

“Tá d’iníon go maith anois,” a deir sé.

Chuaigh an rí siar agus bhí. D’fhan sé insa teach agus phós sé an iníon.

¹⁹⁶ Ls.: a *Bhogha* [Féach go bhfuil *Robha* ar an gcarachtar seo in áiteanna eile sa scéal.]

¹⁹⁷ Focal doiléir go maith é seo.

¹⁹⁸ Baineann roinnt doiléireachta le hainmneacha na gcat san abairt seo agus sna samplaí eile níos faide ar aghaidh sa scéal.

¹⁹⁹ Ls.: *í*

²⁰⁰ Ls.: *i*

²⁰¹ Léamh eile, b’fhéidir: *amach ón mbairille* (> *mbai[r]le*).

²⁰² Ls.: a *iareacht*

²⁰³ Ls.: *geabha*

²⁰⁴ Ls.: *lé pósa* [Léamh eile: *lé* a chiallaíonn ‘le haghaidh’.]

Bhí sé ag imeacht lá ansin, é fhéin agus a bhean, agus iad insa gcarr. Bhí culaith b[h]reá éadaigh ag chaonduine acu. Is gearr a bhí siúlta acu nuair a casadh dóibh an ceannaí. D'aithin an scoláire bocht an ceannaí ach níor aithin an ceannaí é.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a cheannaí mhála,” a deir an scoláire bocht.

“Dia is Muire dhuit,” a deir an ceannaí, “ní aithním thú.”

“Is ceart go mbeadh aithne mhaith agat orm,” a deir an scoláire bocht, “agus an pionós a thug tú dhom.”

“Ní feasach mé an ndearna mé aon bhlas ariamh ort.”

“An gcuimhníonn tú ar bhain tú an dá shúil as aonduine? An gcuimhníonn tú a dtug tú aon leabhra ó dhuine ar bith?”

“Cuimhním anois,” a deir an ceannaí, “agus an tusa é sin?”

“Is mé, muise,” a deir an scoláire bocht.

“Agus cén chaoi a bhfuair tú an dá shúil nó cén nós a bhfuair tú an t-airgead?”

“Dhá mbainfeása an dá shúil asat fhéin anois, bheifeá chomh maith céanna liom.”

“Muise, b’fhearr dhuit iad a bhaint asam mar sin.”

Bhain an scoláire bocht an dá shúil as agus dúirt sé leis a dhul ag a leithide seo de theampall insan oíche. Chuaigh sé ann agus chuaigh sé faoin mbairille.

Faoi cheann tamaill den oíche, tháinig na cait isteach.

“Inis scéal, a Mhéabha,” a deir ceann acu.

“Ní inseoidh Méabh é go n-inseoidh Sabha é, ní hinseoidh²⁰⁵ Sabha é go n-inseoidh Robha é, ní inseoidh Robha é go n-inseoidh Rí na gCat é.”

Thosaigh Rí na gCat á inseacht.

“Bhí duine éicineacht anseo aréir a thug an scéal amach, iníon an rí leigheasta nárbh fhéidir a leigheas marach an t-uisce a bhí insa mbuaile. Cuardaímid²⁰⁶ an teampall anois agus b’fhéidir go mbeadh sé ag éisteacht linn aríst.”

Chuardadar chuile áit sa teampall agus níor bhfuairadar é.

“B’fhéidir go mbeadh sé faoin mbairille seo.”

Thóigeadar an bairille agus fuairadar an ceannaí faoi. Rugadar air agus stróiceadar ó chéile agus mharadar é. Bhí an scoláire bocht go maith agus an ceannaí go dona. Sin é an fáth gur fearr an fhírinne go deo ná an bhréag.

²⁰⁵ Ls.: *ní h-inse* [*innseo; inseó & inseo* an litriú atá ar na samplaí eile den fhocal san abairt seo. Glacaim leis, mar sin, gur sciorradh pinn de chuid RF an sampla seo, .i. an ‘ó’ ar lár aige, ‘ní h-inse[ó].’]

²⁰⁶ Ls.: *Cuardaímid*

6. Scéal an [...] ²⁰⁷ Bhán

Bhí fear fadó ann agus is í an t-eallach a bhí aige, capaill.²⁰⁸ In éadan chaon tseachtú bliain, théadh sé ag breathnú orthu. D’imigh leis lá ansin ag breathnú orthu. Bhí ceann acu ’na seasamh²⁰⁹ le ais crann agus í ar creathadh leis an bhfuacht.

“Céard atá ortsa?” a deir sé.

“Tá an bás orm,” a deir sí.

“An bhfuil rud ar bith ann a leigheasfadh thú?”

“Tá,” a deir sí, “dá bhfaighinn seacht lucht le n-ól, leigheasfadh sé mé.”

“Is deacair dhom é sin a dhéanamh,” a deir an fear, “ach faoi nó os a chionn, tíurfaidh mé lucht trí cinn duit.”

Thug, agus d’imigh sé abhaile, agus chuir sé trí cinn de chapaill a raibh bainne acu in éindí léi gur chaith sí an bhliain sin ag ól²¹⁰ bainne orthu.

An chéad tseachtú bliain eile a tháinig, tháinig sé ag breathnú aríst orthu. Bhí sí ina seasamh aríst chois an chrainn chéanna agus í ar creathadh leis an bhfuacht.

“Céard atá ort inniu?”

“Tá an bás orm.”²¹¹

“An bhfuil rud ar bith ann a leighe[as]fadh²¹² thú?”

“Trí lucht a fuair mé,” a deir sí, “agus dá bhfaighinn cheithre lucht eile, ghabhfainn treasna thrí ifreann gan dó, gan bruith.”

“Cén chaoi a ngabhfaidh mise ag cailleadh seacht gcinn de shearraigh i ngioll leatsa?”

“Gheobhaidh tusa amach fós cén gníomh a dhéanfas mise duit.”

D’iontaigh sé thairis agus chuir sé a cheann faoi. Faoi cheann tamaill, d’iontaigh sé ar an gcapall.

“An mbeifeá sásta le trí lucht eile?” a deir sé.

“Ní fiú dhuit é a bhriseadh,” a deir sise.

“*Well*, is é a bhféadfadh mé a thabhairt duit,” a deir sosan.

²⁰⁷ Tá an focal seo i gceist arís i líne dheireadh an scéil agus baineann doiléireacht leis an sampla sin chomh maith. Is cosúil gur *Ch* atá ag a thús ach ní dóigh liom gurb é an focal ‘chapa(i)ll’ atá ann cé go mbeadh ciall leis an bhfocal sin ó thaobh chomhthéacs an scéil.

²⁰⁸ Ls.: *capall*

²⁰⁹ Ls.: *cean acab na seasa*

²¹⁰ Ls.: *an bhliain s~~ ag ol*

²¹¹ Ls.: *Tá an bás ir~*

²¹² Ls.: *a leighefadh*

Chuaigh sé abhaile agus thug sé lucht trí cinn eile di, agus faoi cheann seacht mbliana ón lá sin, tháinig sé aríst ag breathnú uirthi, agus bhí sí chois an chrainn aríst agus é ar creathadh leis an bhfuacht.

“Cén mí-ádh atá [ar] chor ar bith ort?” a deir sé.

“An bhféadfaidh tú a thabhairt dom níos mó?” a deir sise.

“Ní thiúrfad,” a deir sé. “Caithfidh mé an capall is fearr a fháil inniu dá bhfuil agam, go ngabhfaidh mé ag siúlóid.”

“Má théann,” a deir sise, “is mise an capall is fearr agat.”

“Muise,” a deir sosan, “le breathnú ort, is tú an capall is dona agam. Ach ó dúirt tú an focal, tiúrfaidh mé liom thú.”

Chuir sé uirthi an tsrian agus chuaigh sé ar marcaíocht agus d’imigh leo. Is gearr a bhí siúlta acu nuair a choinic sé trí bhraon fola ar an mbóthar agus iad thrí lasadh.

“Gabhfaidh mé síos go dtóigfidh mé iad sin,” a deir sé.

“Déan mo chomhairle,” a deir an capall, “ná téirigh.”

Chuaigh sé anuas agus thóig sé iad agus chuir sé ina phóca iad. Chaith sé an lá sin²¹³ ag imeacht, ag spaisteoireacht. Nuair a tháinig an oíche, bhí sé ag dul thar teach mór a bhí ann. Chuaigh sé anuas den chapall agus chuaigh sé isteach sa teach; d’iarr sé lóistín na hoíche.

“Gheobhair,” a deir an rí a bhí insa teach, “agus fáilte.”

“Tá mé ag iarraidh lóistín,” a deir sé, “do mo chapall.”

“Gheobhaidh sé stábla agus féar tirim.”

Shuigh sé síos ag fiannaíocht cainte. Nuair a tháinig am codlata, taispeánadh dó a sheomra. Chuaigh sé siar ann; d’ordaigh sé gan aon tsolas a lasadh.

“Níl sé ceadmhach agam,” a deir an cailín, “gan solas a lasadh.”

“Tá solas agamsa mé fhéin,” a deir sosan.

Thug sé amach na trí bhraon fola agus leag sé ar an mbord iad. Shílfeá go raibh an teach thrí lasadh le [...] ²¹⁴ solais a bhí astu. Tháinig an cailín aniar agus is é an chaoi a dtáinig faitíos uirthi. Nuair a bhí an rí ag fáilt faoi réir ag dul a chodladh, feicthear ²¹⁵ dó go raibh níos mó solais ar fuid an tí ná a bhí ariamh cheana. Bhreathnaigh sé faoi agus t[h]airis agus bhreathnaigh sé thrí pholl an ghlais a bhí aigesan agus choinic sé an seomra thrí lasadh uileag. D’imigh sé agus thug sé leis deis c[h]osaint agus tháinig sé ar ais agus bhuail sé an doras. Dúirt sé:

²¹³ Ls.: *sín*

²¹⁴ Ls.: *le lu??nas*

²¹⁵ Ls.: *feiciar*

“Lig siar mé.”

“Níl aon ghnó²¹⁶ aníos agat,” a deir sé.

“Lig siar mé nó beidh tú i[n] aiféal.”²¹⁷

D’éirigh sé agus rug sé ar na trí bhraon fola agus chuir sé ina phóca iad.

“Tabhair dhom i leith iad sin,” a deir an rí.

Thug sé dó iad.

“Cuirimse anois,” a deir an rí, “faoi gheas[a] thusa, gan oíche a chodladh ar aon leaba, béile a ithe ar aon mhias, go dtiúrfaidh tú agamsa iníon rí atá insa domhan thoir.”

Is amhlaidh a bhí an rí ag iarraidh é a chuir dá chois. D’imigh an fear bocht amach agus tharraing sé osna t[h]rom t[h]uirseach. Chuaigh sé go dtí an capall insa stábla.

“Anois, tá tú faoi gheasa,” a deir an capall, “agus dá ndéanfá mo chomhairle-sa ar chuile chaoi, bheifeá fhéin ceart.”

“Chúns ’mhairfeas mé, déanfaidh mé aríst é ach tá sé deireanach anois.”

“An bhfuil a fhios agatsa anois,”²¹⁸ a deir an capall, “cén t-anró ná cén trioblóid atá a dhul don domhan soir?”

“Muisse, go deimhin, níl a fhios,” a deir sé.

“*Well*, [d]á dtugthása dhomsa an seachtú lacht, bhí mé in ann chuile rud a dhéanamh, ach is é an méid sin fhéin a fuair mé atá in ann mé a thabhairt anseo inniu. Buail ar mo dhroim anois agus nuair a bheas mise i ngar don áit, inseoidh mé dhuit céard ’tá romhat.”

Chuaigh agus d’imigh sí ar nós na gaoth.²¹⁹ Nuair a bhí sí i ngar don áit:

“Coinnigh do ghreim anois, tá trí léim anois le caitheamh agam, seacht míle de shnáthaidí cruach an léim acu, seacht míle de luaith²²⁰ leata, seacht míle fion²²¹ bruite ag dul thrí thalamh.”

D’fháisc mo dhuine bocht a ghreim chomh maith agus ’b fhéidir leis, ní raibh a f[h]ios aige²²² an raibh sé ar an saol ariamh nuair a bhí na trí léim caite.

“Tá an méid seo déanta,” a deir sí, “go han-mhaith.”

²¹⁶ Ls.: *ghna* [Féidearthacht eile: *ghna* → ‘ghnaithe’, féach fonóta 253 thíos.]

²¹⁷ Ls.: *i athmháil*

²¹⁸ Ls.: *aíns*

²¹⁹ Ls.: *i n-ionsa na gaoith*

²²⁰ Ls.: *luaidhth*

²²¹ Ls.: *fían*

²²² Ls.: *ni ro bhfios aige*

Chónadar ansin i bpáirc bhreá²²³ a bhí i ngar do theach rí an domhain thoir.

“Anois,” a deir an capall, “gabhfaidh tú anois ar bharr an chrainn sin ansin, agus gabhfaidh tú as an gcrann isteach ar mhullach an tí, agus tá seomra faoin doras atá ansin a bhfuil iníon an rí ina codladh ann. Dúisigh í agus labhair léi agus iarr uirthi imeacht leat. Fiarfóidh sí cén chaoi a dtáinig tú anseo, mar ní raibh aon ní in ann a dhul thar na trí léim sin a chaith mise, agus beidh iontas mór aici ann. Abair thusa léi nár bhfuair tú trioblóid ar bith. Gheobhaidh sí faoi réir í fhéin agus déarfaidh sí gur gaiscíoch draíocht thú agus an gníomh a dhéanamh. Gabhfaidh an bheirt agaibh amach ar bharr an tí agus gabhfaidh sibh ar an gcrann, agus tiocfadh sibh anuas na staighrí atá ann go dtiocfadh sibh anseo. Gabhfaidh sibh ar marcaíocht ormsa agus déanfadh mise an cleas céanna ag dul ar ais.”

Rinne sí fhéin agus é fhéin mar sin agus chuadar abhaile ag an rí mór seo a chuir faoi gheasa é.

“Cuirimse faoi gheas[a] thusa,” a deir an bhean seo leis an rí, “gan fios a bheith agat ar b[h]ean nó fear as seo²²⁴ go ceann sheacht mbliana.”

Bhuail olc ansin an rí seo agus cuireann sé aríst faoi gheasa an fear bocht, go gcuireann sé ag iarraidh each bán é a bhí ar thóin an abhainn ’ bhí insa domhan thoir. Chuaigh an fear bocht aríst ag an gcapall bán.

“Cuirfidh sé ’un báis thú,” a deir an capall, “ach ní chuirfeadh dhá dtugthá an seachtú lucht domsa, ach mar sin fhéin, *tryáilfidh* muid ar a dhul ann. Buail ar mo dhroim anois.”

D’imigh leo agus níor stop go dtáinig siad ar bhruach na haibhne a bhí insa domhan thoir.

“Gabhfaidh mise amach anois,” a deir an capall, “agus gabhfaidh mé go tóin poill agus breathnóidh tusa ar bharr an uisce agus má fheiceann tú cú²²⁵ bán ag éirí, beidh an bhuachtáil agamsa agus má fheiceann tú cú fola ag éirí, beidh mé ag fáil an iomarca.”

Sheas mo dhuine bocht suas agus bhí a shúile leata²²⁶ ag breathnú. Is gearr go bhfuair sé cú roinnt dearg ag éirí.

“Dia linn,” a deir sé, “tá tú ag fáil an iomarca.”

Faoi cheann tamaill, bhreathnaigh sé aríst, choinic sé cú bán ag éirí.

“Buíochas le Dia,” a deir sé, “tá tú ag dul os cionn.”

²²³ Ls.: *i bpáirc bhrea*

²²⁴ Ls.: *fear ??ise*

²²⁵ Ls.: *cubhar* [Tá litriú an fhocail seo chomh míshoiléir céanna sna samplaí eile thíos.]

²²⁶ Ls.: *leatha*

As sin go ceann tamaill, d'éirigh an capall bán agus greim inge²²⁷ aici ar an each bán go dtug sí isteach ar an talamh tirim í. Bhíodar an-mhuintearach aríst le chéile agus d'imíodar abhaile ag an rí seo ar nós go dtáinig siad isteach sa teach.

“Is mór é do ghníomh,” a deir an rí mór²²⁸ seo.

“Cuirimse anois,” a deir sé, “faoi gheasa aríst tú, gan oíche a chodladh ar aon leaba, béile a ithe ar aon mhias go dtiúrfaidh²²⁹ tú agam trí bhuidéal d'uisce Thalún na Bua atá ó thuaidh d'ifreann.”

D'imigh mo dhuine bocht aríst agus chuaigh sé go dtí an capall.

“Céard atá ort anois?”

“Diabhal as go brách,” a deir sé, “a thiocfas muid.”

“[D]e réir mar 'rinneamar an chuid eile,” a deir an capall, “déanfaimid é sin.”

D'imigh leo agus chuadar ag siúl agus bhíodar ag dul thar p[h]áirc a raibh dún mór istigh²³⁰ inti.

“Gabh anuas anois díom,” a deir an capall, “agus caithfidh tú anois mise a mharú.”

“Go brách, ní dhéanfaidh mé é sin,” a deir an fear bocht.

“*Well*, caithfidh tú é a dhéanamh, nó mara ndéanfair, ní dhéanfaidh muid aon mhaith.”

“Agus cén chaoi a maróidh mise thusa agus a bhfuil déanta agat?”

“*Well*, inseoidh mise dhuit é,” a deir an capall. “Maróidh tú mé ar dtús agus osclóidh tú mé ansin, agus nuair a bheas mé osclaithe, gabhfaidh tú isteach ar chúla mo phutógaí, agus ní mórán achair go dtiocfaidh trí cinn de charógaí ag dul do mo phiocadh, agus cuirfidh tusa amach do láimh chomh deas agus [is] féidir leat — is carógaí óga iad, níl an oiread céille acu leis na seanchinne agus is furasta breith orthu ná ar na seanchinn — agus féachfaidh tú le breith in éindí orthu. Tosóidh siad ag sianaíl ansin agus ag béiceadh. Is garr 'na dhiaidh sin go dtiocfaidh na seanchinn ceart agus, go deimhin, tá uafás orthu nuair a fheicf[eas] siad na cinn óga i ngéibhinn. Fiarfóidh siad díot an bhfuil rud ar bith ann a d'fhéadfaidís a dhéanamh dhuit ach a chuid carógaí óga a thabhairt dóibh. Iarr thusa an uair sin trí buidéal d'uisce Thalamh na Bua atá ó thuaidh d'ifreann. Imeoidh siad leo dá iarraidh sin duitse agus is garr a bhe[as] siad amuigh nuair a thiocfa[s] siad agus déarfaidh siad:

‘Siúd é anois é.’

²²⁷ Ls.: *greim uinge*

²²⁸ Ls.: *nár*

²²⁹ Ls.: *go dtuira*

²³⁰ Ls.: *istigi*

Cuirfidh tusa braon in mo chluais deas agus má chorraíonn an cloigeann, is é atá ann agus mara gcorraíodh,²³¹ ní hé agus éirigh thusa suas go fiáin agus abair go gcasfaidh tú an ceann díobh²³² mara dtiúrfaidh siad agat an t-uisce ceart. Imoidh siad ansin agus chuirfidís uafás ort ag screadach, agus as sin go ceann tamaill mhaith, tiocfaidh siad aríst go dtí thú agus an t-uisce ceart acu agus iad dóite, a raibh de chlúmhach ar a gcorp, le teas, agus iad ag breathnú go han-dona.”

Tháinig siad ar ais ansin agus bhíodar suarach go leor agus dhóirt sé braon i gcluas an chapail de agus chorraigh sí. Scaoil sé uaidh na héanachaí agus sall²³³ leo go dtí na seancharógaí.

“Ná himigí anois,” a deir sé leis na carógaí, go faiteach.

Chuir sé isteach insa gcapall bán na putógaí agus d’fhuaigh²³⁴ sé an craiceann taobh amuigh agus chuimil sé braon den uisce seo gach áit uirthi agus bhí sí chomh maith agus ’ bhí sí ariamh.

“Tá do ghnó déanta go han-mhaith agat,” a deir an capall. “Gabh sall anois ag na seancharógaí agus cuimil braon de na créatúir.”

Agus rinne agus d’fhás an clúmhach suas orthu os a choinne. Go deimhin tréis a trioblóid, bhíodar an-bhuíoch de agus dúradar leis ag imeacht dóibh:

“Go n-éirí an aimsir leat!”

Tháinig sé fhéin agus an gearrán bán ag an rí mór seo. Thug sé na trí buidéal don bhean seo a thug sé as an domhan thoir. Chuimil sí braon di fhéin, chuimil sí braon den fhear bocht seo agus braon den chapall bán agus braon den each bán a tugadh as an domhan thoir. Chuaigh an t-iomlán ag an rí mór ina láthair agus thosaigh chaonduine acu ag inseacht scéil.

“Tá mise in ann gníomh mór a dhéanamh,” a deir iníon an rí a bhí insa domhan thoir.

“Cén gníomh is mó²³⁵ atá tú in ann a dhéanamh?” a deir an rí.

“Tá mé in ann mo chuid éadaigh a bhaint díom, a dhul síos i mbairille tarra agus é thrí lasadh, agus a dhul aníos aríst as gan aon bhlas díom a bheith dóite.”

“Tá mise in ann an rud céanna a dhéanamh,” a deir an fear bocht.

“Tá agus muid[e], in ann é a dhéanamh,” a deir na capail.

“Shílfeá go mbeinnse in ann é a dhéanamh,” a deir an rí mór, “ach déanaigí-se ar dtús é.”

²³¹ Baineann doiléireacht le deireadh an fhocail seo: Ls.: *mara gcorruí od [nó] mara gcorruí och*

²³² Ls.: *díot*

²³³ Ls.: *sa??a*

²³⁴ Ls.: *d’fhua sé*

²³⁵ Ls.: *mó*

Rinne an bhean ar dtús ansin é. Chuaigh sí isteach insa *mblaze* agus síos insa mbairille agus tháinig sí aníos as gan aon trioblóid. Rinne an fear bocht, ina diaidh,²³⁶ an cleas céanna agus rinne an capall bán an cleas céanna agus rinne an each bán²³⁷ an cleas céanna. Is é án fáth ná rabhadar²³⁸ dóite, an t-uisce seo a bhí cuimlithe díobh. Ní raibh aon deoir cuimlithe²³⁹ desan, agus nuair ná raibh, nuair a chuaigh sé fhéin síos ann, aníos níor tháinig.

“Agus tuilleadh mhór diabhal aige,” a deir an capall bán.

Sin é anois ‘Scéal an [...] Bhán’.

²³⁶ Ls.: *Rinne an f. b. dina dia* [Féidearthacht eile: ‘ag déanamh [ina] diaidh’.]

²³⁷ Ls.: *d~* [Is cosúil gurb é an focal ‘donn’ atá anseo sa ls. Dath bán, áfach, atá ar an each i ngach áit eile sa scéal.]

²³⁸ Focal doiléir é seo sa ls. ach is dóigh liom gur *ra-* atá sa chéad dá litir.

²³⁹ Ls.: *cúimlí*

7. Scéal Chamán na Lua[tha] – duine an-leisciúil

Bhí Camán, bhí sé chúig bliana déag agus fiche, ón²⁴⁰ lá a rugadh²⁴¹ é go raibh sé an aois sin, ní fhaca sé an t-aer ariamh taobh amuigh, sínte siar ag an tine. Nuair a bhíodh sé tuirseach ar thaobh, iontú ar an taobh eile, agus is ann a chodlaíodh sé.

“Éirigh suas as sin,” a deir an mháthair lá leis, “agus gabh amach faoin aer fhéin go bhfeicfidh tú é.”

“Dhéanfainn sin fhéin,” a deir sé, “dhá mbeadh dinnéar maith agam inniu.”

“Cén sórt dinnéar,” a deir an mháthair, “ab fhearr leat inniu?”

“[D]á mbeadh trí chéad min choirce agam,” a deir sé, “agus chúig g[h]alún²⁴² bainne géar, tá mé ag ceapadh go ndéanfadh sé dinnéar dhom.”

D’imigh leis an máthair agus thug sí léi asal agus chuaigh sí ag an siopa. Thug sí léi céad agus d’imigh sí aríst ag iarraidh céad eile, agus d’imigh sí aríst ag iarraidh an tríú céad. D’imigh sí ag fear an bhainne agus thug sí uaidh chúig g[h]alún bainne géar. Chuir sí síos tine ansin agus thosaigh sí ag fáil faoi réir.

“Sínfidh mise siar anois,” a deir sé, “go mbeidh mo dhinnéar bruite.”

“Féadfaidh tú,” a deir sí.

Thosaigh sí ag bruith ansin gur líon sí chúig d[h]abhach *stirabout*.²⁴³ Nuair a bhí sí líonta bruite, dhúisigh sí é. Chuir sé scairt gháirí as nuair a choinic sé a raibh bruite lena aghaidh agus níor mhilleán air.²⁴⁴

“Cé leis a n-íosfaidh²⁴⁵ mé anois é?” a deir sé.

“Ith suas é le do lámha,” a deir an mháthair.

“Ná déan,” a deir sé.

“Tá sluasaid amuigh insa ngarraí,” a deir an mháthair, “a bhíodh agam ag cuir caoi ar na fataí, agus tiúrfaidh mé agat é.”

“Déanfaidh sin,” a deir sé.

²⁴⁰ Ls.: *an*

²⁴¹ Ls.: *ruguí*

²⁴² Ls.: *gálún*

²⁴³ Tá an focal seo doiléir go maith sa ls. ach seo mar a léimse é: *stiabrt*. Ó thaobh comhthéacs de (.i. min choirce), baineann sé le dealramh gurb é an focal ‘stirabout’ atá ann.

²⁴⁴ Ls.: *níar mhilleán air* [Léamh eile: ‘Ní raibh a mhilleán air’.]

²⁴⁵ Ls.: *ar íosa* [Táimse ag glacadh leis gur cheart an litir *n* a léamh ar an litir *r* sa chás seo.]

Thug sí isteach an tsluasaid agus thosaigh sé ag ithe, agus nuair a líonfadh sé le *stirabout*²⁴⁶ an tsluasaid, thomfadh sé síos insa dabhach bhainne í agus s[h]loigfeadh sé suas é. Bhí sé mar sin nó gur ith sé na chúig²⁴⁷ dhabhach agus gur ól sé an dabhach bainne géar.

“An bhfuil do dhóthain anois agat?” a deir an mháthair.

“Tá go díreach,” a deir sé.

“Gabh amach anois,” a deir sí, “go bhfeicfidh tú an t-aer.”

“Foighid anois, go fóilleach,” a deir sé.

Dhírigh sé suas é fhéin ansin agus chroch sé an ceann den teachín.

“Á, a chladhaire, ná leag an teachín orm,”²⁴⁸ a deir an mháthair.

“Ligfidh mé anuas aríst é,” a deir sé.

Chuir sé cruith air fhéin agus lig sé anuas an ceann aríst air.

“Sínfidh mé siar go fóilleach beag insan áit a raibh mé ariamh.”

Shín sé siar ag an tine, chuir sé a chois ar chaon taobh den tsimléir, bhain sé searradh as fhéin agus leag sé amach an simléir.

“Tá an mí-ádh déanta agat,” a deir an mháthair, “tá mo theachín leagthaí.”

D’éirigh sé ansin agus chuaigh sé amach ar an tsráid. Níl aon chor dhá ndéanfadh sé ná an-, luaith na chúig mbliana déag i[s] fiche,²⁴⁹ ag imeacht as a chraiceann agus as a chuid giolcasachaí. Bhí sé ag déanamh lá dorcha den lá geal leis an luaith. Shiúil sé siar ag dug a bhí ann, choinic sé soitheach mór insa dug ag dul faoi sheol. Bhí an caiptín amuigh ar an mballa agus na fir ag fáilt faoi réir. Shiúil sé isteach insa soitheach agus an-iontas aige as chuile rud dhá raibh inti. Chuaigh sé amach ’un tosaigh agus thosaigh sé ag breathnú ar an ancaire mór. Rug sé ar ladhar de agus déanann sé dhá leith den ladhar. Bhí súil ag an gcaiptín air go maith agus shiúil sé isteach insa soitheach agus chuaigh sé go dtí é.

“A dhuine chóir, ná bris níos mó dhe sin. Sin é a bhíonnas ag coiméad mo shoitheach slán go minic. An dtiocfá liom ag seoltóireacht píosa de bhliain agus tíurfaidh mé duit do pháighe go hanchneasta?”

“Tiocfad, agus fáilte, ach níl a fhios agam le aon bhlás a dhéanamh in do shoitheach.”

“Bí ag déanamh chuile rud ’ fheicfeas tú na fir sin a dhéanamh.”

²⁴⁶ Ls.: *stiact*

²⁴⁷ Ls.: *chúigh*

²⁴⁸ Ls.: *am*

²⁴⁹ Ls.: *ná a luath na chuig mbliana deug a fi*

Chuadar ag ardú seol ar an soitheach. Chuaigh sosan agus rug sé ar an rópa céanna. Thug sé *pull* dó is rinne sé dhá leith de.

“Ní fhágfaidh sé seo,” a deir an máta, “aon rópa ar a corp²⁵⁰ gan briseadh mara gcuirfidh tú ina shuí síos é go ceann tamaill.”

“Níl neart aige air,” a deir an caiptín, “níl an t-eolas aige. Ach dá bhfaigheadh sé greim ar thalamh in aon áit, is breá a chuirfeadh sé amach sa bhfarraige í,” a deir an caiptín.

D’imigh léi amach as an dug agus thug sí a haghaidh ar an bhfarraige mhór. Réitigh an caiptín leis ansin go ceann lá is bliain in éindí leis. Bhíodar ag seoladh an t-achar sin agus ní rabhadar ag ceann cúrsa. Nuair a bhí an lá is bliain thuas, bhí a fhios ag an bhfear mór é.

“Íocfaidh tú mise inniu, a chaiptín,” a deir sé.

“Ó, níl d’aimsir thuas fós,” a deir an caiptín.

“Tá fios agamsa go bhfuil,” a deir [an fear mór],²⁵¹ “mar tá na laethannaí curtha síos agam.”

“Cén chaoi a[r] chuir tú síos iad?” a deir an caiptín.

“An ionga a bhí ar mo mhéar, bhí mé ag tarraingt stróca²⁵² insa deic,” a deir sé.

Chuaigh an caiptín sall agus bhí sé ag breathnú orthu agus thosaigh sé ag gáirí. Bhreathnaigh sé ar an ionga a bhí dhá dhéanamh agus bhí sé chomh láidir le lata a bheadh ar chíléar.

“D’íocfainn thú anois,” a deir an caiptín, “agus fáilte, ach cén ghnaithe²⁵³ atá agat de go ngabhfaidh tú i dtír?”

“Is cuma dhuit faoi nó os a chionn,” a deir an fear mór, “ach íoc mé.”

D’íoc an caiptín ansin é go han-chneasta.

“Gabhfaidh mise abhaile anois,” a deir an fear mór.

“Agus cén chaoi a ngabhfaidh tú abhaile as seo nach mbáfar thú?”

“Cén chaoi a mbáfaí mise?” a deir sé, ma[r] ní raibh an fios aige.

“Chomh luath agus ’ ghabhfaidh tú amach aisti seo, gabhfaidh tú síos go tóin poill.”

“Sílimse,” a deir an fear mór, “an rud atá ag coinneáil an soitheach suas go gcoinneodh sé mise suas.”

“Ní hionann an dá rud sin,” a deir an caiptín.

Ní raibh aon tsástaíocht air go dtiúrfaí cead a chinn dhó.

²⁵⁰ Ls.: *ar a corp*

²⁵¹ Peannaireacht dholéite atá sa ls.; mise is cúis le ‘an fear mór’ a dhéanamh de.

²⁵² Ls.: *str??a*

²⁵³ Ls.: *cé an ?headh* [Féidearthacht eile: ‘cén mhaith’.]

“Well,” a deir an caiptín, “cuirfidh mé bád beag leat, agus cuirfidh mé bia leat agus coverálfaidh²⁵⁴ mé suas í go han-mhaith nach ligfidh an fharraige isteach go dtí thú, má níonn tú mo chomhairle.”

“Déan ann,”²⁵⁵ a deir sé, “déanfaidh mé do chomhairle.”

Rinne sé mar sin leis agus chaith sé amach insa bhfarraige mhór é. Thóig an droch[....] le fág í agus l[e] gairfean,²⁵⁶ agus is tuisce a bhí sé i dtír ná a bhí an soitheach insan áit chéanna a raibh an soitheach ag dul.

Chuaigh sé amach as an mbád beag agus chuaigh sé suas faoin mbaile mór. Ní raibh fear ar bith ba bhreátha ná é ná ba láidre ná é ach ní raibh sé nite ná sciúrtha ariamh. Ní mórán achair go raibh bean uasal ag dul an tsráid agus choinic sí é. Chuir sí caint air — cé as é nó céard a thug anseo é.

“As Éirinn mé,” a deir sé.

D’inis sé di chuile chaoi dhá raibh leis.

“An bpósfá mise anois?” a deir an bhean uasal.

“Is cuma liom,” a deir sé.

“Téanam isteach insa siopa seo,” ar sí, “go gcuirfidh mé culaith bhreá éadaigh ort.”

Chuaigh agus chuir. Tháinig an bearbóir agus bearradh é, agus nuair a bhí sé nite glanta suas, ní raibh aon fhear chomh breá leis. Chuadar ansin abhaile.

“Níl a fhios agamsa anois,” a deir an bhean, “cé thusa, ach inseoidh mise duitse cé mise. Is mise iníon rí Laighean atá goidtí le blianta fada ag trí fhathach atá anseo thuas, agus meas tú an bhféadfá cuma ar bith a chuir orthu go marfá iad?”

“An bhfuil siad mór?” a deir sé.

“Go deimhin, tá,” a deir sí.

D’imigh leo agus chuadar ag an teach agus chuir sí i bhfolach é go bhfeicfeadh sí cé a bhí istigh. Chuaigh sí isteach agus ní raibh istigh ach duine acu.

“Cén fáth,” a deir sí, “nach bhfuil tú in éindí leis an mbeirt eile?”

“Caithfidh mise a fhanacht,” a deir sé, “ag cuir caoi ar an dinnéar.”²⁵⁷

“Is deas an cócaire a casadh liomsa inniu,” a deir sí, “agus faraoir nár thug mé liom é.”

“Téirigh agus glaoigh²⁵⁸ air go beo,” a deir an fathach.

²⁵⁴ Ls.: *cobhrála*

²⁵⁵ Ls.: *Din ann*

²⁵⁶ Ls.: *Tho?g an drochsteachrán le fa gí & l goirifear*

²⁵⁷ Ls.: *ar an dinéir*

²⁵⁸ Ls.: *glaodr air*

Chuaigh sí ag glaoch air agus d’inis sí an scéal dó agus tháinig sé ar ais.

“Bí anois ag cuir caoi ar an dinnéar seo,” a deir an fathach, “agus gabhfaidh mise mé fhéin ag faeiléireacht.”²⁵⁹

D’imigh an fathach agus d’fhan sosan istigh. Bhí sé ag comhrá leis an mbean uasal seo agus bhí an t-am ag dul thairis rómhór agus é i ngar d’am dinnéir.²⁶⁰

“Imeoidh mise go fóilleach anois,” a deir sé, “agus tá mála [a]ráin thíos faoin mbád beag ón lá a dtáinig mé i dtír, agus tiúrfaidh mé aníos acu é nuair a thiocfa[s] siad.”

“Tá faitíos orm,” a deir an bhean, “nach ndéanfaidh sin gnó dhuit.”

D’imigh sé amach agus tháinig na fathaigh isteach faoi cheann tamaill.

“Cá bhfuil an cócaire a d’fhan anseo nó an bhfuil an dinnéar réidh aige?”

“Níl a fhios agam cén bealach atá leis fhéin ná lena dhinnéar, níor chuir mé ceist ar bith air.”

“Nuair a bhéarfais muid air sin, maróidh muid é,” a deir an fathach.

Is gearr go dtáinig mo dhuine agus an mála builíní air agus a éadan fuilteúch go maith agus a lámha, ag déanamh amach gur ag troid a bhí sé agus ag coinneál daoine ar siúl a bhí ag tíocht ag robáil an tís.²⁶¹ Chaith sé an mála isteach ar fuid an urláir.

“Nach deas an chaoi agus an chuma orm é,” a deir sé, “mé buailte maraithe ag daoine a bhí ag iarraidh a thíocht anseo inniu ag robáil an teach seo, agus bhain mé díobh an méid seo agus chuir mé díbirt orthu, ach go sílim go bhfuil siad in áit éicineacht insa gcoill fós.”

“Is maith an fear thú,” a deir an fathach.

“Meas tú an mbeadh caoi ar bith ann go bhféadfadh muid breith orthu?” a deir an fathach.

“Tá a fhios agamsa cén chaoi a bhféadfadh tú breith orthu,” a deir sosan.

“Tabhair an gunna is fearr atá sa teach anois,” a deir an fear seo, “agus tugaí fhéin libh gunna eile an²⁶² duine agaibh. Gabhfaidh muid tamall maith ó chéile insa gcoill agus an chéad duine a fheicfeas aonduine acu, caithfidh sé urchar leis, agus beidh chuile dhuine agaibh den triúr ag tíocht ar an torann agus ná teagaigí in éindí.”

Rinneadar mar ’ deir sé agus d’imigh leo. Nuair a fuair sosan áit dheas aerach, shuigh sé síos agus chaith sé urchar in aer. Is gearr go raibh trup trap ag an bhfathach mór ag tíocht ar an torann agus is gearr gur chaith sé leis an bhfathach agus mharaigh sé é. Nuair a chuala²⁶³ an fathach eile na

²⁵⁹ Ls.: *faeilíreacht*

²⁶⁰ Ls.: *g’an dinnéir*

²⁶¹ Ls.: *an tís*

²⁶² Ls.: *g?n*

²⁶³ Ls.: *ch~*

hurchair, thosaigh sé fhéin ag déanamh ar an torann. Nuair a chuala an tríú fathach, rinne sé an rud céanna agus bhí an triúr maraithe ansin lena chuid pleanannaí. Tháinig sé abhaile ansin agus an scéal gaisce aige don *lady*. D’inis sé di é agus níor chreid sí é. Nuair nár chreid, thug sé leis rópa agus scian. Chuir sé poill ina gcuid cluasa agus chuir sé an rópa amach iontu agus thug sé aici na trí chloigeann go bhfeicfeadh sí iad.

“Is fíor sin,” a deir sí. “Fan insa teach anois in éindí liomsa agus beidh a[r] ndóthain go deo againn tharla na fathaigh²⁶⁴ maraithe.”

D’fhain sé ansin ag maireachtáil ariamh.²⁶⁵ Sin é an críoch a bhí ar Chamán na Luath[a].²⁶⁶

²⁶⁴ Ls.: *na fath~h*

²⁶⁵ Ls.: *aria~*

²⁶⁶ Ls.: *Chamán na Luath*

8. Scéal Sheáin na Rópaí

Bhí Seán fadó, is é an sórt ceird a bhí aige, ag déanamh rópaí. Ní raibh aon chúram air ach é fhéin agus a bhean, agus mara raibh fhéin, ní raibh aon bhlas spárálta aige. Tháinig triúr fear lá isteach go dtí é.

“Bail ó Dhia ort,²⁶⁷ a Sheáin.”

“[Go] mba hamhlaidh dhuit,” a deir Seán.

“Tá²⁶⁸ tú ag déanamh go maith, a Sheáin.”

“Nílím, go deimhin muis, ná [ar] chor ar bith.”

“Tiúrfaidh muid anois,²⁶⁹ a Sheáin, trí chéad punt duit go ceann bliana, agus tiocfaidh muid á iarraidh ort nuair a bheas an bhliain thuas.”

“*Well*, is dona an saol é nó beidh sé agam le tabhairt daoibh,” a deir Seán, “nuair a bheas an bhliain thuas.”

Thug agus d’imíodar. Bhí Seán an-áthasach den tsaol, é fhéin agus a bhean.

“Níl a fhios agam cá gcuirfidh mé i dtaisce é,” a deir Seán.

“Leag isteach sa seanchomhra²⁷⁰ sin é,” a deir an bhean.

“Ní leagfad, ach an bhfuil a fhios agat cá gcuirfidh mé é?”

“Cén áit?”

“Ó, ná bac leis, cuirfidh mé i dtaisce é.”

Chuaigh Seán den tseomra, tharraing sé amach *jar* a bhí istigh faoin leaba, scaoil sé síos sa²⁷¹ *jar* an t-airgead agus chuir sé corc ann.

“Is iontach deas an áit é sin agatsa,” a deir sé.

As sin go ceann tamaill ’na dhiaidh sin, bhí Seán imithe amach agus tháinig fear ag an doras a bhí ag díol [...] ²⁷² agus is é an sórt soitheach a bhí faoin [...], *jarannaí*.

“Seo *jar* bran²⁷³ duit le haghaidh na gcearca.”

Thug sí isteach an *jar* uaidh.

²⁶⁷ Ls.: *Bail . Dhia ort*

²⁶⁸ Ls.: *Tán*

²⁶⁹ Ls.: *Tiura mi?d ai~*

²⁷⁰ Ls.: *sa seanch~ra*

²⁷¹ Focal doiléir atá anseo: mise is cúis le ‘sa’ a dhéanamh de.

²⁷² Focal doiléir go maith é seo. Is é an focal céanna arís é roimh an bhfocal ‘*jarannaí*’. Ls.: *b/liarán*

²⁷³ Ls.: *brán*

“Níl aon áit cheart agam le é seo a dhoirteadh.”

“An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas tú?” a deir sé. “Má tá leathcheann eile de *jar* agat, tabhair dom é agus déanfaidh sé na gnó[tha] céanna.”

“M’anam go bhfuil, muis,²⁷⁴ *jar* thiar faoin leaba²⁷⁵ agam.”

Thug sí amach an *jar* agus thug sí dó é agus d’imigh leis, agus ní raibh a fhios aige an raibh tada ann; chaith sé sa gcarr é.

As sin go tráthnóna, tháinig Seán isteach.

“Cuir síos dinnéar,” a deir sé.

“Ní fhéadaim,” a deir sí, “níl a luach agam lena cheannacht.”

“Níl mise mar sin,” a deir Seán, “tá neart airgid agam,” ag dul siar agus ag breathnú isteach faoin leaba.

“An bhfaca tú an *jar* a bhí anseo?” a deir sé.

Thug mé don fhear é atá ag díol an bhran,²⁷⁶ a deir sí.

“Ó, a Dhia agus dar Críosta,” a deir sé, “tá mé robáilte agus gurb in é an áit a raibh mo chuid airgid thíos ann.”

Thosaigh Seán ag déanamh na rópaí agus rinne sé dhá rópa go tráthnóna agus ní raibh maith ar bith isna rópaí mar ní orthu a bhí sé ag cuimhniú ach ag cuimhniú ar an airgead. Mar sin fhéin, b’éigint dó é a scaoileadh as a chloigeann agus tosaí go sásta ar an seancheird a bhí aige. Bhí an aimsir á caitheamh go raibh bliain thuas agus nuair a bhí, shiúil an triúr fear seo isteach aríst aige.

“Cé mar ’tá tú ag déanamh, a Sheáin?”

“Tá mé, go deimhin, ag déanamh go dona.”

“Shíl mé gur úirt tú dá bhfaighfeá an oiread seo airgid go ndéanfá gnó maith.”

“Dhéanfainn, agus is gearr a bhí sé agam.”

“Agus cá ndeachaigh sé uait?”

“Inseoidh mise sin duit,” a deir Seán. “Bhí an oiread áthas orm agus ná raibh a fhios agam cén áit ab fhearr dhom é a chuir, ach is é an áit ar chuir mé é, i *jar* mar a mbíodh bran ann, agus rabhnáil mé isteach faoin leaba é agus an corc ann, agus shíl mé nach gcorrófaí go deo é nó go dtiúrfainn fhéin as é. Cén mí-ádh a d’éireodh dó ach mo bhean dhá thabhairt d’fhear an bhran i leaba *jar* eile.”

Thosadar ag gáirí agus ní raibh a fhios ag Seán nach daoine saolta a bhí iontu, agus níorbh ea ach triúr de na daoine maithe.

²⁷⁴ Ls.: *muis*

²⁷⁵ Ls.: *faoin n leaba*

²⁷⁶ Ls.: *bhrean* [Seo an litriú atá ar an bhfocal seo tríd síos, ach amháin sa sampla i bhfonóta 273 thuas.]

“Anois, a Sheáin, dhá bhfaighfeá trí chéad punt eile, meas tú²⁷⁷ an mbeifeá in ann muid a íoc in éadan na bliana?”

“Tá a fhios agam go mbeinn mara n-éireodh mí-ádh ar bith eile dhom.”

Shíneadar aige aríst an méid seo airgid. Rinne Seán gáire mór millteach agus thosaigh sé ag cuimhniú air fhéin cén áit arb fhearr dhó é a chuir.

“Tá naprún maith láidir orm,” a deir sé, “agus pé ar bith obair a dhéanfas mé, ní bheidh sé caite go ceann bliana, agus b’fhearr dhom é a chuir ina choirnéal agus snaidhm a chuir air.”

Rinne Seán mar sin agus chuir sé cois os cionn a choise eile agus thosaigh sé ag feadaíl. Bhí an bhean ag éisteacht leis agus thug sí faoi deara go raibh port ag Seán ná raibh cheana ariamh aige. Tháinig sí go dtí Seán.

“Is breá é do phort, bail ó Dhia ort, agus shilfeá go bhfuil áthas éicineach ort.”

“Is cuma sin duit,” a deir Seán.

Agus níl aon *bhar*²⁷⁸ dár chas Seán nach mbreathnaíodh sé ar an snaidhm a bhí insan naprún. As sin go ceann tamaill, d’éirigh Seán suas.

“Cuir síos tine bhreá anois,” a deir sé, “go beo, agus bí ag fáilt dinnéar faoi réir.”

“Ní fhéadfaidh mé dinnéar chomh maith sin a fháil, a Sheáin. Níl an t-airgead agam.”

“Bí ag fáilt faoi réir agus gabhfaidh mise ag an siopa.”

“[Is] fear maith thú,” a deir sise.

D’éirigh leis agus an naprún faoina lár agus tháinig sé isteach insa siopa.

“Tiúrfaidh tú ceathrú feola dhom ar dtús. Dá réir sin, gach uile rud eile a bhaineann de²⁷⁹ dhinnéar.”

Leag fear an tsiopa aige chaon rud. Chrom Seán síos agus scaoil sé an tsnaidhm agus d’íoc sé amach na rudaí seo agus chuir sé an snaidhm aríst ar an gcuid eile den airgead. D’imigh leis amach ansin agus é an-áthasach agus a cheathrú²⁸⁰ feola ar a ghualainn. Is gearr go dtáinig préachán os a chionn agus dúirt sé:

“Bhág, bhág, bhág.”

Bhreathnaigh Seán os a chionn.

“He he,” a deir Seán, “diabhal blas de seo a íosfas tú choíchin,” a deir sé leis an bpréachán.

²⁷⁷ Ls.: *a meas tú*

²⁷⁸ Ls.: *bh^ear*

²⁷⁹ Ls.: *ago*

²⁸⁰ Ls.: *a cheráí*

Ní mórán achair go dtáinig an Dónall dubh os a chionn agus chuir sé gráig as. Bhreathnaigh Seán suas air.

“M’anam go bhféadfása é a thabhairt uileag uaim ach sílim gur maith an phlean dom mo naprún a scaradh air. Scaoil Seán óna lár é agus chuir sé os cionn an fheola é. Tháinig aríst an Dónall dubh agus thug sé iarraidh faoin naprún agus crochann sé leis insan aer é.

“Á, a chladhaire, tabhair dhom an naprún,” a deir Seán, “sin é an áit a bhfuil mo chuid airgid ann.”

D’imigh an Dónall dubh agus níor thug sé aon [...] ²⁸¹ air, ní raibh a fhios aige cé ndeachaigh sé. Tháinig Seán abhaile is an fheoil aige agus gach rud eile.

“Is maith an fear thú, a Sheáin.”

“Is daor an dinnéar é sin orm,” a deir Seán.

D’inis sé don bhean céard ’ d’éirigh dhó.

“Níl aon mhaith caint,” a deir an bhean, “ach ní sheasfadh a bhfuil d’airgead insa mbruíon ²⁸² liom péin agus leo fhéin.”

“Diabhal neart air,” a deir Seán.

Frítheadh an dinnéar faoi réir agus d’itheadar é agus nuair a bhí an méid sin caite, bhí Seán chomh bocht agus ’ bhí sé riamh. D’iontaigh Seán thairis agus labhair sé:

“Gairim ²⁸³ go deo mo sheancheird, is í nach féidir a ghoid ná a fhuadach.”

“M’anam gur fíor ²⁸⁴ é sin, a Sheáin,” a deir an bhean, “gurb í an cheird is fearr é.”

Ansin go tráthnóna, tháinig iascaire isteach ag Seán.

“Déanfaidh tú dhom rópa maith a choinneos an bád ar ancaire.”

Thosaigh Seán dá dhéanamh agus ní i bhfad a bhí sé go raibh sé réidh aige.

“Níl aon cheo agam le tabhairt duit,” a deir an t-iascaire, “ar a shon, ach an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas mé leat, tiúrfaidh mé an chéad bhreac duit amáireach a thiocfas insa mbád, dhá mbeadh sé chomh mór le tarbh.”

“Tá go maith,” a deir Seán.

D’imigh leis agus an rópa aige. Chuadar ag iascach an oíche sin, agus dúirt sé:

“Bíodh a fhios agaibh anois, pé ar bith cé agaibh a mharós an chéad bhreac, é a leagan i leataobh do Sheán na Rópaí.”

²⁸¹ Focal doiléir é seo. Ls.: ??*or*

²⁸² Ls.: *insan mbriaon* [^]*brúighean*

²⁸³ Ls.: *Goirín*

²⁸⁴ Ls.: *fír*

Is gearr gur bhuail breac duine acu agus thug sé isteach é agus céard a bhí ann ach trosc. Nuair a tháinig sé i dtír, thug sé suas ag Seán é.

“Is breá é,” a deir Seán, “go raibh maith agat.”

“Nigh agus glan é sin,” a deir Seán leis an mbean, “agus cuir síos é.”

Rinne agus nuair a bhí sí dhá oscailt, thug sí amach rud as a bhí thrí lasadh. Scanraigh sí nuair a choinic sí caite é ar an urlár.

“É, sin rud maith éicint,” a deir Seán. “Le maith a tháinig an breac sin go dtí muid.”

Chuaigh an scéal amach is chuile áit go raibh a leithide seo de rud ag Seán. Tháinig go leor ag breathnú air agus d’aithin siad²⁸⁵ é gur píosa *diamond* a bhí ann. Ní raibh aon iontas acu é a bheith i mbolg an bhric mar is iomú rud maith ar thóin na farraige móire, ach mar sin fhéin, tháinig duine uasal mór go dtí Seán á cheannacht.

“Tiúrfaidh mé trí mhíle punt duit air sin,” a deir an duine uasal.

Thit Seán i laige le áthas.

“M’anam go dtiúrfad,” a deir sé, nuair a fuair sé biseach.

“*Well*, thrí ná ariamh²⁸⁶ ní féidir muid a bhochtú anois,” a deir sé lena bhean.

“Mara ngoidfear uainn anois é,” a deir an bhean.

“Meas tú anois, cén áit ab fhearr dhom é a chur i dtaisce?” a deir Seán.

“An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas tú leis?” a deir an bhean. “Téirigh amach agus ceannaigh [roinnt] de na tithe sin²⁸⁷ amuigh agus, mise i mbannaí, nach dtiúrfaidh²⁸⁸ an Dónall dubh uait aon cheann díobh sin.”

“Dar²⁸⁹ brí an leabhair, is iontach an phlean í sin,” a deir Seán.

Chuaigh sé amach agus cheannaigh sé trí theach den chéad iarraidh agus cheannaigh sé gach rud eile nó go raibh na trí mhíle caite aige agus uaidh sin amach, d’iontaigh an roth air agus bhí sé ag dul ‘un saibhris.²⁹⁰ Nuair a choinic Seán an chaoi a raibh sé ansin, chaith sé uaidh a chuid rópaí uileag agus bhíodh sé ag breathnú ar na tithe breá seo a cheannaigh sé. Bhíodh sé ag casadh poirt ag gach fuinneog le áthas. Shiúil sé isteach lá ansin i gcoill a bhí ann agus bhí éanachaí go leor insa

²⁸⁵ Ls.: *d’aithin t siad*

²⁸⁶ Ls.: *Well thrinariamh* [Féach fonóta 294 chomh maith. An bhfuil ‘thrí ná a raibh ariamh’ le léamh anseo?]

²⁸⁷ Ls.: *ceanna go na tí sin*

²⁸⁸ Ls.: *nach mtiúra*

²⁸⁹ Ls.: *Der*

²⁹⁰ Ls.: *an saidhbhris*

gcoill ar na crainnte. Choinic sé an Dónall dubh ar chrann agus é ag grágaíl. Bhreathnaigh Seán air agus d'aithin sé go mbadh é a bhí ann.

“É, a ruifín[igh] thú,²⁹¹ is tú a thug mo chuid airgid uaim,” a deir Seán.

Thosaigh sé ag caitheamh leis agus d'imigh sé ar siúl den chrann. Bhí Seán ag breathnú go grinn anonn agus anall, agus céard a fheicfeadh sé ach píosa dhá naprún amach as an nead a bhí ag an Dónall dubh. Chuir Seán scairt gháirí as fhéin le áthas.

“Dar mo leabhar go bhféadfadh mo naprún a bheith ansin.”

Thosaigh Seán ag iarraidh a bheith ag dul suas insa[n] áit sin. Bhí sé ag dul ó ghéagán go géagán go ndeachaigh sé ag an naprún. Céard a bheadh ann ach é go dtug sé anuas é agus gur oscail sé amach an tsnaidhm agus go raibh a chuid airgid istigh ann. Tháinig sé abhaile agus é an-áthasach. Níl ann ach go raibh sé istigh nuair a tháinig fear an bhran ag an doras.

“A Sheáin, an dteastaíonn aon *jar* bran uait?”

“Teastaíonn,” a deir Seán.

Thug sé *jar* bran dhó. Bhreathnaigh Seán go grinn ar an *jar* seo agus dúirt sé ina intinn fhéin go mba geall²⁹² leis an *jar* é a raibh an t-airgead aige ann cheana. Bhain sé as an corc²⁹³ agus thosaigh sé ag doirteadh an bhran ag na cearca agus nuair a bhí sé folamh, chuaigh sé agus bhain sé an tóin as, agus céard a bheadh ann ach a thrí chéad punt.

“Thrí ná a raibh riamh air,”²⁹⁴ a deir an bhean, “tá a[r] ndóthain anois againn. Ní féidir muid a bhochtú.”

As sin go raibh an bhliain thuas, tháinig na triúr fear seo ag Seán.

“Sea, a Sheáin, cé mar ’tá tú ag déanamh?”

“Go han-mhaith. Dheamhan pingin dhár tugadh ariamh uaim nach bhfuil agam anois, agus tá mé in ann sibh a íoc anois go han-chneasta.”

“Anois, a Sheáin, coinnigh a bhfuil agat. Níl gnó ar bith againne de, mar tá a[r] ndóthain againn. An bhfuil a fhios agat, a Sheáin, cén sórt daoine muid?”

“Tá a fhios go deimhin, muis, tá a fhios agam gur daoine maithe sibh agus chomh maith agus ’ bhí sibh do Sheán.”

“*Well*, daoine muid, a Sheáin, a tugadh den saol seo cheana, agus d’fhéach muid le leas a dhéanamh dhuit, agus sin é an fáth go dtáinig muid agat.”

²⁹¹ Ls.: *E a ruffín ú*

²⁹² Ls.: *go mbudh geall*

²⁹³ Ls.: *corc*

²⁹⁴ Ls.: *Thrina ro riamh air*

“Nuair nach bhfuil sibh ag glacadh²⁹⁵ aon cheo uaim,” a deir Seán, “an suífeadh sibh síos go mbeadh dinnéar agaibh?”

“Déanfaidh muid an méid sin, a Sheáin.”

Chaitheadar an dinnéar uileag agus d’imíodar agus sin é anois scéal Sheáin²⁹⁶ na Rópaí.

²⁹⁵ Ls.: *ag ghuaic*

²⁹⁶ Ls.: *Sh.*

9. Scéal T[h]ráithnín an Áidh

Bhí Micilín Sheáinín ag dul ag an scoil lá, Seáinín Antaine, Philipín²⁹⁷ Beag, agus iad 'na dtriúr gasúr bheaga ag dul ag an scoil. Bhí an lá an-bh[r]eá, an-te. Bhí Micilín Sheáinín ag seasamh siar beagán.

“Siúil amach,” a deir Philipín Beag.

“Tá mé ag brath ar fhanach[t] uileag as inniu,” a deir Micilín.

“Tuige sin?” a deir Philipín.

“Chuala mé anois an-trácht ar b[h]ád Mharcais Bhig²⁹⁸ atá le dhul go Garumna ar aonach le muca, agus dá ngabhfaidh²⁹⁹ muid síos go dtí an trá agus a dhul sa mbád i ngan fhios dóibh,³⁰⁰ bheadh an-spraoi againn. Rud eile dhe, níl mo cheachta go han-mhaith agam.”

“Is iontach an phlean é,” a deir Philipín, “ach go lúbfar an tslat orainne ina leaba sin ar ball.”

“Well, b'fhéidir go dtiocfaidh muid uaidh,” a deir Micilín, “agus is maith an rud lá maith.”

“Ná bíodh againn níos mó,” a deir Philipín, ag sá a leabhar isteach i dtom aitinn a bhí ar an mbóthar. Sháigh Micilín a leabhar fhéin ann agus an leaid eile mar an gcéanna. Buailleann siad síos ag an gcaladh. Bhí an bád ar ancaire agus téad aisti. Tharraing siad isteach an bád agus bhí sin insa mbád, deich gcinn de mhuca agus iad i málaí.

“An ngabhfaidh muid inti uileag againn?” a deir Philipín.

“Ní ghabhfaidh,” a deir Micilín, “caithfidh duine againn a fhanacht le tuairisc a thabhairt cá ndeachaigh an chuid eile.”

“Agus cé againn a fhanfas?” a deir Philipín.

“Cuirfidh muid crainnte síos,” a deir Micilín, “cé againn a fhanfas.”

Chuaigh Micilín agus bhain sé trí cinn de th[r]áithníní, ag baint fhearabarr méid dhá chéile, agus chuir sé ina leathlámh iad agus chuaigh sé anall go dtí iad.

“Tarraing air, a Philipín,” a deir sé. “Pé ar bith cé a tharraingeas againn an crann fada, is é a chaithfeas a fhanacht.”

Tharraing Philipín. Tharraing an leaid eile agus tharraing Micilín an crann ar deireadh agus is é Micilín a chaith a fhanacht.

²⁹⁷ Ls.: *filipín* [Tá idir *filipín*; *Philin*; *Ph-*; *P.*; *Ph. P.L.* agus *Philip* mar ainm ar an gcarachtar seo sa scéal. Socraíodh ar an leagan ‘Philipín’ a úsáid in áit na nod éagsúla ach amháin nuair is *Philip* atá sa bhunleagan.]

²⁹⁸ Ls.: *Chuala me anis antrácht an bád Mharcais bhig*

²⁹⁹ Ls.: *dá ngeach*

³⁰⁰ Ls.: *dib*

“Go deimhin,” a deir Philipín, “níl spraoi ná spóirt againn nuair nach bhfuil tú in éindí linn. Meas tú cén áit sa mbád anois a ngabhfaidh muid i bhfolach?”

“Níl meabhair ar bith ina gceann,” a deir Micilín, “an bhfuil aon mhála folamh ansin?”

“Tá dhá mhála ansin folamh,” a deir Philipín.

“Agus nach bhféadfaidh sibh a dhul isna málaí agus cuirfidh mise ruóg³⁰¹ oraibh isna málaí, agus luígi siar in éindí leis na muca agus ceapfaidh Marcas Beag, nuair a thiocfa[s] sé, gur péire eile muc atá in éindí leo. Mar chuala mise, tá dhá oíche ó shoin, bean den bhaile ag rá leis pé ar bith lá a bheadh sé ag dul ar an aonach, go gcaithfeadh sé fhéin péire muc a chuir insa mbád go ndíolfadh sé di iad, agus ceapfaidh sé nuair a fheic[eas] sé an toirt insa dá mhála, gurb iad atá ann. Agus nuair a thioctas Marcas Beag ag an mbád, agus nuair a ghabhfa[s] sé isteach inti, nuair a bheas na muca ag sianaíl, bigíse ag aithris a sianaíl sibh fhéin agus ní thiúrfaidh sé faoi deara sibh. Ach go deimhin, nuair a bheas na muca á gcur amach, agus sibhse á gcur amach freisin, beidh spóirt ann.”

Bhíodar ag gáirí agus iad gafach³⁰² leis an scéal. Rinneadar mar ’ deir Micilín ar chuile chaoi. Is gearr go bhfaca Micilín Marcas Beag ag tíocht ag an mbád, braon maith ólta aige agus é ag gabháil amhrán. Chuaigh Micilín i bhfolach faoi bhollán is chuaigh Marcas Beag isteach insa mbád agus thosaigh sé á réiteach. Tháinig triúr táilliúraí an pointe céanna agus chuadar insa mbád ag dul ar an aonach. Bhí braon agus an iomarca ólta ag na táilliúraí, an iomarca mhór le rá acu. Cuireadh an bád faoi sheol agus cuireadh duine de na táilliúraí anuas i mullach na muc agus cé air a dtitfeadh sé ach ar Philipín Beag.

“Tá mé maraithe agat,” a deir Philipín.

“Ní muca atá uileag agat,” a deir an táilliúr³⁰³ le Marcas Beag.

“Oscail an mála sin,” a deir Marcas Beag.

D’oscail agus thug sé amach Philipín Beag as agus thosadar ag gáirí. D’inis Philipín go raibh leaid eile freisin ann agus thugadar as an mála é.

“Cén fáth sibh a dhul isna málaí?” a deir Marcas Beag.

“Faitíos a bhí orainn dhá bhfeicfeadh sibh muid go gcaithfeadh sibh i bhfarraige muid agus shíl muid go n-éireodh linn isna málaí.”

³⁰¹ Ls.: *ruag*

³⁰² Ls.: *gofach* ^ i **abhian** (**sasta**) [Tá na trí fhocal seo scríofa os cionn an fhocail ‘gofach’ — mar mhíniúchán, is cosúil. Ar an drochuair, níl ceachtar den dhá fhocal dheireanacha iomlán soiléir.]

³⁰³ Níl an focal seo soiléir in aon chor ach is cosúil go dtosaíonn sé leis an litir *t*.

“Ní thóigfinn oraibh é,” a deir Marcas Beag, “is iomú plean a rinne muid fhéin ariamh nuair a bhíomar ’na ngasúir.”³⁰⁴

Bhí cluas ar Mhicilín ag éisteacht le chuile rud. Thosaigh³⁰⁵ na táilliúraí ar a bheith ag gabháil amhrán nuair a bhíodar tamaillín amach. Siúd é an t-amhrán a bhí acu:

I mBaile Átha an Rí a bhí mé, i nGaillimh ab fhearr liom
Ba rídheas an áit é ag strainséaraí
Beidh muid sa mbaile an t-am seo amáireach
Má théann an bád seo glan i dtír.

Bhí cluas ag Micilín ag éisteacht le chuile fhocal nó go rabhadar rófhada amach. Nuair a d’imigh an bád as amharc Mhicilín, shuigh sé síos agus thosaigh sé ag cuimhniú air fhéin agus thosaigh sé ag caoineachán. As sin go tráthnóinín deireanach, dúirt sé leis fhéin gurbh fhearr dó a bheith ag dul abhaile. Bhí sé ag tíocht ar ais agus nuair a bhí sé i ngar don bhóthar céard ’ d’fheicfeadh sé ach a mháthair agus an máistir scoile dhá gcuardú. Nuair a choinic Micilín iad tháinig sin air, an faitíos. Rith an máistir scoile anall air go réidh agus tháinig Micilín anall aige go han-chúthail.

“Ná bíodh faitíos ort, ní bhainfidh mé leat ach inis dom cá raibh tú.”

D’inis Micilín dó thríd síos agus thríd suas dá ndearna sé agus tháinig sé abhaile leis an máthair, agus bhí an teach lán le daoine rompu an áit a dtáinig tuairisc gur cailleadh an bád. Bhí athair Philip istigh agus athair an leaid³⁰⁶ eile agus nuair a tháinig Micilín isteach, rugadar air greim dhá ghualainn ag baint cainte as agus ag fiarfadh de cén bealach a bhí leo, agus Micilín ag inseacht dóibh. D’imíodar amach ar a luas agus chuadar insa mbaile a raibh an bád le thíocht. Ní raibh aon tuairisc ar an mbád ach go bhfacthas í dhá cailleadh³⁰⁷ agus is é a dtáinig aisti ariamh i dtír, aon mhuc amháin a tháinig beo aisti. Nuair a chuala Micilín an scéal ceart, d’imigh leis aríst ar a luas agus thug sé leis an tráithnín a chuir iallach air fanacht aisti agus badh in é tráithnín an áidh do M[h]icilín.

³⁰⁴ Ls.: *na ngasur*

³⁰⁵ Ls.: *Thosa??*

³⁰⁶ Ls.: *leiad*

³⁰⁷ Ls.: *i dhá ~~eh~~caille caille*

10. Scéal an Tórramh

Bhí seanbhean fadó ann agus bhí sí cnaptha as a chéile le scoilteach agus í in aois. Fuair sí bás agus nuair a bhíothadh dá leagan amach, níorbh fhéidir a casadh ná a lámha a shíneadh. Dúirt bean a bhí ann go mba ceart na cosa a tharraingt chomh maith agus 'b fhéidir é agus rópa deas a cheangailt díobh agus é a cheangailt de chosa an bhoird, agus dá réir sin a dhéanamh leis na lámha. Dearnadh sin léi agus bhí sí ag breathnú ceart go leor ansin. Tháinig na comharsanaí isteach ansin agus í dhá tórramh. Bhí neart tobac acu, braonachaí maithe óil acu agus iad ag caint. Bhí leaid insa teach ' raibh pleanannaí go leor aige. Chuaigh sé isteach faoin mbord i ngan fhios dóibh, mar ní raibh aon aird ag aonduine air agus lig sé anuas na braillíní air fhéin i gcruth is nach bhfeicfí é. Tharraing sé amach scian a bhí aige agus ghearr sé na rópaí a bhí ceanglaithe de chosa an bhoird agus nuair a bhí sin déanta, chrap na cosa ar a chéile de léim, agus na lámha, agus d'éirigh a raibh sa teach de léim, agus amach leo ar an tsráid an áit ar scanradar, agus bhíodar ag déanamh an-iontais de mar ní raibh a fhios acu go raibh an bhean bhocht seo ceanglaithe mar seo. Chuaigh an leaid amach aríst ag glaoch orthu agus d'inis sé dóibh an scéal. Bhí cuide acu i bhfearg³⁰⁸ leis agus cuide acu ag gáirí faoi, ach leis an scéin,³⁰⁹ ní rinneadar tada air. Chuadar isteach aríst agus, go deimhin, bhí gáirí ann go maidin. Sin mar a d'éirigh don tseanbhean.

³⁰⁸ Ls.: *i bhfe~g* [Léamh eile: 'i bhfeirg'.]

³⁰⁹ Ls.: *sceuil*

Bhí triúr Éireannaí³¹¹ fadó ann. Chuadar amach go Sasana ag déanamh [....].³¹² Shiúladar píosa de Shasana ansin tráthnóna. Choinic siad teach breá ar t[h]aobh eile díobh.

“Meas tú an bhfuil an teach sin sách breá le dhul [faoi] dhíon³¹³ tamall ’na gcónaí ann?”

“Feicthear dhom,” a deir duine acu, “nár mhór dhúinn é a bheith níos breácha.”

B’iontach an scéal é gan pingin rua ná geal i bpóca ceachtar acu. Chuadar isteach i dteach ba bhreácha ná sin agus réiteadar le bean an tí go ceann ráithe. Chuadar as sin ag fear a bhíodh ag díol fuisce agus réiteadar leis an oiread seo ól a thabhairt dóibh go ceann ráithe. Chuadar ag an mbúistéara agus réiteadar leis an oiread seo feola a thabhairt dóibh go ceann ráithe. Chuadar ag an mbáicéara agus réiteadar leis an oiread seo [a]rán go ceann ráithe. Bhíodar an-áthasach ansin ag ithe agus ag ól agus ag imeacht anonn agus anall. Bhí na laethannaí ag dul thart go raibh an t-am thuas, agus nuair a bhí, chuaigh fear acu ag dul-, a d’íoc fear an óil.³¹⁴

“Tá sé in am agam thú a íoc anois.”

“Tá sé,” a deir sé.

“Téanam uait anois go spáinfidh³¹⁵ mé dhuit le trí shaghas tuibín³¹⁶ a bhaint as do bhairille sór imeos mé.”

Fuair sé gimléad, chuir sé poll ar cheann an bhairille, chuir sé poll eile ar an gceann eile de.

“Leag méar anois,” a deir sé, “ar chaon pholl acu seo.”

Leag. Chuir sé poll eile ar an lár.

“Leag do theanga anois air seo. Ar a bhfaca tú ariamh air, ná corraigh go dtiocfaidh mise; teastaíonn tuilleadh deis uaim.”

Cá mbeadh sé ag dul ach ag imeacht ar siúl uileag agus ba deas *setáilte*³¹⁷ a d’fhága sé fear an fhuisce. Tháinig sé fhéin agus an bheirt eile ar a chéile.

“Ar íoc tú fear an f[h]uisce?” a deir duine acu, “ag tosaí ag gáirí.”

³¹⁰ Ls.: 12

³¹¹ Ls.: *triúr Éireannaigh* [Féach alt 3.11.1.5.8 le haghaidh mínithe ar an litriú seo.]

³¹² Focal doiléir. Is cosúil gur focal chúig litir atá anseo agus gurb iad na litreacha *erc* atá ag a dheireadh.

³¹³ Ls.: *le ghol dhíon* [Féidearthacht eile is ea *dhíon* = ‘dhúinn’ agus gur meascán atá ann idir an dá abairt (1) ‘sách breá dhúinn’ + (2) ‘le dhul tamall ’na gcónaí ann.’]

³¹⁴ Ls.: *chua fear acab a gol a d’íoc fear an óil*

³¹⁵ Ls.: *’bainhe*

³¹⁶ Ls.: *lé trí shaghas tubín* [Léamh eile: *lé* a chiallaíonn ‘le haghaidh’.]

³¹⁷ Ls.: *seiteáilte*

“D’fhága mé ar ancaire os cionn a chuid fhéin é.”

“*Well*, is fearr dhomsa an búistéara a íoc,” a deir an fear eile.

“Tá go maith.”

Chuaigh sé isteach ag an mbúistéara.

“Tá sé in am agam thú a íoc,” a deir sé.

“Tá sé,” a deir an búistéara.

“Téanam liom ag a leithide seo d’oifige.”

“Is deacair dhomsa a dhul ann,” a deir sé, “mar tá mé ag obair. Tá an fheoil seo le crochadh suas agam uileag ach gabhfaidh an bhean ann, in éindí leat.”

“Déanfaidh sé na gnó[tha] céanna.”

“Gabhfaidh tú anois ag a leithide seo d’oifige,” ag inseacht an ainm di, “agus imeoidh mise³¹⁸ romhat go mbeidh mé ag déanamh an tsinseáil.”

D’imigh leis agus tháinig sé isteach ag triúr dochtúirí.

“Cá bhfuil tú ag dul?” a deir an dochtúir.

“Muide, tá bean agam,” a deir sé, “agus tá saochan céille uirthi.”

“Agus cén chaoi a n-airíonn tú ag tíocht uirthi é?” a deir an dochtúir.

“Nuair a bhe[as] sé ag tíocht uirthi,” a deir sé, “déarfadh sí ar dtús, ‘*gimme my money*’, agus ní mór dhuit breith an uair sin uirthi agus cuirfidh mé agat í má fhéadaim é.”

“Déanfaidh sin,” a deir an dochtúir.

D’imigh sé amach agus is gearr go bhfaca sé bean an bhúistéara ag tíocht. Labhair sé léi agus dúirt sé:

“Gabh isteach sa teach seo anois ag iarraidh do chuid airgid.”

Chuaigh sí isteach. Sheas sí suas leis an doras. Bhí triúr dochtúirí amach ar a haghaidh agus éadach geal orthu. Bhíodar ag cuir na súile isteach thríthi³¹⁹ agus ise ag breathnú orthu chomh maith céanna.

“Cá bhfuil tú ag dul?” a deir fear acu.

“*Gimme my money*,” a deir sí.

D’éirigh an triúr de léim³²⁰ agus rugadar uirthi. Shíneadar siar i gcathaoir í agus bhaineadar di an ghruaig. Tharraing duine acu stróca ar a mullach go domhain agus tharraing sé stróca eile treasna air sin.

³¹⁸ Ls.: *mi e*

³¹⁹ Ls.: *thrite*

³²⁰ Ls.: *go leir*

“Níl leigheas ar bith ar an mbean sin anois níos fearr ná an méid sin fola a bhaint as a cloigeann mar is ’na ceann atá an donacht.”

Agus dheamhan blas donacht a bhí ina ceann sin ach an oiread agus ’ bhí ina gceann fhéin. Scaoileadar amach ansin í agus í ag caoineachán go hard agus í ag rá gur deas a bhí luach a cuid feola aici, an rud ab fhíor di.

Chuadar ’na chéile aríst as sin go tráthnóna agus thosadar ag déanamh gaisce, a fheabhas agus ’ d’íoc siad bean an bhúistéara.

“Is fearr dhúinn an báicéara a íoc anois,” a deir an fear eile.

Chuaigh sé ag an mbáicéara agus dúirt sé leis:

“Tá sé in am agam thú a íoc anois.”

“Tá sé.”

“Tabhair leat anois aon chiseán amháin [a]rán ag an teach.”

D’imigh leis an mbáicéara agus an ciseán aige in éindí leis. Bhíodar ag siúl agus easan ag cuimhniú ar na pleanannaí, ach nuair a bhí an phlean cheart ina chloigeann, sheas sé suas agus dúirt sé:

“Meas tú an bhfuil tú aon bhuilín gearr insa gciseán?”

“Tá a fhios agam nach bhfuilim,” a deir an báicéara, “mar tá mo mháistir an-ch[n]easta.”

“Comhairfidh³²¹ muid iad anois,” a deir sé, “sór ’ ghabhfas muid níos faide.”

Leag sé an ciseán dá dhroim agus dhóirt sé na builíní. Bhí sosan dhá gcur thrína chéile go han-tréan agus an báicéara dhá gcomhaireamh, ach thóig sé builín i ngan fhios don bháicéara agus chuir sé faoina chóta é, agus nuair a bhíodar i ngar á bheith comhairthe,³²² dúirt sé:

“Sílim go bhfuil tú builín gearr.”

“Tá mé,” a deir an báicéara, “agus tá iontas ansin orm.”

“Gread anois go beo agus tabhair leat an builín sin.”

D’imigh an báicéara ag iarraidh an bhuilín agus d’imigh sosan ar siúl agus d’fhága sé ansin é. Tháinig sé fhéin agus an bheirt eile ar a chéile.

“Sea, ar íoc tú an báicéara?”

“D’íocas. Tá siad íocthaí uileag anois againn ach bean an lóistín agus beidh muid ina dtriúr aici sin.”

Chuadar isteach insa teach aici agus shuíodar síos. Chuir duine acu lámh ina phóca agus dúirt sé:

³²¹ Ls.: *Comhra*

³²² Ls.: *i ngar ó bheith comhaire*

“Tá sé chomh maith agam thú a íoc, a mháistreás.”

“Tá sé,” a deir sí.

“Ná déan,” a deir an fear eile, “ach íocfaidh mise an bheirt.”

“Ná bacáí leis,” a deir an tríú fear, “ach íocfaidh mise ar an triúr againn.”

Chuir sé sin a lámh ina phóca agus diabhal pingin a bhí sa bpóca sin — rua ná geal.

“An bhfuil a fhios agaibh céard a dhéanfa[s] sibh,” a deir an fear eile. “Téadh sí isteach i seomra agus cuireadh sí púicín uirthi fhéin agus gabhfaidh muid ag déanamh i bhfolach, agus duine ar bith air a mbéarfaidh sí air, íocfaidh sé an t-iomlán. An bhfuil tú sásta, a mháistreás?”

“Tá mé, go deimhin.”

Chuadar isteach i seomra fairsing agus cuireadh uirthi an púicín. Thosadarsan — siadsan — ag gáiri.³²³ Bhí sí ag dul anonn agus ag dul anall agus í ag fáilt corr ‘*found*’ maith faoi na cathaoireachaí. Nuair a bhíodar tuirseach, d’imigh duine acu síos. As sin go ceann tamaill ’na dhiaidh, d’imigh an fear eile in éindí leis. As sin go ceann tamaill ’na dhiaidh sin, d’imigh an fear eile ina ndiaidh sin. Nuair a tháinig siad ’na chéile:

“Tá siad íocthaí uileag anois againn,” a deir duine acu, “go han-deas agus is fearr dhúinn imeacht tamall i dtír éicin eile.”

Nuair a tháinig fear an tí isteach, d’fhiarfaigh sé cá raibh an mháistreás. Dúirt an cailín go raibh sí thiar sa seomra mór seo. Chuaigh fear an tí siar agus choinic sé an púicín uirthi agus is é an chaoi a[r] scanraigh sé.

“Céard ’tá ort mar sin?” a deir sé.

Níor labhair sise ach í ag teannadh leis anall i gcónaí. Labhair sé aríst agus fáisceann sí faoina lár.

“Tá tú agam anois,” a deir sí.

“Bain díot an púicín,” a deir sé, “go bhfeicfidh tú cé atá ann.”

Bhain agus choinic sí gurb é a fear fhéin é.

“Cén fáth an obair sin?” a deir sé.

D’inis sí dhó cén chaoi ar thit an scéal amach.

³²³ Ls.: *Thosa dar son* ^{^siad son} *ag gáiri*.

“Tá tú íocthaí anois,” a deir sé, agus ba f[h]íor dhó,³²⁴ “níl a fhios cén áit a bhfuil siad sin anois.”
Sin é an chaoi a rinne³²⁵ an triúr Éireannaí.

³²⁴ Ls.: agus ba *bh fíor* ’ó

³²⁵ Níl an focal seo iomlán soiléir.

12. Chomh Críonna leis an Sionnach

Bhí bád móna ag tíocht as Conamara³²⁶ go hÁrainn. Ní raibh aon tsionnach ariamh in Árainn go dtí an sionnach seo. Nuair a bhí a raibh i gConamara de ghéabha agus de lachain ite aige, thosaigh sé ag cuimhniú ar a thíocht go hÁrainn. Bhí an bád seo luchtaithe insa gcaladh agus nuair a tháinig an sionnach os cionn an bháid:

“Má théim beo inti, béarfar orm agus caithfidh siad i bhfarraige mé agus má shínim siar ar an gcéibh, ceapfaidh siad go mbeidh mé básaithe agus b’fhéidir go leagfaidís ar bhád na móna mé agus go bhfágfaidís ansin mé nó go dtiocfaidís go hÁrainn.”

Leis an gcomhrá, is gearr go raibh na bádóirí ag tíocht agus shín sosan siar agus é ag ligint air fhéin gur básaithe a bhí sé. Rug an bádóir air.

“Féach an sionnach,” a deir sé leis an bhfear eile.

“Tuga muid go hÁrainn é,” a deir an fear eile, “ní fhacadar aon tsionnach ariamh.”

Chaitheadar i mullach na móna é agus d’imigh leo ag tíocht go hÁrainn.

Nuair a tháinig siad leis an gcéibh, bhí daoine rompu ag ceannacht na móna.

“An bhfaca sibh aon tsionnach ariamh?” a deir an bádóir.

“Ní fhaca muid, caith³²⁷ amach é go bhfeicfidh muid é.”

Rug sé ar dhá chois deireadh ar an sionnach agus chaith sé amach ar an mballa é. Níl ann ach go raibh an sionnach caite amach nuair a rith sé ar siúl ar fuid Árainn. Thosadar ag gáirí istigh agus amuigh.

“*Well*, chuala mise ariamh é,” a deir fear C[h]onamara, “agus is seanfhocal é:

‘tá tú chomh críonna leis an sionnach.’

Lig sé sin air fhéin go raibh sé básaithe agus é chomh beo agus ’bhí sé ariamh.”

“M’anam nach ceal beodhais atá air,” a deir fear Árainn.

“M’anam nach ea,” a deir sosan.

“Tá mise ag tabhairt comhairle dhaoibh,” a deir fear Chonamara. “Coinnigí istigh a gcuid cearca anocht nó beidh siad maraithe ite aige sin.”

“Agus nach tusa is ciontach a thug againn é?”

“Ó, cén neart a bhí agam air?”

³²⁶ Ls.: *Coinnamara*

³²⁷ Ls.: *catha*

Bhí go maith go dtáinig an oíche, go ndeachaigh sé go Gort³²⁸ na gCapall. Ní raibh fhios a leithide ann. Chualathas na cearca agus na lachain ag sianaíl an oíche seo, agus ar maidin lá arna mháireach, ní raibh cearc ná lacha ar an mbaile ná raibh maraithe agus a gcuid fola ólta. Bhíothadh ag cuir tuairisc céard ' d' éirigh dóibh. Frítheadh fáisnéis³²⁹ go raibh a leithide seo ann.

“Tá muide réidh anois le aon chearc ná lacha go brách aríst.”

D'imigh an scéal thart uileag ar fuid an oileáin.

“An bhfuil fear ar bith in aon áit againn a bhéarfadh air nó a chuirfeadh 'un báis é?”

“Dhá mbeadh a fhios agamsa,” a deir fear acu, “cá mbíonn sé ag cónaí?”

“Bhí mise ag iascach,” a deir fear eile, “an lá deireanach ar bharr na haille móire.³³⁰ Choinic mé mada ag tíocht tamall beag uaim, agus ag dul síos an oileán insa[n] aill, agus rinne mé iontas de. Chuaigh mé ag breathnú ar an áit a ndeachaigh sé síos. Bhí tom aitinn insan áit chéanna ar bharr na haille agus bhí slat bheag ag imeacht as an tom ag dul síos tamall mar ' bheadh géagán. Shíl mise an lá sin gur mada é mar ní raibh aon chuimhne agam an raibh aon tsionnach insan áit, ag, a mhaisce féin, sin é a bhí ann.”

Amach leis an chéad lá eile agus chuaigh sé ag breathnú ar an áit. Tharraing sé amach a scian agus bhí sé ag gearradh an gheagáin faoi thíos. Chuaigh sé fhéin as sin tamall beag agus shuigh sé síos ag aireachas. As sin go ceann tamaill dheas insa lá, is gearr go bhfaca sé ag tíocht an sionnach agus cearc ina bhéal aige.

“M'anam go bhfuil tú ag tíocht,” a deir sé, ag tosaí ag gáirí, “agus [d]á³³¹ chríonnacht tú, m'anam go bhfuil mise fhéin críonna go maith.”

Síos leis an sionnach ar an tslat agus bhris an craiceann ar an ngéagán agus síos leis fhéin agus leis an gcearc i bhfarraige. Ní raibh aon tsionnach in Árainn ariamh ó shin agus ní fearr a bheith.

³²⁸ Ls.: *Gurt* *Guart*

³²⁹ Ls.: *fai?nis*

³³⁰ Ls.: *mora*

³³¹ Ls.: *ó*

13.³³²

Bhí fear as Conamara lá agus chuaigh sé ag faeiléireacht³³³ ar loch a mbíodh cadhain ag tíocht uirthi. Nuair a tháinig sé, ní raibh aon chadhain uirthi. Shuigh sé síos in áit a bhíodh déanta³³⁴ aige le haghaidh na hoibre. Chuir sé a chois³³⁵ ar a ghunna agus chuir sé urchar isteach. Bhí sé ag breathnú an-aireach, féachaint an aireodh sé tada. Is garr go bhfaca sé an sionnach ag tíocht ar bhruach na locha agus thosaigh sé ag baint³³⁶ caonach lena bhéal agus ag déanamh carnáin bheaga dhe. Dheamhan fios a bhí aige cén fáth ná cén t-údar. Níor chaith sé³³⁷ leis go bhfeicfeadh sé céard a bhí, rún aige é a dhéanamh.³³⁸ Nuair a bhí na carnáin bheaga cruinnithe cruinn aige thimpeall air, luigh sé siar agus thosaigh sé ag cartadh na gcarnáin bheaga ina mhullach. Thuig sé an t-am sin go maith céard a bhí rún aige a dhéanamh. Ní mórán achair go dtáinig ceann de na cadhain agus is é an áit ar chónaigh sé, lena ais. Is garr go dtáinig ceann eile agus chónaigh sé insa ngiodán céanna. Bhí súil mhaith ag Paitsín Eibhlín air agus is garr go bhfaca sé ag éirí de léim é amach ón gcaonach agus ag breith ar cheann de na cadhain. Dhírigh³³⁹ sé an gunna ar a aghaidh, scaoil sé faoi, mharaigh sé an sionnach agus an cadhan³⁴⁰ agus b'iontach an iarraidh é. Bhí sé an-áthasach faoi ina dhiaidh. Níor chreid sé ariamh a chríonnacht go dtí an lá sin, ach uaidh sin amach, ní bheadh aon iontas aige ann, pé ar bith rud a dhéanfadh sé.

³³² Ls.: *I4*

³³³ Ls.: *a failracht*

³³⁴ Ls.: *dita*

³³⁵ Ls.: *Chuir sé chais*

³³⁶ Ls.: *ag beirt*

³³⁷ Ls.: *Níor chatha se*

³³⁸ Ls.: *cérd a bhi rún aige é dhina*

³³⁹ Ls.: *Dheire sé*

³⁴⁰ Ls.: *cadhin*

14. Reithe³⁴¹ Chonamara

Bhí fear insan áit seo agus bhí tréad caorach³⁴² aige agus bhí réatha in éindí leo. Bhí tuilleadh réatha as Conamara aige agus mharadar sin na réatha a bhí ar dtús aige. Chuaigh sé lá ansin agus bhain sé an craiceann de cheann díobh. Scar sé ar bhollán crua eibhear é agus shocraigh sé suas a cheann chomh maith agus 'b fhéidir leis. Sheol sé isteach na caoirigh ann agus nuair a choinic reithe Chonamara é seo, chuaigh sé i ndiaidh a chúil agus tháinig sé go fiáin³⁴³ faoi. Bhuail sé iarraidh mhór dá bhaithis air agus rinne sé aríst an rud céanna agus mharaigh sé é fhéin den dara hiarraidh — bhris sé a bhaithis.

Sin é an chaoi a[r] chuir sé 'un báis reithe Chonamara.

³⁴¹ Ls.: 15 *Reithe Ré Ch~mara*

³⁴² Ls.: *treud ceoireach*

³⁴³ Ls.: *go fian*

Bhí daoine bochta insa tseanaimsir ar fud na hÉireann go han-dona agus go han-bhocht. Bhí máistrí os a gcionn le bheith ag breathnú ina ndiaidh agus iad íocthaí go han-mhaith. Thigeadh duine acu sin uair sa³⁴⁵ mbliain ag breathnú i ndiaidh na ndaoine bochta sin. An bhfuil a fhios agatsa cén sórt ceird is mó a bhíodh air sin? Ghabhadh sé go siúrálte thríd an oileán agus thréise sin, bhíodh na daoine bochta seo fágthaí ina dhiaidh aige, gan aird ar bith aige orthu. Níor thaobhaigh sé iad. Is ar an [...]³⁴⁶ a bhí os a gcionn a bhí an milleán ag na daoine bochta. Ní air ba chóir é a bheith ach ar an muintir a chuir sé ag fáilt tuairisc, ach idir chaon chuid acu, d'fhága sin an duine bocht go dona. Cailleadh leis an ocras cuide acu insa seanaimsir. Ní raibh a fhios céard é [a]rán ná tae insan am sin, gach a raibh de bheatha acu, fataí. Bhíodh an dúchan fhéin san am sin orthu, bhídís ag spáráilt na bhfataí slána agus ag iarraidh a bheith ag ithe na bhfataí dubh.³⁴⁷ Is beag an baol go raibh a fhios ag na [...]³⁴⁸ gurb é sin an bealach a bhí leo. Thréise sin, bhí na fir an-láidir. Níl aonduine in ann tabhairt anuas cén fáth, ach tá mise ag déanamh amach anois gur grásta ó Dhia a bhí ann insan am sin, agus más ea, b'fhearr é sin go mór ná an bia. D'éiríodar suas ansin beagán agus tháinig an saol 'un cinn. Thosaigh braonachaí tae ag dul anonn agus ag dul anall. An chéad duine a d'ól *muigín* de insan am sin, go deimhin, ba trom an meisce a chuir sé de an lá sin, níos dona³⁴⁹ go mór ná dhá n-ólfadh sé *mug* poitín inniu. As sin gur thosaigh sé ag beochan suas, go bhfuil sé anois an-, fairsing go maith.³⁵⁰ Tá sé níos fearr in áiteachaí ach tá áiteachaí eile ann nach bhfuil ann ach é fhéin agus an fata. Tá na fir atá ag ól an tae, tá siad an-lag agus [cé] go bhfuil siad chomh luath leis an sionnach, mar tá an bia éadrom, níl an bhrí ann leis an spreacadh a chur iontu. An t-éadach atá siad a chaitheamh, an chuid is mó dhe, is é an chaoi a bhfuil siad fhéin dhá dhéanamh. An tseanbhean a bhíodh sa teach, bhíodh sí ina suí ó oíche go maidin agus an tuirne aici dhá shníomh. Cuid mhaith den bhréidín, ní bhíodh a dhóthain bealadh³⁵¹ ann. Chomh luath agus ' chloisfeadh fear an tí í dhá rá, d'imíodh sé lá arna mháireach ag iascach.

³⁴⁴ Ls.: *16*

³⁴⁵ Ls.: *san*

³⁴⁶ Ls.: *ar an nGaren~i~*

³⁴⁷ Ls.: *du*

³⁴⁸ Ls.: *ag na Garen~~*

³⁴⁹ Ls.: *nios dona*

³⁵⁰ Ls.: *go bhfuil sé anis an fairsin go math*

³⁵¹ Ls.: *bala (ola)*

Tá bric ann a mbíonn ola ina gcuid aobha agus go mór mór na fiogaigh. Thugadh sé leis iad sin le n-ithe leis na fataí agus an ola a choinneáil leis an mbealadh. Bhíodh bean an tí an-áthasach nuair a mharaíodh siad iad sin. Ní raibh aon sórt ceirde eile acu, ní raibh scoil acu ach ag cuir leis an spáid agus ag baint ar ais aríst. Go deimhin, ní raibh a fhios ag mórán céard é airgead ach ribheagán. Ach go siúráilte, dúirt mé cheana é go raibh na fir láidir. [Is] feasach mé go raibh siad ag tarraingt ualaí troma³⁵² lá as cladach den rud a níonns an cheilp agus ag dul suas in éadan aill mhór leis. Bhí cuide acu a raibh beagán éicineacht ite acu agus cuide eile ná raibh. Ní raibh aon ghráinne tobac ag duine acu ach choinic sé píopa i mbéal duine eile agus d'iarr sé gail air.

“Níl aon ghail agam ach cupla gail³⁵³ a chaithfeas mé fhéin.”

Bhreachnaigh sé ar dhuine eile agus feictheas dó go raibh ruainne tobac ina bhéal aige.

“Más é do thoil é, an bhféadfá ruainne beag tobac a thabhairt dom go ngabhfainn abhaile?”

“Deirimse leatsa,” a deir sé, “gur aimsir dhona í seo, duine ar bith a bhfuil aon ruainne aige gur [...]”³⁵⁴ air fhéin é.”

“Muise, diabhal a mbeidh mise gan tobac ach inniu. Sílim go mba, bhfuil³⁵⁵ luach cupla unsa agam a fuair mé inné ó dhuine éicint.”

Caitheann sé uaidh an deis a bhí aige ag cuir na ceilpe suas agus téann sé ina bhád beag agus tigeann sé ar cheann tíre. Tharraing sé suas í agus tháinig sé abhaile.

“Nach luath atá tú ag tíocht?” a deir an bhean.

“Ní raibh aon ghráinne tobac agam agus d'iarr mé uair agus dhá uair é agus níor bhfuairéas. Tháinig mé go ngabhfainn go Gaillimh dá iarraidh.”

“Ní fiú dhuit a dhul go Gaillimh ag iarraidh dhá unsa.”

“Meas tú, a Mháire,” a deir sé, “cén t-achar Gaillimh as seo?”

“Well, tá Cill Rónáin seacht nó hocht de mhílte as — caithfidh tú an méid sin bóthair a shiúl. Tá naoi míle dhéag as sin go Gaillimh ina phas farraige, má tá i ndán agus go bhfaighidh tú an bád ag dul ann.”

“Tharla mé leagthaí amach anois air,” a deir sé, “níor mhiste liom dhá mbeadh trí fichid míle ann dá bhfaighinn an bád, ach gabhfaidh mé ann.”

³⁵² Ls.: *tra-a*

³⁵³ Ls.: *cupla ghail*

³⁵⁴ Focal doiléir: *g?a?na*

³⁵⁵ Ls.: *Sílim go mbhuil*

D'imigh leis an bhfear bocht agus shiúil sé go maith agus níor stop go dtáinig sé insa gcéibh i gCill Rónáin. Bhí an bád ag dul ann a dtugaidís an '*Land League*' uirthi; Seáinín Gabha a bhí ina chauptín uirthi. D'inis sé dó an scéal go raibh sé ag dul ann agus thug sé treasna é, agus míle fáilte.

“Muisse, ó mhéid dúil dhá bhfuil agat ann, níorbh f[h]iú dhuit a dhul leath an achair mar gheall ar do dhá unsa tobac.”

“Nach mbeidh seachtain bhreá agam orthu,” a deir sé.

“Céard 'tá ar an unsa dhe?” a deir Seáinín. “Níor chaith mise riamh aon bhlas de agus níor cheannaigh mé aon bhlas de.”

“Trí pingine,” a deir sé.

“Is diabhalta an scéal é,” a deir Seáinín, “ag dul go Gaillimh le sé pingine. *Well*, tá sé pingine eile agamsa,” a deir Seáinín, “agus tiúrfaidh mé dhuit é, agus nuair a gheobhas tú luach do chuid ceilpe, tiúrfaidh tú dhom é.”

Thosaigh sé ag damhsa ar deic an bháid le áthas nuair a bhí luach na cheithre unsa aige. D'imigh-, *away* leo,³⁵⁶ ag tíocht go Gaillimh agus bhíodar ann tráthnóna deireanach. Bhí bád ag fáilt faoi réir, an pointe céanna ag tíocht go hÁrainn.

“É,” a deir an fear seo, ag cuir béice as, “nach é an murdar nach bhfuil mo chuid tobac agam go ngabhfaínn abhaile insa mbád leat.”

“An mbeidh mórán moille ort?” a deir an bádóir.

“Ní dhéanfaidh mé a *bhit* moille ach cheithre unsa tobac a cheannacht.”

“Muisse, más sin é an méid gnó a bhí go Gaillimh agat, is beag an rud a thug ann thú.”

“Dá mbeadh a fhios agatsa cén dúil atá agamsa ansin, ní dhéarfá a leithide de scéal. Tá mé in mo throscaidh inniu agus inné agus is mó an dúil atá agam ann ná i ruainne [a]rán a gheobhainn, fós ar chuma ar bith.”

“Gread mar sin go beo,” a deir an bádóir.

“Ní dhéanfaidh mé a dhath moille ach a thíocht anuas as Tí Chillín.”

“Déan deabhadh mar sin.”

Chuaigh sé suas agus is gearr a bhí sé. Nuair a tháinig sé anuas, agus níorbh é an fear céanna [ar] chor ar bith é, bhí sé chomh croíúil,³⁵⁷ chomh misniúil agus a phíopa mór bán aige ina bhéal. Bhí sé in Árainn i ndeireadh³⁵⁸ na hoíche. Dúirt an bádóir leis a fhanacht insa mbád go mbeadh a dhóthain lae aige.

³⁵⁶ Ls.: *D'imí ^ away lob*

³⁵⁷ Ls.: *cmíúil*

³⁵⁸ Ls.: *i n-deise*

“Ní bheidh aon uaigneas orm,” a deir sé, “tharla tobac agam.”

Lasc leis ag tíocht abhaile. Le maidneachan an lae, bhí sé insa mbaile.

“Dhera, cén bealach a bhí síos agat?” a deir a bhean, “nó cén bealach a bhí aníos agat?”

“Is beag nach bhfuil sé ráite ceart agat,” a deir sé, “bhí an bealach síos scafánta agam agus an bealach aníos scafánta mar ní aon bhád amháin a bhí mé síos agus aníos, agus sin é an rud a rinne an éascaíocht dom.”

“Téirigh a chodladh anois ar do leaba; tá tú tuirseach.”

“Ní ghabhfad, faigh dhom béile éicineacht, má fhéadann tú é.”

“Níl aon bhéile agamsa le fáil dhuit ach cupla fata agus níl aon bhlas leo.”

“Tá rud agam péin leo,” a deir sé.

Bruitheadh na fataí, leagadh aige iad, thosaigh sé dhá n-ithe go santach.

“Cá bhfuil an rud atá agat leo?” a deir an bhean.

“Níl aon rud leo,” a deir sosan, “is gairid a bheadh dá n-ithe ná an t-ocras,³⁵⁹ sin í an t-anlann is fearr a choinic mise fós,” a deir sosan.

D’ith sé a dhóthain de na fataí agus nuair a bhí sin ite aige, bhí daoine ag dul³⁶⁰ ar an oileán ag déanamh na ceilpe. D’imigh sé é fhéin agus chuaigh sé ann, agus is é an chéad mholl³⁶¹ ’ rinne sé nuair a chuaigh sé ag tarraingt³⁶² na n-ualaí seo, a phíopa bán³⁶³ a dheargadh agus bhí deatach breá aige ag dul in aer.

“Dar m-anam,” a deir duine de na fir seo, “go bhfuil tobac aige fhéin inniu. Is fearr dhúinn gail a iarraidh air.”

Theann siad leis agus d’iarradar gail.

“Go deimhin, muise, ní thiúrfad. Téigi³⁶⁴ insan áit a bhfuair mé fhéin é agus beidh sé agaibh.”

“Cén áit é sin?”

“I nGaillimh.”

“Ó, tá bád beag agatsa, go deimhin, a [...] ³⁶⁵ i nGaillimh.”

“M’anam péin go rabhas, muis.”

³⁵⁹ Ls.: *is gairde* ^ *bheadh dá n-i ná an t-ocras*

³⁶⁰ Ls.: *a ghol*

³⁶¹ Ls.: *mhol*

³⁶² Ls.: *a taráint*

³⁶³ Ls.: *a phíopa bán*

³⁶⁴ Ls.: *Taigí*

³⁶⁵ Focal doléite go maith. Ls.: *thich*

“Ar ndóigh, dhá ngabhfa go Gaillimh, nach dtóigfeadh sé seachtain thú?”

“Nach deirim leat go rabhas.”

Chreideadar é ar deireadh ach níor thug sé gail do dhuine ar bith. As sin go raibh an lá thart, tháinig sé abhaile. Bhí sé trom tuirseach agus thit sé ina chodladh insa gclúid agus, go deimhin fhéin, is maith a bhí a cheithre unsa tobac ceannaithe aige.

Bhí iasc fairsing á mharú ar charraig a dtugaidís ‘An Ghrióir’³⁶⁶ air, agus tháinig seanfhear isteach lá arna mháireach aige. Bhí sé ag caint leis an seanfhear.

“Feicthear dhom,” a deir an seanfhear, “go bhfuil tú an-áthasach inniu.”

“Táim,” a deir sé, “mar tá tobac agam.”

“Cár bhfuair tú é?” a deir an seanfhear.

“I nGaillimh,” a deir sé, “tiúrfaidh mé ruainne dhuit[s]e dhe, a dhuine bhoicht.”

Bhain sé píosa den³⁶⁷ unsa agus thug sé don seanfhear é. Thug sé an oiread misneach don seanfhear agus ’ thiúrfadh dhá ghloine poitín do dhuine anois. Ghlac an seanfhear buíochas leis agus d’imigh sé abhaile. Bhí comhluadar ar an seanfhear, bhí sé aosta agus badh í seo an ceathrú bean aige, agus ní raibh aon chomhluadar air le aon bhean ach an bhean dheireanach. Bhíodar óg, agus bhí an bhean óg, ach bhí sosan sean.

“Nach maireg,” a deir an bhean, “a phós ariamh thú agus nach bhfuil tú in ann breac éisc a mharú do na gasúir.”

D’éirigh an seanfhear suas agus chraith³⁶⁸ sé é fhéin.

“Téirigh,” a deir sé leis an ngasúr, “ag iarraidh luach scillinge³⁶⁹ de dhorú dhom, luach pingine dhubháin,³⁷⁰ agus snúda.”

D’imigh an gasúr agus rinne sé mar ’ deir sé. Thosaigh sé ag cuir an dorú ar chleith iascach. Nuair a bhí sin déanta, d’ordaigh³⁷¹ sé do dhuine acu a dhul agus *tincan* baoite a fháil³⁷² faoi réir. Bhí sin maith go leor go dtáinig an oíche.

“Gabhfaidh mise a chodladh anois,” a deir sé, “agus éireoidh mé leis an maidneachan. Tiúrfaidh tú siar mo bhricfeast agam, cliabh a thiúrfas aniar an t-iasc, mála a chuirfeas mé fúm ar an gcarraig,

³⁶⁶ Ls.: *An Ghrioghóir*

³⁶⁷ Ls.: *ghon*

³⁶⁸ Ls.: *chráith*

³⁶⁹ Ls.: *~ilne*

³⁷⁰ Ls.: *luach pine dhubháin* [Léamh eile: ‘luach pingine [de] dhubhán’.]

³⁷¹ Ls.: *dúrda*

³⁷² Ls.: *gháill*

agus déanfaidh tú an cleas céanna in am dinnéir agus deirimse leatsa, má sheasann an t-iasc, go ndéanfaidh mise marú amáireach.”

Níl aimhreas ar bith ná raibh sé insan³⁷³ am sin os cionn deich mbliana agus trí fichid go hard. Ní raibh aon fhear taibhse insa domhan ba tréine ná é. Bhíodh sé fhéin ag rá go mbíodh sé dá bhfeiceál go minic agus, go deimhin, ní fheiceadh sé leath na n-amannaí iad a deireadh sé. Dhúisigh sé suas an oíche seo agus shíl sé go raibh sé ag maidneachan. Ní raibh baol ar leath na hoíche caite, bhí an oíche an-gheal, ní raibh clog ná *watch* aige ach ag faire go nglaoíodh an coileach agus nuair a ghlaoi, d’éirigh sosan. Fuair sé a chleith agus a *tincan* baoití agus chuir sé i leathlámh leis é. Bhí maide aige agus bhí sé sa lámh eile. Go deimhin, níorbh iascaire mór ariamh é ach bhí sé fhéin ag ceapadh go raibh sé thar cionn. D’imigh leis ’un bóthar agus bhí míle bealaigh le dhul aige go mbeadh sé ar an gcarraig. D’imigh cupla feá anuas den chleith agus bhí sé ag tarraingt na cupla feá, agus an snúda agus an duán ’na dhiaidh ar an mbóthar. Ní raibh a fhios aige an raibh sé sin mar sin. Chuaigh an duán i bhfostú i dtom a bhí i leataoibh an bhóthair, agus nuair a bhí an dorú rite aigesan, nuair a shíl sé imeacht leis, tugadh an chleith as a lámh. D’fhógair sé míle murdar ar an taibhse gan é a mharú agus go bhfágfadh sé aige an chleith agus na baoití, an snúda agus an duán agus éisteach[t] leis fhéin. D’imigh sé thar chlaí ag tíocht abhaile treasna na gcreaga, faitíos a dhul ’un bóthar sór mharofaí é. Is gearr gur bhuail sé an doras ag an mbean.

“Cé sin?”

“Nach bhfuil a fhios agat cé atá ann? Mise, cé nach n-aithníonn tú mo chaint?”

“Shíl mé go ndeachaigh tú ar an nGríóir.”³⁷⁴

“Ná raibh mé ag dul ann agus nár bhain sé díom mo chleith agus mo chuid baoití agus d’fhógair mé mo chorp agus m’anam air mé a ligean abhaile.”

“Dheamhan lá ariamh fhéin ná raibh siad in do dhiaidh,” a deir an bhean, “más fíor dhuit fhéin.”

“Lig isteach go beo mé,” a deir sosan, “ach ná las aon tsolas mar má fheicim an solas, titfidh mé i laige.”

“Ó muise, go deimhin, níor ith muid mórán iasc ariamh de do bharr agus ní íosfaidh go brách. Is orm a bhí an mí-ádh ar bhain liom ariamh an lá a phós mé thú.”

Bhí an-amhráin aige agus is éard a rinne sé, siolla foinn a chuir suas. Thosaigh na gasúir ag gáirí agus is éard ’ deir an bhean:

“Diabhal splanc céille ar bith agat.”

³⁷³ Ls.: *isa*~

³⁷⁴ Ls.: *ar an nGríóir*

Sin é anois iascach an tseanfhear. As sin go raibh sé ag maidneachan lae, bhí fear den bhaile ag dul ag iascach — comharsa leis. Bhí sé ní ba dorcha an uair sin ná a bhí sé insan oíche, agus nuair a bhí sé insa spota seo, bhuail sé a chois faoin *tincan* baoite a bhí i lár an bhóthair. Is beag nár leag sé é, d’ísligh sé síos agus rug sé air.

“Is iontach an rud liom é seo a bheith anseo,” a deir sé.

Ar iontú thairis dó, casadh leis an chleith. Thóg sé í agus fuair sé an duán i bhfostú istigh i ngéagán aitinn a bhí i leataoibh an bhóthair. D’aithin sé an chleith go han-mhaith³⁷⁵ agus dúirt sé:

“Siúd é cleith a leithide seo de sheanfhear, agus go deimhin, tharla a chleith agus a chuid baoití anseo, básaithe in áit éicineacht ann atá sé fhéin.”

Chuaigh sé dhá chuardú agus, mo léan, níor bhfuair sé é. Is é an áit a raibh sé sin an uair sin insa bpluid, an áit ab fhearr dhó, agus d’imigh an chomharsa agus chuaigh sé ar an gcarraig agus bhí sé ag cuir tuairisce an seanfhear seo, an bhfaca duine ar bith é. B’iontach an lá iascach é agus nuair a tháinig na comharsanaí abhaile, thugadar breac ón³⁷⁶ duine acu ag an seanfhear agus ag na gasúir, agus ní fhaca tú aon áilleacht ariamh ach an seanfhear nuair a d’éirigh sé, ag cuir síos ar na taibhsí a bhain an chleith agus na baoití de, agus iad ag gáirí faoi, agus fios maith acu ná raibh a leithide ann ach gurb éard sórt cineál *fashion* a bhíodh aige. Sin mar ’ bhí an lá aige.

³⁷⁵ Baineann doiléireacht leis an dá fhocal ‘han-mhaith’.

³⁷⁶ Ls.: *ón* [Ar cheart ‘an duine’ a léamh anseo?]

Bhí fear ann a raibh braon ólta aige lá, agus an iomarca, agus chuaigh sé isteach — Domhnach a bhí ann — [i dteach] an mhinistéara,³⁷⁸ insa séipéal. Is gearr go dtáinig cuid mhaith daoine isteach ann, agus an cléireach a bhí ag an ministéara, tháinig sé isteach. Bhí aithne ag an gcléireach ar an bhfear seo, agus den chreideamh Caitiliceach³⁷⁹ an fear. Is gearr go dtáinig an ministéara agus chuaigh sé ag léamh an Aifrinn. As sin go raibh sé in am aige, chuaigh sé ag tabhairt uaidh an sacraiméad³⁸⁰ a bhí aige fhéin. Faoi cheann tamaill, bhí an cléireach ag breathnú ar an bhfear seo, níorbh fhearr leis ar bith é ná dhá ngabhfadh sé amach agus a dhul abhaile. As sin go ceann tamaill, tháinig an ministéara ag tabhairt an luaíocht do na daoine seo. Bhí an-bhreathnú ag an gCaitiliceach³⁸¹ air an uair sin. Nuair a fuair an cléireach seans air, chuaigh sé go dtí é aríst is dúirt sé leis a dhul amach, agus chuaigh. Chuaigh sé ag ól tuilleadh ansin taobh amuigh. Bhí sé ag inseacht do chorrduine cé raibh sé an chuid eile den lá. Fiarfaíodh dó céard do bhí an ministéara a thabhairt uaidh do na daoine.

“Ní fhaca mise é ag tabhairt tada uaidh ach píosa de bhuilín.”

“Meas tú,” a deir an duine, “nach ocras a bhí orthu?”

“Níl a fhios agamsa arb ea nó nach ea ach is é a thug sé uaidh, an chuma chéanna a ngabhfá isteach sa siopa agus cheannfá builín agus bhainfeá plaic as.”

Thosadar ag gáirí.

“Cá fhad aríst go ngabhfaidh tú ann?” a deir siad.

“Go deimhin, ní ghabhfad chúnas ’ mhairfeas mé agus ní ghabhfainn an uair sin fhéin ann ach ní go maith a bhí a fhios agam cá raibh mé ag dul.”

Sin é an chaoi ar thit sé amach don fhear sin.

³⁷⁷ Ls.: 17

³⁷⁸ Ls.: *i dteach* an mhinisteara.

³⁷⁹ Ls.: *Catúiligeach*

³⁸⁰ Ls.: *sanairneaud*

³⁸¹ Ls.: *ag an gCatinligeach*

Bhí soitheach seoil ag dul aniar³⁸³ sa tseanaimsir ag dul contae na Gaillimhe. Theastaigh píolóití go han-ghéar³⁸⁴ uaithi, nuair a tháinig sí ag teach an tsolais. Choinic an píolóití í casta suas ansin. Chuaigh sé agus ghlaigh sé ar bheirt fhear in éindí leis. B'fhurasta fear a fháil insan am sin a ghabhfadh in éindí leis mar bhí an saol go dona. D'imigh leo agus chuadar ag an gcladach. Chuireadar síos an curach agus amach leo ag déanamh ar an soitheach. Bhíodar ag obair³⁸⁵ go dtáinig siad lena bord.

'Hello,' a deir an caiptín, "gabhfaidh tú aníos, a píolóití, agus tá tú ag teastáil."

Bhí an ghaoth ina haghaidh agus bhain sé bord, roimhe an ngaoth, aisti.³⁸⁶ Bhí an-iontas ag an gcaiptín ann thréis an t-achar a chaith sé ag tíocht, gur ag brath a dhul san áit chéanna a bhí an píolóití.

"Cá fhad ó fuair tusa páipéar píolóiteach?" a deir an caiptín.

"Diabhal páipéar a fuair mise³⁸⁷ ariamh, ná píolóiteacht a rinne mé, go dtí inniu."

"Tá locht ort," a deir an caiptín, "níl a fhios agat céard atá tú a dhéanamh."

"Beirí air agus caithigí sall sa bpoll sin é," a deir sé leis na mairnéalaí.

Rug agus chaith.

"Tusa an píolóití, muis," a deir an mairnéalach, "a bhfuil an-chuma ort."

Céard a bheadh ag dul aniar ach dhá shoitheach eile. Choinic na píolóití cearta iad sin agus chuadar go dtí iad. Thóigeadar sin cúrsa ceart ar Ghailimh. Nuair a choinic an caiptín iad sin, chuaigh sé go dtí an píolóití seo aríst.

"An bhfuil sórt meabhair ar bith in do cheann?" a deir sé.

"Tá, muis," a deir sé, "agus neart."

Tháinig [...] ³⁸⁸ eile misneach dó ag ceapadh ná raibh aige ach an dá shoitheach seo a raibh an píolóití ceart iontu a leanacht agus go ndéanfadh sé gnó.

"Tóig do chúrsa anois," a deir an caiptín.

³⁸² Ls.: *l8*

³⁸³ Ls.: *a-ir* [Féidearthacht eile: *anún* → 'anonn'.]

³⁸⁴ Ls.: *go hanghéir*

³⁸⁵ Ls.: *ob~*

³⁸⁶ Tá roinnt mhaith den abairt seo doiléir. Ls.: *bhain sé baurd rumhe an gh ngaioith aiste*

³⁸⁷ Ls.: *~isa*

³⁸⁸ Ls.: Focal doiléir: *trian?*

“Ná bac le cúrsa,” a deir sé, “ach lean³⁸⁹ an chuid eile.”

Bhíodar ag tornáil ag dul Gaillimh agus tháinig an oíche dubh. Níor fhan meabhair ar bith ansin ann agus d’imigh an chuid eile uaidh.

“Cá ngabhfaidh muid anois?” a deir an caiptín. “nó céard a dhéanfas muid?”

“Téadh muid san áit chéanna,” a deir sé, “a d’fhág muinn³⁹⁰ — faoi theach an tsolais — go maidin.”

“Is orm a casadh an mí-ádh an lá a thóig mé thú,” a deir an caiptín.

Chuaigh agus d’fhanadar ansin go maidin lá arna mháireach. An píolóití a chuaigh Gaillimh an lá sin, bhí sé aníos aríst tráthnóna lá arna mháireach agus choinic sé an soitheach seo agus bratach ardaithe uirthi ag cuardú píolóití. Chuaigh sé fhéin agus a chriú aici agus [d]’fhiarfaigh³⁹¹ sé den chaipitín an raibh sé ag teastáil.

“Níor theastaigh tú riamh cheana chomh géar,” a deir an caiptín. “Mara mbeadh gnó ar bith agam daoibh ach leis an amadán seo a thabhairt uaim.”

Chuaigh an píolóití ceart suas insa soitheach agus chaitheadar anuas é seo insa gcurach agus fuair sé dhá chic ag tíocht dhó.

Sin é a raibh aige sin de bharr an phíolóiteacht.

³⁸⁹ Ls.: *leana*

³⁹⁰ Ls.: *a d’fhagmuin*

³⁹¹ Ls.: *agus d’iarra*

Bhí bean ann lá agus bhí comhluadar mór uirthi. Ní raibh a fhios aici cá bhfaigheadh sí aon bhlas le n-ithe do na gasúir. Nuair a d'éirigh siad ar maidin, bhíodar ag caoineachán leis an ocras. D'imigh léi amach agus chuaigh³⁹³ sí ag an siopa:

“An bhféadfá céad mine a thabhairt dom?” a deir sí, “más é do thoil é.”

“An bhfuil a luach agat?” a deir sé.

“Níl, go deimhin, muis, ná fáil ar bith air go mbainfidh muid rabharta carraigín. Cé[ard] atá ar an gcloch agat de?” a deir sí.

“Trí pingine,” a deir sé.

“Ó, is gearr a bheas muid ag baint an luach sin,” a deir sise.

Fuair sí é.

“Tabhair dhom anois beagán tae agus siúcra.”

“Go deimhin, ní thiúrfad, muis! Is maith an rud duit an plúr fhéin a fháil agus gan é sin a fháil nó go n-íocfaidh tú ar dtús mé.”

Tháinig sí abhaile agus a céad plúir aici. Bhí na gasúir an-áthasach.

“Bígí faoi réir anois an rabharta seo chugainn go mbainfidh muid a luach seo.”

Nuair a tháinig an rabharta, d'éirigh sí ar maidin. Bhí sí ag airdeall ar fhaitíos a ngabhadh aonduine ann i ngan fhios di. Choinic sí beirt mhná eile ag dul ann. Isteach léi go beo.

“Éirí suas agus téanamai³⁹⁴ uaibh,” ar sise leis an gclann, “féachaint an mbainfeadh muid a luach seo.”

D'éiríodar suas, na créatúir, go beo. D'imíodar, lag agus láidir, agus chuadar in éindí léi. Chuadar síos agus amach sa taoille ag cuardú an charraigín. Go deimhin, níorbh f[h]iú iad a dhúiseacht as an leaba lenar bhaineadar, ach slaimín beag a bhain sí fhéin. Tuairim agus trí clocha a bhí idir an t-iomlán. Nuair a tháinig siad ansin abhaile, go deimhin, bhí rirá ann as obair an lae sin agus, go deimhin, lena dhéanamh suas, ba bheag é — trí clocha, luach naoi bpingine — agus is fada a bheidís ag saothrú céad plúir. Bhí an rabharta imithe an tseachtain sin agus coicís a sheas an plúr go raibh sí folamh aríst.

“Cá bhfaighidh muid bia anois?” a deir sí.

³⁹² Ls.: 19

³⁹³ Ls.: *chua*

³⁹⁴ Ls.: *téanamai*

“Nach dtiúrfaidh fear an tsiopa dhuit é,” a deir an gasúr, “nach bhfuil muid ag baint a charraigín?”

“Go bhfóire Dia ar an mbaint sin,” a deir sise, “ach mar sin fhéin, caithfidh mé a dhul go dtí é ag iarraidh céad eile.”

Chuaigh.

“Sea, cá bhfuil tú ag dul inniu?”

“Tá sé chomh maith dhuit céad eile a thabhairt dom go gcuirfidh muid agat an carraigín.”

“Ar bhain sibh go leor de an tseachtain seo caite?”

“Go deimhin, bhain agus cuirfidh mé agat é an rabharta seo chugainn nuair a bhe[as] sé bainte.”

“*Well*, tiúrfaidh mé dhuit an céad seo mar sin.”

“Tabhair dhom anois beagán tae agus siúcra.”

“Go deimhin, ní thiúrfad muis, mé, níos mó dhuit go n-íocfaidh tú ar dtús mé. Tá fear anois thuas atá ag díol tae agus siúcra, b’fhéidir go dtiúrfadh sé dhuit é.”

Chuaigh sí isteach insa siopa seo agus d’iarr sí beagán tae agus siúcra.

“An bhfuil tú dhá íoc?”

“Nílím,” a deir sí.

“Cén sórt ceird atá agat?” a deir sosan.

“Bím ag piocadh faochain,” a deir sí.

“Ó, sin ceird mhaith,” a deir sé, “an bhfuil siad anois agat?”

“Níl, ach tá mé ag dul dá dtóigeál.”

“Bean mhaith,” a deir sosan, “gheobhaidh tú sé pingine ar chloch orthu anseo.”

Thug sé di beagán tae agus siúcra agus d’imigh sí an-áthasach nuair a thug sí an plúr agus an tae agus an siúcra abhaile ag na gasúir. Thosadar á moladh ansin agus rírá an domhain acu ag a raibh acu le n-ithe. As sin go ceann tamaill mhaith, chuaigh sí aríst ag iarraidh tuilleadh tae agus siúcra ar an bhfear céanna.

“Ní thiúrfaidh mé duit níos mó nó go n-íocfaidh tú mé, ach tá fear ansin thall a bhíonns ag coinneál creathnach agus b’f[h]éidir go dtiúrfadh sé tae agus siúcra dhuit.”

Chuaigh sí go dtí é agus d’inis sí an scéal dó agus d’fhiarfaigh sé di cáide³⁹⁵ go mbainfeadh sí é.

“An rabharta seo chugainn,” a deir sí.

Tháinig sí ar ais agus é aici. Bhí sé ag déanamh chuile rud agus gan tada déanta ar deireadh, ach leis an scéal, chuaigh sí ag baint ruainne beag de chreathnach agus thug sí ar ais aige é.

“An é seo a bhfuil agat?”

³⁹⁵ Ls.: *d’iara sé di ea’fh-ea* ^{^ca’fhad} *de go mbainfeadh sí é.*

“Is é,” a deir sí.

“Níl punt anseo,” a deir sé, “agus gan trácht ar luach an oiread seo tae agus siúcra.”

“Má sheasann sé achar ar bith dhuit,” a deir sí, “seasfaidh sé chomh fada agus ’ sheas an tae agus an siúcra dhomsa.”

“An é sin an t-íocaíocht atá tú a thabhairt air?” a deir sé.

“Is é an t-íocaíocht,” a deir sí, “a gheobhas tú, mar ní fhéadaim chuile dhuine a íoc.”

Sin é³⁹⁶ an scéal a bhí ag bean an charraigín.

³⁹⁶ LS.: *i*

Bhí fear agus a bhean insa³⁹⁸ sliabh lá ag déanamh poitín. Nuair a bhí sé i ngar dhó³⁹⁹ a bheith déanta, tháinig na póilios orthu i ngan fhios. Shíleadar breith ar an mbeirt in éindí. Thug an fear leis agus ghlan sé uathu. Rugadar ar an mbean éasca go leor. Dhoi[r]teadar an fuisce, bhriseadar na soithí agus bhí duine acu an-olc⁴⁰⁰ leis an mbean. Ní raibh an fear eile chomh dona sin. As sin go ceann tamaill, ní raibh an bhean ag siúl coisméig dóibh. Dúirt fear acu go gcuirfeadh sé ar a dhroim fhéin í. Siúd é an fear a bhí go holc léi. Chuir sé, agus d’fháisc sí a cuid cosa thimpeall air chomh maith agus ab fhéidir léi. Ní raibh sí ag ligean dó coisméig a shiúl. As sin go ceann tamaill, dúirt sé leis an bhfear eile í a thabhairt an fhaid eile. Thug, agus [is] go réidh mar ’ shiúil sí leis sin. Dúirt sé sin leis an gcéad fhear breith aríst uirthi tamall eile. Rug agus níor shiúil sí coisméig ar bith leis sin. Chuir sé ar a chruit aríst í agus d’fháisc sí a cuid cosa thimpeall air ní b’fhearr. Bhí an fear eile ag déanamh comharthaí léi, dhá bhféadfadh sí é, a bheith ag seasamh siar mar bhí truaí m[h]ór⁴⁰¹ aige di. Bhí sin de mhisneach aici. D’fháisc sí aniar aríst ar a dhroim é agus dheamhan coisméig a d’fhága sí aige.

“Mo dhíomú ná raibh dhuit, tá mé maraithe agat ach ní thiúrfaidh mise níos faide thú. Tabhair leat thusa í,” a deir sé leis an bhfear eile.

“Ní thiúrfaidh mise liom í,” a deir an fear seo, “ach ar mo *turn*.”

Rug an fear olc ansin aríst uirthi agus chuir sé ar a dhroim í, agus an bhfuil a fhios agatsa céard a rinne sí ansin?⁴⁰² Thosaigh sí ag mún ar a dhroim gur fhliuch sí é, agus nuair a d’airigh sé fliuch é, chaith sé i bportach í agus d’fhága sé ansin í. D’imíodar ansin agus chuadar ar ais abhaile agus chuaigh an bhean bhocht ar ais ag glaoch ar an bhfear agus í an-áthasach ach go raibh a cuid fuisce doirte⁴⁰³ agus na soithí briste agus ba bheag an bhrí é le ais an phriosúin. Sin mar a d’oibrigh an bhean bhocht sin.

³⁹⁷ Ls.: 20

³⁹⁸ Ls.: ~isa

³⁹⁹ Ls.: ó

⁴⁰⁰ Ls.: an *olc*

⁴⁰¹ Ls.: *truaighe mór*

⁴⁰² Focal roinnt doiléir é seo.

⁴⁰³ Ls.: *doirti*

Bhí fear ann agus bhí sé pósta. Bhí neart beithígh aige, agus talamh agus bainne, agus níor ith sé aon bhlas ime dá chuid fhéin ó fuair sé an bhean seo, ach ag ceannacht im as an siopa. Chuaigh sé amach lá ag obair insa ngarraí, agus nuair a tháinig sé ag a dhinnéar, tháinig sé gearr in im.

“Is iontach an rud é,” a deir sé, “agus is aisteach an rud é, neart bainne anseo ag dul amú agus nach féidir linn aon bhlas ime a ithe.”

“*Well*, feicfidh tú fhéin go mbeidh im amáireach agat a bheas glan,” a deir an bhean.

“Bean mhaith,” a deir sosan.

Nuair a tháinig lá arna mháireach, agus d’itheadar an bricfeast:

“Téirigh thusa amach sa ngarraí anois ag obair,” a deir an bhean, “agus gabhfaidh mise ag déanamh an ime agus, go deimhin, feicfidh tú fhéin go mbeidh im glan agat.”

Chuaigh sé amach agus thosaigh sé ag obair agus thosaigh sise ar a ceird fhéin. As sin go ceann tamaill, nuair a bhí an maistreadh déanta, ghlaigh sí isteach air. Tháinig sé agus shuigh sé síos ag breathnú uirthi. Bhí an pota beag agus an pota mór ar b[h]ácús ar mhias an scilléad agus an pláta leagthaí aici ar an urlár agus é fliuch báite aici ag daistreáil⁴⁰⁵ uisce air. Go deimhin, d’aithin sé go rímhaith uirthi ná raibh sí in ann é a dhéanamh ach níor labhair sé. Thug sé cead a cinn di. Sheas sí suas ansin nuair a bhí sí ag dul a . . . ,⁴⁰⁶ ag cruinneál an im, bhain sí di a bróga agus a stocaí, a cóta, agus chuile bhall dá raibh uirthi ach a léine. Chrap sí suas í sin fhéin go dtí na hascaillí.

“*Well*, anois,” a deir sí, “ná fuil cosúlacht mhaith orm le im glan a dhéanamh?”

“Oibrigh leat,” a deir sosan.

Fuair sí pláta agus thum sí síos insa gcuinneog é, chuir sí ar an mias é sin a bhí leagthaí ar an urlár. Chuaigh sí thart timpeall na cuinneoige agus thum sí síos an pláta aríst agus leag sí ar an mias é sin. D’aithneodh duine ar bith an uair sin uirthi gurb é an iomarca barúil a bhí aici di fhéin, an rud is dona⁴⁰⁷ ar bith. An tríú hiarraidh, thum sí síos an pláta agus thóig sí aníos an chuid deireanach de.

“Anois,” a deir sí,⁴⁰⁸ “nach bhféadfaidh tú a bheith ag ithe do dhóthain⁴⁰⁹ d’im glan.”

“*Well*, tá salann le cuir fós air,” a deir sosan.

⁴⁰⁴ Ls.: 21

⁴⁰⁵ Ls.: *ag daistreáil* [An bhfuil ‘ag dasháil’ i gceist anseo?]

⁴⁰⁶ Tá spás beag anseo sa bhunleagan.

⁴⁰⁷ Ls.: *dona*

⁴⁰⁸ Ls.: *sé*

⁴⁰⁹ Ls.: *go dhóin*

“Is gearr a bheas mise dhá dhéanamh sin,” a deir sise.

Thug sí giob⁴¹⁰ agus chuaigh sí thart timpeall na cuinneoige. Sciorradh í⁴¹¹ ar an urlár fliuch agus cuireadh ar a tóin í i mullach an mhias a raibh an t-im air.

“Ná raibh a fhios agam go maith,” a deir sosan, “nach ndéanfá aon im glan chúns ’ mhairfeá.”

D’éirigh sí suas ina seasamh agus an méid sin ime greamaithe di. Chuir sí síos a lámh agus thug sí aníos glaic⁴¹² dhe.

“Nach in im glan?” a deir sí.

Chuir sí síos an lámh aríst agus thug sí aníos tuilleadh dhe.

“Nach in im glan?” a deir sí.

Chuir sí síos an lámh aríst agus thug sí aníos a dheireadh agus bhreathnaigh sí air.

“Sin im salach,” a deir sí.

“Foighid anois,” a deir an fear, “go gcríochnaí mise é sin.”

Rug sé ar an iomlán agus chruinnigh sé ina chéile é agus theann⁴¹³ sé uaithi amach agus chaith sé léi an meall ime uileag agus bhuail sé isteach isna súile í.

“Bhí fios maith agam go deimhin,” a deir sé, “nach n-íosfainn aon bhlas ime dá ndéanfá go brách,” ag dul amach sa ngarraí ag obair.

⁴¹⁰ Ls.: *geab*

⁴¹¹ Ls.: *Sgiorrú í*

⁴¹² Ls.: *glaic eic*

⁴¹³ Ls.: *th?an*

Is é an sórt fear a dtugaidís ‘*Lord Néill*’ air; gabha a bhí ann. Bhí mac aige agus chuaigh sé sall go Meiriceá. Ní raibh duine ar bith ag a athair ach é fhéin — agus duine bocht a bhí insan athair — ach sin leasainm a tugadh air.

Is iomú strainséara a chuala an t-ainm a cheap gurb éard a bhí ann, duine uasal, i ngioll ar ‘*Lord*’ a bheith dhá thabhairt air, agus go deimhin níorbh ea, ach fear bocht a bhí ann. Bhí an mac tréan ag gabháil⁴¹⁵ amhráin. Bhí sé thuas i seomra i mbarr an tí lá agus bhí iníon duine uasail ag siúl na sráide. Chuala sí an t-amhrán a bhí ar bun, sheas sí suas ag éisteacht leis. Chuaigh sí isteach ina teach agus d’fhiarfaigh sí den mháistreás cé raibh an fear a bhí ag gabháil an amhráin. Dúirt an mháistreás léi go raibh sé thuas i mbarr an tí. Chuaigh sí suas go dtí é agus d’fhiarfaigh sí de an ngabhfadh sé amhrán eile agus ghabh sé é. Thaitnigh sé léi thar cionn. D’fhiarfaigh⁴¹⁶ sí de an bpósfadh sé í. Dúirt sé nach bpósfadh.

“Níl aon airgead agam,” a deir sé.

Labhair sí aríst air agus d’fhiarfaigh sí a dhul⁴¹⁷ abhaile ag a teach fhéin. D’imíodar agus tháinig siad ar ais ag teach an duine uasail agus dúirt sí lena hathair:

“Siúd é an fear a bheas agamsa.”

Cheistnigh an t-athair é; cén sórt duine a bhí ann.

“Mac fir mhaith mé,” a dúirt sé, “ach tá mé fhéin bocht. Níl aon⁴¹⁸ airgead agam.”

“Níl dochar ar bith ansin,” a deir sosan, “ach cén t-ainm a bhí ar d’athair?”

“*Lord Néill*,” a deir sé.

“*Well*, is breá an t-ainm é sin,” a deir an duine uasal.

Chuir sé buachaill ar a luas go hÉirinn agus capall leis go bhfeicfeadh sé cén sórt duine é *Lord Néill*. D’imigh an buachaill agus a chapall go hÉirinn agus bhí sé ag siúl leis, ’s chuile áit ag cur tuairisc *Lord Néill*. Chinn air é a dhéanamh amach in aon áit, go mb’éigin dó a dhul ar ais aríst ag an duine uasal.

“Sea, tá tú ar fáil,” a deir sé.

“Táim,” a deir an buachaill.

⁴¹⁴ Ls.: 22

⁴¹⁵ Ls.: *ag gáil*

⁴¹⁶ Ls.: *D’iarfa sí*

⁴¹⁷ Ls.: *d’iara sí dhul*

⁴¹⁸ Ls.: *a~*

“An bhfaca tú *Lord Néill*?”

“Chuardaigh mé bunáite Éirinn uileag agus chinn orm é a dhéanamh amach.”

Thiomáil sé leis buachaill eile ar a luas agus dúirt sé gan a thíocht ar a [...] ⁴¹⁹ go bhfaigheadh sé a thuairisc — beo nó marbh. D’imigh sé sin agus thug sé capall leis go dtáinig sé go hÉirinn. Bhí sé ag cuir tuairisce *Lord Néill* in chuile áit agus ní raibh sé dhá dhéanamh amach. D’imigh crú dhá chapall lá agus bhí sé ag cuir tuairisc an raibh gabha ar bith insan áit seo a bhí in ann crú a chuir ar an gcapall. Dúirt fear leis go raibh seanfhear ar an mbaile seo a bhí in ann crú a chuir suas, ach go raibh sé an-aosta.

“Cén t-ainm atá ar an bhfear sin?” a deir an buachaill.

“Gabha a bhí ann roimh[e] seo,” a deir an seanfhear, “agus tugadh leasainm air in éindí leis sin — *Lord Néill*.”

Chomh luath agus ’ chaintigh sé ar *Lord Néill*, bhí a fhios ag an mbuachaill go mbadh é a bhí ann. Chuaigh sé suas ag an teach agus tháinig sé isteach. Bhí *Lord Néill* ’na shuí síos ag tine bheag cipíní, gan bróg, gan stoca, gan hata, gan caipín; gruaig an-f[h]ada láidir air, ingniúcháí móra fada ar a chosa agus ar a lámha, cuma an-fhiáin uileag air, é ag ithe ruainne *stirabout* aníos as pota beag. Bhí neart [de] bhainne ⁴²⁰ gabhar aige. Sheas an fear seo suas leis an doras agus is é an chaoi [ar] chuir sé faoi agus faitíos air. ⁴²¹

“Cén t-ainm atá ortsa?” a deir sé.

“*Lord Néill*’ a thugaidís fadó orm mar leasainm agus bhí mé in mo ghabha, ach tá mé in aois ⁴²² anois agus tá mé go dona.”

“Meas tú an mbeifeá in ann crú a chuir ar mo chapall?”

“Muisse, ⁴²³ is dona é,” a deir sé, “ach féachfaidh mé leis.”

Chuir an buachaill seo a láimh ina phóca agus thug sé bronntanas deas ⁴²⁴ dó agus truaí m[h]ór ⁴²⁵ aige dhó. Bhí leathscór gabhar ar an urlár ⁴²⁶ agus iad fhéin ag cnagadh a chéile; chloisfeá an torann a bhí ag a gcuid adharca tamall maith ón teach.

⁴¹⁹ Focal doléite. Ls.: *ar a d~*

⁴²⁰ Ls.: *bhane*

⁴²¹ Baineann doiléireacht leis an dá fhocal ‘faoi agus’. Ls.: ... *sé an chaoi chuir se fe ?g? faitíos air*

⁴²² Ls.: *i n-ais*

⁴²³ Ls.: *Muisse* [Is cosúil go bhfuil tús an fhocail seo scriosta amach sa ls.]

⁴²⁴ Ls.: *deas*

⁴²⁵ Ls.: *truaighe mór*

⁴²⁶ Ls.: *urlar*

“A[n] leat na gabhair seo uileag?” a deir an buachaill.

“Is liom,” a deir an seanfhear. “Marach iad sin anois, caillfí mé, ach is gearr a fhéadfas⁴²⁷ mé iad a bhleán.”

“An raibh aon chomhlúadar agat ariamh?” a deir an buachaill.

“Bhí,” a deir sé, “ach cailleadh iad, ach aon mhac amháin a chuaigh sall go Meiriceá.”

Bhí trí chéad poll ar an teach os a chionn, ní raibh a fhios cén pointe a dtitfeadh sé anuas ina mhullach. D’imigh an buachaill ansin agus a ghnó déanta go han-siúrálte aige. Chuaigh sé sall go Meiriceá agus bhí an mac — *lad* Néill⁴²⁸ — roimhe chomh luath agus ’ tháinig sé ar an talamh.

“Sea, an raibh tú in Éirinn?”

“Bhíos.”

“An bhfaca tú m’athair?”

“Choiniceas.”

“Anois, a chladhaire,⁴²⁹ ná tabhair droch-cháil ar bith air ach gach a dtiúrfaidh tú de cháil mhaith air. Má tá i ndán agus go bpósfaidh mise an bhean sin, beidh tusa in do bhuachaill agamsa chúnas ’ mhairfeas tú.”

“Ná bíodh faitíos ort,” a deir an buachaill seo, “feicfidh tú fhéin go ndéanfaidh mise gnó maith dhuit.”

Chuadar suas an tsráid gur shiúladar isteach ag an duine uasal.

“Céad fáilte ó Éirinn,” a deir sé.

“Go maire tú,” a deir an buachaill.

“An bhfaca tú *Lord* Néill in do bhealach?”

“Choiniceas.”

“Cén sórt duine atá ann?”

“Is mó[r] is fiú a bhfuil d’fhuinneogaí ina⁴³⁰ theach ná a bhfuil agatsa uileag. Chomhair mé leathchéad saighdiúir ag *drilleáil* ar an urlár aige.”

“Ó muise, má tá leathchéad saighdiúir ag *drilleáil* istigh ar an urlár aige, is fearr go mór é ná mise. Pós m’inion agus fan sa teach chúnas bheas⁴³¹ tú beo.”

Rinne sé mar sin agus sin é an chaoi a[r] phós mac *Lord* Néill.

⁴²⁷ Ls.: *a fhiatas*

⁴²⁸ Ls.: *bhí an mac Lad Néill roimhe* [Féidearthacht eile: ‘bhí an-, mac Lord Néill roimhe’.]

⁴²⁹ Ls.: *a chladhuire*

⁴³⁰ Focal doiléir é seo sa ls.

⁴³¹ Ls.: *bheas bheidheas*

22. An Gadaí

Chuaigh Éireannach amach go Sasana agus casadh fear dó insa tsráid. Labhair sé leis, d’fhiarfaigh sé de:

“Cén sórt duine thusa nó an bhfuil ceird ar bith agat?”

“Níl aon cheird agam,” a deir an tÉireannach, “ach go ndéanaim obair le sluasaid agus le clocha agus rudaí mar sin.”

“Á, go bhfóire Dia ort, is dona í do cheird,” a deir an cnámhaire. “An dtiocfá in éindí liomsa agus múnfaidh mise ceird duit?”

“Cén sórt ceird atá agatsa?” a deir an fear seo.

“Tá an cheird is fearr agam istigh i Sasana,” a deir an gadaí, “ag goid liom gach a bhféadfaidh mé, agus beidh an cheird chéanna agatsa gan mórán achair ach siúl liomsa.”

“Muisse,” a deir an tÉireannach, “tá faitíos orm go mbéarfar orm.”

“Agus mara ngabhfaidh tú ’un é a *thryáil*,⁴³² ní bheidh tada agat,” a deir an gadaí.

Thug sé toil dó agus chuadar in éindí. Chaitheadar an tráthnóna sin agus an oíche ag inseacht dá chéile. Lá arna mháireach [d]ár gcionn, d’éiríodar amach agus chuadar isteach i siopa mór *watchannaí*.

“Leag anuas beagán *watchannaí* agam,” a deir an cnámhaire *cea[r]t*,⁴³³ “go bhfeicfidh mé iad.”

“Tá go maith,” a deir fear an tsiopa.

Leag sé anuas iad ar an *gcounter*. Thosaigh an cnámhaire dá gcuir thrína chéile agus dá lochtú.

“Sin *watchannaí* maithe,”⁴³⁴ a deir fear an tsiopa.

“Níl siad ach réasúnta,” a deir an cnámhaire.

Thug sé leis péire acu sall tuilleadh ag an solas. Chroch sé suas ina láimh iad.

“Ní thiúrfaidh mise dhuit an praghas atá tú a iarraidh orthu seo,” a deir an cnámhaire.

“Mara dtugair,” a deir fear an tsiopa, “nach bhféadfaidh tú iad a fhágáil in do dhiaidh?”

Tháinig sé anall leo. Leag sé ar an *gcounter* iad. Rug sé aríst ar péire acu, agus ceann eile a chuir sé istigh ina ghlaic, agus chuaigh sé sall aríst ag an solas. Chroch sé suas aríst in aer iad agus chuir sé an ceann a bhí insa gciotóg aige síos ’na mhuilinne deas agus tháinig sé anall ag fear an tsiopa.

“Seo, leag suas iad go dtí amáireach. Tiofáidh mé agus tiúrfaidh mé ceann díobh liom.”

⁴³² Ls.: *mara ngabha tú an é thryáil* [Léamh eile: ‘mara ngabhfaidh tú ann, é a *thryáil*’]

⁴³³ Ls.: *ceat*

⁴³⁴ Ls.: *mathe*

Rug fear an tsiopa orthu agus leag sé isteach insa mbosca iad. D’imigh an cnámhaire amach agus an fear seo in éindí leis, a bhí ag foghlaim a cheird, agus tháinig siad abhaile.

“Níor labhair tusa [ar] chor ar bith,” a deir an cnámhaire.

“Níor labhraíos,” a deir an fear eile, “go bhfeicfinn céard a dhéanfadh tusa.”

“Rinne mé rud maith,” a deir sé, “thug me *watch* liom.”

“Céard a ghabhfadh sí sin anois?” a deir an tÉireannach.

“An rud is lú ar bith a ghabhfadh sé,” a deir an gadaí, “ceathair nó cúig de phunta.”

“*Well*, is iontach an cheird atá agat,” ar an tÉireannach, ag tosaí ag gáirí.

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, d’imíodar aríst agus tháinig siad ag an teach céanna.

“Gabh thusa isteach ann,” a deir an cnámhaire, “agus goid *watch*, má fhéadann⁴³⁵ tú í.”

Chuaigh sé isteach agus d’fhan an cnámhaire amuigh.

“Leag anuas beagán *watchannaí* agam,” a deir an fear seo, “go bhfeicfidh mé iad.”

Leag agus thosaigh sé dá gcuir thrína chéile ar an *gcounter* is ag breathnú orthu. Bhreathnaigh fear an tsiopa air níos grinne agus dúirt sé:

“Is tú a ghoid *watch* inné uaim.”

“Ní mé, muis,” a deir sé,⁴³⁶ “níor ghoid mise aon bhlas ariamh agus ní ghoidfead ná go deo ach tá sé ansin amuigh anois, an fear a ghoid uait í.”

Chuaigh fear an tsiopa amach agus d’aithin sé go maith é, agus nuair a choinic an cnámhaire ag tíocht é, rith sé agus rith fear an tsiopa ina dhiaidh, agus nuair a fuair an cnámhaire a bhí istigh fear an tsiopa imithe, ghoid sé an bosca uileag a rabhadar ann agus ghread leis é fhéin. As sin go ceann tamaill, tháinig fear an tsiopa isteach agus fuair sé an bosca imithe agus na *watchannaí*.

“Ó, a Dhia agus dar Chríosta, ó tá mé robáilte go ceart anois.”

Bhí ciall chneámhaireacht, go dtí róchneámhaireacht, [aige]. Ní raibh aon bhlas le déanamh aige, ní raibh a fhios aige cá ndeachaigh siad. Bhí an fear a raibh an bosca uileag aige, bhí sé i bhfad istigh sa teach roimhe an bhfear eile, mar is dóigh⁴³⁷ go ndeachaigh an cnámhaire ceart i bhfad ar siúl nuair a bhí an tóir ina dhiaidh, ach mar sin fhéin tháinig siad ar a chéile.

“Á,” a deir an cnámhaire ceart, “hobair gur chroch⁴³⁸ tú inniu mé. D’inis tú ar obair an lae inné.”

“Agus nach in é an chaoi le tuilleadh goid a dhéanamh,” ar sosan. “Marach an focal sin a dúirt mise ní bheadh lán an bhosca seo agamsa de *watchannaí*, mar bhí a fhios agamsa nuair ná raibh insa

⁴³⁵ Ls.: *má fhéadas*

⁴³⁶ Níorbh fhéidir a bheith cinnte cé acu ‘ar se’ nó ‘ad se’ atá sa ls. Socraíodh ar an leagan is coitianta a chur ann.

⁴³⁷ Ls.: *mar is doiche* ^{ndóí}

⁴³⁸ Ls.: *gur chròh*

siopa ach é fhéin go rithfeadh sé in do dhiaidh-sa nuair a d'inseoinn dó é, agus nuair a gheobhainnse imithe amach é go bhféadfainn fhéin an bosca uileag a ardú liom.”

“*Well*, shíl mise go raibh ceird réasúnta agam fhéin,” a deir an cnámhaire, “ach níl inti nach neamhscéal le ais do cheird-sa. Tá an oiread goidtí agatsa anois aon lá amháin agus ’ghoidfinnse bliain.”

“*Well*, dá mbeadh aon airgead agamsa anois,” a deir an fear a raibh an bosca aige, “thiúrfainn suas an cheird uileag.”

“Ceannóidh mise uait é,” a deir an cnámhaire, “más maith leat é.”

Thug sé dhó a raibh aige — leathchéad punt ar an iomlán — agus d'imigh sé abhaile uileag uaidh agus d'fhága sé ansin é. Sin é anois scéal fear na *watchannaí*.

Siúd é scéal S[h]eán na Sagart. Bhí Séan lá ag dul anonn agus anall thimpeall ar a theach.⁴⁴⁰ Bhí sé pósta agus comhlúadar mór air agus iad go han-lag. Ní raibh mórán insa saol aige agus dúirt sé leis an mbean go n-imeodh sé i dtír éicineacht eile ag saothrú beagán do na gasúir. D’imigh leis an bhfear bocht ag cuardú obair agus d’fhan sé imithe go ceann bliana. Agus an oíche chéanna a dtáinig sé abhaile, bhí cúpla ag a bhean an oíche sin.

“Is é an diabhal é, muis,” a deir sé. “Bhí mise ag clamhsán cheana, ach anois atá údar na clamhsán ceart agam, nó céard a dhéanfas mé [ar] chor ar bith leo?”

Chuir sé a cheann faoi agus thosaigh sé ag smaoiniú. As sin go ceann tamaill, chroch sé suas a chloigeann agus chuaigh sé agus labhair sé leis an mbean:

“An bhfuil a fhios agat céard atá mé a dhul a dhéanamh leo seo?”

“Céard é fhéin?” a deir an bhean.

“Tá mé ag dul ag tabhairt cliabh liom agus dá gcuir síos ann, go gcaithfidh mé leis an abhainn na rudaí beaga seo.”

D’imigh leis agus thug, agus chuir sé síos insa gcliabh an bheirtín. Chuir sé ar a ghualainn an cliabh agus bratóg scartha os cionn an chléibh sór d’fheicfeadh aonduine céard a bhí ann. Bhí sé ag siúl síos ag an dug. Shíl sé go bhféadfadh sé é a dhéanamh i ngan fhios. Céard do bheadh ag spaisteoireacht thíos roimhe ach beirt shagart.

“Cá bhfuil tú ag dul, a Sheáin?”

“Síos anseo.”

“Céard atá insa gcliabh agat?”

“Madraí óga.”

“Is maith mar ’ tharl[a], coinneoidh mé mada acu,” a deir an sagart paróiste.

“Coinneoidh mise mada eile acu,” a deir an séiplíneach.

Bhí Seán i dteannta ansin go cumasach.

“Ní madraí atá ann,” a deir Seán, “ach cait.”

“Is maith mar ’ tharla,” a deir an sagart paróiste aríst, “coinneoidh mise cat acu.”

“Coinneoidh mé an cat eile acu,” a deir an sagart.

⁴³⁹ Ls.: 24

⁴⁴⁰ Ls.: ar a theach

“Diabhal cur síos ar bith oraibh,” a deir Seán, “ní féidir aon bhlas a dhéanamh i ngan fhios daoibh. Tá sé chomh maith dhom inseacht ceart daoibh céard ’tá ann. Cúpla a bhí ag an mbean aréir agus bhí mé ag dul dá mbá.”

“Agus cén fáth, a Sheáin, é sin?”

“Ar ndóigh, bhí an iomarca cheana agam díobh agus gan aon bhlas lena n-aghaidh.”

“An spáinfeá dhom iad, a Sheáin, go bhfeicfinn iad?”

“Spáinfidh⁴⁴¹ mé, muis!”

Spáin Seán dó iad agus thug sagart duine acu⁴⁴² leis agus an sagart eile an dara duine. Chuireadar mná ag tabhairt aire dhóibh gur éiríodar suas ’na ngasúir láidir. Fuair eadar neart scoil ’gus tóigeadh suas go han-mhaith iad agus nuair a tháinig sé ’un a n-aois,⁴⁴³ rinneadh beirt shagart díobh. Fuair eadar eolas cén sórt bealach a bhí leo nuair a bhíodar ina bpáistí. Tháinig siad ar cuai[r]t insa[n] áit seo a[r] rugadh iad, agus bhí a máthair cailte agus ní raibh aonduine insa teach ná raibh imithe ach an t-athair, agus é an-aosta. Chuadar go dtí é agus thosaigh siad ag baint cainte as:

“Cén t-ainm atá ortsa?”

“Seán a bhí ó cheart orm ach tugadh ‘Seán na Sagart’ orm ar deireadh.”

“Agus cén fáth ‘Seán na Sagart’ a thabhairt ort?”

“Inseoidh mé sin duit. Bhí an iomarca páistí ag an mbean a bhí agam, agus d’imigh mé ag saothrú dóibh thar baile amach, agus d’fhan mé imithe go ceann bliana. Agus cén mí-ádh a dhéanfadh an bhean ach beirt eile a chuir ar an saol an oíche a dtáinig mé. Bhuail olc mé agus thug mé liom an bheirt i gcliabh ag dul dhá gcaitheamh leis an abhainn. Bhí beirt shagart ag spaisteoireacht⁴⁴⁴ ar an mballa romham.⁴⁴⁵ Thosadar ag fiosrú agus ag iarfaí céard a bhí agam. D’inis mé dhá ní dhóibh agus níorbh é an ceart é ach b’éigin dhom inseacht ar deireadh céard a bhí ann. Thógadar uaim an dá ghasúr agus níl a fhios agam cén bealach atá leo ón lá sin go dtí an lá atá inniu ann.”

“[Is] muid an bheirt ghasúr sin.”

“Cé-? An sibhse⁴⁴⁶ an bheirt ghasúr sin?”

“Is muid.”

⁴⁴¹ Ls.: *Speani*

⁴⁴² Ls.: *act*

⁴⁴³ Ls.: *?nuar? a thaing sed ^se un na naois*

⁴⁴⁴ Ls.: *ag spastereacht*

⁴⁴⁵ Ls.: *ar a mbeat mballa rúm.*

⁴⁴⁶ Ls.: *Cé an sibse*

“Agus nach beirt shagart sibhse.”

“Agus nach as an ngasúr a déanfar sagart den duine?”

“Tá a fhios agam gurb ea,” a deir Seán, “ó laghad meabhair dhá bhfuil ionam agus, go deimhin, ní mórán é anois.”

Thugadar leo é agus bhí náire an domhain ar an athair nuair a d’inis siad dhó céard a bhí sé a dhul a dhéanamh leo. Sin é anois scéal Sheán na Sagart.⁴⁴⁷

⁴⁴⁷ Ls.: *sceul Sh. an Sagart*

24.⁴⁴⁸ Na Deich nAitheanta

Mise amháin do Dhia dhá dtug duit grá
Ainm an Tiarna Dia ná tabhair gan fáth
Coinnigh an tsaoire naofa mar is cóir
Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair, tabhair
Ná déan marú, goid ná drúis⁴⁴⁹
Ná fínis an bhréag in aon chúis
Ná santaigh bean do chomharsa le do ló
Cuid ná maoin, ná santaigh aríst go deo.

⁴⁴⁸ Ls.: 25 [Faightear na paidreacha ar fad faoi theideal '25' sa ls.]

⁴⁴⁹ Ls.: *grúis*

25. An Paidir Páirteach

Ár nAthair atá ar neamh
is naofa d'ainm
go dtige do ríocht
go ndéantar do thoil ar an talamh
mar ' ndéantar ar neamh
d'arán laethúil, tabhair dhúinn inniu
agus maith dhúinn a[r] bhfiacha
mar ' mhaitheanns muide dhár mbreithiúnachai⁴⁵⁰ féin
ná lig sin i gcathú⁴⁵¹
ach saor sinn ó gach uile olc.
Aiméan

Siúd é an mhíneáil atá leis sin. Bhí fear ann fadó agus bhí fiacha móra aige ar fhear bocht. Chuir sé scéal aige a thíocht go n-íocfadh sé é agus tháinig an fear bocht aige agus dúirt sé leis foighid a bheith aige agus go n-íocfadh sé an t-iomlán ó am go ham. Ghlac sé leis an-f[h]áiltiúil agus dúirt sé leis a dhul abhaile agus go raibh sin ceart. Bhí beagán beag fiacha ag an bhfear bocht é fhéin ar dhuine eile. Casadh dó é ag siúl na sráide. D'iarr sé air é agus dúirt sé ná raibh sé aige.

“Tá mé ag iarraidh foighid ort agus íocfaidh mé thú ar ball ó am go ham.”

Níor thug sé an fhoighid dó. Rug sé ar a mhúineál agus bhí sé dhá thachtadh. Chuala an chéad fhear gurb in é an cleas a bhí sé a dhéanamh leis an bhfear bocht seo agus bhí an iomarca mhór fearg air.

“Bhí fiacha is mó ná sin agamsa air fhéin agus thug mé pardún dhó iontu, go n-íocfadh sé iad ó am go ham agus níor thug sosan aon phardún don fhear bocht seo mar gheall⁴⁵² ar bheagáinín beag bídeach. Imigí libh,” a deir sé lena chuid saighdiúir, “agus beirigí ar an bhfear sin agus cuirigí isteach insa bpríosún é, go n-íocfaidh sé na fiacha sin go gearr déanach.”⁴⁵³

⁴⁵⁰ Ls.: *dhar mbreaunachai*

⁴⁵¹ Ls.: *i gcathai*

⁴⁵² Ls.: *mar ghlóll*

⁴⁵³ Ls.: *go gear deanach*

Agus sin é an scéal ceart: [d]á n-éistfeadh sosan leis an bhfear bocht sin, d'éistfeadh an fear eile leis fhéin. Sin é an chaoi a mbeidh an scéal ar deireadh. Caithfidh mise maitheamh do mo chomharsa agus maithfidh Dia dhom péin, le cúnamh Dé.

26.

Is é do bheatha, a Mhuire
atá lán de ghrásta
tá an Tiarna leat
agus is beannaithe thú thar na mná
agus is beannaithe an toradh atá ar do bhroinn, Íosa.
Naomh Muire, Máthair Dé
guigh orainn ina[r] bpeacaí anois agus ar uair ár mbáis.
Aiméan.

27. An Chré⁴⁵⁴

Creidimse i nDia, an tAthair Uilechumhachta[ch]
Cruthaitheoir⁴⁵⁵ neamh agus talamh
agus in Íosa Críost a Aonmhacsan,⁴⁵⁶ ár dTiarna
a gabhadh ón Spiorad Naomh⁴⁵⁷
agus rugadh é ón⁴⁵⁸ Maighdean Muire
a d'fhulaing⁴⁵⁹ an pháis
agus a bhás faoi Phions[a] Piolóid⁴⁶⁰
[a] céasadh, a fuair bás agus 'na adhlacadh⁴⁶¹
chuaigh síos go hifreann
ag éirí ó bhás i gcionn⁴⁶² an t[r]eas lá ó mhairbh
chuaigh suas ar neamh
[a]tá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachta[ch]
as sin tiocfaidh s[é] ag tabhairt⁴⁶³ breithiúnas ar bheo agus ar mhairbh.
Creidimse sa Spiorad Naomh⁴⁶⁴
[sa] Naomheaglais Chaitliceach
cumann na naomh
agus maithiún[as] a[r] bpeacaí
thréis éirí na gcorp agus an bheatha mharanach.
Aiméan.

⁴⁵⁴ Ls.: *An Chré ansin na dhia sin*

⁴⁵⁵ Ls.: *erú o cruíoir neamh & tala*

⁴⁵⁶ Ls.: *aomhac sin*

⁴⁵⁷ Ls.: *ar Spri naomh*

⁴⁵⁸ Ls.: *ar*

⁴⁵⁹ Ls.: *a d'foline*

⁴⁶⁰ Ls.: *faoi phian Spialoit*

⁴⁶¹ Ls.: *& na thálacú*

⁴⁶² Ls.: *i guíonn*

⁴⁶³ Ls.: *tiucas a toit*

⁴⁶⁴ Ls.: *Creidimse an Spri Naomh*

Bhí bean feilméara ann fadó agus ní raibh aon chúram uirthi. Dúirt sí leis an bhfear a dhul ag an seanfhear⁴⁶⁶ glic go bhfeicfeadh sé cén fáth ná raibh cúram uirthi. Chuaigh sé agus d’inis sé dhó:

“Cuir thusa fear,” a deir an seanfhear glic, “ag iascach ar a leithide seo d’abhainn agus an breac a mharóidh sé, tugadh sé aici é agus itheadh sí é, agus cuirfidh mise geall leatsa go mbeidh mac óg aici in aois trí ráithe.”

D’imigh sé — agus áthas mór air — abhaile agus chuir sé an buachaill ag iascach ar an abhainn chéanna. Tháinig an buachaill tráthnóna agus an breac aige. Spáineadh don mháistreás é. D’ordaigh sí don chailín é sin a níochán agus [...] ⁴⁶⁷ bruise a chur air. Rinne an cailín mar ’ deir sí agus nuair a bhí an breac bruise, is í an cailín an chéad duine a bhlas⁴⁶⁸ de. Thug sí an chuid eile ag an máistreás de agus bhí an breac ite idir an bheirt. As sin go raibh an t-am ag dul thart, go raibh na trí ráithe thuas, bhí mac óg ag an máistreás, mac óg ag an gcailín, aon lá amháin. Ní raibh iontas ar bith mac óg a bheith ag an máistreás ach bhí an-iontas mac óg a bheith ag an gcailín mar ní raibh sí pósta ar chor ar bith. Bhí an-olc ag fear an tí don chailín faoi sin. Chuaigh sé agus cheadaigh — d’fhiarfaigh sé — [de] na buachaillí timpeall an raibh ceann ar bith acu timpeall ar, in éindí leis, an gcailín⁴⁶⁹ agus dúradar ná raibh. Ba cosúil le chéile an bheirt ghasúr bheaga. Ní aithneodh duine ar bith ceachtar acu thar a chéile. Chuaigh fear an tí agus thug sé leis an cailín, agus chuir sé amach insa stábla í, agus dúirt sé leis na buachaillí gan aon bhlas a thabhairt le n-ithe dhi. D’imigh leis ansin agus chuaigh sé aríst go dtí an seanfhear glic agus d’fhiarfaigh sé dhe cén fáth páiste a bheith ag an gcailín, go raibh sí ceanglaithe aige fhéin amuigh insa stábla.

“Tusa atá as bealach,” a deir an seanfhear glic. “An t-iasc is ciontach leis an gcailín agus téirigh ar ais agus tabhair as í, [is] bean mhaith í sin,” a deir an seanfhear glic.

D’imigh sé agus é an-áthasach agus tháinig sé abhaile. D’inis sé don mháistreás an scéal agus chuaigh sé agus thug sé isteach an cailín agus an páiste. Bhí an dá ghasúirín ag éirí suas go han-mhaith agus nuair a bhíodar doiséinne blianta, dúirt an mháistreás go gcaithfí marc a chuir ar a mac fhéin, in áit ná raibh aithne ar bith air ach an oiread le mac an chailín. D’imigh an fear aríst agus chuaigh sé ag an seanfhear glic agus dúirt sé leis:

⁴⁶⁵ Ls.: 27

⁴⁶⁶ Ls.: *seanfhear* [Féach gurb é ‘seanfhear glic’ atá i gceist thíos [5*].]

⁴⁶⁷ Focal doiléir: *cáis* [nó] *cóir* b’fhéidir.

⁴⁶⁸ Ls.: *bhlás*

⁴⁶⁹ Ls.: *agus cheada* ^{d’iara} *sé na buachalí timpal a ro* *c?an r* [+ focal doiléir] *acab timpal ar* ^{i n-endi ls} *an gcailín*

“Téirigh ar ais abhaile anois agus bain písín⁴⁷⁰ deas den⁴⁷¹ chluais deas de do mhac fhéin agus aithneoidh tú an uair sin é.”

Chuaigh sé ar ais abhaile agus d’inis sé an scéal don mháistreás. Ghlaodar ar an bpáiste anall agus rug sé ar an siosúr agus bhain sé píosa den chluas deas de. Bhí an páiste ag caoineachán an lá sin le pian, agus má bhí fhéin, fuair sé as. As sin go ceann tamaill, thug an cailín faoi deara an píosa seo baintí de⁴⁷² mhac an mháistreás agus tugann sí fhéin léi a mac fhéin agus baineann sí píosa eile den chluas deas,⁴⁷³ dhá mac fhéin.

Bhíodar chomh dona ansin agus ’bhíodar ar dtús, bhíodar ag dul amú ar a chéile. As sin gur éirigh na gasúir⁴⁷⁴ suas láidir ina bhfír, shiúil fear acu amach lá ag breathnú anonn agus anall. Choinic sé tobar breá fíoruisce, thosaigh sé ag breathnú síos ann, choinic sé an bhean thíos ann, ar an mbean is breácha a choinic sé ó rugadh é. Bhí sé scríofa ar a brollach gur iníon rí í a bhí insa domhan thoir agus go raibh sí faoi dhraíocht agus go raibh codladh seacht mbliana uirthi.

“Is iomú duine ariamh a chuir mé den tsaol a tháinig do m’iarraidh agus cuireadh ’un báis é. Ní raibh neart agamsa air ach tá sé in mo dhlí mo shaol a chaitheamh ar an mbealach sin.”

D’imigh sé ar a luas agus tháinig sé abhaile agus d’inis sé dhá mháthair an scéal seo.

“Ná tabhair aird ar bith ar na rudaí sin,” a deir an mháthair.

“Níl aon mhaith dhuit ag caint liom, a mháthair, gabhfaidh mé ann,” a deir sosan.

Chuaigh sé go dtí an fear eile agus d’inis sé an scéal céanna. Bhíodar an-lách lena chéile, an bheirt. Níor ghlaodar aon ainm ariamh ar a chéile nach⁴⁷⁵ ‘a dheartháir.’

“Tharl[a] thú⁴⁷⁶ dul ann anois, a dheartháir, mara dtiocfaidh tú ar ais, féachfaidh tú le scéala a chur agam cén bealach a bheas leat.”

“Agus breathnaigh seo, gabhfaidh tú ag an tobar faoi cheann bliana agus breathnaigh síos ann agus má fheiceann tú an t-uisce ina fhuil dhearg, beidh mise cailte agus má fheiceann tú mar ’tá sé inniu, beidh mé beo.”

⁴⁷⁰ Ls.: *pí^o^sín*

⁴⁷¹ Ls.: *gan*

⁴⁷² Ls.: *gho*

⁴⁷³ Ls.: *des*

⁴⁷⁴ Ls.: *gasúr*

⁴⁷⁵ Ls.: *ach* ^nach

⁴⁷⁶ Ls.: *Thárlú* ^Tháú *gol ann anis*

D'imigh sé leis agus cumha mór ar chaonduine acu. Chaith sé achar mór ag triall ar an áit a raibh sé ag dul. Tháinig sé isteach lá i dteach a bhí i ngar do choill. D'iarr sé greim le n-ithe agus fuair, agus d'inis sé cá raibh sé ag dul d'fhear an tí.

“Sílim,” a deir sé, “gurbh fhearr dhuit a dhul ar ais abhaile. Tá eolas mór agamsa ar an scéal sin, agus sin é an fáth go bhfuil mé ag rá leat a dhul ar ais.”

“Tigim nó fanaim,” a deir sosan, “gabhfaidh mé ann.”

“Tharla thú chomh maith sin,” a deir fear an tí, “tíurfaidh mé capall duit agus tabhair leat í agus péire cúnnaí.”⁴⁷⁷

Agus d'imigh leis ansin. Bhí cineál draíocht ag an gcapall agus thug sí ag an teach é. Nuair a bhí sé ansin, chuaigh sé anuas den chapall agus d'éirigh cailleachín bheag amach roimhe. Thosaigh sí ag sá a méireachaí isteach aige. Shíl sé breith uirthi agus níor fhéad sé. Bhí sé ag imeacht ina diaidh agus ise dhá mhealladh go ndeachaigh sí an-domhain insa sliabh. Tráthnóna, d'imigh sí as amharc agus bhuail ocras mór é. Bhí caoirigh anonn agus anall roimhe agus rug sé ar chaora acu agus mharaigh sé í agus thug sé leis í, a d'íosfadh sé nuair a thiocfadh sé. Bhí sé ina n-oíche dhubh nuair a bhí sé ag an teach. Chuaigh sé isteach i scioból a bhí ann agus chuir sé síos tine agus chuir sé síos ceathrú den fheoil agus dhún sé amach an doras. Ní mórán achair 'na dhiaidh sin nuair a buaileadh an doras.

“Cé sin?”

“Lig isteach mé,” a deir an chaint.

“Íosfaidh na cúnnaí⁴⁷⁸ thú,” ar sosan, “níl siad ceanglaithe.”

“Ceangail iad,” a deir an chaint.

“Níl aon rópa agam.”

“Seo dhuit ribe as mo chuid gruaige agus ceangail iad.”

D'oscail sé an doras ruainín⁴⁷⁹ beag agus cheangail sé iad.

“Seo dhuit ribe eile agus ceangail an capall.”

Cheangail, mar bhí an mí-ádh ar an bhfear bocht. Nuair a bhí sin déanta, d'oscail sé an doras go maith agus tháinig an chailleach isteach agus chuaigh sí anuas ag an tine agus níor labhair sí ar chor ar bith. Nuair a bhí an fheoil bruite:

“Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

“Feoil,” a deir sosan, ag caitheamh aici an cheathrú.

⁴⁷⁷ Ls.: péire ~~eú-ní~~ cúní (madraí)

⁴⁷⁸ Ls.: na cúná

⁴⁷⁹ Ls.: ruanínín

Chuir sé síos ceathrú eile. Nuair a bhí sí sin bruite:

“Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

“Feoil,” a deir sé, ag caitheamh aici an cheathrú.

An tríú ceathrú, mar a chéile. An ceathrú ceathrú, nuair a bhí sí bruite:

“Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

“Troid,” a deir sosan.

D’éirigh an chailleach suas is d’éirigh sosan suas. D’ionsadar fhéin a chéile, thug an chailleach an dá leiceann as den chéad iarraidh.

“Cúnamh, cúnamh, a chú,” a deir sosan.

“Ní fhéadaim,” a deir an cú, “tá mé ceanglaithe.”

“Cúnamh, a chapail,” a deir sosan.

“Ní fhéadaim,” a deir an capall, “tá mé ceanglaithe.”

Mharaigh an chailleach ansin é agus chuir sí faoi mhullán amuigh insa ngarraí é. Scaoil sí na cúnnaí agus d’imigh siad fhéin agus an capall.

Nuair a bhí an bhliain thuas, chuaigh mac an chailín a bhí insa mbaile treasna ag an tobar seo agus bhreathnaigh sé síos ann agus choinic sé an t-uisce ina fhuil dhearg.

“Dia linn,” a deir sé, “tá mo dheartháir maraithe.”

D’imigh sé ar ais agus chuaigh sé go dtína mháthair agus dúirt sé go [n-]jimeodh sé ar lorg mac an mháistreás a chuaigh don domhan soir.

“Nár thug mé aon ainm ariamh air ach ‘mo dheartháir.’”

D’imigh leis agus bhí sé ag imeacht roimhe ag triall ar an domhan soir. Tháinig sé isteach insa teach seo a raibh na cúnnaí ann agus an capall. Shuigh sé síos agus é tuirseach agus d’ith sé a bhéilí ann. Bhí fear an tí, go deimhin, go maith leis an strainséara. D’fhiarfaigh sé de cá raibh sé ag dul agus d’inis sé dó.

“B’fhearr liom thú a dhul abhaile go mór fada. Chuaigh fear thart anseo tá tuairim ’s bliain ó shin, agus thug mise capall dó le dhul ansin agus péire cúnnaí agus maraíodh é. Tháinig an capall agus na cúnnaí ach níor tháinig sosan.”

“Dá mbeinn⁴⁸⁰ gan a thíocht ar ais go brách, gabhfaidh mé go bhfeicfidh mé é.”

“Tá go maith,” a deir fear an tí. “Tharla thú ag dul ann anois, tabhair leat an capall céanna agus na cúnnaí. Breathnaigh amach ar do ghnó go han-mhaith. D’inseoinn tuilleadh dhuit ach níl sé ceadmhach agam.”

⁴⁸⁰ Ls.: *Dá mb*~

D'imigh leis ansin agus chuaigh ar aghaidh agus a chapall aige agus a phéire cúnnaí. Níor stop go dtáinig insan áit chéanna seo a dtáinig⁴⁸¹ an chéad fhear. D'éirigh an chailleach amach roimhe. Thosaigh sí ag sá a méireachaí⁴⁸² sall aige. Shíl sé breith uirthi. Bhí sí ag imeacht uaidh agus dá mhealladh insa sliabh. Nuair a tháinig an tráthnóna, d'imigh sí as amharc. Bhuail ocras é agus thosaigh sé ag déanamh ar an mbaile. Bhí caoirigh roimhe ar an mbealach agus mharaigh sé ceann díobh agus thug sé leis í abhaile. Nuair a tháinig an oíche, chuir sé síos tine agus fuair sé a chaora⁴⁸³ faoi réir go mbruithfeadh sé í agus go n-íosfadh sé a dhóthain di. Ní i bhfad gur buaileadh an doras.

“Lig isteach mé,” a deir an chailleach.

“Íosfaidh mo chuid cúnnaí thú,” a deir sosan.⁴⁸⁴

“Ceangail iad,” a deir sise.

“Níl aon rópa agam,” a deir soson.

“Seo ribe as mo chuid gruaige dhuit,” a deir sise.

Rug sé ar an ribe agus chuir sé síos é ar chúla na tine agus dódh é.

“Seo ribe eile dhuit,” a deir sise, “agus ceangail do chapall.”

Rinne sé an cleas céanna leis sin. Tháinig an chailleach isteach agus shuigh sí síos ag an tine.

Nuair a bhí an chéad cheathrú bruite:

“Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

An dara ceathrú, nuair a bhí sí⁴⁸⁵ bruite:

“Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

“Feoil,” a deir sosan.

An tríú ceathrú: “Feoil nó troid?”

“Feoil,” a deir sosan.

An ceathrú ceathrú: “Feoil nó troid?” a deir an chailleach.

“Troid,” a deir sosan.

D'éiríodar agus d'ionsaigh siad féin a chéile. Bhí an chailleach ag fáil an lámh 's fearr air.

“Cúnamh, a chapail,” a deir sosan.

D'éirigh a chapall agus bhuail sé cic ar an gcailleach agus bhris sí cnáimh a droma. Leis sin fhéin, bhí sí ag fáil an lámh is fearr aríst.

⁴⁸¹ Ls.: *a dtáig*

⁴⁸² Ls.: *méireachaí*

⁴⁸³ Ls.: *a chaira*

⁴⁸⁴ Ls.: *s* [Mise is cúis le ‘sosan’ a chur isteach sa sampla seo agus i gcás trí cinn de na samplaí thíos chomh maith.]

⁴⁸⁵ Ls.: *sé*

“Cúnamh, a chú,” a deir sosan.

D’éirigh an cú agus tharraing sí ó chéile ise.

“Tá mé réidh anois,” a deir sí. “Lig m’anam liom agus inseoidh mé dhuit cá bhfuil do dheartháir a mharaigh mé cheana.”

“Cén áit?” a deir sosan.

“Ar chúla mullán atá amuigh insa ngarraí. Tá slat dhraíocht ansin agus tabhair leat í agus buail iarraidh ar an áit a bhfuil sé agus éireoidh sé suas chomh maith agus ’bhí sé ariamh. Inseoidh mé tuilleadh dhuit: tá iníon an rí insa teach mór seo amuigh ar a leaba agus codladh seacht mbliana uirthi agus feádfaidh tú a dhul go dtí í agus mise a bhí dhá cosaint i gcaitheamh an tsaoil, agus nach mór an lear é sin⁴⁸⁶ atá insithe agam duit anois, agus lig m’anam liom.”

“Dá ligfinnse d’anam leatsa anois,” a deir sosan, “is é an scéal céanna a dhéanfá aríst.”

Dúirt sé leis an gcú eile í a mharú uileag agus mharaigh. Fuair sé an tslat dhraíocht agus chuaigh sé amach agus bhuail sé ar an áit a raibh an deartháir í. D’éirigh an deartháir suas chomh maith agus ’bhí sé ariamh. Chuaigh sé isteach insa teach mór agus chuaigh sé siar insa seomra a raibh an *lady* uasal seo. Scríobh sé litir agus chuir sé isteach ina brollach an litir agus d’imigh sé ar ais abhaile, é fhéin agus a dheartháir. As sin go raibh an t-am thuas, dhúisigh an bhean uasal seo agus nuair a dhírigh sí aniar, thit an litir amach as a brollach agus léigh sí an litir agus dúirt sí:

“Is tusa an fear a bheas agamsa pé ar bith áit a bhfuil tú.”

Chruinnigh sí leathchéad saighdiúir agus chuir sí⁴⁸⁷ ’un bealaigh iad nó go dtugadar ar ais an fear seo aici agus gur phós sí é agus gur fhanadar insa teach in éindí uaidh sin amach. Sin é an deireadh a bhí leis an scéal sin.

⁴⁸⁶ Ls.: *nach mór an lear* ^{Nán} é sin

⁴⁸⁷ Ls.: *sé*

Bhí beirt ar an mbaile lá agus bhíodar leagthaí amach⁴⁸⁹ le dhul ag fiach lá arna mháireach. Bhí tuilleadh le dhul ann freisin — daoine — ach bhíodar seo le bheith ann i dtosach orthu dá bhféadfaidís é, féachaint an mbeidís ag na coinicéir rompu agus an firéad agus a gcuid madraí acu. Bhí Tam ar dhuine acu.

“Meas tú,” a deir an fear seo le Tam, “cén phlean a d[h]éanfadh⁴⁹⁰ muid le go n-aireodh muid éirí?”

“Tá plean agamsa,” a deir Tam. “Tabhair leat dorú fada agus nuair a thiocthas an oíche agus a ghabhfas mise a chodladh, cuirfidh mé snaidhm ar m’ordóig den dorú, agus cuirfidh mé an chuid eile di amach thrí bharr na fuinneoige, agus aon am san oíche a dtiocfaidh tusa go dtí mé, tabhair iarraidh bheag don dorú agus dúiseoidh sin mise. Nach iontach an phlean í sin?” a deir Tam.

“Is iontach, go deimhin,” a deir an fear eile.

Rinne Tam mar sin agus bhí an fear eile seo in éindí leis na *lads* eile⁴⁹¹ ar a gcuart ag cuir síos ar an bhfiach.

“An bhfuil a fhios agat cá ngabhfaidh tú anois?” a deir an fear seo le duine acu. “Téirigh síos go dtí Tam agus tá sé ina chodladh anois agus tá dorú ceanglaithe dhá ordóig insa leaba agus an chuid eile di amach thrí bharr na fuinneoige, agus tabhair stracadh maith don dorú agus cloisfidh tú an réabadh a bheas ag Tam istigh.”

Thosadar uileag ag gáirí; ba fear spraoi a bhí ann. D’imigh leis an *lad* seo agus é an-áthasach i ngioll leis an ngníomh a bhí sé le dhéanamh. Tháinig sé ag teach Tam agus fuair sé an dorú amach thríd an bhfuinneog. Rug sé air agus thosaigh sé dhá tharraingt. Thosaigh Tam istigh ag fuagairt na míle murdar agus ag fuagairt gan an ordóig a tharraingt as. Bhí sé dhá stracadh leis gur thug sé anuas as an leaba é agus sall ag an bhfuinneog. Rith sé ansin agus d’fhága sé ansin Tam agus an dorú. Tháinig sé isteach insa teach céanna ar imigh sé as. Thosaigh sé ag inseacht don fhear seo agus dóibh uileag céard a rinne sé le Tam agus ag inseacht dóibh céard a bhí Tam a rá. Dar go deimhin go rabhadar ag síneadh siar le lagrachaí ag gáirí.

“Maróidh sé mise uileag,” a deir an fear seo, “má théim ag glaoch air anois. Ceapfaidh sé gur mé a bhí ann, mar is mé a dúirt leis an phlean seo a dhéanamh.”

⁴⁸⁸ Ls.: 28

⁴⁸⁹ Ls.: *leacáí ??ach*

⁴⁹⁰ Ls.: *a déanadh muid*

⁴⁹¹ Focal doiléir: *eila*

Is aige a bhí an firéad agus na madraí, agus ós aige, b'éigint don fhear eile a dhul ag gaoch air go ngabhfaidís ag fiach, ach go deimhin, bhí aimhreas maith aige céard a bhí le fáil aige ó Tam.

“Inseoidh tú amáireach dhúinn,” a deir na *lads*, “céard a bhe[as] sé ag rá.”

D'éirigh leis an bhfear seo agus chuaigh sé ag Tam. Thosaigh sé ag cuardú an dorú ach⁴⁹² níor bhfuair sé é. Thosaigh sé ag gáirí faoin [g]cleas a rinneadh le Tam. Is éard a bhí ann, fear an-spráúil, agus mar sin fhéin, labhair sé leis thríd an bhfuinneog agus dúirt sé:

“A Tam, ar éirigh tú fós?”

“Níor éiríos,” a deir Tam, “agus ní éireod, ná i mbliana, a bhithiúnaigh de mhurdaróir. Nach bhfuil an ordóig tarraingthí amach as mo chois agat i ngioll leis an bplean mhallaithe a chuimhnigh tú air.”

“Ní mise a rinne é,” a deir an fear seo.

“Bí ag imeacht uaim,” a deir Tam, “tá mé ag rá leat aríst⁴⁹³ chúns ' mhairfeas tú.”

Sin é an chuma ar thit an fiach amach do Tam.

⁴⁹² Ls.: *a*

⁴⁹³ Ls.: *Bí ag imeacht uaim, ad. T, tá mé rá leat aríst chúns 's mhairfeas tú.* [Féidearthachtaí eile: (1) ‘atá mé a rá leat’; (2) ‘tá mé á rá leat’.]

Chuaigh fear as Árainn go Conamara lá, Diarmuid Mór agus Seán agus Coilmín. Chualadar go raibh craicne beithíoch⁴⁹⁵ fairsing ar an áit a[r] raiceáilleadh soitheach agus bhí na beithígh ag tíocht inti agus bádhd iad. Bhí úsáid mhaith á dhéanamh in Árainn de chraicne na mbeithíoch; is iad na bróga a bhíodar a chaitheamh iad. Bhí beagán eile ag teastáil uathu, bhí móin ar iarraidh uathu agus bhí tuí ar iarraidh uathu. D'imigh leo ansin agus fuairadar faoi réir agus chuadar ann. Fuairadar beithíoch mór i dtír i gCoigeal Mór, fuairadar beithíoch eile i dtír insa Lochán Bréan agus fuairadar beithíoch eile i dtír insa gCeathrúin Rua.⁴⁹⁶ Go deimhin, is maith a bhí na trí bheithíoch saothraithe acu. Bhaineadar díobh na craicne agus chuireadar síos i mála iad agus iad ag tíocht ar ais. Ar Sheán a bhí na craicne an t-am seo. Bhí Diarmuid Mór agus Coilmín ag siúl amach roimhe in éindí. Casadh cúigear mná do Dhiarmuid Mór agus iad ag tíocht ón bportach. Bheannaigh siad dó go laethúil agus d'fhiarfadar de cén chaoi a raibh sé.

“Tá mé go maith,” a deir sé, “agus cén chaoi a bhfuil sibh fhéin?”

“An bhfuil in éindí leat ach an stócach seo?”

“Tá fear eile, siúd é anoir é, tugann siad Seán air.”

“Agus céard a thug an bealach seo sibh?”

“Ag cuardú craicne beithíoch mar chualathas go rabhadar ag imeacht thart anseo.”

“Agus an bhfuair sibh aon cheann?”

“Fuair, go deimhin, agus trí cheann.”

“Agus cá bhfuil siad?”

“Siúd iad anoir iad, insa mála, ar Sheán seo.”

“Cén sórt fear é Seán?”

“Fear toll éadrom.”

“Bainfidh muide píosa spraoi as anois mar sin,”⁴⁹⁷ a deir na mná.

Bhí Diarmuid Mór an-spráúil é fhéin.

“An bhfuil a fhios agaibh céard ’dheánfaidh sibh leis?” a deir Diarmuid. “Abraigi leis go bhfuil boladh as an mála atá aige.”

⁴⁹⁴ Ls.: 29

⁴⁹⁵ Ls.: *beithígh*

⁴⁹⁶ Ls.: *insa gCearúin Rua*

⁴⁹⁷ Ls.: *Bainemuid de píosa spree as anis mar sin*. [Féidearthacht eile: ‘Bainfidh muid de, píosa spraoi as, anois mar sin’.]

“Spréachfaidh sé ansin,” a deir duine acu.

“Ar ndóigh, ní i bhfarraige a ghabhfa[s] sé,” a deir Diarmuid.

“Tá go maith,” a deir na mná, ag imeacht leo. Tháinig siad suas le Seán.

“Go mbeannaí Dia dhuit, a fhear Árainn.”

“Dia is Muire dhaoibh,” a deir Seán.

Bhí cuma an-bhreá ar Sheán, an pointe seo, ach ní mórán achair gur fhiarfaigh an bhean de céard a bhí insa mála.

“Ó, ní mórán atá ann,” a deir sé.

“Tá boladh air,” a deir sise.

“Má tá,” a deir sosan, ag éirí de léim agus ag caitheamh an mhála síos le fána droichead a bhí ann. Bhí Diarmuid Mór ’na sheasamh ag breathnú air fhéin agus ar na mná mar bhí fios maith aige go mbeadh spraoi acu, ach shíl sé thréis anró nach in é an cleas a dhéanfadh sé leis na craicne.

“Is fearr dhúinn ritheach go beo,” a deir sé, “agus féachaint an bhféadfadh muid iad a thóigeál.”

D’imigh leo go deifreach agus tháinig siad insan áit seo a raibh Seán.

“Cén mí-ádh a bhí ort, a Sheáin, an cleas sin a dhéanamh?”

“Ní raibh neart agam air,” a deir Seán, “na mná is ciontach liom.”

“Ó, níl aon lá ariamh fhéin,” a deir Diarmuid, “nár bh fhurasta toll in airde a chur ar d’intinn.”

Ní níonn Seán ar ais ach éirí de léim agus amach leis insa[n] uisce go dtína mhuineál ag dul ag iarraidh na gcraicne.

“[D]á dhonacht a ndearna⁴⁹⁸ tú cheana é, is dona ná sin atá déanta anois agat,” a deir Diarmuid.

Bhí Seán ansin insa[n] uisce go dtína mhuineál agus é ag plobaíl agus ní raibh a fhios céard a bhí sé a rá.

“Téamuid⁴⁹⁹ síos go beo,” a deir Diarmuid Mór, “féachaint an bhféadfadh muid é a shábháilt.”

Chuaigh Diarmuid Mór síos agus Coilmín, agus chuadar amach chomh fada agus ’b fhéidir leo agus greim láimhe acu ar a chéile. Bhíodar ag iarraidh breith air i gcónaí. Bhí an sruth dhá mealladh amach agus baineadh truisle as Diarmuid agus leagadh é. An ghreim láimhe a bhí aige ar Choilmín, thug sé faoin⁵⁰⁰ uisce é agus bhíodar fhéin ag iarraidh a bheith ag cartadh agus ag snámh agus ní rabhadar in ann, ach bádh an triúr in éindí aon leathuair amháin.

⁴⁹⁸ Ls.: *Ó dhonacht á ndearna*

⁴⁹⁹ Ls.: *Teidh muid* [Léamh eile: ‘téadh muid’.]

⁵⁰⁰ Ls.: *fén*

Bhí triúr fear eile lá agus d'fhága siad Árainn ag dul amach go Conamara. Bhí rudaí beaga ag teastáil uathu: móin agus tuí agus arbhar.⁵⁰¹ Bhí Paits Mór ar dhuine acu agus beirt stócachaí eile láidre⁵⁰² in éindí leis. D'athraigh an aimsir roinnt⁵⁰³ garbh agus níor fhéadadar a thíocht isteach an lá sin. Bhí eolas mór ar Phaits Mór insan áit sin. Bhíodar oíche ansin insa teach a rabhadar ag fanacht. Bhí daoine⁵⁰⁴ go leor ar, cruinnithe⁵⁰⁵ ar na strainséaraí.⁵⁰⁶ Dúirt bean an tí:

“An bhfuil duine ar bith ansin a ramhródh⁵⁰⁷ bréidín?”

Níor labhair aonduine. Dúirt duine de na stócachaí seo go rinne sé fhéin go minic é.

“Tá go maith,” a deir bean an tí, “cé eile a gheobhas mé in éindí leat?”

“Duine ar bith a thogrós tú, fear nó bean, is cuma liom eatarthu é.”

D'éirigh an iníon agus chuaigh sí siar don tseomra agus tháinig sí aniar faoina treabhsar agus crios faoina lár.⁵⁰⁸ Isteach leo ar an stoc ag úrachán. Tháinig an mháthair anall ag an stócach seo agus buidéal pionta poitín aici. Rug sé air go fáiltiúil agus bhain sé gloine as, agus bhain sé ceann eile as, agus thug sé péire eile don iníon. Thosaigh orthu ansin ag obair. Bhí Paits Mór 'na shuí chois na tine agus é ag titim 'na chodladh. Choinic an mháthair é agus dúirt sí leis gurbh fhearr dhó a dhul ar an leaba.

“Éirigh,” a deir sí leis an mbean eile a bhí insa teach, “agus cóirigh an leaba dó seo.”

D'éirigh sí agus chuaigh sí siar. Níor las sí solas ar bith mar bhí sí ag cuimhniú ar an bplean seo a bhí déanta amach aici. Nuair a bhí sin déanta aici, chuaigh sí aniar agus dúirt sí:

“Féadfaidh tú a dhul a chodladh anois.”

D'éirigh Paits Sheáin⁵⁰⁹ agus chuaigh sé siar agus bhain sé de a chuid éadaí. Níor fhága Paits Mór aon léine [...] ⁵¹⁰ air ina chodladh ach mar ' rugadh é. Is iomú oíche roimhe sin a chodail sé

⁵⁰¹ Ls.: *arúr*

⁵⁰² Ls.: *láidr*

⁵⁰³ Ls.: *ruínt*

⁵⁰⁴ Ls.: *daine*

⁵⁰⁵ Ls.: *crinni*

⁵⁰⁶ Ls.: *stranséirí*

⁵⁰⁷ Is cosúil gur *ramhnóch* atá sa ls.

⁵⁰⁸ Baineann doiléireacht le roinnt den abairt seo: Ls.: *thing sí aniar faoi na treabhsar* ~ *criós faoi na lár*

⁵⁰⁹ Ls.: *Paits Sh* [Féach go mbíonn *S* mar ghiorrúchán ar ‘Seán’ sa ls., féach Caibidil 3, alt 3.8.4. Tugtar ‘Paits Mór’ nó ‘P.M.’ ar an gearachtar seo i ngach áit eile sa scéal.]

⁵¹⁰ Focal doiléir: *riar* [‘riamh’?]

insa teach seo agus bhí fios maith ag an iníon ar a gnó.⁵¹¹ Bhí an mháthair ag dul thart agus bhreathnaigh sí siar insa seomra.

“Cén fáth,” a deir sí, “nár las tú solas anseo do Phaits?”

“Ní theastaíonn⁵¹² aon tsolas uaidh,” ar sise, “nach léir dhó an leaba?”

“Ná bíodh sé sin ag cuir trioblóid ar bith ort,” a deir Paits.

Is garr go ndeachaigh Paits suas insa leaba ina chraiceann agus céard a bheadh cóirithe faoi ach tom mór neantóg. Shíl sé gur mar ’ bhí an leaba i gcónaí a bhí sí an oíche seo agus, a mhaisce,⁵¹³ ní hea; bhí athrú mór uirthi. Nuair a luigh Paits, chuir sé béic as agus aniar leis insa doras, síos ar an urlár agus a chuid neantógaí aige ina ghabháil agus é bruite dóite. Chaith sé amach ar an tsráid iad agus siar leis aríst agus bhí a raibh sa teach ag gáirí. Bhí an iníon thiar insa seomra beag an uair seo agus í ag cuir céadta mine leis an doras taobh thiar mar bhíodar á díolachán. Bhí fios maith aici dá bhféadadh an mháthair a dhul go dtí í go dtiúrfadh sí an tuairgín di. Níl ann ach go raibh sin déanta aici nuair a shíl an mháthair a dhul go dtí í leis an tuairgín faoi[n]a leithide de chleas a dhéanamh. B’iontach an spraoi a bhí ag a raibh sa teach ar Phaits Mór go raibh píosa mór den oíche caite. As sin go ceann tamaill mhaith ina dhiaidh sin, bhí léasachaí amach thrína chraiceann agus is fada go bhfuair sé é fhéin glan.

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, bhíodar ag cuir tuí ar theach. Bhí braonachaí poitín an-fhairsing.⁵¹⁴ Crochann sé suas intinn dhuine go han-bhreá. Bíonn sé ag ceapadh go bhfuil sé in ann chuile rud a dhéanamh, agus leis an rud ceart, níl sé in ann tada a dhéanamh. Tháinig curach insa[n] áit chéanna as Árainn. Bhí an lá an-dúinte suas le ceo. Nuair a choinic Paits Mór an curach ag tíocht as Árainn, bhí sé fhéin ag ceapadh nach prae ar bith dhó fhéin a dhul go hÁrainn. Anuas leis don teach agus dúirt sé leis na stócaigh seo a bheith ag fáilt faoi réir. D’imigh leo agus sheoladar agus dhúin an t-aer suas go dubh agus i gcionn⁵¹⁵ píosa den oíche, ní raibh a fhios acu cá raibh siad ag dul. Bhíoda[r] in inní mhór. Ba beag an báidín í insa bhfarraige i lár na hoíche. As sin go ceann tamaill mhaith, choinic duine acu solas agus d’inis sé é.

“Coinnigh amharc air,” a deir Paits Mór.

“Ní fheicim anois é,” a deir an stócach.

⁵¹¹ Ls.: *gho* [Is deacair a rá an í an litir *n* nó *h* atá i lár an fhocail seo. Léamh eile, mar sin, ‘ar a gh[n]ó’ ag tagairt do ghnó Phaits Mhóir.]

⁵¹² Ls.: Tá deireadh an fhocail seo doiléir.

⁵¹³ Ls.: *mhaisce*

⁵¹⁴ Ls.: *anfharisn*

⁵¹⁵ Ls.: *gciann*

Is gearr aríst go bhfaca sé é agus badh é an scéal céanna é. Faoi cheann tamall beag 'na dhiaidh sin, choinic sé aríst solas. Choinic sé ceann eile lena ais. D'iontaigh siad an curach ar na soilse agus iad an-áthasach.

“Meas tú,” a deir an stócach, “cá bhfuil na soilse sin?”

“Ní fhéadaim a dhéanamh amach,” a deir Paits Mór, “ach nach cuma linn cá bhfuil siad, dhá bhféadadh muid an talamh a bhualadh.”

“Bhí sin go maith,” a deir an stócach, “dhá ndéanfadh.”

“Níor mhiste linne,” a deir an stócach eile, “[d]á mba soitheach a bheadh ann agus í ár⁵¹⁶ dtabhairt go Meiriceá, ach muid a bheith beo.”

“[....],⁵¹⁷ a deir Paits Mór,⁵¹⁸ “a bhfuil cúram bean agus páistí ann, níor mhiste liom péin é ach a bheith beo.”

Bhíodar ag caint agus bhíodar ag obair chomh maith agus 'b fhéidir leo é agus bhíodar ag déanamh ar na⁵¹⁹ soilse. As sin go ceann tamaill mhaith, tháinig maidhm farraige fúthu agus sciob sí léi tamall maith iad, agus ceann eile ina diaidh, agus feicthear dóibh go rabhadar níos socra ansin. Is gearr 'na dhiaidh sin gur bhuaileadar an talamh agus, go deimhin, bhíodar thar a bheith áthasach. Chuaigh Paits Mór⁵²⁰ amach ag baint meabhair as cén talamh a raibh sé, agus fuair sé meabhair air, agus tháinig sé agus chuaigh⁵²¹ insa gcurach aríst agus leagadar ar an gcaladh ceart í an uair sin, agus tháinig siad slán ar éigean ach hobair go mba daor an mhóin orthu é.

⁵¹⁶ Ls.: *ar*

⁵¹⁷ Dhá fhocal dhoiléire.

⁵¹⁸ Ls.: *D.M.* [Táim ag glacadh leis gurb é Paits Mór atá i gceist anseo agus arís thíos (féach fonóta 509). Gach seans gur ag smaoineamh siar ar an gcarachtar ‘Diarmuid Mór’, ón gcéad chuid den scéal, a bhí an scéaláí.]

⁵¹⁹ Focal míshoiléir.

⁵²⁰ Ls.: *D. M.*

⁵²¹ Ls.: *chua sé insa gcorach*

Bhí muintir seo⁵²³ Chonamara ar séasúr liamháin insa tseanaimsir. Bhí sé ag cinnt orthu iad a fháil ná a fheiceáil. Tháinig duine uasal timpeall lá agus d'fhiarfaigh sé cén sórt ceird a bhí acu agus d'inis siad dó.

“Nach trua nach bhfeiceann muid anois aon cheann díobh?” a deir sé.

Chuaigh sé amach, théis a dhinnéir, ar an gcnocán agus feicthear dó go bhfaca sé rud dubh amuigh insa bhfarraige. Isteach leis go beo agus dúi[r]t sé:

“Éirigh amach go bhfeicfidh sibh an rud seo a choinic mé, féachaint an mbeadh a fhios agaibh céard é fhéin.”

D'éirigh agus bhreathnaigh siad air agus dúirt siad gur liamhán [é]. Síos le haghaidh an b[h]ád⁵²⁴ go beo, agus amach leo, agus iad deisithe. Bhí an duine uasal amuigh 'un tosaigh agus an tsleá aige agus é ag cuardú fios orthusan céard ba cóir dhó a dhéanamh. Bhí an fear an-láidir súpláilte agus iadsan ag inseacht dó chomh maith agus ab fhéidir leo. Nuair a tháinig siad suas leis an liamhán, chaith an duine uasal leis. Chuir sé an tsleá i bhfostú ann ach ní raibh sí sách domhain, agus d'éirigh sé go léir as an mbád agus chuaigh sé ar a dhroim, agus thug sé sáil na bróige don tsleá chomh maith agus ab fhéidir leis agus chuir sé síos go dtí an feire í, agus tháinig sé isteach ar an rópa aríst insa⁵²⁵ mbád agus mharadar an liamhán. Bhíodar dá dhíol ansin agus séasúr maith déanta acu agus bhíodar ag tabhairt a chion don duine uasal de agus níor ghlac sé tada dhe. Bhí moladh mór acu air faoin *job* sin a rinne sé.

“Dhá mbeadh sé sin tóigthí leis an gceird,” a deir duine acu sin, “ní fhágfadh sé liamháin insa bhfarraige.”

Chuaigh sé sin abhaile agus b'fhearr leis an méid sin a bhí déanta aige ná leath [d]á⁵²⁶ bhfaca sé ariamh.

⁵²² Ls.: 30

⁵²³ Ls.: *muintir se~*

⁵²⁴ Ls.: *Síos len bad*

⁵²⁵ Ls.: *ison*

⁵²⁶ Ls.: *a*

Fear a bhí in Árainn insa tseanaimsir a dtugaidís ‘Seán a Bhailís’ air, bhí sé roinnt casta ach bhí sé an-láidir agus bhí an tiarna dá gcuir amach ar an tsráid an áit a raibh cíós aige orthu. Tháinig siad ag Seán — leathchhead pílear — agus chuadar isteach insa teach ag cuir Sheán amach. Níor thaithnigh sé le Séan ach bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé é a dhéanamh. Ar a dhul amach do Sheán, thug sé tonc d’fhear mór de na pílears. Bhí an pílear ag brath ar é a bhualadh agus dúirt Seán ná raibh sé in ann ach go raibh faitíos air fhéin. Bhí an t-oifigeach ag éisteacht leo agus ag breathnú orthu.

“Má tá tú in ann é a throid, a Sheáin,⁵²⁸ gheobhaidh tú a chead, má gheallann tú dhom nach ndéanfaidh tú aon [... ..]?”⁵²⁹

D’éirigh Seán de léim agus rug sé ar mhuinéal air. B’éigin do dhuine⁵³⁰ a thíocht go dtí é agus an ghreim sin a scaoileadh. Thachtfaidh Seán é an pointe sin marach a raibh ann. Bhí misneach ag Seán ní b’fhearr ná a bhí ar dtús.

“Is mairg ariamh,” a deir Seán, “a rinne pílear díot mar, go deimhin fhéin, is dona thú.”

“Dá mbeifeása in do phílear, a Sheáin,” a deir an t-oifigeach, “bheifeá fhéin go maith.”

“Dhá bhfaighinnse an bheatha,” a deir Seán, “tamall den tsaol atá agaibhse, ní bheadh aon phílear ag Sasana chomh maith liom.”

“Cén sórt beatha atá agat, a Sheáin?” a deir an t-oifigeach.

“Cupla fata faoi dhó insa ló agus cuid mhaith laethannaí eile, gan tada.”

“Well, ní fhéadfainn aon bhlas a dhéanamh leat, a Sheáin, ach a bhfuil déanta,” ag cuir láimh ina phóca agus ag síneadh luach an tobac ag Seán agus ag imeacht ’un a bhealach.⁵³¹ Níl aon lá go bhfuair Seán bás ná raibh sé ag déanamh gaisce a fheabhas agus ’ bhí an t-oifigeach leis.

⁵²⁷ Ls.: 31

⁵²⁸ Ls.: a Sh. [Is mar seo atá na samplaí eile thíos chomh maith.]

⁵²⁹ Trí fhocal mhíshoiléire a leanann ‘aon’. Ls.: *bhlas un truilead*. [An bhfuil an léamh ‘aon bhlas trioblóid’ le déanamh air?]

⁵³⁰ Focal roinnt doiléir: *dhi?n*

⁵³¹ Ls.: *ún a bhealach*

33.⁵³² Home Rule

Nuair a bhínnse ag dul ar an scoil fadó agus mé in mo ghasúirín beag bídeach, bhí trí leabhairín bheaga agam: an ‘*First Book*’ agus ‘*Talk Book*’⁵³³ agus leabhairín beag eile Teagasc Críostaí. Nuair a thiginn abhaile tráthnóna, is gearr a bhínn istigh nuair a thigeadh an seanfhear isteach agus a mhaide aige. Bhí sé os cionn deich mbliana agus trí fichid insan am sin; an-chainteoir Gaeilge a bhí ann. Más ea fhéin, ní raibh aon mheabha[ir] ann ina dhiaidh sin ar bhealach. Ach d’fhiarfaigh sé dhíomsa ar chuala mé aon chaint ag an máistir ar *Home Rule* inniu. Dúirt mé fhéin nár chuala nó céard é sin?

“Dar ndóigh, c[h]loisinnse,”⁵³⁴ a deir sé, “go bhfuil Éirinn ag iarraidh *Home Rule* ar Shasana, agus gurb é an sórt rud é sin, rópa atá i ngreim ag na hÉireannaí agus an cloigeann eile de i ngreim ag na Sasanaí, agus pé ar bith cé acu taobh a tharraingeos an taobh eile, gur acu sin a bheas an *Home Rule*.”

Ní raibh a fhios agamsa ná raibh an ceart aige.

“B’fhéidir⁵³⁵ gur amhlaidh é,” a deirimse.⁵³⁶

Shuigh sé síos ar an gcathaoir, thosaigh sé ag [...] ⁵³⁷ a chos ar an urlár agus ag corraí a chuid lámha. Bhreathnaigh mé fhéin air agus d’fhiarfaigh mé dhe:

“A Pháidín, dá mbeadh greim agat ar an gcloigeann, an ndéanfá aon mhaith?”

“Níl aon lúd mór ionam anois,” a deir sé, “ach ’na dhiaidh sin, dá mbeadh sé agam dhéanfainn cúnamh don taobh a mbeinn.”

Thosaigh air ansin ag déanamh gaisce as na hÉireannaí.

“Agus cá bhfios duit, a Pháidín,” a dúi[r]t mé fhéin, “cén mhaith atá isna Sasanaigh fhéin?”

“Chuala mé ariamh,” a deir sé, “ná raibh aon mhaith iontu.”

“An bhfaca tusa iad?” a deirimse.

“Choinic mé strainséaraí go minic,” a deir sé, “ach má choinic fhéin, níl a fhios agam an Sasanaí nó Éireannaí iad.”

“*Well*, duine ar bith nach bhfuil a fhios aige cé hé, níl aon ghnó dhá cháineadh.”

⁵³² Ls.: 32

⁵³³ Baineann doiléireacht leis an bhfocal ‘book’ sa dá chás.

⁵³⁴ Ls.: *cloisinnse* [Léamh eile: ‘cloisimse’.]

⁵³⁵ Ls.: *D’fheid* [Léamh eile: ‘D’fhéad’.]

⁵³⁶ Ls.: *a derinse*

⁵³⁷ Focal míshoiléir: *claignín / daisín*

Shílfeá nár thaithnigh sin le Páidín nuair nach bhfuair sé cúnaimh insa gcaint.

“Chuala mé ariamh,” a deir sé, “go mba mhó na fir na Sasanaí.”

“Agus meas tú cén fáth é sin?” a deirimse.

“Inseoidh mise sin duit,” a deir sé. “Tá saibhreas mór i Sasana agus tá a ndóthain le n-ithe acu de chuile rud, agus tá sin ag déanamh fir mhóra díobh fhéin, agus níl tada anseo nach rud beag, agus sin é an fáth nach bhfuil aon f[h]ir mhóra anseo, ach mara bhfuil fhéin, tá an cruas iontu ina dhiaidh sin,” a deir sé.

Ach nuair a bhí mo bhéile ite agam péin,⁵³⁸ rug mé ar an leabhar bheag seo, ag tóigeál mo *lesson*. Labhair sé aríst agus níor thug mé aird ar bith air. Labhair sé aríst, agus:

“Dá mbeinnse in ann leabhra a léamh,” a deir sé, “bheinn ar siúl go bhfaighinn leabhar a mbeadh chuile rud uirthi.”⁵³⁹

“B’fhéidir go mba deacair dhuit í sin a fháil,” a deirim péin.

Bhí an tráthnóna ag éirí deireanach agus b’éigint dom péin éirí agus imeacht uaidh agus a dhul don tseomra. Dhún mé aniar an doras agus thosaigh mé ag breathnú aniar thrí pholl an ghlais ar Pháidín. Cén sórt obair a bhí ar Pháidín thíos leis fhéin ach rópa aige ar chathaoir agus é á tarraingt anall leis an rópa ag an gcathaoir a raibh sé ina shuí uirthi. D’oscail mé fhéin an doras agus thosaigh mé ag gáirí.

“Ag tarraingt an *Home Rule* atá tú, a Pháidín?” a deirimse.

“Féachaint leis,” a deir sé.

“Muide, níl aonduine a bhreathnódh ort a thóigfeadh thú ar cheann rópa,” a deirimse.

“*Well* anois,” a deireann sé, “tuig thú fhéin go han-mhaith agus cuimhnigh ort fhéin. Tiúrfaidh mise an solas duit le go n-iarrfaidh tú, dá mbeinn ar an rópa in éindí leat go ndéanfainn leas. Tabhair isteach anois cloch mhór,” a deir sé, “agus ceangail an rópa seo de.”

Ní raibh istigh ach an bheirt againn fhéin agus is beag ná raibh muid ar chomhchiall. Bhí muc ’na luí insa leaba insa gclúid.

“Ná déan,” a deirimse, “ach cuirfidh muid ceann an rópa ar an muic atá ina luí agus féach an dtarraingfeá í.”

Chuir muid ceann an rópa ar a cois, chuaigh mé fhéin á tarraingt, thosaigh sí ag sianaíl. Dá bhfaighinn saibhreas, ní fhéadfainn í a thabhairt as an leaba, Páidín ’na sheasamh suas ag breathnú uirthi.

⁵³⁸ Ls.: *pín*

⁵³⁹ Ls.: *ora*

“Anois,” a deir Páidín, “tá sí cinnte ortsa,⁵⁴⁰ agus gabhfaidh mise a chúnamh dhuit agus má tharraingíonn an bheirt againn í, sin é an t-údar go ndéanfainnse leas dá mbeinn ar an rópa.”

Chuaigh Páidín, rug sé ar an rópa in éindí liom fhéin, tharraing muid amach ar an urlár í ag cúnaimh na beirte. Sin é an áit a raibh gaisce ag Páidín — an gníomh a bhí déanta aige. Dheamhan aithne a bhí air mara[r]bh é⁵⁴¹ an fear ba láidre a bhí in Éirinn é i ngioll leis sin. Nuair a bhí sin déanta, scaoil mé fhéin an rópa den mhuc agus chuir muid isteach insa leaba í agus í bacach.

“Ná hinis anois,” a deir Páidín, “d’aonduine céard ’ d’éirigh di go bhfaighidh sí a biseach.”

Chuaigh Páidín amach ag dul abhaile agus d’fhan mé fhéin istigh. Seachtain díreach ón lá sin gur bhfuair Páidín bás agus chuaigh mé fhéin ar an tórramh. Níl aon uair a bhreathnaím⁵⁴² ar Pháidín básaithe nach gcaithfinn tosaí ag gáirí faoin gcleas a bhíomar a dhéanamh ar an muc.

⁵⁴⁰ Ls.: *at?a*

⁵⁴¹ Ls.: *mar dh'é*

⁵⁴² Cé nach bhfuil an focal seo iomlán soiléir sa ls., is cosúil gurb é an briathar ‘breathnaigh’ atá i gceist. Ls.: *bhreanuim*

Bhí sáraíocht mhór fadó ag beirt dochtúirí. Bhí duine acu ag rá go mba láidre an mhairteoil, bhí an duine eile ag moladh caoireoil, agus ghlaigh siad ar fhear eile agus d'fhiarfadar de an raibh aon bhrí i muiceoil.

“Ar bhealach,” a deir sé, “má tá sí go dona ar thaobh, tá sí go dona ar thaobh eile.”

Chuadar agus chuireadar an gheall le chéile agus chuadar agus phiocadar amach triúr fear ar aon aois amháin, ar aon bhrí amháin, agus thóigeadar suas iad go ceann bliana. Bhí duine ag fáil mairteoil úr agus goirt, bhí an fear eile ag fáil caoireoil úr agus goirt, bhí an fear eile ag fáil an mhucfeoil úr agus goirt. Bliain ón lá sin, bhí fear na muiceola,⁵⁴⁴ bhí sé séidte suas le feoil, ní raibh [...] ⁵⁴⁵ ar bith sa domhan aige agus é chomh mór le triúr. Bhí fear na caoireola⁵⁴⁶ éadrom súpláilte. Bhí fear na mairteola, níl ann ach go raibh na cnámha air. Nuair a bhí an bhliain istigh, tugadh amach iad féachaint a ngaisce. Bhí crann ann ansin a raibh fás seacht mbliana faoi. Chuaigh fear na muiceola féachaint an mbainfeadh sé é. Ní lúbfadh sé géagáinín a bhí air. Chuaigh fear na caoireola ag féachaint leis chomh dona céanna.

“Well, tá mise in ann rud eile a dhéanamh,” a deir fear na muiceola. “Shiúlfaimn ar chuile ghéagán dá bhfuil ar a chorp.”

“Ní fhágfaidh mise agaibh é,” a deir fear na muiceola, “le siúl air.”

Rug fear na muiceola ar an gcrann agus tharraing sé amach as an talamh é — fás seacht mbliana. Ba le fear na muiceola an lá an pointe sin. Scaoileadh giorria ansin in aghaidh cnoic. Shuigh fear na muiceola, shuigh sé síos, agus rith an bheirt eile ina dhiaidh agus rug fear na caoireola air.

“Anois,” a deir an dochtúir seo, “nach bhfuil tú buailte anois?” a deir sé le fear na mairteola.

“Céard a chuirfeas muid romhatsa anois?” a deir sé le fear na muiceola.

Ba lag an fheoil é an pointe sin. Cheap an dochtúir a bhí ag déanamh gaisce as, cheap sé plean amach dó.

“An bhfuil tú in ann,” a deir sé, “a dhul suas insa gcrann sin agus a bheith ag *jumpáil* ó ghéagán go géagán⁵⁴⁷ ag aithris ar na héanlaith?”

Chuaigh sé suas insa gcrann agus thosaigh sé ag *jumpáil* ó ghéagán go géagán agus ag feadaíl. Chuaigh fear na caoireola ann ina dhiaidh agus bhí sé fhéin ag iarraidh a bheith ag dul anonn agus

⁵⁴³ Ls.: 33

⁵⁴⁴ Ls.: *muicfeola*

⁵⁴⁵ Focal doiléir: *c*~

⁵⁴⁶ Ls.: *carfeola*

⁵⁴⁷ Ls.: *ó ghéagáin go geagan*. [Is mar seo atá sa chéad sampla eile: *ó ghéagán go geagán*.]

anall agus bhris an géagán faoi agus thit sé. Is beag nár maraíodh é. Chuaigh fear na mairteola agus sheas sé suas agus níor fhéad sé corraí, ach rud ar bith a gheobhadh sé greim air go mbrisfeadh sé é. Thosaigh chuile dhuine ansin acu ag iarraidh an lá.

“Is domsa atá sé ag dul,” a deir fear na mairteola.

“Agus nach rinne mise rud a chinn ort?” a deir fear na caoireola.

“Agus ná rinne mise rud a chinn oraibh uileag?” a deir fear na muiceola.

Ní raibh a fhios cé acu a tiúrfáí dó é. B’éigin dóibh a dhul abhaile go gcaithfí dlíomh⁵⁴⁸ ar an scéal. Chuadar — na triúr dochtúirí — go dtí aturnachaí agus thóigeadar suas an scéal. Bhíodar ag dlíomh⁵⁴⁹ ón lá sin go ceann trí bliana nó go raibh chaonduine de na dochtúirí chomh bocht le ceachtar acusan, chaonduine ag iarraidh an lá a bheith aige fhéin. Agus [d]á⁵⁵⁰ mhéid meabhair dhá raibh iontu, ba críonna na haturnachaí ná iad nuair a fuairadar greim ar an scéal.⁵⁵¹ Ach ar deireadh thiar, moladh an scéal don fhear a rug ar an ngiorria.

⁵⁴⁸ Ls.: *dligheamh*

⁵⁴⁹ Ls.: *dlicheamh*

⁵⁵⁰ Ls.: *ó*. Is cosúil gur ‘á’ [< ‘dá’ in FGB] atá i gceist anseo.

⁵⁵¹ Ls.: *ar a scéil*

35.⁵⁵² Tomáisín na nGabhar

Bhí Tomás fadó ina bhuachaill ag an oiread seo cailleadhaí. Bhí neart gabhar acu agus neart min bhúí le *stirabout* a dhéanamh dhe, agus iad casta go maith, agus Tomás ag freastal orthu go maith, dá bhruith agus dá chuir síos, agus ag bleán na ngabhar dóibh. Nuair a d'ithidís a mbéilí ansin, is gearr nó [go] n-iarrfadh⁵⁵³ duine acu ar Thomás:

“Tabhair amach mé.”

Thugadh sé amach í agus chaitheadh sé a fhanacht go dtugadh sé isteach í. Bhí an scéal céanna acu ó dhuine go duine ach is gearr gur thosaigh Tomás ag glacadh an ghráin orthu.

“Is gearr go socróidh⁵⁵⁴ mise libh go maith,” a deir Tomás, ina intinn fhéin.

Chuir sé síos ansin lá, pota mór *stirabout* agus tine bhreá faoi. Scar siadsan iad fhéin anuas timpeall ar an tine. Nuair a fuair Tomás socraithe síos iad, chuaigh sé agus thug sé leis mullán deas rabhnáilte agus chuaigh sé suas ar bharr an tsimléir. Bhí sé ag tóigeál marc ar an bpota chomh maith agus ’b fhéidir leis. (Bhí na simléir insa[n] am sin níos fairsinge ná atá siad anois.) Scaoil sé anuas an mullán insa bpota agus bhris sé an tóin ann. Amach leis an *stirabout* ar fud an úrláir. Dódh agus bruiteadh iad agus iad ag sianaíl agus iad ag fuagairt ar Thomás. Is gearr go dtáinig Tomás isteach agus d’fhiarfaigh sé céard a bhí orthu.

“An pota a phléasc ar an teallach,” a deir duine acu, “tá muid dóite bruite.”

“Céard a dhéanfas mé libh anois?” a deir Tomás.

“Tabhair leat ag sruth na haibhne muid,” a deir duine acu, “agus gheobhaidh muid fuarú ansin.”

Fuair Tomás an rópa agus chuir sé duine acu ar a dhroim, agus leag sé ag sruth na haibhne í. Bhí an taoille ag dul isteach go láidir, agus nuair a tháinig sé leis an dara duine, ní raibh an chéad duine ann. Nuair a tháinig sé leis an tríú duine, ní raibh an dara duine ann. Bhí sé mar sin ó dhuine go duine go rabhadar ag an sruth uileag. Chuaigh Tomás abhaile agus é áthasach go leor go raibh na cailleadhaí as amharc agus na gabhair aige.

⁵⁵² Ls.: 34

⁵⁵³ Ls.: *no n íarradh*

⁵⁵⁴ Focal doléir go leor: *socro*

36.⁵⁵⁵ Rí na nÉan

Bhí an t-iolrach lá ag breithiúnas,⁵⁵⁶ é fhéin agus éanlacha⁵⁵⁷ an aer. Dúradh leo go ndéanfaí rí den éan is airde a ghabhfadh insan aer. Dú[ir]t an t-iolrach chomh fada lena bharúil gurb é fhéin is airde a ghabhfadh. Bhí an dreoilín le fhéin⁵⁵⁸ agus bhí sé chomh beag agus nach bhfaca duine ar bith é. Chuaigh an dreoilín isteach faoi na sciatháin⁵⁵⁹ agus níor airigh sé [ar] chor ar bith é. D'éirigh an t-iolrach agus bhí sé ag dul suas chomh fada agus 'd'fhéad sé.

“Níl mé in ann anois⁵⁶⁰ a dhul níos faide agus go deimhin ní ghabhfaidh éan ar bith eile chomh hard sin fhéin.”

D'éirigh an dreoilín amach ina sciathán agus labhair sé:

“Tá mise fhéin in ann a dhul níos faide.”

Thug sé léim b[h]eag b[h]ídeach. Tháinig an t-iolrach ar ais insa[n] áit a raibh an breithiúnas dhá thabhairt.

“Is tú an rí ar na héanlacha uileag,”⁵⁶¹ a dúradh⁵⁶² leis.

Is gearr go dtáinig an dreoilín agus dúirt sé gurb é fhéin an t-éan⁵⁶³ is airde a chuaigh.

“Is tú go siúráilte,” a deir an t-iolrach, “mar nuair a chinn ormsa a dhul níos airde, labhair tusa agus d'fhiarfaigh tú dhíom:

‘An bhfuil tú in ann a dhul thairis sin?’”

“Tá go maith,” a deir an breithiúnas. “Is tusa an dreoilín rí na n-éan.”

Dúradh liom⁵⁶⁴ go bhfuil leigheas ina chuid fola le a lán tinneasachaí.

⁵⁵⁵ Ls.: 35

⁵⁵⁶ Ls.: ag br?amas

⁵⁵⁷ Ls.: eunlach

⁵⁵⁸ Ls. le hein

⁵⁵⁹ Ls.: sgiathán

⁵⁶⁰ Ls.: ans

⁵⁶¹ Ls.: ar na heinlách uiliug

⁵⁶² Ls.: a dúbrú

⁵⁶³ Ls.: an t-in

⁵⁶⁴ Ls.: lim

Bhí fear fadó ann agus phós sé. Bhí bei[r]t iníon aige agus mac. Cailleadh an bhean agus phós sé bean eile. Sin a d'fhág leasmháthair ar an triúr clainne. Níorbh fhearr léi ar bith é ná dhá bhféadadh sí iad a dhíbirt. As sin go ceann tamaill, b'éigin do na créatúir⁵⁶⁶ imeacht ar siúl. Rinne an t-athair poll talúna dóibh agus cuireadh síos ann iad. Dúirt sé leis an iníon a d'fhan sa teach a bheith ag tabhairt bia⁵⁶⁷ acu i ngan fhios don leasmháthair. D'fheicfeadh an leasmháthair an iníon ag imeacht anois agus aríst le ciseán agus rudaí thíos ann. Ní raibh a fhios aici sa domhan cá raibh sí ag dul ach thosaigh sí ag cuimhniú uirthi fhéin gur in áit éicineacht a bhíodar seo beo agus gur acu a bhí sí ag tabhairt an bia. D'imigh léi chomh luath agus 'b fhéidir agus chuaigh sí ag an seanfhear glic agus d'fhiarfaigh sí de cén bealach a bhí leis an leaschlann.⁵⁶⁸ Dúirt an seanfhear glic léi go rabhadar beo i bpoll talúna agus gur acu a bhí an iníon ag tabhairt⁵⁶⁹ an bia.

“Céard [é] an chaoi a chuirfidh mé 'un báis iad?” a deir sí.

“Seo dhuit an t-úlla seo agus cuir insa gciseán é, agus abair leis an iníon é a thabhairt dóibh le n-ithe, agus má bhlaiseann siad den úlla, gheobhaidh siad bás láithreach.”

D'imigh léi ar ais abhaile agus bhí sí ag aireachas ar an iníon nó go raibh sí ag dul amach.

“Má tá tú ag dul le aon bhia ag do dheartháireachaí, tabhairt acu an t-úlla seo atá mise ag cuir acu de bhronntanas.”

D'imigh an iníon bhocht 'un bealach⁵⁷⁰ chomh luath agus 'b fhéidir léi. Shíl sí gur ar mhaith[e] léi a bhí an leasmháthair agus ní hea ná ar chor ar bith. D'imigh an iníon ar siúl agus í an-áthasach agus tháinig sí ag an bpoll talúna. Leag sí acu an bia.

“Agus seo úlla dhuit a chuir an leasmháthair agaibh le n-ithe.”

“Ní bhlaifidh mise dhe,” a deir an mac is sine.

“B'fhéidir go bhfuil an ceart agat,” a deir an dara mac.

“An bhfuil a fhios agaibh céard a dhéanfa[s] sibh?” a deir an mac is óige, “déan dhá leith de agus caith an leath ag an mada.”

⁵⁶⁵ Ls.: 36

⁵⁶⁶ Ls.: *créatúr*

⁵⁶⁷ Ls.: *bía*

⁵⁶⁸ Ls.: *leáschlann*

⁵⁶⁹ Ls.: *tóit*

⁵⁷⁰ Ls.: *an bealach*

Rinne agus chaith, agus nuair a d’ith an mada é, ní raibh an dinnéar ite⁵⁷¹ acusan nuair a shín an mada siar agus fuair bás.

“Anois,” a deir an mac ’s óige, “nach orainn⁵⁷² a bhí an t-ádh.”

As sin go ceann seachtain ’na dhiaidh sin, bhíodh an iníon ag imeacht ó am go ham leis an gciseán. Bhí an leasmháthair dhá pianadh aríst agus d’imigh sí ag an seanfhear glic.

“Tá siad sin beo i gcónaí,” a deir an seanfhear glic, “ma[r] níor itheadar an t-úlla.”

“Cén chaoi,” a deir sí, “a gcuirfidh mé ’un báis iad?”

“Seo dhuit slaitín dhraíocht,” a deir sosan, “agus téirigh go dtí iad agus buail iarraidh ar chaonduine acu agus déanfaidh tú trí éan díobh.”

“Agus cá bhfios dom cén áit a bhfaighidh mé iad?” a deir sise.

“Bí ag airdeall ar an iníon,” a deir sosan, “go bhfeicfidh tú ag dul amach leis an gciseán í agus glaoigh uirthi agus abair:⁵⁷³

‘Tá an cóta sin tite díot, gabh i leith go gcuirfidh mé greim ann.’

Bíodh agat cei[r]tlín sná[tha], cuir i bhfostú ceann an tsná[tha] ina cóta agus abair:

‘Tá sé sin ceart anois.’

Agus scaoil léi agus beidh tusa ag leanacht den chei[r]tlín agus ise⁵⁷⁴ dhá tarraingt. Tá sí éadrom agus ní bheidh a fhios aici an bhfuil sí dhá tarraingt ar chor ar bith. Sin é an chaoi a bhfaighidh tusa amach an poll talúna.”

D’imigh an mháthair ar ais abhaile agus rinne sí mar ’ dúirt an seanfhear glic. D’imigh sí i ndiaidh an chei[r]tlín ag cuardú an áit seo agus, a mhaisce, níor stop ariamh go dtáinig sí isteach agus iad ag ithe a mbéilí. Tharraing sí iarraidh ar chaonduine den triúr agus rinne sí éanachaí díobh.

“Féadfaidh tusa a dhul abhaile,” a deir sí leis an iníon, “mar tá tú ag teastáil uaim mar ’ bheadh cailín.”

“Ní ghabhfaidh mise abhaile go deo,” a deir an iníon, “cé⁵⁷⁵ ar bith rud a dhéanfas tú liom.”

Bhraith sí iarraidh eile a tharraingt uirthi agus d’éist sí léi ina dhiaidh sin agus d’imigh sí abhaile. Bhí an iníon insa bpoll talúna sin ag maireachtáil agus bhíodh an triúr dearthára ina n-éanachaí

⁵⁷¹ Ls.: *ite* [Féidearthacht eile: Ls.: *cte* = ‘caite’.]

⁵⁷² Ls.: *orin*

⁵⁷³ Ls.: *abar*

⁵⁷⁴ Ls.: *isa*

⁵⁷⁵ Ls.: *Cpe ar bith* [.i. tá an litir *c* scríofa os cionn na litreach *p* sa ls. ionas gur cosúil gur athraíodh an focal ‘pé’ go dtí ‘cé’.]

imithe ó mhaidin go faoithin ag soláthar⁵⁷⁶ dhóibh fhéin agus ag codladh insan oíche insa bpoll seo in éindí leis an deirfiúr. As sin go ceann tamaill mhaith ina dhiaidh sin, bhí mac duine uasail ag fiach agus a phéire cúnnaí aige agus a ghunna. Bhí na cúnnaí ag dul thar an bpoll seo agus fuaireadar amach go raibh cónaí⁵⁷⁷ éicineacht ann, agus thosadar ag tafanna, agus tháinig mac an duine uasa[i]⁵⁷⁸ timpeall agus chuaigh sé síos ann; choinic sé an bhean seo ann. Bhí an bhean go breá agus bhí sé tamall ag comhrá léi agus d'fhág sé aici cuide de na héanlaith a mharaigh sé.

“Nuair ’ thiocthas mise aríst go dtí thú, tiúrfaidh mé bronntanas bia agaibh.”

Nuair a tháinig an oíche agus tháinig na héanachaí isteach, d’inis an deirfiúr dóibh chuile rud dár choinic sí, agus as sin go ceann tamall, chuadar ’un suaimhnis codlata.⁵⁷⁹ Ar maidin dú[ir]t duine de na héanachaí léi:

“Éirigh suas anois, a dheirfiúr, agus déanfaidh tú bricfeast beag dhúinn.”

D’éirigh sí suas agus thosaigh sí ag déanamh tine. Ní raibh an tine ag lasadh go han-mhaith agus bhí na sciatháin a bhí ar na héanachaí leagthaí suas — crochta suas — ar an mballa⁵⁸⁰ nó go n-éireoidís. Nuair ná raibh an tine ag lasadh go han-mhaith, rug an deirfiúr bhocht ar na sciatháin⁵⁸¹ agus chuir sí síos iad agus rinneadar *blaze*. D’éirigh na héanachaí bochta agus thosadar ag caoineachán.⁵⁸²

“Thiocthadh muid as an méad a d’éirigh dhúinn cheana ach ní thioctfaidh muid anois go brách as.”

“An bhfuil rud ar bith insa domhan a dhéanfadh aon mhaith daoibh?” a deir an deirfiúr.

“Tá,” a deir siadsan, “caonach na mbollán, é sin a thriomú leis an ngrian, é a chardáil leis an gcarla (ach níl na carlaí sin ar chor ar bith anois ann), agus déanfaidh tú trí gheansaí dhe sin le cur orainn, agus gan thú fhéin aon fhocal a labhairt amach as do bhéal ar feadh lá agus bliain, ná pé ar bith rud a éireos duit, gan aon deoir a shilt. Má níonn tú sin, tiúrfaidh sé ar ais muide.”

D’imíodar ansin an lá sin, agus as sin go ceann tamaill, cé a thiocthadh isteach ach mac an duine uasa[i]l. Labhair sé léi agus níor labhair sí ar chor ar bith. Labhair sé aríst agus aríst eile agus níor labhair sí. Bhí grá mór aige dhi. Bhí aimhreas aige go raibh rud éicineacht ag éirí di agus dúi[r]t sé leis fhéin ná raibh sé ceadmhach aige a bheith ag baint cainte aisti. Bhí an fear go han-mhaith léi

⁵⁷⁶ Ls.: *ag solás* [Is dóigh liom gur cheart an litir *r* a léamh ag deireadh an fhocail seo, .i. *solár* → ‘soláthar’.]

⁵⁷⁷ Níl an focal seo iomlán soiléir: *cunai*

⁵⁷⁸ Ls.: *mac an d. u.*

⁵⁷⁹ Ls.: *a suímhnis colata*

⁵⁸⁰ Ls.: leacaí suas [^]crochta suas ar an mala [^]mballa

⁵⁸¹ Ls.: *sgiathán*

⁵⁸² Ls.: *ag caoineachain*

agus é atruaíocht di.⁵⁸³ D'fhágadh sé cuide de na héanlaith aici chuile am dhá ngabhfadh sé 'un bealach. Bhí iontas mór ag an mháthair ná raibh sé ag marú an oiread éanlaith anois agus ' bhíodh sé roimhe seo. Bhí aimhreas aici go raibh sé ag fágáil cuide de na héanlaith in áit éicineacht. Chuaigh sí ag aireachas air lá agus choinic sí ag dul insa[n] áit seo [é]. Bhí sé sin i ngar do bhliain ó bhí an chéad lá acu sin ann agus d'fhan sí taobh amuigh nó gur imigh sé ar siúl agus chuaigh sí isteach insan áit seo. Choinic sí clúmhach na n-éanachaí anonn agus anall. Bhí mac óg i gliabhán aici le mac an duine uasa[i] seo agus badh é mac na máthar seo freisin é. Ní níonn sí ach a dhul síos go dtí an páiste agus breith ar chois air agus tarraingt mhaith a thabhairt dó. Chuir sí ó rath go deo é ach ní baileach a mharaigh sí é agus chaith sí uaithi ar an úrlár é. Chuaigh an mháthair bhocht sall agus thóig sí é agus shil sí aon bhraon amháin anuas insa tsúil air agus bhí an tsúil sin cailte ag an bpáiste bhocht. D'imigh léi ar ais abhaile agus scríobh sí litir agus thug sí dhá mac insan oíche an litir.

“Cá bhfuair tú an litir seo?” a deir sé.

“Sin litir a chuir d'uncail agat inniu,” a deir an mháthair.

“Caithfidh mé a dhul chomh fada leis sin,” a deir sé, “amáireach. Tá sé ar leabaí a bháis.”

Badh in litir bhréagach a scríobh an mháthair dó féachaint an imeodh sé as an mbealach uileag mar bhí an ghráin aici ar an mbean seo a raibh an páiste aici. D'imigh an mac lá arna mháireach agus ansin go ceann tamaill, tháinig sé ar ais aríst abhaile. Chuaigh sé ag fiach agus tháinig sé insa[n] áit seo a raibh an bhean. Choinic sé an deis a bhí ar an bpáiste a bhí aici. Ní fhéadfadh sise an scéal a inseacht dó mar bhí an *phanic* uirthi óna triúr dearthára agus í ag criteáil i gcónaí. Chuaigh an duine uasal seo agus chuaigh sé ag an ngarda agus tóigeadh an bhean bhocht seo agus í ag déanamh na ngeansaíocháí chomh maith agus 'b fhéidir léi. Nuair a tháinig lá na cúirte, is é an sórt breithiúnas a tugadh uirthi, í a chuir ar bharr cruach móna agus an chruach a chuir thrí lasadh. Cuireadh ansin í agus í ag déanamh an chriteáil i gcónaí. Pé ar bith ola a tíurfaí don chruach, ní bhíodh sí ag lasadh, bhí sí cinnte orthu. Ní mórán achair 'na dhiaidh sin go dtáinig na trí éan os⁵⁸⁴ a cionn agus chónadar ar an gcruach. Bhí na trí gheansaí réidh aicise,⁵⁸⁵ an pointe⁵⁸⁶ seo, den chaonach agus chaith sí geansaí ar chaon éan acu agus d'éiríodar suas 'na dtriúr fear chomh maith agus ' bhíodar ariamh. Tháinig caint dise ansin ach bhí an páiste faoi an-stró⁵⁸⁷ go brách. Thosaigh

⁵⁸³ Ls.: *é a truaigheacht di*

⁵⁸⁴ Ls.: *as*

⁵⁸⁵ Ls.: *aice se~*

⁵⁸⁶ Ls.: *ponte*

⁵⁸⁷ Ls.: *anstrógh*

an chúirt ar bun aríst agus is é an breithiúnas deireanach a bhí ann, an bhean a tharraing an páiste ó chéile, í a chuir ar bharr an chruach mhóna ina leaba seo, agus cuireadh, agus chomh luath agus ' tugadh an *match*⁵⁸⁸ don chruach, rinne sí *blaze*. Níorbh féidir leis an gcruach lasadh cheana mar níor thuill an té⁵⁸⁹ a bhí ar dtús uirthi, níor thuill sí í a lasadh, ach thuill an té a bhí go deireanach uirthi, thuill sí an t-olc agus lasadh í láithreach.

⁵⁸⁸ Ls.: *an match*

⁵⁸⁹ Ls.: *an cé* [Mar seo atá sa sampla eile, níos faide ar aghaidh san abairt, chomh maith.]

Bhí caiptín farraige fadó ann; bhí sé pósta faoi dhó. An chéad bhean a bhí aige, bhí iníon aige léi agus an dara bean ní raibh cúram ar bith uirthi. Bhíodh sé ag imeacht ag seoltóireacht ar fud an domhain timpeall lena shoitheach. Bhí sé oíche ansin agus tháinig sé isteach insan áit seo a raibh an bhean. Bhí fáilte mhór acu roimhe nuair a choinic siad ag tíocht é.

“Cá fhad aríst go n-imeoidh tú?” a deir an bhean.

“Níl a fhios agam. B’fhéidir gur fada sin agus b’f[h]éidir gur gearr sin, [d]e réir mar ’ gheobhas mé an scéala.”

Insa[n] oíche ansin, bhíodar ag ithe a suipéir. Ní raibh deireadh an tsuipéir ite nuair a tháinig litir isteach ag an gcaiptín a bheith ag fáilt faoi réir amáireach le dhul ’na leithide seo de phort. As sin go ceann tamall mhaith, chuaigh an bhean chun suaimhnis. D’fhan an iníon ag cuideachta don chaipitín. Tharraing sé aige anuas an mapa agus thosaigh sé ag baint meabhair as an áit a raibh sé le dhul. As sin go ceann tamaill mhaith den oíche, dúirt sé leis an iníon:

“Gabh amach,” a deir sé, “agus féach cén sórt oíche í.”

D’éirigh an iníon agus chuaigh sí amach ar an tsráid agus bhreathnaigh sí ar an aer anonn agus anall. Tháinig sí isteach agus d’fhiarfaigh sosan di:

“Cén sórt⁵⁹¹ oíche anois í, anois, a iníon?”

“Oíche chiúin cheobarnach, stoirm réaltógach, gaoth aneas, braon air⁵⁹² agus é ag sioc go mór.”

Bhreathnaigh sé go han-iontach uirthi agus dúirt sé:

“Sin oíche, feicthear dhom, nach féidir léi a bheith ann. Má tá sé ciúin, níl sé ina stoirm. Má tá sé ceobarnach, níl sé réaltógach. Má tá sé ag báistigh, níl sé ag sioc, ach is oíche í nár chuala muide ariamh.”

“An bhfuil iontas agat inti?” a deir an iníon.

“Tá, muis,” a deir sé, “agus tuige nach mbeadh?”

“Choinic mise iontas chomh mór leis,” a deir sí, “ó d’imigh tú go dtáinig tú.”

“Cén sórt iontas é?” a deir sosan.

“Choinic mé mart dhá ithe uileag, ’un a aobha.”⁵⁹³

Thosaigh sosan ag cuimhniú air fhéin.

⁵⁹⁰ Ls.: 37

⁵⁹¹ Ls.: *ce an soit*

⁵⁹² Ls.: *braon as*

⁵⁹³ Ls.: dhá í [^]uiliug i n-aobha

“Is cosúil,” a deir sé, “nár bhfuair tusa le n-ithe aon bhlas den mhart ach na haobha.”

“Níor bhfuairéas,” a deir sí.

“Siúil leat anois, a iníon, amáireach in éindí liomsa. Beidh tú ar ghreim liomsa chúns ’ mhairfeas tú fhéin agus mé fhéin. Nuair a thioctas mé i dtír, féadfaidh tú éirí amach agus a dhul ag siúlóid in do rogha áit, go mbeidh mé ag imeacht aríst. Má thigeann tú, ní bheidh tú ar bord le do leasmháthair aríst chúns ’ mhairfeas tú.”

D’imigh sí in éindí leis agus chuireadar a saol isteach mar sin.

Tá aimsir chrua in áiteachaí ag daoine bochta. Ní fhacadar mórán ariamh ach an ruainne atá siad a bhaint as an talamh — is é sin an fata — agus anlann a thabhairt aníos as an gcladach. Is minic ariamh a thairg mé cuide den anlann do na daoine uaisle seo ar a siúl ionsaithe. Bhreathnaidís air agus d'fhiarfaidís díom céard é fhéin.

“An bhfaca tú ariamh é?” a deirim.

“An feamainn é?” a deiridís.

“Ní hea, ach tá mianach feamainne ann.”

“Cé air a bhfásann sé?”

“Fásann sé ar na clocha. Blais de go bhfeicfidh tú é.”

D'itheadh sé ruainnín beag de agus bhíodh faitíos aige roimhe go gcuirfeadh sé 'un báis é.

“Cén chaoi a mbeadh an scéal agat,” a dú[ir]t mé fhéin, “dá leagfaí agat do phláta fataí ar maidin agus pláta eile de sin agus iallach a chuir ort a dhul ag obair go crua?”

Cheistnigh sé mé ansin de bharr⁵⁹⁵ mo bheatha uileag agus cheistnigh sé mo chuid oibre. Bhí cás air agus an iomarca truaí⁵⁹⁶ aige dhom nárbh fhéidir leis aon bhlas a dhéanamh ach gur úirt sé gur bocht an saol é ag daoine bochta. Níl máistir⁵⁹⁷ ar bith ar dhuine bocht níos troime ná a intinn fhéin. Is iomú duine a n-insfeá an scéal sin dhó a déarfadh⁵⁹⁸ go mba mhaith an máistir air fhéin a intinn agus tiúrfaidh mise réasún duit leis go mba máistir dona é. Is neamhchosúil é d'intinn fhéin le do thoil fhéin, agus nuair nach bhfuil an máistir ort, tá cead agat a bheith ag déanamh do rogha rud, agus má bhíonn cuide dhe ceart, beidh dhá chuide dhe contráilte, agus sin réasún leis an bhfocal sin. Inseoidh mise dhuitse anois cén chuma atá ar intinn an sclábhaí bocht.

Tá air ar maidin éirí go moch; insan earrach, gabhfaidh sé ar cladach. Tiocfaidh sé fliuch fuar as sin ar ais abhaile. Gabhfaidh sé míle bealaigh eile ag iarraidh a chapail agus tiúrfaidh sé leis an fheamainn sin ar a gharraí. Beidh sé ag obair ansin chomh crua géar agus is féidir leis ar an mbia seo a dúirt mé cheana. Nuair a fheicf[eas] sé fear uasal ag dul thairis an bóthar, seasfaidh sé suas agus breathnóidh sé air agus déarfaidh sé.⁵⁹⁹

⁵⁹⁴ Ls.: 38

⁵⁹⁵ Ls.: *go ~ár*

⁵⁹⁶ Ls.: *truaighe*

⁵⁹⁷ Ls.: *máitr*

⁵⁹⁸ Ls.: *adéiradh*

⁵⁹⁹ Ls.: *& déira sé*

“Is diabhalta breá an saol acusan é, níl obair fhéin orthu,⁶⁰⁰ agus tá bia maith acu. Nuair a bhíodar sin ag dul ag scoil, ní ag piocadh feamainne a cuireadh iad mar ’ cuireadh muide, ach níl aon neart air anois, caithfidh muid an saol a chuir isteach mar ’tá.”

Sheas sé suas ansin ar ardán, choinic sé trá mhór ann.

“Is fearr dhom a dhul ag an trá agus leasú píosa de gharraí a bhaint.”

D’imigh leis agus thug sé leis a chliabh. Chaith sé ceathair nó cúig [d’]uaireanta ansin ag obair go crua agus ag tarraingt na gcléibh sin, fliuch báite. Tháinig abhaile ansin gur chuir sé beagán éadach tirim air; d’imigh leis aríst ar an ngarraí. As sin go tráthnóna, bhí cosúlacht bháistí air agus d’imigh leis aríst ag cocadh suas na feamainne sin ón mbáisteach. Nuair a tháinig sé abhaile ansin tráthnóna deireanach, bhí sé le dhul ag an bhó agus í a bhleán. Nuair a bhí píosa den oíche ann, is ea tháinig sé abhaile agus chuaigh sé a chodladh trom tuirseach. An chéad dúiseacht a rinne sé dúirt sé:

“Dhá n-éirinn anois, a dhul ag an gcladach, b’fhéidir go mbeadh cupla bord feamainne agam. Meas tú ar ghlaigh an coileach fós?”

“Ghlaigh, ach níor airigh tusa é mar bhí tú tuirseach.”

D’éirigh sé agus chuir sé air a chuid éadaigh, ní raibh aon aird aige ar ithe ná ar ól ach lascadh leis, ag triall ar an gcladach. Amannaí gheobhadh sé cupla bord, amannaí eile gan tada, ag suí síos cois na tineadh⁶⁰¹ nuair a thiocfadh sé, ag fanacht leis an lá; ní hé chuile dhuine a raibh an tine fhéin aige insan am sin. Ní féidir maireachtáil i dtíreannaí gan fataí. Is iontach a oibreos fear aonraic a bhfuil comhlúadar air má bhíonn a dhóthain aige dhíobh an bhliain sin. Is mór an imní atá air faoina bhfuil ráite. Tá imní eile air nuair a thiocfas an geimhreadh. Tá a theach le ceangal agus tá cíos le n-íoc aige leis an tiarna, agus ní cíos mór é, ach is mór é nuair nach bhfuil sé le fáil. Dá mbeadh a dhóthain fataí ag an bhfear bocht agus an teachín sin ceanglaithe os a chionn, splaincín beag móna aige agus a chosa leis an tine an lá garbh, dheamhan aithne⁶⁰² a bheadh air nach é rí Shasana é, ag gabháil amhráin is ag déanamh scéalta. Ach mo léan, ní hé chuile dhuine a bhfuil sin fhéin aige. Go deimhin, ní go maith a chreidfeá mé cén pionós atá air go minic ag iarraidh a bheith ag déanamh an méad sin. Is é a deir sé fhéin go minic:

“Má tá ifreann leath chomh dona leis an saol seo, go bhfóire Dia ar an té a ghabhfas ann.”

Sin é anois anró agus sclábhaíoch[t] an duine bhoicht le maireachtáil insa tseanaimsir, ach chorraigh an saol suas ruainnín beag go bhfuil siad ruainne beag níos fearr ná sin ó shoin, pé ar bith caoi a mbeidh siad ina bhfuil le caitheamh. Tá mé ag ceapadh an méad meabhair a fhéadfas s[é] a

⁶⁰⁰ Ls.: *arob*

⁶⁰¹ Ls.: *cois na tiniu*

⁶⁰² Ls.: *aibhne*

bhaint as an saol,⁶⁰³ an té go bhfuil a dhóthain aige fhéin go gceapann sé go bhfuil a dhóthain ag chuile dhuine. Ní amhlaidh sin atá ná ar chor ar bith. Bheadh níos mó diúltaithe⁶⁰⁴ roimhe an mbochtaineacht⁶⁰⁵ ná mar 'tá marach seo. Siúd é amháin gur úirt creideamh ó Dhia liom gurb iad clann Dé na daoine bochta. Mar is é Dia fhéin an chéad duine ariamh a d'iarr déirce go dtiúrfadh sé cosúlacht do chuile dhuine faoin domhan a dteastódh déirce uaidh, é a iarraidh.

Bhí Naomh Peadar agus Críost ag imeacht in éindí aon lá amháin. Casadh seanfhear bocht dóibh, stiallta stróicthí, d'iarr sé déirce ar Chríost agus thug sé pingin dó. Casadh scorachán mór láidir dó ina dhiaidh agus d'iarr sé déirce air agus thug sé scilling dó.

“Cén fáth, a Chríost,” a deir Naomh Peadar, “thú ag tabhairt scillinge dhó sin atá in ann rud a dhéanamh in chuile áit agus gan thú ag tabhairt don seanfhear bocht ach pingin?”

“Fóill leat, go fóilleach,” a deir sé.

Bhíodar ag dul thar theach ósta. Dúirt Naomh Peadar go raibh tart air fhéin. Chuadar isteach ina teach, bhí an scorachán 'na sheasamh suas ansin agus é ag ól luach na scillinge. Chuir sé fáilte mhór rompu agus thairg sé deoch dóibh. Chuadar amach agus dúirt Críost:

“Feicfidh tú anois tuilleadh ar ball.”

Bhíodar ag siúl thar mhóta⁶⁰⁶ agus choinic siad an seanfhear básaithe ann.

“Cuardaigh⁶⁰⁷ a chuid éadaigh sin,” a deir Críost, “agus féach an bhfuil aon airgead aige.”

Chuardaigh Naomh Peadar é agus bhí sé lán, a chuid pócaí is chuile áit.

“Anois, a Pheadair,”⁶⁰⁸ a deir sé, “nach beag a theastaigh aon cheo uaidh sin? Agus chuala tusa ariamh é go dtiúrfaidh Dia d'fhear ar chaoi⁶⁰⁹ chaite é.”

⁶⁰³ Ls.: *an meud meabhair fhéudais a bhaint as an saol*

⁶⁰⁴ Ls.: *diúlta*

⁶⁰⁵ Ls.: *ruimhe an mbochtaineacht*

⁶⁰⁶ Ls.: *mhuta*

⁶⁰⁷ Ls.: *Cuartaí*

⁶⁰⁸ Ls.: *a Ph*

⁶⁰⁹ Ls.: *chrui*

40.⁶¹⁰ An Táilliúr

Bhí táilliúr ann fadó ag obair⁶¹¹ anonn agus anall agus gach teach dá nglaoth air, badh í a cheird í. Bíonn na táilliúraí an-g[h]lic. Bhí sé ag obair lá ansin i dteach a raibh comhluadar ann. Bhí triúr fear óg ann agus bhíodar ag cuartaíocht [...] ⁶¹² suipéar go minic. Thigeadh beirt acu abhaile roinnt luath insan oíche ach ní thigeadh an fear eile go maidin. Bhí aithne agus eolas ag an táilliúr orthu roimhe sin. D’fhiarfaigh an táilliúr de bhean an tí cé raibh an fear is óige.

“Ní fheicim ar chor ar bith inniu é; tá sé ina chodladh. Is é an sórt ceirde atá ag an bhfear is óige againne, ina shuí san oíche agus ’na chodladh sa ló.”

“Is dona an cheird í sin,” a deir an táilliúr, “mara bhfuil sé ag déanamh aon mhaith. Abair leis éirí go bhfeicfidh muid é.”

D’éirigh agus tháinig sé i láthair an táilliúr. Thosaigh an táilliúr ag piocadh as, cá mbíodh sé ag cuartaíocht, nó cén sórt bealach a bhí leis. D’inis sé don táilliúr thríd síos agus thríd suas.

“[D]e réir mar ’tá tú a rá,” a deir an táilliúr, “beidh an bás agat gan mórán achair.”

“Nuair a leagann siad anuas an bia,” a deir an fear óg, “tá siad an-laethúil — suáilceach⁶¹³ — cainteoirí⁶¹⁴ breá iad, ach tá a milleadh sin iontu ar bhealach eile. Nuair a leagfar anuas an bord a bhfuil an bia air, suífidh muid isteach uileag ag dul dá ithe. Ní bheidh dhá ghreim ite againn nuair a déarfais fear an tí:

‘Tá mé fhéin sách, tá mo bhean sách, tá mo chlann sách agus duine gan náire nach mbeadh sách.’

Éireoidh mise ansin, agus as sin go ceann tamall, gabhfaidh mé abhaile. Beidh mé gan suipéar idir an dá theach agus sin é an fáth go bhfuil mé ag imeacht as, sílim.”

“Leigheasfaidh mise an buachaill sin,” a deir an táilliúr, “má thigean tú in éindí liom. Imigh leat anois agus tabhair agamsa cárt poitín.”

D’imigh sé agus thug. Shín sé ag an táilliúr é agus chuir sé scairt gháirí as. Bhain sé braon as agus chuir sé isteach faoin éadach é.

“Déanfaidh sin anois thú,” a deir sé, “nó go dtiocfaidh an t-am a mbeidh tú ag dul ann.”

Nuair a tháinig an tráthnóna, tháinig an fear óg go dtí é.

⁶¹⁰ Ls.: 39

⁶¹¹ Baineann doiléireacht leis an bhfocal seo.

⁶¹² Ls.: [Focal doiléir +] *suipéar*. [Féidearthacht amháin: ‘ag am suipéir’.]

⁶¹³ Ls.: tá siad an laeúil [^]suáilceach

⁶¹⁴ Ls.: *cainteoirí*

“Chuile phointe⁶¹⁵ anois,” a deir sé, “beidh muid ag imeacht.”

“Tá go maith,” a deir an táilliúr.

Labhair sé le bean an tí agus dúi[r]t sé léi cupán tae a fháilt faoi réir dó fhéin agus don fhear seo. Thosaigh sé ag dubailt suas na n-éadaí agus dhá gceangal, é ag feadaíl dó fhéin go slachtmhar. Nuair a bhí sin déanta agus an cupán tae ólta, lasc leis an mbeirt go dtáinig siad isteach insa teach seo go raibh an fear óg go minic ann.⁶¹⁶ Labhair fear an tí agus chuir sé rompu, céad fáilte, agus go mór mór roimhe an strainséara — siúd é an táilliúr. Shuíodar síos agus thosadar ag caint. Ní mórán cainte a bhí ag an bhfear óg ach, go deimhin, bhí neart ag an táilliúr. Tosaíodh ag cuir caoi ar an suipéar.⁶¹⁷ Nuair a bhí sé réidh, leagadh anuas ar an mbord é. Shuíodar isteach uileag, comhlúadar an tí agus an táilliúr agus an fear óg. Dhá ghreimín bheaga a bhí ite ag fear an tí nuair a dúirt sé:

“Tá mé fhéin sách agus tá mo bhean sách agus tá mo chlann sách agus duine gan náire nach mbeadh sách.”

Bhrúigh an táilliúr a chos ar an bhfear óg ar fhaitíos a gcorródh sé.

“Níl mise sách, muise,” a deir an táilliúr, “anois atá mé ag dul ag tosaí.”

Níor chorraigh an fear óg ná an táilliúr ón mbord gur itheadar a ndóthain agus a leath a ndóthain. Nuair a bhíodar sách, ghlacadar buíochas le bean an tí. Bhí an chaint imithe ó fhear an tí an uair sin nuair ná raibh tada ite aige fhéin. Bhí bean an tí ag coinneál corrfhocal leo. As sin go dtáinig am codlata, dúi[r]t sí leis an táilliúr a bheith ag dul a chodladh ina leithide seo de sheomra.

“Ó, ní ghabhfaidh mise ar leaba ar bith,” a deir an táilliúr, “ní cleachtadh liom é. Ní chodlaím mórán aon am ach píosaí beaga gearra. Sílim gur *fashion*⁶¹⁸ é atá agam. Sínfidh mé siar anseo ag an tine agus tá sé chomh deas céanna liom.”

Thaispeáin sí áit chodlata don fhear óg agus chuaigh sé sin a chodladh, ní raibh leath meabhraíocht ann. Chuaigh chuile dhuine ansin a chodladh agus ’un suaimhnis, súil ag an táilliúr ar chuile rud dhá raibh ag imeacht. Is é an áit a raibh an bhean óg, ar an lota. Chuaigh an táilliúr siar go dtí an fear seo agus dúirt sé leis:

“Is náireach an rud atá déanta agat, ní hin é an áit a[r] dúradh leat a dhul a chodladh ach ar an lota.”

Chuaigh an fear óg aniar ar chomhairle an táilliúir⁶¹⁹ agus chuaigh sé suas ar an lota.

⁶¹⁵ Ls.: *phinte*

⁶¹⁶ Ls.: go *min*~ ~*n*

⁶¹⁷ Ls.: *suipeír*

⁶¹⁸ Ls.: *fashion*

⁶¹⁹ Ls.: *tailli*~

“Aon rud a fheicfeas tusa ná a chloisfeas tú anocht,” a deir an táilliúr, “ná hoscail do bhéal ar thada.”

Shín sé siar aríst chois na tine. Chuir sé cluas éisteacht air fhéin, chuala sé fear an tí dhá rá:

“Tá muid scrúdtaí leis an ocras.”

“Tuilleadh den mhí-ádh agat,” a deir an bhean, “nuair a bhí sé agat nár ith do dhóthain de.”

“Shíl mé gur mar ’ bhí an chuid eile den aimsir a bheadh an oíche anocht ach chuala mise⁶²⁰ ariamh é, agus is fíor é, go bhfuil na táilliúraí an-ghlic.⁶²¹ Éirigh suas agus cuir ruainín beag [a]ráin insa teallach agus cartfaidh tú air na smeachóideacha dóite agus cuide den luaith os a gcionn, agus má dhúisíonn sé fhéin, ní bheidh a fhios aige céard a bheas ann.”

Bhí cluais mhaith ar an táilliúr ag éisteacht leis an gcaint seo. Bhí sé ag gáirí istigh ina chroí ach go raibh a bhéal dúinte agus é fhéin ag cuimhniú ar an bplean a dhéanfadh sé leis an gcáca. D’éirigh bean an tí aniar agus tharraing sí⁶²² amach na splancachaí agus bhreathnaigh sí ar an táilliúr. Sin é an uair a thosaigh an táilliúr ag srannadh.

“Tá liom,” a deir sí,⁶²³ “tá sé ina chodladh.”

Rinne sí ruainne beag [a]ráin agus tháinig sí aniar aríst agus leag sí síos é. Chart sí air idir luaith agus smeachóideacha. Bhí an táilliúr ag breathnú amach uirthi an pointe [sin]⁶²⁴ agus é ag srannadh. Nuair a fuair an táilliúr an cleas seo déanta, dhírigh sé aniar de léim:

“Ó, in ainm an Athar, an tusa atá ansin?”

“Ó, is mé,” a deir sí, “ag corraí na tine atá mé ar fhaitíos a mbeadh sí as. Shíl mé go raibh tú in do chodladh.”

“Bíonn codladh trom,” a deir an táilliúr, “amannaí ach ní bhíonn sé fada. Is maith liom anois píosa beag cainte a dhéanamh leat. Cén chaoi a bhfuil an talamh anseo agaibhse? An a pháosa fhéin atá ag chuile dhuine nó thrína chéile atá sibh?”

“Ó ní hea,” a deir sí, “tá a pháosa fhéin ceapthaí do chuile dhuine againn.”

“Tabhair dhomsa an tlú anois,” a deir an táilliúr, “go spáinfidh mise dhuit an chaoi a bhfuil an talamh againn fhéin.”

⁶²⁰ Focal doiléir go maith é seo.

⁶²¹ Ls.: *ang^hlic*

⁶²² Ls.: *tharain se sí*

⁶²³ Ls.: *sé*

⁶²⁴ Focal beag doiléir atá anseo: mise is cúis le ‘sin’ a dhéanamh de. Féach go bhfuil na frásaí seo a leanas sna scéalta: *an pointe céanna* [2^x]; *an pointe seo* [1^x]; *an pointe sin* [4^x].

Shín sí aige an tlú agus rug sé air agus tharraing sé stríoca thríd an teallach. Níor thóig sé an cáca den iarraidh seo, an dara stríoca treasna aríst agus thóig sé aníos an cáca ar bharr an tlú.

“Ó,” a deir sé, “cén sórt plabar é seo anseo agat?”

“Ó, sin ruainne beag a chuir mé síos anseo don ghasúr.”

Nuair a bhí an méad sin déanta ag an táilliúr, ba mhian leis síneadh siar aríst, agus dúirt sé léi:

“A bhean mhaith, téirigh agus lig néal as do cheann.”

Chuaigh sí siar an-b[h]rónach.

“Anois,” a deir sí, “tá an mí-ádh déanta. Dá n-íosfá do dhóthain nuair a bhí agat é a ithe, ní bheadh an obair seo ann.”

“Téirigh amach insa scioból,” a deir sé, “agus tabhair leat an canna agus bligh na beithígh go n-ólfaidh muid é.”

Chuaigh sí aniar aríst agus bhreathnaigh sí ar an táilliúr. Shílfeá go dtiúrfadh an táilliúr taobh an tí leis, an srannadh a bhí sé a dhéanamh an uair sin.

“*Well*,” a deir sí ina hintinn fhéin, “níl aon bhaol anois ach go ndúiseoidh tú.”

Chuaigh sí amach insa scioból agus thosaigh sí ag bleán na mbeithígh. Ní mórán achair a bhí sí amuigh nuair a tháinig an táilliúr agus a mhaide mór aige.

“Céard a chas anseo tusa,⁶²⁵ a bhithiúnaigh cnámhaire?” ag tarraingt iarraidh uirthi.

“Ó, nach mé fhéin atá ann,” a deir sí.

Siúd ag déanamh amach go dtiocfadh⁶²⁶ sosan dá mbadh í⁶²⁷ bean an tí a bhí ann agus, mo léan, fios maith aige air go mbadh í ach é ag rá gur cnámhaire éicineacht eile a bhí ann ina leaba.

“Nach deas an chaoi agus an chuma é,” a deir sé, “ag goid agus ag fuadach ón teach gnaíuil seo a bhfuil muid ann.”

Rith bean an tí agus chaith sí uaithi an canna agus faoi cheann tamaill, tháinig sosan isteach agus é [...] [ar] buile.⁶²⁸

“Dá mbeadh i ndán agus go ngabhfainn ar an leaba aréir, ní bheadh blas amuigh ná istigh nach mbeadh goidtí ar feadh na hoíche anseo.”

Bhí fear an tí ag éisteacht thiar leis agus é fhéin i bpian ocrais.

⁶²⁵ Ls.: *t?s*

⁶²⁶ Ls.: *go dtuiceadh*

⁶²⁷ Ls.: *go mbudh í*

⁶²⁸ Ls.: *é g?l lé buile* [‘ag dul le haghaidh tuilleadh?’] [CBÉ 303: 464, ‘Tháinig seisean isteach faoi cheann tamaill agus é ar buile má b’fhior dó féin’.]

“An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas tú?” a deir sí leis. “Éirigh suas uileag agus cuir síos neart bia agus dúisigh an comhluadar agus ith do dhóthain ansin.”

D’éiríodar uileag agus iad áthasach go maith. Thosadar ag cuir síos an bia. Nuair a bhí an bia bruite, leagadh anuas é. Shuíodar isteach ag an mbord.

“Dúisigí an fear óg,” a deir an táilliúr.

Chuaigh an bhean siar insa seomra seo a[r] chuir sí é agus dúirt sí:

“Níl sé anseo.”

“Ar ndóigh, ní ansin a chuaigh sé ar chor ar bith,” a deir an táilliúr, “ach ar an lota.”

“Nach in an áit a bhfuil Máire,” a deir sise.

“Agus nach in é an áit ab fhearr dhó a dhul,” a deir an táilliúr.

Thosaigh siad fhéin ag breathnú ar a chéile.

“An bhfuil a fhios agaibh céard a dhéanfas sibh?” a deir an táilliúr. “Dúisigí an bheirt agus tigidís anuas anseo agus tharla é ina bhia, bíodh sé ina bhainis.”

Bhí fear an tí chomh santach ag a bhéilí agus rud ar bith a déarfadh an táilliúr go raibh sé ceart.

“Tá mé sásta,” a deir sé, “dúisigí iad.”

Dhúisigh agus tháinig siad anuas agus shuíodar isteach ag an mbord ag ithe. Mise⁶²⁹ i mbannaí nár úirt fear an tí ariamh ní ba mhó:

‘Tá mé [fhéin sách, tá mo bhean sách, tá mo chlann sách agus duine gan náire nach mbeadh] sách.’⁶³⁰

Bhain an táilliúr as a chloigeann é sin. Bhí bainis naoi n-óiche agus naoi lá acu agus phósadar.

⁶²⁹ Ls.: *Muise*

⁶³⁰ Seo mar atá sa ls.: *Tá mé ~ ~ ~ ~ ~ sách.*

Bhí beirt dhearthára anseo fadó. Bhí duine acu go han-mhaith ag caitheamh le gunna. Chuadar oíche ar loch a bhí ann; mharadar cupla lacha. As sin go ceann tamaill, dúradar go raibh sé in am a bheith ag dul abhaile. Bhí teach ar a mbealach rompu a bhí ag díol poitín. Chuadar isteach ann agus d'óladar braon. Shiúladar amach as agus bhíodar ag tíocht abhaile. Ghoill sé go mór orthu agus bhíodar ar leathmheisce. Nuair a bhíodar i ngar do theach duine acu:

“Meas tú anois,” a deir an fear eile, “an bhfuil do mhuintir-sa ina suí?”

“Tá a fhios agam, go deimhin, nach bhfuil. Ach tá seanbhean an tí ina suí mar ’ bhí riamh, go dtiocfainnse, pé ar bith áit a mbeinn. Sin í máthair mo mhná.”

“Ba ceart dúinn faitíos beag a chur uirthi,” a deir an fear eile.

“Cén nós a gcuirfeadh muid é sin uirthi?” a deir sosan.

“Caith urchar léi,” a deir sé.

“Agus nach maróinn ansin í?”

“Ní mharóir, ach ná cuir ann nach an púdar.”

Thug sé toil ansin dó go ndéanfadh. Dúirt sé ansin:

“Cuirfidh tú aon ghráinnín amháin thríd.”

Chuir sé isteach urchar púdair ach níor chuir sé an gráinne ann agus nuair a chuadar isteach ina teach, bhí an tseanbhean ina suí cos na tine. Chuir sé an gunna ar a haghaidh agus chaith sé an t-urchar. Thit sí i laga[r] agus dúirt an fear eile:

“Tá sí maraithe anois.”

“Níl,” a deir sosan, “mar níor chuir mise an gráinnín ann.”

Ní raibh sé dhá chreistiúint, bhí sé ag ceapadh i gcónaí gur chuir, ag í a bheith tití. Thosaigh air ag dul siar is aniar an t-urlár agus é an-áthasach agus thosaigh sé ag déanamh amhrán beag. Is é an t-amhrán é:

“Ceannóidh mise agus ceannóidh tusa bó mhór bhán,

Crochfar mise agus crochfar tusa agus céard a dhéanfas an chlann?

Agus is cuma liomsa é mar ní bheidh mé ann.”

Leis an scéin,⁶³² d'éirigh an tseanbhean suas.

⁶³¹ Ls.: 40

⁶³² Ls.: *leis an scéil*.

“Buíochas le Dia,” a deir an fear a chaith an t-urchar. “Ní bheidh ceachtar againn ann anois, tharla í go maith. Ach ní dhéanfaidh mise do chomhairle aríst go brách. Gabhfaidh mise abhaile anois,” a deir sé, “agus gabhfaidh mé a chodladh, ach go mbeidh uaigneas orm ag dul siar.”

“Gabhfaidh mise a chuideachta dhuit,” a deir fear an tí.

“Déanfaidh sin,” a deir sosan.

D’imigh leo siar ag dul ag an teach, agus nuair a bhíodar thiar:

“Gabhfaidh mise abhaile anois,” a deir an fear eile, “ach go mbeidh uaigneas orm ag dul soir.”

“Gabhfaidh mise a chuideachta dhuit,” a deir an fear thiar, “soir.”

Chuaigh, ach bhíodar fhéin ag dul soir agus siar a chuideachta dhá chéile go raibh sé ina lá gheal, agus nuair a bhí, ní raibh aon uaigneas ar cheachtar acu a dhul abhaile aige fhéin. Chuadar a chodladh ansin pé ar bith am ar éirigh siad.

42.⁶³³ An Bacach

Bhí bacach ann fadó ag iarraidh a dhéirce. Tháinig sé isteach ag bean feilméara.

“Go mbeannaí Dia anseo agus Mac Dara Árainn Naofa⁶³⁴ agus Conamara, aithním ar do shúil go bhfuil tú laethúil fial fairsing agus tá súil agam, más é do thoil é, go dtiúrfaidh tú déirce beag inniu don bhacach.”

Bhreathnaigh bean an tí air:

“Imigh uaim anois, a ruifinigh bacaigh,⁶³⁵ nó sínfidh mise ort go trom cois na bruise ar chnámh an droma. Dá dtugainnse toradh ortsa agus ar gach bacach, ní bheadh ruainne agam a chuirfinn ar⁶³⁶ mo bhéal, ná a thiúrfainn do mo mhada.”

“A bhean chóir, ná déan é sin leis an mbacach, ach gabh siar go fial agus tabhair aniar go fairsing, agus tabhair agam pláta fataí nó buidéal bainne nó treabhsar breá ceanneasna — (an chéad chuide den bhréidín)⁶³⁷ — a choinneos uaim an fuacht lá an tsioc agus an tsneachta.”

“Imigh uaim go beo agus go tapaidh nó, dar mo leabhar, go sínfidh mé ort go trom an láimh seo ar chnámh an droma.”

Bhí a fhios aige ansin ná raibh aon cheo le fáil agus dúirt sé:

“An fiach ar d’asal, an galra glúinéach⁶³⁸ ar do chapall, an [...] ⁶³⁹ ar do chuid cearca agus fágaim agat mo sheacht míle mallacht.”

Sin é a deir an bacach.

⁶³³ Ls.: 41

⁶³⁴ Ls.: *mac Tára Arainn naofa*

⁶³⁵ Ls.: *a rulfine báca*

⁶³⁶ Ls.: *a chuirean a? mo bheul*

⁶³⁷ Ls.: *treabhsar breá ceann asna* an cheud chuide gon bhréidín

⁶³⁸ Ls.: *an garla glúainéach*

⁶³⁹ Ls.: *ric/dhech*

43.⁶⁴⁰ An Gabha Dubh

Bhí an Gabha Dubh lá ina sheasamh insa doras. Ní raibh aon chúram air ach a bhean agus máthair a mhná agus a mháthair fhéin. Bhí an dá sheanmháthair in aois go mór. Bhí sé ag breathnú uaidh amach, anonn agus anall. Choinic sé fear ag tíocht aige ar chapall agus beirt mhná ar a chúla. Tháinig sé 'un cainte leis agus d'fhiarfaigh sé dhe:

“An dtiúrfá iasacht na ceárta dhom go ceann leathuair?”

“Tiúrfaidh mé ach é a íoc.”

“Íocfaidh mé an tine leat,” a deir sé, “agus tá an t-iarann agam péin.”

Thosaigh sé á réiteach agus thug sé leis an dá bhean agus bhain sé na cosa díobh. Chuir sé síos ina tine iad, thosaigh sé ag séideadh na mboilg agus bhíodar ag deargadh suas gur thit an fheoil de na cnámha. Thóig sé aníos iad agus leag sé ar an inneoin iad. Thosaigh sé dhá ngreadadh leis an ord, agus nuair a bhí sin déanta, chruinnigh sé suas iad agus chuir sé síos i bpota uisce bhruite iad, agus súil mhór ag an nGabha Dubh air. Nuair a bhí sin déanta aige, thug sé leis na cosa agus ghreamaigh sé ar na mná iad.

“Tá sibh anois go mór níos fearr ná mar ' bhí sibh.”

D'íoc sé an Gabha Dubh agus d'imigh leis.

“M'anam,” a deir an Gabha Dubh, “go bhfuil an cheird tóightí agam. Is fearr dhom a dhul agus an dá sheanbhean atá agam péin a thabhairt liom agus an cleas céanna a dhéanamh leo agus beidh siad óg.”

Chuaigh sé agus thug sé leis an dá sheanbhean. Cheangail sé dhá chéile iad agus bhain sé na cosa díobh agus chuir sé isteach sa teallach iad. Thosaigh sé ag séideadh na mboilg. Dhearg siad suas go luath, thóig sé aníos iad agus leag sé ar an inneoin iad, thosaigh sé dhá ngreadadh leis an ord. Nuair a bhí sin déanta aige, chruinnigh sé suas iad agus chuir sé síos i bpota uisce bhruite iad. Thóig sé aníos iad agus thosaigh sé ag iarraidh iad a ghreamú agus ní ghreamóidís dó.

“Shíl mé,” a deir sé, “go raibh mo cheird agam agus níl 'na dhiaidh sin.”

Thug sé leis an dá chailleach agus d'fhága sé i seomra i mbarr an tí iad, faoi phian agus faoi phionós.⁶⁴¹

⁶⁴⁰ Ls.: 42

⁶⁴¹ Faightear an sliocht seo a leanas anseo chomh maith: Ls.: *Lannamharach ar gcian bhí sé na sheasa insa doras. Choinic sé fear a tiacht aige agus capall agus cé bheadh an ach buachaill an tsagairt. Cuire tu cruí ora seo go beo dhom. Is gear a bheas mise dhá dhéana sin, ad. a g.d. Bhain a g.d. di na cheire cosa agus chuir se síos insa teallach iad. *Thosa siad a séide na mboilg**

[Tá an sliocht seo deighilte amach ón gcuid eile den téacs, i.e. líne os cionn an ailt agus líne faoin alt. Faightear líne eile faoin abairt *sin é an cleas céanna a dhéanfas mé fhéin*, (féach fonóta 643 thíos) rud a thugann le fios, dar liom, gur ansin atá an sliocht le cur, agus is mar sin a rinneadh.

Lá arna mháireach [d]ár gcionn ansin, bhí sé ina sheasamh aríst insa doras. Is gearr go bhfaca sé fear ag tíocht aige ar chapall bán agus d'fhiarfaigh sé de an dtiúrfadh sé iasacht na ceárta dó go ceann leathuair. Dúirt sé go dtiúrfadh ach é a íoc.

“Íocfaidh mé an tine leat agus tá an t-iarann agam péin.”

“Déanfaidh sin,” a deir an Gabha Dubh.

Bhain sé na cheithre cosa den chapall agus chuir sé síos insa teallach iad. Thosaigh sé ag séideadh na mboilg. Dhearg siad suas go luath, thit an fheoil de na cnámha, thóig sé aníos iad [agus]⁶⁴² leag sé ar an inneoin iad. Thosaigh sé dhá ngreadadh leis an ord. Nuair a bhí [s]in déanta aige, chruinnigh sé suas iad agus chuir sé síos i bpota uisce bhruite iad agus chuir sé faoi ucht an chapail péire acu agus faoina leath deireadh an péire eile, agus bhí sí go mór níos fearr ná mar ' bhí sí ariamh. D'íoc sé an gabha agus d'imigh sé.

“*Well*, tá mo cheird anois agam,” a deir an gabha. “An chéad chapall eile a thioctas agamsa anois, sin é an cleas céanna a dhéanfas mé fhéin.”⁶⁴³

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, bhí sé ina sheasamh insa doras. Choinic sé fear ag tíocht aige, agus capall, agus cé a bheadh ann ach buachaill an tsagairt.

“Cuirfidh tú cruithes uirthi seo go beo dhom.”

“Is gearr a bheas mise dhá dhéanamh sin,” a deir an gabha dubh.

Bhain an gabha dubh di na cheithre cosa agus chuir sé síos insa teallach iad. Dhearg siad suas go luath agus thit an fheoil de na cnámha. Thóig sé aníos iad agus leag sé ar an inneoin iad. Thosaigh sé dhá ngreadadh leis an ord. Chruinnigh sé suas iad agus chuir sé síos i bpota uisce bhruite iad agus chuir sé faoin gcapall iad agus ní ghreamóidís.

“Shíl mé,” a deir sé, “go raibh mo cheird go han-mhaith agam agus níl 'na dhiaidh sin ach is éard ' déanfar liom ar deireadh, mé a chrochadh.”

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, bhí sé ina sheasamh insa doras. Choinic sé fear aríst ag tíocht aige ar a chapall agus bean mhór dhubh ar a chúla.

“An dtiúrfá iasacht na ceártan sin dom go ceann tamaill?”

“Tiúrfaidh mé,” a deir sé, “agus fáilte.”

Chuir sé síos tine agus thosaigh sé ag obair. Bhain sé an ceann den bhean mhór dhubh in amharc an ghabha agus chuir sé síos insa teallach é. Thosaigh sé ag séideadh na mboilg. Dhearg sé suas go luath agus thit an fheoil de. Thóig sé aníos é agus leag sé ar an inneoin é agus thosaigh sé dhá

⁶⁴² Litir doléite amháin atá anseo; mise a dhéanann an focal ‘agus’ den litir sin.

⁶⁴³ Féach fonóta 641.

ghreadadh⁶⁴⁴ leis an ord. Chuir sé síos i bpota uisce bhruite é agus leag sé ar an gcolainn ansin é, agus ghreamaigh sé den cholainn, agus d'iontaigh an cloigeann bán. Ghlac sé buíochas leis an ngabha agus d'imigh sé. Chuir an gabha scairt g[h]áirí as agus dúirt sé:

“Dar m’anam go bhfuil mo cheird anois agam go han-mhaith. Féachfaidh mé anois mé fhéin leis an gceann a bhaint den bhean atá agam.”

Thug sé leis í agus bhain sé an ceann di. Chuir sé síos insa teallach é agus thosaigh sé ag séideadh na mboilg. Dhearg sé suas go luath agus thit an fheoil de. Thóig sé aníos é agus leag sé ar an inneoin é agus thosaigh sé dhá ghreadadh⁶⁴⁵ leis an ord. Chruinnigh sé suas⁶⁴⁶ é agus chuir sé síos i bpota uisce bhruite é agus leag sé ar an gcolainn é agus ní ghreamódh sé.

“Tá an mí-ádh mór déanta anois agam,” a deir sé.

D'imigh leis amach agus dhún sé an doras agus chuaigh sé faoi na cnoic. Torann an tsiúil a bhí sé a dhéanamh, bhí sé ag ceapadh gurb é an garda a bhí ina dhiaidh, le scanradh. Is gearr a bhí sé ina shuí síos ar an gcnoc nuair a choinic sé an Gasúirín Gearr Glas ag tíocht go dtí é.

“Cén fáth thú a bheith ansin, a Ghabha Dubh?” a deir an gasúr.

D'inis an Gabha Dubh chuile rud dá ndearna sé.

“Tá duine uasal ar an mbaile seo,” a deir an gasúr, “i mbéal báis. Tá chúig céad punt tairgthí do dhuine ar bith a leigheasfás é, agus cén misneach a bheadh agat?”

“D'fhéach mé cheana uair, agus d[h]á uair, leis an obair sin,” a deir an Gabha Dubh, “agus chinn sé orm.”

“*Well*, déanfaidh tú inniu na gnó[tha],” a deir an Gasúirín Gearr Glas.

D'éirigh an Gabha Dubh suas go han-mhisniúil agus d'imigh leo go dtáinig siad isteach ag an duine uasal seo.

“Beirt dhochtúirí muide,” a deir an gasúirín, “agus leigheasfaidh muid an fear tinn.”

Chuadar siar insa seomra agus bhaineadar an ceann den fhear tinn. Chuireadar síos i bpota uisce bhruite é gur thit an ghruaig de. Thóigeadar aníos ansin⁶⁴⁷ agus leagadar ar an gcolainn é agus ghreamaigh sé go han-mhaith agus bhí sé níos fearr ná mar ' bhí sé ariamh.

“Tá tú leigheasta anois,” a deir an Gabha Dubh.

“Déanfaidh sin,” a deir an duine uasal, “íocfaidh mise leat an dá chéad punt agus tá mé buíoch dhíot.”

⁶⁴⁴ Ls.: *dhá ngreadadh* [Tabhair faoi deara gurb iad na cosa a bhí á ngreadadh go dtí seo.]

⁶⁴⁵ Ls.: *dhá ngreadadh*

⁶⁴⁶ Ls.: *síos* [Glacaim leis gur réamhsmoineamh ar an bhfocal ‘síos’ — cúig fhocal ar aghaidh — a bhí anseo.]

⁶⁴⁷ Réamhsmoineamh, b'fhéidir, ar an bhfocal baininsneach ‘blaosc’ atá le fáil níos faide ar aghaidh sa scéal.

D’íoc sé amach é agus chuir sé na chúig céad síos ina phóca.

“Tabhair dhomsa a leath sin,” a deir an Gasúirín Gearr Glas.

“Ní thiúrfaidh mé,” a deir an Gabha Dubh, “tá mo cheird agam péin anois chomh maith leatsa.”

“Déanfaidh sin go fóilleach,” a deir an gasúirín.

D’imíodar óna chéile. As sin go tráthnóna bhí scéal ag dul thart go raibh caiptín [...] ⁶⁴⁸ ar an mbaile a bhí i mbéal báis. Nuair a chuala an Gabha Dubh é, tháinig sé aige agus dúirt sé go raibh sé fhéin in ann é a leigheas.

“Déanfaidh sin,” a deir sé, “íocfar thú go maith.”

Fuair sé a scian mhór agus bhain sé an ceann de. Chuir sé síos i bpota uisce bhruite é agus thit an ghruaig dhá bhlaosc. Nuair a bhí sin déanta, thóig sé aníos é agus leag sé ar an gcolainn é agus níor ghreamaigh an ceann.

“Ní raibh an mí-ádh déanta,” a deir sé, “go dtí anois. Níl a fhios agam an bhfuil rud ar bith insa seomra,” a deir sé, “a mharóidh mé. Is fearr dhom a dhul ⁶⁴⁹ síos insa bpota uisce bhruite go ndófar mé.”

Chrom sé síos agus sháigh sé amach a theanga. Nuair a theangmhaigh an barr leis an uisce bruite: ⁶⁵⁰

“Ní ghabhfaidh mé ansin ar chuma ar bith,” a deir sé, “tá sé róthe agus gabhfaidh mé suas sa simléir go bplúchfaidh an deatach mé.”

Is gearr gur buaileadh an doras agus dúirt an glór:

“Lig siar mé.”

“Foighid go fóilleach,” a deir an Gabha Dubh, “níl sé leigheasta fós.”

Is é an chaoi a raibh sé aige, bhí sé ina mearbhall air, ⁶⁵¹ le scanradh agus le faitíos.

“Dhá mbeadh a fhios agat,” a deir an glór, “cé atá ann, ligfeá siar é. Mise an Gasúirín Gearr Glas.”

D’éirigh croí an Ghabha Dubh le áthas agus d’oscail sé an doras. Chuaigh an gasúirín siar agus rug sé ar an gcloigeann agus chuir sé síos insa bpota é, agus rug sé air aríst agus leag sé ar an gcolainn é agus bhí sé chomh maith agus ’bhí sé ariamh.

“Anois,” a deir an Gasúirín Gearr Glas, “ná déan é sin aríst le aonduine go brách mar níl sé in do *phower* é a leigheas. Nuair a choinic mé i dtrioblóid thú, tháinig mé chomh fada leat.”

⁶⁴⁸ Focal doléir is ea seo. Ls.: *c?in*

⁶⁴⁹ Ls.: *a dhoil*

⁶⁵⁰ Ls.: *bruilte*

⁶⁵¹ Ls.: *bhí sé ina mearúl air*

D'íoc an caiptín amach an Gasúirín Gearr Glas agus ghlac sé buíochas mór leo agus d'imíodar amach ar an tsráid.

“Seo dhuit anois iomlán an airgid,” a deir an gasúirín.

“Ní ghlacfaidh mé blas ar bith de,” a deir an Gabha Dubh, “tá áthas mór orm go bhfuil sé go maith agus coinnigh thú fhéin uileag é.”

“Níl aon ghnó agamsa dhe,” a deir an gasúirín, “seo dhuit é.”

Rug an Gabha Dubh air anois agus chuir sé ina phóca é agus ghlac sé buíochas leis an ngasúirín. D'imigh duine acu siar ansin agus an ceann eile soir agus scaradar fhéin lena chéile. Sin é scéal an Ghabha Dubh.

44. Fear na Féasóige Fada

Bhí mise oíche i bhfad ó bhaile ag cuir caoi ar phoitín mar bhí mé fhéin dá dhíol. Bhí mé istigh faoi aill mhór dhorcha⁶⁵² mar bhí an-fhaitíos orm roimhe na gardaí agus sin é an fáth gur mhaith liom a bheith i bhfad ón teach. Líon mé trí *jar*, ansin líon mé cheithre bhuidéal cárt. Bhí gloine agam ann, bhí an sáspan agam ann, agus gach rud dhá raibh ag baint dó. Nuair a bhí mé réidh ansin, agus chuile rud déanta agam, d'éirigh mé amach ar aill agus choinic mé an oíche an-dubh. Dúirt mé ansin go bhfanfainn ann go mbeadh solas lae ann. Bhí beagán uaighis orm agus d'ól mé braon deas den phoitín agus ní mórán achair 'na dhiaidh sin nuair a thosaigh mé ag gabháil amhráin mar thug an poitín misneach breá dhom. Nuair a bhí an t-amhrán gaibhte agam, thosaigh an fear istigh insan aill ag amhrán é fhéin. Nuair a bhí an t-amhrán gaibhte aige:

“Pé ar bith cé thú fhéin,” a deir mé, “gabh amach anseo go bhfaighidh tú gloine,” a deir mise.

Tháinig sé amach agus é chomh geal le sneachta, fiacail mhór⁶⁵³ fhada aige agus í — a barr — ar an talamh. Shuigh sé síos le m'ais agus ní mórán achair 'na dhiaidh sin nuair a tháinig fear eile amach, féasóg mhór gheal air. Bhí cor siar faoina lár, den fhéasóg, agus aniar aríst ar a chroí agus í mar a bheadh *scarf* [...] ceanglaithe air.⁶⁵⁴ Shuigh sé síos ar an gcloch. Is gearr go dtáinig dhá fhear déag eile amach agus shuíodar síos lena n-ais. Bhí mé ag déanamh cnaipí le faitíos. D'éirigh mé agus rug mé ar an *jar* agus tharraing mé as *jug* mór fuisce.⁶⁵⁵ Thug mé *tumbler* mór d'fhear an fhiacail fhada, *tumbler* mór d'fhear na féasóige fada, dá réir sin do chuile dhuine. D'f[h]olmhamar⁶⁵⁶ an *jar* den iarraidh sin.

“Socraigh suas do chuid fuisce,” a deir fear na féasóige fada.

Chuaigh mé fhéin agus thosaigh mé dhá chuir i ndiaidh a chéile — dhá shocrú — agus nuair a rug⁶⁵⁷ mé [ar] an *jar* a bhí folamh, bhí sé líonta aríst ag *power* na ndaoine maithe.

⁶⁵² Ls.: *al' mha dhorcha*

⁶⁵³ Ls.: *mhá*

⁶⁵⁴ Ls.: *sgarfl a bi ceanglaí air* [An bhfuil an léamh 'a b[h]eith' le déanamh ar 'a bi' na ls.?)

⁶⁵⁵ Ls.: *fuisgí*

⁶⁵⁶ Ls.: *D'falamuir*

⁶⁵⁷ Ls.: *rúg*

“Fág ansin anois do chuid fuisce agus téanam in éindí linne don domhan soir. Tá muid ag dul ag tabhairt⁶⁵⁸ iníon rí as an ndomhan thoir⁶⁵⁹ anocht agus ní fhéadfaidh muid í a thabhairt linn gan duine saolta a bheith in éindí linn.”

“Tá go maith,” a deir mise.

“Mo chapall, mo shrian,” a deir fear an fhiacail fhada.

“Mo chapall ’s mo shrian,” a deir fear na féasóige fada.

“Mo chapall ’s mo shrian,” a deir gach duine eile.

“Mo chapall ’s mo shrian,” a deir mise, “agus ní hí an ceann dona í.”

Tháinig sí amach, capall ag chuile dhuine agus a shrian.

“Buailfidh⁶⁶⁰ muid suas ag marcaíoch[t], ag triall ar an domhan soir.”

Dhá uair ’ thóg orainn ag dul ann go dtáinig muid ag teach an rí mór seo. Bhí an iníon tinn ar a leaba agus í go dona.

“Ní fheicfear ceachtar againn anois,” a deir fear na féasóige fada. “Gabhfaidh mise agus tusa isteach,” a deir sé leis an bhfear saolta, “agus leagfaidh muid uirthi a[r] láimh agus beidh sí againn ansin. Gabhfaidh mise amach ansin,” a deir sé, “agus ardóigh mise an fhuinneog agus cuirfidh mé isteach seanchailleach mhantach ina leaba nach bhfuil fiacail ina ceann. Ceapfaidh an rí gurb í a iníon fhéin i gcónaí⁶⁶¹ í.”

“Déanfaidh sin,” a deir an fear saolta, ag fanacht istigh.

Nuair a choinic sé iníon an rí ag dul amach, dúirt sé go mba mhór an murdar é a leithide de bhean bhreá a bheith fuadaithe ar siúl agus seanbhean chiotach mhantach a bheith⁶⁶² ’na háit. Thug sé sólas⁶⁶³ dó fhéin an uair sin, don rí.

“Tá m’iníon fásaithe anois,” a deir an rí.

“Níl fós,” a deir sosan. “Tiúrfaidh mise d’iníon ar ais,” a deir sé.

“Is fear maith thú,” a deir an rí.

“Cuir síos tine mhór⁶⁶⁴ mhillteach anois,” a deir sé leis an rí.

⁶⁵⁸ Ls.: *tuit*

⁶⁵⁹ Ls.: *shir*

⁶⁶⁰ Ls.: *Bhuaile*

⁶⁶¹ Ls.: *i gconní*

⁶⁶² Ls.: *bheith*

⁶⁶³ Ls.: *solas*

⁶⁶⁴ Ls.: *mha* [Léamh eile: ‘mhaith’, ach féach fonóta 653 thuas *mhá* = ‘mhór’.]

Chuir. Chuaigh sé siar agus rug⁶⁶⁵ sé ar chúl gruaige ar an tseanbhean. Tharraing sé leis aniar í, bhí sé ag dul á socrú síos ar chúla na tine nuair a d'fhógair sí a corp agus a hanam air, gan í a dhóna a bhrúith.

“Cuir chugam isteach,” a deir sé, “iníon an rí, glan folláin mar ’bhí sí ar dtús.”

Crochadh an fhuinneog agus caitheadh isteach iníon an rí chomh maith agus ’bhí sí riamh agus d'imigh an tseanbhean mhantach chiotach amach agus dúirt sí ag imeacht di:

“Beidh mise suas leat.”

Rug iníon an rí ar láimh ar an bhfear seo agus dúirt sí:

“Is tusa an fear,” a dúirt sí, “a bheas agamsa.”

Caitheadh an oíche sin [...] ⁶⁶⁶ in sa teach le ceol agus le spóirt ⁶⁶⁷ agus gach rud eile.

“Caithfidh mise anois,” a deir an fear seo, “a dhul abhaile ag breathnú ar *jarannaí* fuisce agus buidéil agus gloiniúcháí ⁶⁶⁸ a d'fhága ⁶⁶⁹ mé istigh faoi aill dhorcha an oíche a sheol mé, ag tíocht anseo.”

“Fág ansin iad,” a deir an rí, “agus nach bhfuil do dhóthain agat?”

“*Well*, is maith liom cuairt a thabhairt,” a dúirt sé, “agus tiocfaidh mé aríst.”

“Tá go maith,” a deir an rí.

“Tabharfaidh tú leat,” ⁶⁷⁰ a deir an rí, “mar sin, an each donn atá agamsa.”

“Tá go maith,” a deir sé.

D'imigh leis agus d'fhága sé slán acu go dtiocfadh sé aríst. Níor stop ariamh go dtáinig sé insan áit a raibh a chuid *jarannaí*. Bhíodar briste brúite dóite.

“Ó, *well*,” a deir sé, “is iontach an millteanas é,” a deir sé.

Thosaigh sé ag diachaireacht ⁶⁷¹ agus ag réabadh. Thosaigh sé ag breathnú anonn agus anall agus choinic sé doras beag ar an aill. D'oscail sé isteach é agus choinic sé an tseanbhean mhantach ina suí ag an tine, ingniúcháí móra fada uirthi. Bhreathnaigh sí aníos air go fiáin.

“Tá tú agam,” ⁶⁷² a deir sí, “ach ní bheidh aríst.”

⁶⁶⁵ Ls.: *riug*

⁶⁶⁶ Focal doiléir: *bán*

⁶⁶⁷ Ls.: *spiort*

⁶⁶⁸ Ls.: *gloineúcháí*

⁶⁶⁹ Ls.: *a' dhfhaga*

⁶⁷⁰ Ls.: *Tóir tu leat*

⁶⁷¹ Ls.: *diachláireacht*

⁶⁷² Ls.: *Tá tú a~* [Léamh eile: ‘Tá tú ann’.]

D'éirigh sí aige suas agus d'ionsaigh sí air. Chuir sí crúca ann agus d'fhág⁶⁷³ sí leis an dá leiceann amach ón gcnáimh.

“Tá mé scuabthaí agat, a [...] caillí,”⁶⁷⁴ a deir sé.

“An bhfuil fear ar bith beo istigh ná amuigh a thóigfeadh mo pháirt?”⁶⁷⁵

“Tá sé anseo,” a deir fear, ag éirí amach. “Uncail duit mise,” a deir sé, “máistir na bruíne, agus marach sin,”⁶⁷⁶ a deir sé, “ní shábhálfadh an domhan thú. Téirigh abhaile anois,” a deir sé, “agus ná cuir ’na[r] n-aghaidh sinne aríst chúns ’ mhairfeas tú.”

Sin é anois scéal fear an phoitín.

⁶⁷³ Ls.: *dfhug*

⁶⁷⁴ Ls.: *a fhilreanach caillí*

⁶⁷⁵ Tá lár an fhocail seo doiléir. Ls.: *phuít*

⁶⁷⁶ Ls.: *sinn*

45. Scéal an Bháicéara

Bhí báicéara fadó, é fhéin agus a bhean. Bhíodar bocht, ní raibh a fhios acu cén sórt plean a bhféadfaidís beatha a fháil as.

“Shílfeá go gcuimhnfeá,” a deir an bhean, “ar phlean a chuimhneacht.”

Chuir sé a cheann faoi agus thosaigh sé ag smaoinreamh. Nuair a chroch sé a cheann, dúirt sé:

“Tá plean anois agam.”

“Inis dom é.”

“Tá ceathrar múinteoirí⁶⁷⁷ móra saibhir ar an mbaile seo, agus déarfaidh mé le duine acu a thíocht ag déanamh suas leatsa, ag a leithide seo⁶⁷⁸ de chlog anocht, agus déarfaidh mé le duine eile acu a thíocht uair ’na dhiaidh, agus déarfaidh mé le duine eile acu a thíocht uair ’na dhiaidh sin, agus ní bheidh a fhios ag ceachtar acu ar labhair mé leis an dara duine. Agus an chéad duine a thiocthas acu, nuair a bhuailfear an doras ina dhiaidh sin, má bhíonn sé ag dul i bhfolach, ordaigh insa mbácús é. Agus ordaigh an dara duine insa mbácús nuair a bhuailfeas an fear eile, agus tiocfaidh mé fhéin i ndiaidh an tríú fear agus ordóidh tú insa mbácús é sin. Agus go deimhin, tá a fhios ag chuile dhuine nach bhfuil siad sin gan pingneachaí agus rud ar bith a bheas acu, coinneoidh an bácús é go bhfaighimid amach é.”

“Is iontach an phlean é sin,” a deir an bhean.

Nuair a tháinig an oíche, chuaigh sé agus labhair sé leis na múinteoirí, ó dhuine go duine, agus chuaigh sé fhéin i bhfolach, agus is gearr go bhfaca sé duine acu ag tíocht agus ag bualadh an doiris. Lig an bhean isteach é agus shuigh sé anuas ag an tine agus thosaigh sí ag déanamh spraoi leis. Is gearr gur buaileadh an doras.

“Cá ngabhfaidh mé i bhfolach?” a deir sé.

“Téirigh insa mbácús,” a deir sí.

D’éirigh sí agus d’oscail sí an doras agus lig sí isteach an fear eile. Shuigh sé síos agus thosaigh sí ag déanamh spraoi leis. Is gearr ’na dhiaidh sin gur buaileadh an doras aríst.

“Cá ngabhfaidh mé i bhfolach?” a deir sé.

“Téirigh insa mbácús,” a deir sí.

Chuaigh. Is gearr ’na dhiaidh sin gur bhuail an fear fhéin an doras.

“Ó, cá ngabhfaidh mé i bhfolach?” a deir sé.

“Téirigh insa mbácús.”

⁶⁷⁷ Ls.: *ceathir múinteráí*

⁶⁷⁸ Ls.: *so*

Chuaigh, agus d'éirigh sí agus lig sí isteach a fear fhéin.

“An bhfuil siad i bhfolach uileag?” a deir a fear fhéin.

“Labhair go réidh,” a deir sí, “tá siad sa mbácús.”

“Síos le tine mhór,” a deir sé, “go ndéanfaidh mé ruainne aráin.”

Chuir sí síos tine mhór, agus nuair a bhí an tine dearg, tharraing sé anall an bácús ar an tine, agus sin é an áit a raibh an *jumpáil* agus an bheiciúch agus an bladhrúch,⁶⁷⁹ agus níorbh fhéidir dóibh corraí nó an clár a bhaint díobh, gur bruiteadh agus dódh iad istigh ansin gur cailleadh iad.

“Céard a dhéanfas muid leo anois?” a deir sé.

“De réir mar ’ chuimhnigh⁶⁸⁰ tú ar an bplean, [...] ⁶⁸¹ í,” a deir an bhean.

Leis an gcomhrá, d’airigh sé an-torann amuigh insa dug. Chuaigh sé amach agus céard a bheadh ag tíocht isteach ach soitheach mór ón⁶⁸² bhfarraige. Sheas sé suas ag breathnú orthu agus ag déanamh iontas díobh go ceann tamaill. Faoi cheann tamaill, tháinig fear aige amach as an soitheach agus labh[r]adar le chéile. D’fhiarfaigh sé cén sórt náisiún fir é fhéin. Dúirt sé leis gur Éireannach é.

“Tharla gurb ea, tiocfaidh⁶⁸³ tú suas linn go n-ólfaidh tú deoch liom.”

“Tiocfad, agus fáilte.”

D’imíodar suas agus chuadar isteach insa siopa agus d’óladar a ndóthain go maith. Nuair a bhí sin déanta, d’iarr sé air a thíocht don⁶⁸⁴ teach in éindí leis agus tháinig, agus bhí suipéar acu. As sin go ceann tamaill, dúirt sé leis go gcuirfeadh sé trioblóid b[h]eag air, agus más é a thoil é, an ndéanfadh sé é.

“Go deimhin, déanfad, agus fáilte.”

“Tá fear básaithe anseo agam faoin leaba agus dá gcaithfeá leis an dug é, b[h]einn⁶⁸⁵ an-bhuíoch díot.”

“Níl trioblóid ar bith ormsa é sin a dhéanamh,” a deir an mairnéalach.

Tharraingeadar amach ón leaba é. Chuireadar síos i mála é agus d’imigh leis an mairnéalach agus chaith sé amach sa dug é agus tháinig sé ar ais go dtí an báicéara.

⁶⁷⁹ Ls.: *an bheiciúch agus a bladhrúch*

⁶⁸⁰ Ls.: *chuinni*

⁶⁸¹ Ls.: Focal doiléir go maith. Ls.: ~*iacha* [‘críoch[n]aigh’?].

⁶⁸² Ls.: *sech mor an bhfairge* [Léamh eile: ‘soitheach mór [ar] an bhfarraige’.]

⁶⁸³ Ls.: *tiúca*

⁶⁸⁴ Ls.: *g an teach* [Léamh eile: ‘a thíocht ag an teach’.]

⁶⁸⁵ Ls.: *bein*

“Ar chaith tú amach é?” a deir an báicéara.

“Chaitheas,” a deir sé.

“*Well*, tá sé anseo romhat aríst,” a deir an báicéara.

“Cén diabhal sin atá tú a rá?” a deir sé.

“Siúd é,” a deir an báicéara, ag tarraingt ceann eile amach ón leaba.

Chuireadar síos insa mála é agus d’ardaigh sé leis é agus chaith sé amach an dara duine, agus nuair a tháinig sé ar ais aríst:

“Tá sé romhat aríst,” a deir an báicéara.

D’ardaigh sé leis aríst an tríú duine agus chaith sé amach aríst é, agus nuair a tháinig sé ar ais:

“An bhfuil sé romham anois?” a deir sé.

“Níl,” a deir an fear, “tá sé báite anois agat.”

Shíl an mairnéalach gur aonduine amháin i gcónaí é,⁶⁸⁶ agus bhí triúr ann. Bhíodar an-áthasach ansin agus an báicéara go mhór mhór. D’itheadar a suipéir agus d’óladar braon ansin. Faoi cheann tamaill, dúirt an mairnéalach go gcaithfeadh sé a dhul ’un suaimhnis.⁶⁸⁷ D’imigh sé ag an soitheach agus chuaigh an báicéara a chodladh. Ar maidin go moch lá arna mháireach, bhí duine uasal ag dul anuas agus tuáille ar a láimh aige agus é ag dul ar snámh. Bhain sé dhó a chuid éadaigh agus isteach leis insa bhfarraige. Nuair a bhí a dhóthain snámh déanta aige, bhí sé ag tíocht ar ais agus bhí an mairnéalach ag éirí agus bhreathnaigh⁶⁸⁸ sé anonn ’s anall agus choinic sé é seo ag tíocht i dtír. D’fhógair sé air go beo gan corraí go fóilleach. Amach leis as an soitheach agus sall leis aige agus tugann sé tonc dhó, agus caitheann sé síos aríst é i ndiaidh a mhullaigh insa bhfarraige é.

“A bhithiúnaigh [de] ruifíneach,” a deir sé, “chaith⁶⁸⁹ mé amach aréir trí huaire thú agus tá tú a dh’iarraidh⁶⁹⁰ a thíocht ar ais inniu ach ní ligfidh mise dhuit.”

Shíl sé a dhul aníos aríst agus chaith sé síos aríst é. Bhí sé ag gabháil dó gur bháigh sé é. Sin é scéal an bháicéara.

⁶⁸⁶ Ls.: *i gcumhniú e*

⁶⁸⁷ Ls.: *ar suímhnis*

⁶⁸⁸ Ls.: *bhreathin?g*

⁶⁸⁹ Ls.: *chatha*

⁶⁹⁰ Ls.: *tá tú dh’iara thiacht*

46. Sclábhaí an Lampa

Bhí táilliúir 'na chonaí fadó i mbaile in⁶⁹¹ *China* agus ní raibh aige ach aon mhac amháin. Ní raibh slí ar bith aige lena bhean ná len-, an mac⁶⁹² a thóigeál ach an tsnáthaid. Nuair a chruaigh⁶⁹³ an mac ansin, bhí sé ag iarraidh é a chur a chúnadh dhó agus a cheird a mhúnadh dhó agus bhí an mac chomh dícéillí agus nuair a shíl sé píosa beag den lá a oibriú don athair, bheadh sé rite amach an píosa eile ag *actáil* leis na gasúir ' bhíodh isna⁶⁹⁴ sráideannaí. Cailleadh an t-athair ansin gan mórán moille agus ní raibh an mac ag déanamh blas ar bith ar chomhairle a mháthair ansin ach ag *actáil* isna sráideannaí i gcónaí. Ní raibh ór ná airgead ag an máthair nuair a cailleadh an t-athair, ach dhíol sí chuile rud a bhain d'obair na táilliúireachta⁶⁹⁵ ansin agus ba gearr a mhair sé dhóibh — an méidín a fuair air. Ní raibh slí ar bith ansin ag an máthair ach ag sníomh ruainín cadáis agus dá dhíol ag iarraidh iad féin a choinneál suas, agus gan an mac ag tabhairt cúnadh ar bith dhi.

Ní raibh aon áit faoin domhan san am sin ' bhí chomh mór le draíocht le *Africa* agus bhí beirt dearthár ann agus badh é a gceird, an draíodóireacht.⁶⁹⁶ Bhí duine acu ansin agus bhí sé ag siúl leis an draíocht go bhfuair sé amach go raibh cnoc taobh amuigh de bhaile mór *China*⁶⁹⁷ agus go raibh lampa istigh sa gcnoc, agus dá bhféadadh sé é a fháilt, go ndéanfadh sé níos saibhre é ná rí, ná prionnsa, dá raibh sa domhan uileag, ach nach bhféadfadh sé fhéin a dhul san áit a raibh sé agus nach bhféadfadh sé breith air mara bhfaigheadh sé as láimh duine eile é, agus go gcaithfeadh sé an duine sin a fhágáil istigh⁶⁹⁸ san aill — nuair a thiúrfadh sé an lampa dhó — i leaba an lampa.

Nuair a fuair an draíodóir⁶⁹⁹ amach é sin, níor stop sé riamh go dtáinig sé go baile mór *China*.⁷⁰⁰ Shiúil sé amach sna sráideannaí ansin agus bhreathnaigh sé ar chuile dhuine de na buachaillí beaga a bhí ag *actáil* ann. Ní fhaca sé duine ar bith ann ba fánaí, go bhfaca sé [...] ⁷⁰¹ air, ná mac an

⁶⁹¹ Focal beag doléite is ea é seo sa ls.

⁶⁹² Ls.: *le na bhean ná len an mac*

⁶⁹³ Ls.: *chnua*

⁶⁹⁴ Ls.: *insa*

⁶⁹⁵ Ls.: *tailliureachta*

⁶⁹⁶ Ls.: *druitheodúirocht*

⁶⁹⁷ Ls.: *Chíca*

⁶⁹⁸ Focal doiléir: *stí*

⁶⁹⁹ Ls.: *an drúchedóir*

⁷⁰⁰ Ls.: *báile mór Chí? a*

⁷⁰¹ Ls.: *cuma*

táilliúra, Aladdin. Cheap sé ansin gurb é is lú a raibh breathnú ina dhiaidh nuair a choinic sé chomh fánach is ' bhí sé é. Dúirt sé, dá bhféadadh sé, gurb é a bhfearr dhó a thabhairt leis le cuir san aill nuair a thiúrfadh sé an lampa dhó. Ghlaigh an draíodóir⁷⁰² aige ansin ar dhuine de na stócaí eile a bhí ag *actáil* in éindí le mac an táilliúra, agus d'fhiarfaigh sé dhe cén sórt duine a bhí ann, agus dúirt sé leis an draíodóir⁷⁰³ gur mac táilliúra é agus go raibh a athair cailte agus ná raibh sé ag déanamh blas ar bith ar chomhairle a mháthar, agus gurb in é an chaoi⁷⁰⁴ a raibh sé ag imeacht ó sheach[t]ain go seachtain mar a fheiceann tú ansin é, a deir sé. D'fhiarfaigh an draíodóir den stócach ansin a raibh sé ag caint leis, cén t-ainm ' bhí ar athair Aladdin. Dúirt sé gur 'Mustapha an Táilliúir' agus nuair ' fuair an draíodóir an méid sin tuairisc ansin, ghlaigh sé aige ar Aladdin, agus dúirt sé leis:

“Nach thusa mac,” a deir sé, “‘Mustapha an Táilliúr’?”

“Is mé,” a deir Aladdin.

“Agus cén sórt caoi é sin ort?” a deir sé.

Rug sé air agus thosaigh sé dá phógadh agus dúirt sé gur aithin sé as a athair é thrí a raibh de bhuachaillí beaga eile ag *actáil* ann.

“Uncail dhuit mise,” a deir sé, “agus d'imigh mé as an tír seo nuair a bhí mé an-óg agus tá mé imithe as an tír ó shin, go dtáinig mé anois,” a deir sé, “ar cuairt ag mo dheartháir, agus nach dona an chaoi⁷⁰⁵ dhom go bhfuil sé cailte romham 'na dhiaidh sin. Ach níl sé chomh dona is is féidir é tharla⁷⁰⁶ go bhfuil a mhac le feiceál agam 'na leaba, ach caithfidh tú,” a deir sé, “an díth céille sin atá ort a chaitheamh dhíot níos mó.”

D'fhiarfaigh an draíodóir ansin cén áit sa mbaile mór a raibh siad 'na gcónaí. Agus spáin sé dhó an teachín beag a bhí acu, agus nuair a choinic sé an áit, ní dhearna sé ach a lámh a chur ina phóca agus lán a ghleice d'airgead a thabhairt d'Aladdin. Dúirt sé leis a dhul abhaile agus é sin a thabhairt dá mháthair agus ' rá léi rudaí [... ..]⁷⁰⁷ a theastóidh uathu a cheannacht agus go dtiocfadh sé fhéin a[r] cuairt lá arna mháireach acu go bhfeicfeadh sé iad. Chomh luath is ' fuair Aladdin an t-airgead, rith sé leis go dtína mháthair leis agus d'fhiarfaigh sé dhi an raibh aon uncail aige fhéin ariamh. Dúirt a mháthair go gceapann sí ná raibh.

⁷⁰² Ls.: *an druitheddir*

⁷⁰³ Ls.: *dr~dir* [Baintear úsáid as an nod *d.* nó *dr:* sna samplaí eile thíos.]

⁷⁰⁴ Ls.: *a chai~*

⁷⁰⁵ Ls.: *an cha??*

⁷⁰⁶ Ls.: *'tharla*

⁷⁰⁷ Dhá fhocal dhoiléire: 'ar bith'?

“Ní raibh aon deartháir agamsa ariamh,” a deir sí, “agus má bhí aon deartháir ag d’athair, níor chuala mé ariamh é.”

Dúirt seisean go dtáinig fear go dtí é sa tsráid agus gur aithin sé as a athair é chomh luath is ’ choinic sé é agus gur úirt sé go mba deartháir dá athair é agus gur ag tíocht ag breathnú air a bhí sé agus:

“An bhfeiceann tú,” a deir sé, ag taispeáint an airgid, “an méid sin airgid a thug sé dhom le tabhairt agatsa agus tiocfaidh sé fhéin amáireach.”

“Is cosúil marach gurb é d’uncail é nach dtiúrfadh sé dhuit an t-airgead.”

Thug seisean an t-airgead don mháthair ansin agus chuaigh an mháthair amach sa⁷⁰⁸ mbaile mór agus cheannaigh sí rudaí a d’fheil di agus a bheadh aici le haghaidh an uncail lá arna mháireach nuair a thiocfadh sé. Lá arna mháireach ansin, bhí Aladdin amuigh ag faire cén uair a d’fheicfeadh sé an t-uncail ag tíocht agus nuair a choinic sé ag tíocht é, rith sé go dtí an mháthair agus d’inis sé dhi go raibh sé ag tíocht. Chomh luath is ’ tháinig sé isteach sa teachín a bhí ansin acu, thosaigh sé ag caoineadh an dearthára, má b’fhíor⁷⁰⁹ dhó fhéin. Agus nuair a bhí a dhóthain caointe ansin aige, thosaigh sé fhéin agus an tseanbhean ag seanchas le chéile. Thosaigh an tseanbhean ag insint dó ansin chomh dícéillí⁷¹⁰ is ’ bhí Aladdin, a mac, ná raibh sé ag déanamh aon bhlas dá chomhairle ná ag déanamh aon mhaith dhi. Dúirt an draíodóir ansin gur óige is díth céille a bhí air agus go gcaithfeadh sé sin a chaitheamh dhe feasta, ó tháinig sé fhéin abhaile go ndéanfadh sé áit athara dhó agus go gcaithfeadh seisean a chomhairle a dhéanamh. Bhí an mháthair sásta go leor ansin agus thug sé leis amach an stócach ansin agus chuir sé culaith éadaigh⁷¹¹ air chomh breá is ’ bhí ar aonduine dá shórt sa mbaile mór. Dúirt sé leis go dtiocfadh sé lá arna mháireach agus go gceannódh sé teach agus siopa dhó agus go gcuirfeadh sé ann⁷¹² isteach é agus chuile rud aige ann le díol agus go mbeadh sé fhéin ag airdeall air agus ag breathnú ina dhiaidh, ag múnadh dhó céard a dhéanfadh sé. Bhí Aladdin, an-ghliondar ansin air. Lá arna mháireach, tháinig sé aríst go dtí é agus badh éard a bhí ann, lá saoire, agus ní raibh na siopaí oscailte, agus dúirt sé le Aladdin ansin:

“Ní dhéanfaidh muid aon mhaith inniu,” a dúirt sé, “mar tá na siopaí dúinte ach ceannóidh muid amáireach teach is siopa,” a deir sé. “Tharla go bhfuil an lá ina shaoire anois,” a deir sé, “siúlfaidh

⁷⁰⁸ Ls.: *san*

⁷⁰⁹ Ls.: *má b’fhia*

⁷¹⁰ Ls.: *cho díceille*

⁷¹¹ Ls.: *eola e.-col heid col héada*

⁷¹² Ls.: *an*

muid⁷¹³ amach as an mbaile mór; is fadó cheana nach bhfaca mé na hailleachaí taobh amuigh ó d’imigh mé as ar dtús.”

Cheannaigh an draíodóir an dinnéar ansin agus thugadar leo é agus shiúladar amach. Dúirt Aladdin ansin, nuair a bhí píosa maith siúlta amach as an mbaile mór acu, go raibh sé ag éirí tuirseach agus go raibh faitíos air nach mbeadh sé in ann siúl abhaile aríst. Dúirt seisean leis ansin go mb’fhéidir go raibh ocras ag tíocht air agus leag sé anuas acu fhéin an dinnéar a bhí aige. Dúirt sé leis:

“Ith do dhóthain anois,” a deir sé, “agus bainfidh⁷¹⁴ sé sin an tuirse dhíot. Tá muid gar d’áit,” a deir sé, “atá le spáint agamsa dhuit agus dá dtéiteá abhaile gan é a fheiceál agus fios a bheith agat go bhfuil a leithide ann, ní bheadh aon bhuíochas agat agamsa mara spáinfinn duit é.”

Shiúladar leo ansin aríst píosa eile agus níorbh f[h]ada go rabhadar ag an áit sin a raibh sé ag iarraidh a dhul go dtí í. Nuair a bhí siad ann ansin, chuir sé Aladdin ag cruinniú cipíní agus broсна agus rinne sé mar ’ bheadh tine dhíobh agus chaith sé rud éicint as a phóca ar an mbrosna agus dhún an gleann a raibh siad ann suas le deatach. Labhair sé trí fhocal cainte⁷¹⁵ éicint nár thuig Aladdin agus nuair a choinic Aladdin an deatach agus nuair a chuala sé na focla, tháinig faitíos air agus shíl sé rith as uileag. Rug seisean é agus bhuaíl sé de c[h]labhta é chomh crua⁷¹⁶ agus gur leag sé leis an gclabhta é, agus is é an fáth [ar] bhuaíl sé an clabhta air, i riocht is go gcuirfeadh sé faitíos ar Aladdin nuair a d’iarrfadh sé an lampa air aríst go dtiúrfadh sé dhó é.

“Well, anois,” a deir an draíodóir, a deir sé, “théis a bhfuil déanta agam dhuit,⁷¹⁷ agus a bhfuil mé le déanamh dhuit, tá tú ag dul ag clis anois orm,” a deir sé, “nuair atá seans againn gnótha a dhéanamh a dhéanfas saibhir go deo muid fhéin agus a mbaineann linn.”

Dúirt Aladdin ansin go ndéanfadh sé chuile rud a d’fhéadfadh sé.⁷¹⁸

Choinic sé leac mhór ansin agus fáinne buí ina lár agus dúirt seisean le Aladdin a dhul agus í a thóigeál. Dúirt Aladdin ná raibh sé in ann í a chrochadh:

“Mara dteaga tú fhéin a chúnaimh liom,” a deir sé.

“Ná bíodh faitíos ort,” a deir seisean, “níl agat ach breith ar an bhfáinne sin a fheiceann tú agus cuimhniú ar d’athair agus ar do sheanathair agus tiocfaidh sí leat go réidh.”

⁷¹³ Ls.: *siúlfa muid*

⁷¹⁴ Ls.: *bainha*

⁷¹⁵ Focal roinnt doiléir. Ls.: *cante*

⁷¹⁶ Ls.: *ch. chua*

⁷¹⁷ Ls.: *d^huit*

⁷¹⁸ Ls.: *a d’fhéadad sé*

Chuaigh Aladdin agus rug sé ar an bhfáinne agus ní raibh aon mheáchan sa gcloch agus an oiread le sop tuí. Nuair a bhí sí leagthaí, tháinig aige as an mbealach, bhí doras oscailte síos ann agus staighrí go híochtar ann. Dúirt an t-uncail leis ansin céard a dhéanfadh sé:

“Gabh síos na staighrí anois,” a deir sé, “agus gabh síos go dtí an staighre íochtair agus nuair a bheas tú ag an staighre íochtar,” a deir sé, “feicfidh tú doras eile oscailte romhat isteach, agus cas do chóta chomh crua thimpeall⁷¹⁹ ort agus a fhéadfas tú, mar [d]á dteangmhaíodh aon bhlas de do chuid éadaigh den bhalla,⁷²⁰ thuilfeadh an t-anam ar an bpointe asat,” a deir sé. “Siúlfaidh⁷²¹ tú amach ansin thríd an doras go dté tú i ngairdín taobh amuigh⁷²² agus feicfidh tú rudaí an-deas go deo ann ’ bheas ag breathnú go deas duit, agus má thograíonn tú cuid acu a chruinniú agus a chuir in do phocaí,” a deir sé, “féadfaidh tú é a dhéanamh. Feicfidh tú lampa lasta ar bhalla ann agus múchfaidh tú é agus dóirt as an ola agus cuirfidh tú in do bhrollach é,” a deir sé, “agus ná bíodh aon fhaitíos ort go millfeadh an lampa do chuid éadaigh mar ní ola atá ann ach uisce, agus nuair a bheas tú réidh ansin,” a deir sé, “tiocfaidh tú aníos an bealach céanna aríst. Beidh mise anseo ag fanacht leat go mbeire mé uait-, ar an lampa.”

Nuair a chuaigh sé isteach insa[n] áit, chuir sé fáinne ar a mhéir ag dul isteach dhó agus bhí sé air. Nuair a tháinig sé anuas go dtí bruach na haille, d’iarr an draíodóir seo an lampa a shíneadh aige, agus dúirt Aladdin:

“Tá sé ceangailte in mo bhrollach agus beir síos orm féin agus beidh mé fhéin ’s an⁷²³ lampa in éindí agat.”

Ní fhéadfadh⁷²⁴ sé breith ar Aladdin mar chaithfeadh sé é a fhágáil istigh san aill i leaba an lampa, ach dúirt sé:

“Sín agam an lampa,” a dúirt sé, “agus béarfaidh mé ort féin aríst.”

“Ní fhéadfaidh mé,” ar seisean, “tá sé chomh ceangailte⁷²⁵ in mo bhrollach nach bhféadfaidh mé é a scaoileadh nó go mbeire tú orm péin agus air fhéin anuas in éineacht.”

Bhí faitíos ar an draíodóir ansin go mbeadh aonduine ag dul thart agus go dtiúrfaidís faoi deara céard a bhí sé a dhéanamh, agus is éard a tháinig fearg air le Aladdin nuair ná raibh sé ag tabhairt an

⁷¹⁹ Ls.: *t^himpall*

⁷²⁰ Ls.: *gon bhfalla*

⁷²¹ Ls.: *Siúlfa*

⁷²² Ls.: *tao ’amuich*

⁷²³ Ls.: *mé fhéin sa lampa*

⁷²⁴ Ls.: *Ní fheata~~d~~h se*

⁷²⁵ Ls.: *cho cheangailte* [Léamh eile: ‘comhcheangailte?’]

lampa dhó, agus ní dhearna sé ach cuide den stuif a chaith sé ar an tine⁷²⁶ a chaitheamh air aríst agus na focla céanna a labhairt aríst, agus dhún an aill suas de léim, agus d’fhan Aladdin agus an lampa istigh ansin insan aill agus í dúinte suas gan solas, gan léargas aige ann. Ní raibh ag Aladdin ansin ach suí síos agus tosaí ag caoineadh, agus bhí a fhios aige ansin gur draíodóir a bhí ann agus gur ag iarraidh é a chuir ’un báis a bhí sé. Ní dhearna an draíodóir ansin ach⁷²⁷ bealach eile a thabhairt air fhéin. Ní dheachaigh sé isteach insa mbaile mhór⁷²⁸ faitíos go mbraithfeadh aonduine é nuair ná raibh an buachaill beag a bhí ag dul amach in éindí leis ag dul isteach in éindí leis. Níor chónaigh sé ansin go ndeachaigh sé an taobh⁷²⁹ ó dheas d’*Africa* aríst.

Shuigh Aladdin síos ansin agus níor léir dhó aon bhlas ann agus an oiread [d]á mbeadh a dhá shúil dúinte. Ó Dé hAoine go dtí Dé Domhnaigh — agus Dé Domhnaigh, d’éirigh sé ina sheasamh agus gan é in ann leis an ocras, agus nuair a d’éirigh sé ina sheasamh, bhí an áit chomh dubh agus gur leagadh é, agus nuair a leagadh é, chuir sé a láimh faoi á stopadh agus nuair a chuir sé a láimh faoi, scríob an fainne a bhí ar a mhéar⁷³⁰ agus ní túisce a bhí sé scríobthaí,⁷³¹ nuair a choinic sé fear mór millteach os a choinne agus dúirt sé leis gurb é fhéin Sclábhaí an Fháinne, agus rud ar bith a bhí⁷³² sé ag iarraidh go gcaithfeadh sé é a fháilt. Dúirt Aladdin go raibh sé ag iarraidh a bheith amuigh as an áit sin, ar an taobh amuigh. Ní túisce a bhí sé ráite ná bhí sé amuigh agus d’aithin sé an áit. Choinic sé log na tine a rinneadar ag dul isteach dhó, ach ní fhaca sé an chloch go raibh an fainne inti ná cosúlacht ar bith leis. Thug sé aghaidh ar a dhul abhaile agus é go dona leis an ocras agus tháinig sé abhaile go dtína mháthair agus bhí an mháthair ag ceapadh an fhaid agus ’ bhí sé amuigh ná tiocfadh sé choíche. Thosaigh sí á phógadh nuair a tháinig sé agus dúirt sé léi gan bacadh le é a phógadh ach:

“Má tá aon ruainne le n-ithe agat,” a deir sé, “tabhair dhom é. Níor ith mé aon bhlas,” a deir sé, “le trí lá.”

Thug sí dhó ruainne le n-ithe agus nuair a bhí sé ite aige, thosaigh sé ag casaoid uirthi faoi gur cheap sé go raibh uncail aige agus gurb éard a bhí ann, draíodóir ’ bhí ag iarraidh é a fhágáil san aill agus ’ d’fhág san aill é. Bhí sé go ceann trí lá ansin go dona, ní raibh sé in ann tada a chaitheamh

⁷²⁶ Ls.: *tíne*

⁷²⁷ Ls.: *&*

⁷²⁸ Ls.: *m^hór*

⁷²⁹ Ls.: *ar taobhe*

⁷³⁰ Ls.: *mhér*

⁷³¹ Ls.: *scriopaithe*

⁷³² Ls.: *bhid*

agus a mháthair ag tindeáil air. Nuair a bhí sé ag feabhsú ansin, agus é ag iarraidh tuilleadh le n-ithe, ní raibh sé aici le tabhairt dó. Ach dúirt sé léi go mb'fhéidir [d]á dtugadh sí amach an lampa go bhfaigheadh sí rud éicint air a cheannódh ruainne beatha le n-ithe dhóibh. Rug sí ar an lampa go dtugadh sí amach é agus dúirt sí go raibh sé roinnt salach agus go nglanfadh sí é. Fuair sí ceirt agus gaineamh⁷³³ lena sciúradh agus chomh luath is ' chuimil sí an cheirt dhe, choinic sí an fear mór os a coinne agus dúirt sé gurb é fhéin Sclábhaí an Lampa agus:

“Rud ar bith atá tú a iarraidh,” a deir sé, “caithfidh tú é a fháil.”

Nuair a choinic sise é, thit sí i laga[r] le faitíos, agus dúirt Aladdin, shíl sé gurb é an ceann a choinic sé san aill cheana é. Dúirt sé leis go raibh sé fhéin ag iarraidh dinnéir, chomh maith agus ' bhí ag aon rí insa domhan, a bheith leagthaí aige fhéin ansin agus nuair a dhúisigh an mháthair as an laga[r] a bhí uirthi, bhí chuile rud dá fheabhas dá mb'fhéidir a fháil, leagthaí os a coinne agus mias faoi chuile rud acu ann fhéin. Dúirt sí le Aladdin gur draíocht agus diabhalaíocht é agus gan aon bhlas a bheith le déanamh aige leis. Dúirt sosan, pé ar bith rud é, nach bhfágfadh [sé] an bheatha sin⁷³⁴ nó go n-itheadh sé fhéin a dhóthain. Bhí an oiread beatha⁷³⁵ ann agus ' rinne go ceann trí lá iad. Nuair a bhí na trí lá caite ansin agus a bheatha ite, ní raibh aon bhlas aríst acu ach dúirt sí go mb'fhéidir [d]á dtugadh sí léi ceann de na miasa go mb'fhéidir go bhfaigheadh sí rud éicint uirthi. Chuaigh sí amach agus an mhias aici, agus chuaigh sí isteach i siopa agus dhíol sí an mhias agus fuair sí *trifle* uirthi, agus thug sí a luach sin abhaile, agus chuaigh sí amach nuair a bhí sé sin caite, agus thug sí mias eile amach agus bhí sí ag dul amach go dtug sí ocht gcinn acu amach agus an naoú ceann a bhí ag dul amach aici, tháinig fear roimpi agus dúirt sé:

“Feicim,” a deir sé, “go minic, laethanta thú ag dul thart ansin agus ag dul isteach sa siopa sin agus feicthear dhom go mbíonn rud éicint faoi do sheál⁷³⁶ agat,” a deir sé, “agus aon cheird amháin atá agamsa agus ag an bhfear go bhfuil tú ag dul isteach sa⁷³⁷ siopa aige, agus spáin domsa céard 'tá agat,” a deir sé, “agus má fheileann sé do mo cheird féin, tíurfaidh mé an méid is fiú é dhuit air, agus mara bhfuil, [...]”⁷³⁸ mé go dtí duine éicint eile níos daoire ná an fear sin.”

⁷³³ Ls.: *gainí*

⁷³⁴ Ls.: *nach bhfácadh a bheatha sinn*

⁷³⁵ Ls.: *an oiradal beatha*

⁷³⁶ Ls.: *sheáil*

⁷³⁷ Focal doiléir é seo.

⁷³⁸ Focal doiléir. Ls.: *f??ró* [‘fiarfóidh’?]

Spáin sí an mhias ansin dó agus d’fhiarfaigh sé dhi cén méid ceann a dhíol sí leis den chineál sin. Dúirt sí gur dhíol sí ocht gcinn agus d’fhiarfaigh sé dhi cén méid a fuair sí orthu agus d’insigh sí dhó.

“Téanam uait in éindí liomsa,” a deir sé, “agus feicfidh tú cén méad atá tú ag cailleadh ina bhfuil díolta agat.”

Chuaigh sí isteach agus mheáigh sé an mhias agus thug sé an oiread di ar an mias amháin sin agus ’ fuair sí ar na hocht gcinn eile ón bhfear eile. Nuair a bhí an méad sin caite acu, ní chuimhníodar an raibh⁷³⁹ aon mhaith sa lampa nó go ndeachaigh sí dá thabhairt amach go ndíolfadh sí aríst é agus chuaigh⁷⁴⁰ sí á scríobadh aríst, dá ghlanadh. Choinic sí an fear mór céanna agus dúirt sé gurb é féin Sclábhaí an Lampa agus rud ar bith a bhí sí a iarraidh go gcaithfeadh sí é a fháil. Bhí a fhios ag an mac ansin go raibh maith sa lampa níos mó agus ní raibh a fhios ag muintir an bhaile mhóir ansin cén chaoi a raibh sé ag imeacht chomh déanta suas is ’ bhíodh sé agus gan é ag déanamh blas oibre ar bith. Bhíodh sé ag imeacht ag na coirnéil agus isna sráideannaí agus é chomh gléasta le duine uasal a bhíodh ann, agus choinic sé ordú na siopaí a dhúnadh i sráideannaí an bhaile mhór lá arna mháireach go raibh an bhanríon⁷⁴¹ óg agus a cuid mná coimhdeacht[a] le dhul á mbatháil fhéin. Chuaigh seisean ansin lá arna mháireach agus chuaigh sé ar chúla na comhlain i dteach na bathála mar chuala sé ná raibh bean ar bith chomh breá leis an mbanríon óg agus ba mhaith leis í a fheiceál. Nuair a tháinig sí isteach an doras, bhí feiceál mhaith ar a héadan aige. Nuair a d’imigh siad thairis isteach ansin, chuaigh seisean amach agus chuaigh sé abhaile. Dúirt sé lena mháthair go gcaithfeadh sí a dhul á iarraidh dhó le pósadh. D’fhiarfaigh an mháthair dhó céard a bhí air nó arbh as a cheann⁷⁴² a bhí sé, go raibh a fhios aige go maith nach bpósann clann rítí ach clann rítí eile mar iad féin agus:

“Nach bhfuil a fhios agatsa,” a deir sí, “gur mac táilliúra thú fhéin agus dá bhfaigheadh an rí amach go gcuimhneofá ar a dhul ag iarraidh a iníon, gurb é an chaoi a maródh sé thú fhéin agus mé fhéin,” a deir an mháthair.

“Caithfidh tú a dhul ann,” a deir sé, “nó mara dtéir, ní bheidh mise beo seachtain.”

Níos túisce ná gheobhadh sé bás go ngabhfaidh sí ann dá iarraidh. Deir sí:

⁷³⁹ Ls.: ní chuimhníodar arbh aon mhaith

⁷⁴⁰ Ls.: hua

⁷⁴¹ Ls.: an bhainríon

⁷⁴² Níl an focal seo iomlán soiléir. Ls.: as a ch??in

“Ní théann duine ar bith ag iarraidh ar dhream [den] tsórt sin⁷⁴³ nach mbeadh in ann bronntanas éicint a dhéanamh orthu.”

Bhí a fhios aige sin ansin go raibh an-tsaibhreas aige insa rud a thug sé as an áit gur thug sé an lampa as, agus dúirt sé léi naipicín a fháil, agus líon sé suas an naipicín di leo agus badh éard a bhí iontu, péarlaí agus *diamonds*⁷⁴⁴ agus chuile rud [d]á dhaoire, agus d’imigh sí agus a naipicín lán aici agus ní lá ar bith nach mbeidh cúirt ag na huaisle [...] ⁷⁴⁵ chéile sa mbaile mór agus duine ar bith a ndéanfaí aon chontráil air, bhí cead aige a thíocht agus a scéal a insin dóibh. Tháinig máthair Aladdin ansin agus níor lig faitíos di labhairt, agus d’fhan sí gur c[h]inníodar⁷⁴⁶ agus go ndeachaigh siad abhaile, agus chuaigh sise fhéin abhaile ansin, agus nuair a tháinig sí abhaile, d’inis sí don mhac nár chuir aonduine aon chaidéis uirthi agus nár lig faitíos di fhéin labhairt. Rinne sí an cleas céanna lá arna mháireach, chuaigh sí ann agus níor labhair sí go dtáinig sí as, ach an tríú lá nuair a shuigh na daoine uaisle, dúirt duine acu go bhfaca sé bean le dhá lá ag tíocht ann agus rud éicint ceangailte suas i naipicín aici agus nár labhair sí aon lá a thigeadh sí go n-imíodh sí aríst. Dúirt duine acu go mb’fhéidir gur bean í ar dhíol duine éicint drocheorna nó drocharbhar éicint léi agus gur ag tíocht ag casaoid a bhí sí faoi. Dúirt an rí leo, má fheiceann sibh ag tíocht inniu í, blaogaí uirthi go bhfeicfidh muid cén sórt casaoid atá le déanamh aici.

⁷⁴³ Ls.: *ar dhream ~~gen~~ tsóirt sin*

⁷⁴⁴ Baineann doiléireacht leis an bhfocal seo.

⁷⁴⁵ Ls.: *dheanta*

⁷⁴⁶ Ls.: *ciníodar*

47. Seán an Amadáin [Leagan 1 agus 2]

Bhí Seán lá agus bhí sé ag comhrá lena mháthair.

“Caithfidh tú anois, a mhac,” a deir sí, “imeacht ag cuardú mná.”

“Ní fhéadfaidh mé,” a deir sé, “go mblífidh⁷⁴⁷ mé na gabhair ar dtús.”

D’imigh leis as;⁷⁴⁸ thug sé leis *tincan* ag dul ag⁷⁴⁹ na gabhair. Choinic sé spéice mór ard ’na sheasamh insa gelaí. Bhí múr⁷⁵⁰ mór báistí ann. Bhain sé dhe a chóta agus chuir sé ar an spéice é le truaí don spéice. D’imigh sé ansin agus chuaigh sé agus bhlig sé na gabhair. D’fhill sé abhaile ansin agus nuair a tháinig sé ag an spéice, bhí an cóta⁷⁵¹ tití den spéice.⁷⁵²

“Is mairg a dhéanfadh truaí dhuit,” a deir sé leis an spéice.

Tugann sé iarraidh don spéice agus leag sé anuas é ar an talamh. Rinne an spéice torann an-b[h]inn agus bhreathnaigh sé faoina bhun agus fuair leacachaí beaga óir faoi b[h]un⁷⁵³ na spéice agus pictiúir cloigne rítí⁷⁵⁴ ar na leacachaí beaga óir. Tháinig sé abhaile ag a mháthair⁷⁵⁵ agus dúirt sé:

“Tá ár ndóthain againn, agus,” ar sé,⁷⁵⁶ “féach iad seo a fuair mé faoin spéice mór.”

Thug an mháthair léi iad agus chuir sí síos ar thóin an chomhra⁷⁵⁷ iad.

“Ná hinis anois go bhfuair tú iad seo, [ar] chor ar bith, d’aonduine.”

D’imigh sé aríst ansin ar maidin lá arna m[h]áireach⁷⁵⁸ ag dul ag bleán na ngabhar agus choinic sé beirt pílears ’na sheasamh ag an spéice.

“A Sheáin, an bhfaca tú aonduine dhá leagadh anseo?” a deir na pílears.

“Choiniceas,” a deir sé. “Mé fhéin a leag é,” a deir sé.

⁷⁴⁷ Ls. L1: *go mblí*; L2: *go mbli*

⁷⁴⁸ Ls. L1 & L2: *as*

⁷⁴⁹ Ls. L1: *aig*; L2: *ag*

⁷⁵⁰ Ls. L1 & L2: *mór*

⁷⁵¹ Ls. L1: *an cóta*; L2: *an cóta mór*

⁷⁵² Ls. L1: *gon spéice*; L2: *go ’n spéice* *D’imi sé*

⁷⁵³ Ls. L1: *faoi bun*; L2: *faoi bhun*

⁷⁵⁴ Ls. L1: [focal doiléir +] *cloiginne righté*; L2: *peictiuir cloiginne rítí*

⁷⁵⁵ Ls. L1: *aga mháir*; L2: *ag an mháthair*

⁷⁵⁶ Ls. L1: *ar ndóthin ain ags*, *ar se*; L2: *ar ndóthin ann*, *adeir sé*

⁷⁵⁷ Ls. L1: *an chomhra*; L2: *an chnna*

⁷⁵⁸ Ls. L1: *la ’n na máireach*; L2: *la ’n na m^háireach*

“Agus an bhfuair⁷⁵⁹ tú aon bhlas faoi?”

“Fuairéas,” a deir sé, “mé leacacha beaga óir faoi.”

D’imíodar agus chuadar ag oifigeach na bpilears agus d’inis siad an scéal dó. D’imigh an t-oifigeach⁷⁶⁰ agus tháinig sé ar ais ag an spéice, agus is gearr go raibh Seán ag dul thar an spéice.

“A Sheáin, an tú a leag é seo?”

“Is mé.”

“An bhfuair tú aon bhlas faoi?”

“Fuairéas.”

“Cá bhfuil sé?”

“Tá sé sa mbaile ag mo mháthair.”

Agus d’imigh leo⁷⁶¹ agus chuadar ag an teach.

“Cá bhfuil an rud a fuair Seán inné?” a deir sé leis an máthair.

“Tá sé thiar sa gcomhra,”⁷⁶² a deir an mháthair.⁷⁶³

“Gabh i leith⁷⁶⁴ agus oscail an comhra⁷⁶⁵ dhom.”

Chuaigh.

“Crom síos anois,” a deir an mháthair,⁷⁶⁶ “agus gheobhaidh⁷⁶⁷ tú ar thóin an chomhra é.”

Chrom sé síos agus nuair a fuair an mháthair cromta síos é, beireann sí ar dhá chois air agus caitheann sí síos uileag⁷⁶⁸ é, agus dúnann sí an clár air. As sin go ceann tamaill, tháinig Seán isteach.

“Cén⁷⁶⁹ mí-ádh a bhí ort é siúd a inseacht?” a deir an mháthair.

“Shíl mé ná raibh dochar ann,” a deir Seán.

⁷⁵⁹ Ls. L1: *a bhfuair*; L2: *a' bhfaca*

⁷⁶⁰ Tá an méid seo a leanas fágtha ar lár i L2: ‘agus d’inis siad an scéal dó. D’imigh an t-oifigeach’

⁷⁶¹ Ls. L1: *Fuairéas* agus *D’imi leob*; L2: *D’imi sé leób*

⁷⁶² Ls. L1: *sa gcorha*; L2: *sa gcomhra*

⁷⁶³ Ls. L1: *an mháir*; L2: *an máthair*

⁷⁶⁴ Ls. L1: *goile*; L2: *Gabh i leith*

⁷⁶⁵ Ls. L1: *cónra*; L2: *comhra*

⁷⁶⁶ Ls. L1: *adr an m*; L2: *adeir an mathair*

⁷⁶⁷ Ls. L1: *gheabha*; L2: *gheo*

⁷⁶⁸ Ls. L1: *elug*; L2: *uiliug* [Tá an leasú céanna seo, ó L1 go dtí L2, i gceist dhá uair eile sa scéal.]

⁷⁶⁹ Ls. L1: *Céad Cé an*; L2: *Cé an*

“Céard a dhéanfas muid leis anois?” a deir an mháthair, “tá sé thiar sa gcomhra⁷⁷⁰ agus an clár dúinte air.”

“Oscail domsa é,” a deir Seán.

D’oscail. Beireann Seán ar dhá chois air agus buaileann sé a chloigeann⁷⁷¹ faoin mballa⁷⁷² agus bhris sé a cheann.

“Céard a dhéanfas muid anois leis?” a deir an mháthair.

“Cuirfidh⁷⁷³ muid amuigh⁷⁷⁴ sa ngarraí é,” a deir an mháthair.

Thugadar leo⁷⁷⁵ é agus chartadar poll dhó amuigh insa ngarraí, agus chuireadar síos ann é agus dhúnadar é os a chionn. D’imigh Seán ansin ag breathnú ar na gabhair, agus bhí faitíos ar an máthair go n-inseodh Seán aríst é seo, agus chuaigh an mháthair agus mharaigh⁷⁷⁶ sí gabhar, agus thóg⁷⁷⁷ sí aníos an t-oifigeach as an bpoll aríst, agus chuir sí an gabhar in áit⁷⁷⁸ an oifigeach, agus chuir sí an t-oifigeach i bpoll eile.

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, tháinig beirt eile de na pílears ag cuardú an oifigeach. Casadh leo Seán.

“A Sheáin, an bhfaca tú aon fhear⁷⁷⁹ ag dul thart anseo?”

“Choiniceas.”

“Cá bhfuil sé?”

“Tá sé curtha sa ngarraí agam péin agus ag mo mháthair.”

“Tiocfad, agus spáin dom é,” a deir na pílears.

“Thosadar ag cartadh an áit agus chuaigh Seán a chúnamh⁷⁸⁰ dhóibh.

Chuir Seán síos a láimh agus rug sé ar adhairc ar an ngabhar.

“An raibh adhairc ar do mháistir?” a deir Seán.

⁷⁷⁰ Ls. L1: *gcomhra*; L2: *gcomh~~h~~ⁿra*

⁷⁷¹ Ls. L1: *a chloigean*; L2: *an cloigean*

⁷⁷² Ls. L1: *mála*; L2: *mbala*

⁷⁷³ Ls. L1: *Cuirea muid*; L2: *Cuire muid*

⁷⁷⁴ Ls. L1: *amuigh*; L2: *amuigh* [Tá an leasú céanna i gceist ar an gcéad líne eile chomh maith.]

⁷⁷⁵ Ls. L1: *leob*; L2: *leób*

⁷⁷⁶ Ls. L1: *mhai-*; L2: *mha~~r~~^h~~r~~^a*

⁷⁷⁷ Ls. L1: *thóg*; L2: *thóg*

⁷⁷⁸ Ls. L1: *an áit*; L2: *i n-áit*

⁷⁷⁹ Ls. L1: *aon fhear*; L2: *aon bhlas*

⁷⁸⁰ Ls. L1: *a c^hongna*; L2: *a chóna*

Níor labhair na pílears. Chuir sé a láimh síos aríst insa bpoll agus rug sé ar smig⁷⁸¹ ar an ngabhar.

“An raibh meigeall ar do mháistir?” a deir Seán.

“Is deargamadán thú,” a deir na pílears le Seán.

D’imíodar uileag uaidh agus chuadar abhaile, agus chuaigh Seán agus tháinig sé abhaile ag a mháthair.

“Bhíomar ag cartadh an áit a raibh an t-oifigeach⁷⁸² agus chinn orainn é a fháil,” a deir sé.

“Ó, ní ansin atá sé curtha [ar] chor a[r] bith,” a deir an mháthair, “ná bac leis.”

“Imigh anois,” a deir sí, “[....]”⁷⁸³ ag cuardú bean duit fhéin. Má fheiceann tú,” a deir sí, “dhá chorp ar an mbóthar ag dul thart, abair:

‘bíodh an diabhal agaibh.’”

D’imigh Seán agus bhí sé ag siúl thart anonn agus anall. Casadh dó dhá chorp agus: “Bíodh an diabhal agaibh,” a deir Seán.

Chaith sé an lá sin ag imeacht. Nuair a bhí sé ina n-oíche, tháinig sé abhaile ag a mháthair.

“Ní fhaca mé í,” a deir sé.

“*Well*, gabhfaidh⁷⁸⁴ mé anois ag cuardú mná dhuit agus fan anseo.”

D’imigh an mháthair agus d’fhan Seán istigh.

“Beidh tú anois,” a deir an mháthair, “chomh⁷⁸⁵ geal nite glanta agus is féidir leat é nuair a thioctas muid.”

Ní raibh a fhios ag Seán cén chaoi a ndéanfadh⁷⁸⁶ sé é fhéin geal. Thug sé leis scian agus d’oscail sé mála clúmhach agus dhóirt sé ar an urlár an mála clúmhach agus thosaigh sé⁷⁸⁷ dhá rabhnáil fhéin sa gclúmhach. Sin é an chaoi a[r] cheap sé é fhéin a dhéanamh geal. Is gearr go dtáinig an bhean agus an mháthair isteach. Scanraigh an bhean nuair a choinic sí an fear mór ’na shuí ag an tine agus é lán le clúmhach.⁷⁸⁸

“Gabh siar,” a deir an mháthair, “insa seomra;⁷⁸⁹ bain díot é sin.”

⁷⁸¹ Ls. L1: *smiög*; L2: *smig*

⁷⁸² Ls. L1: *a ro an t-oif*; L2: *a raibh an corp*

⁷⁸³ Tá dhá fhocal doléite anseo i L1 nach bhfuil le fáil in aon chor i L2.

⁷⁸⁴ Ls. L1: *geabha*; L2: *geobha*

⁷⁸⁵ Ls. L1: *chomh*; L2: *c^ho*

⁷⁸⁶ Ls. L1 & L2: *a ninead*

⁷⁸⁷ Ls. L1: *thosuig sé*; L2: *thosa sé*

⁷⁸⁸ Ls. L1: *le clumhach*; L2: ~~le~~ *lé chlumhach*

⁷⁸⁹ Ls. L1: *shiunbra*; L2: *seombra*

Chuaigh Seán siar agus bhain sé de an chlúmhadh agus tháinig sé aniar arís.⁷⁹⁰ Níor labhair sé leis an mbean óg [ar] chor a[r] bith.

“Gléasfaidh mé dinnéar maith anois daoibh,” a deir an mháthair.

Thosaigh sí ag fáilt an dinnéar faoi réir. Nuair a bhí an dinnéar bruite:

“Beidh súil agat ar an mbean óg chuile ghreim dhá n-íosfaidh tú,” a deir sí.

“Déanfaidh sin,”⁷⁹¹ a deir Seán.

Chuaigh Seán⁷⁹² amach insa stábla agus bhain sé an súil as deich gcinn de⁷⁹³ chaoirigh, agus chuir sé síos ina phóca iad agus tháinig sé isteach. Leagadh anuas an dinnéar agus bhí an mháthair dhá ithe, agus bhí an bhean óg dhá ithe, agus bhí Seán ag dul á ithe é fhéin. Agus níl aon ghreim dhár ith an bhean óg ná raibh Seán ag cur lámh ina phóca agus ag caitheamh ceann de na súile leis an mbean óg .

“Cén fáth,” a deir an mháthair, “thú a bheith á dhéanamh sin, a Sheáin?”

“Nár úirt tú liom súil a bheith agam uirthi?”⁷⁹⁴ a deir Seán.

“Ní hionann sin agus a bheith ag caitheamh na súile léi.”

Ní mórán a bhí ite ag an mbean óg nuair ab fhearr léi amuigh agus imigh abhaile aríst. Faoi cheann tamall beag, d’éirigh an bhean óg agus d’imigh sí amach agus d’fhiarfaigh an mháthair di cá raibh sí ag dul, agus dúirt sí léi:

“Beidh mé isteach ar ball,” a deir sí.

Agus nuair a fuair sí í féin tamall ón doras, d’imigh sí uileag agus d’fhága⁷⁹⁵ sí Seán agus an mháthair ansin agus níor tháinig ní ba mhó.

⁷⁹⁰ Tá an focal ‘arís’ in easnamh i L2.

⁷⁹¹ Ls. L1 & L2: *Dína sin*

⁷⁹² Ls. L1: *S*; L2: *sé*

⁷⁹³ Ls. L1: *do*; L2: *go*

⁷⁹⁴ Ls. L1: *ora*; L2: ~~*uirthi*~~ *ora*

⁷⁹⁵ Ls. L1: *d’fhaga*; L2: *d’fhág*

48. Scéal Fionn Mhac Cumhaill: Seanscéal ón tSeanaisir

[Leagan 1 agus 2]

Bhí⁷⁹⁶ Fianna na taoibhe⁷⁹⁷ ó thuaidh fadó ag cuir cogadh ar Fianna na hÉireann, agus d'imigh beirt de Fianna na hÉireann ar cuairt go hAcaill ó thuaidh. Shíleadar nach mbeadh aon trioblóid ag tíocht orthu go ceann tamaill agus chuadar ar cuairt.⁷⁹⁸ Ní i bhfad 'na dhiaidh sin nó go dtáinig Fianna an taobh ó thuaidh go hÉirinn agus níor stopadar go dtáinig siad isteach insa teach a raibh Fionn Mac Cumhaill ann.⁷⁹⁹ Chuadar ag breathnú anonn is anall agus bhí Fionn ina luí insa gliabhán rompu ag déanamh páiste beag de, mar bhí scáth air nuair a bhí Goll agus Bóirne imithe go hAcaill ó thuaidh. Ní mórán achair gur fhiarfadar cá raibh Fianna na hÉireann,⁸⁰⁰ agus dúirt an mháthair leo go rabhadar imithe síos ó thuaidh ar cuairt, agus d'fhiarfadar cén sórt⁸⁰¹ duine é seo insa gliabhán. Dúirt an mháthair leo gurb in páiste trí ráithe atá ina chodladh. Agus bhí cáca thíos ar ghrideall, agus grideall eile iarann⁸⁰² istigh insa gcáca.⁸⁰³ D'fhiarfadar cé dó an cáca seo thíos. Dúirt an mháthair leo gur don pháiste an cáca sin atá insa gliabhán.

“Bainfidh mé píosa dhe,” a deir duine de na Fianna.

“Féadfaidh tú é,” a deir sí.

Bhain sé píosa dhe agus chuir sé 'na bhéal é agus chogain⁸⁰⁴ sé an cáca, idir iarann agus plúr, thrí na chéile agus shluig⁸⁰⁵ sé é.

“Is maith an páiste é seo agat,” a deir sé, “tá⁸⁰⁶ sé in ann é seo a chogaint.⁸⁰⁷ An bhfuil fiacla ag an bpáiste seo?” a deir sé.

“Cuir méar ina bhéal,” a deir an mháthair, “agus beidh a fhios agat an bhfuil.”

⁷⁹⁶ Ls. L1: *Bhí F. fadó & bhí Bhí*

⁷⁹⁷ Ls. L1: *taoba*; L2: *taoibhe*

⁷⁹⁸ Ls. L1: *chuadar a-dina ar cuairt*; L2: *chuadar ar cuairt*

⁷⁹⁹ Ls. L1: *a ro F.M.C. ann*; L2: *go raibh Fionn Mhac Cumhail ann*

⁸⁰⁰ Ls. L1: *Fian na hE*; L2: *Fiana na hÉirean*

⁸⁰¹ Ls. L1: *sort*; L2: *sóirt*

⁸⁰² Ls. L1: *ar ghreideol agus greideol eile iaran*; L2: *a ghreidiol agus greideol eile*

⁸⁰³ Ls. L1: *insa gcáca*; L2: *insa e~~h~~ gcáca*

⁸⁰⁴ Ls. L1: *cheangal sé*; L2: *chagain (!) sé*

⁸⁰⁵ Ls. L1: *tu s^hluig*; L2: *shluig*

⁸⁰⁶ Ls. L1: *Tha*; L2: *tá*

⁸⁰⁷ Ls. L1: *a cheangailt*; L2: *a chogaint*

Chuir sé an ordóig ina bhéal agus bhain sé an ordóig amach ón láimh de.

“Tá muipe,”⁸⁰⁸ a deir sé, “agus fiacla maith.”

Chuadar amach ansin ar an tsráid agus choiniceadar tarbh⁸⁰⁹ mór millteach amuigh⁸¹⁰ insa mbuaile.

“Tiúrfaidh muid linn an tarbh mar⁸¹¹ sin ag dul abhaile linn.”

“Ná tugaí,” a deir an mháthair, “nó dúiseoidh mise,” a deir sí, “an páiste trí ráithe atá insa gcliabhán.”

“Má tá tusa,” a deir na Fianna-, an taobh ó thuaidh,⁸¹² “ag cur páiste trí ráithe ina[r] ndiaidh⁸¹³ sinne, ní íosfadh⁸¹⁴ muid aon ghreim choíchín⁸¹⁵ dá mbeadh Fionn istigh, agus Goll agus Bóirne.”

Agus is é Fionn a bhí ann agus ní raibh a fhios sin acusan.⁸¹⁶ D’éirigh Fionn as an gcliabhán agus chuaigh sé amach.

“Cén t-achar⁸¹⁷ is mó a bhíodh d’athair agus na Fianna eile a dhéanamh nuair a bhídís ag an mbaile?”

“Bhídís,” a deir Fionn, “ag caitheamh an mullán mór sin thar an teach is a bheith roimhe an taobh eile.”

Rug fear acu ar an mullán mór seo⁸¹⁸ agus chaith sé thar an teach é. Rith sé thart timpeall agus bhí sé i ngreim aige sór bhí sé tití an taobh eile. Rug Fionn air agus chaith sé fhéin é agus bhí sé i ngreim aige sór bhí⁸¹⁹ sé tití an taobh eile.

“Is diabhalta an páiste thú,” a deir sé, “agus dá mbeadh na Fianna eile anseo, ní thiúrfadh⁸²⁰ muid aon chnámh as agus an bhrí atá insa bpáiste.”

⁸⁰⁸ Ls. L1: *musha*; L2: *muise*

⁸⁰⁹ Ls. L1: *tarú*; L2: *tarbh (tarú)*

⁸¹⁰ Ls. L1: *amu*; L2: *amuth*

⁸¹¹ Ls. L1 & L2: *mar* [Léamh eile: ‘mór’.]

⁸¹² Ls. L1: *adeir na F an t. o h*; L2: *adeir na Fiana an taobh ó thua* [Léamh eile: ‘ón taobh ó thuaidh’.]

⁸¹³ Ls. L1: *na ndia*; L2: *nar ndia*

⁸¹⁴ Ls. L1: *íosadh*; L2: *íosa*

⁸¹⁵ Ls.L1: *chaoín*; L2: *chaoín (choidhchin)*

⁸¹⁶ Ls. L1: *acab soín*; L2: *acab*

⁸¹⁷ Ls. L1 & L2: *t-achár*

⁸¹⁸ Ls. L1: *an mulán mór* ^{^so}; L2: *an mulán mór*

⁸¹⁹ Ls. L1 & L2: *sor a bhí*

⁸²⁰ Ls. L1: *ní thiubrdh*; L2: *ní thiubhradh*

“*Well*, tiúrfaidh mé liom an tarbh mór liom,⁸²¹ ag imeacht dom.”

“Ní thiúrfair,” a deir Fionn, “nó go gcinnfidh sé ormsa.”

Rug an Fianna mór ar adharc air agus rug Fionn ar adharc eile. Stróiceadar leo an tarbh óna bhathais siar go dtína thriopall⁸²² agus bhí leath ag [an] duine acu. Dúirt an Fianna mór seo leis an gcuid eile dhá mhuintir:

“Is fearr dhúinn a bheith ag dul abhaile go deifreach⁸²³ nó má bheireann Fianna na hÉireann orainn anseo, marófar muid. Níl tomhas⁸²⁴ ar bith orthu agus an bhrí atá insa bpáiste a bhí insa gcliabhán.”

D’imíodar leo ar a luas agus chuadar abhaile. Ní i bhfad ’na dhiaidh sin go dtáinig Goll agus Bóirne as an dtaobh ó thuaidh, go dtáinig siad go hÉirinn abhaile. Is gearr a bhíodar insa mbaile nuair a d’aithneadar⁸²⁵ ar Fionn go raibh rud éicineacht⁸²⁶ air.

“Cé[ard]⁸²⁷ ’tá ort, a Fionn?” a deir Bóirne.

“Ó, trioblóid bheag atá orm,” a deir Fionn.

“Inis dom é,” a deir Bóirne, “aithním ort go bhfuil.”

“Fianna,” a deir sé,⁸²⁸ “na taoibhe ó thuaidh⁸²⁹ a bhí anseo an tseachtain seo caite ag dul ag cur cogadh orainne, agus chuir mo mháthair mise insa gcliabhán ag déanamh páiste trí ráith[e]⁸³⁰ díom, mar bhí scáth uirthi go maróidís mé nuair ná raibh ann ach mé fhéin⁸³¹ agus ní raibh gá ar bith uirthi leis⁸³² mar bhí mé chomh maith le ceachtar acu, agus sílim ní b’fhearr go mór.”

⁸²¹ Níl an forainm réamhfhoclach ‘liom’ le fáil i L2.

⁸²² Ls. L1: *go di na thriubal*; L2: *go di na hrubal*

⁸²³ Ls. L1: *deibh^hreach*; L2: *deifireach*

⁸²⁴ Ls. L1: *tus*; L2: *tomhas*

⁸²⁵ Ls. L1: *a ~~dtanadar~~ d’aithneadar*; L2: *a d’aithneadar*

⁸²⁶ Ls. L1 & L2: *a cíneacht*

⁸²⁷ Ls. L1: *Ce*; L2: *Cérd*

⁸²⁸ Ls. L1: *adeir se*; L2: *adeir Fionn*

⁸²⁹ Ls. L1: *na taoibh o hua*; L2: *na taoibhe ó thua*

⁸³⁰ Ls. L1: *trí raith*; L2: *trí rátha*

⁸³¹ Níl an méid seo a leanas le fáil i L2 den scéal: ‘mé nuair ná raibh ann ach mé fhéin’.

⁸³² Ls. L1: *& ní ro ga ar bith ora leis*; L2: *nuair ná raibh gá ar bith ann leis*

“Well,” a deir Goll,⁸³³ “ní íosfaidh mé agus ní c[h]odlóidh⁸³⁴ mé ar aon leaba ach anocht go ngabhfaimid⁸³⁵ insan áit go bhfuil na Fianna sin ó thuaidh go dtugann siad An Leic Dhearg air.”

“Tá go maith,” a deir Bóirne agus Fionn.

D’itheadar a suipéir an oíche sin agus chuaigh siad ’un suaimhnis.⁸³⁶ D’éirigh Bóirne ar maidin go moch agus dhúisigh sé Fionn agus Goll. D’oscail sé siar seomra na fola, chaith sé aniar trí cinn de chlainní⁸³⁷ den stíl cruach a bhí chúig céad an ceann meáchain, ’ bhí in ann a dhul chúig orlaí déag den chéad bhuille i bhfeoil⁸³⁸ agus orlach i gcnáimh. Chaith sé aniar iad sin. D’imigh leo síos go dtí an dug agus chuadar isteach i soitheach a bhí acu, agus d’ardadar uirthi a cuid seolta, agus d’imigh leo ag triall síos sa taobh ó thuaidh, agus níor leag ariamh aon tseol nó go dtáinig siad ag an Leic Dhearg. Chuadar ar ancaire ansin. D’ardadar bratach fola ansin ar an soitheach. Choiniceadar fear mór millteach ag siúl istigh ar ard.

“Is iontach an fear é siúd istigh,” a deir Fionn.

“Tá seans gur duine mór de na Fianna é sin,” a deir Bóirne. “Cén t-ainm é siúd orthu?” a deir Bóirne le Fionn.

“Tá ‘Clódroma’,” ar Fionn, “ar dhuine⁸³⁹ acu. ‘An Bodach Gruama’ ar dhuine eile agus ‘Seán Fada na gCosa Cama’ ar dhuine eile.”

Chuireadar síos bád beag agus chuadar isteach. Ní mórán achair a bhíodar istigh⁸⁴⁰ nuair a choinic siad an triúr Fianna⁸⁴¹ móra ag dul anuas lena dtrí cinn de chlainní.⁸⁴² Bhíodar fhéin ag tíocht ar a chéile agus cuma gharbh troda orthu.

“Tarraing do bhuille, a Bhóirne,” a deir Fionn.

⁸³³ Ls. L1: *Bóirne*; L2: *Bóirne* ^{^Goll?} [Is léir ó chomhthéacs an scéil gurb é Goll, agus ní Bóirne, atá i gceist anseo agus is léir ó L2 go raibh Flower den tuairim seo chomh maith.]

⁸³⁴ Ls. L1: *ní coloi mé*; L2: *ní c^holó mé*

⁸³⁵ Ls. L1: *go ngeabhaimi?*^d; L2: *go ngeabha muid*

⁸³⁶ Ls. L1: *ar suamhnis*; L2: *ar suaimhnis*

⁸³⁷ Ls. L1 & L2: *go chlaifi*

⁸³⁸ Ls. L1: *i bhfeoil*; L2: *i bhfeol*

⁸³⁹ Ls. L1: *ar d*; L2: *ar duine* [Ó tharla nach bhfuil an focal iomlán i L1 agus go bhfuil séimhiú ar an bhfocal faoi dhó san abairt chéanna, táim á leasú mar seo a leanas: *ar d* → ‘ar dhuine’.]

⁸⁴⁰ Ls. L1: *stig*; L2: *istigh*

⁸⁴¹ Ls. L1 & L2: *Fiona*

⁸⁴² Ls. L1: *go chlaifi*; L2: *go chlaidhfi*

Tharraing Bóirne buille ar an mBodach Gruama agus chuir sé a chlamhe chúig orlaí déag den iarraidh sin agus orlach i gcnáimh, agus nuair a tharraing sé as an gcnáimh an claimhe, thit sé i laige agus cailleadh é.

“Tarraing do bhuille, a Gholl,” a deir sé, “agus déan an cleas céanna.”

Tharraing agus chuir sé sin chúig orlaí déag i bhfad⁸⁴³ agus orlach i gcnáimh, agus nuair a thug sé an claimhe as an gcnáimh, tháinig laige air⁸⁴⁴ agus cailleadh é. Bhí Fionn ansin ag dul-, ag teannadh⁸⁴⁵ leis go ndéanfadh sé fhéin⁸⁴⁶ an cleas céanna agus rith Seán Fada na gCosa Cama, rith sé ar siúl. Chaith Fionn an claimhe leis agus bhain sé dhe ceann de na cosa cama.

“Caithfidh tú seasamh anois gan bhuíochas, ní fhéadfá⁸⁴⁷ rith ar leathchois.”

Chuaigh sé sall go dtí é agus tharraing sé air agus rinne sé dhá leith treasna thrína lár. Shuíodar síos ansin agus ligeadar scíth b[h]eag, agus bhí an oiread fola ag tíocht as na triúr Fianna agus ’ bheadh as teach a mbeadh búistéirí ann. D’imigh leo ansin agus chuadar suas ar an oileán go bhfeicfidís cén sórt áit é. Tháinig siad isteach i dteach a bhí ann istigh i gcoill. Ní raibh aonduine istigh ann ach seanbhean mhillteach a bhí ag an tine. Bhí ingniúcháí⁸⁴⁸ móra fada uirthi. Bhreathnaigh sí an-f[h]iáin⁸⁴⁹ ar Fionn. D’aithin sí go maith é go raibh rud mór éicinteach déanta aige.

“Tá mo chuid Fianna maraithe agat,” a deir sí le Fionn.

“Cá bhfios duit?” a deir Fionn.

“Aithním ort,” a deir sí, “go bhfuil.”⁸⁵⁰

D’imigh Fionn amach agus rug sí ar phota iarainn a bhí lena hais agus chaith sí é, bhuail sí ar ghiall an doiris é agus dá mbuailfeadh sí ar Fionn é, bhásfadh⁸⁵¹ sí é. D’imíodar amach agus d’fhága siad ansin í, agus chuadar ar bord insa soitheach ag triall ar an mbaile. D’ardadar a cuid seolta agus thóigeadar cúrsa ar Éirinn. Bhí Fionn ag gabháil an tsoitheach. Thit Bóirne agus Goll ina gcodladh,

⁸⁴³ Ls.: *i bhfad*

⁸⁴⁴ Ls. L1: *tháinig laige air*; L2: *thit sé i laige*

⁸⁴⁵ Ls. L1: *ag gol a teanna*; L2: *ag teanna*

⁸⁴⁶ Tá an focal ‘fhéin’ ar lár i L2.

⁸⁴⁷ Ls. L1: *ní dhfeata*; L2: *ní dh’featá*

⁸⁴⁸ Ls. L1: *ingniuchai*; L2: *inghiúchai*

⁸⁴⁹ Ls. L1: *án fiáin*; L2: *ánfhiáin*

⁸⁵⁰ Is mar seo atá i L2. Ls.: *Tá mo chuid Fiona marui ád, adeir sí. Aithním ort go bhfuil!*

⁸⁵¹ Ls. L1: *bhasafadh*; L2: *bhasafad*

bhíodar tuirseach. Bhí an lá an-c[h]almanach⁸⁵² agus ní raibh aon ghaoth ann. Bhíodar ag dul thar oileán a raibh an choill fásta suas ann. Chuala Fionn an-torann istigh ann, d'éirigh sé suas 'na sheasamh agus chuir sé cluas éisteachta air fhéin.

“Sílimid,”⁸⁵³ a deir sé, “gurb ea istigh torann fathach atá ag gearradh crainnte. Téimid⁸⁵⁴ isteach,” a deir sé le Bóirne agus le Goll. “Ní ghabhfaidh muid abhaile go brách go mbeidh lá troda déanta a mbeidh caint in Éirinn uirthi chúns ' bheidh a fhios ar⁸⁵⁵ aonduine beo ann.”

Isteach leo agus chuadar i dtír agus bhíodar ag déanamh ar an torann nó go dtáinig siad 'un cainte⁸⁵⁶ le fathach mór a bhí ann ag gearradh crann. Chuir sé srann as nuair a choinic sé ag tíocht iad agus bhreathnaigh sé⁸⁵⁷ an-trom orthu.

“Gabh anall,” a deir sé le Fionn, “agus gearr é seo dhom.”

Chuaigh Fionn sall.

“Seo dhuit mo c[h]laimhe,”⁸⁵⁸ a deir an fathach.

“Ó, tá claimhe agam fhéin,” a deir Fionn.

Sheas Fionn suas agus [...] ⁸⁵⁹ sé a chlaimhe ina láimh agus nuair a bhí sé ag dul ag tarraingt⁸⁶⁰ an iarraidh ar an gcrann, is ar an bhfathach a tharraing sé é, agus mharaigh sé an fathach den iarraidh sin. Bhí fear eile acu taobh thall ag gearradh crann eile. Chuaigh Bóirne sall go dtí é.

“Céard do chas anseo thú?” a deir an fathach mór.

“Ag imeacht romham,”⁸⁶¹ a deir Bóirne.

“Gearr dhom an crann seo,” a deir an fathach, “go ligfidh mé scíth.”

“Suigh síos le m'ais anseo,” a deir Bóirne.

Shuigh an fathach síos lena ais. Bhí Bóirne ag dul á⁸⁶² shocrú fhéin ag dul ag bualadh an chrainn. Nuair a fuair sé an fathach 'na shuí síos lena ais, tharraing sé air agus bhain sé an ceann de. Bhíodar

⁸⁵² Ls.: *an calmanach*

⁸⁵³ Ls. L1: *Silimid*; L2: *Síle muid*

⁸⁵⁴ Ls. L1: *Teidmid*; L2: *Teidh muid*

⁸⁵⁵ Ls. L1: *ar*; L2: *ag ar*

⁸⁵⁶ Ls. L1 & L2: *ar cainte*

⁸⁵⁷ Ls. L1: *bhreathnig sé*; L2: *bhreathnuig sé*

⁸⁵⁸ Ls. L1: *mo claiife*; L2: *mo chlaiife*

⁸⁵⁹ Ls. L1: *shona* [féach fonóta 860 thíos].

⁸⁶⁰ Ls. L1: *Sheas Fionn suas & shona se a chlaiife ina laimh & nuair a bhí sé ag gol a taraint*; L2: *Sheas Fionn suas & nuair a bhí sé ag gol a taraint*

⁸⁶¹ Ls. L1 & L2: *rún*

⁸⁶² Ls. L1: *a*; L2: *á*

maraithe ansin ach fathach eile ná raibh aon solas 'na shúile. Ní bhfuairadar trioblóid a[r] bith uaidh sin. Bhí trá mhaith ghaineamh⁸⁶³ ann agus bhíodar ag siúl uirthi agus thosaigh an ghaineamh ag corraí agus ag cartadh. Rinneadar an-iontas de agus thosadar ar a aireachas⁸⁶⁴ go crua.

“Má tá mé beo,” a deir Fionn, “siúd ollphéist,” a deir sé, “a bhfuil codladh seacht mbliana uirthi,” a deir sé, “agus tá an t-am thuas⁸⁶⁵ anois; tá sí ag dúiseacht. Chloisinn ag m’athair ariamh nuair a bhíodh sé fhéin ag imeacht ag troid⁸⁶⁶ go mbeadh ollphéisteachaí mar seo traenáilte le aire a thabhairt do na hoileáin seo, agus le na daoine a bheadh ann a shábháilt, agus go deimhin siúd ceann díobh atá ag tíocht anois. Nigh⁸⁶⁷ agus glan do chlainme agus bain de an fhuil, agus téirigh⁸⁶⁸ deich slata fichead as seo agus gabhfaidh tú ina lár. Déan thusa⁸⁶⁹ mar an gcéanna,” a deir sé le Bóirne, “teara⁸⁷⁰ ag an drioball⁸⁷¹ agus gabhfaidh mé fhéin ag an [g]cloigeann.”

Bhí chaonduine acu ansin ag aireachas agus ag dearcadh chomh maith agus ’b fhéidir leo. Ní mórán achair gur chuir sí aníos a lár as an ngaineamh.⁸⁷²

“Tarraing do bhuille,” a deir Fionn, “agus cuir chúig orlaí déag den chéad iarraidh, agus tarraing aríst é,” a deir sé, “agus cuir chúig orlaí déag,” a deir sé, “insan áit chéanna, agus fágfaidh sin,” a deir sé, “ar bheagán spreacadh í.”

Nuair a bhí an dá iarraidh tugtha aige, d’éirigh brachlainn fola⁸⁷³ in aer aisti. Is gearr gur chuir sí aníos an cloigeann le teann [...] ⁸⁷⁴ agus pian, agus bhí sí ag cur las[r]achaí nimhe aníos as a béal agus ag cur a teanga fiche slat ar fad, féachaint an sroichfeadh sí⁸⁷⁵ Fionn. Agus⁸⁷⁶ bhí spiar⁸⁷⁷ ag

⁸⁶³ Ls. L1: *ghaini*; L2: *ghainí*. [Mar an gcéanna atá an litriú i L1 agus i L2 den chéad sampla eile san abairt seo.]

⁸⁶⁴ Ls. L1: *ar aithneachas*; L2: *ar aireachas* [Is dóigh liom go mbaineann níos mó céille le L2 anseo. Gach seans freisin, ar ndóigh, gur *aithr-* agus ní *aithn-* atá i L1.]

⁸⁶⁵ Ls. L1: *shuas*; L2: *suas*

⁸⁶⁶ Ls. L1: *a troid*; L2: *a ~~tríal~~ troid*

⁸⁶⁷ Ls. L1: *Nith*; L2: *Ni~~th~~*

⁸⁶⁸ Ls. L1: *téair*; L2: *teair* ^{^tear}

⁸⁶⁹ Ls. L1: *dina sa*; L2: *dina-sa*

⁸⁷⁰ Ls. L1: *tair*; L2: *tear*

⁸⁷¹ Ls. L1: *ag an trubal*; L2: *ag an t-ruball*

⁸⁷² Ls. L1 & L2: *as an ngainí*

⁸⁷³ Ls. L1: *brachlain fola*; L2: *bra[^]chlain fola*

⁸⁷⁴ Focal doléite atá anseo.

⁸⁷⁵ Ls. L1 & L2: *féachaint is sroicheadh sí* [Féach Caibidil a 3, alt 3.11.1.1.]

⁸⁷⁶ Tá an focal ‘agus’ in easnamh i L2

⁸⁷⁷ Ls. L1 & L2: *spíor*. Mar seo atá sa chéad sampla eile san abairt chéanna: L1: *spír*; L2: *spiar*.

Fionn a bhí deich dtroithe fichead⁸⁷⁸ ar fad agus chuir sé isteach ina béal an spiar agus bhí sé dhá sá choíchin agus go deo, gur mharaigh sé í. Shuíodar síos ansin agus ligeadar a scíth. Sin é an uair ab fhearr a tháinig misneach agus fonn troda ar Fionn.

“Tharla mé corraí suas anois le fearg, ní iarrfainn bia ná beatha chúns ’ mhairfinn, ach troid. Tá an méid seo déanta anois agus tá áthas mór orm go mbeidh caint air in Éirinn go brách.”

Sin ceann de scéalta Fionn Mhac Cumhaill.

⁸⁷⁸ Ls. L1: *deich dtre fied*; L2: *deich dtroigh fichead* [Ag glacadh leis gur litriú foghraíochta é ‘dtre’ ar nós na samplaí a luaitear in alt 3.11.1.4.12]

49. Scéal Mhac Rí Éireann⁸⁷⁹ [Leagan 1 agus 2]

Bhí fear fadó ann agus bhí triúr mac aige. Chaithfeadh sé duine acu a fhágáil aige in [...].⁸⁸⁰ Ní raibh a fhios aige cé acu duine⁸⁸¹ a d'fhágfadh sé; is aon chean amháin a bhí aige orthu uileag. Chuaigh sé ansin go dtí an seanfhear glic agus d'inis sé an scéal dó.

“Ordaigh ’un na scoile amáireach iad,” a deir an seanfhear glic, “agus abair leo pé ar bith cé acu an duine deireanach a bheas anseo anocht, go mbainfidh tú an ceann de leis an tua. Beidh chaonduine acu ag déanamh a dhícheall ag tíocht abhaile. Déan mar sin go ceann trí lá, agus cé ar bith cé acu duine a bheas ar deireadh an tríú lá, tabhair é sin gan [...].”⁸⁸²

Chuaigh sé abhaile agus d’ordaigh sé ’un scoile na triúr clainne agus dúirt sé leo:

“Pé ar bith cé agaibh duine a bheas ar deireadh ag tíocht ón scoil, bainfidh mé an ceann de leis an tua.”

D’imigh leo agus bhí iontas mór acu insa scéal. Nuair a lig an máistir amach iad ag tíocht⁸⁸³ abhaile, ritheadar, agus go maith. Is gearr a bhí siúlta ag an rudaire ab óige nuair a shuigh sé síos ag caoineachán. Faoi cheann tamaill, d’éirigh sé agus bhí sé ag steipéireacht abhaile, agus bhí an t-athair roimhe insa doras.

“Maróidh tú mé anois, a athair,” a deir sé.

“Ní mharód inniu, ach déan do d[h]ícheall⁸⁸⁴ amáireach.”

D’ordaigh sé ’un scoile lá arna mhárach iad mar an gcéanna, agus nuair a scaoileadh abhaile iad, ritheadar aríst agus is é an scéal céanna é, an rudaire is óige a bhí ar deireadh an dara lá.

“Maróidh tú inniu go cinnte mé,” a dúirt sé leis an athair, nuair a tháinig sé ag an doras.

“Ní mharód inniu, ach déan do dhícheall amáireach agus ní bheidh agat ach an lá amáireach.”⁸⁸⁵

Well, mar an gcéanna, chuardar aríst an tríú lá ann,⁸⁸⁶ agus is é a bhí ar deireadh an tríú lá. Nuair a tháinig sé ag an athair:

⁸⁷⁹ Ls. L1: *Sgéul Mhac Rí Éireann*; L2: *Sgéul Mac Rí Éireann*

⁸⁸⁰ Ls. L1 & L2: *i n-athchanais* [An bhfuil an léamh ‘in anás’ le déanamh ar a bhfuil sa ls.? CBÉ 73: 226, ‘agus ní raibh fhios aige cé aca a d’fhágfadh sé ag an deachma.’ (FGB *deachma* = *deachú*.)]

⁸⁸¹ Is i L1 amháin a fhaightear an focal ‘duine’.

⁸⁸² Ls. L1: *gan n-achmuis*; L2: *gan achmuin* [An bhfuil ‘gan acmhainn’ le léamh air seo? CBÉ 73: 226, ‘agus pé’r bith cé aca bheidh ar deireadh ag teacht abhaile é sin bheith ag an deachma.’]

⁸⁸³ Ls. L1: *#rial tiacht*; L2: *tiacht*

⁸⁸⁴ Ls. L1: *dithiol*; L2: *dhithioll*

⁸⁸⁵ Tá an méid seo a leanas in easnamh i L2: ‘agus ní bheidh agat ach an lá amáireach’.

⁸⁸⁶ Is i L1 amháin a fhaightear an focal ‘ann’.

“Cé[ard]⁸⁸⁷ atá ag baint duit inniu?” a deir sé.

“Bróg atá ag luí ar ladhraicín mo chois dheas.”

“Inseoidh mé dhuit anois,⁸⁸⁸ a mhic, céard atá le d’aghaidh anois. Caithfidh tú imeacht i ndiaidh do chinn romhat ag soláthar do bheatha.”

“Dá mbeadh a fhios agamsa,” a deir an rudaire, “arb in é⁸⁸⁹ an chaoi a raibh sé le imeacht, ní bhfaighinn trioblóid ar bith na trí lá atá caite. Gabh isteach anois, a mháthair,” a deir sé, “agus faigh mála bia dhom, gach uile rud dhá bhféadfaidh tú.”

Chuaigh an mháthair isteach agus fuair sí an mála réidh.

“Tá trí cinn de cácaí insa mála seo,” a deir sí, “fuinte⁸⁹⁰ as mo chuid bainne cíoch. Agus tá trí uncail romhat in áit éicint, de⁸⁹¹ thrí fhathach, agus chomh luath agus a fheicfeas tú iad, caith ceann de na cácaí ag gach duine acu.”

D’imigh leis ansin i ndiaidh a chinn roimhe. Bhí sé lá ansin ag siúl thrí choill f[h]iáin. Choinic sé teach mór istigh insa gcoill. Bhí sé ag siúl go dtáinig sé isteach ann. Shuigh sé síos i gcathaoir ’ bhí i lár an urláir.

“Éirigh as sin,” a deir iníon an fhathach, “nó má fhaigheann⁸⁹² mo dhaide greim ort, sloigfidh sé thú. Sin cathaoir ’ tá socraithe ansin ag súil is go ngabhfaidh Mac Rí Éireann an bealach seo go deo, agus ní shuífeadh muid fhéin inti le práinn ann agus ag súil is go dtiocfaidh sé am éicineach.”

Tháinig misneach mór ansin dó.

“Cá bhfuil d’athair?” a deir sé.

“Ag baint coill,” a deir sí.

Is gearr go dtáinig an fathach mór agus an choill ar a chruit. Chaith sé de é agus chraith sé an teach.

“Fá, fá, fá, féasógach, faighim boladh an Éireannach bradach bréagach, is mór liom de ghreim é, is beag liom de dhá ghreim é, níl a fhios agam céard do dhéanfas mé leis,” a deir sé, “mara gcuirfidh mé de phinse snaoisín in mo shrón é nó de shéideog insan aer.”

⁸⁸⁷ Ls. L1: *Ce*; L2: *Ceard*

⁸⁸⁸ Tá an focal ‘anois’ doléite go maith i L1 agus níl sé le fáil in aon chor i L2.

⁸⁸⁹ Ls. L1: *ab in e*; L2: *gob in é*

⁸⁹⁰ Ls. L1: *fainte*; L2: *fuinte*

⁸⁹¹ Ls. L1: *g#f go*; L2: *go*

⁸⁹² Ls. L1 & L2: *má fhághan*

“Do dhuifean is do ghúí ort fhéin,⁸⁹³ a athair mhórladhrach,”⁸⁹⁴ ag breith ar cheann de na cácaí seo agus dá chaitheamh aige.

Bhain sé plaic⁸⁹⁵ as agus d’aithin sé gurb é mac a dheirfíre⁸⁹⁶ é.

“Gairm thú, a mhac mo dheirféar⁸⁹⁷ é.”

Chuaigh sé go dtí é agus mhúch sé le deora é, thriomaigh sé le brataibh⁸⁹⁸ síoda agus óir é, agus bhí sé ag cur chuile chaoi é dhá fheabhas, go raibh sé ina lá.

“Níl aon bhlas agam le déanamh leat anois, a mhic,” a deir sé,⁸⁹⁹ “ach cuirfidh mé teachtaire leat go dtí doras tí mo dhearthára. D’éirigh an mada beag agus chuaigh sé amach roimhe agus d’imigh sosan ina dhiaidh gur fhága sé istigh tí an uncail eile é. Bhí misneach maith ansin ag Mac Rí Éireann. Bhí cathaoir⁹⁰⁰ ansin socraithe roimhe ag súil is go ngabhfadh sé an bealach céanna. Is gearr go dtáinig an fathach mór aríst agus coill ar a chruit agus dúirt sé leis mar ’ dúirt an chéad fhathach, agus chaith sé ceann de na cácaí⁹⁰¹ aige, bhain sé plaic⁹⁰² as agus d’aithin sé gur mac deirfíre⁹⁰³ dhó é. Rinne an fathach sin mar an gcéanna a rinne an chéad fhathach. Chuir sé teachtaire aríst leis go dtí doras⁹⁰⁴ uncail eile leis, agus shuigh sé i gcathaoir eile a bhí socraithe ansin, ag súil is go ngabhfadh sé an bealach am éicineacht. Is gearr go dtáinig an fathach mór timpeall agus chaith sosan ceann eile de na cácaí aige. D’aithin sé gur mac deirfíre⁹⁰⁵ dhó é.

“Is maith an fear thú, a mhic,” a deir sé. “Tiúrfaidh mise bronntanas mór millteach dhuit anois,” a deir sé. “Beidh an Eala Bhán ag tíocht ar snámh ar an loch seo thíos amáireach, dhá bhean déag dhá cúnamh⁹⁰⁶ in éindí léi. Gabhfaidh siad amach ar snámh. Tá cochall bán faoi mhuineál an Eala

⁸⁹³ Ls. L1 & L2: *Do dhuibhbhean is do dhu ort fhéin* [CBÉ 73: 228, “Do ghuidhe is do dhuibhtean (?) ort féin a fhathaigh mhóir chladhairigh,” adeir mac an rí, (tá an comhartha ceiste sa ls. féin).]

⁸⁹⁴ Ls. L1: *a athair mhór ladhrach*; L2: *a fhathach mhórladhrach*

⁸⁹⁵ Ls. L1 & L2: *pláice*

⁸⁹⁶ Ls. L1: *mac a dhrefíre*; L2: *mac Rí Éireann a dhrefíre*

⁸⁹⁷ Ls. L1: *mo dhrefír*; L2: *mo dhrefíre*

⁸⁹⁸ Ls.: *brata*

⁸⁹⁹ Ls. Tá ‘a deir sé’ in easnamh i L2.

⁹⁰⁰ Ls. L1: *cathair eile*; L2: *cathair*

⁹⁰¹ Ls. L1: *ceann go na cácaí*; L2: *ceann eile go na cácaí*

⁹⁰² Ls. L1: *pláice*; L2: *pleidhce*

⁹⁰³ Ls. L1: *mac dreifíara*; L2: *mac drefíre*

⁹⁰⁴ Tá an focal *doras* in easnamh i L2.

⁹⁰⁵ Ls. L1: *dreifíre*; L2: *drefíre*

⁹⁰⁶ Ls. L1 & L2: *dha cúndach*

Bhán agus nuair a gheobhas tusa amuigh ar snámh iad, gabhfaidh tú síos agus goidfidh tú na héadaí-, an Eala Bhán,⁹⁰⁷ agus gabhfaidh tú isteach faoi leic, agus nuair a thioctas an dá bhean déag isteach, tosóidh siad ag cur orthu an éadach. Tiocfaidh an Eala Bhán isteach ina ndiaidh agus ní bheidh sí ag fáil an éadach. Fuagróidh sí amach más gadaí caorach⁹⁰⁸ nó gabhar a ghoid na héadaí uaithi go bpósfadh sí é ach iad a fháil. Éireoidh tusa amach agus déarfaidh tú nach ea ach mac rí a bhfuil fuil ann chomh maith léi fhéin. Tiúrfaidh mise claimhe solais duit nach [bh]fuil⁹⁰⁹ aon fhear choíchin a ngabhfaidh tú ag troid leis nach mbuóidh tú air. Tiúrfaidh mé píosa [a]rán⁹¹⁰ donn duit nach⁹¹¹ bhfuil aon uair choíchin a mbreathnóidh tú air nach mbainfidh sé an t-ocras díot. Tiúrfaidh mé culaith ghaiscigh⁹¹² dhuit nach bhfuil a leithide⁹¹³ ar aon fhear faoin domhan. Tiúrfaidh mé an each donn dhuit a bhéarfais ar an ngaoth Mhártan a bheas seacht mbliana roimpi agus nach mbéar[faidh]⁹¹⁴ an ghaoth Mhártan uirthi a bhe[as]⁹¹⁵ seacht mbliana ina diaidh.⁹¹⁶ An bhfuil tú sásta anois, a mhic?” a deir sé.⁹¹⁷

“Táim,” a deir sé.

Sheasadar insa doras agus choinic siad an Eala Bhán ag tíocht. Chaitheadar díobh agus amach leo ar snámh. D’éirigh sosan⁹¹⁸ agus chuaigh sé síos agus rinne sé mar ’ dúirt an fathach. As sin go ceann tamaill, tháinig siad isteach agus chuir an dá bhean déag na héadaí orthu, tháinig sise isteach agus níor bhfuair⁹¹⁹ sí an t-éadach.

“[D]á mbeadh a fhios an gadaí caorach⁹²⁰ nó gabhar ’ thug uaim an t-éadach, phósfainn é ach iad a fháil.”

⁹⁰⁷ Ls. L1 & L2: *na héadaí an Eala Bhán* [Léamh eile: ‘ón Eala Bhán’.]

⁹⁰⁸ Ls. L1: *gadaí caoireach*; L2: *gadaí caorach*

⁹⁰⁹ Ls. L1: *nach fuil*; L2: *nach bhfuil* [Léamh eile: ‘ná fuil’.]

⁹¹⁰ Ls. L1: *rán*; L2: *arán*

⁹¹¹ Ls. L1: *nach*; L2: *nách* [Tá an leasú céanna, ó L1 go dtí L2, i gceist níos faide ar aghaidh sa scéal chomh maith.]

⁹¹² Ls. L1 & L2: *cola ghaisgí*

⁹¹³ Ls. L1: *léide*; L2: *leithide*

⁹¹⁴ Ls. L1: *mbear*; L2: *mbeara*

⁹¹⁵ Ls. L1: *a bhe*; L2: *a bheas*

⁹¹⁶ Ls. L1: *na dia*; L2: *na ~~n~~dia*

⁹¹⁷ Níl ‘a deir sé’ le fáil i L2.

⁹¹⁸ Ls. L1: *D’iri susan*; L2: *D’éirí sosan*

⁹¹⁹ Ls. L1: *níor bhfuir*; L2: *ní bhfuair*.

⁹²⁰ Ls. L1: *Á mbeadh fhios an gadaí caorach*; L2: *Á mbeadh gadaí caorach*

“Ní mar sin é,” a deir sosan, “ach mac rí a bhfuil fuil ann chomh maith leatsa.”⁹²¹

Chaith sé aici an t-éadach; chuir sí uirthi é.

“An bhfuil deis marcaí agat?”⁹²² a deir sí.

Chraith sé an tsrian, tháinig an each⁹²³ donn anall, chuaigh sise ar marcaíocht, chuaigh sosan ar a cúla. D’éirigh an each donn insan aer agus rinne sí trí chleas ag triall⁹²⁴ insan aer.

“An bhfuil tú agam anois, a Mhic an Rí?” a deir sí.

“Táim,” a deir sé.

“Féachfaidh mé aríst thú,” a deir sí.

Rinne sí aríst mar an gcéanna.

“An bhfuil tú ann, a Mhic an Rí?” a deir sí.

“Táim.”

Rinne sí aríst é.

“An bhfuil tú ann, a Mhic an Rí?”

“Táim.”

“Is mac rí thú go siúráilte,” a deir sí.

Chónaigh sí ansin⁹²⁵ insa bpáirc ’ bhí timpeall ar theach a hathar.

“Bí ag spaisteoireacht ansin anois,” a deir sí, “agus feicfidh m’athair thú amach thrí na fuinneogaí. Gabhfaidh sé amach go dtí thú agus fiarfóidh sé céard do chur⁹²⁶ ansin thú. Déarfaidh tusa leis gur ag cuardú máistir maith atá tú. Déarfaidh sosan leat gur maith mar ’ tharl[a],⁹²⁷ gur ag cuardú bhuachail⁹²⁸ maith atá sé fhéin. Déarfaidh tusa go bhfuil sin aige.

‘Cén sórt aimsir ’ chuirfeas tú ort fhéin anois?’ ’ déarfaidh m’athair.

‘Ní iarrfaidh mé tada,’ a déarf[faidh] tusa, ‘ar shon m’aimsir,⁹²⁹ ach cead a fháil a dhul a chodladh i seomra na séad.’

⁹²¹ Ls. L1: *leatsa*; L2: *leat^{sa} fhéin*

⁹²² Ls. L1: *ád*; L2: *át*

⁹²³ Ls. L1: *each*; L2: *eachaoil* ? [Tá an comhartha ceiste féin sa ls.]

⁹²⁴ Níl ‘ag triall’ le fáil i L2.

⁹²⁵ Ls. L1: *Chomhra sí ansin* [Tá spás in áit an méid seo i L2.]

⁹²⁶ Ls. L1: *do chur*; L2: *do chuir* [Déantar an leasú L1.: *cur* → L2.: *cuir* go minic thíos.]

⁹²⁷ Ls. L1: *tharl*; L2: *tharla*

⁹²⁸ Ls. L1: *bhuachail*; L2: *b^huachail*

⁹²⁹ Ls. L1: *ar shon m’aimsear*; L2: *ar shon m’aimsire*

Sin é an seomra a mbeidh mise ann, agus tá m'athair ag ceapadh go bhféadfá a bheith ag tarraingt carr insa seomra a mbeidh mise ann, agus gan mise a fheiceál.”

D'imigh sí ansin uaidh agus sheas⁹³⁰ sé, ag spaisteoireacht insa bpáirc. Is garr go bhfaca an duine uasal amach thrí na fuinneogaí [é], agus labhair sé leis mar ' bhí ráite, agus réitigh sé leis an aimsir ar a dhul a chodladh i seomra na séad. Chuaigh sé isteach agus d'ith sé a shuipéar agus dúirt an duine uasal leis a dhul a chodladh naoi n-oíche agus naoi lá. Bhí sise ag múnadh draíocht dó ar feadh an achar⁹³¹ sin. Nuair a bhí an t-am thuas:

“Bí ag éirí anois, tá m'athair ag tíocht ag do dhúiseacht.”

Tháinig an rudaire aniar. Nigh sé a éadan, d'ith sé a bhricfeast, d'iontaigh sé ó dheas, d'iarr sé ar Dhia é a chuir ar a leas.

“Cá bhfuil tú le mé a chur⁹³² inniu?”⁹³³

“Tá mé le thú a chur ag iarraidh ualach buidéal a raibh chuile leigheas iontu, atá ag a leithide seo d'fhathach atá ansin thuas, a dtugann siad ‘An Fia Breac’ air.”

“Tá mé sásta leis,” a deir Mac Rí Éireann.

Chuaigh sé suas agus bhuail sé an doras.

“A mhac an phéisteánach,” a deir an fathach, “a mhac an éisteánach,⁹³⁴ a mhac rudaire mhic rí in Éirinn, ba chóra dhuit a fhanacht ag piocadh fataí beaga ó luaith Éireann⁹³⁵ ná a dhul ag cur buairimh⁹³⁶ ormsa. Cé is fearr leat, a dhul ag troid liomsa ar leacachaí beaga míne garbh⁹³⁷ ná a dhul ag sá sceanna in easnacháí a chéile?”

“Is fearr liom,” a deir an rudaire, “a dhul ag troid leat ar leacacha⁹³⁸ míne garbh, nuair a bheas mo chosa míne geala⁹³⁹ fhéin ag dul in uachtar agus do chrága⁹⁴⁰ lofasa ag dul in íochtar.”

⁹³⁰ Ls. L1 & L2: *sheasa sé ag spaisdeárait* [Léamh eile: ‘sheasa → thosa → thosaigh’.]

⁹³¹ Ls. L1: *ar fea an achar*; L2: *ar fea an achair*.

⁹³² Ls. L1: *le mé chur*; L2: *lé mo chuir*

⁹³³ Ls. L1: *indiu*; L2: *iniu*

⁹³⁴ Ls. L1 & L2: *éisteánach* [CBÉ 73: 234 ‘A mhac an phéisteánaigh, a mhac an éisteánaigh’.]

⁹³⁵ Ls. L1: *ó luath Éireann*; L2: *ó luaith Éirinn*

⁹³⁶ Ls. L1: *a cur buaire*; L2: *ag cuir buaire* [CBÉ 73: 234 ‘ná tigheacht ag cur buaidhrídh ormsa’.]

⁹³⁷ Ls. L1: *mire*; L2: *miana*. [Seo mar atá sa chéad sampla eile thíos: L1: *m...* [.i. é doléite] *garú*; L2: *miona garú*]

⁹³⁸ Ls. L1: *leachcha*; L2: *leacacha*

⁹³⁹ Ls. L1: *mo chosa míne geal*; L2: *mo chosa miana geala*. [Léamh eile: ‘mo chosa miona geala fhéin’. CBÉ 73: 237 ‘Is fearr liom troid ar leacrachaibh beaga míne dearga an áit a mbeidh mo chosa míne geala.’]

⁹⁴⁰ Ls. L1: *do chnaga*; L2: *do chnága*

D'éirigh an fathach mór amach ansin agus d'ionsaigh siad a chéile. Bhíodar ag baint tint[r]iúcháí as na clocha glasa le spreacadh cnámh. Bhí guth⁹⁴¹ ag an bhfathach air go ceann tamaill. Bhreathnaigh Mac Rí Éireann ar a phíosca [a]rán donn agus bhí sé chomh maith is ' bhí sé ar dtús. D'fháisc sé faoi isteach, thug sé cor dhó agus chuir sé ar a leathghlúin é, an dara cor go dtína bhásta, an tríú cor go dtína mhuineál insa lathach.

“Is leat mo cheann agus mo chamán beatha,”⁹⁴² a deir an fathach.

“Is liom gan aimhreas,” a deir Mac Rí Éireann.

“Tiúrfaidh mé claimhe solais dhuit,”⁹⁴³ a deir an fathach, “nach bhfuil aon fhear choíchin a ngabhfaidh tú ag troid leis nach mbuóidh tú air.”

“Cén fáth nár thug tú leat é?” a deir Mac Rí Éireann.

“Shíl mé go deimhin ná raibh gá ar bith dhom⁹⁴⁴ leis.”

“Cé air a bhféachfaidh mé a fhaobhar anois?” a deir Mac Rí Éireann.

“Féach ar an gcrann bréan sin thall é,” a deir an fathach.

“Sílím nach bhfuil crann ar bith is bréine ná do mhuineál,” ag bualadh iarraidh ar an gcloigeann de agus dá chur in aer.

Bhí sé ag feadaíl ag dul suas agus ag crónán ag dul anuas.

“Dá bhfaighinnse mé fhéin ar an gcolainn aríst, seacht linne na gcnámh,⁹⁴⁵ ní bhainfeadh anuas aríst mé”.

“Is furasta dhomsa thú a choinneáil⁹⁴⁶ anuas ná an uair a bhí tú⁹⁴⁷ thuas, thú⁹⁴⁸ a bhaint anuas.”

Mharaigh⁹⁴⁹ sé an fathach ansin, chuaigh sé isteach insa teach agus thug sé leis a theanneire de⁹⁵⁰ na buidéil agus thug sé ag an duine uasal iad.

⁹⁴¹ Ls. L1: *gu ?gua*; L2: *gu ?*. [CBÉ 73: 235 ‘bhí gothadh ag an bhfathach air faoi cheann tamaill’.]

⁹⁴² Ls. L1: *mo chumán beatha*; L2: *mo chamán beatha* [CBÉ 73: 237 ‘Is leat mo cheann is mo choiméad beathaidh’.]

⁹⁴³ Ls. L1: *dhuit*; L2: *duit*

⁹⁴⁴ Ls. L1: *dhom*; L2: *d^hom*

⁹⁴⁵ Ls. L1: *seacht linne* ^{lin} ~~gona~~ *spreacha (gona) na gcnámh* L2: *seacht linne spreaca na gcnámh* [CBÉ 73: 238 ‘seacht líon gcorra na gcnámh ní chuirfheadh anuas mé’.]

⁹⁴⁶ Ls. L1: *dhomsa thú choneail*; L2: *dhomsa thú choináil*

⁹⁴⁷ Ls. L1: *tú*; L2: *thú*

⁹⁴⁸ Ls. L1: *ú*; L2: *thú*

⁹⁴⁹ Ls. L1: *mhára*; L2: *mhara*

⁹⁵⁰ Ls. L1: *sheanáoire go*; L2: *sheanoire go*

“Is maith an fear thú,” a deir an duine uasal. “Tá trí fichid spéice thimpeall ar mo theach,” a deir an duine uasal,⁹⁵¹ “cloigeann duine ar chuile spéice acu sin ach ceann, agus shíl mé go deimhin gurbh ar an spéice sin a bheadh do chloigeannsa, agus de réir cosúlacht ní hea ná [ar] chor a[r] bith.”

D’ith sé a shuipéar agus fuair sé ordú a dhul a chodladh naoi n-oíche agus naoi lá eile. Bhí an Eala Bhán ag múnadh draíocht dó an t-achar sin, agus marach draíocht an Eala Bhán, ní dhéanfadh sé aon mhaith. Nuair a bhí na naoi n-oíche agus na naoi lá thuas, tháinig an duine uasal dhá dhúiseacht. D’éirigh sé is tháinig sé aniar. Nigh sé a éadan, d’ith sé a bhricfeast, bhreathnaigh sé ó dheas, d’iarr sé ar Dhia é a chur ar a leas.

“Cá bhfuil mé le dhul inniu?” a deir sé.⁹⁵²

“Troid mar ’ bhí tú inné⁹⁵³ le deartháir den fhathach sin a m[h]araigh⁹⁵⁴ tú.”

Chuaigh sé go dtí é agus bhuail sé ar doras agus rinne sé mar an gcéanna leis an bhfathach sin. Thug sé abhaile a theanneire de⁹⁵⁵ na buidéil ag an duine uasal.

“Is tú an fear is fearr,” a deir an duine uasal, “de na trí fichid cloigeann atá⁹⁵⁶ ar na spéicí. Ith do shuipéar anois agus téirigh a chodladh an t-achar céanna a bhí tú in do chodladh cheana.”

Bhí an Eala Bhán ag múnadh draíocht dó an-aireach an t-achar sin, mar bhí fios aici nach tada a raibh caite le ais mar ’ bhí le thíocht.⁹⁵⁷ Nuair a bhí an t-am thuas:

“Beidh tú ag éirí anois,” a dúirt sí, “tá m’athair ag tíocht do do dhúiseacht. Ní tada a ndeachaigh tú thríd le ais obair an lae inniu. Ní chuimhnfidh tú ar a mbeidh⁹⁵⁸ uirthi inniu, ach mara gcuimhnfidh tusa uirthi, cuimhnfidh mise uirthi.”

“An bhfuil a fhios agat,” a deir an Eala Bhán,⁹⁵⁹ “cén t-ainm atá uirthi?”

“Níl a fhios.”

“An Eilit⁹⁶⁰ Mhaol, bean an Fia Breac, agus máthair ar mharaigh tú le dhá lá.”

⁹⁵¹ Ls. L1: *ad an d. u.*; L2: *adeir se*

⁹⁵² Ls. L1: *se*; L2: *sosan*

⁹⁵³ Ls. L1: *ine*; L2: *ané*

⁹⁵⁴ Ls. L1: *a mara tú*; L2: *a mhara tú*

⁹⁵⁵ Ls. L1 & L2: *‘sheanoire go*

⁹⁵⁶ Ls. L1: *atá*; L2: *tá*

⁹⁵⁷ Ls. L1: *nach f[t]ada a ro caite le ais mar bhí le thíocht*; L2: *nach fada tada a bhí ro caite aige le’ais mar bhí le thíocht*

⁹⁵⁸ Tá ‘ar a mbeidh’ in easnamh i L2.

⁹⁵⁹ Tá ‘a deir an Eala Bhán’ le fáil i L1 amháin. Ls. L1: *ad an E.B.*

⁹⁶⁰ Ls. L1: *Eilid*; L2: *Eilit* [mar an gcéanna atá an litriú i L1 & i L2 sa chéad trí shampla eile thíos.]

Chuaigh sé aniar agus nigh sé a éadan, d'iontaigh sé ó dheas, agus d'iarr sé ar Dhia é a chur ar a leas. Chuaigh sé suas go dtí an Eilit Mhaol. Níor úirt sí, 'tá tú ann' ná 'tá tú as,' ach éirí amach roimhe ag troid, beithíoch⁹⁶¹ fiáin a dhéanamh di fhéin. Bhí draíocht an Eala Bhán⁹⁶² aigesan⁹⁶³ chomh maith, agus go raibh sé fhéin in ann gach rud a dhéanamh de fhéin mar an gcéanna. Bhí sé ag fáil an láimh is fearr uirthi ar gach uile⁹⁶⁴ bhealach. Rinne an Eilit Mhaol seabhac di fhéin agus chuaigh sí chomh hard agus ab fhéidir léi. Rinne sosan seabhac de fhéin agus chuaigh sé fhéin ard, agus b'airde ise de bheagán, agus bhí sí dhá ghearradh insa mullach. Bhí a fhios ag an Eala Bhán a bhí insa mbaile go gcinnfeadh⁹⁶⁵ sí air.

D'fhága sí fhéin an baile agus rinne sí seabhac di fhéin, agus chuaigh sí chomh hard agus go raibh sí ag smiotadh le clabhtaí an aer, go dtáinig sí os a gcionn, agus lig sí anuas í fhéin mar ' bheadh urchar ann a d'imeodh⁹⁶⁶ as gunna, agus bhuail sí sa mullach an Eilit Mhaol, agus lig sí básaithe anuas í 'un na talúna. Thiteadar⁹⁶⁷ ansin anuas. Bhí Mac Rí Éireann ansin agus ní raibh a fhios aige cén áit ar thalamh an domhain a raibh sé. Is é an t-údar atá leis sin mar bhí an áit uileag tóigthe ó dhraíocht nuair a bhí na fathaigh⁹⁶⁸ uileag maraithe.⁹⁶⁹ Ach bhí beagán i gcónaí i gcloigeann an Eala Bhán.⁹⁷⁰ Shuigh Mac Rí Éireann ansin síos agus bhí sé tuirseach, agus as sin go ceann tamaill, chraith sé an tsrian agus tháinig an each chaol⁹⁷¹ donn anall aige. Chuaigh sé ar marcaíocht uirthi. Ní raibh a fhios aige soir, siar a thiúrfadh sé a haghaidh, síos ná suas, ach áit ar bith a n-ógródh⁹⁷² sé a dhul, mar bhí an draíocht cailte aige ó bhí na fathaigh maraithe. Ach mar sin fhéin, chuaigh sé ar marcaíocht, agus d'éirigh sí agus d'imigh léi insan aer. Choinic sí solas beag i bhfad uaithi, agus ní i ngar di. Níl ann ach go raibh sé feicthe aici nuair a bhí sé buailte aici. Bhí an

⁹⁶¹ Ls. L1: *baiteach*; L2: *beithidheach*

⁹⁶² Ls. L1: *Bhán*; L2: *Bháin* [mar an gcéanna atá an litriú sa sampla ag deireadh an ailt seo chomh maith.]

⁹⁶³ Ls. L1: *aige soin*; L2: *aige sin*

⁹⁶⁴ Ls. L1: *gach uile*; L2: *ch uile*

⁹⁶⁵ Ls. L1: *go gcuineach*; L2: *go gcinneódh*.

⁹⁶⁶ Ls. L1: *a d'imeach*; L2: *a d'imeódh*. [Ós rud é nach bhfuil sé iomlán soiléir an é litriú an chéad réimniú atá i L1, agus tharla go bhfuil an dara réimniú ag an mbriathar i samplaí eile sa ls., beartaíodh litriú L2 a úsáid sa chás seo.]

⁹⁶⁷ Ls. L1: *Thiteadar*; L2: *Thileadar*

⁹⁶⁸ Ls. L1: *na fathach*; L2: *na fathaigh*

⁹⁶⁹ Ls. L1: *marúí*; L2: *marbh*

⁹⁷⁰ Ls. L1: *i gcloigeann an Eala Bhan*; L2: *i gcloigeann an Eala Bháin*

⁹⁷¹ Ls. L1: *eachaoil*; L2: *eachaol*

⁹⁷² Ls. L1 & L2: *a n-ógródh* (CO 'togair').

óiche ag teannadh leis agus an lá ag imeacht uaidh. Tharraing sé an capall ag an doras agus tháinig sé isteach agus d'iarr sé lóistín go maidin.

“Tiúrfaidh mise sin duit,” a dúirt fear an tí, “ach gur dona liom é le do⁹⁷³ leithide de dhuine uasal.”

“*Well*, mar tá sé agat fhéin nach bhfuil tú á thabhairt dom?”

“Táim, agus fáilte.”

Shuigh sé anuas agus d'ith sé a shuipéar. Thosaigh sé ag fiannaíocht.

“Ní fhaca mé aon fhiannaí ariamh chomh breá leat ach an Eala Bhán a bhí anseo aréir,” a deir fear an tí.

“An raibh sí sin anseo aréir?” a deir sosan.

“Bhí,” a deir fear an tí, “agus beidh an-chruinneáil go deo anseo amáireach⁹⁷⁴ ar chnoc⁹⁷⁵ atá anseo amuigh. Tá ticéid⁹⁷⁶ ag dul amach anseo ó mhaidin, ag cruinneál íseal agus uasal le bheith ar an gcnoc sin amáireach.”⁹⁷⁷

“An dtiocfaidh tusa ann?” a deir Mac Rí Éireann le fear an tí.

“Tiocfad,” a deir fear an tí.

“Gabhfaidh muid a chodladh anois,” a deir Mac Rí Éireann, “agus dúiseoidh tusa mise an t-am a gceapfaidh tú é a bheith ann.”

Chuardar a chodladh agus dhúisigh sé é insan am a bhí ceart. D'imigh leo agus chuardar ag an gcnoc. Bhí chuile dhuine ansin ag déanamh a chuid gaisce fhéin. Nuair a bhí an gaisce déanta ag gach duine, dúirt sé leis an bhfear seo:

“Gabhfaidh mé isteach,” a dúirt sé, “agus déanfaidh mé gaisce.”

Chuaigh sé isteach agus rinne sé trí chleas ealaín⁹⁷⁸ agus gaisce. Sin é an chéad fhocal a tháinig de, don Eala Bhán.⁹⁷⁹

“Is maith thú,” a deir sí, “agus is an-mhaith thú, agus más maith fhéin, choinic mise gaiscíoch chomh maith leat.”

⁹⁷³ Ls. L1: *le do*; L2: *go do*

⁹⁷⁴ Ls. L1: *amárach*; L2: *amáireach*

⁹⁷⁵ Ls. L1: *ar chach*; L2: *ar chnoc*

⁹⁷⁶ Ls. L1 & L2: *ticéud*

⁹⁷⁷ Ls. L1: *amarach*; L2: *amairach*

⁹⁷⁸ Ls. L1: *ealadhan (ilún)*; L2: *ealadhan (pilíúir iliún)* [CBÉ 73: 242 ‘Rinne sé trí chleas an luin agus gaisce’.]

⁹⁷⁹ Ls. L1 & L2: *de go an Eala Bhán*

Agus badh é fhéin⁹⁸⁰ a bhí sí a rá, ach ní raibh a fhios aici ina dhiaidh sin arb é a bhí ann.
D’umhlaigh⁹⁸¹ sé aríst di agus rinne sí mar an gcéanna.

“Níl aon ghaiscíoch faoin ríocht in ann é sin a dhéanamh ach thú fhéin, nó [an] tú Mac Rí Éireann?”

“Is mé gan aimhreas.”

Tháinig sí go dtí é, agus rug sí ar lámh air agus phósadar, agus bhí Darach Ó Direáin, ar an mbainis, as Eoghanacht.⁹⁸²

⁹⁸⁰ Ls. L1: *bu dh'e fhein*; L2: *budh é fhéin*

⁹⁸¹ Ls. L1: *D'umhla ^{úmla}* ; L2: *D'únnla* [CBÉ 73: 242 ‘d’úmhlúigheadh [...] d’umluigh se dón Eala bhán’.]

⁹⁸² Ls. L1: *as Eoghanacht*; L2: *ó Eoghanacht*

50. Scéal Fionn Mhac Cumhaill⁹⁸³ [Leagan 1 agus 2]

Bhí Fionn fadó ag dul ag foghlaeireacht. Thug sé leis a chú agus a ghunna. Is gearr a bhí siúlta aige nuair a choinic⁹⁸⁴ sé fear mór aige aniar, mullach a chinn ag-, buailte⁹⁸⁵ ar mhullach an aer. Bhí an domhan mór le feiceál amach idir a dhá chois, dhá lámh leis i bpóca a threabhsar, dhá lámh eile ag bualadh *ball*.

“Más liom a ghabhfas tú,” a deir Fionn, “beidh an lá agam. Má théann tú i m’aghaidh, beidh mé buailte.”

Is gearr go dtáinig an fear mór suas leis.

“Céad fáilte romhat, a Fionn Mhac Cumhaill.”

“Go maire tú,” a deir Fionn. “Tá aithne agat orm agus níl aon aithne agam ort.”

“Go tuige nach mbeadh?” a deir an fear mór, “an fear is fearr ar na Fianna Éireann.⁹⁸⁶ An suífeá síos, a Fionn, go n-imreafá⁹⁸⁷ rubar⁹⁸⁸ cártaí?”

“Tá an-f[h]onn fiach orm inniu,” a deir Fionn.⁹⁸⁹

“Má tá fhéin, go deimhin, is gearr a bheas tú ag imirt cupla rubar cártaí.”

Shuíodar síos. An chéad rubar, bhuaigh Fionn.⁹⁹⁰

“Tabhair do bhreith anois,” a deir an fear mór.

“Cén bhreith a thiúrfainn,” a deir Fionn, “ach seasamh suas agus suí síos⁹⁹¹ aríst.”

Rinne sé⁹⁹² sin. An dara rubar, bhuaigh an fear mór.

“Tabhair do bhreith anois,” a deir Fionn.

⁹⁸³ Ls. L1: *Sgéal Finn Mac C.*; L2: *Scéal Fionn Mhac Cumhaill*

⁹⁸⁴ Ls. L1: *choinic*; L2: *choinic chonaic*

⁹⁸⁵ Ls. L1: *a buaille*; L2: *a buaille buailte* [Táthar ag léamh ‘buailte’ air seo ar dhá chúis: (a) toisc an débhríocht a bhíonn ann idir na litreacha *l* agus *t*, agus (b) níl aon sampla eile den litriú caol ‘buaille’ ar an ainm briathartha seo. Ls.: *buala* [7^x].]

⁹⁸⁶ Ls. L1: *ar na Fianna^{bh} Éireann*; L2: *ar na Fiannaibh Éireann*

⁹⁸⁷ Ls. L1: *go ndina n-imrea*; L2: *go n-imreá*

⁹⁸⁸ Ls.: *rubbar* [Tá leagan Béarla den scéal seo in CBÉ 79: 92-105. Ficheall atá á imirt acu agus is é an focal ‘game’ atá ann in áit an fhocail seo ‘rubar’.]

⁹⁸⁹ Ls. L1: *adeir Fionn*; L2: *adeir Fionn “ach sea suas ags suí síos aríst.” rinne Fionn sin* [níl an méid atá scriosta amach le fáil in aon chor i L1.]

⁹⁹⁰ Ls. L1: *bhua Fionn*; L2: *bhua Fionn é*

⁹⁹¹ Ls. L1: *seasa^{sea} suas agus suí síos*; L2: *sea’ suas agus suí síos*

⁹⁹² Ls. L1: *F*; L2: *sé*. [Measaim gur fearr a fheileann L2 anseo, .i. an forainm ‘sé’ ag tagairt don fhear mór seachas *F* → ‘Fionn’.]

“Cuirimse faoi gheasa thú,” a deir an fear mór, “faoi mhórdhiomú na bliana, gan oíche a chodladh ar aon leaba, gan béile a ithe ar aon mhias, go dtiúrfaidh tú agamsa an ubh atá faoi bhroinn an lacha fhiáin atá insa domhan thoir.”

An tríú rubar a himríodh,⁹⁹³ bhuaigh Fionn.⁹⁹⁴

“Tabhair do bhreith anois,” a deir an fear mór.

“Ní beag dhuitse a thúisce,” a deir Fionn. “Cuirim faoi gheasa thú faoi mhórdhiomú na bliana, gan oíche a chodladh ar aon leaba, béile a ithe ar aon mhias, ’ dhul ar bharr binn an teampaill sin thuas, cró snáthaid mhór a chuir ar aghaidh do bhéil, gan aon bhlas le n-ithe ach gach a ngabhfaidh thríd an gcró, é sin a ithe agus babhl[a]⁹⁹⁵ seanmháistir⁹⁹⁶ de dheoch.”

“Éireoidh mé díot,” a deir an fear mór, “agus éirigh díom.”

“Níl sin in mo chuid fola ná in do chuid feola,” a deir Fionn.

D’imigh chaonduine acu óna chéile go searbh salach. Tháinig Fionn isteach tráthnóna deireanach ag⁹⁹⁷ a mháthair. Shuigh sé síos insa gcathaoir agus tharraing sé osna. Bhris sé fráma insa gcathaoir. Bhreathnaigh a mháthair air.

“Má tá mé beo, a Fionn, is mac rí faoi gheasa thú.”

“Sea, gan aimhreas.”

“A[n] miste⁹⁹⁸ dhom fiarfai,⁹⁹⁹ a Fionn, cá bhfuil do thriall ag dul?”

“Don¹⁰⁰⁰ domhan soir.”

“Cén chaoi a ngabhfaidh¹⁰⁰¹ tú ansin gan bád, gan rud ar bith a thiúrfas ann thú?”

“Téim nó ná téim, gabhfaidh mé ar a thryáil.”

D’ith Fionn a bhéile ansin. D’éirigh sé amach, d’iontaigh sé ó dheas agus d’iarr sé ó Dhia¹⁰⁰² é a chuir ar a leas, agus d’imigh leis ag triall ar an domhan soir. Bhí sé oíche ag codladh amuigh agus

⁹⁹³ Ls. L1 & L2: *a himrív/r*

⁹⁹⁴ Ls. L1: *bhua Fíonn*; L2: *bhua Fíonn é*

⁹⁹⁵ Ls. L1 & L2: *boul* [Léamh eile: *bowl* an Bhéarla.]

⁹⁹⁶ Ls. L1 & L2: *seanmhaistir** [FFG 145: máistir = seanfhual; CBÉ 79: 94 ‘and no drink except a bowlful of the ocean’s foam’.]

⁹⁹⁷ Ls. L1: *aig*; L2: *ag*

⁹⁹⁸ Ls. L1: *A miste*; L2: *An mhiste* [Léamh eile: ‘Ar miste’ agus an séimhiú ar lár.]

⁹⁹⁹ Ls. L1: *fiarfai*; L2: *fiarraí*

¹⁰⁰⁰ Ls. L1: *Gon*; L2: *Gó n*

¹⁰⁰¹ Ls. L1: *a ngabha*; L2: *go ngabha*

¹⁰⁰² Ls. L1: *ó Dhia*; L2: *ar Dhia*

óiche ag codladh istigh, mar bhí an saol a tíocht¹⁰⁰³ treasna air. Bhí sé lá ansin ag dul thar reilig agus bhí corp á chuir. Bhí an-troid acu. Sheas sé suas ag breathnú orthu agus ag déanamh iontais díobh. Bhí seanfhear liath ag an ngeata.

“Cén fáth an troid seo,” a deir Fionn, “a bheith anseo?”

“Inseoidh mise sin duit,¹⁰⁰⁴ a dhuine uasail. Tá fiacha troma ar an marbh ann, agus an mhuintir a bhfuil na fiacha acu air, níl siad ag ligean é a chur¹⁰⁰⁵ go n-íocfar iad, agus tá an mhuintir eile ag iarraidh é a chur.”

“Cé na fiacha atá air?” a deir Fionn.

D’inis sé dó. Chuir sé a láimh¹⁰⁰⁶ ina phóca agus d’íoc sé na fiacha uileag ar a shon. Cuireadh ansin é buíoch beannachtach. Lá arna mháireach [d]ár gcionn, casadh an cleas céanna air, agus rinne sé mar an gcéanna. Lá arna mháireach [d]ár gcionn, rinne sé aríst an cleas céanna. D’imigh leis ag triall i gcónaí ar an domhan soir¹⁰⁰⁷ agus gan fios aige cá raibh sé ag dul. Tháinig sé ar bhruach dug agus choinic sé seanfhear liath aige anuas.

“Céad míle fáilte romhat, a Fionn Mhac Cumhaill.”

“Go maire tú,” a deir Fionn, “tá aithne agat orm agus níl aon aithne agam ort.”

“Cá bhfuil do thriall ag dul, a Fionn?” a deir sé.

D’inis Fionn dó.

“Cén chaoi a ngabhfaidh tú ann, a Fionn, gan soitheach a thiúrfas ann thú?”

“Níl a fhios agam,” a deir Fionn.

“Siúil suas anseo, a Fionn, go fóilleach.”

Shiúladar agus d’iontadar anuas, agus bhí soitheach mhaith¹⁰⁰⁸ trí gcrainn ar snámh insa dug.

“Céard ’ thug í sin ansin,” a [deir] Fionn, “ó chuaigh mé suas?”

“Mise,” a deir an seanfhear liath.

“Agus cén chaoi ar fhéad tú í a thabhairt ann?” a deir Fionn.

“An bhfuil a fhios agat cé atá ag caint leat?” a deir an seanfhear liath.

“Níl a fhios,” a deir Fionn.

¹⁰⁰³ Ls. L1: *a tíacht*; L2: *a ~~teach~~ tíacht*

¹⁰⁰⁴ Ls. L1: *duit*; L2: *dhuít*

¹⁰⁰⁵ Ls. L1: *é chor ~~aon-chor~~*; L2: *é ~~chur~~^{or}*

¹⁰⁰⁶ Ls. L1: *a laimh*; L2: *a lámh*

¹⁰⁰⁷ Tá an méid seo in easnamh i L2: ‘ar an domhan soir’.

¹⁰⁰⁸ Ls. L1 & L2: *mha*

“Mise an fear ar íoc tú na fiacha ar a shon, agus tá *power* go leor agam, agus déanfaidh mé mo dhícheall duit.”

Chuadar isteach sa soitheach agus d’ardaigh siad a gcuid seolta móra pocóideacha pacóideacha¹⁰⁰⁹ go barra na gcrann, agus d’imigh léi le stiúir córach¹⁰¹⁰ ag triall ar an domhan soir. Chaitheadar an oíche sin ag seoladh. Ar maidin,¹⁰¹¹ lá arna mháireach, d’éirigh Fionn agus bhreathnaigh sé insa t-uisce [...].¹⁰¹² Choinic sé mairnéalach amháin aige aniar.

“Caith suas do shoitheach,” a deir sé, “go bhfanfaidh muid leis an bhfear bocht seo.”

“Ná bac leis,” a deir an scológ, “tiocfaidh sé suas leat.”

Is gearr go dtáinig, agus labhair sé le Fionn Mhac Cumhaill agus chuir sé fáilte roimhe.

“An dtóigfeá mairnéalach maith, a Fionn Mhac Cumhaill?”

“Tóigfead, agus fáilte.”

Chaith sé aige rópa, chuaigh sé aníos agus chraith sé a lámh le Fionn.

“An bhfuil a fhios agat cé atá ann, a Fionn?”

“Níl a fhios.”

“Mise an fear dár íoc tú na fiacha ar a shon.”

Lá arna mháireach [d]ár gcionn, bhí an scéal céanna ann leis an bhfear eile. Badh in¹⁰¹³ iad an triúr. Lá arna mháireach [d]ár gcionn, shnámhadar isteach insa loch ar an domhan shoir, insan áit nár bhaol¹⁰¹⁴ de long a briseadh ná bád a bá¹⁰¹⁵ nó go n-imeodh siad aríst as. Chuireadar síos bád beag, tháinig an ceathrar¹⁰¹⁶ isteach.

Bhí cuaille¹⁰¹⁷ comhraic ansin socraithe le rud ar bith a theangmhódh leis go ndúiseodh sé na fathaigh agus na hamhais. Is é an chéad mhaith a rinne Fionn, dearna¹⁰¹⁸ a tharraingt ar an gcuaille comhraic.

“Céad romham,” a deir sé, “céad in mo dhiaidh, agus míle ar gach taobh díom.”

¹⁰⁰⁹ Ls. L1: *pocóideacha pacoideacha*; L2: *pocáideacha pacóideacha*

¹⁰¹⁰ Ls. L1 & L2: *stuiim córach* [CBÉ 79: 96 ‘in a blast of fair-blowing wind’.]

¹⁰¹¹ Ls. L1 & L2: *an maidin*

¹⁰¹² Ls. L1 & L2: *tuisceáin** [CBÉ 79: 96 ‘over the sea. In the faraway distance he saw a small boat.’]

¹⁰¹³ Ls. L1: *Bu dh’in*; L2: *Budh ‘n*

¹⁰¹⁴ Ls. L1: *nár mhoill bhaol*; L2: *nár bhaol*

¹⁰¹⁵ Ls. L1 & L2: *de long a brise ná bád a bá* [CBÉ 79: 98 ‘They then anchored the ship in a place where there was no danger of a ship being broken or a boat being drowned’.]

¹⁰¹⁶ Ls. L1: *ceathár*; L2: *ceathair* *ceathrar*

¹⁰¹⁷ Ls. L1: *cuile*; L2: *cuaille*

¹⁰¹⁸ Ls. L1: *darna*; L2: *dearna*

Nuair a labhair an cuaille comhraic é sin, ghabh an fathach mór amach, bhain sé an glas de theach na n-amhas agus ritheadar anuas agus a gcuid béal chomh hosclaithe acu agus go bhfacadar an dúradán dubh a bhí ar thóin a bputóg.

“An bhfuil faitíos anois ort, a Fionn Mhac Cumhaill?” a deir an scológ liath.

“Ní raibh sé riamh orm,” a deir Fionn, “agus ní bheidh go brách.”

“Beidh tús troda agamsa,” a deir an scológ liath, “mar tá *power* agam.”

Chuaigh an scológ liath amach roimhe. Rug sé ar cheann¹⁰¹⁹ ar dhuine de na hamhais agus chaith sé leis an gcéad é,¹⁰²⁰ agus mharaigh sé an céad a bhí roimhe. Rug an scológ eile ar cheann ar dhuine eile acu, agus mharaigh sé an céad a bhí ina dhiaidh. Rug an scológ eile ar cheann ar dhuine eile acu, agus mharaigh sé an míle a bhí ar gach taobh de.

“Níl duine ar bith agamsa anois,” a deir Fionn, “le dhul ag troid leis.”

“Is gearr go mbeidh,” a deir an scológ.

Bhí an fathach mór ag gabháil anuas agus a chlainne ina lámh. D’ionsaigh sé fhéin agus Fionn a chéile. Ba f[h]ada¹⁰²¹ leis an scológ go raibh Fionn ag déanamh aon mhaith.

“Caith uait do chlainne,” a deir sé, “tá sé reoite le fuil, agus beir ar an gclainne beag seo agamsa.”

Rug sé agus tharraing sé an buile, agus bhain sé an ceann den fhathach. Shuíodar síos ansin agus bhíodar trom tuirseach faoi ocra.

“[D]á mbeadh teachín againn anois go n-íosfadh muid greim ann agus go ligfeadh muid a[r] scíth,” a deir an scológ.

D’iontaigh an scológ cloch agus rinne sé balla uileag. D’iontaigh an scológ eile cloch eile agus rinne sé fhéin balla uileag. D’iontaigh an scológ eile cloch eile agus rinne¹⁰²² sé binn. D’iontaigh Fionn cloch agus rinne sé binn eile agus chuadar uileag faoi leic agus leagadar anuas air í, agus bhí ceann ansin air, agus chuadar isteach ann.

“Gabh suas anois,” a deir fear acu, “ag an mbúistéara, agus abair gur preabaire bodhar le Fionn Mhac Cumhaill as¹⁰²³ Éirinn thú atá ag iarraidh feoil.”

Chuaigh agus fuair sé sin agus fáilte.

¹⁰¹⁹ Ls. L1: *chin*; L2: *cheann*

¹⁰²⁰ Is i L1 amháin a fhaightear an forainm ‘é’.

¹⁰²¹ Ls. L1 & L2: *Ba bhfada*

¹⁰²² Ls. L1: *sé héin balla elug. D’iun a s. e. c. e. agus rine.* L2: [Tá an méid seo ar fad fágtha ar lár i L2.]

¹⁰²³ Ls. L1: *as*; L2: *ó*

“Gabh suas anois ag fear an bhainne, agus abair gur preabaire bodhar le Fionn Mhac Cumhaill as Éirinn thú atá ag iarraidh im agus bainne.”

Fuair sé sin agus fáilte.

“Gabh suas anois ag an mbáicéara, agus faigh [a]rán uaidh ar an gcuma chéanna, agus tine.”¹⁰²⁴

Chaitheadar an oíche sin ag ithe agus ag ól go milis, blas na meala ar chuile ghreim agus gan greim ar bith tur. Nuair a bhí sin déanta, thiteadar ’na gcodladh go ceann tamaill, agus ar maidin leis an lá, dhúisigh an scológ. Choinic sé an lacha amuigh insa loch. Dhúisigh sé Fionn suas.

“An bhfuil aon mhaith leat ag foghlaeireacht, a Fionn?”

“Bhí mé go maith ach¹⁰²⁵ is fadó ná rinne mé mórán.”

Chaith Fionn an¹⁰²⁶ chéad iarraidh leis an ngunna agus d’éirigh an lacha den loch. Rug an scológ ar an ngunna ina lámh agus chaith sé leis an lacha, agus leag sé í. Chuireadar síos bád beag go dtugadar isteach í. Bhí an-áthas ar Fionn go raibh an *job* sin déanta. Chuadar ar bord ag an soitheach mór agus¹⁰²⁷ chuireadar faoi sheol í ag triall go hÉirinn.¹⁰²⁸ Nuair a tháinig sí go hÉirinn leis an dug, cheangladar í agus chuadar amach aisti agus d’imigh beirt acu i ngan fhios do Fionn agus bhí sé á gcuardú anonn agus anall.

“Céard atá tú a chuardú mar sin?” a deir an scológ seo.

“Tá mé ag cuardú an dá scológ eile,” a deir Fionn.

“Ná bac leo sin,” a deir an scológ, “chuadar sin ar an saol a dtáinig siad as, agus gabhfaidh mise mé fhéin ann anois gan mórán achair.”

Rug Fionn air faoina lár ag iarraidh air a fhanacht¹⁰²⁹ in éindí leis fhéin.

“Níl aon mhaith dhuit liom,” a deir sé, “ní choinneodh ar bhain leat ariamh mé, ach tháinig muid ag déanamh an méid sin leas dhuit ar son na fiacha a d’íoc tú ar a[r] son.”

Lig Fionn uaidh é agus d’imigh sé as amharc. Shuigh Fionn síos agus thosaigh sé ag caoineachán go hard.¹⁰³⁰ As sin go ceann tamaill, d’éirigh sé, shiúil sé ag triall ar an mbaile. Nuair a bhí sé ina n-oíche, bhí sé ag dul thar theach¹⁰³¹ a raibh solas ann. Dúirt sé leis fhéin gurbh fhearr dhó a dhul

¹⁰²⁴ Ls. L1 & L2: *tine*

¹⁰²⁵ Ls. L1: &; L2: *ach* [Measaim gur fearr a fheileann L2 don chomhthéacs.]

¹⁰²⁶ Ls. L1: *an*; L2: *a*

¹⁰²⁷ L1: *agus*; L2: *gur*

¹⁰²⁸ Ls. L1: *ar hÉirinn*; L2: *go hÉirinn* [Ós rud é go bhfuil an réamhlitir *h* i gceist sa dá leagan, is dóigh liom gur fearr a fheileann L2.]

¹⁰²⁹ Ls. L1: *air fhanacht*; L2: *air f^hanacht*

¹⁰³⁰ Seo mar atá i L2: *Lig Fíonn uaidh é agus d’imi sé a caoineachán go hárd*

¹⁰³¹ Ls. L1 & L2: *theacht*

isteach ann go maidin. Chuaigh sé isteach agus d'iarr sé lóistín. Dúirt fear an tí leis go dtíurfadh, agus go raibh triúr mac aige agus go raibh siad go holc, agus go mb'fhéidir go mbeidís ar siúl.

“Cá bhfuil siad anois?” a deir Fionn.

“Tá siad ag iascach ar loch ansin thíos agus is é an sórt iascach é,¹⁰³² féachaint cé acu a mharódh Bradán an Easa Rua, mar is é sin an t-údar, má maraítear é, an chéad duine a bhlaisfeas¹⁰³³ de, beidh fios aige.

“Gabhfaidh mé ag breathnú orthu,” a deir Fionn.

“Is féidir leat.”¹⁰³⁴

Chuaigh Fionn síos agus choiniceadar ag tíocht an fear mór. Bhí duine acu ag tarraingt breac an pointe sin.

“Nigh agus glan é sin,” a deir sé leis an bhfear mór, “agus róst é, agus má bhíonn ball dó ná loisce air, caillfidh tú an ceann.”

Rug Fionn air agus ghlan sé é agus chuir sé ar an tine é, agus nuair a d'iontaigh sé, bhí sé lán le puchóideacha dóite. Ní rinne Fionn ach a ordóg a bhrú ar na puchóideacha féachaint an mbainfeadh sé de iad, agus dhóigh an phucóid a ordóg¹⁰³⁵ agus dúirt an ordóg leis:

“Maraigh iad nó maróidh siad thú.”

Agus céard a bhí ann ach Bradán an Easa Rua, go tráthúil.¹⁰³⁶ Rug Fionn lena chiotóg ar an mbreac, agus chuir sé an claimhe insa láimh dheas, agus chaith sé sa mullán an breac agus anall leis an triúr ar a luas, féachaint¹⁰³⁷ cé acu an chéad duine a bhlaisfeadh de. Agus nuair a fuair Fionn cromta síos iad, tharraing sé an claimhe agus bhain sé an ceann den triúr. Bhí fios ansin, uaidh sin amach, ag Fionn go brách. D'imigh Fionn ar ais agus níor stop go dtáinig sé ag binn an teampaill a raibh an fear mór faoi gheasa ann, agus choinic sé a chuid cnámha agus a chloigeann tite anonn is anall ag an mbinn, agus leag sé an ubh ar an mballa insa teampall, agus chuaigh sé abhaile ag a mháthair chomh folláin agus 'bhí sé ariamh.

¹⁰³² Ls. L1: *sí an sort iascach e*; L2: *sé an sóirt iascach é*.

¹⁰³³ Ls. L1: *a bhlaisfhes*; L2: *a bhlaisfeas bhlaiseas*

¹⁰³⁴ Ls. L1: *Is féidir leat*; L2: *Is féidir é*

¹⁰³⁵ Ls. L1: *ourdóig*; L2: *órdóig*

¹⁰³⁶ Ls. L1: *tráthamhail trauúil*; L2: *tráthúil*

¹⁰³⁷ Ls. L1: *fiachaint*; L2: *féachaint*

51. An t-iascaire¹⁰³⁸ [Leagan 1 agus 2]

Bhí an t-iascaire ina chodladh, bhí an bhean ina suí. Tháinig comharsa leis¹⁰³⁹ isteach agus dúirt sé:

“Tá bráithre bána ar gharraí an iascaire inniu.”

Chuala an t-iascaire seo ag caint é agus é ar an leaba.

“Dia dhá réiteach,” a deir sé, ag éirí suas, “imeoidh mo phota gliomach uaim atá ligthí síos ag storrán Pholl na bPéiste,¹⁰⁴⁰ agus go deimhin, ní thóigfidh mé go brách é. Go deimhin, ba bheag ab fhiú é ar bhealach, shílfeá go mba lag an tslí do chomhluadar é, ach mar sin fhéin,¹⁰⁴¹ d’fhéadfadh luach scillinge a bheith anois ann. Tháinig tuirne lín anseo inné as Gaillimh, go sníomhfadh an bhean ábhar péire stocaí dhomsa.”

Chuir sé bos faoina leiceann ansin agus thosaigh sé ag smaoiniú.¹⁰⁴²

“Óchón,” a deir sé, “mo thuirne lín,

Beidh mo [...] clainne¹⁰⁴³ gan sníomh,

Agus¹⁰⁴⁴ nach beag an dochar do mo chroí a bheith tinn,¹⁰⁴⁵

Agus go deimhin is dona a bheas mé tráthnóna Déardaoin.”

Tharraing sé amach a phíopa ansin agus thosaigh sé dhá dheargadh. Ní raibh aon bhlas ann nach an luaith. Chuir sé an claibín air¹⁰⁴⁶ agus chuir sé ina phóca é. Bhí an-dúil i ngail aige agus feictear dhó go ndéanfadh¹⁰⁴⁷ sé sásamh mór dó ach é a bheith ina bhéal aige. Tharraing sé amach aríst é agus bhain sé an claibín de agus thosaigh sé ag breathnú síos ann.

¹⁰³⁸ Ls. L1: *An t-iascaire*; L2: *Tá bráithre bána ar gharraí an iascaire*

¹⁰³⁹ Tá an focal ‘leis’ in easnamh i L2.

¹⁰⁴⁰ Ls. L1: *ag storán* pholl na bpéiste *(carraig)*; L2: *ag storán Poll na bpéist*

¹⁰⁴¹ Ls. L1: *fhéin*; L2: *féin*

¹⁰⁴² Tá abairt ina dhiaidh seo i L2 i bpeannaireacht an-éadrom agus í iomlán doléite dá bharr. Níl an abairt seo le fáil in aon chor i L1.

¹⁰⁴³ Ls. L1: *mo phuintín claine*; L2: *mo phúintín ?lainne*

¹⁰⁴⁴ Ls. L1: *&*; L2: *’S* [Tá an rud céanna i gceist ar an gcéad líne eile.]

¹⁰⁴⁵ Ls. L1: *tinn*; L2: *tína*

¹⁰⁴⁶ Ls. L1: *Dhún sé suas aríst-e* Chuir sé an claibín air; L2: *Chuir sé an claibín air* [agus gan an scriosadh amach roimhe.]

¹⁰⁴⁷ Ls. L1: *go ndéanadh*; L2: *go ndéanfadh*

“Is iontach an rud é,” a deir sé, “agus is badráilte an rud é, an iomarca dúil a bheith ag duine insa tobac. Dá bhfaighinnse an aimsir bhreá i gcónaí, bheadh súil agam go mbeadh gráinne agam péin, ach nuair a thioctas an lá garbh, [is] lag seans atá agam air. Faraoir géar mar bhí mé in m’iascaire ariamh, is iomú sclábhaíocht mhór atá faighte agam uaidh ag oíche agus de ló ar b[h]eagán¹⁰⁴⁸ dá bharr inniu. Níor fhéad mé ariamh codladh suaimhneach a dhéanamh oíche ar bith a mbeadh tada agam¹⁰⁴⁹ insa bhfarraige. Tá mé ar siúl go deireanach agus ag obair go moch agus an t-óiméad atá mé in mo chodladh, tá mé ag brionglóidí agus is é an t-ímní is ciontach liom, pé ar bith caoi a bhfaighidh mé¹⁰⁵⁰ greim, sílim go dtiúrfaidh mé suas an t-iascach. Ní maith liom aonduine de na páistí a bheith ina iascaire go brách.”

Thosaigh an bhean ansin í fhéin; labhair sí:

“Muise, is minic ariamh, a Pheadair,” a deir sí, “a d’íth muid a[r] ndóthain de bharr beagán iascach, agus níor mhaith liomsa¹⁰⁵¹ thú a rá leis na gasúir an scéal sin. [D]e réir chosúlacht,¹⁰⁵² dhéanfadh Seáinín an-iascaire.”

“Ná cuimhnigh dhó é,” a deir Peadar, “cén mhaith dhuit ceird ar bith nach mbeidh rud éicineacht agat dhá bharr? Nach bhfuil mo shaol istigh agamsa¹⁰⁵³ leis anois? Thóig mé cuide de chuile iasc, idir ronnach agus gliomach, portán rua agus an cnúdán, agus eascann agus gach breac eile dár fhéad mé theacht suas leis, agus nuair a tháinig an lá garbh, ní raibh aon bhlas ann dá bharr.¹⁰⁵⁴ Sílimse¹⁰⁵⁵ gur dona an cheird anois í le cuir roimhe Sheáinín. Is fearr go mór dhó a dhul amach sa ngarraí ag cuir fataí. Beidh sé sin le fáil an lá garbh.”

“Agus thréis an fata a bheith aige,”¹⁰⁵⁶ a deir sise,¹⁰⁵⁷ “nach bhfeilfeadh an t-anlann?”

“Nach mb’fhéidir dá mbeadh do dhóthain ocras ort,” a deir sosan, “go mbeadh an t-anlann agat fhéin?”

“Dheara, cén chaoi a mbeadh an t-anlann agamsa, nó cá bhfaighinn é?”

¹⁰⁴⁸ Ls. L1: *ar beagán*; L2: *ar bheagán*

¹⁰⁴⁹ Tá an focal ‘agam’ fágtha ar lár i L2.

¹⁰⁵⁰ Ls. L1: *pé ar bith caoi a bhfuí mé greim*; L2: *Pe ar bith ee caoi a bhfuil bhfuí mé greim*

¹⁰⁵¹ Ls. L1: *liom sa*; L2: *liom*

¹⁰⁵² Ls. L1: *a réir chosúlacht*; L2: *a réir cosúlacht*

¹⁰⁵³ Ls. L1: *istigh amsa*; L2: *istigh ormsa*

¹⁰⁵⁴ Ls. L1: *dá bhárr*; L2: *dhá bhárr*

¹⁰⁵⁵ Ls. L1: *Silimse*; L2: *Sílim*

¹⁰⁵⁶ Ls. L1: *a bhith air*; L2: *a bheith aige*. [Cé gur ‘air’ atá i L1), is dóigh liom gur fearr a fheileann L2 sa chás seo.]

¹⁰⁵⁷ Ls. L1: *adr sise*; L2: *adeir sí*

“Inseoidh mise dhuit cá bhfaighidh tú é,” a deir sosan, “as d’fhoighid.”

Bhí taepaitín¹⁰⁵⁸ ar an tine. Rug sé air agus chaith sé amach ar fud na sráide é; chaith sé amach crúsca¹⁰⁵⁹ de bhuilín.

“A Dhia agus dar Chríosta é,”¹⁰⁶⁰ a deir Máire, “is daor an iascach orainn¹⁰⁶¹ é ar deireadh thiar.”

Chuala comharsa a bhí taobh amuigh den doras an argóinteacht¹⁰⁶² a bhí eatarthu; tháinig sé isteach.

“Cén sórt obair é seo?”

“Siúd í atá ar siúl liomsa. Bhí mise molta go maith chúns ’ bhí an lá breá ann, ach nuair a tháinig an lá garbh, tá mé cáinte agus má táim fhéin, sin é an *fashion*¹⁰⁶³ is iondúla atá¹⁰⁶⁴ ag cuide de na mná. Má bhíonn an rud ag éirí leat, tá tú go han-mhaith, agus má théann¹⁰⁶⁵ sé in d’aghaidh, tá tú go dona acu. Ach diabhal oíche ná lá a fhanfas mise¹⁰⁶⁶ agat níos mó ná [go] gcaithfear¹⁰⁶⁷ insa *bpoorhouse* mé.”

Chuala na gasúir bheaga a bhí ar an leaba an gleo agus d’éiríodar suas; thosaigh siad ag caoineachán. Agus tháinig tuilleadh de na comharsanaí isteach agus bhíodar ag iarraidh a bheith ag cuir foighid iontu. Bhí cuide acu an-mhór leis an athair¹⁰⁶⁸ agus ba mheasa le cuide¹⁰⁶⁹ eile acu an mháthair, ach ba teach badráilte é. D’imigh an fear amach agus chuaigh sé isteach i dteach an tsiopa. D’iarr sé braon óil ar fhear an tí agus thug. D’iarr sé braon eile air.¹⁰⁷⁰

“B’annamh leat an oiread [s]in¹⁰⁷¹ dúil a bheith agat ann.”

¹⁰⁵⁸ Ls. L1: *tepoitín*; L2: *tépoitín*

¹⁰⁵⁹ Ls. L1: *crúsca* go bhuillín *(crust)* [Mar an gcéanna atá i L2 ach gan an míniú Béarla leis.]

¹⁰⁶⁰ Ls. L1 & L2: *A Dhe agus dar Chríosta é.* [Léamh eile ar thús na habairte seo: ‘Ó Dhe’ mar atá in GCF 238.]

¹⁰⁶¹ Ls. L1: *an iascach oran*; L2: *an t-iascach orm*

¹⁰⁶² Ls. L1: *an aragointeacht*; L2: *an aragóinteach*

¹⁰⁶³ Ls. L1: *fashion*; L2: *faisean*

¹⁰⁶⁴ Tá an focal ‘atá’ in easnamh i L2.

¹⁰⁶⁵ Ls. L1: *ma bheidhean*; L2: *má theidheann*

¹⁰⁶⁶ Ls. L1: *mise*; L2: *mé*

¹⁰⁶⁷ Baineann doiléireacht leis an bhfocal seo. Ls. L1: *ná glaictear*; L2: *má gcaifear*

¹⁰⁶⁸ Ls. L1: *Bhí cuide acab anmhor lis an bhean athir*; L2: *Bhí cuide acab [spás beag] leis an athir*

¹⁰⁶⁹ Ls. L1: *cuide*; L2: *cuid*

¹⁰⁷⁰ Tá an focal ‘air’ ar lár i L2.

¹⁰⁷¹ Ls. L1: *in*; L2: *sin*

“Inseoidh mé dhuit cén fáth a bhfuil mé. Bhí mé fhéin agus Máire ag troid inniu agus ní ghabhfaidh mé ar ais go deo.”

“Agus cén fáth a bhí eadraibh?” a deir fear an tsiopa.

“Níor mhiste le Máire,” a deir sosan, “dá ngabhfainnse ag storrán Pholl na bPéist inniu. Tigim as nó fanaim ann, b’fhearr léi an pota gliomac[h] atá ann ná mise,¹⁰⁷² ach is fada mise in éindí léi, agus níor bhfuair mé amach a hintinn go dtí inniu.”

Sin í an argóinteacht a bhí idir Máire agus an fear agus, go¹⁰⁷³ siúráilte, chomh fada le mo mheabhair fhéin, níl na mná iontrust.¹⁰⁷⁴

¹⁰⁷² Tá an méid seo a leanas in easnamh ar fad i L2: ‘b’fhearr léi an pota gliomac[h] atá ann ná mise’.

¹⁰⁷³ Is i L1 amháin a fhaightear an focal seo ‘go’.

¹⁰⁷⁴ Ls. L1: *un trust*; L2: *'un trust*

